2026/1528

31.7.2026

An Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo

BROLLACH

Tá AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta freisin,

agus

STÁIT AONTAITHE MHEICSICEO, dá ngairtear 'Meicsiceo' anseo feasta,

dá ngairtear 'Páirtithe' orthu i gcomhpháirt agus 'Páirtí' orthu ar leithligh anseo feasta,

DE BHRÍ na gceangal cultúrtha, polaitiúil agus eacnamaíoch láidir a thugann le chéile iad,

AGUS AIRD Á TABHAIRT ar an rannchuidiú mór chun na ceangail sin a neartú a rinneadh leis an gComhaontú maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 1997,

DE BHRÍ a ngealltanais chomhpháirtigh a léiríodh i nDearbhú Santiago an 27 Eanáir 2013 chun cur in ionad an Chomhaontaithe atá ann cheana maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar agus chun an comhaontú sin a thabhairt cothrom le dáta, chun na fíorchásanna polaitiúla agus eacnamaíocha nua a léiriú, chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh ina gcomhpháirtíocht straitéiseach,

AG CUR I dTÁBHACHT chineál cuimsitheach a ngaolmhaireachta agus an tábhacht a bhaineann le creat comhleanúnach a sholáthar chun í a chur chun cinn níos mó,

AG DEARBHÚ a stádais mar chomhpháirtithe straitéiseacha agus a ndiongbháilteacht chun a gcomhpháirtíocht agus a gcomhar agus a n-idirphlé idirnáisiúnta a fheabhsú agus a threisiú níos mó chun a leasanna agus luachanna comhroinnte a chur chun cinn,

AG DEARBHÚ a ngealltanais chun comhar a neartú maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha, dé-réigiúnacha agus idirnáisiúnta ar ábhair leasa choitinn iad,

AG AITHINT nádúr eatramhach an Chomhaontaithe seo, lena neartófar an caidreamh déthaobhach eacnamaíoch agus trádála idir na Páirtithe, a chomhchuimseofar faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe, agus nach mbeidh feidhm a thuilleadh aige a luaithe a thiocfaidh an Comhaontú eile i bhfeidhm,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá córas iltaobhach láidir agus éifeachtach, bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus slándáil idirnáisiúnta a neartú agus chun dul i ngleic le dúshláin choiteanna,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun a gcaidreamh trádála a leathnú agus a éagsúlú i gcomhréir le Comhaontú Marrakech lena mBunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (dá ngairtear 'Comhaontú EDT' anseo feasta) agus leis na cuspóirí sonracha agus na forálacha a leagtar amach sa Chomhaontú seo,

AR A BHEITH DEARFA go gcruthófar timpeallacht leis an gComhaontú seo ina bhféadfaí caidreamh eacnamaíoch inbhuanaithe eatarthu a fhorbairt, go háirithe i dtéarmaí trádála agus infheistíochta, atá fíor-riachtanach chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus nua-chóiriú agus nuálaíocht theicneolaíoch a bhaint amach,

AG FÁILTIÚ ROIMH Rún 70/1, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, ina bhfuil an doiciméad toraidh dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (dá ngairtear 'Clár Oibre 2030' anseo feasta), Comhaontú Pháras, arna ghlacadh ag an 21ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a rinneadh i bPáras an 12 Nollaig 2015 (dá ngairtear 'Comhaontú Pháras' anseo feasta), chomh maith le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015–2030, a glacadh ag Tríú Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe in Sendai an 18 Márta 2015, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a glacadh in Addis Ababa an 13-16 Iúil 2015, Gealltanais an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla in Iostanbúl an 23-24 Bealtaine 2016, agus an Clár Oibre Uirbeach Nua, a glacadh le linn Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe (Gnáthóg III) in Quito an 20 Deireadh Fómhair 2016 (dá ngairtear 'an Clár Oibre Uirbeach Nua' anseo feasta), agus éileamh a dhéanamh go gcuirfear chun feidhme go pras iad,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun dúshláin dhomhanda a shárú trí fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ina ngnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, trí chuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (dá ngairtear 'SFInna' anseo feasta) agus spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuirfidh le forbairt inbhuanaithe ó thaobh a gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de, trí chomhpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, agus chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir lena ndlíthe faoi seach agus lena ngealltanais chomhshaoil agus saothair idirnáisiúnta,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá sé a gcaidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta a neartú, agus léirscaoileadh na trádála agus na hinfheistíochta eatarthu a chur chun cinn, chun fás eacnamaíoch a bhaint amach, deiseanna nua a chruthú d'oibrithe agus do phobail ghnó an dá Pháirtí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide,

AG AITHINT DÓIBH go rannchuideoidh an Comhaontú seo le leas an tomhaltóra a fheabhsú agus le caighdeáin maireachtála agus cosaint tomhaltóirí ar ardleibhéal a áirithiú,

AG SPREAGADH DÓIBH fiontair a oibríonn laistigh dá gcríoch nó atá faoi réir a ndlínse cloí le treoirlínte agus prionsabail um fhreagracht shóisialta chorparáideach a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear na Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Gnó Freagrach, agus an dea-chleachtas a shaothrú maidir le hiompar gnó freagrach,

AG AITHINT DÓIBH go gcaomhnaítear le forálacha an Chomhaontaithe seo an ceart atá ag na Páirtithe chun rialáil a dhéanamh laistigh dá gcríocha i gcomhréir lena reachtaíocht inmheánach agus an tsolúbthacht atá ag na Páirtithe chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach amhail an tsláinte phoiblí, an tsábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí agus cur chun cinn agus cosaint na héagsúlachta cultúrtha,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá trédhearcacht, dea-rialachas agus smacht reachta sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta chun leasa na bpáirtithe leasmhara uile,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU rannchuidiú le forbairt chomhchuibhithe agus síneadh comhchuibhithe na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta trí bhacainní orthu a bhaint leis an gComhaontú seo agus gan bacainní nua ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na Páirtithe a chruthú, ar bacainní iad a d'fhéadfadh na tairbhí a bhainfear as an gComhaontú seo a laghdú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1.1

Limistéar Saorthrádála a bhunú

De bhua an Chomhaontaithe seo, bunaíonn na Páirtithe limistéar saorthrádála i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994 agus le hAirteagal V de GATS.

Airteagal 1.2

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chomhaontaithe seo:

(a) trádáil earraí a leathnú agus a éagsúlú, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994, idir na Páirtithe trí dhleachtanna custaim agus bacainní neamhtharaife ar thrádáil a laghdú nó a dhíothú;

(b) trádáil earraí a éascú, go háirithe trí na forálacha maidir le custaim agus éascú trádála, caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, chomh maith le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, agus ceart gach Páirtí chun rialáil laistigh dá chríoch chun cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach á gcaomhnú san am céanna;

(c) léirscaoileadh na trádála i seirbhísí, i gcomhréir le hAirteagal V de GATS;

(d) creat a fhorbairt a bheidh fabhrach do mhéadú ar shreabhadh infheistíochta trí rialacha trédhearcacha, cobhsaí agus intuartha a sholáthar lena rialaítear na coinníollacha chun fiontair a bhunú agus a oibriú agus an ghluaiseacht caipitil ghaolmhar, agus lena ráthaítear cothromaíocht iomchuí idir léirscaoileadh infheistíochtaí agus ceart gach Páirtí chun rialú d'fhonn cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach;

(e) margaí soláthair rialtais na bPáirtithe a oscailt go héifeachtach agus go cómhalartach;

(f) an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chur chun cinn trí chosaint leordhóthanach agus éifeachtach cearta maoine intleachtúla a áirithiú, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá i bhfeidhm idir na Páirtithe, mar aon leis an gcothromaíocht idir an chosaint sin agus leas an phobail;

(g) caidreamh trádála agus infheistíochta idir na Páirtithe a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na hiomaíochta saoire agus neamhshaofa;

(h) forbairt inbhuanaithe agus forbairt ar thrádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuireann leis an bhforbairt inbhuanaithe, ina gcuimsítear forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil;

(i) sásra um réiteach díospóidí atá éifeachtach, cóir agus intuartha a bhunú chun díospóidí idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach.

Airteagal 1.3

Sainmhínithe a bhfuil Feidhm Ghinearálta acu

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, agus mura sonraítear a mhalairt:

(a) ciallaíonn 'rialú riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta aige' rialú nó léirmhíniú riaracháin a bhfuil feidhm aige maidir le gach duine agus staid fíorais a thagann go ginearálta faoi raon feidhme an rialaithe nó an léirmhínithe riaracháin sin agus lena mbunaítear gnás iompair, ach ní áirítear leis:

(i) cinneadh nó rialú arna dhéanamh in imeachtaí riaracháin nó garbhreithiúnacha a bhfuil feidhm aige maidir le duine, earra nó seirbhís ar leith den Pháirtí eile i gcás sonrach; nó

(ii) aon rialú eile lena ndéantar breithniú maidir le gníomh nó cleachtas ar leith;

(b) ciallaíonn 'Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht' an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(c) ciallaíonn 'earra talmhaíochta' táirge a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Talmhaíocht;

(d) ciallaíonn 'seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála aerárthaigh a dtugtar aerárthach as seirbhís le linn a bhfeidhmiú' gníomhaíochtaí deisiúcháin agus cothabhála arna ndéanamh ar aerárthach nó ar chuid d'aerárthach le linn don aerárthach a bheith tarraingthe siar ó sheirbhís, agus ní áirítear leo gnáthchothabháil;

(e) ciallaíonn 'Comhaontú Frithdhumpála' an Comhaontú maidir le hAirteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur Chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(f) ciallaíonn 'seirbhísí córais áirithinte ar ríomhaire' seirbhís a sholáthraítear le córais ríomhairithe ina bhfuil faisnéis faoi sceidil, infhaighteacht, táillí agus rialacha táillí aeriompróirí, ar córais iad trínar féidir áirithintí a dhéanamh nó ticéid a eisiúint;

(g) ciallaíonn 'dleacht chustaim' aon dleacht nó muirear d'aon chineál a fhorchuirtear ar earra a allmhairiú nó i ndáil le hearra a allmhairiú; áirítear leis aon fhorcháin nó aon fhormhuirear a fhorchuirtear i ndáil le hallmhairiú den sórt sin, ach ní áirítear leis aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) muirear atá coibhéiseach le cáin inmheánach arna forchur i gcomhréir le hAirteagal 2.3 den Chomhaontú seo;

(ii) dleacht frithdhumpála nó dleacht frithchúitimh [1] arna cur i bhfeidhm i gcomhréir le GATT 1994, leis an gComhaontú Frithdhumpála nó le Comhaontú SCM, de réir mar is iomchuí;

(iii) táille nó muirear eile a fhorchuirtear ar earra a allmhairiú nó i ndáil le hearra a allmhairiú, a bhfuil teorainn lena mhéid le neaschostas na seirbhísí a tugadh; agus

(iv) an biseach a thairgtear nó a bhailítear ar earra a allmhairítear a eascraíonn as córas tairisceana atá údaraithe chun taraif-chuótaí a riar de bhun Fhoscríbhinn 2-A-4 (Taraif-Chuótaí Mheicsiceo);

(h) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Luacháil Custaim' an Comhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur Chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanann an sainmhíniú ar dhleacht chustaim difear do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi Chaibidil 5 (Leigheasanna Trádála).

(i) ciallaíonn ‘laethanta’ laethanta féilire, lena n-áirítear an deireadh seachtaine agus laethanta saoire;

(j) ciallaíonn ‘an Comhaontú um Réiteach Díospóidí’ an Comhaontú maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta a Rialaíonn Réiteach Díospóidí, atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú EDT;

(k) ciallaíonn ‘fiontar’ aon eintiteas dlítheanach atá comhdhéanta mar is iomchuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht rialtais, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

(l) ciallaíonn ‘atá ann cheana’ a mbeidh éifeacht aige ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

(m) ciallaíonn ‘airgeadra atá inmhalartaithe go héasca’ airgeadra a thrádáiltear go forleathan i margaí malairte eachtraí idirnáisiúnta agus a úsáidtear go forleathan in idirbhearta idirnáisiúnta;

(n) ciallaíonn ‘GATS’ an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí, atá in Iarscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú EDT;

(o) ciallaíonn ‘GATT 1994’ Comhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Thrádáil, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(p) ciallaíonn ‘earraí’ ábhair agus táirgí araon;

(q) ciallaíonn ‘earra de Pháirtí’ earra intíre mar a thuigtear é sin in GATT 1994, lena n-áirítear earraí tionscnaimh den Pháirtí sin;

(r) ciallaíonn ‘seirbhísí láimhseála ar an talamh’ na seirbhísí a leanas a chuirtear ar fáil ag aerfort ar bhonn táille nó conartha: ionadaíocht aerlíne, seirbhísí riaracháin agus maoirseachta; láimhseáil paisinéirí; láimhseáil bagáiste; seirbhísí rampa; lónadóireacht [2], láimhseáil aerlasta agus poist; breoslú aerárthaigh; seirbhísiú agus glanadh aerárthaigh; iompar ar an dromchla; agus seirbhísí oibríochta eitilte, riar foirne agus pleanála eitilte; ach ní áirítear leo féinláimhseáil, slándáil, gnáthchothabháil, deisiú agus cothabháil aerárthaí; agus bonneagar láraithe aerfoirt atá fíor-riachtanach a bhainistiú nó a oibriú, amhail saoráidí dí-oighrithe, córais dáilte breosla, córais láimhseála bagáiste agus córais iompair fhosaithe laistigh den aerfort;

(s) ciallaíonn ‘Córas Comhchuibhithe’ nó ‘CC’ an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, lena n-áirítear na Rialacha Ginearálta um Léirmhíniú, na Nótaí Roinne, na Nótaí Caibidle agus na Nótaí Fo-cheannteidil a ghabhann leis;

(t) áirítear le ‘beart’ aon dlí, rialachán, riail, nós imeachta, cinneadh, gníomhaíocht riaracháin, ceanglas nó cleachtas [3];

(u) ciallaíonn ‘Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe’ an Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach, Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, atá le tabhairt i gcrích;

(v) ciallaíonn ‘náisiúnach’ duine nádúrtha a bhfuil náisiúntacht cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó Mheicsiceo aige de réir a ndlí faoi seach nó ar buanchónaitheoir de Pháirtí é;

[2] Ach amháin ullmhúchán bia.
[3] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear mainneachtain gníomhú leis an téarma ‘beart’.

(w) ciallaíonn ‘duine nádúrtha’ ([4]):

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh, duine a bhfuil náisiúntacht ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh aige de réir a reachtaíochta ([5]); agus

(ii) i gcás Mheicsiceo, duine a bhfuil náisiúntacht Mheicsiceo aige de réir a reachtaíochta;

duine nádúrtha ar saoránach de Mheicsiceo é agus a bhfuil náisiúntacht aon Bhallstáit den Aontas Eorpach aige, measter nach bhfuil ann ach duine nádúrtha de Pháirtí a náisiúntachta ceannasaí éifeachtaí;

(x) Ciallaíonn ‘ECFE’ an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;

(y) ciallaíonn ‘earra tionscnaimh’ earra a cháilíonn mar earra tionscnaimh faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i gCaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh);

(z) ciallaíonn ‘duine’ duine nádúrtha nó fiontar;

(aa) ciallaíonn ‘duine de Pháirtí’ náisiúnach nó fiontar de chuid Páirtí;

(bb) ciallaíonn ‘cóir fhabhrach taraife’ an ráta dleachta custaim is infheidhme maidir le hearra tionscnaimh de bhun Airteagal 2.4 (Dleachtanna Custaim a Dhíothú nó a Laghdú);

(cc) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir le Coimircí’ an Comhaontú maidir le Coimircí atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(dd) ciallaíonn ‘Comhaontú SCM’ an Comhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(ee) ciallaíonn ‘seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú’ na deiseanna atá ag an aeriompróir lena mbaineann a chuid seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú go saor, lena n-áirítear gach gné den mhargaíocht amhail taighde margaidh, fógraíocht agus dáileadh, ach ní áirítear leo praghsáil seirbhísí aeriompair ná na coinníollacha is infheidhme;

(ff) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse’ duine a sholáthraíonn seirbhís nó a fhéachann le seirbhís a sholáthar;

(gg) ciallaíonn ‘Comhaontú SPS’ an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(hh) ciallaíonn ‘fiontar stáit’ fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí;

(ii) ciallaíonn ‘Comhaontú BTT’ an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(jj) ciallaíonn ‘críoch’ an chríoch ina bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo de bhun Airteagal 33.7 (Cur i bhfeidhm Críochach);

([4]) Tá feidhm ag an sainmhíniú seo chun críocha Chaibidlí 10 go 19.

([5]) Áirítear leis an sainmhíniú ar dhaoine nádúrtha an Aontais Eorpaigh daoine nádúrtha a bhfuil buanchónaí orthu i bPoblacht na Laitvia nach saoránaigh de Phoblacht na Laitvia iad nó d’aon Stát eile iad ach atá i dteideal, faoi dhlíthe agus rialacháin Phoblacht na Laitvia, pas neamhshaoránaigh a fháil.

(kk) ciallaíonn 'tríú tír' tír nó críoch atá lasmuigh de raon feidhme críochach an Chomhaontaithe seo;

(ll) ciallaíonn 'Comhairle Trádála' an Chomhairle Trádála a bhunaítear le hAirteagal 33.1;

(mm) ciallaíonn 'Comhaontú TRIPS' an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú EDT;

(nn) ciallaíonn 'Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí' Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, arna dhéanamh i Vín an 23 Bealtaine 1969;

(oo) ciallaíonn 'EDT' an Eagraíocht Dhomhanda Trádála; agus

(pp) ciallaíonn 'Comhaontú EDT' Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh an 15 Aibreán 1994.

Airteagal 1.4

Gaolmhaireacht le Comhaontú EDT

Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu i leith a chéile faoi Chomhaontú EDT.

Airteagal 1.5

Tagairtí do Dhlíthe agus do Chomhaontuithe eile

1. Aon tagairt sa Chomhaontú seo do dhlíthe, ar shlí ghinearálta nó trí thagairt do reacht, rialachán nó treoir ar leith, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt do na dlíthe arna leasú, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt.

2. Aon tagairt, nó ionchorprú trí thagairt sa Chomhaontú seo do chomhaontuithe eile nó d'ionstraimí dlí eile i bpáirt nó ina n-iomláine, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairt nó ionchorprú a áiríonn na nithe seo a leanas, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt:

(a) na hiarscríbhinní, na prótacail, na fonótaí, na nótaí léirmhínitheacha agus na nótaí míniúcháin a bhaineann leo; agus

(b) comhaontuithe comharba a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtí iontu nó leasuithe atá ina gceangal ar na Páirtithe, ach amháin i gcás ina ndearbhaítear sa tagairt cearta agus oibleagáidí atá ann cheana.

Airteagal 1.6

Oibleagáidí a Chomhlíonadh

1. Glacfaidh gach Páirtí aon bheart ginearálta nó sonrach is gá chun na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na bearta sin is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh rialtais agus údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla, chomh maith le comhlachtaí neamhrialtasacha agus iad ag feidhmiú na gcumhachtaí arna dtarmligean chucu, oibleagáidí den sórt sin.

2. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a ghlacadh de bhun mhír 3 d'Airteagal 2.3 (Oibleagáidí a Chomhlíonadh) de Chuid IV den Chomhaontú Iltíreach Nuachóirithemá mheasann sé i leith an pháirtí eile:

— gur mhainnigh sé aon cheann de na prionsabail, na cearta nó na saoirsí bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 2 (Prionsabail Ghinearálta) de Chuid I den Chomhaontú Iltíreach Nuachóirithe a urramú; nó

— gur mhainnigh sé aon cheann de na hoibleagáidí atá air faoi láthair faoi chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le dí-armáil agus neamhleathadh nó oibleagáidí idirnáisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 1.4 (Cur i gCoinne Leathadh na nArm Ollscriosta) de Chuid II den Chomhaontú Iltíreach Nuachóirithe a chomhlíonadh nó a chur i bhfeidhm.

Chun críocha na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí an Chomhaontaithe seo, go páirteach nó go hiomlán, a chur san áireamh.

Féadfaidh ceachtar Páirtí an ceart a thugtar leis an mír seo a fheidhmiú, gan beann ar cé acu atá forálacha ábhartha an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe tagtha i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm go sealadach.

3. Déanfar 'bearta iomchuí' dá dtagraítear i mír 2 agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus beidh siad comhréireach leis an mainneachtain na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme. Tabharfar tosaíocht do na bearta sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo. Tuigtear gur beart na rogha deiridh a bheadh i gceist le cur ar fionraí an Chomhaontaithe seo, go páirteach nó go hiomlán.

CAIBIDIL 2

TRÁDÁIL EARRAÍ

ROINN A

Forálacha Ginearálta

Airteagal 2.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'idirbheart consalach' an nós imeachta chun sonrasc consalach nó víosa chonsalach le haghaidh sonrasc tráchtála, deimhniú tionscnaimh, lastliosta, dearbhú onnmhairiúcháin loingseora nó aon doiciméadacht chustaim eile i ndáil le hearra a allmhairiú, a fháil ó chonsal an Pháirtí is allmhaireoir i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, nó i gcríoch tríú páirtí;

(b) ciallaíonn 'nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin' nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile, seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críoch imréitigh custaim, a chur faoi bhráid chomhlacht nó chomhlachtaí riaracháin ábhartha an Pháirtí is onnmhaireoir mar réamhchoinníoll onnmhairiúcháin ó chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir;

(c) ciallaíonn 'Comhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin' an Comhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairiúcháin in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(d) ciallaíonn 'nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin' nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile, seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críoch imréitigh custaim, a chur faoi bhráid chomhlacht nó chomhlachtaí riaracháin ábhartha an Pháirtí is allmhaireoir mar réamhchoinníoll allmhairiúcháin isteach i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir.

Airteagal 2.2

Raon feidhme

Mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chomhaontú seo, tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an trádáil earraí de Pháirtí.

Airteagal 2.3

Cóir Náisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir náisiúnta d'earraí an Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagal III de GATT 1994 , lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal III de GATT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn cóir náisiúnta, maidir le leibhéal rialtais i Meicsiceo seachas an leibhéal feidearálach, nó maidir le leibhéal rialtais d'aon Bhallstát, nó laistigh d'aon Bhallstát, den Aontas Eorpach, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann an rialtas sin d'earraí comhchosúla, díriomaíocha nó inionadaithe de chuid Mheicsiceo nó de chuid an Bhallstáit, faoi seach.

Airteagal 2.4

Dleachtanna Custaim a Dhíothú nó a Laghdú

1. Mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí a dhleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a dhíothú nó a laghdú i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A agus ní chuirfidh sé aon dleacht chustaim i bhfeidhm ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i línte taraife Chaibidlí 1 go 97 den Chóras Comhchuibhithe seachas na cinn sin a áirítear i bhFoscríbhinn 2-A-1 nó i bhFoscríbhinn 2-A-2, faoi seach, a ghabhann le hIarscríbhinn 2-A.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, ní mhéadóidh Páirtí aon dleacht chustaim atá ann cheana, ná ní ghlacfaidh sé aon dleacht chustaim nua ar earra tionscnaimh den Pháirtí eile ([6]).

3. Má laghdaíonn Páirtí ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair a chuireann sé i bhfeidhm, beidh feidhm ag an ráta dleachta sin maidir le hearraí tionscnaimh an Pháirtí eile fad a bheidh sé níos ísle ná an ráta dléachta custaim arna chinneadh de bhun Iarscríbhinn 2-A.

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun breithniú a dhéanamh i dtaobh na féidearthachta feabhas a chur ar an gcóir taraife maidir le rochtain ar an margadh d'earraí tionscnaimh a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-A. Féadfaidh an Chomhairle Trádála cinneadh a dhéanamh an Iarscríbhinn sin a mhodhnú ([7]).

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí dleacht chustaim ar an earra tionscnaimh a choinneáil ar bun nó a mhéadú mar a údaraíonn Comhlacht um Réiteach Díospóidí EDT.

([6]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i ndiaidh laghdú aontaobhach ar dhleacht chustaim, féadfaidh Páirtí an dleacht chustaim sin a ardú chuig an leibhéal a chinntear don bhliain ábhartha den sceideal um dhíothú taraifí i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A.

([7]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr; tiocfaidh an modhnú sin in ionad aon dleachtráta custaim nó catagóir chéimnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-A.

Airteagal 2.5

Dleachtanna ar Onnmhairí, Cánacha nó Muirir Eile

1. Aon cháin nó aon mhuirear ar onnmhairiú earra chuig críoch an Pháirtí eile, i gcás inar mó iad ná an cháin nó an muirear a d'fhorchuirfí ar an earra sin nuair a bheadh sé beartaithe lena thomhailt intíre, ní ghlacfaidh Páirtí iad ná ní choinneoidh Páirtí ar bun iad.

2. Aon dleacht nó aon mhuirear d'aon chineál a fhorchuirfear ar onnmhairiú earra, nó i ndáil le honnmhairiú earra, chuig críoch an Pháirtí eile, i gcás inar mó iad ná an dleacht nó an muirear a d'fhorchuirfí ar an earra sin nuair a bheadh sé beartaithe lena thomhailt intíre, ní ghlacfaidh Páirtí iad ná ní choinneoidh Páirtí ar bun iad.

3. Ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo cosc ar Pháirtí táille nó muirear a cheadaítear faoi Airteagal 2.6 a fhorchur ar onnmhairiú earra.

Airteagal 2.6

Táillí agus Foirmiúlachtaí

1. Na táillí agus na muirir eile a fhorchuirfidh Páirtí ar allmhairiú earra den Pháirtí eile, nó ar onnmhairiú earra chuig an bPáirtí eile, nó i ndáil leis sin, déanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a rinneadh, agus ní bheidh sa mhéid sin cosaint indíreach ar earraí intíre ná ar chánachas ar allmhairí nó onnmhairí chun críoch fioscach.

2. Ní chuirfidh Páirtí táille próiseála custaim i bhfeidhm ar earraí tionscnaimh ([8]).

3. Foilseoidh gach Páirtí go pras gach táille agus muirear a fhorchuirfidh sé i ndáil le hallmhairiú nó le honnmhairiú ar bhealach a chumasóidh do rialtais, do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile eolas a chur orthu.

4. Ní bheidh idirbhearta consalacha de dhíth ar Pháirtí, lena n-áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le haon earra den Pháirtí eile a allmhairiú ([9]).

Airteagal 2.7

Earraí arna dTabhairt isteach an Athuair tar éis iad a Dheisiú nó a Athrú

1. ciallaíonn 'deisiú nó athrú' aon oibríocht próiseála arna déanamh ar earra chun lochtanna oibriúcháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi earra a fhilleadh ar a feidhm bhunaidh nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t-earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch ar beartaíodh chucu é. Áirítear le hearra a dheisiú athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear leis sin oibríocht ná próiseas:

(a) lena scriostar saintréithe bunúsacha aon earra nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

(b) lena n-athraítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó

(c) a úsáidtear chun feidhm earra a athrú go substaintiúil.

([8]) I gcás Mheicsiceo, déantar tagairt leis an táille próiseála custaim don *'Derecho de Trámite Aduanero'*.

([9]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a éileamh go ndéanfadh a chonsal, a bhfuil dlínse aige i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, doiciméid a fhíordheimhniú:
(a) chun críoch imscrúdaithe nó iniúchóireachta, nó
(b) chun earraí tí a allmhairiú.

2. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, beag beann ar a thionscnamh, arna thabhairt isteach ina chríoch an athuair tar éis an earra sin a onnmhairiú go sealadach óna chríoch chuig críoch an Pháirtí eile lena dheisiú nó lena athrú, is cuma cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí deisiú nó athrú den sórt sin a dhéanamh i gcríoch an Pháirtí ónar onnmhairíodh an t-earra lena dheisiú nó lena athrú.

3. Níl feidhm ag mír 2 maidir le hearra a allmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna, a onnmhairítear lena dheisiú ansin agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna.

4. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, beag beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch an Pháirtí eile lena dheisiú nó lena athrú.

Airteagal 2.8

Earraí Athmhonaraithe

1. ciallaíonn 'earra athmhonaraithe' earra a aicmítear i gCaibidlí 84 go 90, nó i gceannteideal 9402, den Chóras Comhchuibhithe, seachas earraí a áirítear in Iarscríbhinn 2-B a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) a thairgtear go hiomlán nó i bpáirt as ábhair a aisghabhadh ó earraí a úsáideadh roimhe;

(b) a bhfuil coinníollacha feidhmíochta agus oibre aige chomh maith le hionchas saoil atá comhchosúil le hearra comhchosúil agus riocht nua air; agus

(c) a dtugtar an barántas céanna dó agus a thabharfaí d'earra comhchosúil agus riocht nua air.

2. Ní thabharfaidh Páirtí cóir is lú fabhar d'earraí athmhonaraithe an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'earraí comhchosúla a bhfuil riocht nua orthu, mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chomhaontú seo.

3. Faoi réir a oibleagáidí faoin gComhaontú seo agus faoi Chomhaontú EDT, féadfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a éileamh maidir le hearraí athmhonaraithe:

(a) go ndéanfaí iad a shainaithint amhlaidh lena ndáileadh nó lena ndíol ina chríoch, lena n-áirítear iad a lipéadú go sonrach chun meabhlaireacht tomhaltóirí a chosc; agus

(b) go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais theicniúla uile agus na rialacháin uile a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí comhchosúla agus riocht nua orthu.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Airteagal 2.9 maidir le hearraí athmhonaraithe. Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí toirmisc nó srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar earraí úsáidte ar bun, ní chuirfidh sé na bearta sin i bhfeidhm maidir le hearraí athmhonaraithe.

Airteagal 2.9

Srianta Allmhairiúcháin agus Onnmhairiúcháin

Mura bhforáiltear a mhalairt in Iarscríbhinn 2-C a ghabhann leis an gComhaontú seo, ní ghlacfaidh Páirtí aon toirmeasc ná srian ar allmhairiú aon earra de chuid an Pháirtí eile ná ar onnmhairiú ná ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú aon earra atá ceaptha do chríoch an Pháirtí eile, ná ní choinneoidh sé aon toirmeasc ná srian mar sin ar bun, ach amháin i gcomhréir le hAirteagal XI de GATT 1994, lena n-áirítear a Nótaí agus a Fhorálacha Forlíontacha. Chuige sin, déantar Airteagal XI de GATT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*.

Airteagal 2.10

Ceadúnú Allmhairiúcháin

1. Déanfaidh gach Páirtí aon nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin a ghlacadh agus a riar i gcomhréir le hAirteagail 1 go 3 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin.

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi aon nós imeachta nua um cheadúnú allmhairiúcháin agus faoi aon mhodhnú ar na nósanna imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin atá ann cheana laistigh de 60 lá tar éis dháta a fhoilsithe agus, más féidir, tráth nach déanaí ná 60 lá roimh theacht i bhfeidhm an nós imeachta nó an mhodhnaithe nua. Áireofar an fhaisnéis a shonraítear i mír 2 d'Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin san fhógra, chomh maith le seoltaí leictreonacha na suíomhanna gréasáin oifigiúla, dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Measfar go gcomhlíonann Páirtí an fhoráil sin má thugann sé fógra faoin nós imeachta ábhartha nua um cheadúnú allmhairiúcháin, nó faoi aon mhodhnú air, don Choiste um Cheadúnú Allmhairiúcháin dá ndéantar foráil in Airteagal 4 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin i gcomhréir le míreanna 1 go 3 d'Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin.

3. Arna iarraidh sin do Pháirtí, cuirfidh an Páirtí eile ar fáil go pras aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear i mír 2 d'Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin, maidir le haon nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin a bheartaíonn sé a ghlacadh, a ghlac sé nó a choinníonn sé ar bun, nó maidir le haon mhodhnú ar nósanna imeachta atá ann cheana maidir le ceadúnú.

4. Foilseoidh gach Páirtí ar na suíomhanna gréasáin oifigiúla ábhartha an fhaisnéis a cheanglaítear air a fhoilsiú de bhun fhomhír 4(a) d'Airteagal 1 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin, agus áiritheoidh sé go mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i mír 2 d'Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairiúcháin ar fáil go poiblí.

Airteagal 2.11

Ceadúnú Onnmhairiúcháin

1. Foilseoidh gach Páirtí aon nós imeachta nua um cheadúnú onnmhairiúcháin, nó aon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá ann cheana, más iomchuí, ar na suíomhanna gréasáin oifigiúla ábhartha. Déanfar foilseachán den sórt sin, más indéanta, tráth nach déanaí ná 45 lá sula dtiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nó modhnú, agus in aon chás, tráth nach déanaí ná an dáta a thiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nó leis an modhnú.

2. Laistigh de 60 lá i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá aige cheana. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi aon nós imeachta nua um cheadúnú onnmhairiúcháin agus faoi aon mhodhnú ar na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin atá ann cheana laistigh de 60 lá tar éis dháta a fhoilsithe. Áireofar le fógraí den sórt sin an tagairt don fhoinse ina bhfoilsítear an fhaisnéis a éilítear de bhun mhír 3 agus beidh, más iomchuí, seoladh an tsuímh gréasáin oifigiúil ábhartha san áireamh freisin.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sna nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin:

(a) téacs na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin, nó téacs aon mhodhnú ar na nósanna imeachta sin;

(b) na hearraí atá faoi réir gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin;

(c) i gcás gach nós imeachta, tuairisc ar an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas onnmhairiúcháin agus ar aon chritéar nach mór d'iarratasóir a chomhlíonadh le bheith cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas onnmhairiúcháin, amhail ceadúnas gníomhaíochta a bheith aige, infheistíocht a bhunú nó a choinneáil ar bun, nó oibriú trí chineál áirithe bunaíochta i gcríoch Pháirtí;

(d) pointe teagmhála amháin nó níos mó óna bhféadfaidh daoine leasmhara tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil;

(e) an comhlacht nó na comhlachtaí riaracháin a bhfuil iarratas nó doiciméadacht ábhartha eile le cur faoina bhráid nó faoina mbráid;

(f) tuairisc ar aon bheart nó bearta atá á gcur chun feidhme tríd an nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin;

(g) an tréimhse a mbeidh gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin i bhfeidhm lena linn, mura bhfanfaidh an nós imeachta i bhfeidhm go dtí go ndéanfar é a tharraingt siar nó a athbhreithniú i bhfoilseachán nua;

(h) má bheartaíonn an Páirtí nós imeachta um cheadúnú onnmhairiúcháin a úsáid chun cuóta onnmhairiúcháin, an chainníocht fhoriomlán dátaí oscailte agus dúnta an chuóta, agus más infheidhme, luach an chuóta a riar; agus

(i) aon díolúine nó aon eisceacht ón gceanglas chun ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil, conas na díolúintí nó na heisceachtaí sin a iarraidh nó a úsáid, agus na critéir chun iad a dheonú.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear de cheangal ar Pháirtí le haon ní san Airteagal seo ceadúnas onnmhairiúcháin a dheonú, ná ní choisceann sé ar Pháirtí a oibleagáidí nó a ghealltanais a chur chun feidhme faoi Rúin de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le faoi chórais iltaobhacha neamhleata agus faoi shocruithe maidir le rialú onnmhairí.

Airteagal 2.12

Luacháil Custaim

Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoin gComhaontú maidir le Luacháil Custaim.

Airteagal 2.13

Cead isteach Sealadach d'Earraí

1. Deonóidh gach Páirtí cead isteach sealadach, mar a fhoráiltear ina dhlíthe agus ina rialacháin, maidir leis na hearraí seo a leanas, beag beann ar a dtionscnamh, cead lena mbaineann faoiseamh coinníollach iomlán ó dhleachtanna ar allmhairí:

(a) earraí atá le cur ar taispeáint nó le húsáid ag taispeántais, ag aontaí, ag cruinnithe, ag léirithe nó ag imeachtaí comhchosúla;

(b) trealamh gairmiúil, lena n-áirítear trealamh don phreas nó le haghaidh chraolachán fuaime nó teilifíse, bogearraí, trealamh cineamatagrafach, agus aon ghaireas coimhdeach nó gabhálais le haghaidh trealaimh den sórt sin, ar gá leo chun gníomhaíocht ghnó, trádáil nó gairm duine a thugann cuairt ar chríoch an Pháirtí eile a dhéanamh d'fhonn cúram sonraithe a chur i gcrích;

(c) coimeádáin, samplaí tráchtála, scannáin agus taifeadtaí fógraíochta agus earraí eile arna n-allmhairiú i dtaca le hoibríocht tráchtála;

(d) earraí arna n-allmhairiú chun críoch spóirt;

(e) earraí arna n-allmhairiú chun críoch daonnúil; agus

(f) ainmhithe arna n-allmhairiú chun críoch sonrach.

2. Féadfaidh gach Páirtí a éileamh go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis na hearraí a thairbhíonn de chead isteach sealadach i gcomhréir le mír 1:

(a) go bhfuil siad beartaithe lena n-athonnmhairiú gan aon athrú a bheith déanta orthu seachas an gnáth-dhímheas de bharr na húsáide a bhaintear astu;

(b) nach n-úsáidfeadh ach náisiúnach den Pháirtí eile iad nó gur faoi mhaoirseacht phearsanta an duine sin amháin a d'úsáidfí iad agus an ghníomhaíocht ghnó, an trádáil, an ghairm nó an spórt á dhéanamh ag an náisiúnach sin den Pháirtí eile;

(c) nach ndéanfaí iad a dhíol ná a léasú fad a bhíonn siad ina chríoch;

(d) go mbeadh urrús leo, arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir, de mhéid nach mó ná na muirir a bheadh dlite murach sin ar iontráil nó ar allmhairiú deiridh, a bheadh le saoradh ar onnmhairiú na n-earraí;

(e) go sainaithneofaí iad nuair a dhéanfaí iad a allmhairiú agus a onnmhairiú;

(f) go ndéantar iad a athonnmhairiú laistigh de thréimhse shonraithe a bhainfeadh go réasúnta le cuspóir an cheada isteach shealadaigh; agus

(g) nach ligtear isteach iad i gcainníocht níos mó ná mar atá réasúnta dá n-úsáid bheartaithe.

3. Ceadóidh gach Páirtí earraí a ligfear isteach go sealadach faoin Airteagal seo a athonnmhairiú trí aon chalafort custaim nó oifig seachas an ceann trínar ligeadh isteach iad.

4. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis an allmhaireoir nó aon duine eile atá freagrach as earraí a ligtear isteach i gcomhréir leis an Airteagal seo, nach mbeidh siad faoi dhliteanas as mainneachtain earraí den sórt sin a onnmhairiú, laistigh den tréimhse a socraíodh don chead isteach sealadach, lena n-áirítear aon fhadú dleathach, ar chruthúnas sásúil a chur faoi bhráid an Pháirtí is allmhaireoir go ndearnadh na hearraí a scriosadh go hiomlán nó gur cailleadh ar fad iad.

Airteagal 2.14

Comhar

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn 2-D forálacha speisialta maidir le comhar riaracháin idir na Páirtithe i ndáil le cóir fhabhrach taraife.

2. Déanfaidh na Páirtithe malartú staidrimh allmhairiúcháin bliantúil a thosóidh 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go dtí go gcinnfidh an Coiste um Thrádáil Earraí a mhalairt. Cumhdófar leis an malartú staidrimh allmhairiúcháin sonraí a bhaineann leis an mbliain is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear luach agus méid, ar leibhéal na líne taraife i gcás allmhairí earraí an Pháirtí eile a thairbhíonn de chóir fhabhrach taraife faoin gComhaontú seo agus i gcás iad siúd a fhaigheann cóir neamhfhabhrach.

Airteagal 2.15

An Coiste um Thrádáil Earraí

Déanfaidh an Coiste um Thrádáil Earraí a bhunaítear le fomhír 1(a) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) na nithe seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus ar Iarscríbhinní 2-A go 2-G;

(b) an trádáil earraí idir na Páirtithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin maidir le cóir taraife agus rochtain ar an margadh faoin gComhaontú seo a fheabhsú agus maidir le saincheisteanna eile, de réir mar is iomchuí;

(c) fóram a chur ar fáil chun aon saincheist a bhaineann leis an gCaibidil seo a phlé agus a réiteach;

(d) aghaidh a tabhairt go pras ar bhacainní ar thrádáil earraí idir na Páirtithe, go háirithe na cinn sin a bhaineann le cur i bhfeidhm beart neamhtharaife agus, más iomchuí, ábhair den sórt sin a tharchur chuig an gCoiste Trádála lena mbreithniú;

(e) aon mhodhnú a bheadh le déanamh ar an gCaibidil seo nó aon rud breise a bheadh le cur léi a mholadh don Choiste Trádála;

(f) an malartú sonraí le haghaidh úsáid fabhar a chomhordú, nó aon mhalartú faisnéise eile maidir le trádáil earraí idir na Páirtithe a chinnfeadh sé;

(g) aon leasú a dhéanfaí ar an gCóras Comhchuibhithe amach anseo a athbhreithniú lena áirithiú nach n-athrófaí oibleagáidí gach Páirtí faoin gComhaontú seo, agus dul i gcomhairle chun aon choinbhleacht ghaolmhar a réiteach;

(h) aon fheidhm eile a fhéadfaidh an Coiste Trádála a shannadh dó a dhéanamh.

ROINN B

Trádáil in Earraí Talmhaíochta

Airteagal 2.16

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, ar bearta iad a bhaineann le trádáil earraí talmhaíochta.

Airteagal 2.17

Comhar i bhFóraim Iltaobhacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar faoi EDT chun córas trádála iltaobhach a chur chun cinn, córas a bheidh uilíoch, bunaithe ar rialacha, oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus cothromasach, chun caibidlíocht talmhaíochta a bhrú chun cinn agus chun bunú aon disciplíne nua lena n-éascófaí trádáil earraí talmhaíochta a chur chun cinn.

2. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh éifeacht dhíobhálach ar sholáthairtí criticiúla earraí talmhaíochta a bheith ag roinnt beart onnmhairiúcháin, amhail toirmisc ar onnmhairiú, srianta ar onnmhairiú nó cánacha ar onnmhairí. Ina leith sin, tacóidh na Páirtithe le bunú disciplíní trí rannpháirtíocht ghníomhach sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha.

Airteagal 2.18

Iomaíocht Onnmhairiúcháin

1. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'fóirdheontais onnmhairiúcháin' fóirdheontais de réir bhrí mhír (e) d'Airteagal 1 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht; agus

(b) ciallaíonn 'bearta comhéifeachta' creidmheasanna onnmhairiúcháin, ráthaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin nó cláir árachais, chomh maith le bearta eile a bhfuil éifeacht acu atá coibhéiseach le héifeacht fóirdheontas onnmhairiúcháin ([10]).

([10]) Agus an téarma 'bearta comhéifeachta' á léirmhíniú, le haghaidh cás sonrach, féadfaidh na Páirtithe treoraíocht a lorg sna rialacha ábhartha ó EDT agus i gcleachtas chomhaltacht EDT.

2. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais sa Chinneadh maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin, a glacadh an 19 Nollaig 2015 le Comhdháil Aireachta EDT in Nairobi, chun fíor-ghuaim a choinneáil orthu féin i ndáil le dul i muinín gach cineáil fóirdheontais onnmhairiúcháin agus gach birt comhéifeachta onnmhairiúcháin agus chun trédhearcacht agus faireachán a fheabhsú i ndáil le gach cineál fóirdheontais onnmhairiúcháin agus gach beart comhéifeachta onnmhairiúcháin.

3. Ní ghlacfaidh Páirtí aon fhóirdheontas onnmhairiúcháin ná ní choinneoidh Páirtí ar bun é ar aon earra talmhaíochta a onnmhaireofar, nó a bheidh le fáil i dtáirge a onnmhaireofar, chuig críoch an Pháirtí eile.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí aon bheart eile a choinneáil ar bun, a thabhairt isteach ná a thabhairt isteach an athuair, a bhfuil comhéifeacht aige ar earra talmhaíochta a onnmhaireofar, nó a bheidh le fáil i dtáirge a onnmhaireofar, chuig críoch an Pháirtí eile, ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an beart comhéifeachta sin na téarmaí agus coinníollacha a chinntear i gComhaontú EDT, nó sa chinneadh nó sa ghealltanas ábhartha de chuid EDT.

5. Páirtí a bhfuil amhras réasúnta air maidir le fóirdheontas onnmhairiúcháin nó bearta comhéifeachta eile a chuireann an Páirtí eile i bhfeidhm maidir le hearra talmhaíochta atá beartaithe lena onnmhairiú chuig an gcéad Pháirtí, féadfaidh sé an fhaisnéis is gá faoi na bearta a chuirtear i bhfeidhm a éileamh ón bPáirtí eile, agus é mar aidhm aige trédhearcacht agus faireachán i ndáil le fóirdheontais onnmhairiúcháin agus bearta comhéifeachta eile a fheabhsú. Cuirfear an fhaisnéis a éilítear ar fáil gan mhoill.

Airteagal 2.19

Riar Taraif-Chuótaí

1. Páirtí a chuireann taraif-chuótaí i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A, déanfaidh sé:

(a) na taraif-chuótaí sin a riar go tráthúil agus ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir lena dhlí; agus

(b) an fhaisnéis ábhartha uile maidir le riar cuótaí, lena n-áirítear an méid ar fáil, rátaí úsáide agus critéir incháilitheachta, a chur ar fáil go poiblí ar bhealach tráthúil agus leanúnach.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle maidir le haon ábhar a bhaineann le riar na dtaraif-chuótaí. Chun na críche sin, ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid idir na Páirtithe a éascú agus chun fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoina shonraí teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

Airteagal 2.20

An Fochoiste um Thalmhaíocht

1. Déanfaidh an Fochoiste um Thalmhaíocht a bhunaítear le fomhír (1)b d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) na nithe seo a leanas:

(a) faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Roinne seo, agus comhar a chur chun cinn chun trádáil earraí talmhaíochta idir na Páirtithe a éascú;

(b) fóram a sholáthar inar féidir leis na Páirtithe plé a dhéanamh ar fhorbairtí ina gcláir thalmhaíochta agus ar thrádáil earraí talmhaíochta idir na Páirtithe;

(c) aghaidh a thabhairt ar bhacainní, lena n-áirítear bacainní neamhtharaife, maidir le trádáil earraí talmhaíochta idir na Páirtithe;

(d) meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na Caibidle seo ar earnáil talmhaíochta gach Páirtí, chomh maith le hoibriú ionstraimí na Caibidle seo, agus aon ghníomhaíocht iomchuí a mholadh don Choiste um Thrádáil Earraí;

(e) fóram a chur ar fáil chun dul i gcomhairle ar ábhair a bhaineann leis an Roinn seo i gcomhordú le coistí ábhartha eile, meithleacha oibre nó aon chomhlacht speisialaithe eile faoin gComhaontú seo;

(f) aon fheidhm eile a shannfadh an Coiste um Thrádáil Earraí air a dhéanamh; agus

(g) torthaí a chuid oibre faoin mír seo a thuairisciú don Choiste um Thrádáil Earraí lena mbreithniú.

2. Tiocfaidh an Fochoiste um Thalmhaíocht le chéile uair sa bhliain ar a laghad, mura gcomhaontófar a mhalairt.

3. Nuair a thagann imthosca speisialta chun cinn, tiocfaidh an Fochoiste um Thalmhaíocht le chéile arna iarraidh sin do Pháirtí agus le comhaontú na bPáirtithe, tráth nach déanaí ná 30 lá i ndiaidh dháta iarraidh den sórt sin.

ROINN C

Trádáil i bhFíonta agus Biotáillí

Airteagal 2.21

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le táirgí fíona ([11]) agus biotáillí a aicmítear faoi cheannteidil 2204, 2205 agus 2208 den Chóras Comhchuibhithe.

Airteagal 2.22

Cleachtais Fíoneolaíochta

1. Údaróidh an tAontas Eorpach allmhairiú agus margú fíona de thionscnamh Mheicsiceo ina críoch ar fíon é lena chaitheamh ag an duine agus ar fíon é a tháirgtear i gcomhréir le:

(a) sainmhínithe ar tháirgí atá údaraithe i Meicsiceo faoi na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn 2-E; agus

(b) cleachtais fíoneolaíochta atá údaraithe i Meicsiceo agus srianta a chuirtear i bhfeidhm i Meicsiceo de bhun na ndlíthe agus na rialachán dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn 2-E nó atá údaraithe ar bhealach eile lena n-úsáid i ndáil le fíonta atá le honnmhairiú ag údarás inniúil Mheicsiceo, a mhéid a mholann agus a fhoilsíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona iad (dá ngairtear 'OIV' anseo feasta).

Tá an t-údarú dá dtagraítear sa mhír seo faoi réir an cheanglais nach gcuirfear aon alcól ná biotáille leis na fíonta, cé is moite d'fhíonta licéir a fhéadfar alcól fíonchaor nó biotáille fíonchaor a chur leo. Tá an fhomhír seo gan dochar don fhéidearthacht go gcuirfí alcól atá éagsúil ón alcól fíonchaor le fíon agus '*vino generoso*' á tháirgeadh, ar choinníoll go dtaispeántar sin go soiléir ar an lipéad.

2. Údaróidh Meicsiceo allmhairiú agus margú fíona de thionscnamh an Aontais Eorpaigh ina chríoch ar fíon é lena chaitheamh ag an duine agus ar fíon é a tháirgtear i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) sainmhínithe ar tháirgí atá údaraithe san Aontas Eorpach faoi na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn 2-E;

([11]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn 'táirgí fíona' fíon agus táirgí fíona eile a aicmítear faoi cheannteidil 2204, agus 2205 den Chóras Comhchuibhithe.

(b) cleachtais fíoneolaíochta atá údaraithe agus srianta a chuirtear i bhfeidhm san Aontas Eorpach de bhun na ndlíthe agus na rialachán dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn 2-E; agus

(c) go n-eisiatar alcól nó biotáillí a chur le fíon i gcás na bhfíonta uile seachas fíonta licéir, nach bhféadfar ach alcól fíonchaor nó biotáille fíonchaor a chur leo.

3. Cineálacha fíniúna a fhéadfar iad a úsáid i bhfíonta a allmhairítear ó Pháirtí agus iad á margú i gcríoch an Pháirtí eile, is cineálacha plandaí den chineál '*vitis vinifera*' agus hibridí díobh iad, gan dochar do dhlíthe agus rialacháin níos sriantaí a d'fhéadfadh a bheith ag Páirtí i leith an fhíona a tháirgtear ina chríoch.

4. Féadfaidh an Chomhairle Trádála Codanna A agus B d'Iarscríbhinn 2-E a mhodhnú chun na tagairtí do shainmhínithe ar tháirgí, agus cleachtais fíoneolaíochta agus srianta a chur isteach, a scriosadh nó a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 2.23

Táirgí Fíona agus Biotáillí a Lipéadú

1. Ní cheanglóidh Páirtí go dtaispeánfar aon cheann de na dátaí seo a leanas, nó a gcomhionann, ar an gcoimeádán, ar an lipéad nó ar an bpacáistíocht de tháirgí fíona agus biotáillí:

(a) dáta an phacáistithe;

(b) dáta an bhuidéalaithe;

(c) an dáta táirgthe nó monaraithe;

(d) an dáta éaga, an dáta 'faoinar cheart é a úsáid', an dáta 'faoinar cheart é a úsáid nó a thomhailt', agus an 'dáta éagtha';

(e) an dáta íosmharthanachta, an dáta 'faoinar fearr é a úsáid', an dáta 'ar fearr na cáilíochta roimhe'; nó

(f) an 'spriocdháta díola'.

Féadfaidh Páirtí a cheangal go dtaispeánfaí dáta íosmharthanachta i gcás ina gcuirtear comhábhair shomheata le táirge nó i gcás marthanachta níos lú ná 12 mhí nó cothrom leis a bheith measta ag an táirgeoir.

2. Ní éileoidh Páirtí aistriúcháin ar thrádmharcanna, ainmneacha branda nó tásca geografacha a bheith ar taispeáint ar choimeádáin, ar lipéid nó ar phacáistíocht táirgí fíona nó biotáillí.

3. Ceadóidh Páirtí faisnéis shainordaitheach, lena n-áirítear aistriúcháin, a bheith ar taispeáint ar lipéad forlíontach a bheidh greamaithe de choimeádán táirgí fíona nó biotáillí. Féadfar lipéid fhorlíontacha a ghreamú de choimeádáin allmhairithe fíona nó biotáille tar éis a allmhairithe ach sula gcuirfear an táirge ar an margadh i gcríoch an Pháirtí, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis shainordaitheach ar taispeáint go hiomlán agus go cruinn.

4. Ceadóidh Páirtí cóid aitheantais luchtóige a úsáid ar choinníoll go gcoimeádfar ó scriosadh na cóid sin.

5. Ní chuirfidh Páirtí beart lipéadaithe i bhfeidhm maidir le táirgí fíona agus biotáillí a bhí ar an margadh i gcríoch an Pháirtí sin roimh an dáta ar tháinig an beart i bhfeidhm, ach amháin faoi imthosca eisceachtúla.

6. Ceadóidh Páirtí líníochtaí, fíoracha, léaráidí agus maíomh nó eochracha a úsáid ar bhuidéil ar choinníoll nach gcuirfear in ionad na faisnéise lipéadaithe éigeantaí iad agus nach gcuirfear an tomhaltóir ar míthreoir leo i ndáil le fíor-shaintréithe agus comhdhéanamh na dtáirgí fíona agus biotáillí.

7. Ní éileoidh Páirtí go dtaispeánfaí lipéadú ailléirginí ar lipéid táirgí fíona nó biotáillí maidir le hailléirginí a úsáideadh chun na táirgí fíona nó biotáillí a tháirgeadh agus a ullmhú agus nach bhfuil i láthair sa táirge deiridh.

8. Maidir le trádáil i bhfíon idir na Páirtithe, féadfar fíon de thionscnamh an Aontais Eorpaigh a lipéadú i Meicsiceo le tásc ar an gcineál táirge mar a shonraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn 2-E.

9. Cosnóidh gach Páirtí na hainmneacha seo a leanas maidir le táirgí fíona agus biotáillí, i gcomhréir le Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint, arna dhéanamh i bPáras an 20 Márta 1883 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Pháras' anseo feasta):

(a) ainm Ballstáit den Aontas Eorpach; agus

(b) ainm Stáit Aontaithe Mheicsiceo nó ainm Mheicsiceo agus a Stáit.

10. Ceadóidh Páirtí go léireofaí neart alcóil de réir toirte ar lipéid táirgí fíona nó biotáillí leis na giorrúcháin seo a leanas:

(a) '% Alc. Vol.';

(b) '% Alc Vol.';

(c) '% alc. vol.';

(d) '% alc vol.';

(e) '% Alc.';

(f) '% Alc./Vol.';

(g) 'Alc()%vol.';

(h) '% alc/vol';

(i) 'alc()%vol'.

Airteagal 2.24

Deimhniúchán Táirgí Fíona agus Biotáillí

1. Féadfaidh Páirtí gan ach an doiciméadacht agus an deimhniúchán a leagtar amach i gCuid D d'Iarscríbhinn 2-E, agus an doiciméadacht agus an deimhniúchán sin amháin, a cheangal i ndáil le táirgí fíona a allmhairítear ón bPáirtí eile agus a chuirtear ar a mhargadh.

2. Ní chuirfidh Páirtí ceanglais deimhniúcháin allmhairiúcháin i bhfeidhm maidir le hallmhairiú táirgí fíona a tháirgtear i gcríoch an Pháirtí eile ar ceanglais iad atá níos sriantaí ná na ceanglais a leagtar síos sa Chomhaontú seo.

3. Féadfaidh gach Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin a chur i bhfeidhm chun táirgí truaillmheasctha nó éillithe a shainaithint i ndiaidh a n-allmhairithe chríochnaithigh.

4. I gcás díospóide, aithneoidh gach Páirtí mar mhodhanna tagartha, na modhanna anailíse a chomhlíonann na caighdeáin arna moladh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) nó, i gcás nach ann do mhodhanna den sórt sin, modhanna OIV.

5. Údaróidh gach Páirtí allmhairiú biotáillí isteach ina chríoch i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear doiciméadacht nó deimhniúchán allmhairí agus tuarascálacha anailíse dá ndéantar foráil ina dhlíthe agus ina rialacháin.

6. Chun Tequila agus Mezcal a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, ceanglóidh an tAontas Eorpach go gcuirfear deimhniú barántúlachta onnmhairiúcháin do na táirgí sin faoi bhráid a údaráis chustaim, ar deimhniú é a d'eisigh na comhlachtaí measúnúcháin comhréireachta arna gcreidiúnú agus arna bhformheas ag údaráis Mheicsiceo ([12]). Soláthróidh Meicsiceo samhlacha den deimhniú barántúlachta onnmhairiúcháin maidir le Tequila agus Mezcal agus tabharfaidh sé fógra faoi aon athrú a bhaineann leis na deimhnithe sin don Fhochoiste um Thrádáil Fíonta agus Biotáillí.

7. Féadfaidh Páirtí ceanglais bhreise shealadacha maidir le deimhniúchán onnmhairiúcháin a thabhairt isteach do tháirgí fíona agus biotáillí a allmhairítear ón bPáirtí eile mar fhreagairt ar ábhair imní dhlisteanacha a bhaineann le beartas poiblí, amhail cosaint sláinte nó tomhaltóirí, nó chun gníomhú in aghaidh calaoise. I gcás den sórt sin, soláthróidh an Páirtí faisnéis chuí don Pháirtí eile agus am leordhóthanach chun na ceanglais bhreise a chomhlíonadh.

Ní chuirfear síneadh le ceanglais den sórt sin níos faide ná an tréimhse ama is gá chun freagairt don ábhar imní faoi leith maidir le beartas poiblí nó riosca calaoise arb ina leith a tugadh na ceanglais isteach.

8. Féadfaidh an Chomhairle Trádála Cuid D d'Iarscríbhinn 2-E a mhodhnú i ndáil leis an doiciméadacht agus an deimhniúchán dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2.25

Rialacha is Infheidhme

Mura sonraítear a mhalairt sa Chomhaontú seo, déanfar allmhairiú agus margú táirgí a chumhdaítear sa Roinn seo, arna dtrádáil idir na Páirtithe, i gcomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme i gcríoch an Pháirtí allmhairiúcháin.

Airteagal 2.26

Bearta Idirthréimhseacha

Maidir le táirgí a ndearnadh, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, iad a tháirgeadh agus a lipéadú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin Páirtí agus leis na comhaontuithe arb ann dóibh cheana idir na Páirtithe, ach nach gcomhlíonann an Roinn seo, féadfar iad a mhargú sa Pháirtí is allmhaireoir faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) ag mórdhíoltóirí nó táirgeoirí, go ceann tréimhse 2 bhliain; nó

(b) ag miondíoltóirí, go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

([12]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá sé sin gan dochar do dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí maidir le margú agus tráchtálú na dtáirgí sin.

Airteagal 2.27

Fógraí

Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfaidh sé fógra tráthúil don Pháirtí eile maidir le haon leasú ar dhlíthe agus rialacháin a chumhdaítear sa Roinn seo agus a bhfuil tionchar acu ar na táirgí arna dtrádáil eatarthu.

Airteagal 2.28

Comhar maidir le Trádáil i bhFíonta agus Biotáillí

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair a bhaineann le trádáil i bhfíonta agus biotáillí, agus tabharfaidh siad aghaidh orthu, go háirithe:

(a) sainmhínithe ar tháirgí, deimhniúchán agus lipéadú; agus

(b) úsáid cineálacha fíonchaoire san fhíonóireacht agus lipéadú ina leith.

2. Chun cúnamh frithpháirteach idir údaráis fhorfheidhmithe na bPáirtithe a éascú, ainmneoidh gach Páirtí na húdaráis agus na comhlachtaí inniúla a bheidh freagrach as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na n-ábhar a chumhdaítear leis an Roinn seo. Má ainmníonn Páirtí níos mó ná aon údarás nó comhlacht inniúil amháin, áiritheoidh sé comhordú idir na húdaráis agus na comhlachtaí sin. Sa chás sin, ainmneoidh Páirtí údarás idirchaidrimh aonair le feidhmiú mar an pointe teagmhála aonair d'údarás nó do chomhlacht an Pháirtí eile.

3. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí inniúla dá dtagraítear i mír 2, agus faoi aon athrú orthu.

4. Rachaidh na húdaráis agus na comhlachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo i ndlúthchomhar le chéile agus lorgóidh siad bealaí chun cúnamh frithpháirteach a fheabhsú tuilleadh maidir le cur i bhfeidhm na Roinne seo, go háirithe chun cleachtais chalaoiseacha a chomhrac.

Airteagal 2.29

An Fochoiste um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí

1. Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí a bunaíodh le fomhír 1(c) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) na nithe seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus riar na Roinne seo;

(b) fóram a sholáthar chun dul i gcomhar ar ábhair a bhaineann leis an Roinn seo agus chun faisnéis a mhalartú; agus

(c) feidhmiú ceart na Roinne seo a áirithiú.

2. Féadfaidh an Fochoiste um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí moltaí a dhéanamh agus cinntí a ullmhú don Chomhairle Trádála, ar moltaí agus cinntí iad a d'fhéadfaí a ghlacadh mar a dhéantar foráil dó sa Roinn seo.

ROINN D

Gealltanais maidir le Rochtain Neamhtharaife ar an Margadh d'Earnálacha Eile

Airteagal 2.30

Earraí cógaisíochta

Gealltanais shonracha gach Páirtí maidir le rochtain neamhtharaife ar an margadh a bhaineann le táirgí cógaisíochta agus feistí leighis, leagtar amach in Iarscríbhinn 2-F iad.

Airteagal 2.31

Mótarfheithiclí

Gealltanais shonracha gach Páirtí maidir le rochtain neamh-tharaife ar an margadh a bhaineann le mótarfheithiclí agus trealamh agus páirteanna díobh, leagtar amach in Iarscríbhinn 2-G iad.

CAIBIDIL 3

RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS NÓSANNA IMEACHTA TIONSCNAIMH

ROINN A

Rialacha Tionscnaimh

Airteagal 3.1

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'Caibidlí', 'ceannteidil' agus 'fo-cheannteidil' na caibidlí (cóid dhá dhigit), na ceannteidil (cóid ceithre dhigit) agus na fo-cheannteidil (cóid sé dhigit) a úsáidtear in ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe;

(b) ciallaíonn 'údarás rialtais inniúil', i gcás Mheicsiceo, an t-údarás ainmnithe laistigh den Aireacht Gheilleagair (*Secretaría de Economía*), nó a chomharba;

(c) ciallaíonn 'coinsíneacht' táirgí a chuirtear go comhuaineach ó onnmhaireoir amháin chuig coinsíní amháin nó atá cumhdaithe ag doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, in éagmais doiciméad den sórt sin, a sheoltar le sonrasc amháin;

(d) ciallaíonn 'údaráis chustaim' an t-údarás rialtais atá freagrach, faoi dhlí Páirtí, as riarachán, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlíthe agus rialacháin chustaim;

(e) ciallaíonn 'onnmhaireoir' duine atá lonnaithe i gcríoch Pháirtí a onnmhairíonn ó chríoch an Pháirtí sin agus a tharraingíonn suas ráiteas maidir le tionscnamh;

(f) ciallaíonn 'allmhaireoir' duine atá lonnaithe i gcríoch Pháirtí a allmhairíonn earra agus a éilíonn cóir fhabhrach taraife;

(g) ciallaíonn ‘ábhar’ aon chomhábhar, amhábhar, comhpháirt, páirt, nó a leithéid, a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh;

(h) ciallaíonn ‘ábhair neamhthionscnaimh’ ábhair nach gcáilíonn mar ábhair thionscnaimh faoin gCaibidil seo;

(i) ciallaíonn ‘ábhair thionscnaimh’ nó ‘táirgí tionscnaimh’ ábhair nó táirgí, faoi seach, a cháilíonn mar ábhair thionscnaimh nó mar tháirgí tionscnaimh faoin gCaibidil seo;

(j) ciallaíonn ‘táirge’ an táirge atá á mhonarú, fiú má tá sé beartaithe é a úsáid níos déanaí mar ábhar chun táirge eile a tháirgeadh; agus

(k) ciallaíonn ‘táirgeadh’ aon chineál oibrithe nó próiseála nó oibríochtaí sonracha, lena n-áirítear cóimeáil.

Airteagal 3.2

Ceanglais Ghinearálta

1. Chun an chóir fhabhrach taraife arna tabhairt ag Páirtí d’earra tionscnaimh an Pháirtí eile a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gComhaontú seo, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí inar tharla an táirgeadh deiridh iad na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí a fuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin de réir bhrí Airteagal 3.4;

(b) táirgí a tháirgtear sa Pháirtí sin as ábhair thionscnaimh agus as na hábhair sin amháin; nó

(c) táirgí a tháirgtear sa Pháirtí sin ina n-ionchorpraítear ábhair neamhthionscnaimh, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-A.

2. Táirge a mheastar gur de thionscnamh Páirtí é i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní mór dó na ceanglais eile ar fad is infheidhme sa Chaibidil seo a chomhlíonadh, maidir le cóir fhabhrach taraife a dheonú bunaithe ar éileamh de bhun Airteagal 3.16.

3. Má tá stádas tionscnaimh faighte ag táirge, ní mheasfar gur ábhair neamhthionscnaimh iad na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun an táirge sin a tháirgeadh nuair atá an táirge sin ionchorpraithe mar ábhar i dtáirge eile.

4. Chun stádas tionscnaimh a fháil, ní mór go dtáirgfí an táirge ar an mbealach dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) go 1 (c) gan cur isteach i bPáirtí.

Airteagal 3.3

Carnadh Tionscnaimh

1. Measfar gur táirge tionscnamh den Pháirtí eile é táirge de thionscnamh Páirtí má úsáidtear é mar ábhar chun táirge eile a tháirgeadh sa Pháirtí eile sin ([13]).

([13]) I gcás ina bhfuil difríocht idir na Páirtithe ó thaobh na rialacha tionscnaimh maidir le hábhar de, cinnfear tionscnamh an ábhair sin i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis an Páirtí is onnmhaireoir.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más rud é:

(a) nach dtéann táirgeadh táirge thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3.6; agus

(b) gurb é cuspóir na táirgeachta, mar a thaispeántar ar bhonn cheannasacht na fianaise, dul timpeall ar dhlí airgeadais nó cánach aon cheann de na Páirtithe.

Airteagal 3.4

Táirgí a Fuarthas go hIomlán

1. Measfar go bhfuarthas go hiomlán i bPáirtí na nithe seo a leanas:

(a) táirgí mianracha a eastóscadh as a ithir nó as a ghrinneall farraige;

(b) plandaí agus táirgí glasraí a fhástar nó a bhuaintear sa Pháirtí sin;

(c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;

(d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sa Pháirtí sin;

(e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;

(f) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh sa Pháirtí sin;

(g) táirgí a fuarthas de thoradh dobharshaothrú sa Pháirtí sin, más rud é go mbeirtear nó go dtógtar orgánaigh uisceacha, lena n-áirítear éisc, moilisc, crústaigh, inveirteabraigh uisceacha agus plandaí uisceacha agus plandaí uisceacha eile as stoc síl amhail uibheacha, eochraí, gealóga, gilidíní nó larbhaí, trí idirghabháil sna próisis tógtha nó fáis chun feabhas a chur ar an táirgeadh amhail stocáil rialta, beathú nó cosaint ó chreachadóirí;

(h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soitheach de Pháirtí amach as an bhfarraige lasmuigh d'aon fharraige theorann;

(i) táirgí a tháirgtear ar bord loinge monarchan de Pháirtí as táirgí dá dtagraítear i bhfomhír (h) agus as na táirgí sin amháin;

(j) earraí úsáidte a bailíodh ansin nach bhfuil oiriúnach ach amháin chun amhábhair a aisghabháil, lena n-áirítear na hamhábhair sin;

(k) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí táirgthe a rinneadh sa Pháirtí sin;

(l) táirgí a eastóscadh as grinneall na farraige nó as fo-ithir ghrinneall na farraige lasmuigh d'fharraige theorann Páirtí, ar choinníoll go bhfuil cearta acu an grinneall nó an fho-ithir sin a shaothrú nó a oibriú; nó

(m) earraí a táirgeadh sna críocha sin as na táirgí a luaitear go sonrach i bhfomhíreanna (a) go (l) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ciallaíonn na téarmaí 'soitheach de Pháirtí' agus 'long mhonarchan de Pháirtí' i bhfomhíreanna 1(h) agus 1(i) soitheach nó long mhonarchan:

(a) atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i Meicsiceo;

(b) a sheolann faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó faoi bhratach Mheicsiceo; agus

(c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) a bhfuil 50 % de ar a laghad faoi úinéireacht náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de Mheicsiceo; nó

(ii) atá faoi úinéireacht fiontar:

(A) a bhfuil a gceannoifig agus bpríomháit ghnó acu san Aontas Eorpach nó i Meicsiceo; agus

(B) a bhfuil 50 % ar a laghad de faoi úinéireacht eintiteas poiblí, náisiúnach nó fiontar de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de Mheicsiceo.

Airteagal 3.5

Lamháltais

1. Mura gcomhlíonann táirge na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-A de bharr úsáid ábhar neamhthionscnaimh sa táirgeadh, measfar mar sin féin gur de thionscnamh Páirtí an táirge sin, ar choinníoll:

(a) nach mó luach iomlán an ábhair neamhthionscnaimh sin ná 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; agus

(b) nach sáraítear, le cur i bhfeidhm na míre seo, aon cheann de na céatadáin a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-A maidir le luach nó meáchan uasta ábhar neamhthionscnaimh.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63, a bhfuil feidhm ag na lamháltais a leagtar amach i Nótaí 5 agus 6 de Roinn A d'Iarscríbhinn 3-A maidir leo.

3. Níl feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3.4. Má cheanglaítear le hIarscríbhinn 3 A nach mór na hábhair a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh a bheith ina n-ábhair a fuarthas go hiomlán, beidh feidhm ag an lamháltas dá ndéantar foráil le mír 1 den Airteagal seo maidir le suim na n-ábhar sin.

Airteagal 3.6

Oibríochtaí Easpacha Oibrithe nó Próiseála

1. D'ainneoin Airteagal 3.2.1(c), ní mheasfar gur de thionscnamh Páirtí é táirge mura mbeidh ach na hoibríochtaí seo a leanas a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh i dtáirgeadh an táirge i bPáirtí:

(a) oibríochtaí a dhéantar chun a áirithiú go gcoinneofar bail mhaith ar na táirgí le linn a n-iompair agus a stórála amhail aeráil, spré amach, triomú, cuisniú, cur ar salann, dé-ocsaíd sulfair nó tuaslagán uiscí, baint amach páirteanna loite, agus oibríochtaí comhchosúla;

(b) uisce a chur leis go simplí nó caolú nach ndéanann athrú ábhartha ar shaintréithe an táirge, nó díhiodráitiú nó dínádúrú ([14]) táirgí;

(c) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú, lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh;

(d) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;

([14]) Cumhdaítear le dínádúrú alcól a dhéanamh mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine trí shubstaintí tocsaineacha nó bréana a chur leis.

(e) torthaí, cnónna nó glasraí a scamhadh, a scilleagadh agus na clocha a bhaint astu;

(f) scileadh;

(g) gráinní a bhaint amach;

(h) gránaigh agus rís a shnasú nó a ghloiniú; rís a mheilt go páirteach nó go hiomlán;

(i) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó lena ndéantar cnapshiúcra; siúcra gránaithe a mheilt go páirteach nó go hiomlán;

(j) athruithe pacáistíochta, briseadh agus cóimeáil pacáistí;

(k) oibríochtaí simplí pacáistithe;

(l) marcanna, lipéid, lógónna, agus comharthaí idirdhealaithe eile comhchosúla a ghreamú de na táirgí nó dá bpacáistíocht;

(m) níochán, glanadh, deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;

(n) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;

(o) táirgí a mheascadh go simplí ([15]), bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís ([16]);

(p) cóimeáil codanna a aicmítear mar earra iomlán nó críochnaithe i gcomhréir le Riail Léirmhínithe Ghinearálta 2(a) de na Rialacha Ginearálta um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe nó cóimeáil shimplí eile maidir le codanna;

(q) díchóimeáil táirge ina gcodanna nó ina gcomhpháirteanna;

(r) teicstílí agus earraí teicstíle a iarnáil nó a phreasáil;

(s) marú ainmhithe; nó

(t) meascán de dhá oibríocht nó níos mó a shonraítear i bhfomhíreanna (a) go (s).

2. Chun críoch mhír 1, measfar oibríochtaí a bheith simplí más rud é nach dteastaíonn scileanna speisialta, ná meaisíní, fearas, ná uirlisí a táirgeadh nó a suiteáladh go speisialta le haghaidh na n-oibríochtaí sin lena bhfeidhmiú, nó más rud é nach dtugann na hoibríochtaí a leanann as na scileanna, na hinnill, an fearas, nó na huirlisí sin saintréithe nó airíonna fíor-riachtanacha earra don earra sin.

Airteagal 3.7

Aonad Incháilitheachta

1. Chun críocha na Caibidle seo, is é bheidh san aonad incháilitheachta an táirge sonrach a mheastar gurb é an bunaonad é agus an táirge á aicmiú faoin gCóras Comhchuibhithe.

([15]) Táirgí a mheascadh go simplí, cumhdaítear leis siúcra a mheascadh.
([16]) Níl feidhm ag na hoibríochtaí sin maidir le meascadh agus cumasc dá dtagraítear i gCaibidlí 27 go 30, i gCaibidlí 32 go 35 agus i gCaibidil 38.

2. Nuair a dhéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Chomhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine atá san aonad incháilitheachta;

3. I gcás inarb éard atá i gcoinsíneacht líon táirgí comhionanna a aicmítear faoin gceannteideal céanna, cuirfear gach mír san áireamh ar bhonn aonair agus an Chaibidil seo á cur i bhfeidhm.

Airteagal 3.8

Deighilt Chuntasaíochta

1. Más rud é go n-úsáidtear ábhair idirmhalartacha thionscnaimh agus neamhthionscnaimh i dtáirgeadh earra, féadfar bainistiú a dhéanamh ar ábhair tríd an modh deighilte cuntasaíochta a úsáid gan na hábhair a choinneáil i stoic ar leithligh.

2. Má dhéantar na táirgí idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh i gCaibidlí 10, 15, 27, 28, 29, ceannteidil 32.01 go 32.07, nó ceannteidil 39.01 go 39.14 a chumasc go fisiceach nó a mheascadh i stoic i bPáirtí sula n-onnmhairítear chuig an bPáirtí eile iad, féadfar bainistiú na dtáirgí sin a dhéanamh tríd an modh deighilte cuntasaíochta a úsáid gan na táirgí sin a choinneáil i stoic ar leithligh.

3. Chun críoch mhíreanna 1 agus 2, is éard atá in ábhair idirmhalartacha nó i dtáirgí idirmhalartacha ábhair chomhchineáil nó táirgí comhchineáil den cháilíocht tráchtála chéanna, agus na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir a idirdhealú ó chéile, i gcás ábhar, a luaithe a ionchorpraítear sa táirge críochnaithe iad.

4. An modh deighilte cuntasaíochta a úsáidtear chun stoic a bhainistiú, cuirfear i bhfeidhm é de bhun chóras bainistíochta stoic atá i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta sa Pháirtí.

5. Ní mór don chóras bainistíochta stoic a áirithiú tráth ar bith, maidir leis an líon táirgí a fuarthas agus a d'fhéadfaí a mheas mar tháirgí tionscnaimh i bPáirtí, nach bhfuil sé níos mó ná an líon a bheadh faighte dá n-úsáidfí modh lena ndéanfaí na stoic a dheighilt go fisiceach.

6. Ní mór do mhonaróir a úsáideann córas bainistíochta stoic taifid a choimeád ar oibriú an chórais ar taifid iad a bheidh de dhíth ar údaráis chustaim an Pháirtí lena mbaineann chun comhlíontacht le forálacha na Caibidle seo a fhíorú.

7. Féadfaidh Páirtí a cheangal go mbeidh úsáid modha deighilte cuntasaíochta de bhun an Airteagail seo faoi réir údarú a fháil roimh ré ó údaráis chustaim an Pháirtí sin.

8. Féadfaidh údaráis chustaim Páirtí deonú an údaraithe dá dtagraítear i mír 7 a chur faoi réir aon choinníll a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus féadfaidh siad an t-údarú a tharraingt siar má bhaineann an monaróir úsáid mhíchuí as nó má mhainníonn sé aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos sa Chaibidil seo a chomhlíonadh.

Airteagal 3.9

Gabhálais, Páirteanna Spártha agus Uirlisí

1. Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh nó nach bhfuil sonrasc ar leith ag gabháil leo, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

2. Ní chuirfear na gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí dá dtagraítear i mír 1 san áireamh agus tionscnamh an táirge á chinneadh ach amháin chun uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh má tá táirge faoi réir uasluach ábhar neamhthionscnaimh a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-A.

Airteagal 3.10

Tacair

Measfar gur de thionscnamh Páirtí iad tacair, mar a shainmhínítear iad i Riail Ghinearálta 3 um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe, más earraí tionscnaimh iad a gcomhpháirteanna uile. I gcás ina bhfuil idir earraí tionscnaimh agus neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar de thionscnamh Páirtí an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na n-earraí neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas díreach ón monarcha an tacair.

Airteagal 3.11

Eilimintí Neodracha

Chun a chinneadh an táirge de thionscnamh Páirtí é an táirge, ní bheidh sé riachtanach tionscnamh na nithe seo a leanas, ar féidir iad a úsáid le linn a tháirgthe, a chinneadh:

(a) breosla, fuinneamh, catalaígh, agus tuaslagóirí;

(b) trealamh, gairis agus soláthairtí a úsáidtear chun an táirge a thástáil nó chun iniúchadh a dhéanamh air;

(c) lámhainní, spéaclaí, coisbheart, éadaí, trealamh agus soláthairtí sábháilteachta;

(d) innill, uirlisí, díslí agus múnlaí;

(e) gléasra, trealamh, páirteanna spártha agus ábhair a úsáidtear chun trealamh agus foirgnimh a chothabháil;

(f) bealaí, gréisc, ábhair chumaisc agus ábhair eile a úsáidtear sa táirgeadh nó chun trealamh agus foirgnimh a oibriú; agus

(g) ábhair eile nach bhfuil ionchorpraithe sa táirge agus nach mbeartaítear a ionchorprú i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

Airteagal 3.12

Ábhair Phacála, Ábhair Phacáistíochta agus Coimeádáin

1. Ní chuirfear ábhair phacáistíochta agus coimeádáin ina bhfuil an táirge pacáistithe lena mhiondíol san áireamh chun tionscnamh an táirge a chinneadh má aicmítear iad leis an táirge de bhun Riail Ghinearálta 5 um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe, ach amháin chun uasluach ábhar neamhthionscnaimh a ríomh má tá táirge faoi réir uasluach ábhar neamhthionscnaimh i gcomhréir le hIarscríbhinn 3-A.

2. Ní chuirfear ábhair phacála agus coimeádáin ina bhfuil táirge pacáilte lena loingsiú san áireamh chun tionscnamh an táirge a chinneadh.

Airteagal 3.13

Earraí arna dtabhairt ar ais

Má dhéantar earraí tionscnaimh de Pháirtí a onnmhairítear ón bPáirtí sin chuig tríú tír a thabhairt ar ais, measfar gur earraí neamhthionscnaimh iad, ach amháin más féidir an méid seo a leanas maidir leis na hearraí a tugadh ar ais a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) gurb iad na hearraí céanna a onnmhairíodh; agus

(b) nach ndeachaigh siad faoi aon oibríocht seachas an oibríocht a bhí riachtanach chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh a bheith sa tríú tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.

Airteagal 3.14

Neamhathrú

1. Beidh sna hearraí a dhearbhófar le haghaidh allmhairiú i bPáirtí na hearraí céanna a onnmhairíodh ón bPáirtí eile ar dá thionscnamh a mheastar iad a bheith. Ní bheidh athrú ná claochlú déanta ar na hearraí sin ar aon bhealach ná ní bheidh oibríochtaí déanta orthu seachas oibríochtaí chun dea-bhail a choinneáil orthu nó seachas marcanna, lipéid, séalaí nó aon comhartha aitheantais a chur leo nó a ghreamú díobh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir sula ndearbhaítear iad le haghaidh allmhairiú.

2. Féadfar stóráil earraí nó coinsíneachtaí a dhéanamh i dtríú tír ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

3. Gan dochar d'fhorálacha Roinn B, féadfar roinnt coinsíneachtaí a dhéanamh i dtríú tír más é an t-onnmhaireoir a dhéanann an roinnt nó más faoi fhreagracht an onnmhaireora atá sé, ar choinníoll go bhfanann na hearraí faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

4. Measfar gur deimhníodh comhlíonadh mhíreanna 1 go 3 mura mbeidh cúis ag na húdaráis chustaim a mhalairt a chreidiúint. I gcás den sórt sin, soláthróidh an t-allmhaireoir, i gcomhréir le forálacha dhlí gach Páirtí, fianaise ar chomhlíonadh trí mhodh iomchuí, lena n-áirítear trí dhoiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta, nó fianaise fhíorasach nó nithiúil bunaithe ar mharcáil nó ar uimhriú pacáistí nó aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.

Airteagal 3.15

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar lena dtaispeáint i dtríú tír agus a dhíoltar i ndiaidh an taispeántais lena n-allmhairiú i bPáirtí, tairbheoidh siad ar a n-allmhairiú d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí ó Pháirtí chuig an tríú tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;

(b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine i bPáirtí;

(c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais, sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chuspóir seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Ní mór ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le forálacha Roinn B agus a chur isteach chuig údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir ar an ngnáthbhealach. Caithfidh ainm agus seoladh an taispeántais a bheith luaite air.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitreabh gnó d'fhonn na táirgí sin a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

4. Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir fianaise a éileamh lena léireofaí gur coinníodh na táirgí faoi rialú custaim sa tríú tír ina raibh an taispeántas ar siúl, chomh maith le fianaise dhoiciméadach bhreise ar na coinníollacha faoinar taispeánadh iad.

ROINN B

Nósanna Imeachta Tionscnaimh

Airteagal 3.16

Éileamh ar Chóir Fhabhrach Taraife agus Ráiteas maidir le Tionscnamh

1. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir cóir fhabhrach taraife a dheonú do tháirge de thionscnamh an Pháirtí eile, tráth a allmhairithe, de réir bhrí Airteagal 3.2 ar bhonn éilimh ón allmhaireoir ar chóir fhabhrach taraife, ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceanglas eile is infheidhme sa Chaibidil seo.

2. Beidh an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 3.18 a sholáthróidh an t-onnmhaireoir ar shonrasc nó ar aon doiciméad tráchtála eile.

3. Áireofar an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife agus an ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear i mír 2 sa dearbhú allmhairiúcháin custaim, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir.

4. An t-allmhaireoir a bhfuil éileamh á dhéanamh aige bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear i mír 2, beidh an ráiteas maidir le tionscnamh ina sheilbh aige agus, i gcás ina n-éileofar é, cuirfidh sé cóip den ráiteas maidir le tionscnamh ar fáil d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir.

5. Níl feidhm ag míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo maidir leis na cásanna a shonraítear in Airteagal 3.23.

Airteagal 3.17

Éilimh ar Chóir Fhabhrach Taraife i ndiaidh Allmhairiúcháin

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfaidh allmhaireoir cóir fhabhrach taraife a éileamh i ndiaidh an allmhairithe agus aisíocaíocht a fháil maidir le haon dleacht chustaim bhreise a íocadh as an earra allmhairithe i gcás nach ndearna an t-allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe agus go gcáileodh an t-earra atá i gceist, tráth an allmhairithe, d'éileamh den sórt sin mar earra tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 3.2.

2. Déanfaidh an t-allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin tar éis dháta an allmhairithe. Mar choinníoll chun cóir fhabhrach taraife a dheonú de bhun mhír 1, féadfaidh Páirtí a cheangal ar an allmhaireoir:

(a) cóip den ráiteas maidir le tionscnamh don earra lena mbaineann a sholáthar;

(b) gach doiciméad eile is gá chun an t-earra a allmhairiú a chur isteach; agus

(c) a dhearbhú gur earra tionscnaimh a bhí san earra tráth a allmhairithe.

Airteagal 3.18

Coinníollacha le haghaidh an Ráitis Maidir le Tionscnamh a Tharraingt Suas

1. Féadfaidh onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear in Airteagal 3.16.2 a tharraingt suas, ar onnmhaireoir é atá cláraithe:

(a) i Meicsiceo, mar onnmhaireoir atá údaraithe ag an údarás rialtais inniúil faoi réir aon choinníll a mheastar a bheith iomchuí chun stádas tionscnaimh na n-earraí a fhíorú, chomh maith le comhlíontacht na gceanglas eile sa Chaibidil seo; agus

(b) san Aontas Eorpach, mar onnmhaireoir i gcomhréir le dlí ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh (Córas Onnmhaireoirí Cláraithe).

2. Deonóidh na húdaráis chustaim nó an t-údarás rialtais inniúil uimhir don onnmhaireoir cláraithe a bheidh le feiceáil ar an ráiteas maidir le tionscnamh. Déanfaidh na húdaráis chustaim nó an t-údarás rialtais inniúil an próiseas clárúcháin a bhainistiú agus féadfaidh siad an clárúchán a tharraingt siar i gcás ina mbainfeadh an t-onnmhaireoir úsáid mhícheart as.

3. Féadfaidh aon onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear in Airteagal 3.16.2 a tharraingt suas le haghaidh aon choinsíneacht atá comhdhéanta de phacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

4. Déanfaidh an t-onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas trí úsáid a bhaint as ceann de na leaganacha teanga a áirítear in Iarscríbhinn 3-B ar shonrasc nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina dtugtar tuairisc ar an earra tionscnaimh ar leor í chun gur féidir é a shainaithint.

5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar ráitis maidir le tionscnamh. Ní cheanglófar ar onnmhaireoir atá cláraithe i gcomhréir le mír 1 ráitis den sórt sin a shíniú ar choinníoll go nglacann an t-onnmhaireoir freagracht iomlán i dtreo údaráis chustaim nó údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir i ndáil le haon ráiteas maidir le tionscnamh lena sainaithnítear an t-onnmhaireoir amhail is gur shínigh an t-onnmhaireoir sin an ráiteas maidir le tionscnamh de láimh.

6. Maidir leis an onnmhaireoir a dhéanfaidh ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas, beidh sé sásta a chur isteach tráth ar bith, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim nó d'údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir, gach doiciméad iomchuí a chruthaíonn stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann agus a chruthaíonn gur comhlíonadh ceanglais eile na Caibidle seo.

7. Féadfaidh an t-onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas tráth a onnmhairítear na hearraí lena mbaineann an ráiteas, nó i ndiaidh a n-onnmhairithe.

Airteagal 3.19

Bailíocht an Ráitis maidir le Tionscnamh

1. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí go ceann 1 bhliain amháin ón dáta a tarraingíodh suas é.

2. Féadfaidh feidhm a bheith ag ráiteas maidir le tionscnamh maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) lastas amháin de tháirge; nó

(b) il-lastais de tháirgí comhionanna laistigh d'aon tréimhse nach faide ná 12 mhí a shonraítear sa ráiteas maidir le tionscnamh.

Airteagal 3.20

Allmhairiú i dTráthchodanna

I gcás ina ndéanfar, arna iarraidh sin d'onnmhaireoir agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos ag údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, earraí a allmhairiú i dtráthchodanna, ar earraí iad atá díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Ranna XV go XXI den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear aon ráiteas aonair maidir le tionscnamh isteach, mar a éilíonn na húdaráis chustaim, tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

Airteagal 3.21

Mion-neamhréitigh agus Mionearráidí

1. Mion-neamhréitigh idir an ráiteas maidir le tionscnamh agus na doiciméid a chuirtear isteach chuig an oifig chustaim chun na foirmiúlachtaí maidir leis na hearraí a allmhairiú a dhéanamh, ní chuirfear an ráiteas maidir le tionscnamh ar neamhní go hiomlán dá mbarr, i gcás ina suífear go gcomhfhreagraíonn an doiciméad sin do na táirgí lena mbaineann.

2. Ní dhiúltóidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife de dheasca mionearráidí sa ráiteas maidir le tionscnamh, amhail earráidí cló.

Airteagal 3.22

Ceanglais maidir le Taifid a Choinneáil

1. Allmhaireoir a dhéanann éileamh ar chóir fhabhrach taraife le haghaidh earra a allmhairítear isteach i bPáirtí, beidh an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraing an t-allmhaireoir suas ina sheilbh aige agus coinneoidh sé é go ceann 3 bliana ar a laghad tar éis dháta allmhairithe an táirge nó go ceann tréimhse níos faide de réir mar a shonróidh an Páirtí is allmhaireoir.

2. Onnmhaireoir a bhfuil ráiteas maidir le tionscnamh tarraingthe suas aige, beidh cóip den ráiteas maidir le tionscnamh agus de na taifid eile uile ina sheilbh aige, ar taifid iad lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais chun stádas tionscnaimh a fháil, agus coinneoidh sé go ceann 3 bliana iad ar a laghad tar éis dó an ráiteas maidir le tionscnamh sin a dhéanamh, nó go ceann tréimhse níos faide de réir mar a shonróidh an Páirtí is onnmhaireoir.

3. Féadfar na taifid atá le coinneáil i gcomhréir leis an Airteagal seo a choinneáil i bhformáid leictreonach.

Airteagal 3.23

Díolúintí ón Ráiteas maidir le Tionscnamh

1. Earraí a sheolfar mar phacáistí ar luach íseal ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe, ligfear isteach i gcáil earraí tionscnaimh iad gan ráiteas maidir le tionscnamh a éileamh ina leith, ar choinníoll nach bhfuil na hearraí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na Caibidle seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor.

2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad más léir ar chineál agus ar chainníocht na n-earraí nach bhfuil aon chríoch trádála beartaithe dóibh, ar choinníoll nach mbeidh an t-allmhairiú ina chuid de shraith allmhairithe a d'fhéadfaí a mheas go réasúnta go ndearnadh ar leithligh iad chun an ceanglas i ndáil le ráiteas maidir le tionscnamh a sheachaint.

3. Ní sháróidh luach iomlán na n-earraí dá dtagraítear i mír 1 EUR 500 nó a chomhionann in airgeadra an Pháirtí i gcás pacáistí ar luach íseal, ná EUR 1 200 nó a chomhionann in airgeadra an Pháirtí i gcás earraí ar cuid de bhagáiste pearsanta taistealaí iad.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann bac ar Pháirtí rialuithe custaim iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha a leagtar amach i míreanna 1 go 3.

Airteagal 3.24

Fíorú Tionscnaimh agus Comhar Riaracháin

1. Soláthróidh na Páirtithe dá chéile seoltaí agus faisnéis teagmhála na n-údarás custaim nó an údaráis rialtais inniúil atá freagrach as na ráitis maidir le tionscnamh a fhíorú.

2. Chun cur i bhfeidhm ceart na Caibidle seo a áirithiú, tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, trína gcuid údarás custaim nó tríd an údarás rialtais inniúil, chun a fhíorú cé acu an earraí tionscnaimh iad na hearraí nó nach iad, chomh maith le barántúlacht na ráiteas maidir le tionscnamh agus cruinneas na faisnéise a sholáthraítear sna ráitis sin a fhíorú.

3. Déanfar fíoruithe ar ráitis maidir le tionscnamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir faoi bharántúlacht na ráiteas, stádas tionscnaimh na n-earraí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá sa Chaibidil seo.

4. Chun na forálacha i mír 3 a chur chun feidhme, iarrfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir fíorú i scríbhinn maidir le tionscnamh ar údarás custaim nó ar údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

(a) céannacht an údaráis custaim a d'eisigh an iarraidh;

(b) ainm an onnmhaireora atá le fíorú;

(c) ábhar agus raon feidhme an fhíoraithe; agus

(d) cóip den ráiteas maidir le tionscnamh agus, más infheidhme aon doiciméadacht ábhartha eile.

5. Is é údarás custaim nó údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise a iarraidh agus cigireacht de chineál ar bith a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon chineál eile seiceála a dhéanamh a mheasann siad a bheith iomchuí.

6. Cuirfidh údarás custaim nó údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir an t-údarás custaim a iarrann an fíorú ar an eolas faoi thorthaí an fhíoraithe sin a luaithe is féidir. Cuirfear na torthaí i láthair i dtuarascáil scríofa lena léirítear go soiléir cé acu is féidir nó nach féidir a mheas gur earraí tionscnaimh iad na hearraí lena mbaineann, go bhfuil an ráiteas maidir le tionscnamh barántúil agus go gcomhlíontar ceanglais eile na Caibidle seo. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil scríofa sin:

(a) torthaí an fhíorúcháin;

(b) tuairisc ar na hearraí a bhí faoi réir fíorú agus an t-aicmiú taraife atá ábhartha do chur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh;

(c) tuairisc agus míniú ar an réasúnaíocht maidir le stádas tionscnaimh an earra; agus

(d) doiciméadacht tacaíochta, más infhaighte.

7. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra laistigh de 10 mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach sa fhreagra chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó tionscnamh an earra a chinneadh, beidh na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú i dteideal an chóir fhabhrach a dhiúltú, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

8. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra don Pháirtí is onnmhaireoir laistigh de 60 lá ón dáta a fuarthas an tuarascáil scríofa más ann do dhifríochtaí i ndáil le nósanna imeachta fíorúcháin an Airteagail seo, nó i ndáil leis an léirmhíniú ar na rialacha tionscnaimh, chun a chinneadh cé acu a cháilíonn earra mar earra tionscnaimh nó nach gcáilíonn, agus mura féidir na difríochtaí sin a réiteach trí chomhairliúcháin idir an t-údarás custaim a d'iarr an fíorú agus an t-údarás custaim nó an t-údarás rialtais inniúil a bhí freagrach as an bhfíorú a dhéanamh.

9. Cuirfidh na Páirtithe comhairliúcháin ar siúl agus tabharfaidh siad na comhairliúcháin sin i gcrích laistigh de 90 lá tar éis dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 8, chun na difríochtaí sin a réiteach, arna iarraidh sin do cheachtar den dá Pháirtí. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse chun comhairliúcháin a thabhairt i gcrích, ar bhonn cás ar chás, trí thoiliú frithpháirteach i scríbhinn idir na Páirtithe. Féachfaidh na Páirtithe leis na difríochtaí sin a réiteach laistigh den Fhochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh a bunaíodh le fomhír 1(d) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile).

10. Ní chuirtear cosc leis an gCaibidil seo, ar údarás custaim Páirtí aon bheart eile a mheasann sé is gá a dhéanamh ar feitheamh réiteach faoin gComhaontú seo ar na difríochtaí dá dtagraítear i mír 8.

Airteagal 3.25

Rúndacht

1. Coimeádfaidh gach Páirtí, de réir a dhlí, rúndacht na faisnéise arna cur ar fáil ag an bPáirtí eile dó, de bhun na Caibidle seo, agus cosnóidh sé an fhaisnéis sin ar nochtadh.

2. Ní fhéadfaidh údaráis chustaim nó údarás rialtais inniúil an Pháirtí is allmhaireoir an fhaisnéis a fhaightear ón bPáirtí eile a úsáid ach amháin chun críocha na Caibidle seo.

3. Ní nochtfaidh údaráis chustaim ná údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir faisnéis rúnda gnó a fuarthas ón onnmhaireoir, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chaibidil seo.

4. Ní bhainfidh an Páirtí is allmhaireoir úsáid as an bhfaisnéis a fuair a údarás custaim de bhun na Caibidle seo in aon imeacht coiriúil a dhéanfaidh cúirt nó breitheamh, ach amháin i gcás ina gcuirfear an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas i scríbhinn ag an bPáirtí is allmhaireoir faoin bhfaisnéis atá beartaithe aige a úsáid agus faoin údar leis an úsáid sin, agus ar choinníoll nach ndéanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir aon agóid ina leith.

5. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a chuireann bac ar Pháirtí úsáid a bhaint as faisnéis rúnda chun críocha an dlí custaim a bhaineann leis an gCaibidil seo a riar nó a fhorfheidhmiú, nó mar a éileofar ar shlí eile le dlí an Pháirtí, lena n-áirítear in imeachtaí riaracháin, gar-bhreithiúnacha nó breithiúnacha.

Airteagal 3.26

Bearta agus Smachtbhannaí Riaracháin

Forchuirfidh Páirtí bearta riaracháin agus smachtbhannaí ar aon duine a tharraingíonn suas doiciméad, nó a chuireann faoi deara doiciméad a tharraingt suas, a bhfuil faisnéis mhíchruinn ann chun cóir fhabhrach taraife a fháil le haghaidh earraí.

ROINN C

Forálacha Eile

Airteagal 3.27

An Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le Ceuta agus Melilla

1. Chun críocha na Caibidle seo, i gcás an Aontais Eorpaigh, níl Ceuta agus Melilla san áireamh leis an téarma 'Páirtí'.

2. Maidir le hearraí tionscnaimh de chuid Mheicsiceo, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta agus Melilla iad, beidh siad faoi réir na córa custaim céanna faoin gComhaontú seo, ar gach slí, leis an gcóir chustaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 d'Ionstraim Aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Aontas Eorpach. Tabharfaidh Meicsiceo d'allmhairí earraí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad an chóir chustaim chéanna agus a thugtar d'earraí a allmhairítear ón Aontas Eorpach agus dá thionscnamh.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha tionscnaimh agus ag na nósanna imeachta maidir le tionscnamh dá dtagraítear sa Chaibidil seo maidir le táirgí a onnmhairítear ó Mheicsiceo go Ceuta agus Melilla agus maidir le táirgí a onnmhairítear ó Ceuta agus Melilla go Meicsiceo.

4. Measfar gurb aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.

5. Cuirfidh an t-onnmhaireoir 'Meicsiceo' nó 'Ceuta agus Melilla' isteach i réimse 3 de théacs an ráitis maidir le tionscnamh, ag brath ar thionscnamh an earra.

6. Is iad údaráis chustaim na Spáinne a bheidh freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme in Ceuta agus Melilla.

Airteagal 3.28

Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne

Cóir fhabhrach taraife earraí tionscnaimh de chuid Andóra agus San Mairíne, agus an cinneadh maidir le tionscnamh na n-earraí sin, leagtar amach in Iarscríbhinn 3-C iad.

Airteagal 3.29

Nótaí míniúcháin

Nótaí míniúcháin i ndáil le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus riar na Caibidle seo, leagtar amach iad in Iarscríbhinn 3-D.

Airteagal 3.30

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le hearraí a ndearnadh éileamh ar chóir fhabhrach taraife agus allmhairiú ina leith roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag na rialacha agus ag na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Chomhphobail Eorpaigh agus Mheicsiceo [17] agus i bhFoscríbhinní I go V a ghabhann leis go ceann uastréimhse 3 bliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

[17] Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Chomhphobail Eorpaigh agus Mheicsiceo an 23 Márta 2000 (IO AE L 157, 30.6.2000, lch. 10).

2. Cruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 agus i bhFoscríbhinní I go V a ghabhann leis, maidir le hearraí nach ndearnadh éileamh ar chóir fhabhrach taraife ina leith faoi dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní bheidh sé bailí.

3. Maidir le hearraí a bheidh, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, faoi bhealach ón bPáirtí is onnmhaireoir go dtí an Páirtí is allmhaireoir nó faoi rialú custaim sa Pháirtí is allmhaireoir gan dleachtanna allmhairiúcháin ná cánacha a íoc, déanfar éileamh ar chóir fhabhrach taraife i gcomhréir le hAirteagal 3.16, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na hearraí sin ceanglais na Caibidle seo.

Airteagal 3.31

Modhnuithe ar an gCaibidil seo

Féadfaidh an Chomhairle Trádála forálacha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 3-A go 3-D a mhodhnú trí chinneadh a dhéanamh.

Airteagal 3.32

An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

Chun críocha chur i bhfeidhm éifeachtach agus oibriú na Caibidle seo, is iad na feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 4.17 (An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh) atá i bhfeidhmeanna an Fhochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh.

CAIBIDIL 4

CUSTAIM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

Airteagal 4.1

Cuspóirí Ginearálta

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá custam agus éascú trádála i dtimpeallacht athraitheach na trádála domhanda.

2. Aithníonn na Páirtithe, i dtaobh a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, gur cheart dóibh ionstraimí trádála agus custaim idirnáisiúnta agus na caighdeáin is infheidhme sa réimse custam agus trádála a chur san áireamh, amhail na gnéithe substainteacha i gCoinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto um Shimpliú agus Chomhchuibhiú Nósanna Imeachta Custaim, arna dhéanamh in Kyoto an 18 Bealtaine 1973 agus arna ghlacadh ag Comhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i Mí an Mheithimh 1999, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983, chomh maith le Creat Caighdeán na hEagraíochta Domhanda Custaim, chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú, arna glacadh i mí an Mheithimh 2005 (dá ngairtear 'Creat Caighdeán SAFE' anseo feasta), agus Samhail Sonraí na hEagraíochta Domhanda Custaim.

3. Aithníonn na Páirtithe go mbeidh a ndlíthe agus a rialacháin neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh nósanna imeachta custaim bunaithe ar úsáid modhanna nua-aimseartha agus rialuithe éifeachtacha chun cosaint agus éascú na trádála dlisteanaí a bhaint amach.

4. Aithníonn na Páirtithe freisin nach mbeidh a nósanna imeachta custaim níos troime ó thaobh riaracháin de nó níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach, agus gur cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach atá intuartha, comhsheasmhach agus trédhearcach.

5. Chun trédhearcacht, éifeachtúlacht, ionracas agus cuntasacht oibríochtaí a áirithiú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) ceanglais agus foirmiúlachtaí a shimpliú agus a athbhreithniú aon uair is féidir d'fhonn earraí a scaoileadh agus a imréiteach go tapa;

(b) oibriú i dtreo tuilleadh simplithe agus caighdeánaithe a dhéanamh ar shonraí agus ar dhoiciméadacht a éilíonn gníomhaireachtaí custaim agus gníomhaireachtaí eile chun an t-am agus na costais a bhaineann leo a laghdú do thrádálaithe nó d'oibreoirí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide; agus

(c) a áirithiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ionracais ar bun, trí bhearta a chur i bhfeidhm lena léireofar prionsabail na gcoinbhinsiún agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an chustaim agus an éascaithe trádála.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar eatarthu a threisiú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar leis an reachtaíocht ábhartha agus leis na nósanna imeachta ábhartha, agus le cumas riaracháin na gcóras riaracháin ábhartha chomh maith, na cuspóirí maidir le héascú trádála a chur chun cinn, agus rialú custaim éifeachtach á áirithiú ag an am céanna.

Airteagal 4.2

Trédhearcacht agus Foilsiú

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil, de réir mar is iomchuí, maidir le comhairliúcháin thráthrialta idir gníomhaireachtaí teorann agus trádálaithe nó páirtithe leasmhara eile laistigh dá chríoch.

2. Déanfaidh gach Páirtí a dhlíthe, a rialacháin agus a nósanna imeachta agus treoirlínte ginearálta riaracháin, a bhaineann le hábhair chustaim agus éascaithe trádála, a fhoilsiú go pras, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach a bheidh inrochtana go héasca, lena n-áirítear ar líne, agus déanfar sin i mBéarla a mhéid is féidir. Áirítear ar na hábhair sin:

(a) nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n-áirítear nósanna imeachta calafoirt, nósanna imeachta aerfoirt agus nósanna imeachta eile a bhaineann leis an bpointe iontrála, agus na foirmeacha agus doiciméid is gá;

(b) rátaí feidhmeacha dleachtanna agus cánacha de chineál ar bith a fhorchuirtear ar allmhairiú nó onnmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú;

(c) táillí agus muirir a fhorchuireann gníomhaireachtaí rialtais, nó a fhorchuirtear ar a son, ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras nó i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(d) rialacha chun earraí a aicmiú nó a luacháil chun críoch custaim;

(e) dlíthe, rialacháin agus rialuithe riaracháin ag a bhfuil feidhm ghinearálta a bhaineann le rialacha tionscnaimh;

(f) srianta nó toirmisc ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(g) forálacha pionóis i gcoinne sáruithe ar fhoirmiúlachtaí allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin nó idirthurais;

(h) nósanna imeachta achomhairc;

(i) comhaontuithe nó codanna díobh le haon tír nó tíortha a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(j) nósanna imeachta a bhaineann le riar taraif-chuótaí;

(k) uaireanta oibriúcháin agus nósanna imeachta oibriúcháin le haghaidh oifigí custaim ag calafoirt agus ag pointí trasnaithe teorann; agus

(l) pointí fiosrúcháin le haghaidh fiosruithe faisnéise.

3. Déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, foráil maidir le deiseanna agus tréimhse iomchuí do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile chun barúil a thabhairt ar dhlíthe agus ar rialacháin ag a bhfuil feidhm ghinearálta a bheartaítear a thabhairt isteach nó a leasú, ar dlíthe agus rialacháin iad a bhaineann le hábhair chustaim agus éascaithe trádála.

4. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, maidir le dlíthe agus rialacháin nua nó leasaithe ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus a bhaineann le hábhair chustaim agus éascú trádála, agus aon fhaisnéis ina leith, go gcuirfear ar fáil go poiblí iad a luaithe is féidir roimh theacht i bhfeidhm dóibh, chun cur ar a gcumas do thrádálaithe agus do dhaoine leasmhara eile eolas a chur orthu.

5. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag míreanna 3 ná 4 maidir le hathruithe ar dhleachtrátaí nó rátaí taraife, bearta a bhfuil éifeacht faoisimh acu, bearta a ndéanfaí dochar dá n-éifeachtacht de thoradh chomhlíontacht le míreanna 3 agus 4, bearta a chuirtear i bhfeidhm in imthosca práinneacha nó mion-athruithe ar a dhlí intíre agus ar a chóras dlí.

6. Bunóidh gach Páirtí, nó coinneoidh sé ar bun, pointe fiosrúcháin amháin nó níos mó chun aghaidh a thabhairt ar fhiosruithe ó thrádálaithe agus ó dhaoine leasmhara eile maidir le hábhair chustaim agus éascaithe trádála agus cuirfidh sé faisnéis a bhaineann leis na nósanna imeachta le haghaidh fiosruithe den sórt sin a dhéanamh ar fáil go poiblí ar an idirlíon.

7. Ní éileoidh Páirtí go n-íocfar táille chun fiosrúcháin a fhreagairt ná chun na foirmeacha agus doiciméid is gá a sholáthar.

8. Leis na pointí fiosrúcháin, soláthrófar freagra ar fhiosrúcháin agus soláthrófar na foirmeacha agus na doiciméid laistigh de thréimhse réasúnta arna leagan amach ag gach Páirtí, ar tréimhse í a fhéadfar a athrú ag brath ar chineál nó castacht an fhiosrúcháin.

Airteagal 4.3

Ceanglais maidir le Sonraí agus Doiciméadacht

1. D'fhonn minicíocht agus castacht na bhfoirmiúlachtaí maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, agus na gceanglas maidir le sonraí agus doiciméadacht a shimpliú agus a íoslaghdú, áiritheoidh gach Páirtí, de réir mar is iomchuí, i ndáil leis na foirmiúlachtaí sin agus leis na ceanglais sin maidir le dáta agus doiciméadacht:

(a) go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad d'fhonn earraí a scaoileadh go tapa, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha don scaoileadh;

(b) go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é is aidhm dó an t-am agus an costas a bhaineann le comhlíontacht a laghdú do thrádálaithe agus d'oibreoirí;

(c) gurb iad an rogha is lú sriantach ar thrádáil iad, i gcás ina mbeadh dhá rogha mhalartacha nó níos mó ar fáil go réasúnta chun an cuspóir beartais nó na cuspóirí beartais i gceist a chomhlíonadh; agus

(d) nach gcoinneofaí ar bun iad, lena n-áirítear codanna díobh, mura mbeadh gá leo a thuilleadh.

2. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta custaim coiteanna agus ceanglais aonfhoirmeacha maidir le sonraí agus doiciméadacht i bhfeidhm i ndáil le hearraí a scaoileadh ar fud a chríche. Ní chuirfidh aon ní sa mhír seo bac ar Pháirtí a nósanna imeachta custaim agus a cheanglais maidir le sonraí agus doiciméadacht a idirdhealú bunaithe ar ghnéithe amhail bainistiú riosca, cineál agus saghas earraí, nó modh iompair.

Airteagal 4.4

Uathoibriú agus Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise lena mbrostaítear nósanna imeachta le haghaidh earraí a scaoileadh chun trádáil idir na Páirtithe a éascú;

(b) córais leictreonacha a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí custaim;

(c) cead a thabhairt chun dearbhú custaim a chur isteach i bhformáid leictreonach; agus

(d) úsáid a bhaint as córais bainistíochta riosca leictreonacha nó uathoibríocha.

2. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta nó coinneoidh gach Páirtí nósanna imeachta ar bun lena gceadaítear íocaíocht leictreonach dleachtanna, cánacha, táillí agus muirear arna mbailiú ag údaráis chustaim agus arna dtabhú ar allmhairiú agus ar onnmhairiú.

Airteagal 4.5

Scaoileadh Earraí

1. Glacfaidh gach Páirtí nó coinneoidh sé ar bun nósanna imeachta, ar nósanna imeachta iad:

(a) lena ndéantar foráil maidir le scaoileadh pras earraí laistigh de thréimhse nach faide ná mar is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar a dhlí custaim agus dlíthe agus rialacháin eile a bhaineann le trádáil;

(b) lena ndéantar foráil maidir le réamhchur isteach agus réamhphróiseáil leictreonach sonraí custaim agus doiciméadachta agus aon fhaisnéis eile is gá sula dtiocfaidh na hearraí isteach, chun gur féidir earraí a scaoileadh ó rialú custaim ar theacht isteach dóibh;

(c) lena gceadaítear earraí a scaoileadh ag an gcéad phointe teachta gan iad a aistriú go sealadach chuig trádstórais nó saoráidí eile; agus

(d) lena gceadaítear earraí a scaoileadh sula gcinnfear go críochnaitheach na dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir, mura ndéanfar cinneadh den sórt sin roimh theacht, nó a luaithe is féidir tar éis teachta agus ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais rialála eile uile; sula scaoilfear na hearraí, féadfaidh Páirtí a cheangal go dtabharfadh allmhaireoir ráthaíocht leordhóthanach i bhfoirm urra, taisce nó ionstraim iomchuí eile, nach mbeadh níos airde ná an méid a d'éileofaí chun a áirithiú go n-íocfaí dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir dlite do na hearraí a chumhdaítear leis an ráthaíocht agus a d'urscaoilfí nuair nach mbeadh gá leis an ráthaíocht sin a thuilleadh.

2. Féadfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, lena ligfear do thrádálaithe nó d'oibreoirí tairbhe a bhaint as simpliú breise ar nósanna imeachta custaim, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin.

Airteagal 4.6

Bainistiú Riosca

1. Glacfaidh gach Páirtí córas bainistithe riosca le haghaidh rialú custaim, nó coinneoidh sé córas den sórt sin ar bun, lena gcuirfear ar a gcumas dá údaráis chustaim a ngníomhaíochtaí cigireachta a dhíriú isteach ar choinsíneachtaí ardriosca agus scaoileadh coinsíneachtaí ísealriosca a bhrostú.

2. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach lena seachnófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar, nó srianta faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

3. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a bhunú ar mheasúnú riosca trí chritéir iomchuí roghnaíochta.

4. Féadfaidh gach Páirtí coinsíneachtaí a roghnú freisin, ar bhonn randamach, le haghaidh rialuithe custaim mar chuid dá bhainistiú riosca.

5. Chun trádáil a éascú, déanfaidh gach Páirtí an córas bainistithe riosca dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

Airteagal 4.7

Réamhrialuithe

1. Is éard atá i réamhrialú, cinneadh i scríbhinn a sholáthraíonn Páirtí d'iarratasóir, trína údaráis chustaim, sula n-allmhairítear earra isteach ina chríoch, ar earra é a chumhdaítear leis an iarratas ina leagtar amach an chóir a sholáthróidh an Páirtí don earra tráth an allmhairithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) aicmiú taraife an earra;

(b) tionscnamh an earra ([18]); agus

(c) aon ábhar eile de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

2. Eiseoidh Páirtí an réamhrialú ar bhealach réasúnta agus faoi cheangal ama don iarratasóir a bhfuil iarratas curtha isteach aige, lena n-áirítear i bhformáid leictreonach, ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis uile is gá ann i gcomhréir le dlíthe agus le rialacháin an Pháirtí sin. Féadfaidh Páirtí sampla a iarraidh den earra arb ina leith a bhfuil réamhrialú á lorg ag an iarratasóir.

3. Beidh an réamhrialú bailí go ceann tréimhse 3 bliana ar a laghad ó dháta a eisithe, ach amháin i gcás ina dtagann athrú ar an dlí, ar na fíorais nó ar na himthosca a thacaíonn leis an rialú sin.

4. Féadfaidh Páirtí diúltú réamhrialú a eisiúint má tá na fíorais agus na himthosca atá mar bhonn don réamhrialú faoi réir athbhreithniú riaracháin nó bhreithiúnach, nó mura bhfuil an t-iarratas bunaithe ar fhíorais réalaíocha agus nithiúla, nó mura mbaineann sé le haon úsáid atá beartaithe don réamhrialú. Páirtí a dhiúltaíonn réamhrialú a eisiúint, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir go pras, ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh.

5. Foilseoidh gach Páirtí, ar a laghad:

(a) na ceanglais chun iarratas a dhéanamh ar réamhrialú, lena n-áirítear an fhaisnéis atá le soláthar agus an fhormáid;

(b) an teorainn ama faoina n-eiseoidh sé réamhrialú; agus

(c) an tréimhse a mbeidh an réamhrialú bailí lena linn.

([18]) De réir an Chomhaontaithe maidir le Rialacha Tionscnaimh atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT nó Chaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh) den Chomhaontú seo.

6. Má dhéanann Páirtí réamhrialú a chúlghairm, a mhodhnú nó a neamhniú, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir go pras, ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh. Ní féidir le Páirtí réamhrialú le héifeacht chúlghabhálach a chúlghairm, a mhodhnú ná a neamhniú ach amháin i gcás ina raibh an rialú bunaithe ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil a bhí neamhiomlán, mícheart, bréagach nó míthreorach.

7. Beidh réamhrialú arna eisiúint ag Páirtí ceangailteach ar an iarratasóir agus ar an bPáirtí sin i leith an iarratasóra a d'iarr é.

8. Soláthróidh Páirtí, arna iarraidh sin i scríbhinn d'iarratasóir, athbhreithniú ar an réamhrialú nó ar an gcinneadh réamhrialú a chúlghairm, a mhodhnú nó a neamhniú.

9. Faoi réir aon cheanglas maidir le rúndacht ina dhlíthe agus ina rialacháin, féachfaidh Páirtí leis na gnéithe substainteacha dá réamhrialuithe a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar líne.

Airteagal 4.8

Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí clár comhpháirtíochta maidir le héascú trádála (dá ngairtear 'clár OEÚ' anseo feasta) a bhunú nó a choinneáil ar bun le haghaidh oibreoirí a chomhlíonann critéir shonraithe (oibreoirí eacnamaíocha údaraithe (dá ngairtear 'OEÚ' anseo feasta) i gcomhréir leis an gCreat Caighdeán SAFE.

2. Foilseofar na critéir shonraithe ([19]) chun cáiliú mar OEÚ agus bainfidh siad le comhlíonadh na gceanglas, nó leis an riosca maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a shonraítear i ndlíthe, i rialacháin nó i nósanna imeachta gach Páirtí.

3. Na critéir shonraithe chun cáiliú mar OEÚ, ní cheapfar ná ní chuirfear i bhfeidhm iad chun idirdhealú treallach nó dochosanta a chruthú idir oibreoirí i gcás ina bhfuil na coinníollacha céanna i réim, agus ceadófar leo rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide.

4. Áireofar sa chlár OEÚ tairbhí sonracha do OEÚnna, agus gealltanais na bPáirtithe i gcomhréir le hAirteagal 7.7.3 den Chomhaontú um Éascú Trádála atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun aitheantas frithpháirteach dá gcláir OEÚ a bhunú, más ábhartha agus más iomchuí, ar choinníoll go mbeidh na cláir comhoiriúnach agus bunaithe ar chritéir choibhéiseacha agus ar thairbhí coibhéiseacha.

Airteagal 4.9

Athbhreithniú nó Achomharc

1. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta éifeachtacha, prasa, neamh-idirdhealaitheacha ar fáil a mbeidh rochtain éasca orthu chun an ceart chun achomhairc in aghaidh chinneadh faoi ábhar custaim a ráthú.

([19]) Féadfaidh Páirtí úsáid a bhaint as na critéir dá ndéantar foráil in Airteagal 7.7.2 den Chomhaontú um Éascú Trádála atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le duine ar chuige a n-eiseoidh sé cinneadh faoi ábhar custaim, go mbeidh rochtain ag an duine sin laistigh dá chríoch ar:

(a) athbhreithniú riaracháin ag údarás riaracháin nó achomharc riaracháin chuig údarás riaracháin atá níos airde ná an t-oifigeach nó an oifig a d'eisigh an cinneadh nó atá neamhspleách ar an oifigeach nó oifig a d'eisigh an cinneadh; nó

(b) athbhreithniú breithiúnach nó achomharc breithiúnach ar an gcinneadh.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil, maidir le duine a bhfuil iarratas ar chinneadh curtha chuig na húdaráis chustaim aige agus nach bhfuil cinneadh faoin iarratas sin faighte aige laistigh de na teorainneacha ama ábhartha, go mbeidh sé de cheart aige achomharc a dhéanamh.

4. Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhfaighidh an duine dá dtagraítear i mír 2 cinneadh riaracháin leis na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin, lena chur ar a chumas don duine sin dul ar iontaoibh nósanna imeachta athbhreithnithe nó achomhairc más gá.

Airteagal 4.10

Pionóis

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le pionóis mar gheall ar mhainneachtain a dhlíthe, a rialacháin nó a cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim a chomhlíonadh, nó mainneachtain reachtaíochta eile maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí a chomhlíonadh.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhforáiltear lena dhlí custaim agus lena rialacháin chustaim gur comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh aon phionós arna fhorchur i leith sáruithe ar a dhlíthe custaim, ar a rialacháin chustaim nó ar a cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim.

3. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear pionós arna fhorchur ag a údaráis chustaim as sárú ar a dhlíthe custaim, ar a rialacháin chustaim nó ar a cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim ach amháin ar an duine atá freagrach go dlíthiúil as an sárú.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbraithfidh an pionós a fhorchuirfear ar fhíorais agus ar imthosca an cháis agus go mbeidh sé ar cóimhéid le méid agus déine an tsáraithe.

5. Seachnóidh gach páirtí dreasachtaí nó coinbhleachtaí leasa nuair a bheidh pionóis agus dleachtanna á measúnú agus á mbailiú.

6. Spreagtar gach Páirtí le nochtadh deonach maidir le sárú ar a dhlíthe custaim, ar a rialacháin chustaim nó ar a cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim sula dtiocfadh na húdaráis chustaim ar an sárú sin a chur san áireamh, mar fhachtóir maolaitheach féideartha agus pionós á shuí.

7. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás ina bhforchuirfear pionós as sárú ar a dhlíthe, a rialacháin nó a cheanglais nós imeachta, go soláthrófar míniú i scríbhinn don duine ar a bhforchuirfear an pionós, lena sonrófar cineál an tsáraithe agus an dlí, an rialachán nó nós imeachta is infheidhme ar dá bhun a forchuireadh méid nó raon an phionóis don sárú.

8. Soláthróidh gach Páirtí ina dhlíthe, ina rialacháin nó ina nósanna imeachta tréimhse sheasta ina bhféadfaidh a údaráis chustaim imeachtaí a thionscnamh chun pionós a bhaineann le sárú ar a dhlíthe, a rialacháin nó a nósanna imeachta custaim a fhorchur.

Airteagal 4.11

Comhar Custaim agus Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach

1. Áiritheoidh na Páirtithe go rachaidh a n-údaráis chustaim faoi seach i gcomhar maidir le hábhair chustaim chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4.1.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir leis na hábhair seo a leanas, i measc ábhair eile:

(a) faisnéis a mhalartú maidir lena ndlíthe agus lena rialacháin chustaim, agus a gcur chun feidhme, agus lena nósanna imeachta custaim; go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(i) simpliú agus nuachóiriú nósanna imeachta custaim;

(ii) bearta forfheidhmiúcháin teorann arna gcur i bhfeidhm ag a n-údaráis chustaim;

(iii) gluaiseachtaí idirthurais agus trasloingsiú a éascú;

(iv) idirphlé leis an bpobal gnó; agus

(v) slándáil an tslabhra soláthair agus bainistiú riosca;

(b) oibriú le chéile ar na gnéithe a bhaineann le custam maidir leis an slabhra soláthair trádála idirnáisiúnta a dhaingniú agus a éascú i gcomhréir leis an gCreat Caighdeán SAFE, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh maidir lena gcláir OEÚ agus a n-aitheantas frithpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 4.8;

(c) machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt a bhaineann le nósanna imeachta um allmhairiú, um onnmhairiú agus um chustam eile, agus éascú trádála lena n-áirítear cúnamh teicniúil;

(d) an comhar eatarthu i réimse an chustaim a neartú in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDT agus an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (dá ngairtear 'EDC' anseo feasta);

(e) caighdeáin íosta a bhunú, a mhéid is indéanta, do theicnící bainistithe riosca agus do cheanglais agus cláir ghaolmhara; féadfaidh na Páirtithe breithniú a dhéanamh freisin, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, ar aitheantas frithpháirteach a thabhairt do theicnící bainistithe riosca, do chaighdeáin riosca agus do rialuithe slándála;

(f) féachaint lena gceanglais sonraí le haghaidh nósanna imeachta um allmhairiú agus um onnmhairiú agus nósanna imeachta eile um chustam a chomhchuibhiú trí chomhchaighdeáin agus comheilimintí sonraí a chur chun feidhme i gcomhréir le Samhail Sonraí EDC; agus

(g) idirphlé a choinneáil ar bun i measc a saineolaithe beartais faoi seach chun úsáideacht, éifeachtúlacht agus infheidhmeacht réamhrialuithe a chur chun cinn.

3. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile in ábhair chustaim i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Chomhphobail Eorpaigh agus Mheicsiceo ([20]), arna ghlacadh le Cinneadh Uimh. 5/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh agus Mheicsiceo ([21]), a ionchorpraítear leis seo sa Chomhaontú seo agus a ndéantar cuid den Chomhaontú seo de. Beidh aon mhalartú faisnéise idir na Páirtithe i gcomhréir leis an gCaibidil seo faoi réir na rúndachta faisnéise agus na gceanglas maidir le cosaint sonraí pearsanta dá ndéantar foráil in Airteagal 10 den Iarscríbhinn sin, *mutatis mutandis*, chomh maith le haon cheanglas rúndachta agus príobháideachais dá ndéantar foráil i ndlíthe agus i rialacháin faoi seach na bPáirtithe.

Airteagal 4.12

Ionad Ilfhreastail

1. Féachfaidh gach Páirtí le córais ionad ilfhreastail a fhorbairt nó a choinneáil ar bun chun éascú a dhéanamh ar chur isteach leictreonach aonair na faisnéise uile a cheanglaítear le reachtaíocht custaim agus reachtaíocht eile maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí.

2. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú le chéile ar mhaithe lena gcórais ionad ilfhreastail a dhéanamh idir-inoibritheach agus cuíchóirithe, lena n-áirítear tríd an taithí atá ag gach ceann díobh ar fhorbairt agus úsáid a gcóras ionad ilfhreastail a roinnt.

Airteagal 4.13

Idirthuras agus Trasloingsiú

1. Áiritheoidh gach Páirtí go n-éascófar agus go ndéanfar rialú éifeachtach ar ghluaiseachtaí idirthurais agus ar oibríochtaí trasloingsithe trína chríoch féin.

2. Féachfaidh gach Páirtí le socruithe réigiúnacha idirthurais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme d'fhonn trádáil idir na Páirtithe a éascú.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh comhar agus comhordú idir na húdaráis agus na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann ina chríoch féin chun an trácht idirthurais a éascú.

4. Earraí atá ceaptha lena n-allmhairiú, laistigh dá chríoch ceadóidh gach Páirtí a n-aistriú faoi rialú custaim ó oifig custaim iontrála go dtí oifig custaim eile ina chríoch, óna ndéanfaí na hearraí a scaoileadh nó a imréiteach.

Airteagal 4.14

Iniúchadh Iar-Imréitigh

1. D'fhonn scaoileadh earraí a bhrostú, déanfaidh gach Páirtí iniúchadh iar-imréitigh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar a dhlíthe agus a rialacháin chustaim.

2. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar-imréitigh ar bhealach rioscabhunaithe.

3. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar-imréitigh ar bhealach trédhearcach. I gcás ina ndéantar iniúchadh agus ina mbaintear torthaí dochloíte amach, tabharfaidh an Páirtí fógra faoi na torthaí, na cúiseanna leis na torthaí agus cearta agus oibleagáidí an duine a ndearnadh iniúchadh ar a thaifead don duine sin gan mhoill.

([20]) Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Chomhphobail Eorpaigh agus Mheicsiceo an 23 Márta 2000 (IO AE L 157, 30.6.2000, lch. 10).

([21]) Cinneadh Uimh. 5/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh agus Mheicsiceo an 15 Nollaig 2004 lena nglactar, de bhun Airteagal 17(3) de Cinneadh Uimh. 2/2000, Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim (IO AE L 66, 12.3.2005, lch. 15).

4. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar an fhaisnéis a fhaightear san iniúchadh iar-imréitigh a úsáid in imeachtaí breise riaracháin nó breithiúnacha.

5. Bainfidh na Páirtithe úsáid as toradh iniúchta iar-imréitigh agus bainistiú riosca á cur i bhfeidhm, a mhéid is indéanta.

Airteagal 4.15

Bróicéirí Custaim

1. Ní éileoidh Páirtí úsáid shainordaitheach a bhaint as bróicéirí custaim lena dhlíthe agus lena rialacháin chustaim.

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra maidir le húsáid bróicéirí custaim agus foilseoidh sé a bhearta maidir le húsáid bróicéirí custaim.

3. Cuirfidh gach Páirtí rialacha trédhearcacha agus oibiachtúla i bhfeidhm má dhéanann sé bróicéirí custaim a cheadúnú agus nuair a dhéanfaidh sé iad a cheadúnú.

Airteagal 4.16

Cigireachtaí Réamhloingsithe

Ní éileoidh Páirtí go ndéanfar cigireachtaí réamhsheolta sainordaitheacha faoi mar a shainmhínítear sa Chomhaontú maidir le Cigireacht Réamhsheolta atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT, i ndáil le haicmiú taraife agus luacháil custaim ([22]).

Airteagal 4.17

An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

1. Tuairisceoidh an Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh don Choiste Trádála.

2. An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh arna bhunú de bhun fhomhír 1(d) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile), áiritheoidh sé feidhmiú ceart na Caibidle seo, Chaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh), na hIarscríbhinne maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim dá dtagraítear in Airteagal 4.11.3 agus aon fhorálacha eile a bhaineann le custam arna comhaontú idir na Páirtithe, agus déanfaidh sé scrúdú ar gach ábhar a eascraíonn as a gcur i bhfeidhm.

3. Déanfaidh an Fochoiste:

(a) moltaí iomchuí a ullmhú don Choiste Trádála, de réir mar is gá, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) cur chun feidhme agus riar Chaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh); agus

(ii) aon mhodhnú ar Chaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh);

(b) nótaí míniúcháin a ghlacadh chun cur chun feidhme Chaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh) a éascú;

(c) déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Caibidle seo;

(d) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle maidir le gach ábhar a bhaineann le custam, lena n-áirítear go háirithe nósanna imeachta custaim, luacháil custaim, córais taraife, ainmníocht chustaim, comhar custaim agus cúnamh riaracháin frithpháirteach maidir le hábhair chustaim, agus chun na hábhair sin a phlé;

([22]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear bac leis an Airteagal seo ar chigireachtaí réamhsheolta chun críoch sláintíochta agus fíteashláintíochta.

(e) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle le maidir le hábhair a bhaineann le rialacha tionscnaimh, nósanna imeachta tionscnaimh agus comhar riaracháin, agus chun na hábhair sin a phlé;

(f) comhar a fheabhsú maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú nósanna imeachta custaim, cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, rialacha tionscnaimh, nósanna imeachta tionscnaimh agus comhar riaracháin; agus

(g) machnamh a dhéanamh ar aon ábhar eile a bhaineann leis an gCaibidil seo nó le Caibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh), de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

4. Féadfaidh an Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh scrúdú a dhéanamh ar an ngá le cinntí nó moltaí maidir le gach ábhar a eascraíonn as cur chun feidhme na Caibidle seo, agus cinntí nó moltaí den sórt sin a ullmhú don Chomhairle Trádála. Beidh de chumhacht ag an gComhairle Trádála cinntí a ghlacadh maidir le cur chun feidhme na Caibidle seo de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cláir OEÚ agus a n-aitheantas comhpháirteach, comhthionscnaimh a bhaineann le nósanna imeachta custaim agus éascú trádála, agus cúnamh teicniúil.

5. Féadfaidh na Páirtithe aontú maidir le cruinnithe *ad hoc* a thionól le haghaidh ábhair a bhaineann le comhar custaim, rialacha tionscnaimh nó cúnamh riaracháin frithpháirteach.

CAIBIDIL 5

LEIGHEASANNA TRÁDÁLA

ROINN A

Bearta Frithdhumpála agus Frithchúitimh

Airteagal 5.1

Forálacha Ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi Airteagal VI de GATT 1994, faoin gComhaontú Frithdhumpála agus faoi Chomhaontú SCM.

2. Chun críoch chur i bhfeidhm bhearta sealadacha agus cinntitheacha, cinnfear tionscnamh an earra i gceist i gcomhréir le rialacha tionscnaimh neamhfhabhracha gach Páirtí.

Airteagal 5.2

Trédhearcacht agus Próis Chuí

1. Déanfaidh gach Páirtí a nósanna imeachta agus cuirfidh sé bearta frithdhumpála agus frithchúitimh i bhfeidhm ar bhealach cóir agus trédhearcach, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chomhaontaithe Frithdhumpála agus Chomhaontú SCM.

2. Ag réamhchéim de na himeachtaí, agus in aon chás sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach, cuirfidh gach Páirtí na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na fíorais fhíor-riachtanacha atá faoi bhreithniú agus arb iad is bun leis an gcinneadh i ndáil le cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear bearta críochnaitheacha i bhfeidhm. Tá sé sin gan dochar d'Airteagal 6.5 den Chomhaontú Frithdhumpála agus d'Airteagal 12.4 de Chomhaontú SCM.

3. Deonóidh gach páirtí deis iomlán do gach páirtí leasmhar chun a leasanna a chosaint in imscrúdú dleachta frithdhumpála nó frithchúitimh, ar choinníoll nach gcuirfidh sé sin moill mhíchuí ar dhéanamh an imscrúdaithe.

4. Tá feidhm ag an sainmhíniú ar pháirtithe leasmhara dá ndéantar foráil in Airteagal 6.11 den Chomhaontú Frithdhumpála agus in Airteagal 12.9 de Chomhaontú SCM.

Airteagal 5.3

Forchur Dleachtanna Frithdhumpála agus Frithchúitimh

Is iad údaráis an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin, a dhéanfaidh an cinneadh maidir le cé acu a bheidh méid na dleachta frithdhumpála nó frithchúitimh atá le forchur cothrom leis an gcorrlach dumpála iomlán nó le méid iomlán an fhóirdheontais nó le méid níos lú.

Airteagal 5.4

Cinneadh Críochnaitheach

Agus cinneadh críochnaitheach á dhéanamh ag Páirtí, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis arna soláthar mar is iomchuí ag na páirtithe leasmhara uile a mheasfar gur páirtithe leasmhara iad i gcomhréir lena dhlí.

Airteagal 5.5

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní rachaidh Páirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm fhorálacha na Roinne seo.

ROINN B

Bearta Coimirce Domhanda

Airteagal 5.6

Forálacha Ginearálta

Coinníonn gach Páirtí a chearta agus a oibleagáidí de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus Airteagal 5 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht agus chomh maith leis sin faoin gComhaontú maidir le Coimircí.

Airteagal 5.7

Trédhearcacht

1. D'ainneoin Airteagal 5.6, déanfaidh an Páirtí a thionscnaíonn imscrúdú coimirce domhanda nó a bheartaíonn bearta coimirce domhanda a fhorchur fógra *ad hoc* i scríbhinn a sholáthar láithreach, arna iarraidh sin don Pháirtí eile agus ar choinníoll go mbeidh leas substaintiúil ag an bPáirtí sin, maidir leis an bhfaisnéis ábhartha uile a gcuirfear tús leis an imscrúdú coimirce domhanda nó a bhforchuirfear bearta coimirce domhanda mar thoradh uirthi, lena n-áirítear i ndáil leis na torthaí sealadacha, i gcás inarb ábhartha. Tá sé sin gan dochar d'Airteagal 3.2 den Chomhaontú maidir le Coimircí.

2. Féachfaidh Páirtí atá ag glacadh beart coimirce domhanda lena bhforchur ar bhealach a dhéanann an difear is lú don trádáil dhéthaobhach.

3. Chun críocha mhír 2, má mheasann Páirtí go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le bearta coimirce cinntitheacha a fhorchur, agus má bheartaíonn sé na bearta sin a fhorchur, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile agus tabharfaidh sé an fhéidearthacht chun comhairliúcháin dhéthaobhacha a reáchtáil. Mura dtiocfar ar réiteach sásúil laistigh de 30 lá tar éis an fhógra, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir an beart coimirce cinntitheach is iomchuí a ghlacadh chun an fhadhb a leigheas.

4. Chun críocha an Airteagail seo, measfar go mbeidh leas substaintiúil ag Páirtí má bhíonn sé ar cheann de chúig sholáthróir is mó an earra allmhairithe le linn na tréimhse 3 bliana is déanaí, arna thomhas i dtéarmaí dearbhthoirte nó dearbhluacha.

Airteagal 5.8

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní rachaidh Páirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm fhorálacha na Roinne seo ina dtagraítear do chearta agus d'oibleagáidí faoi Chomhaontú EDT.

ROINN C

Bearta Coimirce Déthaobhacha

FOROINN C.1

Forálacha Ginearálta

Airteagal 5.9

Sainmhínithe

Chun críocha Roinn C:

(a) ciallaíonn 'údarás inniúil imscrúdúcháin':

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh; agus

(ii) i gcás Mheicsiceo, *'Unidad de Prácticas Comerciales Internacionales de la Secretaría de Economía'* (Aonad um Chleachtais Idirnáisiúnta Trádála de chuid na hAireachta Geilleagair), nó a chomharba;

(b) ciallaíonn 'tionscal intíre', maidir le táirge a allmhairíodh, táirgeoirí na dtáirgí comhchosúla nó na dtáirgí díriomaíocha ina n-iomláine a oibríonn laistigh de chríoch Pháirtí, nó na táirgeoirí sin arb ionann aschur comhchoiteann na dtáirgí comhchosúla nó na dtáirgí díriomaíocha agus cuid mhór de tháirgeadh intíre iomlán na dtáirgí sin;

(c) ciallaíonn 'táirge comhchosúil' táirge atá mar a chéile leis an táirge i gceist, ar cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, nó in éagmais táirge den sórt sin, táirge eile, cé nach cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge i gceist;

(d) ciallaíonn 'táirge díriomaíoch' táirge ar féidir nach bhfuil sé comhchosúil ar gach slí, ach a bhfuil leibhéal ard inionadaitheachta aige leis an táirge atá i gceist toisc go gcomhlíontar na feidhmeanna céanna leis ([23]);

(e) ciallaíonn 'mórdhíobháil' lagú suntasach foriomlán ar sheasamh tionscail intíre;

(f) ciallaíonn 'bagairt mórdhíobhála' mórdhíobháil ar soiléir go bhfuil sí ar tí tarlú, bunaithe ar fhíorais agus ní ar líomhaintí, ar thuairimíocht ná ar fhéidearthacht fhánach amháin; agus

([23]) I dtaca leis sin, féadfaidh na húdaráis anailís a dhéanamh ar ghnéithe amhail saintréithe fisiceacha na dtáirgí sin, a sonraíochtaí teicniúla, a n-úsáidí deiridh agus a mbealaí dáileacháin. Níl an liosta gnéithe sin uileghabhálach, agus ní gá go dtabharfaí treoraíocht chinntitheach le ceann amháin nó níos mó de na tosca sin.

(g) ciallaíonn 'idirthréimhse':

(i) tréimhse 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; nó

(ii) an tréimhse um dhíothú taraifí le haghaidh na n-earraí a leagtar amach sa sceideal um dhíothú taraifí de Pháirtí in Iarscríbhinn 2-A (Sceideal um Dhíothú Taraifí), ar choinníoll gur 10 mbliana nó níos mó atá sa tréimhse um dhíothú taraifí le haghaidh an earra lena mbaineann, móide 3 bliana.

Airteagal 5.10

Beart Coimirce Déthaobhach a Chur i bhFeidhm

1. D'ainneoin Roinn B, más rud é, mar thoradh ar dhleacht chustaim faoin gComhaontú seo a laghdú nó a dhíothú, go bhfuil earra tionscnaimh de Pháirtí á allmhairiú isteach i gcríoch an Pháirtí eile i gcainníochtaí méadaithe, i ndearbhthéarmaí nó i gcoibhneas le táirgeadh intíre, agus faoi choinníollacha a mbeadh mórdhíobháil ann dá mbarr don tionscal intíre ina dtáirgtear táirgí comhchosúla nó táirgí díriomaíocha nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta dá ndéantar foráil i mír 2 a fhorchur faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhunaítear sa Roinn seo.

2. Má chomhlíontar na coinníollacha i mír 1, ní fhéadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ach bearta coimirce déthaobhacha lena ndéantar an méid seo a leanas a fhorchur:

(a) tuilleadh laghdaithe ar an ráta dleachta custaim ar an táirge lena mbaineann a chur ar fionraí de réir mar a fhoráiltear faoin gComhaontú seo; nó

(b) an ráta dleachta custaim ar an táirge lena mbaineann a mhéadú go leibhéal nach mó ná an ráta is lú díobh seo a leanas:

(i) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm ar an táirge i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an tráth a fhorchuirtear an beart; nó

(ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm ar an táirge i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. Tá na Páirtithe ar aon intinn nach mbeadh taraif-chuótaí ná srianta cainníochtúla incheadaithe mar bheart coimirce déthaobhach.

Airteagal 5.11

Coinníollacha agus Teorainneacha

1. Ní chuirfidh Páirtí beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm:

(a) ach amháin a mhéid, agus ar feadh cibé tréimhse, is gá chun na cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5.10 nó 5.15 a chosc nó a leigheas;

(b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain; nó

(c) i ndiaidh dhul in éag na hidirthréimhse.

Féadfar 1 bhliain amháin eile a chur leis an tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (b) má chinneann údaráis inniúla an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear i Roinn C, go leantar de ghá a bheith leis an mbeart chun na cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5.10 nó 5.15 a chosc nó a leigheas agus chun coigeartú a éascú, ar choinníoll nach bhfuil tréimhse fhoriomlán chur i bhfeidhm an bhirt coimirce, lena n-áirítear tréimhse an chur i bhfeidhm tosaigh agus aon síneadh a chuirtear leis sin, níos faide ná 3 bliana.

2. Ní chuirfidh Páirtí beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm ach amháin maidir le hearraí tionscnaimh a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-A (Sceideal um Dhíothú Taraifí) atá faoi réir cóir fhabhrach faoin gComhaontú seo.

3. Chun aon choigeartú a éascú i gcás inar faide fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh ná 1 bhliain amháin, déanfaidh an Páirtí a chuireann an beart sin i bhfeidhm é a léirscaoileadh de réir a chéile ag eatraimh thráthrialta le linn thréimhse an chur i bhfeidhm.

4. Nuair a scoirfidh Páirtí de bheart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, is é an ráta a bheadh in éifeacht don táirge roimhe sin an ráta dleachta custaim a bheidh ann, i gcomhréir le hAirteagal 2.4 (Dleachtanna Custaim a Dhíothú nó a Laghdú).

Airteagal 5.12

Bearta Sealadacha

1. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil a bheadh deacair a dheisiú, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, gan ceanglais Airteagal 5.22.1 a chomhlíonadh, de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra tionscnaimh de chuid an Pháirtí eile mar thoradh ar laghdú nó ar dhíothú dleachta custaim faoin gComhaontú seo, agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis leis na cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5.10 nó 5.15 nó go mbagraítear a leithéid leo.

2. Ní sháróidh fad aon bhirt shealadaigh 200 lá, agus le linn na tréimhse sin comhlíonfaidh an Páirtí na rialacha nós imeachta ábhartha a bhunaítear i bhForoinn C.2. Déanfaidh an Páirtí aon mhéadú taraife a aisíoc go pras más rud é nach bhforchuirfear beart cinntitheach de thoradh an imscrúdaithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar a dtugtar tuairisc i bhForoinn C.2 i gcomhréir le ceanglais Airteagal 5.10 nó 5.15. Áireofar fad aon bhirt shealadaigh mar chuid den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 5.11.1(b). Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí eile ar an eolas ar na bearta sealadacha sin a fhorchur agus déanfaidh sé an t-ábhar a tharchur láithreach chuig an gCoiste Trádála lena iniúchadh má iarrann an Páirtí eile amhlaidh.

Airteagal 5.13

Cúiteamh agus Fionraíocht Lamháltas

1. Páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí eile chun comhaontú frithpháirteach a dhéanamh maidir le cúiteamh iomchuí léirscaoilte trádála i bhfoirm lamháltais a bhfuil na héifeachtaí trádála acu atá coibhéiseach cuid mhaith. An páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm, soláthróidh sé deis le haghaidh na gcomhairliúchán sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh.

2. Mura mbíonn comhaontú ann mar thoradh ar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 maidir le cúiteamh léirscaoilte trádála laistigh de 30 lá tar éis thús na gcomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí a ndéantar difear dó leis an mbeart coimirce déthaobhach cur i bhfeidhm lamháltais a bhfuil na héifeachtaí trádála acu atá coibhéiseach cuid mhaith le beart coimirce déthaobhach an Pháirtí eile a chur ar fionraí tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis chur i bhfeidhm an bhirt sin.

3. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar difear dó leis an mbeart coimirce déthaobhach fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile 30 lá ar a laghad sula gcuirtear cur i bhfeidhm lamháltas ar fionraí i gcomhréir le mír 2.

4. Téann an oibleagáid maidir le cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1 agus an ceart cur i bhfeidhm lamháltas a chur ar fionraí de bhun mhír 2 in éag ar dháta fhoirceannadh an bhirt coimirce dhéthaobhaigh.

Airteagal 5.14

Úsáid Beart Coimirce agus Imeacht Ama idir Bearta

1. Ní dhéanfaidh Páirtí beart coimirce dá dtagraítear sa Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú táirge a bhí faoi réir beart den sórt sin roimhe sin, mura rud é go bhfuil tréimhse imithe thart atá comhionann le leath na tréimhse ama díreach roimhe sin inar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm lena linn.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí, maidir leis an táirge céanna agus le linn na tréimhse céanna, na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) beart coimirce déthaobhach nó beart coimirce sealadach faoin gComhaontú seo; agus

(b) beart coimirce de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus faoin gComhaontú maidir le Coimircí.

Airteagal 5.15

Na Réigiúin is Forimeallaí

1. I gcás ina bhfuil earra tionscnaimh de chuid Mheicsiceo á allmhairiú isteach go díreach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a bheadh ina gcúis le meath tromchúiseach ar chás eacnamaíoch an réigiúin is forimeallaí lena mbaineann, nó dá mbagrófaí a leithéid; féadfaidh an tAontas Eorpach, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha, bearta coimirce a fhorchur ar bhonn eisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin is forimeallaí lena mbaineann.

2. Gan dochar do mhír 1, tá forálacha uile Roinn C is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha infheidhme freisin maidir le haon bheart coimirce arna ghlacadh i ndáil leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach.

3. Ní bheidh feidhm ag beart cosanta déthaobhach atá teoranta do na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach ach amháin maidir le hearraí a bheidh faoi réir cóir fhabhrach faoin gComhaontú seo.

4. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn 'meath tromchúiseach' deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear táirgí comhchosúla nó táirgí díriomaíocha. Beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

(a) an dearbhmhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairí i gcomparáid le táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus

(b) éifeacht na n-allmhairí sin ar staid an tionscail ábhartha nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n-áirítear an éifeacht ar na leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht.

FOROINN C.2

Rialacha Nós Imeachta is Infheidhme maidir le Bearta Coimirce Déthaobhacha

Airteagal 5.16

An Dlí is Infheidhme

Chun bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm, comhlíonfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin forálacha na Foroinne seo agus, i gcásanna nach gcumhdaítear leis an bhForoinn seo, déanfaidh sé na rialacha arna mbunú faoi dhlí an Pháirtí lena mbaineann a chur i bhfeidhm, fad agus a bhíonn na rialacha sin i gcomhréir le forálacha Roinn C.

Airteagal 5.17

Nós Imeachta Coimirce a Thionscnamh

1. Féadfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin nós imeachta maidir le bearta coimirce déthaobhacha (dá ngairtear 'nós imeachta coimirce' anseo feasta) a thionscnamh ar iarratas i scríbhinn arna dhéanamh ag an tionscal intíre nó thar a cheann a fháil, nó in imthosca eisceachtúla, ar a thionscnamh féin. I gcás an Aontais Eorpaigh is féidir le ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh an t-iarratas sin a dhéanamh thar ceann an tionscail intíre. Measfar gur iarratas ón tionscal intíre nó thar a cheann atá ann má thacaíonn táirgeoirí intíre leis arb ionann a n-aschur comhchoiteann agus níos mó na 50 % de tháirgeadh iomlán na dtáirgí comhchosúla nó na dtáirgí díriomaíocha arna dtáirgeadh ag an gcuid den tionscal intíre atá ag tacú leis an iarratas nó ag cur ina aghaidh. Ní thionscnófar aon imscrúdú, áfach, más lú na táirgeoirí intíre atá ag tacú leis an iarratas go sainráite ná 25 % de tháirgeadh iomlán náisiúnta na dtáirgí comhchosúla nó na dtáirgí díriomaíocha arna dtáirgeadh ag an tionscal intíre.

2. A luaithe a thionscnófar an t-imscrúdú, déanfar an t-iarratas dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil go pras don té lena mbaineann, cé is moite den fhaisnéis rúnda atá ann.

3. Ar nós imeachta coimirce a thionscnamh, foilseoidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin fógra maidir le tionscnamh an nós imeachta in iris oifigiúil an Pháirtí. Sainaithneofar san fhógra an t-eintiteas a rinne an t-iarratas i scríbhinn, más infheidhme, an t-earra allmhairithe lena mbaineann, a cheannteideal, a fho-cheannteideal nó an uimhir mhíre taraife faoina n-aicmítear é faoin gCóras Comhchuibhithe, cineál agus uainiú an chinnidh a dhéanfar, an tréimhse inar féidir le páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus faisnéis a chur isteach, an áit ag a bhféadfar an t-iarratas i scríbhinn a rinneadh agus aon doiciméad neamhrúnda eile a cuireadh isteach i gcaitheamh an nós imeachta a iniúchadh agus ainm, seoladh agus uimhir theileafóin na hoifige ar féidir teagmháil a dhéanamh léi le haghaidh tuilleadh faisnéise. I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil imscrúdúcháin éisteacht phoiblí a reáchtáil, féadfar am agus áit na héisteachta poiblí sin a áireamh san fhógra tionscnaimh nó féadfar fógra a thabhairt fúthu ag aon chéim den nós imeachta ina dhiaidh sin, ar choinníoll go dtabharfar an fógra sin i bhfad roimh ré. I gcás nach sceidealaítear aon éisteacht phoiblí ag tús an imscrúdaithe, áireofar san fhógra tionscnaimh an tréimhse ina bhféadfaidh páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal a fháil ón údarás inniúil imscrúdúcháin.

4. Maidir le nós imeachta coimirce arna thionscnamh ar bhonn iarratas i scríbhinn arna dhéanamh ag eintiteas a dheimhníonn go ndéanann sé ionadaíocht don tionscal intíre, ní fhoilseoidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin an fógra tionscnaimh de bhun mhír 3 gan measúnú cúramach a dhéanamh ar dtús go gcomhlíontar ceanglais a dhlí agus ceanglais mhír 1 san iarratas, agus go n-áirítear fianaise réasúnta ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra tionscnaimh de chuid an Pháirtí eile mar thoradh ar dhleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gComhaontú seo, agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis leis an mórdhíobháil líomhainte nó an meath tromchúiseach líomhainte ar an staid eacnamaíoch, nó go mbagraítear a leithéid.

Airteagal 5.18

Imscrúdú

1. Ní fhéadfaidh Páirtí beart coimirce a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis d'údarás inniúil imscrúdúcháin an Pháirtí sin imscrúdú a dhéanamh de bhun na nósanna imeachta a bhunaítear san Fhoroinn seo. Áireofar fógra poiblí réasúnta do na páirtithe leasmhara uile san imscrúdú sin, chomh maith le héisteachtaí poiblí nó modhanna iomchuí eile trínar féidir le hallmhaireoirí, le honnmhaireoirí agus le páirtithe leasmhara eile fianaise agus a dtuairimí a chur i láthair, lena n-áirítear an deis chun freagra a thabhairt ar chuir i láthair páirtithe eile.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil imscrúdúcháin an t-imscrúdú dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.

Airteagal 5.19

Mórdhíobháil nó Bagairt ina Leith a Chinneadh agus Nasc Cúisíoch

1. Le linn an imscrúdaithe chun a chinneadh cé acu atá allmhairí méadaithe ina gcúis le mórdhíobháil don tionscal intíre nó an mbagraítear a leithéid, déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin meastóireacht ar gach toisc ábhartha atá oibiachtúil agus inchainníochtaithe a imríonn tionchar ar staid an tionscail intíre, go háirithe ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí an táirge lena mbaineann, i ndearbhthéarmaí agus i gcomparáid leis an táirgeadh intíre, leis an sciar den mhargadh baile a bhaineann leis na hallmhairí méadaithe, agus le hathruithe ar an leibhéal díolachán, táirgthe, táirgiúlachta, úsáide acmhainneachta, brabús agus caillteanas, agus fostaíochta.

2. Ní dhéanfar an cinneadh go bhfuil allmhairí méadaithe ina gcúis leis na cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5.10 nó 5.15 nó go mbagraítear a leithéid, mura rud é go léirítear leis an imscrúdú, bunaithe ar fhianaise oibiachtúil, go bhfuil nasc cúisíoch soiléir ann idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus na cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5.10 nó 5.15. Más rud é go bhfuil tosca seachas na hallmhairí méadaithe ina gcúis leis na cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 5.10 nó 5.15 an tráth céanna, ní dhéanfar an díobháil sin nó an bhagairt ina leith, nó an meath tromchúiseach ar an staid eacnamaíoch nó an bhagairt ina leith, a chur i leith na n-allmhairí méadaithe.

Airteagal 5.20

Éisteachtaí

I gcaitheamh gach nós imeachta coimirce, déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin na nithe seo a leanas:

(a) tar éis fógra réasúnach a thabhairt, éisteacht phoiblí a reáchtáil chun a cheadú do na páirtithe leasmhara uile a mheastar gur páirtithe leasmhara iad faoi dhlí an Pháirtí lena mbaineann, teacht i láthair go pearsanta nó trí abhcóide, chun fianaise a chur i láthair agus éisteacht a fháil maidir leis an mórdhíobháil nó an bhagairt ina leith, nó maidir leis an meath tromchúiseach ar an staid eacnamaíoch nó an bhagairt ina leith, chomh maith leis an leigheas iomchuí; nó

(b) de rogha air sin, i gcás an Aontais Eorpaigh, deis a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile chun éisteacht a fháil, ar choinníoll go bhfuil iarratas i scríbhinn déanta acu laistigh den tréimhse a leagtar amach san fhógra tionscnaimh lena dtaispeántar gur dócha go ndéanfaidh toradh an imscrúdaithe difear dóibh agus go bhfuil cúiseanna speisialta ann go n-éistfí ó bhéal leo.

Airteagal 5.21

Faisnéis Rúnda

Aon fhaisnéis de chineál rúnda nó a sholáthraítear ar bhonn rúnda, is mar sin a phléifidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin léi má léirítear go bhfuil cúis mhaith leis sin. Ní nochtfar faisnéis den sórt sin gan cead sonrach ón bpáirtí a chuireann isteach é. Iarrfar ar pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis rúnda achoimrí neamhrúnda di a chur ar fáil nó, má thugann na páirtithe sin le fios nach féidir an fhaisnéis sin a achoimriú, na cúiseanna nach féidir achoimre a sholáthar. Beidh na hachoimrí mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise rúnda a cuireadh isteach. Má chinneann an t-údarás inniúil imscrúdúcháin nach bhfuil údar le hiarraidh ar rúndacht, áfach, agus má bhíonn drogall ar an bpáirtí lena mbaineann an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí nó a údarú go nochtfaí i bhfoirm ghinearálta nó achomair í, féadfaidh sé neamhaird a dhéanamh den fhaisnéis sin mura féidir a léiriú chun a shástachta ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Airteagal 5.22

Glacadh, Fógairt, Comhairliúchán agus Foilsiú

1. Má mheasann Páirtí gurb ann do cheann de na cásanna a leagtar amach in Airteagal 5.10 nó 5.15, déanfaidh sé an cheist a tharchur láithreach chuig an gCoiste Trádála lena scrúdú. Féadfaidh an Coiste Trádála aon mholadh is gá a dhéanamh chun an cás atá tagtha chun cinn a leigheas. Mura ndéanfaidh an Coiste Trádála aon mholadh a bheidh dírithe ar an gcás a leigheas, nó mura dtiocfar ar réiteach sásúil eile laistigh de 30 lá tar éis an cheist a tharchur chuig an gCoiste Trádála, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir an beart coimirce déthaobhach is iomchuí a ghlacadh chun an cás a leigheas i gcomhréir le Roinn C.

2. Soláthróidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin an fhaisnéis ábhartha uile don Pháirtí is onnmhaireoir, lena n-áireofar fianaise maidir le mórdhíobháil nó bagairt ina leith, nó meath tromchúiseach nó bagairt ina leith, ar an staid eacnamaíoch, de bharr allmhairí méadaithe, tuairisc bheacht ar an táirge lena mbaineann agus an beart coimirce déthaobhach atá beartaithe, an dáta forchuir atá beartaithe agus fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh atá beartaithe.

3. Tabharfaidh Páirtí fógra i scríbhinn don Pháirtí eile go pras sna cásanna seo a leanas:

(a) tionscnaíonn sé nós imeachta coimirce déthaobhach faoi Roinn C;

(b) cinneann sé beart coimirce déthaobhach sealadach a chur i bhfeidhm;

(c) cinneann sé gurb ann do mhórdhíobháil nó bagairt ina leith, nó do mheath tromchúiseach ar an staid eacnamaíoch nó bagairt ina leith, agus go bhfuil allmhairí méadaithe ina gcúis leis sin, de bhun Airteagal 5.19;

(d) cinneann sé beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm nó a shíneadh; agus

(e) cinneann sé beart coimirce déthaobhach a glacadh roimhe a mhodhnú.

4. Má thugann Páirtí fógra de bhun fhomhír 3(a), áireofar na nithe a leanas san fhógra sin:

(a) cóip den leagan poiblí den iarratas agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis nó, i gcás imscrúduithe arna dtionscnamh ar thionscnamh an údaráis inniúil imscrúdúcháin cóip de na doiciméid ábhartha lena léirítear go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 5.17, chomh maith le ceistneoir ina mionsonraítear na pointí nach mór do na páirtithe leasmhara faisnéis a sholáthar ina leith; agus

(b) tuairisc bheacht ar an earra allmhairithe lena mbaineann.

5. Má thugann Páirtí fógra de bhun fhomhír 3(b) nó (c), áireoidh sé cóip den leagan poiblí dá chinneadh agus, más infheidhme, cóip den doiciméad lena soláthraítear an réasúnaíocht theicniúil ar a mbunaítear an cinneadh.

6. Má thugann Páirtí fógra de bhun fhomhír 3(d) maidir le beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm nó a shíneadh, áireoidh sé na nithe seo a leanas san fhógra sin:

(a) cóip den leagan poiblí dá chinneadh agus, más infheidhme, cóip den doiciméad lena soláthraítear an réasúnaíocht theicniúil ar a mbunaítear an cinneadh;

(b) fianaise go bhfuil allmhairí méadaithe earra tionscnaimh den Pháirtí eile ina gcúis le mórdhíobháil nó bagairt ina leith, nó meath tromchúiseach ar an staid eacnamaíoch nó bagairt ina leith, mar thoradh ar dhleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gComhaontú seo;

(c) tuairisc bheacht ar an earra tionscnaimh atá faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, lena n-áirítear a cheannteideal, a fho-cheannteideal nó an líne taraife faoina n-aicmítear faoin gCóras Comhchuibhithe é;

(d) tuairisc bheacht ar an mbeart coimirce déthaobhach a cuireadh i bhfeidhm nó a síneadh;

(e) dáta chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, a fhad a bhfuil coinne leis agus, más infheidhme, tráthchlár um léirscaoileadh forchéimnitheach an bhirt; agus

(f) i gcás go síntear beart coimirce déthaobhach, fianaise go bhfuil an tionscal intíre lena mbaineann á choigeartú.

7. Arna iarraidh sin don Pháirtí dá ndéantar difear leis an nós imeachta coimirce déthaobhach faoi Roinn C, reáchtálfaidh an Páirtí eile comhairliúcháin leis an bPáirtí is iarrthóir chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhógra arna thabhairt de bhun fhomhír 3(a) nó (b).

8. Déanfaidh an Páirtí a bheartaíonn beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm nó a shíneadh fógra a thabhairt don Pháirtí eile agus an deis a thabhairt dó chun comhairliúcháin a reáchtáil roimh ré chun an cur i bhfeidhm nó an síneadh sin a phlé. Mura dtiocfar ar réiteach sásúil laistigh de 30 lá tar éis dháta an fhógra, féadfaidh an chéad Pháirtí an beart sin a chur i bhfeidhm nó a shíneadh.

9. Déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin na torthaí agus na conclúidí réasúnaithe ar ar tháinig sé maidir leis na hábhair ábhartha uile a bhain le fíorais agus dlí a fhoilsiú in iris oifigiúil an Pháirtí lena mbaineann, lena n-áirítear an tuairisc ar an earra allmhairithe agus an cás ba bhun leis na bearta a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 5.10 nó 5.15, an nasc cúisíoch idir an cás sin agus na hallmhairí méadaithe, agus foirm, leibhéal agus fad na mbeart.

10. Láimhseálfaidh na húdaráis inniúla imscrúdúcháin aon fhaisnéis rúnda i gcomhréir iomlán le hAirteagal 5.21.

CAIBIDIL 6

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

Airteagal 6.1

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údaráis inniúla' údaráis inniúla gach Páirtí dá dtagraítear in Iarscríbhinn 6-A;

(b) ciallaíonn 'beart éigeandála' beart sláintíochta nó fíteashláintíochta a chuireann an Páirtí is allmhaireoir i bhfeidhm maidir le hearraí den Pháirtí eile chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb phráinneach maidir le beatha nó cosaint sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí a eascraíonn sa Pháirtí is allmhaireoir nó a bhfuil bagairt ann go n-eascródh sé sa Pháirtí sin; agus

(c) ciallaíonn 'Coiste SPS EDT' an Coiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú de bhun Airteagal 12 de Chomhaontú SPS.

2. Tá feidhm ag na sainmhínithe in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS, chomh maith leo siúd de chuid Codex Alimentarius (dá ngairtear 'Codex' anseo feasta), na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (dá ngairtear 'WOAH' anseo feasta) agus an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí, arna shíniú sa Róimh an 6 Nollaig 1951 (dá ngairtear 'IPPC' anseo feasta), maidir leis an gCaibidil seo.

Airteagal 6.2

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag an gCaibidil seo:

(a) beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí i gcríocha na bPáirtithe a chosaint agus, ag an am céanna, trádáil a éascú eatarthu;

(b) Comhaontú SPS a threisiú agus a chur chun feidhme a thuilleadh;

(c) cumarsáid, comhairliúchán agus comhar idir na Páirtithe a neartú, go háirithe idir a n-údaráis inniúla;

(d) a áirithiú nach dtiocfaidh as na bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta arna gcur chun feidhme ag na Páirtithe aon bhacainn gan údar ar an trádáil;

(e) feabhas a chur ar chomhsheasmhacht, ar chinnteacht agus ar thrédhearcacht bhearta sláintíochta agus fíteashláintíochta gach Páirtí agus ar a gcur chun feidhme; agus

(f) na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a spreagadh chun caighdeáin, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta a fhorbairt agus a ghlacadh agus a gcur chun feidhme ag na Páirtithe a fheabhsú.

Airteagal 6.3

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach beart sláintíochta agus fíteashláintíochta de Pháirtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh go díreach nó go hindíreach do thrádáil idir na Páirtithe.

Airteagal 6.4

Gaolmhaireacht le Comhaontú SPS

Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu i leith a chéile faoi Chomhaontú SPS.

Airteagal 6.5

Acmhainní le haghaidh an Chur Chun Feidhme

Úsáidfidh gach Páirtí na hacmhainní is gá chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme go héifeachtach.

Airteagal 6.6

Coibhéis

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil aitheantas choibhéis bhearta sláintíochta agus físeashláintíochta an Pháirtí eile ina mhodh tábhachtach chun trádáil a éascú.

2. Aithneoidh an Páirtí is allmhaireoir go bhfuil bearta sláintíochta agus físeashláintíochta de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir coibhéiseach lena bhearta féin má thaispeánann an Páirtí is onnmhaireoir don Pháirtí is allmhaireoir, ar bhonn oibiachtúil, go mbaineann na bearta uaidh amach an leibhéal cosanta sláintíochta agus físeashláintíochta is iomchuí leis an bPáirtí is allmhaireoir.

3. Tá an ceart ag an bPáirtí is allmhaireoir an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann beart sláintíochta nó físeashláintíochta arna chur i bhfeidhm ag an bPáirtí is onnmhaireoir a leibhéal cosanta sláintíochta agus físeashláintíochta iomchuí amach.

4. Agus measúnú nó cinneadh á dhéanamh ag Páirtí maidir lena choibhéisí atá beart de chuid an Pháirtí eile, cuirfidh sé na nithe seo a leanas san áireamh, i measc nithe eile, más ábhartha:

(a) cinntí Choiste SPS EDT;

(b) obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha;

(c) aon eolas agus taithí roimhe seo ar thrádáil leis an bPáirtí eile; agus

(d) faisnéis arna soláthar ag an bPáirtí eile.

5. Bunóidh gach Páirtí a mheasúnú, a chinneadh agus a chothabháil coibhéise ar chaighdeáin, ar threoirlínte agus ar mholtaí na gcomhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha um chaighdeánú nó, de réir mar is iomchuí, ar mheasúnú riosca.

6. Tionscnóidh an Páirtí is allmhaireoir an measúnú go pras chun an choibhéis a chinneadh má fhaigheann sé iarraidh ar mheasúnú coibhéise ón bPáirtí eile a mbeidh an fhaisnéis is gá chun tacú leis an iarraidh sin ag gabháil léi.

7. Nuair a thabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir an measúnú coibhéise i gcrích, tabharfaidh sé fógra faoina chinneadh don Pháirtí eile go pras.

8. Nuair a chinnfidh an Páirtí is allmhaireoir go n-aithníonn sé beart an Pháirtí is onnmhaireoir mar bheart choibhéiseach, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta reachtacha nó riaracháin is gá a thionscnamh go pras chun an t-aitheantas a chur chun feidhme.

9. Gan dochar d'Airteagal 6.16, má tá sé beartaithe ag Páirtí beart a ghlacadh, a mhodhnú nó a aisghairm, ar beart é atá faoi réir cinneadh coibhéise lena ndéantar difear do thrádáil idir na Páirtithe, déanfaidh an Páirtí sin na nithe seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoina rún ag céim luath iomchuí ag ar féidir aon bharúil a chuirtear isteach ón bPáirtí eile a chur san áireamh;

(b) arna iarraidh sin don Pháirtí eile, faisnéis agus an réasúnaíocht a bhaineann leis na hathruithe atá beartaithe a sholáthar.

10. Leanfaidh an Páirtí is allmhaireoir den choibhéis a aithint fad agus a bheidh feidhm ag an mbeart, atá faoi réir an athraithe atá beartaithe.

11. Pléifidh na Páirtithe na modhnuithe atá beartaithe ar tugadh fógra fúthu de bhun fhomhír 9(a) arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir athbhreithniú ar aon fhaisnéis a cuireadh isteach de bhun fhomhír 9(b) gan moill mhíchuí.

12. Má dhéanann Páirtí beart sláintíochta nó fíteashláintíochta a ghlacadh, a mhodhnú nó a aisghairm atá faoi réir cinneadh coibhéise ag an bPáirtí eile, leanfaidh an Páirtí is allmhaireoir den choibhéis a aithint ar choinníoll go leantar de leibhéal iomchuí cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir a bhaint amach le bearta an Pháirtí is onnmhaireoir a mhéid a bhaineann leis an táirge lena mbaineann. Arna iarraidh sin do Pháirtí, déanfaidh na Páirtithe an cinneadh a rinne an Páirtí is allmhaireoir a phlé go pras.

Airteagal 6.7

Measúnú Riosca

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go bhfuil a mbearta sláintíochta agus fíteashláintíochta faoi seach bunaithe ar phrionsabail eolaíocha agus go bhfuil siad comhréireach leis na caighdeáin, na treoirlínte agus na moltaí idirnáisiúnta ábhartha.

2. Má mheasann Páirtí go bhfuil beart sonrach sláintíochta nó fíteashláintíochta arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ag an bPáirtí eile ag cur srian lena onnmhairí, nó go bhféadfadh sé srian a chur leo, agus nach bhfuil an beart sin bunaithe ar chaighdeán, ar threoirlíne ná ar mholadh idirnáisiúnta ábhartha, nó murab ann do chaighdeán, do threoirlíne ná do mholadh ábhartha, féadfaidh an Páirtí sin faisnéis a iarraidh ar an bPáirtí eile. Soláthróidh an Páirtí iarrtha míniú don Pháirtí is iarrthóir ar na cúiseanna agus ar an bhfaisnéis ábhartha maidir leis an mbeart sin.

3. Más rud é nach leor an fhianaise eolaíoch ábhartha, féadfaidh Páirtí beart sláintíochta nó fíteashláintíochta a ghlacadh go sealadach ar bhonn na faisnéise ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear ó na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha. Sna himthosca sin, féachfaidh an Páirtí sin leis an bhfaisnéis bhreise a fháil is gá chun measúnú riosca níos oibiachtúla a dhéanamh agus déanfaidh sé an beart sláintíochta nó fíteashláintíochta a athbhreithniú dá réir laistigh de thréimhse réasúnta.

4. Agus cearta agus oibleagáidí na bPáirtithe á n-aithint de bhun fhorálacha ábhartha Chomhaontú SPS, ní dhéanfar aon ní sa Chaibidil seo a fhorléiriú mar ní lena gcuirfear cosc ar Pháirtí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an leibhéal cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhunú a chinneann sé a bheith iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chomhaontú SPS;

(b) nós imeachta formheasa a bhunú nó a choinneáil ar bun lena gceanglaítear measúnú riosca a dhéanamh sula ndeonóidh an Páirtí sin rochtain ar a mhargadh do tháirge; nó

(c) bearta réamhchúraim sláintíochta nó fíteashláintíochta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le mír 7 d'Airteagal 5 de Chomhaontú SPS.

5. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfaidh a bhearta sláintíochta agus fíteashláintíochta idirdhealú ar bhonn dírialta ná gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh coinníollacha atá comhionann lena chéile nó cosúil lena chéile ann. Ní chuirfidh Páirtí bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil idir na Páirtithe.

6. Déanfaidh Páirtí atá i mbun measúnú riosca na nithe seo a leanas:

(a) treoraíocht ábhartha Choiste SPS EDT i dteannta le caighdeáin, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta a chur san áireamh;

(b) roghanna bainistithe riosca a bhreithniú nach bhfuil níos sriantaí ar thrádáil ná mar is gá chun an leibhéal cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhaint amach a mheas sé a bheith iomchuí i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 5 de Chomhaontú SPS, agus féidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch á gcur san áireamh; agus

(c) an cuspóir a bhaineann le héifeachtaí diúltacha ar thrádáil a íoslaghdú a chur san áireamh agus an leibhéal iomchuí cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta á chinneadh, i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal 5 de Chomhaontú SPS, agus rogha bainistithe riosca a roghnú nach bhfuil níos sriantaí ar thrádáil ná mar is gá chun an cuspóir sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhaint amach, agus féidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch á gcur san áireamh.

7. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le measúnú riosca sonrach a bhaineann le hiarraidh ar rochtain ar an margadh ón bPáirtí is onnmhaireoir, agus maidir le haon mhoill a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an phróisis.

8. Gan dochar d'Airteagal 6.16, ní stadfaidh Páirtí allmhairiú táirge den Pháirtí eile de bharr go bhfuil an Páirtí ag tabhairt faoi athbhreithniú ar a chuid beart sláintíochta nó fíteashláintíochta agus ar an gcúis sin amháin, má cheadaigh an Páirtí is allmhaireoir allmhairiú an táirge sin den Pháirtí eile tráth a tionscnaíodh an t-athbhreithniú.

Airteagal 6.8

Oiriúnú do Dhálaí Réigiúnacha, lena nÁirítear Limistéir Saor ó Lotnaidí agus ó Ghalair agus Limistéir ina bhfuil Leibhéal Íseal Lotnaidí nó Galar

Ginearálta

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil oiriúnú beart sláintíochta agus fíteashláintíochta do dhálaí réigiúnacha a bhaineann le lotnaidí nó galair ina mhodh tábhachtach chun beatha nó sláinte ainmhithe agus plandaí a chosaint agus chun trádáil a éascú.

2. Aithneoidh na Páirtithe coincheapa na limistéar atá saor ó lotnaidí agus ó ghalair agus na limistéar ina bhfuil leibhéal íseal lotnaidí nó galar. Bunófar an cinneadh maidir leis na limistéir sin ar thosca amhail an gheografaíocht, éiceachórais, faireachas eipidéimeolaíoch agus éifeachtacht rialuithe sláintíochta nó fíteashláintíochta.

3. Páirtí is onnmhaireoir a mhaíonn go bhfuil limistéir laistigh dá chríoch atá saor ó lotnaidí agus ó ghalair nó go bhfuil limistéir laistigh dá chríoch ina bhfuil leibhéal íseal lotnaidí nó galar, soláthróidh sé an fhianaise is gá ina leith sin chun a thaispeáint don Pháirtí is allmhaireoir ar bhonn oibiachtúil go bhfuil na limistéir sin ina limistéir atá saor ó lotnaidí agus ó ghalair nó ina limistéir ina bhfuil leibhéal íseal lotnaidí nó galar, agus gur dócha go bhfanfaidh siad amhlaidh. Chun na críche sin, déanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir, arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir, rochtain réasúnta a sholáthar chun cigireacht, tástáil agus nósanna imeachta ábhartha eile a dhéanamh.

4. Agus na limistéir dá dtagraítear i mír 2 á gcinneadh le cinntí réigiúnaithe, cuirfidh na Páirtithe treoraíocht ábhartha Choiste SPS EDT san áireamh agus bunóidh siad a mbearta ar chaighdeáin, ar threoirlínte agus ar mholtaí idirnáisiúnta, nó, i gcás nach mbainfear leibhéal iomchuí cosanta sláintíochta ná fíteashláintíochta an Pháirtí amach leo sin, ar mheasúnú riosca is iomchuí sna himthosca.

5. Chun na limistéir dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir aon fhaisnéis ábhartha ó údaráis an Pháirtí is onnmhaireoir agus aon taithí roimhe seo leo a chur san áireamh.

6. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a chinneadh gur féidir próiseas brostaithe a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar iarraidh ón bPáirtí is onnmhaireoir ar aitheantas maidir le limistéir atá saor ó lotnaidí agus ó ghalair nó limistéir ina bhfuil leibhéal íseal lotnaidí nó galar.

7. Mura n-aontaíonn an Páirtí is onnmhaireoir le cinneadh an Pháirtí is allmhaireoir, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir réasúnú don Pháirtí is onnmhaireoir.

8. Arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir, soláthróidh an Páirtí is onnmhaireoir míniúchán iomlán agus na sonraí a ghabhann leis le haghaidh na socruithe agus na gcinntí a chumhdaítear leis an Airteagal seo. Le linn na bpróiseas sin, féachfaidh na Páirtithe le cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil a sheachaint.

Ainmhithe, Táirgí Ainmhithe agus Seachtháirgí Ainmhithe

9. Aithníonn na Páirtithe prionsabal an chriosaithe, a chomhaontaíonn siad a chur i bhfeidhm ina gcuid trádála. Aithníonn na Páirtithe freisin an stádas oifigiúil maidir le sláinte ainmhithe arna chinneadh ag WOAH.

10. Is ar an bhfianaise, i bprionsabal, arna soláthar ag an bPáirtí is onnmhaireoir, i gcomhréir le Comhaontú SPS, le Cód Sláinte WOAH um Ainmhithe Talún agus le Cód Sláinte WOAH um Ainmhithe Uiscí a bhunóidh an Páirtí is allmhaireoir a chinneadh féin maidir le stádas sláinte ainmhithe de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir de ghnáth.

11. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar aon fhaisnéis bhreise a fuarthas ón bPáirtí is onnmhaireoir gan moill mhíchuí agus de ghnáth laistigh de 90 lá tar éis dó an fhaisnéis a fháil. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir cigireacht ar an láthair a iarraidh ar an bPáirtí is onnmhaireoir agus déanfaidh sé aon chigireacht i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 6.11 agus laistigh de 90 lá tar éis don iarraidh ar chigireacht a bheith faighte ag an bPáirtí is onnmhaireoir, mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

12. Aithníonn na Páirtithe coincheap na roinnte i ndeighleoga agus rachaidh siad i gcomhar maidir leis an ábhar sin.

Plandaí agus Táirgí Plandaí

13. Aithníonn na Páirtithe coincheapa na limistéar saor ó lotnaidí, na n-áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí agus na láithreán táirgthe saor ó lotnaidí, chomh maith le coincheapa na limistéar ar bheagán lotnaidí mar bhealaí lena gcosnaítear beatha nó sláinte plandaí, agus lena éascaítear an trádáil mar a shonraítear i gCaighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha IPPC maidir le Bearta Fíteashláintíochta, dá ngairtear (dá ngairtear 'CIBFanna' anseo feasta), ar caighdeáin iad a chomhaontaíonn siad a chur i bhfeidhm ar na hearraí a dtrádáiltear eatarthu.

14. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, agus bearta fíteashláintíochta á nglacadh nó á gcoinneáil ar bun aige, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir san áireamh na limistéir saor ó lotnaidí, na háiteanna táirgthe saor ó lotnaidí agus na láithreáin táirgthe saor ó lotnaidí, chomh maith leis na limistéir ar bheagán lotnaidí, arna mbunú ag an bPáirtí is onnmhaireoir i gcomhréir leis na caighdeáin, na treoirlínte agus na moltaí idirnáisiúnta ábhartha.

15. Déanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir na limistéir saor ó lotnaidí, na háiteanna táirgthe saor ó lotnaidí, na láithreáin táirgthe saor ó lotnaidí nó na limistéir ar bheagán lotnaidí a shainaithint agus soláthróidh siad an fhaisnéis sin don Pháirtí eile. Arna iarraidh sin dó, soláthróidh an Páirtí is onnmhaireoir míniúchán iomlán agus na sonraí tacaíochta i gcomhréir leis an CIBF ábhartha, nó ar bhealach eile de réir mar is iomchuí.

16. Gan dochar d'Airteagal 6.16, is ar an bhfaisnéis a sholáthróidh an Páirtí is onnmhaireoir i gcomhréir le Comhaontú SPS agus leis an CIBF ábhartha a bhunóidh an Páirtí is allmhaireoir a chinneadh féin, i bprionsabal, maidir le stádas sláinte plandaí an Pháirtí is onnmhaireoir nó maidir le codanna de.

17. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar aon fhaisnéis bhreise a fuarthas ón bPáirtí is onnmhaireoir gan moill mhíchuí agus de ghnáth laistigh de 90 lá tar éis dó an fhaisnéis a fháil. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir cigireacht ar an láthair a iarraidh ar an bPáirtí is onnmhaireoir agus déanfaidh sé aon chigireacht i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 6.11 agus laistigh de 6 mhí tar éis don iarraidh ar chigireacht ón bPáirtí is allmhaireoir a bheith faighte ag an bPáirtí is onnmhaireoir, mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt. Nuair a chomhaontóidh na Páirtithe maidir le tréimhse éagsúil, cuirfidh siad bitheolaíocht na lotnaide agus an barr lena mbaineann san áireamh.

Airteagal 6.9

Trédhearcacht

1. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhaineann le faisnéis a chomhroinnt, ar bhonn leanúnach, faoi na bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta dá gcuid, agus an luach a bhaineann le deis a thabhairt don Pháirtí eile barúil a thabhairt maidir leis na bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a mholann siad.

2. Agus an tAirteagal seo á chur chun feidhme ag gach Páirtí, cuirfidh sé treoraíocht ábhartha Choiste SPS EDT san áireamh, chomh maith leis na caighdeáin, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta.

3. Mura n-eascraíonn fadhbanna práinneacha i ndáil le beatha daoine, ainmhithe nó plandaí nó fadhbanna cosanta sláinte, nó má tá baol ann go n-eascróidh siad, nó más de chineál éascaithe trádála é an beart, tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi aon bheart sláintíochta nó fíteashláintíochta atá beartaithe lena bhféadfaí difear a dhéanamh don trádáil idir na Páirtithe, agus de ghnáth, ceadóidh sé 60 lá ar a laghad tar éis an fógra a thabhairt don Pháirtí eile chun barúlacha i scríbhinn a sholáthar. Más indéanta agus iomchuí é, ba cheart do Pháirtí a thugann fógra breis agus 60 lá a cheadú le haghaidh barúlacha, agus breithneoidh sé aon iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile maidir le síneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh barúlacha. Arna iarraidh sin, freagróidh an Páirtí na barúlacha i scríbhinn ón bPáirtí eile ar bhealach iomchuí.

4. Déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) trédhearcacht a shaothrú a mhéid a bhaineann le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta is infheidhme maidir le trádáil;

(b) feabhas a chur ar thuiscint fhrithpháirteach bhearta sláintíochta nó fíteashláintíochta (SPS) gach Páirtí agus ar a gcur chun feidhme; agus

(c) faisnéis a mhalartú faoi na hábhair a bhaineann le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, d'fhonn a n-éifeachtaí diúltacha ar an trádáil idir na Páirtithe a íoslaghdú.

5. Soláthróidh gach Páirtí, arna iarraidh sin don Pháirtí eile agus de ghnáth laistigh de 15 lá den iarraidh a bheith faighte, faisnéis faoin méid seo a leanas:

(a) na ceanglais allmhairiúcháin a bhfuil feidhm acu maidir le hallmhairiú táirgí sonracha; agus

(b) an dul chun cinn atá déanta maidir leis an iarratas ar fhormheas táirgí sonracha.

6. Measfar gur soláthraíodh an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhír 4(c) agus i mír 5 má cuireadh ar fáil í trí fhógra a thabhairt do EDT i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha nó má cuireadh an fhaisnéis ar fáil gan táillí ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Pháirtí a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

7. Arna iarraidh sin dó, soláthróidh Páirtí don Pháirtí eile an fhaisnéis ábhartha a ndearna an Páirtí breithniú uirthi agus an beart atá beartaithe á fhorbairt aige, de réir mar is iomchuí agus a mhéid a cheadaítear sin le ceanglais rúndachta agus príobháideachais an Pháirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis.

8. Féadfaidh Páirtí idirphlé leis an bPáirtí eile a iarraidh, más iomchuí agus indéanta sin, maidir le haon ábhar imní a bheadh ann ó thaobh na trádála de i ndáil le beart sláintíochta nó fíteashláintíochta atá beartaithe, agus maidir le cibé arb ann d'aon cur chuige malartach a mbainfeadh i bhfad níos lú sriantachta leis ó thaobh na trádála de agus a d'fhéadfadh cuspóir an bhirt sin a bhaint amach.

9. Foilseoidh gach Páirtí fógraí faoi bhearta sláintíochta nó fíteashláintíochta, trí mheán leictreonach más féidir, in iris oifigiúil nó ar shuíomh gréasáin.

10. Áiritheoidh gach Páirtí go sonrófar an dáta ag a mbeidh éifeacht ag an mbeart agus bunús dlí an bhirt sa téacs nó san fhógra faoi bhearta sláintíochta nó fíteashláintíochta.

11. Tabharfaidh an Páirtí is onnmhaireoir fógra don Pháirtí is allmhaireoir ar bhealach tráthúil agus iomchuí faoin méid seo a leanas:

(a) riosca mór sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhaineann leis an trádáil atá ar siúl an tráth sin;

(b) cásanna práinne ina bhféadfadh athrú ar stádas sláinte plandaí nó ainmhithe ar chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir difear a dhéanamh don trádáil atá ar siúl an tráth sin;

(c) athruithe móra ar stádas lotnaidí nó galar, amhail láithreacht agus éabhlóid lotnaidí nó galar, lena n-áirítear cur i bhfeidhm cinntí réigiúnaithe; agus

(d) athruithe móra ar bheartais nó cleachtais sábháilteachta bia, bainistíochta lotnaidí nó galair, rialaithe nó díothaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil atá ar siúl an tráth sin.

12. Más indéanta agus iomchuí é sin, ba cheart do Pháirtí tréimhse a sholáthar idir an dáta a fhoilsítear na bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe agus an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an mbeart, ar tréimhse í a bheidh níos faide ná 6 mhí, ach amháin má tá sé beartaithe leis an mbeart aghaidh a thabhairt ar fhadhb phráinneach a bhaineann le beatha daoine, ainmhithe nó plandaí nó lena sláinte a chosaint leis an mbeart nó gur de chineál éascaithe trádála é an beart.

13. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile faisnéis dó faoi na bearta uile sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhaineann le hallmhairiú táirge isteach ina chríoch.

Airteagal 6.10

Éascú Trádála

Nósanna imeachta Formheasa

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an ceart ag gach Páirtí nósanna imeachta formheasa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun baint amach leibhéal iomchuí na cosanta sláintíochta agus fíteashláintíochta ag an bPáirtí is allmhaireoir a áirithiú agus éifeachtaí diúltacha ar thrádáil á n-íoslaghdú i gcomhthráth aige.

2. Maidir leis na nósanna imeachta formheasa sláintíochta agus fíteashláintíochta uile a dhéanann difear don trádáil idir na Páirtithe, áiritheoidh gach Páirtí:

(a) go ngabhfar de láimh agus go gcríochnófar gan moill mhíchuí iad; agus

(b) nach ndéanfar iad ar bhealach a bheadh ina idirdhealú treallach nó dochosanta in aghaidh an Pháirtí eile.

3. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile leibhéal iomchuí cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhaineann leis an bPáirtí is allmhaireoir. Chuige sin, bunóidh agus déanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir bearta iomchuí rialaithe, lena n-áirítear cigireacht riosca-bhunaithe ar an láthair i gcás inarb iomchuí. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal go dtaispeánfaidh an t-údarás inniúil ábhartha den Pháirtí is onnmhaireoir, ar bhealach oibiachtúil, agus chun sástacht an Pháirtí is allmhaireoir, go bhfuil a cheanglais maidir le hallmhairiú comhlíonta.

4. Má cheanglaíonn an Páirtí is allmhaireoir nach mór táirge a bheith formheasta sula n-allmhairítear é, cuirfidh an Páirtí sin faisnéis faoi nósanna imeachta sláintíochta agus fíteashláintíochta i ndáil le hallmhairí ar fáil go pras, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir. Áiritheoidh an páirtí is allmhaireoir an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) foilseofar tréimhse phróiseála chaighdeánach gach nós imeachta nó cuirfear an tréimhse ionchasach in iúl arna iarraidh sin dó don Pháirtí is onnmhaireoir;

(b) nuair a fhaigheann sé iarratas, déanfaidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir scrúdú ar iomláine na doiciméadachta go pras agus cuirfidh sé an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas ar bhealach beacht agus iomlán faoi na gnéithe uile atá ar iarraidh;

(c) tarchuirfidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir torthaí an nós imeachta chuig an bPáirtí is onnmhaireoir a luaithe is féidir, ar bhealach beacht agus iomlán, ionas gur féidir gníomh ceartaitheach a dhéanamh, más gá;

(d) leanfaidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir ar aghaidh leis an nós imeachta, a mhéid is indéanta, má iarrann an Páirtí is onnmhaireoir sin, fiú má tá gnéithe den iarratas ar iarraidh; agus

(e) cuirfidh údarás inniúil an Pháirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas, arna iarraidh sin dó, maidir leis an gcéim ag a bhfuil an nós imeachta, lena n-áirítear míniú ar aon mhoill.

5. Má cheanglaíonn Páirtí go ndéanfar measúnú riosca mar chuid den phróiseas formheasa, i ngnáth-imthosca agus de ghnáth laistigh de 1 bhliain amháin tar éis don fhaisnéis a cheanglaítear chun an táirge a onnmhairiú a bheith faighte, cuirfidh an Páirtí sin an measúnú riosca sin ar fáil.

6. Féachfaidh gach Páirtí le hamlínte réasúnta a chur i bhfeidhm le haghaidh gach aon chéime de na próisis formheasa dá chuid agus cuirfidh sé tús go pras leis na próisis sin nuair a fhaigheann sé iarratas ón bPáirtí eile.

7. Seachnóidh gach páirtí dúbláil agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon doiciméadacht, faisnéis nó gníomhaíocht a cheanglaíonn sé ar an iarratasóir mar chuid dá phróisis formheasa; agus

(b) aon fhaisnéis a ndéanann an Páirtí meastóireacht uirthi mar chuid de na próisis formheasa.

8. Déanfaidh gach Páirtí aon athrú a dhéantar ar na próisis formheasa a cheanglaíonn sé nó ar cheanglais ghaolmhara a fhoilsiú go pras. Ach amháin in imthosca a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le leibhéal cosanta an Pháirtí, soláthróidh gach Páirtí idirthréimhse idir foilsiú aon athrú ar a phróisis formheasa nó ar cheanglais ghaolmhara agus a dteacht i bhfeidhm chun a cheadú don Pháirtí eile eolas a chur ar na hathruithe sin agus oiriúnú dóibh. Féachfaidh gach Páirtí le freastal ar an bpróiseas formheasa le haghaidh iarratais a chuirtear faoina bhráid sula bhfoilsítear na hathruithe agus féachfaidh sé le fadú an phróisis formheasa a sheachaint. Má laghdaítear na hualaí mar gheall ar an athrú ar na próisis formheasa, ní chuirfear moill nach bhfuil gá léi ar an teacht i bhfeidhm.

9. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile faisnéis dó faoi chéim an nós imeachta formheasa ar bhealach tráthúil.

Coinníollacha Sonracha i ndáil le Sláinte Plandaí

10. I gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme, a comhaontaíodh faoi IPPC, coinneoidh gach Páirtí faisnéis leordhóthanach ar bun faoina stádas i leith lotnaidí, arbh fhéidir cláir faireachais, díothaithe agus srianta agus na torthaí uathu a áireamh inti, chun tacú le lotnaidí a aicmiú agus údar cuí a thabhairt do bhearta fíteashláintíochta allmhairiúcháin.

11. Féachfaidh gach Páirtí le liosta de lotnaidí rialaithe le haghaidh táirgí lena mbaineann ábhar imní fíteashláintíochta a bhunú agus féachfaidh sé leis an liosta sin a nuashonrú. Beidh an méid seo a leanas san áireamh leis an liosta sin:

(a) na lotnaidí coraintín nach ann dóibh laistigh d'aon chuid de chríoch an Pháirtí;

(b) na lotnaidí coraintín arb ann dóibh, ach nach bhfuil ann go forleathan, agus atá faoi rialú oifigiúil; agus

(c) na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte.

12. Maidir le plandaí nó táirgí plandaí arb ann d'ábhar imní fíteashláintíochta ina leith, déanfaidh gach Páirtí a cheanglais allmhairiúcháin a theorannú lena n-aghaidh go bearta lena n-áirithítear nach ann do lotnaidí rialáilte. Beidh feidhm ag ceanglais allmhairiúcháin den sórt sin maidir le críoch iomlán an Pháirtí is onnmhaireoir, agus na dálaí réigiúnacha á gcur san áireamh.

13. Glacfar le coinsíneachtaí táirgí arb ann do bhearta fíteashláintíochta ina leith, ar bhonn ráthaíochtaí leordhóthanacha a sholáthraíonn an Páirtí is onnmhaireoir gan aon chláir réamh-imréitigh a bheith i gceist. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, bunaithe ar chur chuige córais, na gníomhaíochtaí gaolmhara le haghaidh trádáil táirgí a chur de chúram ar údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir.

14. Ní ghlacfaidh na Páirtithe ach bearta fíteashláintíochta a bhfuil údar cuí leo ar bhonn teicniúil, atá comhsheasmhach leis an riosca lotnaide lena mbaineann agus a bhfuil na bearta sriantacha is lú riosca atá ar fáil i gceist leo.

15. Chun míreanna 10 go 14 a chur chun feidhme, cuirfidh na Páirtithe an CIBF ábhartha san áireamh.

Ceanglais Shonracha Sláintíochta agus Fíteashláintíochta i ndáil le hAllmhairiú

16. Má tá roinnt beart sláintíochta nó fíteashláintíochta ar fáil chun leibhéal iomchuí cosanta a bhaint amach don Pháirtí is allmhaireoir, bunóidh na Páirtithe idirphlé teicniúil, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, d'fhonn cur isteach nach gá ar thrádáil a sheachaint agus an réiteach is indéanta a roghnú.

Airteagal 6.11

Iniúchtaí

1. Chun go gcinnfidh an Páirtí is allmhaireoir cumas an Pháirtí is onnmhaireoir na dearbhuithe a cheanglaítear a sholáthar agus beartais sláintíochta agus fíteashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir a chomhlíonadh, beidh an ceart ag an bPáirtí is allmhaireoir, faoi réir fhorálacha an Airteagail seo, iniúchadh a dhéanamh ar údaráis inniúla agus córais chigireachta chomhlachaithe nó ainmnithe an Pháirtí is onnmhaireoir.

2. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a chinneadh go bhfuil gá le hiniúchadh a dhéanamh mar cheann de na huirlisí chun measúnú a dhéanamh ar chórais oifigiúla um chigireacht agus um dheimhniú den Pháirtí is onnmhaireoir. Cur chuige córaisbhunaithe a bheidh i gceist leis an iniúchadh sin lena mbeifear ag brath ar scrúdú a dhéantar ar shampla de nósanna imeachta córais, doiciméid nó taifid agus, i gcás inar gá sin, ar chigireacht ar an láthair a dhéantar ar na saoráidí a thagann faoi raon feidhme an iniúchta.

3. Díreofar go príomha sna hiniúchtaí ar mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras oifigiúil um chigireacht agus um dheimhniú, agus ar acmhainneacht an Pháirtí is onnmhaireoir chomh maith na ceanglais sláintíochta agus fíteashláintíochta i ndáil le hallmhairiú agus na bearta gaolmhara rialaithe a chomhlíonadh, seachas díriú ar mheastóireacht a dhéanamh ar bhunaíochtaí nó saoráidí sonracha, chun go gcinnfear cumas údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir rialú a dhéanamh agus a choinneáil ar bun agus na dearbhuithe a cheanglaítear a sholáthar don Pháirtí is allmhaireoir.

4. Agus an t-iniúchadh á dhéanamh aige, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir treoraíocht ábhartha Choiste SPS EDT san áireamh agus gníomhóidh sé i gcomhréir leis na caighdeáin, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta ábhartha.

5. Cinnfidh an Páirtí is allmhaireoir cineál agus minicíocht na n-iniúchtaí agus na rioscaí bunúsacha a ghabhann leis an táirge, agus cuntas teiste na seiceálacha allmhairithe roimhe sin agus faisnéis eile atá ar fáil, amhail iniúchtaí agus cigireachtaí arna ndéanamh ag údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir á gcur san áireamh aige.

6. Féachfaidh gach Páirtí le minicíocht agus líon na n-iniúchtaí a laghdú. Má mheasann an Páirtí is allmhaireoir go bhfuil gá le hiniúchadh a dhéanamh mar cheann de na huirlisí chun measúnú a dhéanamh ar chórais oifigiúla um chigireacht agus um dheimhniú den Pháirtí is onnmhaireoir, agus ar acmhainneacht an Pháirtí is onnmhaireoir na ceanglais sláintíochta agus fíteashláintíochta i ndáil le hallmhairiú agus na bearta gaolmhara rialaithe a chomhlíonadh, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) maidir leis an gcéad iarratas ar onnmhairiú i ndáil le táirge sonrach, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir iniúchadh ar shampla ionadaíoch den Pháirtí is onnmhaireoir; agus

(b) maidir le haon iarraidh ar onnmhairiú ina dhiaidh sin i ndáil leis an táirge céanna, chun go laghdófar fad ama an nós imeachta formheasa, ní dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir iniúchadh den sórt sin ach amháin in imthosca a bhfuil údar cuí leo. Má dhéanann an Páirtí is allmhaireoir iniúchadh, soláthróidh sé míniúchán don Pháirtí is onnmhaireoir.

7. Sula ndéanfar an t-iniúchadh, beidh idirphlé idir údaráis inniúla an Pháirtí is allmhaireoir agus údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir maidir le plean iniúchta agus leagfaidh siad síos ann an méid seo a leanas:

(a) an réasúnaíocht maidir leis an iniúchadh agus cuspóirí agus raon feidhme an iniúchta;

(b) na critéir agus na ceanglais a ndéanfar an Páirtí is onnmhaireoir a iniúchadh ina n-aghaidh; agus

(c) an clár oibre agus na nósanna imeachta i ndáil leis an iniúchadh a dhéanamh.

Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir plean iniúchta don Pháirtí is onnmhaireoir 30 lá ar a laghad sula gcuirfear tús leis an iniúchadh.

8. Soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir faisnéis i scríbhinn faoi thorthaí an iniúchta don Pháirtí is onnmhaireoir trí bhíthin tuarascáil iniúchóireachta ina leagfar amach torthaí, conclúidí agus moltaí.

9. Soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir an dréacht-tuarascáil iniúchóireachta don Pháirtí is onnmhaireoir, de ghnáth laistigh de 30 lá tar éis chríoch an iniúchta.

10. Soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir an deis don Pháirtí is onnmhaireoir a bharúil a thabhairt ar thorthaí an iniúchta. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir aon bharúil den sórt sin a chur san áireamh sula mbainfidh sé conclúidí agus sula ndéanfaidh sé aon ghníomh. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir tuarascáil chríochnaitheach ar fáil i scríbhinn don Pháirtí is onnmhaireoir de ghnáth laistigh de 2 mhí ón dáta a bhfaighfear na barúlacha sin.

11. Cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir an Páirtí is allmhaireoir ar an eolas maidir le haon gníomhaíocht cheartaitheach a dhéantar ar bhonn torthaí agus conclúidí ón bPáirtí is allmhaireoir.

12. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh faisnéise rúnda a chosc, ar faisnéis í a fhaightear le linn iniúchadh ar údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir, lena n-áirítear nósanna imeachta chun aon fhaisnéis rúnda a bhaint de thuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach sula gcuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

13. Aon bheart a dhéanfar de thoradh iniúchtaí, beidh siad comhréireach leis na rioscaí a shainaithnítear agus ní bheidh siad níos sriantaí ó thaobh na trádála de ná mar a cheanglaítear chun leibhéal cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta iomchuí an Pháirtí is allmhaireoir a bhaint amach. Má iarrann Páirtí comhairliúcháin i dtaca leis an staid, is i gcomhréir le hAirteagal 6.19 a reáchtálfar iad. Déanfaidh na Páirtithe breithniú ar aon fhaisnéis a sholáthrófar trí chomhairliúcháin den sórt sin.

14. Íocfaidh gach Páirtí a chostais féin a bhaineann leis an iniúchadh.

Airteagal 6.12

Seiceálacha Allmhairiúcháin

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a sheiceálacha allmhairiúcháin rioscabhunaithe, go ndéanfar gan moill mhíchuí iad agus go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach iad.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcomhlíonfaidh táirgí a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile ceanglais sláintíochta agus físeashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir.

3. Cuirfidh gach Páirtí faisnéis ar fáil don Pháirtí eile, arna iarraidh sin dó, ar faisnéis í faoina nósanna imeachta allmhairiúcháin, lena n-áirítear minicíocht seiceálacha allmhairiúcháin a bhaineann le bearta sláintíochta agus físeashláintíochta, agus na tosca lena measann sé a bheith ina dtosca cinntitheacha a mhéid a bhaineann leis na rioscaí atá bainteach le hallmhairí.

4. Má nochtar trí sheiceáil allmhairiúcháin nach gcomhlíonann táirge na ceanglais ábhartha allmhairiúcháin, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir mar a leanas:

(a) bunóidh sé an ghníomhaíocht dá chuid ar mheasúnú ar an riosca lena mbaineann agus áiritheoidh sé nach mbeidh an ghníomhaíocht níos sriantaí, ó thaobh na trádála de, ná mar is gá chun a leibhéal sláintíochta nó físeashláintíochta iomchuí a bhaint amach;

(b) cuirfidh sé an t-allmhaireoir nó a ionadaí ar an eolas faoi na cúiseanna leis an neamhchomhlíontacht, faoin mbunús dlí leis an ngníomhaíocht agus, de réir mar is iomchuí, faoi áit diúscartha na coinsíneachta sin; agus

(c) soláthróidh sé an deis don allmhaireoir nó dá ionadaí faisnéis bhreise a sholáthar chun cúnamh a thabhairt don Pháirtí sin agus cinneadh á dhéanamh aige.

5. Má chuireann Páirtí toirmeasc nó srian ar allmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile ar bhonn toradh diúltach ar sheiceáil allmhairiúcháin, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir i scríbhinn trí na gnáth-bhealaí, i gcomhréir lena dhlí féin, arna iarraidh sin dó ag údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir nó ag an oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht, an chúis leis an toirmeasc nó an srian, an bunús dlí nó an t-údarú a ghabhann leis an ngníomhaíocht, agus, de réir mar is iomchuí, faisnéis faoi áit diúscartha na coinsíneachta sin ([24]).

6. Má ghabhann deimhniú sláintíochta nó físeashláintíochta leis an gcoinsíneacht ar diúltaíodh di, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir ar an eolas agus soláthróidh sé an fhaisnéis iomchuí uile, lena n-áirítear an bunús dlí a ghabhann leis an ngníomhaíocht, torthaí mionsonraithe saotharlainne agus modhanna. Coinneoidh an Páirtí is allmhaireoir doiciméadacht fhisiceach agus leictreonach ar bun maidir le sainaithint, bailiú, sampláil, iompar agus stóráil an tsampla tástála agus na modhanna anailíse a úsáideadh ar an sampla tástála. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an t-allmhaireoir nó a ionadaí ar an eolas freisin maidir le diúscairt na coinsíneachta sin. I gcás idircheapadh lotnaidí, cuirfear an lotnaid in iúl san fhógra ar leibhéal an speicis nuair is indéanta é sin.

7. Má chinneann an Páirtí is allmhaireoir gurb ann do phátrún suntasach, marthanach nó athfhillteach de neamh-chomhréireacht i ndáil le beart sláintíochta nó físeashláintíochta, tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra don Pháirtí is onnmhaireoir maidir leis an neamh-chomhréireacht.

([24]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfear cosc le haon ní san Airteagal seo ar dhiúscairt coinsíneachta ag Páirtí is allmhaireoir, ar coinsíneacht í a bhfuarthas pataigin nó lotnaid ionfhabhtaíoch inti a bheadh in ann leathadh agus dochar a dhéanamh do bheatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí i gcríoch an Pháirtí sin in éagmais gníomhaíocht phráinneach a déanamh.

8. D'ainneoin mhír 6, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir faisnéis don Pháirtí is onnmhaireoir, arna hiarraidh sin dó, ar faisnéis infhaighte í faoi earraí ón bPáirtí is onnmhaireoir ar cinneadh ina leith nach raibh siad i gcomhréir le beart sláintíochta nó físeashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir.

9. Aon táille a fhorchuirtear maidir le haon nós imeachta chun comhlíonadh beart sláintíochta nó físeashláintíochta a sheiceáil agus a áirithiú, ní bheidh siad níos airde ná costas iarbhír na seirbhíse.

Airteagal 6.13

Deimhniú

1. Má tá deimhniú sláintíochta nó físeashláintíochta ina cheanglas ag Páirtí chun earra a allmhairiú, bunófar deimhniú den sórt sin ar chaighdeáin idirnáisiúnta Codex, IPPC agus WOAH.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go n-ullmhófar a dheimhnithe, lena n-áirítear aon fhianú, ar bhealach lena seachnófar ualaí nach bhfuil gá leo a fhorchur maidir leis an trádáil idir na Páirtithe.

3. Soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir faisnéis don Pháirtí eile go pras, arna iarraidh sin dó, ar faisnéis í faoi na deimhnithe a cheanglaítear le haghaidh earra sonrach.

4. Neartóidh na Páirtithe a gcomhar maidir le bunleaganacha de dheimhnithe a fhorbairt d'fhonn ualaí riaracháin a laghdú agus rochtain ar a margaí faoi seach a éascú.

5. Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme deimhniúcháin leictreonaigh agus teicneolaíochtaí eile a chur chun cinn chun an trádáil a éascú.

6. Glacfaidh gach Páirtí le malartú deimhnithe bunaidh trí chóras páipéarbhunaithe nó trí mhodh slán tarchurtha sonraí leictreonacha lena dtairgtear ráthaíocht deimhniúcháin choibhéiseach. Féadfaidh an Páirtí is onnmhaireoir deimhniúchán oifigiúil leictreonach a sholáthar má tá sé cinntithe ag an bPáirtí is allmhaireoir gur soláthraíodh ráthaíochtaí slándála coibhéiseacha, lena n-áirítear gur úsáideadh síniú digiteach agus gur tugadh ráthaíocht faoi bharántúlacht an doiciméid.

Airteagal 6.14

Bearta SPS a Chur i bhFeidhm

1. Gan dochar d'Airteagal 6.8, cuirfidh gach Páirtí a bhearta sláintíochta nó físeashláintíochta i bhfeidhm maidir le críoch an Pháirtí eile.

2. Chun idirdhealú treallach nó dochosanta a sheachaint, beidh feidhm ag na ceanglais allmhairiúcháin chéanna maidir le críoch an Pháirtí is onnmhaireoir i gcás inarb ann do dhálaí sláintíochta nó físeashláintíochta atá comhionann nó comhchosúil.

3. Maidir leis an gcéad iarraidh ar onnmhairiú i ndáil le táirge sonrach, tosóidh an Páirtí is allmhaireoir an nós imeachta formheasa le haghaidh iarratas ón bPáirtí eile go pras, nó, de réir mar a bheidh, ó Bhallstát amháin den Aontas Eorpach nó ó ghrúpa de Bhallstáit den Aontas Eorpach. Beidh an nós imeachta formheasa ar aon dul leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6.10 agus, i gcás iarratas ó ghrúpa de Bhallstáit den Aontas Eorpach inarb ann do dhálaí sláintíochta nó físeashláintíochta atá comhionann nó comhchosúil, ní thógfaidh an nós imeachta sin níos mó ama ná mar a thógfadh iarratas ó aon Bhallstát amháin den Aontas Eorpach.

4. Maidir le hiarraidh ar onnmhairiú ina dhiaidh sin a bhaineann leis an táirge céanna, formheasfaidh an Páirtí is allmhaireoir an t-iarratas tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don iarraidh a bheith faighte, ach amháin i gcásanna a mbeidh údar cuí leo. Beidh iarrataí ar fhaisnéis teoranta don mhéid atá riachtanach agus cuirfear san áireamh leo faisnéis atá ar fáil cheana don Pháirtí is allmhaireoir, amhail faisnéis faoin gcreat reachtach agus tuarascálacha iniúchóireachta a bhí ann roimhe.

Airteagal 6.15

Bearta Rialaithe atá as Dáta a Dhíothú

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil freagracht ar an bPáirtí is onnmhaireoir as a áirithiú go gcomhlíonfaidh bunaíochtaí, saoráidí agus táirgí atá incháilithe le haghaidh onnmhairí ceanglais sláintíochta is infheidhme an Pháirtí is allmhaireoir.

2. Má choinníonn an Páirtí is allmhaireoir liosta ar bun de bhunaíochtaí nó saoráidí a fhormheastar le haghaidh earra sonrach a allmhairiú, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, agus na ráthaíochtaí iomchuí ag gabháil leis an iarraidh sin, formheasfaidh an Páirtí is allmhaireoir bunaíocht nó saoráid atá suite i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir gan an bhunaíocht ná an tsaoráid sin a iniúchadh roimh ré, faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) d'údaraigh an Páirtí is allmhaireoir allmhairiú an earra ar bhonn meastóireacht a rinneadh ar an gcóras rialaithe maidir leis na coinníollacha sláinte ainmhithe agus sábháilteachta bia arna gcur i bhfeidhm ag údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir;

(b) d'fhormheas údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir an bhunaíocht nó an tsaoráid lena mbaineann;

(c) tá sé d'údarás ag údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir formheas na bunaíochta nó na saoráide a chur ar fionraí nó a tharraingt siar; agus

(d) sholáthair an Páirtí is onnmhaireoir an fhaisnéis ábhartha a d'iarr an Páirtí is allmhaireoir uirthi.

3. Áireoidh an Páirtí is allmhaireoir na bunaíochtaí nó na saoráidí ar an liosta de bhunaíochtaí nó saoráidí formheasta de ghnáth laistigh de 45 lá tar éis don iarraidh ón bPáirtí is onnmhaireoir a bheith faighte. Cuirfear an liosta ar fáil go poiblí.

4. Beidh an ceart ag an bPáirtí is allmhaireoir iniúchadh a dhéanamh ar chóras rialaithe an Pháirtí is onnmhaireoir tar éis don formheas le haghaidh onnmhairiú a bheith formheasta. Is féidir a áireamh sna hiniúchtaí sin cigireacht ar an láthair a dhéantar ar líon ionadaíoch bunaíochtaí nó saoráidí a áirítear i liosta na mbunaíochtaí nó na saoráidí formheasta, nó i liosta bunaíochta nó saoráidí ar iarr an Páirtí is onnmhaireoir formheas ina leith. Má shainaithníonn an Páirtí is allmhaireoir cásanna neamhchomhlíonta tromchúiseacha athfhillteacha de thoradh an iniúchta, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir aitheantas chóras rialaithe údaráis inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir a chur ar fionraí.

5. In imthosca a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir formheas bunaíochtaí nó saoráidí a dhiúltú má mheastar nach bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas dá chuid. I gcás den sórt sin, tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra don Pháirtí is onnmhaireoir faoin diúltú do bhunaíochtaí nó saoráidí a fhormheas agus soláthróidh sé údar cuí maidir leis an diúltú sin.

6. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir iniúchtaí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6.11 mar chuid den nós imeachta formheasa. Beidh iniúchtaí den sórt sin teoranta do struchtúr, eagrú agus freagrachtaí an údaráis inniúil ar a bhfuil an fhreagracht as formheas na bunaíochta nó na saoráide agus as na ráthaíochtaí sláintíochta a bhaineann le comhlíontacht cheanglais an Pháirtí is allmhaireoir. Is féidir a áireamh sna hiniúchtaí sin cigireacht ar an láthair a dhéanfar ar líon ionadaíoch bunaíochtaí nó saoráidí a áirítear i liosta na mbunaíochtaí nó na saoráidí formheasta, nó i liosta bunaíochta nó saoráidí ar iarr an Páirtí is onnmhaireoir formheas ina leith.

7. Bunaithe ar thorthaí na n-iniúchtaí sin, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir liosta na mbunaíochtaí nó na saoráidí a mhodhnú.

8. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le bearta a bhaineann le plandaí agus táirgí plandaí.

Airteagal 6.16

Bearta Éigeandála

1. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, ar fhorais thromchúiseacha, na bearta éigeandála a ghlacadh ar bhonn sealadach ar gá iad chun beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint.

2. Páirtí a ghlacann beart éigeandála, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn faoin mbeart sin don Pháirtí eile go pras. An Páirtí a ghlac beart éigeandála, cuirfidh sé san áireamh aon fhaisnéis arna soláthar ag an bPáirtí eile.

3. Tar éis dó beart éigeandála a ghlacadh, déanfaidh an Páirtí athbhreithniú ar an réasúnaíocht a ghabhann leis, de ghnáth laistigh de 6 mhí, ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fáil, agus cuirfidh sé an Páirtí eile, arna iarraidh sin dó, ar an eolas maidir le torthaí an athbhreithnithe. Ní choinneoidh Páirtí an beart éigeandála ar bun ach amháin má leanann an fhadhb phráinneach nó an bhagairt ar aghaidh go marthanach. Má choinníonn an Páirtí an beart éigeandála ar bun, ba cheart athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an mbeart sin.

4. Páirtí a ghlacann beart éigeandála, chun cur isteach nach gá ar thrádáil a sheachaint, soláthróidh sé an réiteach is oiriúnaí agus is comhréirí le haghaidh coinsíneachtaí atá faoi bhealach idir na Páirtithe, agus an riosca a sainaithníodh á chur san áireamh.

Airteagal 6.17

Comhar

1. Fiosróidh na Páirtithe, i gcomhréir leis an gCaibidil seo, roghanna le haghaidh comhair agus malartú faisnéise breise idir na Páirtithe maidir le hábhair leasa choitinn sláintíochta agus físeashláintíochta. Féadfar tionscnaimh éascaithe trádála a áireamh ar na roghanna sin.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú agus féadfaidh siad tionscnaimh maidir le hábhair sláintíochta agus físeashláintíochta a shainaithint i gcomhpháirt agus é d'aidhm aige sin bacainní ar thrádáil idir na Páirtithe, nach bhfuil gá leo, a dhíothú.

3. Féadfaidh na Páirtithe comhar a chur chun cinn sna fóraim iltaobhacha uile, go háirithe comhar leis na comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta um chaighdeánú.

Airteagal 6.18

Malartú Faisnéise

Gan dochar d'fhorálacha eile na Caibidle seo, féadfaidh Páirtí faisnéis a iarraidh ar an bPáirtí eile maidir le hábhair a eascraíonn maidir leis an gCaibidil seo. Féachfaidh an Páirtí iarrtha leis an bhfaisnéis atá ar fáil a sholáthar, i gcomhréir lena cheanglais rúndachta agus phríobháideachais féin, don Pháirtí is iarrthóir laistigh de thréimhse réasúnta, agus más féidir, trí mheán leictreonach.

Airteagal 6.19

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh gach Páirtí comhairliúcháin a iarraidh maidir le hábhair imní shonracha a bhaineann le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta.

2. Reáchtálfaidh na Páirtithe na comhairliúcháin sin laistigh de 30 lá tar éis don iarraidh a bheith faighte, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

3. Féachfaidh na Páirtithe leis an bhfaisnéis ábhartha uile a sholáthar ar gá í chun go dtiocfar ar réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach agus lena seachnófar cur isteach ar thrádáil nach bhfuil gá leis.

Airteagal 6.20

Pointí Teagmhála

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála i ndáil leis an gCaibidil seo a chur chun feidhme agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi na sonraí teagmhála, lena n-áirítear mionsonraí faoin oifigeach atá i gceannas.

2. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

Airteagal 6.21

An Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta

1. Déanfaidh an Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú de bhun fhomhír 1(e) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) mar a leanas:

(a) soláthróidh sé fóram chun feabhas a chur ar thuiscint na bPáirtithe ar ábhair sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo, lena n-áirítear na próisis rialála a bhaineann le bearta SPS;

(b) déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo, agus breithneoidh sé ar aon ábhar a bhaineann leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear ar gach ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil lena cur chun feidhme;

(c) soláthróidh sé fóram le haghaidh idirphlé a dhéanamh ar ábhair imní a bhaineann le cur i bhfeidhm beart sláintíochta nó fíteashláintíochta d'fhonn teacht ar réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach agus d'fhonn aghaidh a thabhairt go pras ar aon ábhar lena bhféadfaí constaicí don trádáil idir na Páirtithe nach bhfuil gá leo a chruthú;

(d) faisnéis, saineolas agus taithí a mhalartú maidir le hábhair sláintíochta agus fíteashláintíochta;

2. Féadfaidh an Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) réimsí a shainaithint i ndáil le comhar maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, a bhféadfadh cúnamh teicniúil a bheith san áireamh leo;

(b) comhar maidir le hábhair sláintíochta agus fíteashláintíochta a ndéantar plé ina leith i bhfóraim iltaobhacha a chur chun cinn, lena n-áirítear Coiste SPS EDT agus comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú; agus

(c) meithleacha de chomhdhéanamh ionadaithe na bPáirtithe ar leibhéal saineolaithe a bhunú, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha sláintíochta nó fíteashláintíochta, ar meithleacha iad a d'fhéadfadh a iarraidh ar shaineolaithe eile a bheith rannpháirteach, agus na nósanna imeachta le cinneadh a dhéanamh orthu, lena n-áirítear saineolaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

CAIBIDIL 7

COMHAR MAIDIR LE LEAS AINMHITHE AGUS FRITHSHEASMHACHT IN AGHAIDH ÁBHAIR FHRITHMHIOCRÓBACHA

Airteagal 7.1

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag an gCaibidil seo creat a sholáthar le haghaidh idirphlé agus comhar d'fhonn feabhas a chur ar chosaint agus leas ainmhithe agus teacht ar chomhthuiscint i ndáil le caighdeáin leasa ainmhithe, agus neart a chur leis an gcomhrac in aghaidh fhorbairt na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

Airteagal 7.2

Leas Ainmhithe

1. Aithníonn na Páirtithe gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe.

2. Aithníonn na Páirtithe an luach a ghabhann le caighdeáin leasa ainmhithe na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), agus féachfaidh siad le feabhas a chur ar chur chun feidhme na gcaighdeán sin, agus an ceart atá acu leibhéal a mbeart eolaíocht-bhunaithe a chinneadh á urramú i gcomhthráth, bunaithe ar chaighdeáin leasa ainmhithe WOAH.

3. Féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta agus é d'aidhm leis sin forbairt bhreise dea-chleachtas leasa ainmhithe a chur chun cinn agus cur chun feidhme na gcleachtas sin. Aithníonn na Páirtithe an luach a ghabhann le comhar méadaithe i gcúrsaí taighde sa réimse leasa ainmhithe.

Airteagal 7.3

Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha

1. Aithníonn na Páirtithe gur bagairt thromchúiseach ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe í an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha. Is féidir le mí-úsáid frithmhiocróbach i dtáirgeadh ainmhithe, lena n-áirítear úsáid neamhtheiripeach, cur le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do bheatha an duine. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil gá le cur chuige trasnáisiúnta, 'Aon Sláinte Amháin' ([25]) de bharr chineál na bagartha.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun úsáid ábhar frithmhiocróbach i dtáirgeadh ainmhithe a laghdú agus chun cosc a chur ar a n-úsáid mar spreagthóirí fáis agus é d'aidhm leis sin frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac i gcomhréir leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin'.

3. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar agus déanfaidh siad obair leantach maidir le treoirlínte, caighdeáin, moltaí agus gníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, arna bhforbairt in eagraíochtaí idirnáisiúnta, tionscnaimh agus pleananna náisiúnta ábhartha arb é is aidhm dóibh úsáid stuama agus fhreagrach ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn i riar ainmhithe agus i gcleachtais tréidliachta.

4. Cuirfidh na Páirtithe an comhar chun cinn sna fóraim iltaobhacha uile, go háirithe sna comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeáin a leagan síos.

([25]) Is cur chuige é 'Aon Sláinte Amháin' mar a shainmhíníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte é lena ndéantar beartais in earnálacha éagsúla a chomhcheangal chun torthaí sláinte poiblí níos fearr a bhaint amach.

Airteagal 7.4

An Mheitheal maidir le Leas Ainmhithe agus Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha

1. Féachfaidh na Páirtithe le faisnéis, saineolas agus taithí sa réimse leasa ainmhithe agus i réimse an chomhraic in aghaidh frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a mhalartú agus é d'aidhm aige sin Airteagail 7.2 agus 7.3 a chur chun feidhme.

2. Chuige sin, bunóidh na Páirtithe meitheal maidir le leas ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, ar meitheal í a chomhroinnfidh faisnéis leis an bhFochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta, de réir mar is iomchuí. Féadfaidh ionadaithe na bPáirtithe sa mheitheal sin cinneadh a dhéanamh i gcomhpháirt cuireadh a thabhairt do shaineolaithe le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha.

Airteagal 7.5

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 8

AITHEANTAS DO CHEART NA bPÁIRTITHE AN EARNÁIL FUINNIMH A RIALÁIL

Airteagal 8.1

Aitheantas do Cheart na bPáirtithe an Earnáil Fuinnimh a Rialáil

1. Deimhníonn na Páirtithe a n-urraim iomlán dá gceannasacht, faoi seach, lena n-áirítear na hidreacarbóin uile i bhfo-ithir gach ceann dá gcríocha a bheith faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht an stáit nó na n-údarás poiblí ábhartha, agus don cheart ceannasach atá acu, faoi seach, rialú a dhéanamh maidir le hábhair ar a dtugtar aghaidh sa Chaibidil seo i gcomhréir lena ndlí féin, agus a bpróisis dhaonlathacha á bhfeidhmiú go hiomlán.

2. I gcás Mheicsiceo, aithníonn an tAontas Eorpach an méid seo a leanas, gan dochar dá chearta agus dá leigheasanna atá ar fáil faoin gComhaontú seo ([26]):

(a) Coimeádann Meicsiceo a cheart ceannasach aige féin a Bhunreacht (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos) agus a reachtaíocht intíre maidir leis an earnáil fuinnimh, lena n-áirítear hidreacarbóin agus leictreachas, a athchóiriú;

(b) Is ag Meicsiceo atá úinéireacht dhíreach, dhoshannta agus dhochealaithe na hidreacarbón uile i bhfo-ithir na críche náisiúnta, lena n-áirítear an scairbh ilchríochach agus an limistéar eacnamaíoch eisiach atá suite lasmuigh den fharraige theorann agus in aice léi, i sraitheanna nó i bhfosuithe, gan beann ar a gcoinníollacha fisiceacha de bhun Bhunreacht Mheicsiceo; agus

(c) Coimeádann Meicsiceo a cheart ceannasach aige féin bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir leis an earnáil fuinnimh, lena n-áirítear hidreacarbóin agus leictreachas.

([26]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis na cearta sin agus leigheasanna sin iad siúd a eascraíonn as oibleagáidí Mheicsiceo de bhun na bhforálacha i gCaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E.

CAIBIDIL 9

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

Airteagal 9.1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo trádáil earraí idir na Páirtithe a éascú trí bhacainní teicniúla ar thrádáil nach bhfuil gá leo a chosc, a shainaithint agus a dhíothú, trédhearcacht a mhéadú agus comhar rialála níos fearr a chur chun cinn.

Airteagal 9.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT, lena bhféadfar difear a dhéanamh don trádáil in earraí idir na Páirtithe a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

2. D'ainneoin mhír 1, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraíochtaí teicniúla arna n-ullmhú ag eintitis soláthair le haghaidh a gceanglais féin táirgthe nó tomhaltais; nó

(b) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chumhdaítear le Caibidil 6 (Bearta Sláintíochta agus Fíteasláintíochta).

3. Áirítear leis na tagairtí do rialacháin theicniúla, do chaighdeáin agus do nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sa Chaibidil seo leasuithe arna ndéanamh orthu, agus breiseanna arna gcur leis na rialacha nó leis an gcumhdach táirgí a ghabhann leo, ach amháin i gcás leasuithe agus breiseanna de chineál beag.

Airteagal 9.3

Gaolmhaireacht le Comhaontú BTT

Déantar Airteagail 2 go 9 de Chomhaontú BTT agus Iarscríbhinní 1 agus 3 a ghabhann leis a ionchorprú leis seo sa Chomhaontú seo agus déantar cuid de díobh, *mutatis mutandis*.

Airteagal 9.4

Caighdeáin Idirnáisiúnta

1. Aithníonn na Páirtithe an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag caighdeáin idirnáisiúnta, treoracha agus moltaí i ndáil le tacú le hailíniú rialála níos fearr, le dea-chleachtas rialála maith agus le laghdú bacainní ar thrádáil nach bhfuil gá leo. Chuige sin, úsáidfidh na Páirtithe caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar bhonn dá rialacháin theicniúla, ach amháin nuair nach féidir leis an bPáirtí atá ag forbairt an rialacháin theicniúil a léiriú go mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin neamhéifeachtach nó míchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a bhaint amach.

2. Chomh maith leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 2 agus 5 de Chomhaontú BTT agus in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis a mheas, measfaidh gach páirtí, i measc nithe eile, na cinntí agus na moltaí atá glactha ag Coiste EDT um Bacainní Teicniúla don Trádáil ón 1 Eanáir 1995 i leith ([27]).

([27]) Doiciméad EDT G/TBT/1/Rev. 13, dar dáta an 8 Márta 2017, lena n-áirítear aon leasú a dhéanfar air ina dhiaidh sin.

3. Maidir le caighdeáin arna bhforbairt ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na caighdeáin sin a liostaítear in Iarscríbhinn 9-A, measfar gur caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha iad, ar choinníoll, agus iad á bhforbairt, gur chomhlíon na heagraíochtaí sin na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chinneadh ó Choiste EDT um Bacainní Teicniúla don Trádáil i ndáil le Prionsabail maidir le Caighdeáin, Treoracha agus Moltaí Idirnáisiúnta a Fhorbairt ([28]).

4. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, féadfaidh an Coiste Trádála, trí bhíthin cinnidh, an liosta in Iarscríbhinn 9-A a thabhairt cothrom le dáta.

5. D'fhonn caighdeáin a chomhchuibhiú ar an mbonn is leithne agus is féidir, spreagfaidh gach Páirtí na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh dá chríoch chomh maith leis na comhlachtaí réigiúnacha um chaighdeánú a bhfuil an Páirtí nó na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh dá chríoch ina gcomhaltaí díobh, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) páirt a ghlacadh, laistigh de theorainneacha a n-acmhainní, in ullmhú caighdeán idirnáisiúnta ag comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú idirnáisiúnta;

(b) caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a úsáid mar bhonn do na caighdeáin a fhorbraíonn siad, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin neamhéifeachtach nó míchuí, mar shampla, de dheasca leibhéal neamhleor cosanta nó tosca bunúsacha aeráide nó geografacha nó de dheasca fadhbanna bunúsacha teicneolaíocha;

(c) dúbláil nó forluí a sheachaint ar obair na gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(d) athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar chaighdeáin náisiúnta agus réigiúnacha nach bhfuil bunaithe ar chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, d'fhonn a gcóineasú le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a mhéadú;

(e) dul i gcomhar le comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú den Pháirtí eile i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe chun a áirithiú nach gcruthófar bacainní ar thrádáil idirnáisiúnta nach bhfuil gá leo mar gheall ar chaighdeáin idirnáisiúnta, treoracha agus moltaí ar dóchúil go mbeidh siad ina mbonn le haghaidh rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta; féadfar an comhar sin a dhéanamh i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú nó ar an leibhéal réigiúnach;

(f) comhar déthaobhach leis na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh de chríoch an Pháirtí eile a chothú, agus leis na comhlachtaí réigiúnacha um chaighdeánú chomh maith a bhfuil an Páirtí eile nó na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh dá chríoch ina gcomhaltaí díobh;

(g) a gcláir oibre a chur ar fáil go poiblí trí shuíomh gréasáin, ar cláir iad ina bhfuil liosta de na caighdeáin atá á n-ullmhú acu an tráth sin agus liosta de na caighdeáin atá glactha acu.

6. Tá feidhm ag Airteagal 9.6 den Chaibidil seo agus ag Airteagal 2 nó 5 de Chomhaontú BTT maidir le dréachtrialachán teicniúil nó dréacht-nós imeachta um measúnú comhréireachta, lena ndéantar caighdeán sainordaitheach trí ionchorprú nó trí phróiseas tagartha.

Airteagal 9.5

Nósanna imeachta um Measúnú Comhréireachta

1. Aithníonn na Páirtithe gurb ann do shásraí éagsúla chun ghlacadh na dtorthaí ó mheasúnú comhréireachta a éascú, lena n-áirítear:

(a) comhaontuithe deonacha idir na comhlachtaí um measúnú comhréireachta laistigh de críocha na bPáirtithe;

(b) comhaontuithe maidir le glacadh frithpháirteach le torthaí ó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bhaineann le rialacháin theicniúla shonracha, arna ndéanamh ag comhlachtaí atá laistigh de chríoch an Pháirtí eile;

([28]) San áireamh i nDoiciméad EDT G/TBT/1/Rev. 13, dar dáta an 8 Márta 2017, lena n-áirítear aon leasú a dhéanfar air ina dhiaidh sin.

(c) nósanna imeachta creidiúnaithe a úsáid chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú;

(d) ainmniocht ag rialtas, nó, más infheidhme, formheas ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(e) aitheantas ó Pháirtí do thorthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta laistigh de chríoch an Pháirtí eile; agus

(f) glacadh le dearbhú comhréireachta an tsoláthróra ag an bPáirtí is allmhaireoir.

2. Ag aithint dó na difríochtaí sna nósanna imeachta um measúnú comhréireachta ina gcríocha faoi seach:

(a) cuirfidh an tAontas Eorpach córas dhearbhú comhréireachta an tsoláthróra i bhfeidhm, dá ndéantar foráil ina dhlíthe agus ina rialacháin; agus

(b) glacfaidh Meicsiceo le deimhnithe mar dhearbhú, de réir mar a dhéantar foráil dó sin ina dhlíthe agus ina rialacháin, go bhfuil táirge i gcomhréir leis na ceanglais i rialacháin theicniúla Mheicsiceo, lena n-áirítear rialacháin theicniúla a chuirtear i ngníomh tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus gan aon cheanglais bhreise, ar deimhnithe iad arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh agus arna gcreidiúnú ag eintiteas creidiúnaithe Mheicsiceo agus arna bhformheas ag an údarás inniúil; maidir leis sin, ní thabharfaidh Meicsiceo cóir nach lú fabhar do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh ná mar a thabharfaidh sé do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta laistigh dá chríoch féin.

Níl aon ní sa mhír seo lena gcuirfear bac ar Mheicsiceo torthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta aonair a fhíorú, a mhéid nach gceanglófar leis sin go bhfuil táirge faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i gcríoch Mheicsiceo, lena ndéanfaí na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a dhúbláil a rinneadh cheana i gcríoch an Aontais Eorpaigh, ach amháin ar bhonn randamach nó neamh-mhinic chun críche faireachais, iniúchta nó mar fhreagairt d'fhaisnéis lena gcuirtear neamh-chomhréireacht in iúl.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí ceanglais a thabhairt isteach le haghaidh thástáil nó dheimhniúchán sainordaitheach tríú páirtí a thabhairt isteach le haghaidh táirgí má tá údar cuí le ceanglais nó deimhniúchán den sórt sin a thabhairt isteach i ngeall ar chúiseanna an-láidre a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht an duine a chosaint.

4. Ní chuirfear bac le haon rud san Airteagal seo ar Pháirtí maidir le hiarraidh uaidh go ndéanfaidh comhlachtaí sonraithe rialtais an Pháirtí sin measúnú comhréireachta i ndáil le táirgí sonracha. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Páirtí na nithe seo a leanas:

(a) na táillí a bhaineann leis an measúnú comhréireachta a theorannú do neaschostas na seirbhísí a tugadh agus, arna iarraidh sin d'iarratasóir ar mheasúnú comhréireachta, míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear teorainn le méid na dtáillí a fhorchuirtear go dtí neaschostas na seirbhísí a tugadh;

(b) na táillí a bhaineann le measúnú comhréireachta a chur ar fáil go poiblí; agus

(c) arna iarraidh sin don Pháirtí eile, agus de bhreis ar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 5.2.3, 5.2.4 agus 5.2.8 de Chomhaontú BTT, míniú a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

(i) an chaoi a bhfuil gá leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin nós imeachta um measúnú comhréireachta chun comhréireacht a mheas agus táillí a chinneadh;

(ii) maidir le rúndacht na faisnéise a cheanglaítear, an chaoi a n-áirithíonn an Páirtí go n-urramófar í ar bhealach lena n-áiritheofar go gcosnófar leasanna tráchtála dlisteanacha; agus

(iii) an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le hoibriú an nós imeachta um measúnú comhréireachta.

5. Foilseoidh gach Páirtí an méid seo a leanas ar líne, ar shuíomh gréasáin amháin más féidir:

(a) aon nós imeachta, critéar agus coinníoll eile a d'fhéadfadh sé a úsáid mar bhonn chun a chinneadh cibé atá nó nach bhfuil comhlachtaí um measúnú comhréireachta inniúil chun creidiúnú, formheas, ainmniocht nó aitheantas eile a fháil, más infheidhme, lena n-áirítear aitheantas arna dheonú de bhun comhaontú um aitheantas frithpháirteach; agus

(b) liosta de na comhlachtaí atá formheasta, ainmnithe nó aitheanta ar bhealach eile aige chun measúnú comhréireachta den sórt sin a dhéanamh agus faisnéis ábhartha maidir le raon feidhme fhormheas, ainmniocht nó aitheantas eile gach comhlachta.

6. Féadfaidh Páirtí iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Pháirtí eile maidir le dul i mbun caibidlíochta chun comhaontú um aitheantas frithpháirteach a thabhairt i gcrích maidir le glacadh frithpháirteach le torthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta le haghaidh earnáil ar leith. Má dhiúltaíonn an Páirtí eile dul i mbun caibidlíochta den sórt sin, míneoidh sé na cúiseanna leis an gcinneadh sin dá chuid.

7. Tá feidhm ag Airteagal 9.7, *mutatis mutandis*, maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

8. Má cheanglaíonn Páirtí nós imeachta um measúnú comhréireachta, déanfaidh sé mar a leanas:

(a) nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú a bheadh comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann mar a chinntear ar bhonn measúnú riosca; agus

(b) arna iarraidh sin don Pháirtí eile, faisnéis a sholáthar don Pháirtí eile sin faoi na critéir a úsáidtear chun na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta le haghaidh táirgí sonracha.

9. Má cheanglaíonn Páirtí go ndéanfar nós imeachta um measúnú comhréireachta tríú páirtí agus mura bhfuil an cúram sin sannta aige do chomhlacht rialtais sonraithe dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) úsáidfidh sé creidiúnú, más féidir, chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú;

(b) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh creidiúnú agus measúnú comhréireachta, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe na bPáirtithe, mar shampla trí shásraí an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (IAF);

(c) beidh sé páirteach lena chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, nó, de réir mar is infheidhme, molfaidh sé dóibh a bheith páirteach in aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm chun glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta a chomhchuibhiú nó a éascú;

(d) áiritheoidh sé, i gcás inar ainmníodh níos mó ná aon chomhlacht amháin um measúnú comhréireachta le haghaidh táirge ar leith nó foireann ar leith de tháirgí, gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a roghnú cé acu de na comhlachtaí sin a dhéanfaidh an nós imeachta um measúnú comhréireachta;

(e) áiritheoidh sé nach mbeidh ann d'aon choinbhleacht leasa idir comhlachtaí creidiúnaithe agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta; agus

(f) ceadóidh sé dá chomhlachtaí um measúnú comhréireachta dul i muinín tástáil nó cigireacht i ndáil leis an measúnú comhréireachta, ar thástáil nó cigireacht í a rinne comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe laistigh de chríoch an Pháirtí eile; ní fhorléireofar aon ní san fhomhír seo mar ní lena gcuirtear toirmeasc ar Pháirtí a cheangal ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe laistigh de chríoch an Pháirtí eile na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus a cheanglaítear ar a chomhlachtaí féin um measúnú comhréireachta a chomhlíonadh.

Airteagal 9.6

Trédhearcacht

1. I gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta faoi seach dá chuid, agus gan dochar do Chaibidil 28 (Dea-chleachtais Rialála), nuair a bheidh rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta á bhforbairt a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an trádáil, áiritheoidh gach Páirtí, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha sábháilteachta chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil, nó slándáil náisiúnta, nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn:

(a) ceadóidh sé do dhaoine den Pháirtí eile páirt a ghlacadh ina phróiseas comhairliúchán faoi théarmaí nach mbeidh níos neamhfhabhraí ná na téarmaí a thabharfar dá chuid daoine féin; agus

(b) cuirfidh sé torthaí an phróisis comhairliúcháin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil.

2. Féachfaidh gach Páirtí le machnamh a dhéanamh ar mhodhanna chun trédhearcacht bhreise a sholáthar i bhforbairt rialachán teicniúil agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, lena n-áirítear uirlisí leictreonacha agus for-rochtain phoiblí nó comhairliúcháin phoiblí a úsáid.

3. Más iomchuí, spreagfaidh gach Páirtí comhlachtaí neamhrialtais, lena n-áirítear comhlachtaí caighdeánaithe, laistigh dá chríoch chun míreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh mionsonraí leordhóthanacha in aon doiciméad lena leagtar síos rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta chun go gcuirfear daoine leasmhara agus an Páirtí eile ar an eolas go sásúil faoi cibé a dhéanfaí nó nach ndéanfaí difear dá gcuid leasanna trádála, agus más ea, faoin gcaoi ina ndéanfaí sin.

5. Foilseoidh gach Páirtí ar líne, ar shuíomh gréasáin amháin nó in iris oifigiúil más féidir, na tograí uile le haghaidh rialacháin theicniúla nua nó leasaithe agus nósanna imeachta nua nó leasaithe um measúnú comhréireachta, a bhaineann le leibhéil lárnacha agus fho-lárnacha rialtais, agus leaganacha deiridh na dtograí sin, a gceanglaítear ar Pháirtí fógra a thabhairt ina leith nó iad a fhoilsiú i gcomhréir le Comhaontú BTT. ([29])

6. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha aige a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin saor in aisce.

7. Foilseoidh gach Páirtí tograí le haghaidh rialacháin theicniúla nua agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta nua a bheidh i gcomhréir le hábhar teicniúil caighdeán idirnáisiúnta ábhartha, le treoracha nó le moltaí ábhartha, más ann dóibh, agus ag a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ar an trádáil, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 2.10 agus 5.7 de Chomhaontú BTT.

8. Féachfaidh gach Páirtí le tograí le haghaidh rialacháin theicniúla nua agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta nua de chuid rialtais fho-lárnacha nó áitiúla, de réir mar a bheidh, ar tograí iad a bheidh i gcomhréir le hábhar teicniúil caighdeán idirnáisiúnta ábhartha, le treoracha agus le moltaí ábhartha, más ann dóibh, agus a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu ar an trádáil, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 2.9 nó 5.6 de Chomhaontú BTT.

9. Chun a chinneadh cibé a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta a mholtar éifeacht shuntasach a fheidhmiú ar an trádáil agus dá bhrí sin, más ea, go bhfuil fógra le tabhairt fúthu i gcomhréir le forálacha ábhartha Chomhaontú BTT atá ionchorpraithe sa Chomhaontú seo de bhun Airteagal 9.3 den Chomhaontú seo, déanfaidh Páirtí machnamh ar, i measc nithe eile, na cinntí agus moltaí ábhartha a ghlac Coiste EDT um Bacainní Teicniúla don Trádáil ó 1 Eanáir 1995 i leith, dá dtagraítear in Airteagal 9.4.2 den Chomhaontú seo.

([29]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí an oibleagáid sin a chomhlíonadh trína áirithiú go bhfoilseofar na tograí le haghaidh na rialachán agus na nósanna imeachta sin agus a leaganacha deiridh ar shuíomh gréasáin oifigiúil EDT nó go mbeidh siad inrochtana tríd an suíomh gréasáin sin.

10. Soláthróidh gach Páirtí, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, faisnéis maidir leis na cuspóirí atá le rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha ag an bPáirtí nó a bhfuil sé beartaithe ag an bPáirtí é a ghlacadh, agus soláthróidh sé faisnéis maidir leis an mbunús dlí don rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta sin agus maidir leis an réasúnaíocht is bun leis.

11. Tar éis dó rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe a tharchur chuig Clárlann Lárnach Fógraí EDT, féachfaidh gach Páirtí le tréimhse 60-lá ar a laghad a thabhairt don Pháirtí eile chun tuairimí i scríbhinn a thabhairt, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta chun cinn nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn. Déanfaidh Páirtí machnamh dearfach ar aon iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile ar shíneadh a chur leis an tréimhse i ndáil le barúlacha. Páirtí a fhéadann an tréimhse i ndáil le barúlacha a shíneadh níos faide ná 60 lá, mar shampla go dtí 90 lá, spreagtar é chun déanamh amhlaidh.

12. Féachfaidh gach Páirtí le ham leordhóthanach a sholáthar idir deireadh na tréimhse i ndáil le barúlacha agus glacadh an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta a fógraíodh, chun go ndéanfaidh sé a mhachnamh ar na barúlacha a fuarthas agus go n-ullmhóidh sé na freagairtí orthu.

13. Má fhaigheann Páirtí barúlacha i scríbhinn ón bPáirtí eile maidir lena rialachán teicniúil nó lena nós imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh sé na barúlacha i scríbhinn a phlé le rannpháirtíocht a údaráis rialála inniúil, tráth arbh fhéidir na barúlacha sin a chur san áireamh lena linn; agus

(b) freagra a thabhairt i scríbhinn ar na barúlacha tráth nach déanaí ná dáta foilsithe an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta a glacadh.

14. Foilseoidh gach Páirtí ar shuíomh gréasáin a fhreagairtí ar bharúlacha a gheobhaidh sé, más féidir tráth nach déanaí ná an dáta a fhoilseofar an rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta a glacadh.

15. Tabharfaidh gach Páirtí fógra faoi théacs deiridh rialacháin nó nós imeachta um measúnú comhréireachta tráth a ghlacfar nó a fhoilseofar an téacs, mar aguisín a ghabhfaidh leis an bhfógra tionscnaimh faoin mbeart atá molta a fógraíodh faoi Airteagal 2.9, 3.2, 5.6 nó 7.2 de Chomhaontú BTT.

16. Tráth nach déanaí ná dáta foilsithe rialacháin theicniúil deiridh nó nós imeachta deiridh um measúnú comhréireachta a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu ar an trádáil, cuirfidh gach Páirtí an méid seo a leanas ar fáil go poiblí ar líne:

(a) míniú ar na cuspóirí agus ar an mbealach a bhaintear amach iad leis an rialachán teicniúil deiridh nó an nós imeachta deiridh um measúnú comhréireachta; agus

(b) torthaí an mheasúnaithe tionchair dá bhforáiltear in Airteagal 9.7, má rinneadh é.

17. Chun críocha Airteagail 2.12 agus 5.9 de Chomhaontú BTT, ciallaíonn ‘eatramh réasúnta’, de ghnáth, tréimhse nach gairide ná 6 mhí, ach amháin nuair nach mbeadh sin éifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a bhaint amach.

18. Féachfaidh gach Páirtí le heatramh níos faide ná 6 mhí a sholáthar idir foilsiú rialachán teicniúil deiridh agus nósanna imeachta deiridh um measúnú comhréireachta agus a dteacht i bhfeidhm, ach amháin nuair nach mbeadh sin éifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a bhaint amach.

Airteagal 9.7

Rialacháin Theicniúla

1. Déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta faoi seach, measúnú tionchair rialála ar rialacháin theicniúla atá beartaithe.

2. Déanfaidh gach Páirtí measúnú ar na roghanna malartacha rialála agus neamhrialála atá ar fáil in ionad an rialacháin theicniúil atá beartaithe ar féidir leis cuspóirí dlisteanacha an Pháirtí a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 2.2 de Chomhaontú BTT.

3. Mura d'úsáid Páirtí caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn dá rialacháin theicniúla, déanfaidh an Páirtí sin, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, aon imeacht substaintiúil ó na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a shainaithint agus míneoidh sé na fáthanna gur measadh gur míchuí nó gur neamhéifeachtach iad na caighdeáin sin chun an cuspóir atáthar á shaothrú a bhaint amach agus soláthróidh sé an fhianaise eolaíoch nó theicniúil ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe.

4. De bhreis ar Airteagail 2.3 de Chomhaontú BTT, déanfaidh gach Páirtí athbhreithniú ar a rialacháin theicniúla d'fhonn a gcóineasú le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a mhéadú. Cuirfidh gach Páirtí san áireamh, i measc nithe eile, aon fhorbairt nua sna caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus cibé atá nó nach bhfuil na himthosca ann i gcónaí as ar eascair aon dibhéirseacht ó aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha.

Airteagal 9.8

Comhar Rialála

1. Aithníonn na Páirtithe gurb ann do raon leathan sásraí um chomhar rialála arbh fhéidir leo a bheith cuiditheach ó thaobh cruthú bacainní teicniúla ar an trádáil a dhíothú nó a sheachaint.

2. Féadfaidh Páirtí gníomhaíochtaí comhair rialála is sonrach d'earnáil faoi leith, atá i réimsí a chumhdaítear sa Chaibidil seo, a mholadh don Pháirtí eile. Tarchuirfear na moltaí sin don phointe teagmhála arna ainmniú de bhun Airteagal 9.11 agus is éard a bheidh iontu:

(a) malartuithe faisnéise faoi chuir chuige agus cleachtais rialála;

(b) tionscnaimh chun rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a ailíniú níos mó leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha; nó

(c) comhairle agus cúnamh teicniúil maidir le téarmaí agus coinníollacha a comhaontaíodh go frithpháirteach chun feabhas a chur ar na cleachtais a bhaineann le forbairt, cur chun feidhme agus athbhreithniú rialachán teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus méadreolaíochta.

Déanfaidh an Páirtí eile an togra a mheas go hiomchuí agus tabharfaidh sé freagra laistigh de thréimhse réasúnta.

3. Spreagfaidh na Páirtithe comhar maidir le saincheisteanna a chumhdaítear sa Chaibidil seo idir na heagraíochtaí dá gcuid a bhfuil an fhreagracht as caighdeánú, measúnú um chomhréireacht, creidiúnú agus méadreolaíocht orthu, bídís poiblí nó príobháideach.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann ceangal ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(b) gníomhaíochtaí a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

Airteagal 9.9

Marcáil agus Lipéadú

1. Chun críocha an Airteagail seo agus i gcomhréir le mír 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT, féadtar a áireamh i rialachán teicniúil na ceanglais mharcála agus lipéadaithe a chuirtear i bhfeidhm ar tháirge, próiseas nó modh táirgthe nó féadtar plé go heisiach leis na ceanglais sin.

2. Dearbhaíonn na Páirtithe go gcomhlíonann a gcuid rialachán teicniúil ina n-áirítear nó ina bpléitear go heisiach le marcáil nó lipéadú Airteagal 2 de Chomhaontú BTT.

3. Má cheanglaíonn Páirtí marcáil nó lipéadú sainordaitheach táirgí, déanfaidh an Páirtí sin mar a leanas:

(a) féachfaidh sé le faisnéis a cheangal atá ábhartha do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí an táirge nó chun comhréireacht an táirge leis na ceanglais theicniúla shainordaitheacha a chur in iúl, agus an fhaisnéis sin amháin;

(b) ní cheanglóidh sé aon fhormheas, clárú ná deimhniú roimh ré maidir leis na lipéid ná marcálacha ar tháirgí, ná aon íocaíocht táillí, mar réamhchoinníoll chun táirgí a chur ar a mhargadh a chomhlíonann a cheanglais theicniúla shainordaitheacha seachas sin ach amháin nuair is gá sin i bhfianaise an riosca a bhaineann do bheatha nó do shláinte daoine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó don tslándáil náisiúnta mar gheall ar na táirgí sin;

(c) má cheanglaíonn an Páirtí go n-úsáidfidh oibreoirí eacnamaíocha uimhir aitheantais uathúil, eiseoidh sé an uimhir sin d'oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile gan moill mhíchuí agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;

(d) ar choinníoll nach mbeidh sé míthreorach, contrártha nó mearbhlach i ndáil leis an bhfaisnéis a cheanglaíonn Páirtí is allmhaireoir na n-earraí, ceadófar an méid seo a leanas:

(i) faisnéis i dteangacha eile i dteannta na teanga a éilítear sa Pháirtí is allmhaireoir;

(ii) ainmníochtaí, picteagraim, siombailí nó grafaicí a nglactar leo go hidirnáisiúnta; agus

(iii) faisnéis bhreise i dteannta na faisnéise sin a éilítear i bPáirtí is allmhaireoir;

(e) glacfaidh sé leis go dtarlóidh an lipéadú, lena n-áirítear lipéadú forlíontach agus ceartuithe ar lipéadú, tar éis allmhairiúcháin ach sula ndéanfar an táirge a thairiscint lena dhíol, mar rogha eile seachas lipéadú a dhéanamh ag an áit tionscnaimh, mura mbeidh gá le lipéadú den sórt sin a dhéanamh ar chúiseanna sláinte nó sábháilteachta poiblí mar gheall ar cheanglas a bhaineann le tásc geografach de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir; agus

(f) féachfaidh sé le lipéid neamhbhuana nó inbhainte a ghlacadh, nó le faisnéis is ábhartha maidir le marcáil nó lipéadú a áireamh sa doiciméadacht a ghabhann leis an táirge, seachas í a áireamh i lipéid atá i gceangal go fisiciúil leis an táirge, ach amháin má cheanglaítear lipéadú den sórt sin ar chúiseanna a bhaineann le sláinte nó sábháilteacht phoiblí.

Airteagal 9.10

Malartú Faisnéise agus Plé

1. Féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis faoi aon ábhar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a sholáthar. Soláthróidh an Páirtí eile an fhaisnéis sin laistigh de thréimhse réasúnta ama.

2. Féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile go ndéanfaí plé ar aon ábhar imní a eascraíonn faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear aon dréacht-rialachán teicniúil nó aon rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta den Pháirtí eile a mholtar, má mheasann sé go bhféadfadh sé go mbeadh éifeacht dhiúltach shuntasach ag an rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta ar thrádáil idir na Páirtithe. Is i scríbhinn a bheidh an iarraidh agus sainaithneofar inti:

(a) an t-ábhar imní;

(b) na forálacha den Chaibidil seo lena mbaineann an t-ábhar imní; agus

(c) na cúiseanna atá leis an iarraidh, lena n-áirítear tuairisc ar ábhar imní an Pháirtí is iarrthóir.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile freisin go ndéanfaí plé ar aon ábhar imní a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo maidir le rialacháin theicniúla nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta de rialtais réigiúnacha nó áitiúla, de réir mar a bheidh, ar an leibhéal atá díreach faoi bhun leibhéal an rialtais lárnaigh, agus a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith aige ar an trádáil.

4. Déanfaidh na Páirtithe an t-ábhar imní a thugtar aníos a phlé go pearsanta nó trí fhíseán nó teilea-chomhdháil laistigh de 60 lá tar éis dháta na hiarrata agus féachfaidh siad leis an ábhar imní a réiteach a luaithe is féidir. Má mheasann an Páirtí is iarrthóir go bhfuil práinn leis an ábhar imní, féadfaidh sé a iarraidh go mbeidh aon phlé a dhéantar ar siúl laistigh de thréimhse ama níos giorra. Déanfaidh an Páirtí is freagróir breithniú dearfach ar an iarraidh sin. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht chun teacht ar réiteach ar an ábhar a bheidh chun sástacht a chéile.

5. Ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, beidh an plé agus aon fhaisnéis a mhalartófar le linn an phlé gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú seo, do Chomhaontú EDT nó d'aon chomhaontú eile a bhfuil an dá Pháirtí ina bpáirtithe ann.

6. Is tríd an bpointe teagmhála faoi seach a ainmnítear de bun Airteagal 9.11. a chuirfear isteach iarrataí ar fhaisnéis nó ar phlé.

Airteagal 9.11

Pointí Teagmhála

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun comhar agus comhordú faoin gCaibidil seo a éascú, agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina mhionsonraí teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

2. Oibreoidh na pointí teagmhála i gcomhpháirt chun cur chun feidhme na Caibidle seo agus an comhar idir na Páirtithe i ngach ábhar a bhaineann le BTT a éascú. Beidh na pointí teagmhála freagrach as an méid seo a leanas go háirithe:

(a) malartú na faisnéise agus an plé dá dtagraítear in Airteagal 9.10.6 a eagrú;

(b) aghaidh a thabhairt go pras ar aon saincheist a tharraingeoidh an Páirtí eile aníos a bhaineann le caighdeáin, rialacháin theicniúla nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt, a ghlacadh, a chur i bhfeidhm nó a chur chun feidhme;

(c) arna iarraidh sin do Pháirtí, plé a shocrú maidir le haon ní a éiríonn as an gCaibidil seo;

(d) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí i bhfóraim neamhrialtasacha, réigiúnacha agus iltaobhacha a bhaineann le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta; agus

(e) sainaithint na riachtanas cúnaimh theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann a éascú.

Airteagal 9.12

An Fochoiste um Bacainní Teicniúla don Trádáil

Déanfaidh an Fochoiste um Bacainní Teicniúla don Trádáil arna bhunú de bhun fhomhír 1(g) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) mar a leanas:

(a) déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Caibidle seo;

(b) cuirfidh sé leis an gcomhar maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt agus a fheabhsú;

(c) bunóidh sé réimsí tosaíochta leasa choitinn a ndéanfar obair ina leith amach anseo faoin gCaibidil seo agus déanfaidh sé machnamh ar thograí le haghaidh tionscnaimh nua;

(d) déanfaidh sé faireachán agus plé ar an méid a thiteann amach faoi Chomhaontú BTT; agus

(e) déanfaidh sé aon bheart eile a bheidh ina chúnamh dóibh, dar leis na Páirtithe, i gcur chun feidhme na Caibidle seo agus Chomhaontú BTT.

CAIBIDIL 10

LÉIRSCAOILEADH INFHEISTÍOCHTA

Airteagal 10.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'fiontar cumhdaithe' fiontar a bhunaíonn infheisteoir de Pháirtí i gcríoch an Pháirtí eile i gcomhréir le pointe (e) agus leis an dlí is infheidhme, agus arb ann di ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, nó a bhunaítear ina dhiaidh sin í;

(b) ciallaíonn 'gníomhaíocht eacnamaíoch' aon ghníomhaíocht de chineál tionsclaíoch, tráchtála nó gairmiúil, agus gníomhaíocht aos ceirde, lena n-áirítear soláthar seirbhísí, ach amháin gníomhaíocht a dhéantar agus údarás rialtasach á fheidhmiú;

(c) ciallaíonn 'fiontar' fiontar mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3 (Sainmhínithe a bhfuil Feidhm Ghinearálta acu), nó brainse nó oifig ionadaíoch de chuid fiontair ([30]);

([30]) I gcás Mheicsiceo, ní mheasfar oifig ionadaíoch a bheith ina fiontar, murar bunaíodh mar bhrainse í.

(d) ciallaíonn 'fiontar de chuid an Aontais Eorpaigh' nó 'fiontar de chuid Mheicsiceo' fiontar arna bhunú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó a mBallstát, nó le dlí Mheicsiceo, agus atá i mbun oibríochtaí gnó substainteacha ([31]) i gcríoch an Aontais Eorpaigh nó i gcríoch Mheicsiceo, faoi seach ([32]);

cuideachtaí loingseoireachta arna mbunú lasmuigh den Aontas Eorpach nó de Mheicsiceo agus atá á rialú ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó ag náisiúnaigh de Mheicsiceo, faoi seach, beidh siad ina dtairbhithe freisin d'fhorálacha na Caibidle seo má tá a soithí cláraithe i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas Eorpach nó dlí Mheicsiceo, de réir mar is iomchuí, agus má tá bratach an Bhallstáit sin den Aontas Eorpach nó bratach Mheicsiceo ar foluain acu;

(e) ciallaíonn 'bunú' fiontar a bhunú, lena n-áirítear é a éadáil ([33]), san Aontas Eorpach nó i Meicsiceo;

(f) ciallaíonn 'infheisteoir de Pháirtí' Páirtí nó duine nádúrtha nó fiontar de Pháirtí, seachas brainse nó oifig ionadaíoch, a fhéachann le fiontar a bhunú, a bhfuil fiontar á bhunú aige, nó a bhfuil fiontar bunaithe aige i gcomhréir le pointe (e) laistigh de chríoch an Pháirtí eile;

(g) ciallaíonn 'infheisteoir de chuid tríú tír', infheisteoir a fhéachann le fiontar a bhunú i gcríoch Pháirtí, a bhfuil fiontar á bhunú aige inti nó a bhfuil fiontar bunaithe aige inti, i gcomhréir le pointe (e), agus nach infheisteoir de chuid Páirtí é;

(h) ciallaíonn 'oibriú' seoladh, bainistíocht, cothabháil, úsáid, teachtadh, nó díol nó cineál eile diúscartha fiontair.

Airteagal 10.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag ([34]):

(a) na rialtais nó na húdaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla de Pháirtí; agus

(b) aon duine de Pháirtí, lena n-áirítear fiontar stáit nó aon chomhlacht neamh-rialtasach eile i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a mhéid a chumhdaítear iad le Caibidil 18 (Seirbhísí Airgeadais).

([31]) I gcomhréir leis an bhfógra ón Aontas Eorpach faoin gConradh ag bunú na Chomhphobail Eorpaigh a thug sé do EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint aige go bhfuil na coincheap 'nasc éifeachtach agus leanúnach' le geilleagar Ballstáit den Aontas Eorpaigh a chumhdaítear in Airteagal 54 de CFAE coibhéiseach leis an gcoincheap 'oibríochtaí gnó substainteacha'.

([32]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gur fiontar de chuid an Aontais Eorpaigh ná fiontar de chuid Mheicsiceo é brainse nó oifig ionadaíoch d'fhiontar tríú tír.

([33]) Áirítear leis an téarma 'éadáil' rannpháirtíocht chaipitiúil i bhfiontar d'fhonn naisc eacnamaíocha mharthanacha a bhunú nó a choinneáil ar bun.

([34]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cumhdaítear leis an gCaibidil seo bearta a dhéanfaidh eintitis a liostaítear faoi fhomhíreanna (a) agus (b), ar bearta iad a ghlactar nó a choinnítear ar bun go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile a threorú, a stiúradh nó a rialú i ndáil leis na bearta sin.

Airteagal 10.3

An Ceart chun Rialú a Dhéanamh

Deimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha, a bhaint amach, amhail sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideachas agus cosaint sonraí agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, nó iomaíocht.

Airteagal 10.4

Gaol le Caibidlí Eile

Má thagann aon neamhréir idir an Chaibidil seo agus Caibidil 18 (Seirbhísí Airgeadais) chun cinn, is í an Chaibidil seo a bheidh i réim go feadh mhéid na neamhréire.

Airteagal 10.5

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun lena ndéantar difear do bhunú fiontair den Pháirtí eile nó d'oibriú fiontair den sórt sin ag infheisteoir den Pháirtí eile ina chríoch.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí a fheidhmítear i bhfeidhmiú údaráis rialtasaigh laistigh de chríoch an Pháirtí faoi seach;

(b) soláthar earra nó seirbhíse ag rialtas a cheannaítear chun críoch rialtasacha, agus ní d'fhonn athdhíol tráchtála a dhéanamh nó iad a úsáid i ndáil le hearra nó seirbhís a tháirgeadh le haghaidh díol ar bhonn tráchtála, gan beann ar cé acu is soláthar faoi chumhdach é an soláthar sin nó nach ea de réir bhrí Airteagal 21.1 (Sainmhínithe);

(c) seirbhísí closamhairc;

(d) cabatáiste muirí náisiúnta ([35]); nó

(e) aersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí ([36]), seachas na cinn seo a leanas:

(i) seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála aerárthaigh a dtugtar aerárthach as seirbhís le linn a bhfeidhmiú;

(ii) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

([35]) I gcás an Aontais Eorpaigh, gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a fhéadfar a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaíonn cabatáiste náisiúnta muirí faoin gCaibidil seo iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó pointe céanna atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach.
I gcás Mheicsiceo, cumhdaítear le cabatáiste muirí náisiúnta faoin gCaibidil seo na loingseoireacht a dhéanann aon soitheach ar muir, idir calafoirt nó áiteanna atá lonnaithe laistigh de na criosanna muirí de chuid Mheicsiceo agus cladaigh Mheicsiceo.

([36]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear an méid seo a leanas freisin le 'aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí': aerárthaí le criú a fháil ar cíos, seirbhísí oibriúcháin aerfoirt agus seirbhísí a chuirtear ar fáil trí úsáid a bhaint as aerárthach nach é is príomhchuspóir dó earraí nó paisinéirí a iompar, mar shampla, aerchomhrac dóiteáin, oiliúint eitilte, fámaireacht, spraeáil, suirbhéireacht, mapáil, grianghrafadóireacht, léim pharaisiúit, tarraingt faoileoirí, ardú le héileacaptar chun lománaíocht agus tógáil a dhéanamh, agus aersheirbhísí eile talmhaíochta, tionsclaíocha agus cigireachta.

(iii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí; nó

(iv) seirbhísí láimhseála ar an talamh.

3. Níl feidhm ag Airteagal 10.6 go hAirteagal 10.8 maidir le fóirdheontais ([37]) ná deontais arna soláthar ag Páirtí, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

4. Níl feidhm ag Airteagal 10.6 go hAirteagal 10.10 maidir le seirbhísí nua, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

5. Ní chuirtear ceangal leis an gCaibidil seo ar Pháirtí i ndáil le haon ghníomh nó fíoras a tharla nó aon staid a dtáinig deireadh leis roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 10.6

Rochtain ar an Margadh

Sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha ina ndéantar gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh, ní dhéanfaidh Páirtí beart a ghlacadh ná a choinneáil ar bun, i ndáil le rochtain ar an margadh, trí bhunú nó trí oibriú ag infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile nó ag fiontair chumhdaithe, cibé acu ar bhonn a chríche uile nó ar bhonn foroinn chríochach, ar beart ([38]) é lena ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) teorainn a chur le líon na bhfiontar a fhéadfaidh gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach a dhéanamh, bíodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó cearta eisiacha nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(b) teorainn a chur le luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(c) teorainn a chur leis an líon iomlán oibríochtaí nó cainníocht iomlán an aschuir arna shloinneadh mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(d) lena ndéanfar cineálacha sonracha eintitis dhlítheanaigh nó comhfhiontair trínar féidir le hinfheisteoir de chuid an Pháirtí eile gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh a shrianadh nó lena ndéanfar riachtanach iad; nó

(e) teorainn a chur le líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil ar leith nó a fhéadfar a fhostú i bhfiontar agus atá riachtanach le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch, agus atá bainteach go díreach leis an ngníomhaíocht sin.

Airteagal 10.7

Cóir Náisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus dá bhfiontair chumhdaithe, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcásanna comhchosúla, dá infheisteoirí féin agus dá bhfiontair, faoi seach, maidir lena mbunú ina chríoch.

([37]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cumhdaítear fóirdheontais faoi Chaibidil 24 (Fóirdheontais).
([38]) Ní chumhdaítear le fomhíreanna (a), (b) agus (c) bearta a ghlactar nó a choinnítear ar bun chun táirgeadh táirge talmhaíochta nó iascaigh a theorannú.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus dá bhfiontair chumhdaithe, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcásanna comhchosúla, dá infheisteoirí féin agus dá bhfiontair, faoi seach, maidir lena n-oibriú ina chríoch.

3. Ciallaíonn an chóir nach mór a thabhairt do Pháirtí de bhun mhíreanna 1 agus 2, maidir le leibhéal réigiúnach rialtais Mheicsiceo, cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí, i gcásanna comhchosúla, a thugann an leibhéal sin rialtais d'infheisteoirí Mheicsiceo, agus dá fhiontair i gcríoch an rialtais réigiúnaigh sin.

4. Maidir le rialtas aon Bhallstáit, nó rialtas laistigh d'aon Bhallstát den Aontas Eorpach, ciallaíonn an chóir nach mór do Pháirtí a thabhairt de bhun mhíreanna 1 agus 2, cóir nach lú fabhar ná an chóir is mó fabhar a thugann an rialtas sin i gcásanna comhchosúla dá infheisteoirí féin agus dá fhiontair ina chríoch.

Airteagal 10.8

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile, agus dá fhiontair chumhdaithe, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcásanna comhchosúla, d'infheisteoirí agus fiontair, faoi seach, de chuid aon tríú tír, maidir lena mbunú ina chríoch.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile, agus dá fhiontair chumhdaithe, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcásanna comhchosúla, d'infheisteoirí agus d'fhiontair, faoi seach, de chuid aon tríú tír maidir le hoibriú fiontar ina chríoch.

3. Ní fhorléireofar míreanna 1 agus 2 mar mhíreanna lena gcuirtear d'oibleagáid ar Pháirtí tairbhe aon chóra a thabhairt d'infheisteoirí an Pháirtí eile ar cóir í a eascraíonn as bearta lena ndéantar foráil d'aitheantas a thabhairt, lena n-áirítear do na caighdeáin nó do na critéir chun duine nádúrtha nó fiontar a údarú, nó chun ceadúnas nó deimhniúchán a thabhairt dóibh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, nó aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní airítear sa chóir dá dtagraítear san Airteagal seo cóir a thugtar d'infheisteoirí de thríú tír agus dá fhiontair trí bhíthin forálacha a bhaineann le díospóidí i ndáil le hinfheistíocht a shocrú dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile a tugadh i gcrích idir Páirtí agus tríú tír. Ní hionann na forálacha substainteacha iad féin atá i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile agus cóir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus mar sin ní fhéadfadh sárú an Airteagail seo a bheith mar thoradh orthu. D'fhéadfadh bearta a chuirtear i bhfeidhm de bhun forálacha den sórt sin a bheith comhionann le cóir faoin Airteagal seo.

Airteagal 10.9

Ceanglais Feidhmíochta

1. Ní dhéanfaidh Páirtí, i ndáil le bunú nó oibriú fiontair infheisteora de Pháirtí nó de thríú tír, i gcríoch an Pháirtí sin, aon cheanglas a fhorchur ná a fhorfheidhmiú, ná aon ghealltanas ná tiomantas a fhorfheidhmiú ([39]):

(a) leibhéal nó céatadán ar leith earraí nó seirbhísí a onnmhairiú;

(b) leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;

([39]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní 'gealltanas ná tiomantas' chun críoch mhír 1 é coinníoll chun buntáiste dá dtagraítear i mír 2 a fháil nó leanúint den bhuntáiste sin a fháil.

(c) tosaíocht a thabhairt d'earra a tháirgtear nó do sheirbhís a sholáthraítear ina chríoch nó earraí nó seirbhísí a cheannach nó a úsáid, nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó ó fhiontair ina chríoch;

(d) méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar bhealach ar bith le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreabh malairte eachtraí atá bainteach leis an bhfiontar sin;

(e) srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an fiontar sin nó a sholáthraíonn sé, trí na díolacháin sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a thuilleamh malairte eachtraí ar bhealach ar bith;

(f) rochtain ar theicneolaíocht ar leith, ar phróiseas táirgthe nó ar eolas dílsithe eile a sholáthar nó iad a aistriú chuig duine nádúrtha nó fiontar ina chríoch;

(g) earraí nó seirbhísí a tháirgeann nó a sholáthraíonn fiontar den sórt sin a sholáthar go heisiach ó chríoch an Pháirtí sin chuig margadh réigiúnach sonrach nó chuig an margadh domhanda;

(h) ceanncheathrú an fhiontair sin a shuí ina chríoch le haghaidh margadh réigiúnach sonrach nó le haghaidh an mhargaidh dhomhanda; nó

(i) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí ceanglas a chur maidir le buntáiste a fháil nó leanúint de bhuntáiste a fháil, i ndáil le bunú nó oibriú fiontair infheisteora de Pháirtí nó de thríú tír, i gcríoch an Pháirtí sin, ar ceanglas é a dhéantar riachtanach an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;

(b) earraí nó seirbhísí a táirgeadh nó a soláthraíodh, faoi seach, ina chríoch a cheannach nó a úsáid, nó tosaíocht a thabhairt dóibh, nó earraí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó ó fhiontair ina chríoch;

(c) méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar bhealach ar bith le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreabh malairte eachtraí atá bainteach leis an bhfiontar sin;

(d) srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an fiontar sin nó a sholáthraíonn sé, trí na díolacháin sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a thuilleamh malairte eachtraí ar bhealach ar bith; nó

(e) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú.

3. Ní fhorléireofar aon ní i mír 2 mar ní lena gcuirtear bac ar Pháirtí coinníoll a dhéanamh de thairbhe a fháil nó leanúint de thairbhe a fháil, i ndáil le bunú nó oibriú fiontair infheisteora de Pháirtí nó de thríú tír, chun go gcomhlíonfar ceanglas chun táirgeadh a lonnú, seirbhís a sholáthar, oibrithe a oiliúint nó a fhostú, saoráidí áirithe a thógáil nó a fhairsingiú, nó taighde agus forbairt a dhéanamh ina chríoch.

4. Ní bheidh feidhm ag fomhír 1(f) más rud é:

(a) go bhforchuirtear nó go bhforfheidhmítear an ceanglas, nó go bhforfheidhmíonn cúirt, binse riaracháin, nó údarás iomaíochta an gealltanas nó an gnóthas chun cleachtas a leigheas a chinntear tar éis próiseas breithiúnach nó riaracháin a bheith ina shárú ar dhlí iomaíochta an Pháirtí; nó

(b) go n-údaraíonn Páirtí ceart maoine intleachtúla a úsáid i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 31*bis* de Chomhaontú TRIPS, nó bearta lena gceanglaítear faisnéis dhílsithe a nochtadh a thagann faoi raon feidhme Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS agus atá comhsheasmhach leis.

5. Fomhíreanna 1(a), (b) agus (c) agus 2(a) agus (b), níl feidhm acu maidir le ceanglais cháilíochta le haghaidh earraí nó seirbhísí i dtaca le rannpháirtíocht i gcláir um onnmhairí a chur chun cinn agus i gcláir um chúnamh eachtrach.

6. Níl feidhm ag fomhíreanna 2(a) agus (b) maidir le ceanglais arna bhforchur ag Páirtí is allmhaireoir a bhaineann le hábhar earraí, ar ceanglais iad is gá chun go gcáileoidh sé le haghaidh taraifí fabhracha nó cuótaí fabhracha.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le haon cheanglas, gealltanas nó tiomantas seachas ceanglas, tiomantas, nó gealltanas a leagtar amach sna míreanna sin.

8. Ní chuirtear bac leis an Airteagal seo ar fhorfheidhmiú aon cheanglais, gealltanais nó tiomantais idir páirtithe príobháideacha seachas Páirtí, i gcás nár fhorchuir nó nár cheangail Páirtí an ceanglas, an gealltanas nó an tiomantas.

9. Tá an tAirteagal seo gan dochar do ghealltanais a rinne Páirtí faoi Chomhaontú EDT.

Airteagal 10.10

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

1. Ní cheanglóidh Páirtí ar fhiontar ar fiontar cumhdaithe den Pháirtí eile é daoine nádúrtha d'aon náisiúntacht ar leith a cheapadh chuig poist ardbhainistíochta.

2. Ní cheanglóidh Páirtí gur comhdhéanamh de dhaoine nádúrtha a bhfuil náisiúntacht ar leith acu, nó a bhfuil cónaí orthu ina chríoch, nó teaglaim díobh, a bheidh i mbord stiúrthóirí fiontair de chuid an Pháirtí eile, ar fiontar cumhdaithe é.

Airteagal 10.11

Ceanglais Fhoirmiúla

D'ainneoin Airteagail 10.7 agus 10.8, féadfaidh Páirtí ceanglas a chur ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, nó ar a fhiontar cumhdaithe, gnáth-fhaisnéis a sholáthar maidir leis an bhfiontar sin chun críoch faisnéise nó staidrimh agus chun na gcríoch amháin. Má éilíonn Páirtí faisnéis den sórt sin, cosnóidh sé an fhaisnéis rúnda sin atá cosanta ar aon nochtadh lena ndéanfaí dochar do chor iomaíoch an infheisteora nó an fhiontair cumhdaithe. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a gcuirtear cosc leis ar Pháirtí ar shlí eile faisnéis a fháil nó a nochtadh i ndáil lena dhlí a chur i bhfeidhm go cothromasach agus de mheon macánta.

Airteagal 10.12

Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí

1. Níl feidhm ag Airteagal 10.7 go hAirteagal 10.10 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) beart neamh-chomhréireach atá ann cheana agus atá á choinneáil ar bun ag Páirtí ar na leibhéil seo a leanas:

(i) an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach ina liosta atá i bhFoscríbhinn I-A a ghabhann le hIarscríbhinn I;

(ii) rialtas lárnach, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin ina liosta atá i bhFoscríbhinn I-A nó I-B-1 a ghabhann le hIarscríbhinn I;

(iii) rialtas réigiúnach, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin ina liosta atá i bhFoscríbhinn I-A nó I-B-2 a ghabhann le hIarscríbhinn I; nó

(iv) rialtais áitiúil;

(b) leanúint de bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó é a athnuachan go pras; nó

(c) aon leasú ar bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) a mhéid nach laghdaíonn an leasú comhréireacht an bhirt, mar a bhí sé díreach roimh an leasú, le hAirteagal 10.7 go hAirteagal 10.10.

2. Níl feidhm ag Airteagal 10.7 go hAirteagal 10.10 maidir le beart a ghlacfaidh Páirtí nó a choinneoidh sé ar bun i ndáil le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar a leagtar amach ina liosta atá i bhFoscríbhinn II-A nó II-B a ghabhann le hIarscríbhinn II.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, faoi bheart a ghlacfar tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chumhdaítear lena liosta atá i bhFoscríbhinn II-A nó II-B a ghabhann leis in Iarscríbhinn II, a cheangal, go díreach nó go hindíreach, ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, mar gheall ar a náisiúntacht, fiontar cumhdaithe a bheidh ann tráth a mbeidh éifeacht leis an mbeart a dhíol nó a dhiúscairt ar bhealach eile.

4. Níl feidhm ag Airteagal 10.6 maidir le beart a ghlacfaidh Páirtí nó a choinneoidh sé ar bun i ndáil le hearnálacha nó fo-earnálacha a bhfuil gealltanais ann ina leith, mar a leagtar amach ina sceideal atá i bhFoscríbhinn III-A nó III-B-1 nó III-B-2 a ghabhann le hIarscríbhinn III.

5. Níl feidhm ag Airteagail 10.7 agus 10.8 maidir le haon bheart arb é atá ann eisceacht, díolúine nó tarscaoileadh ó Airteagail 3 nó 4 de Chomhaontú TRIPS, mar a fhoráiltear in Airteagail 3 go 5 den Chomhaontú sin.

6. Gan dochar do mhíreanna 1 go 5, laistigh de 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh Meicsiceo fógra a thabhairt don Aontas Eorpach faoi dhréachtchinneadh ón gComhairle Trádála chun Iarscríbhinní I, II agus III a mhodhnú mar a leanas:

(a) i bhFoscríbhinní I-B-2 agus III-B-2, aon bheart neamhchomhlíontach atá ann cheana a choinnítear ar bun ar leibhéal fo-fheidearálach rialtais; agus

(b) i bhFoscríbhinní I-B-1 agus II-B na ceanglais feidhmíochta a ghabhann léi.

Déanfaidh an tAontas Eorpach athbhreithniú ar an dréacht sin laistigh de thréimhse 3 mhí agus rachaidh sé i gcomhairle le Meicsiceo maidir le haon saincheist ghaolmhar. Tar éis an chomhairliúcháin sin, glacfaidh an Chomhairle Trádála na modhnuithe a ghabhann leis na hiarscríbhinní dá dtagraítear sa mhír seo. Beidh feidhm ag na hiarscríbhinní modhnaithe ó dháta ghlacadh na modhnuithe.

Airteagal 10.13

Diúltú Sochar

Féadfaidh Páirtí diúltú do shochair na Caibidle seo a thabhairt d'infheisteoir de chuid an Pháirtí eile ar fiontar de chuid an Pháirtí sin é, agus d'infheistíochtaí an infheisteora sin:

(a) má bhíonn an fiontar faoi úinéireacht nó faoi rialú ag infheisteoir de thríú tír; agus

(b) má ghlacann an Páirtí diúltaithe beart maidir leis an tríú tír sin, nó beart maidir le daoine nádúrtha nó fiontair an tríú tír sin, ar beart é lena dtoirmisctear idirbhearta leis an bhfiontar nó a shárófaí nó a rachfaí timpeall air dá dtabharfaí sochair na Caibidle seo don infheisteoir sin nó dá infheistíochtaí, nó má choinníonn an Páirtí beart i ndáil leis sin ar bun.

Airteagal 10.14

An Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht

Déanfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht arna bhunú de bhun fhomhír 1(h) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) mar a leanas:

(a) fóram a sholáthar trínar féidir leis na Páirtithe dul i mbun comhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear:

(i) deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn chur chun feidhme na Caibidle seo;

(ii) feabhsuithe féideartha ar an gCaibidil seo, go háirithe i bhfianaise eispéireas agus forbairtí i bhfóraim idirnáisiúnta eile agus faoi chomhaontuithe eile na bPáirtithe; agus

(b) cinntí a bheidh le glacadh nó gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag an gComhairle Trádála de bhun na Caibidle seo a ullmhú.

CAIBIDIL 11

TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ

Airteagal 11.1

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'trádáil trasteorann i seirbhísí' nó 'soláthar trasteorann seirbhísí' seirbhís a sholáthar:

(i) ó chríoch Pháirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó

(ii) i gcríoch Pháirtí chuig tomhaltóir seirbhíse an Pháirtí eile;

(b) ciallaíonn 'fiontar' fiontar mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3 (Sainmhínithe a bhfuil Feidhm Ghinearálta acu), nó brainse nó oifig ionadaíoch de chuid fiontair;

(c) ciallaíonn 'fiontar de chuid an Aontais Eorpaigh' nó 'fiontar de chuid Mheicsiceo' fiontar arna bhunú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó a mBallstát, nó le dlí Mheicsiceo, agus atá i mbun oibríochtaí gnó substainteacha ([40]) i gcríoch an Aontais Eorpaigh nó i gcríoch Mheicsiceo, faoi seach ([41]);

cuideachtaí loingseoireachta arna mbunú lasmuigh den Aontas Eorpach nó de Mheicsiceo agus atá á rialú ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó ag náisiúnaigh de Mheicsiceo, faoi seach, beidh siad ina dtairbhithe freisin d'fhorálacha na Caibidle seo má tá a soithí cláraithe i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas Eorpach nó dlí Mheicsiceo, de réir mar is iomchuí, agus má tá bratach an Bhallstáit sin den Aontas Eorpach nó bratach Mheicsiceo ar foluain acu;

(d) ciallaíonn 'seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú', i gcás gach Páirtí, aon seirbhís nach soláthraítear ar bhonn tráchtála ná san iomaíocht le soláthróir seirbhíse amháin nó níos mó; agus

(e) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse Páirtí' duine nádúrtha nó fiontar Páirtí, seachas brainse nó oifig ionadaíoch, a fhéachann le seirbhís a sholáthar nó a sholáthraíonn seirbhís.

Airteagal 11.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear don trádáil trasteorann i seirbhísí ag soláthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile. Áirítear ar na bearta sin bearta a dhéanann difear don mhéid seo a leanas:

(a) táirgeadh, dáileadh, margú, díol nó soláthar seirbhíse;

(b) ceannach nó úsáid seirbhíse, nó íocaíocht a dhéanamh as seirbhís;

([40]) I gcomhréir leis an bhfógra ón Aontas Eorpach faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a thug sé do EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint aige go bhfuil an coincheap 'nasc éifeachtach agus leanúnach' le geilleagar Ballstáit den Aontas Eorpaigh a chumhdaítear in Airteagal 54 de CFAE coibhéiseach leis an gcoincheap 'oibríochtaí gnó substainteacha'.

([41]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gur fiontar de chuid an Aontais Eorpaigh ná fiontar de chuid Mheicsiceo é brainse nó oifig ionadaíoch d'fhiontar tríú tír.

(c) i ndáil le seirbhís a sholáthar, rochtain ar sheirbhísí agus úsáid seirbhísí a n-éilíonn Páirtí go dtairgfí iad don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear dáileadh, iompar nó líonra teileachumarsáide; agus

(d) soláthar aon chineáil urrúis airgeadais, lena n-áirítear banna, mar choinníoll i ndáil le soláthar seirbhíse.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí closamhairc;

(b) cabatáiste muirí náisiúnta ([42]);

(c) bearta Páirtí a mhéid a chumhdaítear iad le Caibidil 18;

(d) seirbhísí a sholáthraítear le linn údarás rialtais a fheidhmiú;

(e) soláthar earra nó seirbhíse ag rialtas, a cheannaítear chun críoch rialtais, agus ní d'fhonn athdhíol tráchtála a dhéanamh nó iad a úsáid i ndáil le hearra nó seirbhís a tháirgeadh le haghaidh díol ar bhonn tráchtála, gan beann ar cé acu is soláthar faoi chumhdach é an soláthar sin nó nach ea de réir bhrí Airteagal 21.1 (Sainmhínithe);

(f) fóirdheontais ([43]) ná deontais arna soláthar ag Páirtí, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas; agus

(g) aersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí ([44]), seachas:

(i) seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála aerárthaigh a dtugtar aerárthach as seirbhís le linn a bhfeidhmiú;

(ii) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

(iii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí; agus

(iv) seirbhísí láimhseála ar an talamh.

3. Níl feidhm ag Airteagal 11.4 go hAirteagal 11.7 maidir le seirbhísí nua, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

([42]) Maidir leis an Aontas Eorpach, gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaítear le cabatáiste muirí náisiúnta faoin gCaibidil seo iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna sin den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige; agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach.
Maidir le Meicsiceo, cumhdaítear le cabatáiste muirí náisiúnta faoin gCaibidil seo na loingseoireacht a dhéanann aon soitheach ar muir, idir calafoirt nó áiteanna atá lonnaithe laistigh de na criosanna muirí de chuid Mheicsiceo agus cladaigh Mheicsiceo.

([43]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cumhdaítear fóirdheontais faoi Chaibidil 24 (Fóirdheontais).

([44]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear an méid seo a leanas freisin le 'aersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí': aerárthaí le criú a fháil ar cíos, seirbhísí oibriúcháin aerfoirt agus seirbhísí a chuirtear ar fáil trí úsáid a bhaint as aerárthach nach é is príomhchuspóir dó earraí nó paisinéirí a iompar, mar shampla oiliúint eitilte maidir le haerchomhrac dóiteáin, fámaireacht, spraeáil, suirbhéireacht, mapáil, grianghrafadóireacht, léim pharaisiúit, tarraingt faoileoirí, ardú le héileacaptar chun lománaíocht agus tógáil a dhéanamh, agus aersheirbhísí eile talmhaíochta, tionsclaíocha agus cigireachta.

Airteagal 11.3

An Ceart chun Rialú a Dhéanamh

Deimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha, a bhaint amach, amhail sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideachas agus cosaint sonraí agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, nó iomaíocht.

Airteagal 11.4

Rochtain ar an Margadh

Sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha ina ndéantar gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, ní dhéanfaidh Páirtí, ar bhonn a chríche iomláine nó ar bhonn foroinn críche, bearta lena gcuirtear srianta ar an méid seo a leanas a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:

(a) an líon soláthróirí seirbhíse, bíodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó soláthróirí seirbhíse eisiacha nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(b) luach iomlán na n-idirbheart seirbhíse nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch; nó

(c) an líon iomlán oibríochtaí seirbhíse nó cainníocht iomlán an aschuir sheirbhíse a shloinntear mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Airteagal 11.5

Láithreacht áitiúil

Ní cheanglóidh Páirtí ar sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile oifig ionadaíoch nó aon fhoirm d'fhiontar a bhunú nó a choinneáil ar bun, nó cónaí a bheith air ina chríoch mar choinníoll le soláthar trasteorann seirbhíse.

Airteagal 11.6

Cóir Náisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcásanna comhchosúla, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse féin.

2. Ciallaíonn an chóir nach mór do Mheicsiceo a thabhairt de bhun mhír 1, maidir le leibhéal réigiúnach rialtais Mheicsiceo, cóir nach lú fabhar ná an chóir is mó fabhar, i gcásanna comhchosúla, a thugann an leibhéal réigiúnach rialtais sin dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse féin.

3. Maidir le rialtas aon Bhallstáit den Aontas Eorpach, nó rialtas laistigh d'aon Bhallstát den Aontas Eorpach, ciallaíonn an chóir nach mór don Aontas Eorpach a thabhairt de bhun mhír 1, cóir nach lú fabhar ná an chóir is mó fabhar a thugann an rialtas sin, i gcásanna comhchosúla, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse féin.

Airteagal 11.7

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcásanna comhchosúla, do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse de chuid tríú tír.

2. Ní fhorléireofar mír 1 mar mhír lena gcuirtear d'oibleagáid ar Pháirtí tairbhe aon chóra a thabhairt do sheirbhísí ná do sholáthróirí seirbhíse an Pháirtí eile ar cóir í a eascraíonn as bearta lena ndéantar foráil d'aitheantas a thabhairt, lena n-áirítear aitheantas do na caighdeáin nó do na critéir chun duine nádúrtha nó fiontar a údarú, nó chun ceadúnas nó deimhniúchán a thabhairt dóibh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, nó aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta.

Airteagal 11.8

Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí

1. Níl feidhm ag Airteagal 11.5 go hAirteagal 11.7 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana de chuid Páirtí a gcoinníonn aon cheann de na comhlachtaí seo a leanas ar bun é:

(i) an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach ina liosta atá i bhFoscríbhinn I-A a ghabhann le hIarscríbhinn I;

(ii) rialtas náisiúnta, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin ina liosta atá i bhFoscríbhinn I-A nó I-B-1 a ghabhann le hIarscríbhinn I;

(iii) rialtas réigiúnach, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin ina liosta i bhFoscríbhinn I-A nó I-B-2 a ghabhann le hIarscríbhinn I; nó

(iv) rialtas áitiúil;

(b) leanúint de bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó é a athnuachan go pras; nó

(c) aon leasú ar bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) a mhéid nach laghdaíonn an leasú comhréireacht an bhirt, mar a bhí sé díreach roimh an leasú, le hAirteagail 11.5 go 11.7.

2. Níl feidhm ag Airteagal 11.5 go hAirteagal 11.7 maidir le beart a ghlacfaidh Páirtí nó a choinneoidh sé ar bun i ndáil le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar a leagtar amach ina liosta i bhFoscríbhinn II-A nó II-B a ghabhann le hIarscríbhinn II.

3. Níl feidhm ag Airteagal 11.4 maidir le haon bheart de chuid Páirtí i ndáil le hearnálacha nó fo-earnálacha a bhfuil gealltanais ann ina leith, mar a leagtar amach ina sceideal atá i bhFoscríbhinn III-A, III-B-1 nó III-B-2 a ghabhann le h Iarscríbhinn III.

4. Laistigh de 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh Meicsiceo fógra a thabhairt don Aontas Eorpach faoi dhréacht-chinneadh ón gComhairle Trádála chun Foscríbhinn I-B-2 a ghabhann le hIarscríbhinn I agus Foscríbhinn III-B-2 a ghabhann le hIarscríbhinn III a mhodhnú le haon bheart neamhchomhlíontach atá ann cheana a choinnítear ar bun ar an leibhéal fo-fheidearálach rialtais.

Déanfaidh an tAontas Eorpach athbhreithniú ar an dréacht sin laistigh de thréimhse 3 mhí agus rachaidh sé i gcomhairle le Meicsiceo maidir le haon saincheist ghaolmhar. Tar éis an chomhairliúcháin, glacfaidh an Chomhairle Trádála na modhnuithe a ghabhann leis na hiarscríbhinní dá dtagraítear sa mhír seo. Beidh feidhm ag na hiarscríbhinní modhnaithe ó dháta ghlacadh na modhnuithe.

Airteagal 11.9

Diúltú Sochar

Féadfaidh Páirtí diúltú do shochair na Caibidle seo a thabhairt do sholáthróir seirbhíse den Pháirtí eile ar fiontar den Pháirtí sin é, agus do sheirbhísí an tsoláthróra seirbhíse sin:

(a) má bhíonn an fiontar faoi úinéireacht nó á rialú ag duine ó thríú tír; agus

(b) má ghlacann an Páirtí diúltaithe beart maidir leis an tríú tír sin, nó beart maidir le daoine nádúrtha nó fiontair an tríú tír sin, ar beart é lena dtoirmisctear idirbhearta leis an bhfiontar nó a shárófaí nó a rachfaí timpeall air dá dtabharfaí sochair na Caibidle seo don fhiontar sin, nó má choinníonn an Páirtí beart i ndáil leis sin ar bun.

CAIBIDIL 12

LÁITHREACHT SHEALADACH DAOINE NÁDÚRTHA CHUN CRÍOCH GNÓ

Airteagal 12.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'duine gnó', i gcás Mheicsiceo, náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach a théann isteach ar chríoch Mheicsiceo, gan de chuspóir aige cónaí sealadach nó buanchónaí a bhunú, chun:

(i) earraí a thrádáil ar bhonn tráchtála nó seirbhísí a sholáthar;

(ii) fiontar a bhunú, a fhorbairt nó a bhainistiú;

(iii) teagmhálaithe agus idirbheartaíochtaí gnó a dhéanamh chun earraí nó seirbhísí a dhíol, nó gníomhaíochtaí comhchosúla;

(iv) seirbhísí speisialaithe a sholáthar ar mhaithe le suiteáil, deisiúchán, cothabháil, maoirseacht nó oiliúint oibrithe, seirbhísí arna gcomhaontú roimh ré, nó seirbhísí a mheastar a bheith mar chuid de chonradh maidir le haistriú teicneolaíochta, paitinní agus trádmharcanna, le haghaidh díol trealaimh nó innealra tráchtála nó thionsclaíoch, nó aon phróiseas táirgthe eile de chuid fiontair bunaithe ar chríoch Páirtí, le linn théarma an chonartha ráthaíochta, an díolacháin nó na seirbhíse;

(v) freastal ar chruinnithe nó seisiúin an bhoird stiúrthóirí d'fhiontar atá bunaithe go dlíthiúil i Meicsiceo; nó

(vi) earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, comhairle a chur ar chliaint, orduithe a fháil, idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le conarthaí agus an gnó a thaispeáint, mar shampla, mar chuid de chomhdhálacha, aonaigh, tionóil nó chun freastal orthu nó imeachtaí comhchosúla;

(b) ciallaíonn 'cuairteoirí gnó chun críoch bunaithe fiontair' daoine nádúrtha atá ag obair i bpost sinsearach agus atá freagrach as fiontar a bhunú sa Pháirtí eile, nach dtairgeann nó nach soláthraíonn seirbhísí agus nach mbíonn ag gabháil d'aon ghníomhaíocht eacnamaíoch seachas gníomhaíocht a bhfuil gá léi chun an fiontar sin a bhunú agus nach bhfaigheann luach saothair ó fhoinse atá suite sa Pháirtí eile sin;

(c) ciallaíonn 'soláthróirí seirbhísí conarthacha' daoine nádúrtha atá fostaithe ag fiontar Páirtí, ar fiontar é nach gníomhaireacht le haghaidh seirbhísí chun pearsanra a lonnú agus a sholáthar é agus nach ngníomhaíonn trí ghníomhaireacht den sórt sin, nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile agus a bhfuil conradh *bona fide* tugtha i gcrích aige chun seirbhísí a sholáthar le tomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile, lena gceanglaítear ar a fhostaithe a bheith i láthair go sealadach sa Pháirtí sin ionas go gcomhlíonfar an conradh chun seirbhísí a sholáthar ([45]);

(d) ciallaíonn 'gairmithe neamhspleácha', i gcás an Aontais Eorpaigh, daoine nádúrtha atá ag soláthar seirbhíse agus atá bunaithe mar dhaoine féinfhostaithe i gcríoch Pháirtí agus nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile agus a bhfuil conradh *bona fide* tugtha i gcrích acu, seachas trí ghníomhaireacht le haghaidh seirbhísí chun pearsanra a lonnú agus a sholáthar, chun seirbhísí a sholáthar le tomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile, lena gceanglaítear orthu a bheith i láthair go sealadach sa Pháirtí sin ionas go gcomhlíonfar an conradh chun seirbhísí a sholáthar ([46]);

(e) ciallaíonn 'aistrithe ionchorparáideacha' daoine nádúrtha atá fostaithe ag fiontar Páirtí nó atá ina gcomhpháirtithe i bhfiontar Páirtí, a aistrítear go sealadach chuig fiontar Páirtí, lena n-áirítear fochuideachta, brainse nó máthairchuideachta den fhiontar sin i gcríoch an Pháirtí eile ([47]), agus a bhfuil na róil seo a leanas acu:

(i) 'bainisteoirí' nó 'feidhmeannaigh', rud a chiallaíonn daoine atá ag obair i bpost sinsearach i bhfiontar, daoine a stiúrann bainistíocht an fhiontair ([48]) sa Pháirtí eile go príomha agus a fhaigheann maoirseacht ghinearálta nó treoir ghinearálta go príomha ón mbord stiúrthóirí nó ó stocshealbhóirí an ghnó nó óna gcoibhéis, agus daoine a dhéanann na nithe seo a leanas ar a laghad:

(A) an fiontar nó roinn nó foroinn de a stiúradh;

(B) maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar obair fostaithe eile maoirseachta, gairmiúla nó bainistíochta; agus

(C) daoine a bhfuil d'údarás pearsanta acu daoine a earcú agus a bhriseadh as a bpost nó earcú, briseadh as post nó gníomhaíochtaí eile a bhaineann le pearsanra a mholadh;

(ii) 'speisialtóirí', rud a chiallaíonn daoine a oibríonn i bhfiontar a bhfuil eolas speisialaithe acu, atá fíor-riachtanach maidir le réimsí gníomhaíochta, teicnící nó bainistíochta an fhiontair, ról ar a ndéantar measúnú agus an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an bhfiontar á chur san áireamh chomh maith le cibé acu atá cáilíocht ar ardleibhéal ag an duine sin, nó nach bhfuil; nó

(iii) 'fostaithe faoi oiliúint', rud a chiallaíonn, i gcás an Aontais Eorpaigh, daoine ar fhostaigh fiontar iad, fiontar nach oifig ionadaíoch é, ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad, daoine a bhfuil céim ollscoile acu agus a aistrítear go sealadach chun críoch forbartha gairme, nó chun oiliúint a fháil i dteicnící nó modhanna gnó ([49]);

([45]) Comhlíonfaidh an conradh chun seirbhísí a sholáthar dá dtagraítear i bhfomhír (c) ceanglais dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

([46]) Comhlíonfaidh an conradh chun seirbhísí dá dtagraítear i bhfomhír (d) ceanglais dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

([47]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhainisteoirí nó ar fheidhmeannaigh agus speisialtóirí a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí gairmiúla agus an taithí is gá acu san fhiontar a n-aistrítear chuige iad.

([48]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé nach ndéanann bainisteoirí nó feidhmeannaigh cúraimí a bhaineann go díreach le soláthar iarbhír na seirbhísí, féadfaidh siad, agus iad i mbun a gcuid cúraimí chun bainistíocht an fhiontair a stiúradh go príomha, cúraimí a dhéanamh a bhféadfadh gá a bheith leo chun na seirbhísí a sholáthar.

([49]) Féadfar a cheangal ar an bhfiontar is faighteoir clár oiliúna a chur isteach lena gcumhdófar fad an fhanachta le formheas roimh ré, lena léireofar gurb í an oiliúint cuspóir an fhanachta. I gcás na Seicia, na Gearmáine, na Spáinne, na Fraince, na hUngáire, na Liotuáine agus na hOstaire, ní mór an oiliúint a bheith nasctha leis an gcéim ollscoile a fuarthas.

(f) ciallaíonn 'infheisteoirí', i gcás Mheicsiceo, daoine nádúrtha den Aontas Eorpach ar mian leo dul isteach i Meicsiceo le haghaidh fanacht sealadach nó atá i Meicsiceo cheana féin, a bhfuil sé i gceist acu na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) roghanna malartacha maidir le bunú a fhiosrú;

(ii) bunú a fheidhmiú nó a mhaoirsiú;

(iii) ionadaíocht a dhéanamh thar ceann fiontar eachtrach nó idirbhearta gnó a dhéanamh; nó

(iv) comhairle nó seirbhísí teicniúla rí-thábhachtacha a fhorbairt, a riar nó a sholáthar i ndáil le feidhmiú fiontair a bhfuil méid substaintiúil caipitil geallta ag duine gnó nó ag fiontar duine gnó ina leith, nó méid substaintiúil caipitil a bhfuiltear i mbun a gheallta ina leith, agus an duine sin ann ina cháil mar mhaoirseoir, feidhmeannach nó duine ag a bhfuil scileanna fíor-riachtanacha; agus

(g) ciallaíonn 'cuairteoirí gnó gearrthéarmacha' daoine nádúrtha ar mian leo dul isteach go críoch an Pháirtí eile agus fanacht ann go sealadach, daoine nach mbíonn ag plé le díolacháin dhíreacha leis an bpobal i gcoitinne agus nach bhfaigheann luach saothair ó fhoinse atá suite sa Pháirtí eile sin, daoine a bhfuil na róil seo a leanas acu:

(i) 'díoltóirí gnó', ról faoina gcuimsítear cuairteoirí gnó gearrthéarmacha ar ionadaithe de sholáthróir seirbhísí nó earraí de Pháirtí iad a dhéanann idirbheartaíocht maidir le díol na seirbhísí nó na n-earraí, nó a dhéanann comhaontuithe chun na seirbhísí nó na hearraí a dhíol thar ceann an tsoláthróra sin, daoine nach mbíonn ag plé le soláthar seirbhíse faoi chuimsiú conradh a thugtar i gcrích idir fiontar nach bhfuil láithreacht tráchtála aige i gcríoch an Pháirtí eile agus tomhaltóir sa chríoch sin, agus nach gníomhairí ar coimisiún iad;

(ii) 'suiteálaithe agus cothabhálaithe', a chiallaíonn, i ndáil le dul isteach agus fanacht sealadach san Aontas Eorpach, cuairteoirí gnó gearrthéarmacha ag a bhfuil an t-eolas speisialaithe atá fíor-riachtanach maidir le hoibleagáidí conarthacha díoltóra nó léasóra, daoine a dhéanann seirbhísí nó a chuireann oiliúint ar phearsanra maidir le seirbhísí a dhéanamh, de bhun barántais nó conradh seirbhíse eile a ghabhann le díol nó léas trealaimh nó innealra tráchtála nó thionsclaíoch, lena n-áirítear ríomhairí agus seirbhísí gaolmhara, a cheannaítear nó a fhaightear ar léas ó fhiontar atá suite lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, le linn fhad an bharántais nó an chonartha seirbhíse agus, i ndáil le dul isteach agus fanacht sealadach i Meicsiceo, cuairteoirí gnó gearrthéarmacha a sholáthraíonn seirbhísí speisialaithe, lena n-áirítear seirbhísí iardhíola nó iarléasa, a comhaontaíodh roimhe sin nó a dtagraítear dóibh i gconradh maidir le haistriú teicneolaíochta, paitinne agus trádmhairc, le haghaidh dhíol an innealra agus trealaimh, oiliúint theicniúil an phearsanra nó aon phróiseas táirgthe eile le haghaidh fiontar bunaithe i Meicsiceo; nó

(iii) 'cuairteoirí gnó gearrthéarmacha eile', ról faoina gcuimsítear, i gcás Mheicsiceo, cuairteoirí a fhreastalaíonn ar chruinnithe riaracháin gnó, comhdhála nó aonaigh thrádála agus a dhéanann cúraimí bainistíochta nó feidhmeannacha i bhfiontar nó ina fhochuideachtaí nó fiontair chleamhnaithe atá bunaithe i Meicsiceo.

Airteagal 12.2

Cuspóirí, Raon Feidhme agus Forálacha Ginearálta

1. Léirítear sa Chaibidil seo mian na bPáirtithe dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile a éascú chun críoch gnó agus an gá le critéir thrédhearcacha a bhunú chun na críche sin.

2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a bhaineann go díreach le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile chun críoch gnó, daoine ar cuairteoirí gnó iad chun críoch bunaithe fiontair, daoine ar aistrithe ionchorparáideacha, infheisteoirí, díoltóirí gnó, soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha iad.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a dhéanann difear do dhaoine nádúrtha atá ag lorg rochtain ar mhargadh fostaíochta Páirtí, ná níl feidhm aici maidir le bearta i ndáil le saoránacht nó náisiúntacht, cónaí, nó fostaíocht ar bhonn buan.

4. Ní choiscfear le haon ní sa Chomhaontú seo ar Pháirtí bearta a chur i bhfeidhm chun rialú a dhéanamh ar dhul isteach daoine nádúrtha ina chríoch, nó fanacht sealadach daoine nádúrtha ina chríoch, lena n-áirítear na bearta sin is gá chun sláine daoine nádúrtha a chosaint, agus a ngluaiseacht ordúil thar theorainneacha an Pháirtí a áirithiú, ar choinníoll nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfar neamhniú nó lagú ar na sochair a fhabhraíonn don Pháirtí eile faoin gCaibidil seo. An fíoras go gceanglaítear víosa a bheith ag daoine nádúrtha de chuid tír áirithe agus nach gceanglaítear víosa a bheith ag daoine nádúrtha de chuid tíortha eile, ní fhéachfar air ann féin mar chúis le neamhniú nó lagú a dhéanamh ar shochair faoin gCaibidil seo.

5. Cuirfidh gach Páirtí na bearta a chumhdaítear faoin gCaibidil seo i bhfeidhm go gasta chun moill nó damáistí míchuí a sheachaint i ndáil le trádáil earraí nó seirbhísí, nó gníomhaíochtaí bunaíochta faoin gComhaontú seo.

6. Féachfaidh na Páirtithe le critéir choiteanna agus léirmhínithe coiteanna a ghlacadh le haghaidh chur chun feidhme na Caibidle seo.

7. Ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach chun críoch gnó do dhaoine nádúrtha an Pháirtí eile a chomhlíonann dlíthe inimirce agus rialacháin an chéad Pháirtí, ar dlíthe agus rialacháin iad is infheidhme maidir le dul isteach agus fanacht sealadach, i gcomhréir leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear forálacha Iarscríbhinní I go VI.

8. Féadfaidh Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, maolú ar a ghealltanais maidir le dul isteach agus fanacht sealadach a leagtar amach ina liosta i bhFoscríbhinn IV-A nó IV-B a ghabhann le hIarscríbhinn IV agus Foscríbhinn V-A nó V-B a ghabhann le hIarscríbhinnV i gcásanna ina bhféadfadh dul isteach nó fanacht sealadach duine nádúrtha de chuid Páirtí eile difear diúltach a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

(a) réiteach díospóide saothair comhchoitinne atá ar bun ag áit na fostaíochta nó áit bheartaithe na fostaíochta; nó

(b) fostaíocht aon duine atá páirteach sa díospóid sin.

Airteagal 12.3

Oibleagáidí i gCaibidlí Eile

1. Ní fhorchuirtear leis an gCaibidil seo aon oibleagáid ar Pháirtí maidir lena bhearta inimirce, ach amháin mar a dhéantar foráil go sonrach anseo.

2. Gan dochar d'aon chinneadh i dtaobh dul isteach agus fanacht sealadach a cheadú do dhuine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile i gcomhréir leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear fad an fhanachta atá incheadaithe de bhun cinneadh den sórt sin:

(a) oibleagáidí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an margadh), Airteagal 10.7 (Cóir náisiúnta), Airteagal 10.9 (Ceanglais feidhmíochta) agus Airteagal 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí), faoi réir Airteagal 10.5 (Raon feidhme), Airteagal 10.12 (Bearta neamh-chomhréireacha agus eisceachtaí), Airteagal 18.2 (Raon feidhme) agus Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), a mhéid a dhéanann an beart difear don chóir a thugtar do dhaoine nádúrtha chun críoch gnó, ar daoine iad atá i gcríoch an Pháirtí eile, ionchorpraítear iad leis seo agus déantar cuid den Chaibidil seo iad agus tá feidhm acu maidir le bearta a dhéanann difear don chóir a thugtar do dhaoine nádúrtha chun críoch gnó, ar daoine iad atá i gcríoch an Pháirtí eile faoi na catagóirí a bhaineann le cuairteoirí gnó chun críoch bunaithe fiontair, aistrithe ionchorparáideacha agus, i gcás Mheicsiceo, infheisteoirí, mar a shainmhínítear in Airteagal 12.1; agus

(b) oibleagáidí Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), Airteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil) agus Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta), faoi réir mhír 2 d'Airteagal 11.2 (Raon Feidhme), agus Airteagail 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí), Airteagal 18.2 (Raon Feidhme) agus Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha) a mhéid a dhéanann an beart difear don chóir a thugtar do dhaoine nádúrtha chun críoch gnó ar daoine iad atá i gcríoch an Pháirtí eile, ionchorpraítear iad leis seo agus déantar cuid den Chaibidil seo iad agus tá feidhm acu maidir leis na bearta a dhéanann difear don chóir a thugtar do dhaoine nádúrtha chun críoch gnó ar daoine iad atá i gcríoch an Pháirtí eile faoi na catagóirí a bhaineann le soláthróirí seirbhísí conarthacha agus, i gcás an Aontais Eorpaigh, gairmithe neamhspleácha, i gcás na n-earnálacha uile a liostaítear in Iarscríbhinn V agus cuairteoirí gnó gearrthéarmacha, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag mír 2 maidir leis na bearta a dhéanann difear don chóir a thugtar do dhaoine nádúrtha atá i gcríoch an Pháirtí eile chun críoch gnó agus a thagann faoi na catagóirí ábhartha agus atá ag soláthar seirbhísí airgeadais, mar a shainmhínítear in Airteagal 18.1 (Sainmhínithe). Níl feidhm ag mír 2 maidir le bearta a bhaineann le cead isteach agus cead fanachta shealadaigh a dheonú do dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí nó de chuid tríú tír.

Airteagal 12.4

Cuairteoirí Gnó Chun Críoch Bunaithe Fiontair, Aistrithe Ionchorparáideacha, Infheisteoirí agus Cuairteoirí Gnó Gearrthéarmacha

1. Faoi réir Airteagal 10.5 (Raon Feidhme), ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach ina chríoch do chuairteoirí gnó chun críoch bunaithe fiontair agus d'aistrithe ionchorparáideacha an Pháirtí eile i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.

2. Faoi réir Airteagal 10.5 (Raon Feidhme), ceadóidh Meicsiceo dul isteach agus fanacht sealadach ina chríoch d'infheisteoirí i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí teorainneacha a ghlacadh ná a choinneáil ar bun maidir leis an líon iomlán daoine nádúrtha a bhfuil cead dul isteach agus fanacht go sealadach acu i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, in earnáil nó fo-earnáil shonrach i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch ar bhonn foroinn réigiúnach nó ar bhonn a chríche ar fad.

4. Is mar seo a leanas a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe ([50]):

(a) i gcás an Aontais Eorpaigh, suas le 3 bliana a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe i gcás bainisteoirí nó feidhmeannach agus speisialtóirí, suas le 1 bhliain amháin i gcás fostaithe faoi oiliúint agus suas le 90 lá laistigh d'aon tréimhse 6 mhí i gcás cuairteoirí gnó chun críoch bunaithe fiontair; agus

(b) i gcás Mheicsiceo, 1 bhliain amháin, ar féidir síneadh 1 bhliain amháin a chur leis faoi thrí, i gcás aistrithe ionchorparáideacha agus infheisteoirí, agus suas le 180 lá i gcás cuairteoirí gnó chun críoch bunaithe fiontair.

5. Deonóidh na Páirtithe cóir do bhaill teaghlaigh aistrithe ionchorparáideacha i gcomhréir le hIarscríbhinn 12-A.

([50]) Ní dhéanann an tréimhse fanachta le haghaidh cuairteoirí gnó chun críoch bunaithe fiontair dochar do na cearta a dheonaíonn Páirtí do náisiúnaigh nó do shaoránaigh an Pháirtí eile faoi tharscaoileadh víosa déthaobhach.

Airteagal 12.5

Cuairteoirí Gnó Gearrthéarmacha

Faoi réir Airteagal 11.2 (Raon Feidhme) agus Iarscríbhinn IV, déanfaidh an Páirtí an méid seo a leanas:

(a) dul isteach agus fanacht sealadach a cheadú do chuairteoirí gnó gearrthéarmacha;

(b) ní dhéanfaidh sé teorainneacha a choinneáil ná a ghlacadh ar an líon iomlán cuairteoirí gnó gearrthéarmacha, in earnáil shonrach i bhfoirm cuótaí uimhriúla ar bhonn foroinn réigiúnach nó ar bhonn a chríche ar fad; agus

(c) ní dhéanfaidh sé tástálacha riachtanas eacnamaíoch le haghaidh cuairteoirí gnó gearrthéarmacha a ghlacadh ná a choinneáil ar bun.

Airteagal 12.6

Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

1. Ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach ina chríoch do sholáthróirí seirbhíse conarthacha an Pháirtí eile i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

2. Mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn V, ní dhéanfaidh Páirtí teorainneacha a ghlacadh ná a choinneáil ar bun ar líon iomlán soláthróirí seirbhísí conarthacha an Pháirtí eile a gceadaítear dul isteach agus fanacht sealadach dóibh, i bhfoirm cuótaí uimhriúla ná ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Airteagal 12.7

Gairmithe Neamhspleácha

1. Ceadóidh an tAontas Eorpach dul isteach agus fanacht sealadach ina chríoch do ghairmithe neamhspleácha Mheicsiceo i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

2. Mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn V, ní dhéanfaidh an tAontas Eorpach teorainneacha a ghlacadh ná a choinneáil ar bun ar líon iomlán ghairmithe neamhspleácha Mheicsiceo a gceadaítear dul isteach agus fanacht sealadach dóibh i bhfoirm cuótaí uimhriúla ná ceanglas maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Airteagal 12.8

Trédhearcacht

1. Cuirfidh gach Páirtí eolas maidir leis na ceanglais agus nósanna imeachta i ndáil le dul isteach agus fanacht sealadach ar fáil go poiblí, lena n-áirítear foirmeacha agus doiciméid agus ábhair mhíniúcháin a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine leasmhara an Pháirtí eile eolas a chur ar na ceanglais agus na nósanna imeachta is infheidhme.

2. Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, faisnéis maidir leis an méid seo a leanas, más infheidhme:

(a) catagóirí víosa, ceadanna nó aon chineál údaraithe den chineál céanna a bhaineann le dul isteach agus fanacht sealadach;

(b) an doiciméadacht is gá agus na coinníollacha atá le comhlíonadh;

(c) an modh chun iarratas a chur isteach agus roghanna i dtaobh cá háit a gcuirfear é, amhail oifigí consalachta nó ar líne;

(d) táillí iarratais agus am próiseála táscach;

(e) an tréimhse uasta fanachta faoi gach cineál údaraithe a dtugtar tuairisc air i bhfomhír (a);

(f) coinníollacha maidir le haon fhaduithe nó athnuachan atá ar fáil;

(g) rialacha maidir le cleithiúnaithe tionlacain;

(h) nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú nó achomharc a bheidh ar fáil; agus

(i) dlíthe iomchuí a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhaineann le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha.

Airteagal 12.9

Réiteach Díospóidí

Ní rachaidh Páirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le diúltú dul isteach agus fanacht sealadach a cheadú faoin gCaibidil seo mura mbaineann an t-ábhar le pátrún cleachtais.

CAIBIDIL 13

RIALÁIL INTÍRE

Airteagal 13.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin agus cáilíochta, chomh maith le caighdeáin theicniúla ([51]), a dhéanann difear do thrádáil seirbhísí nó do shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile a bhfuil gealltanas déanta ag Páirtí ina leith de bhun Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh), Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta), Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), nó Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta), faoi réir aon téarma, teorainn, coinníoll nó cáilíocht mar a leagtar amach ina sceideal de bhun Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí) agus Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí).

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, tá feidhm ag Airteagal 13.6 seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin agus cáilíochta, chomh maith le caighdeáin theicniúla, a dhéanann difear do thrádáil seirbhísí nó do shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, ar beart é a chumhdaítear faoi Chaibidil 18.

Airteagal 13.2

Forbairt na mBeart

Déanfaidh Páirtí a ghlacann nó a choinníonn ar bun bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin, ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé go bhfuil na bearta sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla thrédhearcacha ([52]);

(b) áiritheoidh sé go dtiocfaidh an t-údarás inniúil ar a gcinntí ar bhealach neamhspleách agus go riarfaidh sé na cinntí sin go neamhspleách;

([51]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, a mhéid a bhaineann le bearta i ndáil le caighdeáin theicniúla, níl feidhm ag an gCaibidil seo ach amháin maidir leis na bearta sin a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí.

([52]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bheidh leis na critéir sin, agus féadfar a áireamh leo sin inniúlacht, an cumas seirbhís nó aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a sholáthar, agus aon tionchar ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith ag cinneadh údarúcháin.

(c) áiritheoidh sé nach gcuirfidh na nósanna imeachta, iontu féin, cosc gan údar ar chomhlíonadh aon cheann de na ceanglais;

(d) áiritheoidh sé go mbeidh na nósanna imeachta neamhchlaonta agus leordhóthanach do na hiarratasóirí chun féidir leo a léiriú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na ceanglais, más ann d'aon cheann; agus

(e) ní cheanglóidh sé ar iarratasóir, a mhéid is indéanta, dul i dteagmháil le níos mó ná údarás inniúil amháin i dtaca le gach iarratas ar údarú ([53]).

Airteagal 13.3

Bearta a riar

Má éilítear údarú chun seirbhís a sholáthar nó chun aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a shaothrú, déanfaidh údaráis inniúla Páirtí an méid seo a leanas:

(a) ceadóidh siad d'iarratasóir iarratas a chur isteach tráth ar bith, a mhéid is indéanta;

(b) fágfaidh siad tréimhse réasúnta ama chun iarratas a chur isteach más ann do thréimhsí sonracha ama le haghaidh iarratas;

(c) déanfaidh siad scrúduithe a sceidealú ag eatraimh réasúnta minic, má éilítear scrúduithe, agus soláthróidh siad tréimhse réasúnta ama d'iarratasóir chun iarraidh a dhéanamh ar an scrúdú;

(d) féachfaidh siad le glacadh le hiarratais i bhformáid leictreonach, agus a dtosaíochtaí freasúla agus bacainní acmhainní á gur san áireamh;

(e) glacfaidh siad le cóipeanna de dhoiciméid atá fíordheimhnithe i gcomhréir le dlí an Pháirtí, in ionad doiciméad bunaidh, mura rud é go gceanglaítear doiciméid bhunaidh a chur i láthair chun sláine an phróisis údarúcháin a chosaint;

(f) áiritheoidh siad go mbeidh na táillí údarúcháin ([54]) a ghearrfaidh na húdaráis inniúla réasúnta agus trédhearcach agus nach gcuirfidh siad srian iontu féin ar sholáthar na seirbhíse ábhartha ná ar shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile;

(g) soláthróidh siad, a mhéid is indéanta, clár ama táscach chun iarratas a phróiseáil;

(h) cinnteoidh siad gan moill mhíchuí, a mhéid is indéanta, iomláine iarratais ar phróiseáil faoi dhlí an Pháirtí;

(i) má mheastar go bhfuil iarratas iomlán le haghaidh próiseála faoi dhlí an Pháirtí, áiritheoidh siad go ndéanfar an t-iarratas a phróiseáil agus go gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis an gcinneadh laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis dó an t-iarratas a chur isteach, a mhéid is indéanta i scríbhinn ([55]);

([53]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí iarratais iomadúla ar údarú a cheangal má bhíonn seirbhís nó gníomhaíocht eacnamaíoch eile faoi dhlínse údarás inniúil iomadúil.

([54]) Áirítear le táillí údarúcháin táillí ceadúnúcháin agus táillí a bhaineann le nósanna imeachta cáilíochta; ní áirítear leo táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná úsáid ranníocaíochtaí sainordaithe le soláthar seirbhíse uiliche.

([55]) Féadfaidh na húdaráis inniúla an ceanglas sin a chomhlíonadh trína chur in iúl roimh ré i scríbhinn d'iarratasóir, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí bheart foilsithe, gur tásc é, mura bhfaightear freagairt laistigh de thréimhse shonraithe ó dháta chur isteach an iarratais, gur glacadh leis an iarratas nó gur diúltaíodh dó. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar a áireamh ar chur in iúl i scríbhinn faisnéis a sholáthraítear i bhformáid leictreonach.

(j) arna iarraidh sin don iarratasóir agus gan moill mhíchuí, soláthróidh siad faisnéis a bhaineann le stádas an iarratais;

(k) má mheastar go bhfuil iarratas neamhiomlán ar phróiseáil faoi dhlí an Pháirtí, déanfaidh siad an méid seo a leanas laistigh de thréimhse réasúnta agus a mhéid is indéanta:

(i) a chur in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán;

(ii) arna iarraidh sin don iarratasóir, soláthróidh siad treoraíocht maidir leis an gcúis a meastar an t-iarratas a bheith neamhiomlán;

(iii) deis ([56]) a thabhairt don iarratasóir an fhaisnéis bhreise a chur isteach chun an t-iarratas a chomhlánú; agus

(iv) i gcás nach bhfuil aon cheann den mhéid thuas indéanta, agus má dhiúltaítear don iarratas mar gheall ar é bheith neamhiomlán, áiritheoidh siad go gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta ama;

(l) má dhiúltaítear d'iarratas, a mhéid is indéanta, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin don iarratasóir, cuirfidh siad an t-iarratasóir ar an eolas maidir le cúiseanna an diúltaithe agus, i gcás inarb infheidhme, maidir leis na nósanna imeachta chun iarratas a chur isteach an athuair; agus

(m) áiritheoidh siad go dtiocfaidh an t-údarú i bhfeidhm, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme.

Airteagal 13.4

Líon Teoranta Ceadúnas

1. I gcás ina bhfuil teorainn le líon gceadúnas atá ar fáil i leith gníomhaíocht áirithe mar gheall ar ghanntanas na n-acmhainní nádúrtha nó na hinniúlachta teicniúla atá ar fáil, cuirfidh Páirtí nós imeachta roghnúcháin i bhfeidhm maidir le hiarrthóirí ionchasacha lena soláthrófar ráthaíochtaí iomlána i dtaobh neamhchlaontachta agus trédhearcachta, lena n-áirítear, go háirithe, poiblíocht leordhóthanach faoi sheoladh, déanamh agus tabhairt i gcrích an nós imeachta.

2. Agus na rialacha maidir leis an nós imeachta roghnúcháin á mbunú, féadfaidh Páirtí cuspóirí beartais dlisteanacha a chur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le sláinte, sábháilteacht, cosaint tomhaltóirí, iomaíocht, cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha.

Airteagal 13.5

Caighdeáin Theicniúla

Spreagfaidh gach Páirtí a údaráis inniúla, agus caighdeáin theicniúla á nglacadh aige, chun caighdeáin theicniúla a ghlacadh a fhorbrófar trí phróisis oscailte thrédhearcacha, agus spreagfaidh sé aon chomhlacht, atá ainmnithe chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt chun é sin a dhéanamh trí phróisis oscailte thrédhearcacha.

([56]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cheanglaítear leis an deis sin ar údarás inniúil fadú a chur leis na spriocdhátaí.

Airteagal 13.6

Trédhearcacht

Páirtí a éilíonn údarú chun seirbhís a sholáthar nó chun aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a shaothrú, soláthróidh sé an fhaisnéis is gá do na soláthróirí seirbhíse nó na daoine atá ag féachaint le seirbhís a sholáthar agus daoine a shaothraíonn gníomhaíocht eacnamaíoch eile, nó a fhéachann le gníomhaíocht eacnamaíoch eile a shaothrú, gur féidir leo na ceanglais agus na nósanna imeachta a chomhlíonadh chun an t-údarú sin a fháil, a choinneáil, a leasú agus a athnuachan. Áireofar ar an bhfaisnéis sin, i gcás inarb ann di:

(a) táillí údarúcháin;

(b) sonraí teagmhála na n-údarás inniúil ábhartha;

(c) nósanna imeachta um achomharc nó athbhreithniú ar chinntí a bhaineann le hiarratais;

(d) nósanna imeachta um fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas, nó comhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin a fhorfheidhmiú;

(e) deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, amhail trí éisteachtaí nó tuairimí a thabhairt;

(f) cláir ama táscacha le haghaidh iarratas a phróiseáil;

(g) na ceanglais agus na nósanna imeachta; agus

(h) caighdeáin theicniúla is infheidhme.

Airteagal 13.7

Athbhreithniú

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar dhisciplíní breise, arna bhforbairt i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal VI de GATS, tar éis dóibh teacht i bhfeidhm. Má thagtar ar an gconclúid leis an athbhreithniú sin go gcuirfeadh na disciplíní sin feabhas ar an gComhaontú, cinnfidh na Páirtithe cé is ceart nó nach ceart iad a chur san áireamh sa Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 14

AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH DO CHÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

Airteagal 14.1

Forálacha Ginearálta

1. Ní choiscfidh aon ní san Chaibidil seo ar Pháirtí a cheangal go mbeidh ag daoine nádúrtha na cáilíochtaí nó an taithí ghairmiúil is gá a shonraítear sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht, don earnáil gníomhaíochta lena mbaineann.

2. Molfaidh gach Páirtí na comhlachtaí gairmiúla nó na húdaráis ghairmiúla ábhartha, de réir mar is iomchuí, ina chríocha féin moltaí comhpháirteacha a fhorbairt agus a sholáthar maidir le haithint fhrithpháirteach cáilíochtaí gairmiúla, don Fhochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht arna bhunú de bhun fhomhír 1(h) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile).

3. Maidir leis na moltaí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 2, tacófar leo le fianaise den mhéid seo a leanas:

(a) luach eacnamaíoch comhaontú atá beartaithe maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint go frithpháirteach (dá ngairtear 'Comhaontú um Aitheantas Frithpháirteach' anseo feasta); agus

(b) comhoiriúnacht na réimeas faoi seach, is é sin, a mhéid atá na critéir arna gcur i bhfeidhm ag gach Páirtí don údarú agus don cheadúnú ag teacht lena chéile.

4. Déanfaidh an Fochoiste athbhreithniú ar aon mholadh comhpháirteach laistigh de thréimhse réasúnta tar éis dó an moladh a fháil.

5. Má bhíonn an moladh comhpháirteach i gcomhréir leis an gComhaontú seo, glacfaidh na Páirtithe na céimeanna is gá caibidlíocht a dhéanamh i ndáil leis an gComhaontú um Aitheantas Frithpháirteach, trína n-údaráis inniúla nó ainmnithe arna n-údarú ag Páirtí más iomchuí. Féadfaidh an Chomhairle Trádála na socruithe le haghaidh aithint fhrithpháirteach cáilíochta gairmiúla a ghlacadh le cinneadh, más iomchuí.

6. Agus caibidlíocht á déanamh i ndáil le Comhaontuithe um Aitheantas Frithpháirteach nó moltaí comhpháirteacha á bhforbairt, moltar do na Páirtithe nó do na comhlachtaí gairmiúla nó údaráis ghairmiúla ábhartha, faoi seach, na Treoirlínte le haghaidh caibidlíocht i ndáil le Comhaontú um Aitheantas Frithpháirteach a leagtar amach in Iarscríbhinn 14-A a leanúint.

CAIBIDIL 15

SEIRBHÍSÍ SEACHADTA

Airteagal 15.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'seirbhísí seachadta' seirbhísí poist agus seirbhísí cúiréireachta nó seirbhísí mearphoist, lena n-áirítear ítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí mearsheachadta' ítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh ar luas brostaithe agus ar iontaofacht mhéadaithe a bhféadfaidh eilimintí breisluacha a bheith ar áireamh iontu amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú, an fhéidearthacht an ceann scríbe agus an seolaí a athrú ar idirthuras nó dearbhú go bhfuarthas iad;

(c) ciallaíonn 'seirbhísí mearphoist' seirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta arna soláthar trí chomhlachas deonach d'oibreoirí poist ainmnithe faoin Aontas Poist Uilechoiteann (UPU) amhail Comharchumann EMS;

(d) ciallaíonn 'ceadúnas' údarú a dheonaíonn údarás rialála do sholáthróir aonair lena leagtar amach nósanna imeachta, oibleagáidí agus ceanglais a bhaineann go sonrach leis an earnáil seirbhísí seachadta;

(e) ciallaíonn 'ítim poist' ítim a bhfuil suas le 31,5 kg meáchain ann arna díriú san fhoirm dheiridh ina bhfuil sé le hiompar ag aon chineál soláthróra seirbhísí seachadta, poiblí nó príobháideach, agus féadfaidh ítimí amhail litreacha, beartáin, nuachtáin nó catalóga a bheith san áireamh ann;

(f) ciallaíonn 'monaplacht phoist' an ceart eisiach chun seirbhísí seachadta sonraithe a sholáthar laistigh de chríoch Páirtí, de bhun dhlí an Pháirtí sin; agus

(g) ciallaíonn 'seirbhís uilíoch' buansoláthar seirbhíse seachadta de cháilíocht shonraithe de bhun dlí Páirtí ag gach pointe i gcríoch Pháirtí ar phraghsanna inacmhainne do gach úsáideoir.

Airteagal 15.2

Cuspóir

Leagtar amach sa Chaibidil seo prionsabail an chreata rialála a bhaineann go sonrach le seirbhísí seachadta.

Airteagal 15.3

Seirbhís Uilíoch

1. Tá sé de cheart ag gach Páirtí sainiú a dhéanamh ar na cineálacha oibleagáidí seirbhíse uilíche ar mian leis a ghlacadh nó a choinneáil ar bun agus déanfaidh sé an oibleagáid sin a riar ar bhealach trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neodrach i leith gach soláthróra a bheidh faoi réir na hoibleagáide.

2. Má éilíonn Páirtí go soláthrófar seirbhísí mearphoist isteach ar bhonn seirbhíse uilíche, ní thabharfaidh sé cóir fhabhrach don tseirbhís sin thar sheirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta eile.

Airteagal 15.4

Maoiniú Seirbhíse Uilíche

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí táillí ná muirir eile ar sholáthar seirbhíse seachadta neamh-uilechoiteann chun soláthar seirbhíse uilechoitinne a mhaoiniú.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le bearta cánachais ná táillí riaracháin is infheidhme go ginearálta.

Airteagal 15.5

Cleachtais Saofa Margaidh a Chosc

Áiritheoidh gach Páirtí nach rachaidh soláthróir seirbhísí seachadta atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplachta poist i mbun cleachtais a shaobhann an margadh amhail:

(a) ioncam, a fhaightear ó sholáthar na seirbhíse sin, a úsáid chun soláthar seirbhíse mearsheachadta nó aon seirbhís seachadta neamhuilíche a thras-fhóirdheonú; agus

(b) difreáil gan údar a dhéanamh idir custaiméirí, amhail gnólachtaí, iad siúd a sheolann méid mór ar an bpost nó comhdhlúiteoirí, maidir le taraifí nó téarmaí agus coinníollacha eile chun seirbhís seachadta atá faoi réir oibleagáide seirbhíse uilíche nó monaplachta poist a sholáthar.

Airteagal 15.6

Ceadúnais

1. Déanfaidh Páirtí, a éilíonn ceadúnas chun seirbhísí seachadta a sholáthar, an méid seo a leanas a chur ar fáil go poiblí:

(a) na ceanglais cheadúnúcháin uile agus an tréimhse is gá chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas; agus

(b) téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas.

2. Beidh na nósanna imeachta, oibleagáidí agus ceanglais ceadúnais trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

3. Áiritheoidh Páirtí go gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis na cúiseanna a ndiúltófaí ceadúnas dóibh i scríbhinn.

Airteagal 15.7

Neamhspleáchas an Chomhlachta Rialála

1. Bunóidh gach Páirtí nó coinneoidh sé ar bun comhlachtaí rialála a bheidh leithleach go dlíthiúil agus neamhspleách ó thaobh feidhme de ó aon soláthróir seirbhísí seachadta. Páirtí a choimeádann úinéireacht nó ceannas ar fhiontair a sholáthraíonn seirbhísí seachadta, áiritheoidh sé go mbeidh deighilt struchtúrach éifeachtach ann idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le húinéireacht nó le ceannas.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh na comhlachtaí rialála dá dtagraítear i mír 1 a gcúraimí ar bhealach trédhearcach agus tráthúil agus go mbíonn acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha acu chun an cúram a shanntar dóibh a chur i gcrích.

3. Beidh cinntí an chomhlachta rialála, agus na nósanna imeachta a úsáidfidh siad, neamhchlaonta i ndáil leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh.

CAIBIDIL 16

SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

Airteagal 16.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn ‘saoráidí gaolmhara’ seirbhísí, bonneagair fhisiceacha agus saoráidí eile atá bainteach le líonra nó seirbhís teileachumarsáide a chumasaíonn nó a thacaíonn le soláthar seirbhísí tríd an líonra sin nó a bhfuil an poitéinseal acu déanamh amhlaidh;

(b) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ tomhaltóir deiridh seirbhíse teileachumarsáide poiblí, nó rannpháirtí le seirbhís teileachumarsáide phoiblí, lena n-áirítear soláthróir seirbhíse seachas soláthróir seirbhísí teileachumarsáide poiblí;

(c) ciallaíonn ‘saoráidí riachtanacha’ saoráidí de chuid líonra teileachumarsáide poiblí nó seirbhíse teileachumarsáide poiblí:

(i) nach bhfuil á soláthar, go heisiach nó den chuid is mó, ach ag soláthróir amháin nó ag líon teoranta soláthróirí; agus

(ii) nach féidir saoráidí eile a chur ina n-ionad ar bhonn eacnamaíoch ná ar bhonn teicniúil chun seirbhís a sholáthar;

(d) ciallaíonn ‘idirnascadh’ nascadh líonraí teileachumarsáide poiblí soláthróirí a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide poiblí ionas gur féidir le húsáideoirí soláthróra amháin cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí soláthróra eile agus rochtain a fháil ar sheirbhísí a sholáthraíonn aon soláthróir atá rannpháirteach sa líonra nó ag a bhfuil rochtain ar an líonra;

(e) ciallaíonn ‘cumarsáid ionchorparáideach’ teileachumarsáid trína ndéanann fiontar cumarsáid laistigh den fhiontar nó lena fhochuideachtaí, lena bhrainsí, agus, faoi réir dhlí an Pháirtí lena mbaineann, lena fhiontair chleamhnaithe, nó ina measc, ach ní áirítear léi seirbhísí tráchtála nó neamhthráchtála a sholáthraítear d’fhiontair nach fochuideachtaí, brainsí ná fiontair chleamhnaithe ghaolmhara iad, nó a chuirtear ar fáil do chustaiméirí nó do chustaiméirí ionchasacha ([57]);

(f) ciallaíonn ‘ciorcaid léasaithe’ seirbhísí nó saoráidí teileachumarsáide, lena n-áirítear iad sin de chineál fíorúil nó neamhfhisiceach, idir dhá phointe ainmnithe nó níos mó, a chuirtear i leataobh le haghaidh úsáid thiomnaithe úsáideora, nó infhaighteacht úsáideora;

(g) ciallaíonn ‘ceadúnas’ aon údarú a d’fhéadfadh Páirtí a éileamh ar dhuine nádúrtha nó ar fhiontar, i gcomhréir lena dhlí, chun seirbhís teileachumarsáide a thairiscint, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do lamháltais, ceadanna, clárúcháin nó fógraí;

(h) ciallaíonn ‘mórsholáthróir’ soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a bhfuil sé ar a chumas difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta, ag féachaint do phraghas agus do sholáthar, i margadh ábhartha do líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí de thoradh rialú a bheith aige ar shaoráidí riachtanacha nó ar a staid sa mhargadh sin a úsáid;

(i) ciallaíonn ‘eilimint líonra’ saoráid nó trealamh a úsáidtear chun seirbhís teileachumarsáide a sholáthar, lena n-áirítear gnéithe, feidhmeanna agus cumais arna soláthar trí bhíthin na saoráide nó an trealaimh sin;

(j) ciallaíonn ‘neamh-idirdhealaitheach’ cóir an náisiúin barrfhabhair a chomhlíonadh mar a shainmhínítear í in Airteagail 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) agus 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) agus cóir náisiúnta mar a shainmhínítear Airteagail 10.7 (Cóir Náisiúnta) agus 11.6 (Cóir Náisiúnta), chomh maith le cóir a thabhairt nach lú fabhar ná an chóir a thugtar d’aon úsáideoir eile a úsáideann seirbhísí teileachumarsáide poiblí comhchosúla i gcásanna comhchosúla, lena n-áirítear maidir le tráthúlacht;

(k) ciallaíonn ‘inaistritheacht uimhreach’ cumas úsáideoirí deiridh seirbhísí teileachumarsáide poiblí, a iarrann amhlaidh, an uimhir theileafóin chéanna a choimeád, ar an suíomh céanna i gcás líne fhosaithe, agus iad ag aistriú idir an chatagóir chéanna soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí.

(l) ciallaíonn ‘líonra teileachumarsáide poiblí’ líonra teileachumarsáide a úsáidtear chun seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar idir críochphointí líonra;

(m) ciallaíonn ‘seirbhís teileachumarsáide phoiblí’ seirbhís teileachumarsáide a thairgtear don phobal i gcoitinne;

(n) ciallaíonn ‘tairiscint tagartha maidir le hidirnascadh’ tairiscint maidir le hidirnascadh arna déanamh ag mórsholáthróir a chuirtear ar fáil go poiblí, ionas go mbeidh aon soláthróir seirbhísí teileachumarsáide poiblí a bheidh toilteanach glacadh leis an tairiscint in ann idirnascadh leis an mórsholáthróir a fháil ar an mbonn sin;

(o) ciallaíonn ‘teileachumarsáid’ comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar shreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile;

(p) ciallaíonn ‘líonra teileachumarsáide’ córais tarchuir, agus i gcás inarb infheidhme, trealamh lasctha nó ródúcháin agus acmhainní eile, lena n-áirítear eilimintí neamhghníomhacha líonra, a cheadaíonn an teileachumarsáid;

([57]) Chun críocha an tsainmhínithe seo, is éard a chiallaíonn na téarmaí ‘fochuideachtaí’, ‘brainsí’ agus, i gcás inarb infheidhme, ‘fiontair chleamhnaithe’ do Pháirtí ná an bhrí a shainmhínítear ina dhlí.

(q) ciallaíonn ‘údarás rialála teileachumarsáide’ an comhlacht nó na comhlachtaí atá freagrach as rialú a dhéanamh ar líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide a chumhdaítear faoin gCaibidil seo;

(r) ciallaíonn ‘seirbhís teileachumarsáide’ seirbhís, a bhaineann go hiomlán nó go príomha le tarchur agus le glacadh comharthaí ar líonraí teileachumarsáide, lena n-áirítear ar líonraí a úsáidtear le haghaidh craolacháin, ach nach n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide, nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin;

(s) ciallaíonn ‘seirbhís uilíoch’ an tacar íosta seirbhísí nach mór a sholáthar do gach úsáideoir i gcríoch Pháirtí, a ndéanann an Páirtí a raon feidhme a shainiú; agus

(t) ciallaíonn ‘úsáideoir’ tomhaltóir nó soláthróir seirbhíse a úsáideann líonra teileachumarsáide poiblí nó seirbhís teileachumarsáide phoiblí.

Airteagal 16.2

Raon feidhme agus Prionsabail an Chreata Rialála

1. Leagtar amach sa Chaibidil seo prionsabail an chreata rialála chun líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, arna léirscaoileadh de bhun Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) agus tá feidhm aici maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí teileachumarsáide poiblí.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun a dhéanann difear do sheirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear ag baint úsáide as líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide nó a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin.

Airteagal 16.3

Údarás Rialála Teileachumarsáide

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a údarás rialála teileachumarsáide leithleach go dlíthiúil ó aon soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, nó trealaimh teileachumarsáide, agus go mbeidh sé neamhspleách ó thaobh feidhme de ar aon cheann de na soláthróirí sin. D’fhonn neamhspleáchas agus neamhchlaontacht údarás rialála teileachumarsáide a áirithiú, áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh leas airgeadais ag a údarás rialála teileachumarsáide in aon soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, agus nach mbeidh ról oibriúcháin nó bainistíochta nó trealamh teileachumarsáide aige in aon cheann de na soláthróirí sin. Páirtí a choinníonn úinéireacht nó ceannas ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide, áiritheoidh sé go mbeidh deighilt struchtúrach éifeachtach ann idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le húinéireacht nó le ceannas.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na cinntí agus nósanna imeachta rialála a dhéanann a údarás rialála teileachumarsáide, a bhaineann leis an gCaibidil seo, neamhchlaonta i ndáil le gach rannpháirtí sa mhargadh.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go ngníomhóidh a údarás rialála teileachumarsáide go neamhspleách agus nach lorgóidh sé ná nach nglacfaidh sé treoracha ó aon chomhlacht eile maidir le feidhmiú na gcúraimí a shanntar dó le dlí Páirtí chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 16.5, 16.6, 16.7, 16.9 agus 16.10 a fhorfheidhmiú.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an chumhacht rialála, chomh maith leis na hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna, ag a údarás rialála teileachumarsáide chun na cúraimí a shanntar dó a fheidhmiú chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a fhorfheidhmiú. Déanfar cumhacht den sórt sin a fheidhmiú ar bhealach trédhearcach tráthúil. Déanfar cúraimí an údaráis rialála teileachumarsáide a chur in iúl go poiblí i bhfoirm inrochtana shoiléir, go háirithe i gcás ina sanntar na tascanna sin do níos mó ná comhlacht amháin.

5. Soláthróidh gach Páirtí dá údarás rialála teileachumarsáide an chumhacht lena áirithiú go ndéanfaidh soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide an fhaisnéis uile a sholáthar dó, go pras arna iarraidh sin, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais, ar faisnéis í is gá lena chur ar a chumas don údarás rialála teileachumarsáide a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis an gCaibidil seo. Aon fhaisnéis a gheofar, déileálfar léi i gcomhréir le ceanglais rúndachta is infheidhme na bPáirtithe.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an ceart ag úsáideoir nó soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a ndéantar difear dó le cinneadh ón údarás rialála teileachumarsáide chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair comhlacht atá neamhspleách ón údarás rialála teileachumarsáide agus ó na páirtithe a ndéanann an cinneadh difear dóibh ([58]). Go dtí go bhfaighfear toradh an nós imeachta sin, beidh feidhm ag cinneadh an údaráis rialála teileachumarsáide, mura ndeonófar bearta eatramhacha i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann.

Airteagal 16.4

Nósanna Imeachta Ceadúnúcháin

1. I gcás ina gceanglaíonn Páirtí ar sholáthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ceadúnas a bheith aige, áiritheoidh sé go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí:

(a) na cineálacha seirbhísí teileachumarsáide a dteastaíonn ceadúnais uathu;

(b) na critéir cheadúnúcháin uile agus na nósanna imeachta ceadúnúcháin uile a chuirtear i bhfeidhm;

(c) an tréimhse is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas, i gcás ina bhfuil gá le cinneadh; agus

(d) na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme go ginearálta maidir le ceadúnas.

2. Páirtí a cheanglaíonn ar sholáthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ceadúnas a bheith aige, déanfaidh sé cinneadh faoi dheonú an cheadúnais laistigh de thréimhse réasúnta chun go mbeidh an soláthróir in ann tosú ar a líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar gan moill mhíchuí.

3. Aon chritéar ceadúnúcháin, nós imeachta is infheidhme agus, má fhorchuirtear iad, aon oibleagáid nó coinníoll, beidh siad bainteach leis na seirbhísí teileachumarsáide arna gcur ar fáil, agus beidh siad oibiachtúil, comhréireach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfaighidh iarratasóir nó ceadúnaí, mar cheanglas nós imeachta nó arna iarraidh sin, na cúiseanna i scríbhinn maidir le:

(a) ceadúnas a dhiúltú;

(b) coinníollacha nó oibleagáidí a bhaineann go sonrach le soláthróir a fhorchur ar cheadúnas;

(c) cúlghairm an cheadúnais; nó

(d) diúltú do cheadúnas a athnuachan.

([58]) I gcás Mheicsiceo, ní féidir agóid a dhéanamh i gcoinne rialacha ginearálta, gníomhartha nó neamhghníomhartha an Choimisiúin Rialála um Theileachumarsáid (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT)) ach amháin trí thriail *amparo* indíreach roimh chúirteanna cónaidhme atá speisialaithe in iomaíocht, craolachán agus teileachumarsáid, agus ní bheidh siad faoi réir ordú fionraíochta.

5. Aon táille riaracháin a fhorchuirfear ar sholáthróirí, beidh sí oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach leis na costais riaracháin a thabhaítear go réasúnta i mbainistiú, rialú agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo ([59]).

Airteagal 16.5

Idirnascadh

Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus, nuair a iarrfaidh soláthróir eile líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí sin air, d'oibleagáid air caibidlíocht a dhéanamh maidir le hidirnascadh chun líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar.

Airteagal 16.6

Rochtain ar Líonraí agus Seirbhísí Teileachumarsáide Poiblí agus Úsáid a Bhaint Astu

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar d'aon soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile, rochtain ar líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, lena n-áirítear ciorcaid léasaithe, arna dtairiscint ina chríoch nó thar a theorainneacha, nó cead iad a úsáid, ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha, chun seirbhís léirscaoilte a sholáthar de bhun Chaibidlí 10 (Infheistíocht) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuirfear an oibleagáid sin chun feidhme, *inter alia*, trí mhíreanna 2 go 6 a chomhlíonadh.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh cead ag soláthróir seirbhíse an Pháirtí eile:

(a) trealamh críochfoirt nó trealamh eile a dhéanann comhéadan le líonra teileachumarsáide poiblí a cheannach nó a léasú, agus é a chur i gceangal;

(b) seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh aonair nó iolracha ar chiorcaid atá léasaithe nó faoi úinéireacht;

(c) ciorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht phríobháideach a nascadh le líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí nó le ciorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht ag soláthróir seirbhíse eile; agus

(d) prótacail oibriúcháin arna roghnú ag an soláthróir seirbhíse a úsáid i soláthar aon seirbhíse, seachas mar is gá chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí teileachumarsáide ar fáil don phobal i gcoitinne.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh soláthróirí seirbhísí de chuid an Pháirtí eile líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí a úsáid chun faisnéis a aistriú ina chríoch nó thar a theorainneacha, lena n-áirítear le haghaidh chumarsáid ionchorparáideach na soláthróirí seirbhísí sin, agus le haghaidh rochtain ar fhaisnéis atá i mbunachair sonraí nó a stóráiltear ar shlí eile i bhfoirm atá inléite ag meaisín i gcríoch ceachtar Páirtí.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh Páirtí cibé bearta is gá a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun slándáil agus rúndacht chumarsáide a áirithiú, faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar nó ar bhealach a bheadh ina shrian faoi cheilt ar thrádáil seirbhísí.

([59]) Ní áirítear i dtáillí riaracháin íocaíochtaí le haghaidh cearta chun acmhainní tearca a úsáid agus ranníocaíochtaí sainordaitheacha le soláthar seirbhíse uilíche.

5. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear aon choinníoll maidir le rochtain ar líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus maidir le húsáid a bhaint astu seachas coinníollacha is gá chun:

(a) na freagrachtaí seirbhíse poiblí atá ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint, go háirithe a gcumas i dtaobh a gcuid seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne; nó

(b) sláine theicniúil líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint;

6. Ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach i mír 5, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh le coinníollacha maidir le rochtain ar líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus maidir lena n-úsáid:

(a) srianta ar athdhíol nó ar úsáid chomhroinnte na seirbhísí sin;

(b) ceanglas i dtaobh comhéadain theicniúla shonraithe a úsáid, lena n-áirítear prótacail chomhéadain, i gcomhair idirnascadh leis na líonraí agus seirbhísí sin;

(c) ceanglais, más gá, i dtaobh idir-inoibritheacht na seirbhísí sin agus chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 16.18 a spreagadh;

(d) cineálcheadú trealaimh críochfoirt nó trealaimh eile a dhéanann comhéadan leis na ceanglais líonra agus theicniúla a bhaineann leis an trealamh sin a chur i gceangal leis na líonraí sin;

(e) srianta ar chiorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht phríobháideach a idirnascadh leis na líonraí nó na seirbhísí sin nó le ciorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht ag soláthróir seirbhíse eile; nó

(f) ceanglais maidir le fógra a thabhairt, clárú agus ceadúnú.

Airteagal 16.7

Díospóidí maidir le Teileachumarsáid a Réiteach

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás díospóide idir soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide i ndáil leis na cearta agus oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo, arna iarraidh sin do cheachtar den dá pháirtí sa díospóid, go ndéanfaidh a údarás rialála teileachumarsáide cinneadh ceangailteach laistigh den tréimhse a shonraítear i ndlí an Pháirtí sin, chun an díospóid a réiteach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an cinneadh a eiseoidh an t-údarás rialála teileachumarsáide ar fáil don phobal, agus aird á tabhairt ar na ceanglais maidir le rúndacht gnó. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar do na páirtithe a bhaineann leis an díospóid ráiteas iomlán maidir leis na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe agus go mbeidh de cheart acu agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin i gcomhréir le hAirteagal 16.3(6).

3. Ní chuirfear, le míreanna 1 agus 2, bac ar pháirtí a bhaineann leis an díospóid caingean a thabhairt os comhair na n-údarás breithiúnach ([60]).

([60]) I gcás Mheicsiceo, ní féidir agóid a dhéanamh i gcoinne rialacha ginearálta, gníomhartha nó neamhghníomhartha an Choimisiúin Rialála um Theileachumarsáid (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT)) ach amháin trí thriail *amparo* indíreach roimh chúirteanna cónaidhme atá speisialaithe in iomaíocht, craolachán agus teileachumarsáid, agus ní bheidh siad faoi réir ordú fionraíochta.

Airteagal 16.8

Coimircí Iomaíocha ar Mhórsholáthróirí

1. Glacfaidh gach Páirtí bearta iomchuí nó coinneoidh sé ar bun iad chun cosc a chur ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí cleachtais fhrithiomaíocha a dhéanamh nó leanúint díobh, arb é atá sna soláthróirí sin, ina n-aonar nó in éindí, mórsholáthróir.

2. Áirítear go háirithe leis na cleachtais fhrithiomaíocha dá dtagraítear i mír 1:

(a) tras-fhóirdheonú frithiomaíoch a dhéanamh;

(b) faisnéis a fhaightear ó iomaitheoirí a úsáid agus torthaí frithiomaíocha a bheith air sin; agus

(c) gan faisnéis theicniúil faoi shaoráidí riachtanacha ná faisnéis atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhíse eile, ar bhonn tráthúil, ar faisnéis í a bhfuil gá acu léi chun seirbhísí a sholáthar.

Airteagal 16.9

Idirnascadh le Mórsholáthróirí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthróidh mórsholáthróir líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí ina chríoch idirnascadh le soláthróirí sheirbhísí teileachumarsáide poiblí an Pháirtí eile:

(a) ag aon phointe is indéanta go teicniúil i líonra an mhórsholáthróra sin;

(b) ar théarmaí agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rátaí, caighdeáin theicniúla, sonraíochtaí, cáilíocht agus cothabháil;

(c) de cháilíocht nach lú fabhar ná an cháilíocht a sholáthraítear dá sheirbhísí comhchosúla féin, nó do sheirbhísí comhchosúla de chuid a fhochuideachtaí nó a fhiontar cleamhnaithe eile;

(d) ar bhealach tráthúil, agus faoi théarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear rátaí ([61]), caighdeáin theicniúla agus sonraíochtaí, atá trédhearcach, réasúnta, ag féachaint d'indéantacht eacnamaíoch, agus arna dhíchuachadh go leordhóthanach ionas nach gá do sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí íoc as comhpháirteanna ná saoráidí líonra nach bhfuil gá acu leo i leith na seirbhíse atá le soláthar; agus

(e) arna iarraidh sin, ag pointí de bhreis ar na críochphointí líonra a chuirtear ar fáil do thromlach na n-úsáideoirí, faoi réir muirir lena léirítear costas tógála na saoráidí breise is gá.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfidh mórsholáthróirí ina chríoch ar fáil go poiblí, de réir mar is iomchuí, ceann de na nithe seo a leanas:

(a) tairiscint tagartha maidir le hidirnascadh nó tairiscint chaighdeánach eile maidir le hidirnascadh ina mbeidh na téarmaí agus coinníollacha agus na rátaí a thairgeann an mórsholáthróir go ginearálta do sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí; nó

(b) téarmaí agus coinníollacha comhaontú maidir le hidirnascadh atá i bhfeidhm.

3. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí na nósanna imeachta is infheidhme maidir le caibidlíocht faoi idirnascadh le mórsholáthróir ina chríoch.

([61]) Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo bac ar Pháirtí a cheangal go soláthróidh mórsholáthróir idirnascadh ar rátaí dírithe ar chostas. Ciallaíonn 'rátaí dírithe ar chostas' rátaí atá bunaithe ar chostas, agus a bhféadfadh brabús réasúnta a bheith i gceist leo mar aon le modheolaíochtaí costais difriúla i leith saoráidí nó seirbhísí éagsúla.

Airteagal 16.10

Rochtain ar Shaoráidí Riachtanacha

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfaidh mórsholáthróir ina chríoch rochtain ar a shaoráidí riachtanacha do sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, faoi théarmaí agus coinníollacha réasúnta, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha bunaithe ar thairiscint a bheidh ar fáil go ginearálta, chun seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar, ach amháin i gcás nach gá rochtain den sórt sin chun iomaíocht éifeachtach a bheith ann ar bhonn na bhfíricí a bhailítear agus ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanann an t-údarás rialála teileachumarsáide ar dhálaí margaidh. D'fhéadfaí a chuimsiú le saoráidí riachtanacha mórsholáthróra eilimintí líonra, seirbhísí ciorcaid léasaithe agus saoráidí gaolmhara.

2. Soláthróidh gach Páirtí dá údarás rialála teileachumarsáide an chumhacht chun na saoráidí riachtanacha a chinneadh a cheanglófar ar mhórsholáthróir iad a chur ar fáil ina chríoch, agus a mhéid a bheidh na saoráidí riachtanacha sin le bheith díchuachta. Bunófar cinneadh den sórt sin ar, i measc nithe eile, an gcuspóir maidir le hiomaíocht éifeachtach a bhaint amach agus an tairbhe maidir le leas fadtéarmach d'úsáideoirí deiridh.

3. I gcás ina gceanglóidh Páirtí ar mhórsholáthróir a sheirbhísí teileachumarsáide poiblí a thairiscint lena n-athdhíol, áiritheoidh sé nach bhforchuirfidh an mórsholáthróir coinníollacha neamhréasúnta nó idirdhealaitheacha ar athdhíol a sheirbhísí teileachumarsáide poiblí.

Airteagal 16.11

Acmhainní Tearca

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar cearta úsáide acmhainní tearca, lena n-áirítear speictream raidió, uimhreacha agus cearta slí, a leithdháileadh agus a dheonú ar bhealach oscailte, oibiachtúil, tráthúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach agus chun cuspóirí leasa ghinearálta a shaothrú, lena n-áirítear cur chun cinn na hiomaíochta. Beidh na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na hoibleagáidí a ghabhann le cearta úsáide bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear ar fáil go poiblí úsáid reatha na mbandaí minicíochta leithdháilte, ach ní gá sainaithint mhionsonraithe a dhéanamh ar an speictream raidió a leithdháiltear chun críoch shonrach rialtais.

3. Féadfaidh Páirtí dul i muinín cineálacha cur chuige margadhbhunaithe, amhail nósanna imeachta tairisceana, chun speictream raidió a shannadh d'úsáid tráchtála.

4. Níl bearta Páirtí a dhéanann speictream raidió a leithdháileadh agus a shannadh agus minicíocht a bhainistiú ar neamhréir *per se* le hAirteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) agus 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Coinníonn gach Páirtí an ceart chun bearta bainistithe speictrim agus minicíochta a ghlacadh agus a choinneáil ar bun a bhféadfadh sé go mbeadh d'éifeacht acu líon na soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide a theorannú, ar choinníoll go mbeidh na bearta sin i gcomhréir leis na forálacha eile sa Chomhaontú seo. Áirítear leis an gceart sin an cumas bandaí minicíochta a leithdháileadh, ag cur san áireamh riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo agus infhaighteacht speictrim raidió.

Airteagal 16.12

Inaistritheacht Uimhreach

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí laistigh dá chríoch inaistritheacht uimhreach a sholáthar go tráthúil, gan cáilíocht, iontaofacht ná áisiúlacht a lagú, agus faoi théarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.

Airteagal 16.13

Seirbhís Uilíoch

1. Tá sé de cheart ag gach Páirtí sainiú a dhéanamh ar na cineálacha oibleagáidí seirbhíse uilíche a theastaíonn uaidh a choinneáil ar bun.

2. Déanfaidh gach Páirtí aon oibleagáid seirbhíse uilíche a riar ar bhealach trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neodrach i leith na hiomaíochta. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon oibleagáid seirbhíse uilíche a fhorchuirfidh sé, nach mbeidh sí ina hualach níos mó ná mar is gá i leith an chineáil seirbhíse uilíche atá sainithe ag an bPáirtí. Oibleagáidí seirbhíse uilíche a shainmhínítear de réir na bprionsabal sin, ní mheasfar *per se* gur oibleagáidí frithiomaíocha iad.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta chun soláthróirí seirbhíse uilíche a ainmniú oscailte do gach soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí. Déanfar an ainmniocht le sásra éifeachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

4. Má shocraíonn Páirtí cúiteamh a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse uilíche, áiritheoidh sé nach mó an cúiteamh sin ná na riachtanais a bheidh inchurtha go díreach i leith na hoibleagáide seirbhíse uilíche, mar a chinnfear le próiseas iomaíoch nó cinneadh maidir le glanchostais.

Airteagal 16.14

Rúndacht Faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a fhaigheann faisnéis ó sholáthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí eile, agus iad i mbun socruithe a chaibidliú de bhun Airteagal 16.5, 16.9 nó 16.10, go mbainfidh na soláthróirí sin úsáid as an bhfaisnéis sin chun na críche ar soláthraíodh í agus chun na críche sin amháin agus urraim á tabhairt gach tráth do rúndacht na faisnéise sin.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le rúndacht teileachumarsáide agus sonraí tráchta gaolmhara a tharchuirtear le líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, faoi réir an cheanglais maidir le bearta a chuirtear i bhfeidhm chuige sin, nach é a bheidh sa rúndacht sin bealach chun idirdhealú treallach nó dochosanta nó srian ceilte a dhéanamh ar an trádáil seirbhísí.

Airteagal 16.15

Neodracht Theicneolaíoch

Aithníonn na Páirtithe na buntáistí a bhaineann le neodracht theicneolaíoch, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt do sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí na teicneolaíochtaí is mian leo a úsáid chun a seirbhísí a sholáthar a roghnú. Féadfaidh Páirtí srian chur ar rogha den sórt sin trí na ceanglais is gá le haghaidh comhlíonadh cuspóirí dlisteanacha maidir le beartas poiblí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, ar choinníoll nach gcruthaítear bacainní nach bhfuil gá leo ar thrádáil leis na ceanglais sin.

Airteagal 16.16

Cóir ag Mórsholáthróirí

Soláthróidh gach Páirtí dá údarás rialála teileachumarsáide an chumhacht chun a cheangal, i gcás inarb iomchuí, go dtabharfadh mórsholáthróir ina chríoch do sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná mar a thugann an mórsholáthróir i gcásanna comhchosúla dá fhochuideachtaí nó dá fhiontair chleamhnaithe, maidir le:

(a) infhaighteacht, soláthar, rátaí nó cáilíocht sheirbhísí teileachumarsáide comhchosúla; agus

(b) infhaighteacht na gcomhéadan teicniúil is gá le haghaidh idirnascadh.

Airteagal 16.17

Fánaíocht Idirnáisiúnta Shoghluaiste

1. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú i gcomhar chun rátaí trédhearcacha réasúnta do sheirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta soghluaiste a chur chun cinn d'fhonn fás na trádála idir na Páirtithe a chur chun cinn agus leas tomhaltóirí a fheabhsú.

2. Féadfaidh Páirtí trédhearcacht agus iomaíocht a fheabhsú maidir le rátaí idirnáisiúnta fánaíochta soghluaiste agus roghanna malartacha teicneolaíochta ar sheirbhísí fánaíochta go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag tomhaltóirí ar fhaisnéis maidir le rátaí miondíola; agus

(b) bacainní ar úsáid roghanna malartacha teicneolaíochta ar fhánaíocht a íoslaghdú, ionas gur féidir le tomhaltóirí a thugann cuairt ar a chríoch rochtain a fháil ar sheirbhísí teileachumarsáide trí úsáid a bhaint as a rogha feiste.

Airteagal 16.18

Caighdeáin agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht domhanda líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide agus déanfaidh siad na caighdeáin sin a chur chun cinn trí obair comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear An tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán.

CAIBIDIL 17

SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 17.1

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo, Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), chomh maith le Caibidlí 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus 18 (Seirbhísí Airgeadais):

(a) ciallaíonn 'seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta' gníomhaíochtaí arb é atá iontu coimeádáin a stóráil, bíodh sin i limistéir chalafoirt nó go hintíre d'fhonn iad a phacáil, a dhíphacáil nó a nochtadh, a dheisiú agus iad a chur ar fáil lena loingsiú;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí imréitigh custaim' gníomhaíochtaí arb é atá iontu foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh, thar ceann páirtí eile, cinn a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó tré-iompar lastas, gan beann ar cibé arb iad na seirbhísí sin príomhghníomhaíocht nó gníomhaíocht thánaisteach an tsoláthróra seirbhíse;

(c) ciallaíonn 'oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó uilemhódach' lasta a iompar trí úsáid a bhaint as níos mó ná modh iompair amháin, lena mbaineann céim farraige idirnáisiúnta, faoi dhoiciméad iompair aonair;

(d) ciallaíonn 'seirbhísí seolta lasta' an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingsithe a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoladóirí, trí iompar agus seirbhísí gaolmhara a shealbhú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar;

(e) ciallaíonn 'lasta idirnáisiúnta' lasta a iompraítear idir calafort de Pháirtí agus calafort den Pháirtí eile nó de thríú tír, nó idir calafort de Bhallstát amháin den Aontas Eorpach agus calafort de Bhallstát eile den Aontas Eorpach;

(f) ciallaíonn 'seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta' paisinéirí nó lasta a iompar ar shoithí farraige idir calafort Páirtí agus calafort den Pháirtí eile nó tríú tír, nó idir calafort de Bhallstát amháin den Aontas Eorpach agus calafort de Bhallstát eile den Aontas Eorpach, lena n-áirítear conradh díreach le soláthróirí seirbhísí iompair eile, d'fhonn oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó uilemhódach a chumhdach faoi dhoiciméad iompair aonair, ach ní áirítear leo an ceart chun seirbhísí iompair eile den sórt sin a sholáthar;

(g) ciallaíonn 'seirbhísí cúnta muirí' seirbhísí láimhseála lasta mhuirí, seirbhísí imréitigh custaim, seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta, seirbhísí gníomhaireachta muirí agus seirbhísí seolta lasta mhuirí;

(h) ciallaíonn 'seirbhísí gníomhaireachta muirí' gníomhaíochtaí lena ndéantar ionadaíocht, mar ghníomhaire, laistigh de limistéar geografach ar leith, ar leasanna gnó líne loingseoireachta amháin nó níos mó nó cuideachta loingseoireachta amháin nó níos mó, chun na gcríoch seo a leanas:

(i) margaíocht agus díolachán a dhéanamh ar sheirbhísí muiriompair agus seirbhísí gaolmhara, ó luachan go heisiúint sonrasc, agus billí luchta a eisiúint thar ceann na gcuideachtaí sin, na seirbhísí gaolmhara is gá a fháil agus a athdhíol, doiciméadacht a ullmhú, agus faisnéis ghnó a sholáthar; nó

(ii) gníomhú thar ceann na gcuideachtaí trí ghlaoch na loinge a eagrú nó lastaí a ghabháil de láimh nuair is gá; agus

(i) ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála lasta mhuirí' gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stíbheadóra, lena n-áirítear oibreoirí críochfoirt ach nach ndéanann gníomhaíochtaí díreacha dugairí a áireamh, i gcás ina ndéantar na dugairí a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stíbheadóra nó ar na cuideachtaí oibritheora críochfoirt; lena n-áirítear eagrú agus maoirseacht na nithe seo a leanas:

(i) lasta a luchtú ar long nó a dhíluchtú de long;

(ii) lasta a cheangal nó a dhícheangal; nó

(iii) glacadh le lasta nó é a sheachadadh agus é a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

Airteagal 17.2

Cuspóir

Leagtar amach sa Chaibidil seo na prionsabail maidir le léirscaoileadh seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de bhun Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), chomh maith le Caibidlí 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus 18 (Seirbhísí Airgeadais).

Airteagal 17.3

Prionsabail

1. Faoi réir aon bheart a ghlacfaidh Páirtí nó a choinneoidh Páirtí ar bun i ndáil le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, i gcomhréir le hIarscríbhinní I, II, III agus VI, déanfaidh gach Páirtí:

(a) prionsabal na rochtana neamhshrianta ar na margaí muirí idirnáisiúnta agus ar thrádáil ar bhonn tráchtála agus neamh-idirdhealaitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach; agus

(b) cóir nach lú fabhar a thabhairt do longa a bheidh faoi bhratach an Pháirtí eile, nó a bheidh á bhfeidhmiú ag soláthróirí seirbhísí an Pháirtí eile, ná an chóir a thugtar dá longa féin, i dtaca le, i measc nithe eile, rochtain ar chalafoirt, bonneagar agus seirbhísí calafoirt a úsáid, agus seirbhísí cúnta muirí a úsáid, chomh maith le i dtaca le táillí agus muirir ghaolmhara, saoráidí custaim agus beartanna agus saoráidí a shannadh le haghaidh luchtú agus díluchtú.

2. Agus na prionsabal dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) agus (b) á gcur i bhfeidhm, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) gan socruithe um páirtiú lasta a thabhairt isteach i gcomhaontuithe a bheidh ann sa todhchaí le tríú tíortha maidir le seirbhísí muiriompair, lena n-áirítear an trádáil thirim agus leachtach agus línéir, agus deireadh a chur, laistigh de thréimhse réasúnta, le socruithe um páirtiú lasta den sórt sin i gcás inarb ann dóibh i gcomhaontuithe atá ann cheana; agus

(b) ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díothú agus staonadh ó aon bheart aontaobhach nó constaic riaracháin, theicniúil agus eile a thabhairt isteach a d'fhéadfadh a bheith ina mbacainní faoi cheilt nó a bhféadfadh éifeachtaí idirdhealaitheacha a bheith acu ar shaorsholáthar seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta.

3. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí muirí idirnáisiúnta an Pháirtí eile fiontar a bheith bunaithe agus a bheith ag oibriú ina chríoch i gcomhréir le hIarscríbhinní I, II, III agus VI.

4. Déanfaidh na Páirtithe na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil ag an gcalafort do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha: píolótaíocht, tuáil agus cúnamh tuga, soláthar, breoslú agus uisciú, bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola ballasta, seirbhísí captaein calafoirt, áiseanna loingseoireachta, saoráidí éigeandála deisiúcháin, ancaireacht, seirbhísí bearta agus cur i mbeart chomh maith le seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d'oibríochtaí long lena n-áirítear cumarsáid agus soláthairtí uisce agus leictreacha.

CAIBIDIL 18

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Airteagal 18.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'soláthróir seirbhísí airgeadais trasteorann de chuid Páirtí' duine de Pháirtí atá ag gabháil do sheirbhísí airgeadais a sholáthar laistigh de chríoch an Pháirtí sin agus a fhéachann le seirbhís airgeadais a sholáthar trí sholáthar trasteorann na seirbhíse sin, nó a sholáthraíonn seirbhís airgeadais amhlaidh;

(b) ciallaíonn 'trádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais' nó 'soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais' seirbhís airgeadais a sholáthar:

(i) ó chríoch Pháirtí amháin isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó

(ii) i gcríoch Pháirtí amháin chuig tomhaltóir seirbhíse an Pháirtí eile; ní áirítear le soláthar seirbhíse airgeadais den sórt sin seirbhís airgeadais a sholáthar i gcríoch Pháirtí amháin trí infheistíocht sa chríoch sin;

(c) ciallaíonn 'institiúid airgeadais' aon soláthróir seirbhísí airgeadais a dhéanann seirbhís airgeadais má dhéantar an soláthróir sin a údarú chun gnó a dhéanamh, má dhéantar an soláthróir sin a rialáil nó a mhaoirsiú mar institiúid airgeadais faoi dhlí an Pháirtí arb ina chríoch atá an soláthróir lonnaithe, lena n-áirítear brainse i gcríoch an Pháirtí de sholáthróir seirbhísí airgeadais a bhfuil a cheannoifig lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile;

(d) ciallaíonn ‘institiúid airgeadais den Pháirtí eile’ institiúid airgeadais atá lonnaithe i gcríoch Pháirtí atá faoi rialú ag duine den Pháirtí eile;

(e) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ aon seirbhís de chineál airgeadais lena n-áirítear gach seirbhís árachais agus seirbhís a bhaineann le hárachas, agus gach seirbhís baincéireachta agus seirbhís airgeadais eile (seachas árachas), lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas:

(A) árachas díreach lena n-áirítear comhárachas:

(1) saol;

(2) neamhshaol;

(B) athárachas agus aisghéilleadh;

(C) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht; agus

(D) seirbhísí cúnta d’árachas, amhail sainchomhairleoireacht, seirbhísí achtúireacha, measúnú riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú; agus

(ii) seirbhísí baincéireachta agus seirbhíse airgeadais eile (seachas árachas):

(A) glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal;

(B) iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú;

(C) léasú airgeadais;

(D) gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil agus dréachtaí baincéara;

(E) ráthaíochtaí agus gealltanais;

(F) trádáil a dhéanamh ar na nithe seo a leanas dá chuntas féin nó do chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile a dhéantar í:

(1) ionstraimí margaidh airgid lena n-áirítear seiceanna, billí, deimhnithe taisce;

(2) malairt eachtrach;

(3) táirgí díorthacha, lena n-áirítear todhchaíochtaí agus roghanna;

(4) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n-áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;

(5) urrúis inaistrithe; agus

(6) ionstraimí soshannta eile agus sócmhainní airgeadais eile, lena n-áirítear buillean;

(G) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(H) bróicéireacht airgid;

(I) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta ar infheistíocht chomhchoiteann, bainistíocht ciste pinsin, seirbhísí coinneála, seirbhísí taisclainne, agus seirbhísí iontaobhais;

(J) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

(K) faisnéis airgeadais a sholáthar agus a aistriú, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(L) seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí cúnta airgeadais eile maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bhfomhíreanna (A) go (K), lena n-áirítear teistiméireacht chreidmheasa agus anailís, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna, comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúrú corparáideach agus straitéisí corparáideacha;

(f) ciallaíonn 'soláthróir seirbhísí airgeadais' duine de Pháirtí a fhéachann le seirbhís airgeadais a sholáthar, nó a sholáthraíonn seirbhís airgeadais laistigh de chríoch an Pháirtí sin, ach ní áirítear eintiteas poiblí leis;

(g) ciallaíonn 'infheisteoir de Pháirtí' infheisteoir de Pháirtí mar a shainmhínítear in Airteagal 10.1 (Sainmhínithe);

(h) ciallaíonn 'seirbhís airgeadais nua' seirbhís de chineál airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le táirgí atá ann cheana agus táirgí nua nó an bealach a dhéantar táirge a sheachadadh, nach soláthraíonn aon soláthróir seirbhísí airgeadais i gcríoch Pháirtí é ach a sholáthraítear i gcríoch an Pháirtí eile;

(i) ciallaíonn 'eintiteas poiblí':

(i) rialtas, banc ceannais nó údarás airgeadaíochta de chuid Páirtí nó aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí, a bhíonn ag gabháil go príomha d'fheidhmeanna rialtais a dhéanamh nó do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun críoch rialtais, ach ní áirítear leis eintiteas a bhíonn ag gabháil go príomha do sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar théarmaí tráchtála; nó

(ii) eintiteas príobháideach a dhéanann feidhmeanna a bhíonn á ndéanamh de ghnáth ag banc ceannais nó údarás airgeadaíochta agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú aige; agus

(j) ciallaíonn 'eagraíocht féinrialála' aon chomhlacht neamhrialtasach, lena n-áirítear aon mhalartán urrús nó todhchaíochtaí nó aon mhargadh urrús nó todhchaíochtaí, gníomhaireacht imréitigh, eagraíocht nó comhlachas eile a bhfuil údarás rialála nó maoirseachta aige ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais nó institiúidí airgeadais le reacht nó le tarmligean ó Pháirtí.

Airteagal 18.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, ar bearta iad a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) institiúidí airgeadais den Pháirtí eile;

(b) infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile, agus institiúidí airgeadais na n-infheisteoirí sin i gcríoch an Pháirtí; agus

(c) trádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí:

(a) ar bearta iad a bhaineann le hinfheisteoirí de chuid Páirtí agus fiontair chumhdaithe de chuid na n-infheisteoirí sin i soláthraithe seirbhísí airgeadais nach institiúidí airgeadais iad; agus

(b) ar bearta iad seachas bearta a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais nó a bhaineann le hinfheisteoirí de chuid Páirtí, nó le hinstitiúidí airgeadais de chuid na n-infheisteoirí sin.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun, ar bearta iad a bhaineann leis na gníomhaíochtaí nó na seirbhísí seo a leanas, seachas a mhéid a cheadaíonn an Páirtí sin dá institiúidí airgeadais aon cheann de na gníomhaíochtaí nó de na seirbhísí sin a dhéanamh in iomaíocht le heintiteas poiblí nó le hinstitiúid airgeadais:

(a) gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta; nó

(b) gníomhaíochtaí nó seirbhísí arna ndéanamh do chuntas an Pháirtí nó le ráthaíocht an Pháirtí nó trí leas a bhaint as acmhainní airgeadais an Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis phoiblí,

4. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le soláthar seirbhísí airgeadais ag an Rialtas.

5. Níl feidhm ag aon ní sa Chomhaontú seo maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann banc ceannais nó údarás airgeadaíochta nó aon eintiteas poiblí eile d'fhonn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a shaothrú.

6. Níl feidhm ag na forálacha i gCaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) maidir le bearta faoi raon feidhme na Caibidle seo ach amháin a mhéid a ionchorpraítear na forálacha sin sa Chaibidil seo, agus a dhéantar cuid den Chaibidil seo díobh.

7. Leis seo, déantar Airteagail 10.11 (Ceanglais Fhoirmiúla), 10.13 (Diúltú Sochar) agus 11.9 (Diúltú Sochar) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo díobh, agus tá feidhm acu *mutatis mutandis* maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun, ar bearta iad a bhaineann le hinstitiúidí airgeadais an Pháirtí eile, infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus institiúidí airgeadais na n-infheisteoirí sin i gcríoch an Pháirtí.

8. Má thagann aon neamhréir chun cinn idir an Chaibidil seo agus aon fhoráil eile den Chomhaontú seo, is í an Chaibidil seo a bheidh i réim go feadh mhéid na neamhréire.

Airteagal 18.3

Cóir Náisiúnta

1. Leis seo, déantar Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun maidir leis an gcóir a thugtar d'infheisteoirí agus d'institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus dá gcuid fiontar ar institiúidí airgeadais iad.

2. An chóir a thugann Páirtí dá infheisteoirí féin agus dá bhfiontair de bhun Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta), ciallaíonn sí cóir a thugtar dá institiúidí airgeadais féin agus d'fhiontair dá chuid infheisteoirí féin ar institiúidí airgeadais iad.

Airteagal 18.4

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

1. Leis seo, déantar Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun maidir leis an gcóir a thugtar d'institiúidí airgeadais agus d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus dá gcuid fiontar ar institiúidí airgeadais iad.

2. An chóir a thugann Páirtí d'infheisteoirí de thríú tír agus dá n-infheistíochtaí de bhun Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), ciallaíonn sí cóir a thugtar d'institiúidí airgeadais de thríú tír agus dá bhfiontair ar institiúidí airgeadais iad.

Airteagal 18.5

Rochtain ar an Margadh

1. Ní ghlacfaidh Páirtí beart, ná ní choinneoidh sé beart ar bun, maidir le hinstitiúid airgeadais den Pháirtí eile nó maidir le rochtain ar an margadh trí bhunú institiúide airgeadais ag infheisteoir den Pháirtí eile, ar bhonn a chríche iomláine nó ar bhonn foroinn críche, ar beart é:

(a) lena gcuirtear teorainneacha ar:

(i) líon na n-institiúidí airgeadais, cibé acu i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí, soláthróirí seirbhíse eisiacha nó ceanglas i ndáil le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(ii) luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní seirbhíse airgeadais i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(iii) líon iomlán na n-oibríochtaí seirbhíse airgeadais nó cainníocht iomlán an aschuir seirbhísí airgeadais arna sloinneadh i dtéarmaí aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha; nó

(iv) líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil seirbhísí airgeadais áirithe nó a fhéadfaidh institiúid airgeadais a fhostú, ar daoine iad is gá i leith seirbhís airgeadais shonrach a fheidhmiú agus a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeidhmiú sin, i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha; nó

(b) lena gcuirtear srian nó ceanglas i bhfeidhm i leith cineálacha sonracha eintitis dhlítheanaigh nó comhfhiontair trína bhféadfaidh institiúid airgeadais gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar Airteagal a chuireann cosc ar Pháirtí a cheangal ar institiúid airgeadais seirbhísí airgeadais áirithe a sholáthar trí eintitis dhlíthiúla ar leithligh más rud é, faoi dhlí an Pháirtí sin, nach bhféadfar raon na seirbhísí airgeadais arna soláthar ag an institiúid airgeadais a sholáthar trí eintiteas amháin.

Airteagal 18.6

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

Leis seo ionchorpraítear Airteagal 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí) sa Chaibidil seo, agus déantar cuid den Chaibidil de agus tá feidhm aige maidir le bearta a bhaineann le hinstitiúidí airgeadais den Pháirtí eile, a ghlacann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun.

Airteagal 18.7

Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais

1. Leis seo déantar Airteagail 11.4 (Rochtain ar an Margadh) agus 11.6 (Cóir Náisiúnta) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo díobh agus tá feidhm acu maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a sholáthraíonn na seirbhísí airgeadais a shonraítear in Iarscríbhinn 18-A.

2. An chóir a thugann Páirtí dá sheirbhísí agus dá soláthróirí seirbhíse féin de bhun Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta), ciallaíonn sí, chun críocha na Caibidle seo, cóir a thugtar dá sheirbhísí airgeadais agus dá soláthróirí seirbhísí airgeadais féin.

3. Na bearta nach ndéanfaidh Páirtí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile de bhun Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), ciallaíonn siad, chun críocha na Caibidle seo, bearta a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais.

4. Leis seo déantar Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir leis na bearta a dhéanann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile.

5. An chóir a thugann Páirtí do sheirbhísí agus soláthróirí seirbhíse de thríú tír de bhun Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), ciallaíonn sí, chun críocha na Caibidle seo, cóir a thugtar do sheirbhísí airgeadais de thríú tír agus soláthróirí seirbhíse airgeadais de thríú tír.

6. Leis seo déantar Airteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a sholáthraíonn na seirbhísí airgeadais a shonraítear in Iarscríbhinn 18-A.

7. Ceadóidh gach Páirtí do dhaoine atá lonnaithe ina chríoch, agus dá náisiúnaigh cibé áit a bhfuil siad lonnaithe, seirbhís airgeadais a cheannach ó sholáthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile sin. Ní cheanglaíonn an oibleagáid sin ar Pháirtí ceadú do sholáthróirí den sórt sin gnó a dhéanamh ná sirtheoireacht a dhéanamh ina chríoch. Féadfaidh Páirtí 'gnó a dhéanamh' agus 'sirtheoireacht' a shainmhíniú chun críocha na hoibleagáide sin ar choinníoll nach mbeidh na sainmhínithe sin neamhréireach le mír 1.

8. Ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar Airteagal lena gcuirtear cosc ar Pháirtí beart a dhéanamh nó a choinneáil ar bun lena bhforordaítear ceanglais fhoirmiúla i ndáil le seirbhís airgeadais trasteorann a sholáthar, amhail clárú nó údarú soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann agus ionstraimí airgeadais, ar choinníoll nach gcuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm ar bhealach idirdhealaitheach.

Airteagal 18.8

Ceanglais Feidhmíochta

1. Cinnfidh na Páirtithe i gcomhpháirt disciplíní maidir le ceanglais feidhmíochta amhail na cinn sin a leagtar amach in Airteagal 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta) a mbeidh feidhm acu maidir le fiontair ar institiúidí airgeadais iad.

2. Laistigh de 180 lá tar éis chinneadh comhpháirteach na ndisciplíní maidir le ceanglais feidhmíochta de bhun mhír 1, modhnóidh an Chomhairle Trádála mír 1, le cinneadh, chun na disciplíní sin a chomhtháthú san Airteagal seo agus féadfaidh sí, de réir mar is iomchuí, forchoimeádais agus bearta neamh-chomhréireacha gach Páirtí in Iarscríbhinn VI a mhodhnú.

3. Tá feidhm ag Airteagal 18.12 maidir leis na bearta a liostaítear i leith na ndisciplíní maidir le ceanglais feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 18.9

Seirbhísí Airgeadais ar Nuatheachtaithe iad i gCríoch Pháirtí

1. Ceadóidh Páirtí d'institiúid airgeadais den Pháirtí eile aon seirbhís airgeadais nua a sholáthar a cheadódh an chéad Pháirtí thuasluaite a bheith á soláthar ag a institiúidí airgeadais féin, i gcomhréir lena dhlí intíre i gcásanna comhchosúla gan dlíthe nó rialacháin a ghlacadh, lena modhnaítear dlí atá ann cheana.

2. D'ainneoin Airteagal 18.8(1) in gcomhar le hAirteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), féadfaidh Páirtí an fhoirm institiúideach agus an fhoirm dhleathach a chinneadh trína bhféadfar an tseirbhís airgeadais nua a sholáthar agus féadfaidh sé a cheangal go mbeidh údarú de dhíth chun an tseirbhís a sholáthar. Má cheanglaítear údarú den sórt sin, déanfar cinneadh maidir le haon iarratas ar údarú den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta agus ní fhéadfar an t-údarú a dhiúltú ach amháin ar chúiseanna stuamachta.

Airteagal 18.10

Clásal Athbhreithnithe maidir le Sreabha Sonraí

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú arís laistigh de 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar an ngá a bheadh le forálacha a áireamh maidir le saorshreabhadh sonraí chun na gníomhaíochtaí atá faoi raon feidhme na Caibidle seo a dhéanamh.

Airteagal 18.11

Cóireáil Faisnéise

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí faisnéis a nochtadh a bhaineann le gnóthaí agus cuntais custaiméirí aonair nó aon fhaisnéis rúnda nó dílseánaigh atá i seilbh eintitis phoiblí.

Airteagal 18.12

Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha

1. Níl feidhm ag Airteagal 18.3 go hAirteagal 18.7 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana a choinníonn Páirtí ar bun ar leibhéal:

(i) an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn VI-A a ghabhann le hIarscríbhinn VI;

(ii) rialtais lárnaigh, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin i Roinn A ina liosta atá i bhFoscríbhinn VI-A nó VI-B a ghabhann le hIarscríbhinn VI;

(iii) rialtais réigiúnaigh, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin i Roinn A ina liosta atá i bhFoscríbhinn VI-A nó VI-B a ghabhann le hIarscríbhinn VI; nó

(iv) rialtas áitiúil;

(b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó é a athnuachan go pras; nó

(c) leasú ar aon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) a mhéid nach laghdaíonn an leasú comhréireacht an bhirt mar a bhí sé:

(i) díreach roimh an leasú, le hAirteagal 18.3, 18.4, 18.5 nó 18.6; nó

(ii) ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le hAirteagal 18.7.

2. Níl feidhm ag Airteagail 18.3 go 18.7 maidir le haon bheart a ghlacann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun maidir le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin i Roinn B ina liosta i bhFoscríbhinn VI-A nó VI-B a ghabhann le hIarscríbhinn VI.

3. Is ionann forchoimeádas ag Páirtí d'Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh), 10.7 (Cóir Náisiúnta), 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí), 11.4 (Rochtain ar an Margadh), 11.5 (Láithreacht Áitiúil), 11.6 (Cóir Náisiúnta), nó 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) a leagtar amach ina liosta i bhFoscríbhinn I-A, I-B-1 nó I-B-2 a ghabhann le hIarscríbhinn I nó i bhFhoscríbhinn II-A nó II-B a ghabhann le hIarscríbhinn II agus forchoimeádas freisin i ndáil le hAirteagal 18.3, 18.4, 18.5, 18.6 nó 18.7 freisin, de réir mar a bheidh, a mhéid a bheidh an beart, an earnáil, an fho-earnáil nó an ghníomhaíocht a leagtar amach san fhorchoimeádas laistigh de raon feidhme na Caibidle seo.

4. Ní ghlacfaidh Páirtí aon bheart a chumhdaítear le forchoimeádas a leagtar amach ina liosta i bhFoscríbhinn II-A nó II-B a ghabhann le hIarscríbhinn II, lena gceanglaítear, go díreach nó go hindíreach, ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, mar gheall ar a náisiúntacht, fiontar cumhdaithe a bheidh ann tráth a bheidh éifeacht leis an mbeart a dhíol nó a dhiúscairt ar bhealach eile.

Airteagal 18.13

Eisceacht Stuamachta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a chuireann cosc ar Pháirtí bearta a dhéanamh nó a choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta ([62]), lena n-áirítear bearta i ndáil le:

(a) cosaint infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí, nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach dlite dóibh ag soláthróir seirbhísí airgeadais, nó

(b) sláine agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Pháirtí sin a áirithiú.

2. I gcás nach mbeidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le forálacha eile an Chomhaontaithe seo, ní úsáidfear iad chun gealltanais ná oibleagáidí Páirtí faoin gComhaontú seo a sheachaint.

([62]) Aithníonn na Páirtithe go n-áirítear sa téarma 'cúiseanna stuamachta' sábháilteacht, fóntacht, sláine nó freagracht airgeadais a choimeád i gcás soláthróirí aonair seirbhísí airgeadais.

Airteagal 18.14

Aitheantas

1. Féadfaidh Páirtí aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta an Pháirtí eile nó bearta stuamachta tríú tír trí chinneadh a dhéanamh faoin mbealach a chuirfear bearta an Pháirtí eile sin nó bearta an tríú tír sin i bhfeidhm, ar bearta iad a bhaineann le seirbhísí airgeadais. Féadtar aitheantas den sórt sin a bhaint amach go féinrialaitheach, bíodh sin trí chomhchuibhiú nó bunaithe ar chomhaontú nó ar shocrú eile.

2. Má thugann Páirtí aitheantas do bheart stuamachta tríú tír i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh an Páirtí sin deis leordhóthanach don Pháirtí eile chun a léiriú gurb ann do na cúinsí faoinar thug an Páirtí aitheantas do bheart stuamachta an tríú tír sa Pháirtí eile agus go bhfuil nó go mbeadh, faoi na cúinsí sin, rialáil, formhaoirseacht agus cur chun feidhme coibhéiseach sa Pháirtí eile, chomh maith le nósanna imeachta, más iomchuí, chun faisnéis a mhalartú idir na Páirtithe.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí aitheantas a thabhairt do bheart stuamachta de chuid an Pháirtí eile.

Airteagal 18.15

Caighdeáin Idirnáisiúnta

Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm ina gcríoch na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le rialáil agus maoirseacht in earnáil na seirbhísí airgeadais agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh seachaint cánach agus imghabháil cánach. Áirítear i measc na gcaighdeán sin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, i measc caighdeáin eile, iad siúd a ghlac G20, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB), Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB), an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS), an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO), an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) agus an Fóram Domhanda de chuid ECFE maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun Críoch Cánach.

Airteagal 18.16

Eagraíochtaí Féinrialála

Má cheanglaíonn Páirtí ar institiúid airgeadais nó ar sholáthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a bheith ina comhalta nó ina chomhalta d'eagraíocht féinrialála, páirt a ghlacadh in eagraíocht féinrialála, nó rochtain a bheith aici nó aige ar eagraíocht féinrialála chun seirbhís airgeadais a sholáthar ina chríoch nó isteach ina chríoch, áiritheoidh an chéad Pháirtí a luaitear thuas go gcomhlíonfaidh an eagraíocht féinrialála na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 18.3, 18.4 agus 18.7.

Airteagal 18.17

Córais Íocaíochta agus Imréitigh

Tabharfaidh gach Páirtí rochtain d'institiúidí airgeadais an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch ar chórais íocaíochta agus imréitigh atá á n-oibriú ag eintitis phoiblí, agus rochtain ar shaoráidí oifigiúla cistiúcháin agus athmhaoiniúcháin atá ar fáil i ngnáthchúrsa an ghnáth-ghnó faoi théarmaí agus coinníollacha lena dtugtar cóir náisiúnta. Ní thugtar rochtain leis an Airteagal seo ar shaoráidí iasachtóir dála deiridh an Pháirtí.

Airteagal 18.18

Rialáil Intíre agus Trédhearcacht

1. Níl feidhm ag Caibidlí 13 (Rialáil Intíre) agus 28 (Dea-Chleachtais Rialála) maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, ar bearta iad a bhaineann le raon feidhme na Caibidle seo.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás na mbeart go léir a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo maidir leo, go ndéanfar iad a riar ar bhealach réasúnta, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

3. Chun críocha mhír 2, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas, a mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena dhlí:

(a) foilseoidh sé roimh ré na dlíthe agus na rialacháin bheartaithe dá chuid a bhaineann leis na hábhair atá faoi raon feidhme na Caibidle seo, nó foilseoidh sé doiciméid roimh ré lena soláthrófar mionsonraí leordhóthanacha faoi dhlíthe agus rialacháin ionchasacha den sórt sin chun go gcuirfear ar a gcumas do dhaoine leasmhara agus don Pháirtí eile measúnú a dhéanamh ar cibé acu a dhéanfaí nó nach ndéanfaí difear suntasach dá gcuid leasanna agus ar an gcaoi a dhéanfaí an difear sin;

(b) soláthróidh sé deis réasúnta do dhaoine leasmhara agus don Pháirtí eile barúil a thabhairt faoi na bearta nó doiciméid sin atá beartaithe dá dtagraítear i bhfomhír (a); agus

(c) breithneoidh sé barúlacha arna bhfáil i gcomhréir le fomhír (b).

4. Má cheanglaíonn Páirtí údarú i ndáil le seirbhís airgeadais a sholáthar, déanfaidh údaráis inniúla an Pháirtí sin an méid seo a leanas:

(a) ceadóidh siad d'iarratasóir, a mhéid is indéanta, iarratas a chur isteach tráth ar bith;

(b) ceadóidh siad tréimhse réasúnta chun iarratas a chur isteach más ann do thréimhsí sonracha le haghaidh iarratas;

(c) soláthróidh siad an fhaisnéis is gá do sholáthróirí seirbhíse agus do dhaoine atá ag féachaint le seirbhís a sholáthar, chun na ceanglais agus nósanna imeachta a chomhlíonadh maidir leis an údarú sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú agus a athnuachan;

(d) soláthróidh siad, a mhéid is indéanta, clár ama táscach chun iarratas a phróiseáil;

(e) féachfaidh siad le glacadh le hiarratais i bhformáid leictreonach;

(f) glacfaidh siad le cóipeanna de dhoiciméid, atá fíordheimhnithe i gcomhréir le dlí an Pháirtí, in ionad doiciméad bunaidh, mura rud é go gceanglaítear doiciméid bhunaidh a chur i láthair chun sláine an phróisis údarúcháin a chosaint;

(g) arna iarraidh sin don iarratasóir agus gan moill mhíchuí, soláthróidh siad faisnéis a bhaineann le stádas an iarratais;

(h) má mheastar go bhfuil iarratas iomlán ar phróiseáil faoi dhlí an Pháirtí, áiritheoidh siad go ndéanfar an t-iarratas a phróiseáil agus go gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis an gcinneadh laistigh de thréimhse réasúnta tar éis dó an t-iarratas a chur isteach, a mhéid is indéanta i scríbhinn ([63]);

(i) má mheastar go bhfuil iarratas neamhiomlán chun críocha próiseála faoi dhlí an Pháirtí, déanfaidh siad an méid seo a leanas laistigh de thréimhse réasúnta agus a mhéid is indéanta:

(i) cuirfidh siad an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis an iarratas a bheith neamhiomlán;

(ii) arna iarraidh sin don iarratasóir, soláthróidh siad treoraíocht maidir leis an gcúis a mheastar an t-iarratas a bheith neamhiomlán;

(iii) soláthróidh siad deis don iarratasóir ([64]) an fhaisnéis bhreise a chur isteach a cheanglaítear chun bailchríoch a chur ar an iarratas; agus

(iv) i gcás nach bhfuil aon chuid den mhéid thuas indéanta, agus má dhiúltaítear don iarratas mar gheall ar é a bheith neamhiomlán, áiritheoidh siad go gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta;

(j) má dhiúltaítear d'iarratas, a mhéid is indéanta, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin don iarratasóir, cuirfidh siad an t-iarratasóir ar an eolas maidir le cúiseanna an diúltaithe agus, i gcás inarb infheidhme, maidir leis na nósanna imeachta chun iarratas a chur isteach an athuair;

(k) áiritheoidh siad go mbeidh na táillí údarúcháin ([65]) a ghearrfaidh an t-údarás inniúil réasúnta agus trédhearcach agus nach gcuirfidh siad srian iontu féin ar sholáthar na seirbhíse ábhartha ná ar shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile; agus

(l) áiritheoidh siad go dtiocfaidh an t-údarú i bhfeidhm, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme.

Airteagal 18.19

An Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais

1. Beidh cruinniú ag an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais a bhunaítear le fomhír 1(i) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) uair sa bhliain chun an méid seo a leanas a dhéanamh, ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus oibriú na Caibidle seo;

(b) ábhair a bhreithniú maidir le seirbhísí airgeadais arna dtarchur chuige ag Páirtí;

([63]) Féadfaidh na húdaráis inniúla an ceanglas sin a chomhlíonadh trína chur in iúl roimh ré i scríbhinn d'iarratasóir, lena n-áirítear trí bheart foilsithe, gur tásc é, mura bhfaightear freagairt laistigh de thréimhse shonraithe ó dháta chur isteach an iarratais, go bhfuil glactha leis an iarratas nó gur diúltaíodh dó. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar faisnéis i bhformáid leictreonach a áireamh ar chur in iúl i scríbhinn.

([64]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cheanglaítear ar údarás inniúil sineadh sprioc-amanna a dheonú mar gheall ar an deis sin.

([65]) Áirítear le táillí údarúcháin táillí ceadúnúcháin agus táillí a bhaineann le nósanna imeachta cáilíochta. Ní áirítear leo táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná úsáid ranníocaíochtaí sainordaithe le soláthar seirbhíse uilíche.

(c) fóram a sholáthar le haghaidh idirphlé idir na Páirtithe maidir le rialáil na hearnála seirbhísí airgeadais d'fhonn eolas frithpháirteach a fheabhsú ar a gcórais rialála faoi seach agus d'fhonn oibriú i gcomhar i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt;

agus

(d) measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo de réir mar atá feidhm aige ar sheirbhísí airgeadais.

2. Áireofar i gcomhdhéanamh an Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais saineolaithe seirbhísí airgeadais agus ionadaithe ar údaráis atá i gceannas ar bheartas um sheirbhísí airgeadais. Maidir le Meicsiceo, is í an Aireacht Airgeadais agus Creidmheasa Phoiblí (*Secretaría de Hacienda y Crédito Público*) nó a comharba an t-údarás ar a bhfuil an fhreagracht as beartas um sheirbhísí airgeadais.

3. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais idirphlé maidir le treoirlínte iomchuí a fhorbairt le haghaidh léirmhíniú na Caibidle seo. Féadfaidh an Chomhairle Trádála na treoirlínte sin a ghlacadh trí bhíthin moladh.

Airteagal 18.20

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin leis an bPáirtí eile a iarraidh i scríbhinn, maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gComhaontú seo nó faoi Chomhaontuithe eile a dhéanann difear do sheirbhísí airgeadais. Déanfaidh an Páirtí eile breithniú tuisceanach ar an iarraidh sin. Tuairisceoidh na Páirtithe comhairliúcháin maidir le torthaí a gcomhairliúchán don Fhochoiste um Seirbhísí Airgeadais.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go n-áireofar ar a thoscaireacht sna comhairliúcháin go mbeidh oifigigh a bhfuil an saineolas ábhartha acu sna seirbhísí airgeadais nó institiúidí airgeadais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo. Maidir le Meicsiceo, comhlíonann oifigigh na hAireachta Airgeadais agus Creidmheasa Phoiblí (*Secretaría de Hacienda y Crédito Público*) nó a comharba an ceanglas sin.

3. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí maolú óna dhlí maidir le faisnéis a chomhroinnt i measc údaráis airgeadais nó ó cheanglais comhaontaithe nó socraithe idir údaráis airgeadais na bPáirtithe, ná mar ní lena gceanglófar ar údaráis airgeadais aon ghníomhaíocht a dhéanamh lena gcuirfí isteach ar ábhair shonracha rialála, maoirseachta, riaracháin nó forfheidhmithe.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gcuirtear cosc ar Pháirtí faisnéis a cheangal, chun críoch maoirseachta, faoi institiúid airgeadais, nó soláthróir seirbhísí airgeadais trasteorann, atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile. Féadfaidh Páirtí dul i dteagmháil le húdarás airgeadais an Pháirtí eile chun faisnéis den sórt sin a iarraidh.

Airteagal 18.21

Réiteach Díospóidí

1. Maidir le Caibidil 31 (Réiteach Díospóidí), lena n-áirítear Iarscríbhinní 31-A (Rialacha Nós Imeachta) agus 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe), tá feidhm *mutatis mutandis* aici, faoi réir fhorálacha an Airteagail seo, maidir le díospóidí a réiteach a bhaineann le cur i bhfeidhm agus léirmhíniú fhorálacha na Caibidle seo.

2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 31.9 (Ceanglais le haghaidh Painéalaithe), beidh saineolas nó taithí ag na painéalaithe ar dhlí nó cleachtadh seirbhísí airgeadais, lena bhféadfar rialáil institiúidí airgeadais a áireamh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

3. Déanfaidh an Coiste Trádála, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a ghlacadh, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 2 agus atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta:

(a) foliosta de dhaoine aonair den Aontas Eorpach;

(b) foliosta de dhaoine aonair de Mheicsiceo, agus

(c) foliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal.

4. Chun críocha na Caibidle seo, cuirfear na foliostaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis a nglactha, in ionad na bhfoliostaí dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe).

5. In aon díospóid ina gcinneann painéal go bhfuil beart neamhréireach le hoibleagáidí an Chomhaontaithe seo agus go ndéanann an beart sin difear do na nithe seo a leanas:

(a) earnáil seirbhísí airgeadais agus aon earnáil eile, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin sochair a chur ar fionraí in earnáil na seirbhísí airgeadais a bhfuil éifeacht acu atá coibhéiseach le héifeacht an bhirt in earnáil seirbhísí airgeadais an Pháirtí eile; nó

(b) aon earnáil seachas earnáil na seirbhísí airgeadais agus aon earnáil den sórt sin amháin, ní chuirfidh an Páirtí is déantóir gearáin sochair ar fionraí san earnáil seirbhísí airgeadais.

CAIBIDIL 19

AN TRÁDÁIL DHIGITEACH

Airteagal 19.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha nó fiontar má fhoráiltear dó i ndlí an Pháirtí lena mbaineann, a úsáideann nó atá ag iarraidh seirbhís teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí a úsáid, chun críocha atá lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó, dá cheird ná dá ghairm;

(b) ciallaíonn 'teachtaireacht sonraí' faisnéis a ghintear, a sheoltar, a fhaightear nó a stóráiltear ar bhealach leictreonach, optúil nó comhchosúil;

(c) ciallaíonn 'seirbhís fíordheimhnithe leictreonach' seirbhís trína gcumasaítear an méid seo a leanas a dheimhniú:

(i) céannacht duine nádúrtha nó fiontair; nó

(ii) tionscnamh agus sláine teachtaireachta sonraí ón am a gineadh den chéad uair ina foirm deiridh í;

(d) ciallaíonn 'ríomhshíniú' sonraí i bhfoirm leictreonach atá i gceangal le teachtaireacht sonraí nó atá bainteach léi ar bhonn loighciúil, arbh fhéidir iad a úsáid chun sínitheoir na teachtaireachta sonraí sin a shainaithint agus chun a chur in iúl go bhformheasann sé an fhaisnéis atá sa teachtaireacht sonraí sin, chun a thionscnamh agus a shláine a áirithiú ionas gurbh fhéidir aon athrú a dhéantar ar na sonraí ina dhiaidh sin a bhrath;

(e) ciallaíonn 'seirbhís iontaoibhe leictreonach' seirbhís leictreonach arb atá inti ríomhshínithe, stampaí ama leictreonacha, ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe, seirbhísí digitithe deimhnithe, fíordheimhniú suíomhanna gréasáin agus na deimhnithe a bhaineann leis na seirbhísí sin a chruthú, a fhíorú agus a bhailíochtú;

(f) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ aon duine nádúrtha, nó fiontar má fhoráiltear dó i ndlí an Pháirtí lena mbaineann, a úsáideann nó atá ag iarraidh seirbhís teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí a úsáid mar thomhaltóir nó chun críoch trádála, gnó, ceirde nó gairme;

(g) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí iontaoibhe’ duine nádúrtha nó fiontar a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe leictreonacha; agus

(h) ciallaíonn ‘teachtaireacht tráchtála leictreonach gan iarraidh’ teachtaireacht leictreonach, lena n-áirítear, ar a laghad, ríomhphost, teachtaireachtaí tríd an gcóras gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus teachtaireachtaí tríd an gcóras teachtaireachtaí ilmheán (MMS), a sheoltar chun críoch tráchtála, gan cead an fhaighteora nó d’ainneoin dhiúltú sainráite an fhaighteora, díreach chuig úsáideoirí deiridh trí líonra teileachumarsáide agus, a mhéid dá bhforáiltear faoi dhlí Páirtí, chuig seirbhísí teileachumarsáide eile.

Airteagal 19.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear do thrádáil a chumasaítear trí mheán leictreonach.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí cearrbhachais;

(b) seirbhísí craolacháin;

(c) seirbhísí closamhairc;

(d) seirbhísí nótairí nó gairmithe coibhéiseacha;

(e) seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla; agus

(f) soláthar rialtais, ach amháin Airteagail 19.7, 19.8 agus 19.11.

Airteagal 19.3

Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn na Páirtithe an fás eacnamaíoch agus na deiseanna a sholáthraítear le trádáil dhigiteach agus an tábhacht a bhaineann le creataí a ghlacadh lena gcuirtear muinín tomhaltóirí sa trádáil dhigiteach chun cinn agus an tábhacht a bhaineann le bacainní a sheachaint nach bhfuil gá leo ó thaobh úsáid agus forbairt na trádála digití de.

Airteagal 19.4

An Ceart chun Rialú a Dhéanamh

Deimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, amhail na beartais a bhaineann le sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó cosaint tomhaltóirí, príobháideacht agus cosaint sonraí, le héagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, nó iomaíocht.

Airteagal 19.5

Dleachtanna Custaim ar Tharchur Leictreonach

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí dleachtanna custaim ar tharchur leictreonach idir duine de Pháirtí agus duine den Pháirtí eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfear bac le mír 1 ar Pháirtí cánacha inmheánacha, táillí nó muirir eile a fhorchur ar tharchur leictreonach, ar choinníoll go bhforchuirfear na cánacha, na táillí nó na muirir sin ar bhealach atá i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 19.6

Gan Údarú Roimh Ré

1. Áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh soláthar seirbhísí trí mheán leictreonach faoi réir údarú roimh ré.

2. Tá mír 1 gan dochar do cheanglais údarúcháin nach bhfuil dírithe go sonrach ná go heisiach ar sheirbhísí a sholáthraítear trí mheán leictreonach, nó a bhfuil feidhm acu maidir le seirbhísí teileachumarsáide.

Airteagal 19.7

Conarthaí Leictreonacha

1. Áiritheoidh gach Páirtí go gceadófar conarthaí a thabhairt i gcrích faoina chóras dlí trí mheán leictreonach agus nach ndéanfar éifeacht dhlíthiúil, bailíocht ná in-fhorfheidhmitheacht a dhiúltú maidir leis na conarthaí sin ar an bhforas gur tugadh i gcrích iad trí mheán leictreonach agus ar an bhforas sin amháin.

2. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le conarthaí:

(a) lena gcruthaítear nó lena n-aistrítear cearta i gcúrsaí réadmhaoine;

(b) lena gceanglaítear de réir dlí go mbeadh baint ag cúirteanna, údaráis phoiblí nó ag gairmeacha a fheidhmíonn údarás poiblí leo;

(c) ná conarthaí urraíochta a dheonaítear agus conarthaí maidir le hurrúis chomhthaobhacha a thabharfaidh daoine atá ag gníomhú chun críocha lasmuigh dá dtrádáil, dá gceird, dá ngnó nó dá ngairm, mar a cheanglaítear de réir an dlí; agus

(d) conarthaí a rialaítear leis an dlí teaghlaigh nó leis an dlí comharbais.

Airteagal 19.8

Seirbhísí Iontaoibhe Leictreonacha agus Seirbhísí Fíordheimhnithe Leictreonacha

1. Ní dhiúltóidh Páirtí bailíocht dhlíthiúil seirbhíse iontaoibhe leictreonaí ná seirbhíse fíordheimhnithe leictreonaí ar an mbonn go soláthraítear an tseirbhís i bhfoirm leictreonach.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí bearta ná ní choinneoidh sé bearta ar bun lena rialaítear seirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus seirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha ar bearta iad lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

(a) toirmeasc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach na modhanna leictreonacha is iomchuí dá n-idirbhearta a chinneadh go frithpháirteach; nó

(b) cosc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach an deis a bheith acu a shuí os comhair údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin go bhfuil a n-idirbheart leictreonach i gcomhréir le haon cheanglas dlí i ndáil le seirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus seirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí a cheangal, i dtaca le catagóir áirithe idirbheart leictreonach, go gcomhlíonann modh an fhíordheimhnithe leictreonaigh caighdeáin áirithe feidhmíochta nó go ndeimhníonn údarás atá creidiúnaithe i gcomhréir lena dhlí é. Beidh ceanglais den sórt sin oibiachtúil, trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ní bhainfidh siad ach le saintréithe sonracha na catagóire idirbheart leictreonach lena mbaineann.

4. Spreagfaidh na Páirtithe úsáid seirbhísí iontaoibhe leictreonacha idir-inoibritheacha agus seirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha idir-inoibritheacha agus aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus do sheirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha arna soláthar ag soláthraithe aitheanta seirbhísí iontaoibhe.

Airteagal 19.9

Tomhaltóirí ar Líne a Chosaint

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bearta a choinneáil ar bun agus a ghlacadh atá trédhearcach agus éifeachtach agus lena rannchuidítear leis an muinín atá ag tomhaltóirí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do bhearta chun tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais trádála atá calaoiseach agus meabhlach, tráth a bhíonn siad ag gabháil d'idirbhearta tráchtála leictreonacha.

2. Glacfaidh gach Páirtí bearta lena rannchuidítear leis an muinín atá ag tomhaltóirí, nó coinneoidh siad ar bun iad, lena n-áirítear bearta lena gcuirtear toirmeasc ar chleachtais trádála atá calaoiseach agus meabhlach lena ndéantar díobháil do thomhaltóirí nó lena bhféadfaí díobháil a dhéanamh dóibh.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar idir a ngníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí faoi seach nó comhlachtaí ábhartha eile, ar comhar é maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le tráchtáil leictreonach idir na Páirtithe chun an mhuinín atá ag tomhaltóirí a fheabhsú agus dá bhrí sin leas tomhaltóirí a fheabhsú.

Airteagal 19.10

Teachtaireachtaí Tráchtála Leictreonacha gan Iarraidh

1. Glacfaidh gach Páirtí bearta, nó coinneoidh sé ar bun iad, ar bearta iad:

(a) lena gceanglaítear ar sheoltóirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonaí gan iarraidh cumas úsáideoirí-deiridh a éascú chun go mbeidh siad in ann cosc a chur ar fháil leantach na dteachtaireachtaí sin; nó

(b) lena gceanglaítear go mbeidh faighteoirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha toilteanach, mar a shonraítear de réir dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí, iad a fháil.

2. Áiritheoidh gach Páirtí gur féidir teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh a shainaithint go soiléir, go nochtfar leo cé dó a sheoltar iad agus go mbeidh iontu an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí deiridh scor a iarraidh saor in aisce agus tráth ar bith.

3. Soláthróidh gach Páirtí sásamh in aghaidh seoltóirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh nach bhfuil i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun de bhun mhíreanna 1 agus 2.

4. Féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhar i gcás inarb iomchuí, i gcásanna d'ábhar imní frithpháirteach maidir le rialáil teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh.

Airteagal 19.11

Cód Foinse

1. Ní dhéanfaidh Páirtí ceanglas maidir le haistriú cóid foinse bogearraí, ná rochtain air, atá in úinéireacht ag duine nádúrtha nó fiontar de chuid an Pháirtí eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le mír 1:

(a) ní chuirtear cosc ar Pháirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun chun cuspóir dlisteanach beartais phoiblí a bhaint amach, lena n-áirítear sábháilteacht agus slándáil a áirithiú, mar shampla i gcomhthéacs nós imeachta deimhniúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 18.13 (Eisceacht Stuamachta), Airteagal 32.1 (Eisceachtaí Ginearálta) agus Airteagal 32.5 (Eisceacht Slándála); nó

(b) níl feidhm aici maidir le haistriú deonach cóid foinse, nó rochtain a dheonú air, ar bhonn tráchtála ag duine den Pháirtí eile, mar shampla i gcomhthéacs idirbheart soláthair phoiblí nó conartha a chaibidlítear go neamhshrianta.

3. Ní dhéanfaidh aon ní dá bhfuil sa Chaibidil seo difear don mhéid seo a leanas:

(a) ceanglais ag cúirt, binse riaracháin nó údarás iomaíochta chun sárú ar dhlíthe na hiomaíochta a leigheas;

(b) cearta maoine intleachtúla agus forfheidhmiú na gceart sin; nó

(c) an ceart atá ag Páirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó gan aon fhaisnéis a nochtadh a mheasann sé a bhfuil gá leis an méid sin ar mhaithe le cosaint a leasanna slándála fíor-riachtanacha a bhaineann le soláthar airm, armlóin nó ábhar cogaidh, nó a bhaineann le soláthar atá fíor-riachtanach ó thaobh na slándála náisiúnta de nó chun críocha na cosanta náisiúnta.

Airteagal 19.12

Rochtain Oscailte ar an Idirlíon

Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go mbeidh úsáideoirí deiridh ina chríoch in ann an méid seo a leanas a dhéanamh, faoi réir na mbeartas agus na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme:

(a) seirbhísí agus feidhmchláir dá rogha féin atá ar fáil ar an idirlíon a rochtain, a dháileadh agus a úsáid, faoi réir bhainistíocht líonra réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach;

(b) a rogha feistí a nascadh leis an idirlíon, ar choinníoll nach ndéanann na feistí sin díobháil don líonra; agus

(c) rochtain a bheith acu ar fhaisnéis faoi chleachtais maidir le bainistíocht líonra a soláthróra seirbhísí rochtana idirlín.

Airteagal 19.13

Comhar

1. Agus cineál domhanda na trádála digití á aithint acu, rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair rialála agus dea-chleachtais tríd an idirphlé earnálach atá ann cheana agus tabharfar aghaidh san idirphlé sin ar an méid seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) seirbhísí iontaoibhe agus fíordheimhnithe leictreonacha idir-inoibritheacha trasteorann a aithint agus a éascú;

(b) cóireáil cumarsáide maidir le margaíocht dhíreach;

(c) na dúshláin atá os comhair fiontair bheaga agus mheánmhéide i dtrádáil dhigiteach;

(d) cosaint tomhaltóirí agus feabhsú mhuinín na dtomhaltóirí i raon na tráchtála leictreonaí;

(e) saincheisteanna comónta cibearshlándála; agus

(f) aon ábhar eile atá ábhartha maidir le trádáil dhigiteach a fhorbairt.

2. Díreofar sa chomhar maidir le hábhair rialála agus dea-chleachtais dá dtagraítear i mír 1 ar mhalartú faisnéise agus ar bharúlacha maidir le reachtaíocht na bPáirtithe faoi seach agus ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin chomh maith.

3. Deimhníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim iltaobhacha maidir le forbairt na trádála digití a chur chun cinn.

Airteagal 19.14

Clásal Athbhreithnithe maidir le Sreabha Sonraí

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú arís laistigh de 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar an ngá a bheadh le forálacha maidir le saorshreabhadh sonraí a áireamh sa Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 20

GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL, ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISTRITHE AGUS BEARTA COIMIRCE SEALADACHA

Airteagal 20.1

Cuntas Reatha

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chomhaontaithe seo, ceadóidh gach Páirtí, in airgeadra atá inmhalartaithe go héasca, agus i gcomhréir le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta arna nglacadh in Bretton Woods, New Hampshire an 22 Iúil 1944, de réir mar is infheidhme, aon aistriú nó íocaíocht i leith idirbhearta ar chomhardú na n-íocaíochtaí ar chuntas reatha, ar idirbhearta idir na Páirtithe iad a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 20.2

Gluaiseachtaí Caipitil

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chomhaontaithe seo, ceadóidh gach Páirtí, i dtaca le hidirbhearta ar chuntas caipitil agus airgeadais an chomhardaithe íocaíochtaí, saorghluaiseacht chaipitil chun infheistíochtaí agus idirbhearta eile a léirscaoileadh, dá bhforáiltear i gCaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), Caibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus Caibidil 18 (Seirbhísí Airgeadais).

Airteagal 20.3

Cur i bhfeidhm Dlíthe agus Rialachán a bhaineann le Gluaiseachtaí Caipitil, Íocaíochtaí nó Aistrithe

1. Le fomhír 6(a) d'Airteagal 18.2 (Raon Feidhme), chomh maith le hAirteagail 20.1 agus 20.2 ní chuirfear cosc ar Pháirtí a dhlíthe agus a rialacháin féin a chur i bhfeidhm a bhaineann le:

(a) féimheacht, dócmhainneacht agus cosaint chearta na gcreidiúnaithe;

(b) déileáil nó trádáil in ionstraimí airgeadais nó iad a eisiúint;

(c) tuairisciú airgeadais nó taifeadadh ar ghluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe i gcás inar gá sin chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí nó le húdaráis rialála airgeadais;

(d) cionta coiriúla nó pionósacha, cleachtais mheabhlacha nó chalaoiseacha;

(e) comhlíontacht orduithe nó breithiúnas in imeachtaí breithiúnais a áirithiú; nó

(f) slándáil shóisialta, scéimeanna poiblí scoir nó scéimeanna coigilteas éigeantach.

2. Ní chuirfear na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm ar bhealach treallach ná idirdhealaitheach, ná ar bhealach eile a d'fhágfadh nach mbeadh iontu ach srian faoi cheilt ar ghluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe.

Airteagal 20.4

Bearta Coimirce Sealadacha

1. In imthosca eisceachtúla inarb ann do dheacrachtaí tromchúiseacha i dtaca le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta an Aontais Eorpaigh a oibriú, nó i gcás baoil gurb ann do na deacrachtaí sin, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta coimirce a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe. Beidh na bearta sin teoranta a mhéid a bheidh géarghá leis sin chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí den sórt sin agus beidh siad i bhfeidhm le haghaidh tréimhse nach faide ná 6 mhí.

2. Ní bheidh bearta arna bhforchur ag an Aontas Eorpach de bhun mhír 1 ina mbealach chun idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar a dhéanamh idir Meicsiceo agus tríú tír. Cuirfidh an tAontas Eorpach Meicsiceo ar an eolas láithreach agus cuirfidh sé sceideal i láthair i dtaobh na mbeart sin a bhaint a luaithe is féidir.

Airteagal 20.5

Srianta i gCás Deacrachtaí Comhardaithe Íocaíochtaí, i gcás Deacrachtaí Maoinithe Sheachtraigh agus i gcás Deacrachtaí Maicreacnamaíocha

1. Féadfaidh Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe ([66]):

(a) i gcásanna de dheacrachtaí tromchúiseacha i dtaca le comhardú íocaíochtaí nó le maoiniú seachtrach, nó bagairt ina leith ([67]); nó

([66]) I gcás an Aontais Eorpaigh, féadfaidh Ballstát den Aontas Eorpach na bearta sin a dhéanamh i gcásanna seachas na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 20.4, ar bearta iad lena ndéantar difear do gheilleagar an Bhallstáit sin.

([67]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfadh deacrachtaí maicreacnamaíocha tromchúiseacha a bhaineann le beartais airgeadaíochta agus beartais ráta malairte, nó an baol gurb ann dóibh, a bheith ina gcúis, i measc tosca eile, le deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú íocaíochtaí agus maoiniú seachtrach dá dtagraítear i bhfomhír 1(a), nó an baol gurb ann dóibh, dá dtagraítear i bhfomhír 1(b).

(b) i gcásanna imthosca eisceachtúla ina bhfuil íocaíochtaí nó aistrithe a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha maicreacnamaíocha a bhaineann le beartais airgeadaíochta agus beartais ráta malairte i Meicsiceo nó i mBallstát den Aontas Eorpach, nó i gcásanna go bhfuil an baol ann go mbeidh na cúinsí eisceachtúla sin ina gcúis leis na deacrachtaí sin.

2. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh siad comhsheasmhach le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme;

(b) ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an staid a dtugtar tuairisc uirthi i mír 1;

(c) beidh siad sealadach agus déanfar iad a chéimniú amach de réir a chéile de réir mar a fheabhsóidh an staid a shonraítear i mír 1;

(d) seachnófar leo go ndéanfar damáiste neamhriachtanach do leasanna tráchtála, eacnamaíocha agus airgeadais an Pháirtí eile;

(e) ní fhágfaidh siad go gcuirfear cóir is lú fabhar ar an bPáirtí eile ná mar a chuirfí ar thríú tír i gcásanna comhchosúla; agus

(f) ní úsáidfear iad in ionad beartais mhaicreacnamaíocha ar gá iad le haghaidh coigeartú seachtrach a dhéanamh a bhfuil údar cuí leis.

3. I gcás trádáil earraí, féadfaidh Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a staid sheachtrach airgeadais nó a chomhardú íocaíochtaí a chosaint. Beidh na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal XII de GATT 1994 agus le forálacha Chomhthuiscint um Chomhardú Íocaíochtaí an Chomhaontaithe Ghinearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994.

4. I gcás trádáil seirbhísí, féadfaidh gach Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a staid airgeadais sheachtrach nó a chomhardú íocaíochtaí a chosaint. Beidh bearta den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal XII de GATS.

5. Féachfaidh Páirtí le glacadh nó coinneáil ar bun na mbeart sriantach a sheachaint arb ionann a bhfoirm agus formhuirir taraife, cuótaí, ceadúnais nó bearta comhchosúla. Míneoidh an Páirtí an réasúnaíocht a ghabhann le húsáid na mbeart sriantach sin nuair a thabharfaidh sé fógra don Páirtí eile faoi na bearta de bhun mhír 2.

6. Páirtí a dhéanfaidh bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, tabharfaidh sé fógra maidir leo don Pháirtí eile go pras.

7. Má dhéantar bearta coimirce sealadacha nó bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de bhun Airteagal 20.4 nó de bhun an Airteagail seo, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán go pras san Fhochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíochtaí mura dtéitear i mbun comhairliúchán i bhfóraim idirnáisiúnta eile a bhfuil an dá Pháirtí ina gcomhaltaí iontu. Leis na comhairliúcháin, déanfar measúnú ar na deacrachtaí maidir leis an gcomhardú íocaíochtaí nó maidir leis an maoiniú seachtrach ba chúis leis na bearta faoi seach, agus tosca á gcur san áireamh amhail:

(a) cineál agus méid na ndeacrachtaí;

(b) an timpeallacht sheachtrach eacnamaíoch agus trádála; agus

(c) bearta ceartaitheacha malartacha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

8. Tabharfar aghaidh sna comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 7 ar chomhlíonadh aon bhirt choimirce shealadach nó aon bhirt shriantaigh le hAirteagal 20.4 nó le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Glacfaidh na Páirtithe leis na torthaí ábhartha uile de chineál staidrimh nó fíorasach a thíolacfaidh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ('CAI'), i gcás inarb infhaighte, agus cuirfear san áireamh sna conclúidí measúnú CAI ar chomhardú agus ar staid airgeadais sheachtrach an Pháirtí lena mbaineann.

CAIBIDIL 21

SOLÁTHAR POIBLÍ

Airteagal 21.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'earraí nó seirbhísí tráchtála' earraí nó seirbhísí de chineál a dhíoltar nó a bhíonn ar díol go ginearálta sa mhargadh tráchtála le ceannaitheoirí neamhrialtasacha chun críoch neamhrialtasach, agus arb iadsan a cheannaíonn de ghnáth iad;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí foirgníochta' seirbhísí a bhfuil sé de chuspóir acu oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach ar cibé bealach, bunaithe ar Rannán 51 d'Fhorálacha na Náisiún Aontaithe um Aicmiú Lárnach Sealadach Táirgí (CPC);

(c) ciallaíonn 'soláthar faoi chumhdach' soláthar chun críoch rialtais:

(i) earra, seirbhíse, nó aon teaglaim díobh:

(A) mar a shonraítear maidir le gach Páirtí in Iarscríbhinn 21-A nó 21-B faoi seach; agus

(B) nach soláthraítear d'fhonn é, í nó iad a dhíol nó a athdhíol ar bhonn tráchtála, ná le húsáid i ndáil le hearra nó seirbhís a tháirgeadh nó a sholáthar le haghaidh díol nó athdhíol ar bhonn tráchtála;

(ii) trí aon mhodh conarthach, lena n-áirítear:

(A) ceannach;

(B) léasú; agus

(C) fáil ar cíos nó fruilcheannach, le rogha maidir le ceannach nó gan í;

(iii) a bhfuil a luach, mar a mheastar é i gcomhréir le hAirteagal 21.2, cothrom leis an tairseach ábhartha a shonraítear le haghaidh gach Páirtí in Iarscríbhinn 21-A nó 21-B faoi seach tráth foilsithe fógra i gcomhréir le hAirteagal 21.6, nó níos airde ná an tairseach sin;

(iv) ag eintiteas soláthair; agus

(v) nach n-eisiatar ar bhealach eile ó chumhdach mar gheall ar Airteagal 21.2.2 nó Iarscríbhinn 21-A nó 21-B;

(d) ciallaíonn 'ceant leictreonach' próiseas atriallach a mbíonn úsáid modhanna leictreonacha i gceist leis ionas go gcuirfidh soláthróir i láthair praghsanna nua, nó luachanna nua d'eilimintí inchainníochtaithe neamhphraghais den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, nó iad araon, a mbeidh rangú nó athrangú tairiscintí ina thoradh air;

(e) ciallaíonn 'i scríbhinn' nó 'scríofa' aon léiriú i bhfocal nó in uimhreacha is féidir a léamh, a mhacasamhlú agus a chur in iúl níos déanaí, agus féadfar a áireamh leo faisnéis a tharchuirtear go leictreonach agus faisnéis stóráilte;

(f) ciallaíonn 'nós imeachta tairisceana teoranta' modh soláthair trína ndéanann an t-eintiteas soláthair teagmháil lena rogha soláthróra nó soláthróirí;

(g) ciallaíonn ‘liosta ilúsáide’ liosta soláthróirí a chinn eintiteas soláthair go gcomhlíonann siad na coinníollacha i dtaobh rannpháirtíocht sa liosta sin, agus a mbeartaíonn an t-eintiteas soláthair leas a bhaint astu níos mó ná uair amháin;

(h) ciallaíonn ‘fógra faoi sholáthar beartaithe’ fógra arna fhoilsiú ag eintiteas soláthair ina n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht, nó tairiscint a chur isteach, nó iad araon;

(i) ciallaíonn ‘frithláireamh’ aon choinníoll nó gealltanas lena spreagtar forbairt áitiúil nó lena gcuirtear feabhas ar chuntais comhardaithe íocaíochtaí Páirtí, amhail úsáid a bhaint as ábhar intíre, ceadúnú teicneolaíochta, infheistíocht, frith-thrádáil agus gníomhaíochtaí comhchosúla nó ceanglais chomhchosúla;

(j) ciallaíonn ‘nós imeachta tairisceana oscailte’ modh soláthair faoinar féidir le gach soláthróir leasmhar tairiscint a chur isteach;

(k) ciallaíonn ‘eintiteas soláthair’ eintiteas a chumhdaítear faoi Ranna A, B agus C d’Iarscríbhinní 21-A agus 21-B;

(l) ciallaíonn ‘soláthróir cáilithe’ soláthróir a aithníonn eintiteas soláthair mar sholáthróir a bhfuil na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht comhlíonta aige;

(m) ciallaíonn ‘nós imeachta tairisceana ar cuireadh’ modh soláthair faoina n-iarrann an t-eintiteas soláthair ar sholáthróirí cáilithe, agus orthusan amháin, tairiscint a chur isteach;

(n) áirítear le ‘seirbhísí’ seirbhísí foirgníochta, mura sonraítear a mhalairt;

(o) ciallaíonn ‘caighdeán’ doiciméad arna fhormheas ag comhlacht aitheanta agus lena bhforáiltear d’úsáid choiteann agus d’athúsáid, do rialacha, treoirlínte nó saintréithe i ndáil le hearraí nó seirbhísí, nó do phróisis agus modhanna táirgthe gaolmhara, ar caighdeán é nach bhfuil a chomhlíonadh sainordaitheach agus lena bhféadfaí a áireamh go heisiach freisin, nó plé leo go heisiach, ceanglais téarmeolaíochta, siombaile, phacáistíochta, mharcála nó lipéadaithe de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra, seirbhís, nó próiseas nó modh táirgthe;

(p) ciallaíonn ‘soláthróir’ duine nó grúpa daoine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí nó a d’fhéadfadh earraí nó seirbhísí a sholáthar; agus

(q) ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ ceanglais tairisceana:

(i) lena leagtar síos na tréithe a bhaineann le hearraí nó seirbhísí atá le soláthar, lena n-áirítear cáilíocht, feidhmíocht, sábháilteacht agus toisí, nó na próisis agus na modhanna chun iad a tháirgeadh nó a sholáthar; nó

(ii) lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le téarmaíocht, siombailí, pacáistíocht, marcáil nó lipéadú, de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra nó le seirbhís.

Airteagal 21.2

Raon Feidhme agus Cumhdach

An Chaibidil seo a Chur i bhFeidhm

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon bheart a bhaineann le soláthar faoi chumhdach, cé acu a dhéantar go heisiach trí mheán leictreonach é nó a dhéantar go páirteach trí mheán leictreonach é.

2. Ach amháin i gcás ina bhforáiltear dá mhalairt in Iarscríbhinní 21-Aagus 21-B, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) talamh, foirgnimh atá ann cheana nó maoin dhochorraithe eile nó na cearta ina leith a fháil nó a fháil ar cíos;

(b) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí, lena n-áirítear comhaontuithe comhoibríocha, deontais, iasachtaí, instealltaí cothromais, ráthaíochtaí agus dreasachtaí fioscacha;

(c) soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fioscaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta i gcomhair institiúidí airgeadais faoi rialáil nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n-áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile;

(d) conarthaí fostaíochta poiblí;

(e) soláthar a dhéantar:

(i) go sonrach chun cúnamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear cabhair um fhorbairt, a sholáthar;

(ii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chomhaontú idirnáisiúnta a bhaineann le trúpaí a lonnú nó a bhaineann le cur chun feidhme comhpháirteach tionscadail ag na tíortha is sínitheoirí; nó

(iii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid eagraíocht idirnáisiúnta, nó arna chistiú ag deontais, iasachtaí nó cúnamh eile idirnáisiúnta, i gcás ina mbeadh an nós imeachta nó an coinníoll is infheidhme ar neamhréir leis an gCaibidil seo.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinní 21-A agus 21-B de réir an struchtúir seo a leanas gealltanais gach Páirtí maidir le soláthar faoi chumhdach:

(a) i Roinn A, na heintitis rialtais láir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(b) i Roinn B, na heintitis rialtais fo-láir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear, maidir le Meicsiceo, eintitis eile ar an leibhéal fo-láir;

(c) i Roinn C, na heintitis eile uile a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(d) i Roinn D, na hearraí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(e) i Roinn E, na seirbhísí, seachas seirbhísí foirgníochta, a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(f) i Roinn F, na seirbhísí foirgníochta a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(g) i Roinn G, na lamháltais comhpháirtíochta príobháidí poiblí nó na lamháltais oibreacha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(h) i Roinn H, aon nóta agus maolú ginearálta; agus

(i) i Roinn I, na meáin ina bhfoilsíonn an Páirtí a fhógraí soláthair, a fhógraí dámhachtana, agus faisnéis eile a bhaineann lena chóras soláthair phoiblí.

4. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo freisin má cheadaítear, faoi dhlí Páirtí, go bhféadfaidh eintitis eile nó daoine eile nach bhfuil a gcuid soláthair cumhdaithe maidir leis na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann, soláthar faoi chumhdach a dhéanamh thar ceann an eintitis soláthair.

Luacháil

5. Agus luach soláthair á mheas aige chun a chinneadh cé acu an soláthar faoi chumhdach atá nó nach bhfuil ann, beidh an méid seo a leanas fíor maidir le heintiteas soláthair:

(a) ní roinnfidh sé soláthar ina sholáthairtí ar leithligh ná ní dhéanfaidh sé modh luachála áirithe a roghnú ná a úsáid chun luach soláthair a mheas agus é ar intinn aige an soláthar sin a eisiamh ina iomláine, nó cuid de a eisiamh, ó chur i bhfeidhm na Caibidle seo; agus

(b) cuirfidh sé san áireamh uasluach measta iomlán an tsoláthair thar a ré iomlán, cibé acu a dhéantar é a dhámhachtain ar sholáthróir amháin nó níos mó nó nach ndéantar, agus beidh gach cineál luacha saothair á chur san áireamh aige, lena n-áirítear:

(i) préimheanna, táillí, coimisiúin agus ús; agus

(ii) má dhéantar foráil leis an soláthar don fhéidearthacht roghanna a bheith ann, luach iomlán na roghanna sin.

6. Má bhíonn sé ina thoradh ar cheanglas aonair ar sholáthar go ndéantar breis is aon chonradh amháin a dhámhachtain, nó go ndéantar conarthaí a dhámhachtain ina gcodanna ar leithligh (dá ngairtear 'conarthaí athfhillteacha' anseo feasta), beidh ríomh an uasluacha iomláin mheasta bunaithe ar:

(a) luach na gconarthaí athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse a dámhadh le linn an 12 mhí roimhe sin nó le linn bhliain fhioscach roimhe sin an eintitis soláthair, arna choigeartú, más féidir, chun athruithe réamh-mheasta ar chainníocht a bhfuil coinne leo a chur san áireamh nó luach an earra nó na seirbhíse arna soláthar sa 12 mhí ina dhiaidh sin a chur san áireamh; nó

(b) luach measta na gconarthaí athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse ar conarthaí iad a bheidh le dámhachtain le linn an 12 mhí i ndiaidh na chéad dámhachtana conartha nó le linn bhliain fhioscach an eintitis soláthair.

7. I gcás soláthar trí léas, cíos, nó fruilcheannach earraí nó seirbhísí, nó soláthar nach bhfuil praghas iomlán sonraithe ina leith, is éard a bheidh sa bhonn luachála:

(a) i gcás conradh ar théarma seasta:

(i) más é 12 mhí nó níos giorra tréimhse an chonartha, an t-uasluach measta iomlán i ndáil le fad na tréimhse sin; nó

(ii) más é breis agus 12 mhí tréimhse an chonartha, an t-uasluach measta iomlán, lena n-áirítear aon luach iarmharach measta;

(b) más i leith tréimhse éiginnte atá an conradh, an tráthchuid mhíosúil mheasta arna hiolrú faoi 48;

(c) mura bhfuil sé cinnte an conradh téarma seasta a bheidh sa chonradh, beidh feidhm ag fomhír (b).

Airteagal 21.3

Slándáil agus Eisceachtaí Ginearálta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní chun cosc a chur ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó gan aon fhaisnéis a nochtadh a mheasann sé a bhfuil gá leis an méid sin ar mhaithe le cosaint a leasanna fíor-riachtanacha slándála a bhaineann le soláthar airm, armlóin nó ábhar cogaidh, nó a bhaineann le soláthar atá fíor-riachtanach ó thaobh na slándála náisiúnta de nó chun críocha na cosanta náisiúnta.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní chun cosc a chur ar Pháirtí bearta a fhorchur nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar gá iad chun an mhoráltacht phoiblí, an t-ord poiblí nó sábháilteacht an phobail a chosaint;

(b) ar bearta iad is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar gá iad chun maoin intleachtúil a chosaint, nó

(d) ar bearta iad a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a bhaineann le daoine atá faoi mhíchumas, le hinstitiúidí daonchairdiúla nó le saothar a dhéantar i bpríosúin.

Airteagal 21.4

Prionsabail Ghinearálta

Neamh-idirdhealú

1. D'ainneoin raon feidhme an chur i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 21.2, fiontar de chuid Páirtí, ar fiontar é atá bunaithe go dlíthiúil trí chomhdhéanamh, éadáil nó coinneáil ar bun láithreachta tráchtála i gcríoch an Pháirtí eile, féadfaidh sé a bheith rannpháirteach i soláthar rialtais a bhaineann leis an bPáirtí eile faoi na coinníollacha céanna faoina mbíonn fiontair an Pháirtí eile, mar a fhoráiltear faoi dhlí an Pháirtí eile sin.

2. Maidir le haon bheart i ndáil le soláthar faoi chumhdach, déanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, cóir a chur, láithreach agus gan choinnioll, ar earraí agus seirbhísí de chuid an Pháirtí eile agus ar sholáthróirí de chuid an Pháirtí eile a chuireann earraí nó seirbhísí den sórt sin ar fáil, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a chuireann an Páirtí eile, lena n-áirítear a eintitis soláthair, ar a chuid earraí, seirbhísí agus soláthróirí féin.

3. Maidir le haon bheart i ndáil le soláthar faoi chumhdach, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair:

(a) cóir is lú fabhar a chur ar sholáthróir atá bunaithe go háitiúil ná mar a chuirtear ar sholáthróir eile atá bunaithe go háitiúil ar bhonn mhéid na cleamhnachta nó na húinéireachta eachtraí; nó

(b) idirdhealú in aghaidh soláthróir atá bunaithe go háitiúil ar an mbonn gur earraí nó seirbhísí den Pháirtí eile iad na hearraí nó na seirbhísí a thairgeann an soláthróir i leith soláthar áirithe.

Modhanna Leictreonacha a Úsáid

4. Agus soláthar faoi chumhdach á dhéanamh trí mheán leictreonach, déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé go ndéanfar an soláthar trí úsáid a bhaint as córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le fíordheimhniú agus criptiú faisnéise, atá ar fáil i gcoitinne agus atá idir-inoibritheach le córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise eile atá ar fáil i gcoitinne;

(b) sásraí a choinneáil ar bun lena n-áirithítear sláine iarratas ar rannpháirtíocht agus sláine tairiscintí, lena n-áirítear tráth na fála a shuí agus rochtain mhíchuí a chosc; agus

(c) meán leictreonach faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun fógraí agus doiciméadacht tairisceana i nósanna imeachta soláthair a fhoilsiú agus, a mhéid is féidir, chun tairiscintí a chur isteach.

Seoladh Soláthair

5. Déanfaidh eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach ar bhealach trédhearcach agus neamhchlaonta:

(a) atá comhsheasmhach leis an gCaibidil seo, ag baint úsáid as ceann de na modhanna seo a leanas: nós imeachta tairisceana oscailte, nós imeachta tairisceana ar cuireadh nó nós imeachta tairisceana teoranta;

(b) lena gcuirtear cosc ar choinbhleachtaí leasa agus cleachtais éillitheacha i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann.

Bearta Frithéillithe

6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh bearta iomchuí ar bun aige chun cosc a chur ar éilliú ina sholáthar rialtais. Áireofar sna bearta sin nósanna imeachta chun soláthróirí a dhéanamh neamh-incháilithe le haghaidh rannpháirtíocht i soláthairtí Pháirtí, go ceann tréimhse éiginnte nó go ceann tréimhse shainráite, ar soláthróirí iad a shuigh údaráis bhreithiúnacha an Pháirtí sin trí chinneadh críochnaitheach go ndearna siad gníomhaíochtaí calaoiseacha nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile i ndáil le soláthar rialtais i gcríoch an Pháirtí sin. Áiritheoidh gach Páirtí freisin go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ar bun acu chun aon choinbhleacht leasa féideartha ar thaobh iad siúd a bhíonn i mbun soláthair nó a mbíonn tionchar acu ar sholáthar a dhíothú a mhéid is féidir nó a bhainistiú.

Rialacha Tionscnaimh

7. Ní chuirfidh Páirtí rialacha tionscnaimh i bhfeidhm maidir le hearraí a allmhairítear ón bPáirtí eile nó seirbhísí a sholáthraíonn an Páirtí eile chun críoch soláthair rialtais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, ar rialacha iad nach ionann iad agus na rialacha tionscnaimh a chuireann an Páirtí sin i bhfeidhm i ngnáthchúrsa na trádála i leith allmhairí nó soláthairtí de na hearraí nó na seirbhísí céanna.

Diúltú Sochar

8. Féadfaidh Páirtí diúltú do shochair na Caibidle seo a thabhairt do sholáthróir seirbhíse den Pháirtí eile, faoi réir fógra a thabhairt agus dul i gcomhairle roimh ré, i gcás ina suíonn an Páirtí go bhfuil an tseirbhís á soláthar ag fiontar nach bhfuil aon ghníomhaíocht ghnó shubstaintiúil ar bun aige i gcríoch ceachtar Páirtí.

Fritháirimh

9. Maidir le soláthar faoi chumhdach, ní fhéachfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, le haon fhritháireamh a fháil, ní chuirfidh sé aon fhritháireamh san áireamh, ní fhorchuirfidh sé aon fhritháireamh ná ní fhorfheidhmeoidh sé aon fhritháireamh.

Bearta nach mbaineann go sonrach le Soláthar

10. Níl feidhm ag míreanna 2 agus 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dleachtanna custaim agus muirir de chineál ar bith a fhorchuirtear ar allmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú;

(b) an chaoi a ndéantar na dleachtanna agus na muirir sin a thobhach; agus

(c) rialacháin nó foirmiúlachtaí allmhairiúcháin eile agus bearta a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí seachas bearta lena rialaítear soláthar faoi chumhdach.

Airteagal 21.5

Faisnéis faoin gCóras Soláthair

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) aon dlí, rialachán, cinneadh breithiúnach, rialú riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta aige, clásal conartha caighdeánach arna shainordú le dlí nó rialachán agus arna ionchorprú trí thagairt i bhfógraí nó i ndoiciméadacht agus nós imeachta tairisceana maidir le soláthar faoi chumhdach, agus aon mhodhnú orthu, a fhoilsiú go pras i meán leictreonach nó meán páipéir arna ainmniú go foirmiúil, a scaiptear go forleathan agus a mbíonn rochtain éasca ag an bpobal air; agus

(b) míniú air sin a sholáthar don Pháirtí eile, arna iarraidh sin.

2. Déanfaidh gach Páirtí liosta i Roinn I d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B faoi seach den mhéid seo a leanas:

(a) an meán leictreonach nó an meán páipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí an fhaisnéis a dtugtar tuairisc uirthi i mír 1(a);

(b) an meán leictreonach nó an meán páipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí na fógraí a cheanglaítear le hAirteagail 21.6, 21.8.7 agus 21.15.2; agus

(c) seoladh an tsuímh ghréasáin nó seoltaí na suíomhanna gréasáin ar a bhfoilsíonn an Páirtí:

(i) a staidreamh soláthair dá dtagraítear in Airteagal 21.15.4; nó

(ii) a chuid fógraí maidir le conarthaí arna ndámhachtain de bhun Airteagal 21.15.6.

3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra go pras don Fhochoiste um Sholáthar Poiblí maidir le haon mhodhnú arna dhéanamh ar an bhfaisnéis dá chuid a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B.

Airteagal 21.6

Fógraí

Fógra faoi Sholáthar Beartaithe

1. I gcás gach soláthair faoi chumhdach, foilseoidh eintiteas soláthair fógra faoi sholáthar beartaithe, ach amháin sna himthosca a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 21.12.

2. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, áireofar le gach fógra faoi sholáthar beartaithe:

(a) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha uile a fháil a bhaineann leis an soláthar, agus a gcostas agus a dtéarmaí íocaíochta, más ann dóibh;

(b) tuairisc ar an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta;

(c) i gcás conarthaí athfhillteacha, meastachán, más féidir, ar uainiú fógraí ina dhiaidh sin faoi sholáthar beartaithe;

(d) tuairisc ar aon rogha;

(e) an tráthchlár i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sheachadadh, nó fad an chonartha;

(f) an modh soláthair a úsáidfear agus cé acu a bheidh nó nach mbeidh caibidlíocht nó ceant leictreonach i gceist leis;

(g) más infheidhme, an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh iarrataí ar rannpháirtíocht sa soláthar a chur isteach;

(h) an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh tairiscintí a chur isteach;

(i) an teanga nó na teangacha ina bhféadfar tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, más féidir iad a chur isteach i dteanga seachas teanga oifigiúil de chuid Pháirtí an eintitis soláthair;

(j) liosta d'aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht, agus tuairisc ghearr ar na coinníollacha sin, lena n-áirítear aon cheanglas maidir le doiciméid nó deimhnithe sonracha atá le soláthar ag soláthróirí i leith rannpháirtíocht den sórt sin, mura n-áirítear na ceanglais sin i ndoiciméadacht tairisceana a chuirfear ar fáil do na soláthróirí leasmhara go léir an tráth céanna leis an bhfógra faoi sholáthar beartaithe;

(k) más rud é, de bhun Airteagal 21.8, go bhfuil sé ar intinn ag eintiteas soláthair líon teoranta soláthróirí cáilithe a roghnú a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach, na critéir a úsáidfear chun iad a roghnú agus, más infheidhme, aon teorainn ar líon na soláthróirí cáilithe a gceadófar dóibh tairiscint a chur isteach; agus

(l) léiriú go bhfuil an soláthar faoi chumhdach leis an gCaibidil seo.

Fógra Achomair

3. I leith gach cáis soláthair bheartaithe, foilseoidh eintiteas soláthair fógra achomair a bhfuil rochtain éasca air, an tráth céanna a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe, i gceann de theangacha EDT.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san fhógra achomair:

(a) ábhar an tsoláthair;

(b) an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach nó, más infheidhme, aon dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí a chur isteach ar rannpháirtíocht nó ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide; agus

(c) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a iarraidh.

Fógra faoi Sholáthar Pleanáilte

4. Moltar d'eintitis soláthair fógra a fhoilsiú a luaithe is féidir i ngach bliain fhioscach maidir lena bpleananna soláthair sa todhchaí (dá ngairtear 'fógra faoi sholáthar pleanáilte' anseo feasta). Ba cheart a áireamh san fhógra faoi sholáthar pleanáilte ábhar an tsoláthair agus neasdáta fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe nó an neastréimhse a bhféadfaí an soláthar a dhéanamh lena linn.

5. Maidir le heintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B féadfaidh sé fógra faoi sholáthar pleanáilte a úsáid mar fhógra faoi sholáthar beartaithe ar choinníoll go n-áirítear san fhógra faoi sholáthar pleanáilte an oiread den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 atá ar fáil don eintiteas soláthair agus ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair.

Rialacha Ginearálta maidir le Fógraí

6. Na fógraí uile faoi sholáthar beartaithe, fógraí achomair agus fógraí faoi sholáthar pleanáilte, beidh siad inrochtana go díreach trí mheán leictreonach, saor in aisce, trí phointe rochtana aonair ar líne. Ina theannta sin, féadfar na fógraí a fhoilsiú freisin i meán páipéir iomchuí a scaiptear go forleathan agus beidh rochtain éasca ag an bpobal ar na fógraí sin, ar a laghad go dtí go mbeidh an tréimhse a luaitear san fhógra imithe in éag.

Airteagal 21.7

Coinníollacha maidir le Rannpháirtíocht

1. Déanfaidh eintiteas soláthair aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht i soláthar a theorannú dóibh siúd atá fíor-riachtanach lena áirithiú go mbeidh na hacmhainneachtaí dlíthiúla agus airgeadais agus an cumas tráchtála agus teicniúil ag soláthróir chun an soláthar ábhartha a ghabháil ar láimh.

2. Agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht á suí, déanfaidh eintiteas soláthair mar a leanas:

(a) ní fhorchuirfidh sé an coinníoll, chun go bhféadfaidh soláthróir páirt a ghlacadh i soláthar, go ndearna eintiteas soláthair de chuid Páirtí conradh amháin nó níos mó a dhámhachtain ar an soláthróir roimhe sin;

(b) féadfaidh sé a cheangal go mbeadh taithí ábhartha roimh ré más fíor-riachtanach í chun ceanglais an tsoláthair a chomhlíonadh; agus

(c) ní cheanglóidh sé taithí roimh ré i gcríoch an Pháirtí a bheith mar choinníoll den soláthar.

3. Agus é á mheasúnú aige cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht, déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) meastóireacht ar acmhainneacht airgeadais agus ar chumais tráchtála agus theicniúla soláthróra ar bhonn ghníomhaíochtaí gnó an tsoláthróra sin laistigh de chríoch Pháirtí an eintitis soláthair agus lasmuigh den chríoch sin araon; agus

(b) bunóidh sé a mheastóireacht ar na coinníollacha a bheidh sonraithe aige roimh ré i bhfógraí nó i ndoiciméadacht tairisceana.

4. Más ann d'fhianaise thacaíochta, féadfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, soláthróir a eisiamh ar fhorais amhail:

(a) féimheacht;

(b) dearbhuithe bréagacha;

(c) easnaimh nach beag nó easnaimh leanúnacha i ndáil le haon cheanglas substainteach nó aon oibleagáid shubstainteach a fheidhmiú faoi chonradh roimh ré;

(d) breithiúnais chríochnaitheacha i leith coireanna tromchúiseacha nó cionta tromchúiseacha eile faoi dhlí an Pháirtí sin;

(e) mí-iompar gairmiúil nó gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha lena dtugtar léargas diúltach ar ionracas tráchtála an tsoláthróra; nó

(f) mainneachtain cánacha a íoc.

Airteagal 21.8

Cáilíocht Soláthróirí

Córais Chlárúcháin agus Nósanna Imeachta Cáilíochta

1. Féadfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, córas clárúcháin soláthróirí a choinneáil ar bun faoina gceanglaítear ar sholáthróirí leasmhara clárú agus faisnéis áirithe a sholáthar. Sa chás sin, áiritheoidh an Páirtí go mbeidh rochtain iomlán ag soláthróirí leasmhara ar fhaisnéis faoin gcóras clárúcháin trí mheán leictreonach agus go bhféadfaidh siad clárúchán a iarraidh tráth ar bith le linn bhailíocht an chórais. Cuirfidh an t-údarás inniúil ar an eolas iad laistigh de thréimhse réasúnta faoin gcinneadh maidir leis an iarraidh sin a dheonú nó a dhiúltú. I gcás ina ndiúltófar an iarraidh, beidh an cinneadh cuí-réasúnaithe.

2. Áiritheoidh gach Páirtí:

(a) go ndéanfaidh a eintitis soláthair iarrachtaí chun difríochtaí idir a nósanna imeachta cáilíochta a íoslaghdú; agus

(b) i gcás ina gcoinníonn a eintitis soláthair córais chlárúcháin ar bun, go ndéanfaidh na heintitis soláthair iarrachtaí difríochtaí idir a gcórais chlárúcháin a íoslaghdú.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, córas clárúcháin nó nós imeachta cáilíochta a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm a bhfuil sé de chuspóir aige nó d'éifeacht aige bacainní gan ghá a chruthú ar rannpháirtíocht soláthróirí de chuid an Pháirtí eile ina sholáthar féin.

Nós imeachta Tairisceana ar Cuireadh

4. Má tá sé ar intinn ag eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana ar cuireadh a úsáid, déanfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:

(a) áireoidh sé san fhógra faoi sholáthar beartaithe an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 21.6.2 (a), (b), (f) (g), (j), (k) agus (l) ar a laghad agus iarrfaidh sé ar sholáthróirí iarraidh ar rannpháirtíocht a chur isteach; agus

(b) faoi thosach na tréimhse le haghaidh tairiscint a chur isteach, soláthróidh sé an fhaisnéis atá in Airteagal 21.6.2 (c), (d), (e), (h) agus (i), ar a laghad, do na soláthróirí cáilithe a dtugann sé fógra dóibh mar a shonraítear in Airteagal 21.10.3(b).

5. Ceadóidh eintiteas soláthair do gach soláthróir cáilithe a bheith rannpháirteach i soláthar áirithe, ach amháin má shonraíonn an t-eintiteas soláthair san fhógra faoi sholáthar beartaithe aon teorainn ar an líon soláthróirí cáilithe a gceadófar dóibh tairiscint a dhéanamh, agus na critéir maidir leis an líon teoranta soláthróirí a roghnú. Díreofar cuireadh chun tairisceana ar roinnt soláthróirí cáilithe is gá chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú.

6. Mura gcuirfear an doiciméadacht tairisceana ar fáil go poiblí ó dháta foilsithe an fhógra faoi sholáthar beartaithe, áiritheoidh eintiteas soláthair go gcuirfear na doiciméid sin ar fáil an tráth céanna do na soláthróirí cáilithe uile a roghnaítear i gcomhréir le mír 5.

Liostaí Ilúsáide

7. Féadfaidh eintiteas soláthair liosta ilúsáide a choinneáil ar bun ar choinníoll go bhfoilsítear gach bliain, sa mheán iomchuí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinní 21-A agus 21-B i bhfógra ina n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar an liosta, agus má fhoilsítear an liosta trí mheán leictreonach, féadfaidh an t-eintiteas é a chur ar fáil ar bhonn leantach.

8. Áireofar san fhógra dá bhforáiltear i mír 7:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí, nó ar chatagóirí díobh, a bhféadfar an liosta a úsáid ina leith;

(b) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht nach mór do sholáthróirí a chomhlíonadh i dtaobh a bheith san áireamh ar an liosta agus na modhanna a úsáidfidh an t-eintiteas soláthair lena fhíorú go gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha;

(c) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha uile a fháil a bhaineann leis an liosta;

(d) tréimhse bhailíochta an liosta agus na modhanna chun é a athnuachan nó a fhoirceannadh, nó, mura soláthraítear an tréimhse bhailíochta, léiriú ar an gcaoi a dtabharfar fógra maidir le húsáid an liosta a fhoirceannadh; agus

(e) léiriú go bhféadfar an liosta a úsáid le haghaidh soláthar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

9. D'ainneoin mhír 7, má bhíonn liosta ilúsáide bailí ar feadh 3 bliana nó níos lú, féadfaidh eintiteas soláthair gan an fógra dá dtagraítear i mír 7 a fhoilsiú ach aon uair amháin, ag tús thréimhse bhailíochta an liosta, ar choinníoll, maidir leis an bhfógra:

(a) go sonrófar ann tréimhse na bailíochta agus nach bhfoilseofar a thuilleadh fógraí; agus

(b) go bhfoilseofar trí mheán leictreonach é agus go gcuirfear ar fáil go leanúnach é le linn thréimhse a bhailíochta.

10. Ceadóidh eintiteas soláthair do sholáthróirí iarratas a dhéanamh tráth ar bith ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide agus áireoidh sé na soláthróirí cáilithe uile ar an liosta laistigh de thréimhse réasúnta gearr.

11. Má dhéanann soláthróir nach n-áirítear ar liosta ilúsáide iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht i soláthar bunaithe ar liosta ilúsáide chomh maith leis na doiciméid uile a cheanglaítear, laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 21.10.2, déanfaidh eintiteas soláthair scrúdú ar an iarraidh. Ní dhéanfaidh an t-eintiteas soláthair an soláthróir a eisiamh óna bheith measta i leith an tsoláthair ar na forais nach bhfuil am leordhóthanach ag an eintiteas soláthair chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, mura rud é, i gcásanna eisceachtúla, de dheasca chastacht an tsoláthair, nach bhfuil an t-eintiteas soláthair in ann an scrúdú ar an iarraidh a chur i gcrích laistigh den tréimhse a cheadaítear chun tairiscintí a chur isteach.

Eintiteas eile de Ranna B agus C d'Iarscríbhinní 21-A agus 21-B.

12. Eintiteas soláthair de chuid Páirtí a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B féadfaidh sé úsáid a bhaint as fógra ina n-iarrtar ar sholáthróirí iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide mar fhógra faoi sholáthar beartaithe, ar choinníoll:

(a) go bhfoilseofar an fógra i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo agus go n-áireofar ann an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 8 den Airteagal seo, an oiread den fhaisnéis a cheanglaítear in Airteagal 21.6.2 a bheidh ar fáil, agus ráiteas gur fógra faoi sholáthar beartaithe é nó nach bhfaighidh ach na soláthróirí ar an liosta ilúsáide a thuilleadh fógraí soláthair a chumhdaítear leis an liosta ilúsáide; agus

(b) maidir le soláthróirí ag a bhfuil sé curtha in iúl go bhfuil leas acu i soláthar ar leith, go soláthróidh an t-eintiteas soláthair faisnéis leordhóthanach go pras dóibh chun go bhféadfaidh siad measúnú a dhéanamh ar a leas sa soláthar, lena n-áirítear an fhaisnéis uile eile a cheanglaítear in Airteagal 21.6.2, a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil.

13. Eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B, féadfaidh sé cead a thabhairt do sholáthróir, ar soláthróir é a rinne iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide i gcomhréir le mír 10, tairiscint a chur isteach i leith soláthar ar leith, má tá a dhóthain ama ag an eintiteas soláthair chun scrúdú a dhéanamh le féachaint an gcomhlíonann an soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht.

Faisnéis faoi Chinntí ó Eintitis Soláthair

14. Aon soláthróir a chuirfidh isteach iarraidh ar rannpháirtíocht i soláthar, nó iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, cuirfidh eintiteas soláthair ar an eolas go pras é maidir lena chinneadh i ndáil leis an iarraidh nó an iarratas.

15. Má dhiúltaíonn eintiteas soláthair d'iarraidh ó sholáthróir ar rannpháirtíocht i soláthar nó d'iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, má scoireann sé de sholáthróir a aithint mar sholáthróir cáilithe, nó má bhaineann sé soláthróir de liosta ilúsáide, cuirfidh an t-eintiteas soláthair an soláthróir ar an eolas faoi sin go pras agus, arna iarraidh sin don soláthróir, soláthróidh sé míniú i scríbhinn go pras don soláthróir ar na cúiseanna lena chinneadh.

Airteagal 21.9

Sonraíochtaí Teicniúla agus Doiciméadacht Tairisceana

Sonraíochtaí Teicniúla

1. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair aon sonraíocht theicniúil a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm, ná ní fhorordóidh sé aon nós imeachta um measúnú comhréireachta a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht aige bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil idir na Páirtithe a chruthú.

2. Agus na sonraíochtaí teicniúla maidir leis na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar á bhforordú, déanfaidh eintiteas soláthair, más iomchuí:

(a) an tsonraíocht theicniúil a leagan amach i dtéarmaí ceanglais feidhmíochta agus ceanglais fheidhmiúla, seachas saintréithe dearaidh nó saintréithe tuairisciúla; agus

(b) an tsonraíocht theicniúil a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta, más ann do chaighdeáin den sórt sin, nó murach sin déanfaidh sé iad a bhunú ar rialacháin theicniúla náisiúnta, ar chaighdeáin náisiúnta aitheanta nó ar chóid tógála.

3. Má leagtar amach saintréithe dearaidh nó tuairisciúla sna sonraíochtaí teicniúla, ba cheart d'eintiteas soláthair a léiriú, más iomchuí, go measfaidh sé tairiscintí earraí nó seirbhísí coibhéiseacha ar léir go gcomhlíonann siad ceanglais an tsoláthair trí fhocail amhail 'nó a choibhéis' a chur san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

4. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair sonraíochtaí teicniúla a leagan amach lena gceanglaítear trádmharc nó trádainm, paitinn, cóipcheart, dearadh, cineál, tionscnamh sonrach, táirgeoir nó soláthróir áirithe, nó lena dtagraítear do cheann áirithe díobh sin, mura rud é nach ann d'aon bhealach sách beacht ná intuigthe chun tuairisc a thabhairt ar na ceanglais soláthair agus ar choinníoll go gcuirfidh an t-eintiteas soláthair focail amhail 'nó a choibhéis' san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

5. I gcás eintiteas soláthair, ní dhéanfaidh sé comhairle a lorg nó a ghlacadh, ar bhealach a mbeadh sé d'éifeacht aige iomaíocht a chosc, ó dhuine a bhféadfadh leas tráchtála a bheith aige sa soláthar, ar comhairle í ar féidir í a úsáid chun aon sonraíocht theicniúil i leith soláthar sonrach a ullmhú nó a ghlacadh.

6. Féadfaidh Páirtí a cheadú dá eintitis soláthair breithnithe comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh, ar choinníoll go mbeidh siad neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh siad nasctha le hábhar an chonartha.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, i gcomhréir leis an Airteagal seo, sonraíochtaí teicniúla a ullmhú, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm chun caomhnú acmhainní nádúrtha a chur chun cinn nó chun an comhshaol a chosaint.

Doiciméadacht Tairisceana

8. Cuirfidh eintiteas soláthair doiciméadacht tairisceana ar fáil do sholáthróirí ina n-áireofar an fhaisnéis uile is gá lena cheadú do sholáthróirí tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach. Mura bhfuil sí soláthartha cheana san fhógra faoi sholáthar beartaithe, áireofar sa doiciméadacht sin tuairisc iomlán ar an méid seo a leanas:

(a) an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, mura bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta agus aon cheanglas atá le comhlíonadh, lena n-áirítear aon sonraíocht theicniúil, aon deimhniúchán um measúnú comhréireachta, aon phlean, aon líníocht nó aon ábhar teagaisc;

(b) aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht soláthróirí, lena n-áirítear liosta faisnéise agus doiciméad a gceanglaítear ar sholáthróirí iad a chur isteach i ndáil leis na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht;

(c) na critéir mheastóireachta uile a chuirfidh an t-eintiteas soláthair i bhfeidhm agus an conradh á dhámhachtain agus, murab é an praghas an t-aon chritéar amháin, tábhacht choibhneasta na gcritéar sin;

(d) más rud é go ndéanfaidh an t-eintiteas soláthair an soláthar trí mhodhanna leictreonacha, aon cheanglas fíordheimhniúcháin agus criptiúcháin nó aon cheanglas eile a bhaineann le faisnéis agus doiciméid a chur isteach trí mhodhanna leictreonacha;

(e) má tá an t-eintiteas soláthair chun ceant leictreonach a chur ar bun, na rialacha, lena n-áirítear sainaithint na n-eilimintí den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, ar ar a bhonn a dhéanfar an ceant;

(f) más rud é go n-osclófar tairiscintí go poiblí, an dáta, an t-am agus an áit a n-osclófar iad agus, más iomchuí, na daoine atá údaraithe le bheith i láthair;

(g) aon téarma nó coinníoll eile, lena n-áirítear téarmaí íocaíochta agus aon teorainn ar na modhanna trína bhféadfar tairiscintí a chur isteach, amhail cibé acu ar pháipéar nó trí mheán leictreonach a chuirfear isteach iad; agus

(h) aon dáta maidir le seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí.

9. Agus aon dáta á shocrú le haghaidh seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí atá á soláthar, cuirfidh eintiteas soláthair san áireamh tosca amhail castacht an tsoláthair, méid na fochonraitheoireachta a bhfuil coinne leis agus an tréimhse réalaíoch a cheanglaítear chun earraí a tháirgeadh, a dhístocáil agus a iompar ón bpointe soláthair nó chun seirbhísí a sholáthar.

10. I measc na gcritéar meastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana, féadfar a áireamh, i measc nithe eile, praghas agus tosca praghais eile, cáilíocht, fiúntas teicniúil, tréithe comhshaoil agus téarmaí seachadta.

11. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas go pras:

(a) doiciméadacht tairisceana a chur ar fáil lena áirithiú go mbeidh a ndóthain ama ag soláthróirí leasmhara chun tairiscintí inghlactha a chur isteach;

(b) an doiciméadacht tairisceana a sholáthar, arna iarraidh sin, d'aon soláthróir leasmhar; agus

(c) freagra a thabhairt ar aon iarraidh réasúnta ar fhaisnéis ábhartha ó aon soláthróir leasmhar nó aon soláthróir rannpháirteach, ar choinníoll nach dtabharfar buntáiste leis an bhfaisnéis sin don soláthróir sin thar sholáthróirí eile.

Modhnuithe

12. Más rud é go ndéanfaidh eintiteas soláthair modhnú ar na critéir nó na ceanglais a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana a sholáthraítear do sholáthróirí rannpháirteacha, sula ndámhfar conradh, nó go ndéanfaidh sé fógra nó doiciméadacht tairisceana a leasú nó a atheisiúint, tarchuirfidh sé, i scríbhinn, gach modhnú den sórt sin nó fógra nó doiciméadacht tairisceana leasaithe nó atheisithe:

(a) chuig na soláthróirí uile atá rannpháirteach tráth an mhodhnaithe, an leasaithe nó na hatheisiúna, más eol don eintiteas soláthair na soláthróirí sin, agus, i ngach cás eile, ar an mbealach céanna ar cuireadh an fhaisnéis bhunaidh ar fáil; agus

(b) in am trátha chun ligean do na soláthróirí sin tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a athchur isteach, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 21.10

Tréimhsí

1. Déanfaidh eintiteas soláthair, i gcomhréir lena riachtanais réasúnta féin, tréimhsí leordhóthanacha a sholáthar do sholáthróirí chun iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach, agus tosca á gcur san áireamh amhail:

(a) cineál agus castacht an tsoláthair;

(b) méid na fochonraitheoireachta a réamh-mheastar; agus

(c) an t-am is gá chun tairiscintí a tharchur trí mheán neamhleictreonach ó phointí atá lonnaithe sa Pháirtí eile nó i gcríoch an Pháirtí soláthair, mura n-úsáidtear meán leictreonach.

Na tréimhsí sin, lena n-áirítear aon síneadh orthu, is mar an gcéanna a bheidh siad le haghaidh na soláthróirí leasmhara nó rannpháirteacha uile.

2. Eintiteas soláthair a úsáideann nós imeachta tairisceana ar cuireadh, suífidh sé nach mbeidh an dáta deiridh le haghaidh iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, i bprionsabal, níos luaithe ná 25 lá ó dháta foilsithe an fhógra faoi sholáthar beartaithe. Má fhágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair go bhfuil an tréimhse sin dofheidhmithe, féadfar an tréimhse a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá.

3. Ach amháin mar a fhoráiltear dó i míreanna 4, 5, 7 agus 8, suífidh eintiteas soláthair nach mbeidh an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach níos luaithe ná 40 lá ón dáta:

(a) i gcás nós imeachta tairisceana oscailte, a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; nó

(b) ar a dtabharfaidh an t-eintiteas soláthair fógra do sholáthróirí go n-iarrfar orthu tairiscintí a chur isteach, cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sé liosta ilúsáide, i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh.

4. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach gairide ná 10 lá más rud é:

(a) go bhfuil fógra faoi sholáthar pleanáilte foilsithe ag an eintiteas soláthair dá dtagraítear in Airteagal 21.6.4 40 lá ar a laghad ach tráth nach mó ná 12 mhí roimh fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus go bhfuil na nithe seo a leanas san fhógra faoi sholáthar pleanáilte:

   (i) tuairisc ar an soláthar;

   (ii) na neas-spriocdhátaí maidir le cur isteach tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht;

   (iii) ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair;

   (iv) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a fháil; agus

   (v) an oiread den fhaisnéis atá ar fáil a cheanglaítear le haghaidh an fhógra faoi sholáthar beartaithe faoi Airteagal 21.6.2;

(b) go léireoidh an t-eintiteas soláthair, le haghaidh conarthaí de chineál athfhillteach, i bhfógra tosaigh faoi sholáthar beartaithe, go soláthrófar i bhfógraí ina dhiaidh sin tréimhsí tairisceana bunaithe ar an mír seo; nó

(c) go bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair gur dofheidhmithe an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3.

5. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú 5 lá le haghaidh gach ceann de na himthosca seo a leanas:

(a) foilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe trí mheán leictreonach;

(b) cuirfear an doiciméadacht tairisceana go léir ar fáil trí mheán leictreonach ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; agus

(c) glacfaidh an t-eintiteas soláthair le tairiscintí trí mheán leictreonach.

6. Ní bheidh sé ina thoradh i gcás ar bith ar chur i bhfeidhm mhír 5, i gcomhar le mír 4, go laghdófar an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 chuig tréimhse is gairide ná 10 lá ón dáta a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe.

7. D'ainneoin aon fhoráil eile den Airteagal seo, má cheannaíonn eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, nó aon teaglaim díobh, féadfaidh sé an tréimhse le haghaidh tairisceana arna suí i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 13 lá, ar choinníoll go bhfoilseoidh sé trí mheán leictreonach, an tráth céanna, an fógra faoi sholáthar beartaithe agus an doiciméadacht tairisceana araon. Ina theannta sin, má ghlacann an t-eintiteas soláthair le tairiscintí le haghaidh earraí nó seirbhísí tráchtála trí mheán leictreonach, féadfaidh sé an tréimhse a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá.

8. Má tá na soláthróirí cáilithe uile nó líon teoranta díobh roghnaithe ag eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B, féadfar an tréimhse a chinneadh le haghaidh tairiscint trí chomhaontú frithpháirteach idir an t-eintiteas soláthair agus na soláthróirí roghnaithe. In éagmais comhaontú, ní bheidh an tréimhse níos gairide ná 10 lá.

Airteagal 21.11

Caibidlíocht

1. Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go ndéanfaidh a eintitis soláthair caibidlíocht le soláthróirí más rud é:

(a) gur léirigh an t-eintiteas soláthair go mbeartaíonn sé caibidlíocht a dhéanamh san fhógra faoi sholáthar beartaithe a cheanglaítear de bhun Airteagal 21.6.1; nó

(b) gur dealraitheach ón meastóireacht nach léir go bhfuil aon tairiscint ar an gceann is buntáistí ó thaobh na gcritéar meastóireachta sonrach a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana.

2. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé, i gcás aon díothú soláthróirí a ghlacfaidh páirt i gcaibidlíocht, go ndéanfar é i gcomhréir leis na critéir mheastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana; agus

(b) nuair a thugtar caibidlíocht chun críche, tabharfaidh sé dáta deiridh coiteann do na soláthróirí rannpháirteacha atá fágtha i dtaobh aon tairisceana nua nó tairiscint athbhreithnithe a chur isteach.

Airteagal 21.12

Nós Imeachta Tairisceana Teoranta

1. Ar choinníoll nach n-úsáidfear é chun iomaíocht a sheachaint i measc soláthróirí nó ar bhealach lena ndéantar idirdhealú in aghaidh soláthróirí de chuid an Pháirtí eile nó lena gcosnaítear soláthróirí intíre, féadfaidh eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana teoranta a úsáid agus a roghnú gan Airteagail 21.6 go 21.8, 21.9.8 go 21.9.12 agus Airteagail 21.10, 21.11, 21.13 agus 21.14 a chur i bhfeidhm in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) ar choinníoll nach n-athrófar ceanglais na doiciméadachta tairisceana go substaintiúil más rud é:

(i) nár cuireadh aon tairiscint isteach nó nár iarr aon soláthróir a bheith rannpháirteach;

(ii) nár cuireadh isteach aon tairiscint a chomhlíonann ceanglais fhíor-riachtanacha na doiciméadachta tairisceana;

(iii) nár chomhlíon aon soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht; nó

(iv) gur tairiscintí claonpháirteacha a cuireadh isteach;

(b) mura féidir ach le soláthróir áirithe na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar agus nach ann d'aon earra ná seirbhís mhalartach réasúnta ná d'aon earra ná seirbhís ionaid réasúnta ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(i) is le saothar ealaíne a bhaineann an nós imeachta tairisceana;

(ii) cosaint paitinní, cóipcheart nó ceart eisiach eile; nó

(iii) easpa iomaíochta ar chúiseanna teicniúla;

(c) le haghaidh seachadtaí breise ón soláthróir bunaidh ina bhfuil earraí nó seirbhísí nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh, i gcás athrú soláthróra i dtaobh earraí nó seirbhísí breise den sórt sin:

(i) i gcás nach féidir an t-athrú sin a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh inmhalartacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, bogearraí, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus

(ii) go mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dúbailt shubstaintiúil costas i gcás an eintitis soláthair;

(d) más rud é, agus a mhéid is fíorghá amháin, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach bhféadfadh an t-eintiteas soláthair a thuar, nárbh fhéidir na hearraí ná na seirbhísí a fháil in am trí leas a bhaint as nós imeachta tairisceana oscailte ná nós imeachta tairisceana ar cuireadh;

(e) i leith earraí arna gceannach ar mhargadh tráchtearraí;

(f) má fhaigheann eintiteas soláthair fréamhshamhail nó an chéad earra nó an chéad seirbhís a fhorbraítear arna iarraidh sin dó i gcúrsa conradh áirithe le haghaidh taighde, turgnaimh, staidéir nó forbairt bhunaidh, agus le haghaidh an chonartha áirithe sin;

féadfar a áireamh le forbairt bhunaidh an chéad earra nó na chéad seirbhíse táirgeadh nó soláthar teoranta chun torthaí na tástála allamuigh a chorprú agus lena léiriú go bhfuil an t-earra nó an tseirbhís oiriúnach i gcomhair táirgeadh nó soláthar i gcainníocht atá i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta inghlactha, ach ní áirítear léi táirgeadh ná soláthar cainníochta chun inmharthanacht tráchtála a shuí ná chun costais taighde agus forbartha a aisghabháil;

(g) i ndáil le ceannacháin a dhéantar faoi choinníollacha thar a bheith buntáisteach nach dtagann i gceist ach san fhíor-ghearrthéarma i gcás diúscairtí neamhghnácha amhail iad siúd a eascraíonn as leachtú, glacadóireacht nó féimheacht, ach ní i ndáil le gnáth-cheannacháin ó sholáthróirí tráthrialta; nó

(h) má dhéantar conradh a dhámhachtain ar bhuaiteoir comórtais dearaidh, ar choinníoll:

(i) gur eagraíodh an comórtas ar bhealach atá comhsheasmhach le prionsabail na Caibidle seo, go háirithe iad siúd a bhaineann le fógra faoi sholáthar beartaithe a fhoilsiú; agus

(ii) go ndéanann giúiré neamhspleách moltóireacht ar na rannpháirtithe d'fhonn conradh dearaidh a dhámhachtain ar bhuaiteoir.

2. Ullmhóidh eintiteas soláthair tuarascáil i scríbhinn ar gach conradh arna dhámhachtain faoi mhír 1. Áireofar sa tuarascáil ainm an eintitis soláthair, luach agus cineál na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar agus ráiteas ina léireofar na himthosca agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a bhí ina n-údar le húsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta.

Airteagal 21.13

Ceantanna Leictreonacha

Má tá sé beartaithe ag eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach a dhéanamh ag úsáid ceant leictreonach, cuirfidh an t-eintiteas na nithe seo a leanas ar fáil do gach rannpháirtí, sula gcuirfidh sé tús leis an gceant leictreonach:

(a) an modh meastóireachta uathoibríoch, lena n-áirítear an fhoirmle mhatamaiticiúil, atá bunaithe ar na critéir mheastóireachta a leagtar amach sa doiciméadacht tairisceana agus a úsáidfear sa rangú nó san athrangú uathoibríoch le linn an cheant;

(b) torthaí aon mheastóireachta tosaigh ar eilimintí a thairisceana má tá an conradh le dámhachtain ar bhonn na tairisceana is buntáistí; agus

(c) aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le déanamh an cheant.

Airteagal 21.14

Déileáil le Tairiscintí agus Dámhachtain Conarthaí

Déileáil le Tairiscintí

1. Déanfaidh eintiteas soláthair na tairiscintí uile a fháil agus a oscailt faoi nósanna imeachta lena rathaítear cothroime agus neamhchlaontacht an phróisis soláthair, agus rúndacht tairiscintí.

2. Má sholáthraíonn eintiteas soláthair deis do sholáthróir earráidí neamhbheartaithe foirme a cheartú idir oscailt na dtairiscintí agus dámhachtain an chonartha, soláthróidh an t-eintiteas soláthair an deis chéanna do na soláthróirí rannpháirteacha uile.

Dámhachtain Conarthaí

3. Ionas go ndéanfar í a chur san áireamh i gcomhair dámhachtana, is i scríbhinn a chuirfear tairiscint isteach agus, tráth a hoscailte, comhlíonfaidh sí na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana agus is ó sholáthróir a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht a bheidh sí.

4. Ach amháin má chinneann eintiteas soláthair nach ar mhaithe le leas an phobail é conradh a dhámhachtain, déanfaidh sé an conradh a dhámhachtain don soláthróir cáilithe atá in ann, de réir chinneadh an eintitis soláthair, téarmaí an chonartha a chomhlíonadh, agus a chuir isteach, bunaithe ar na critéir mheastóireachta a shonraítear sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana, agus orthu sin amháin, an méid seo a leanas:

(a) an tairiscint is buntáistí; nó

(b) más é an praghas an t-aon chritéar amháin, an praghas is ísle.

5. Má fhaigheann eintiteas soláthair tairiscint ina bhfuil praghas atá thar a bheith íseal i gcomparáid leis na praghsanna i dtairiscintí eile a cuireadh isteach, féadfaidh sé a dheimhniú leis an soláthróir go gcomhlíonann an soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht agus go bhfuil sé in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh.

6. Ní bhainfidh eintiteas soláthair úsáid as roghanna, ní chuirfidh sé soláthar ar ceal ná ní mhodhnóidh sé conarthaí arna ndámhachtain ar bhealach a théann timpeall ar na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo.

7. Déanfaidh gach Páirtí, mar riail ghinearálta, foráil maidir le tréimhse neamhghníomhaíochta idir dámhachtain agus tabhairt i gcrích conartha chun am leordhóthanach a thabhairt do thairgeoirí mírathúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh dámhachtana agus agóid a dhéanamh ina aghaidh.

Airteagal 21.15

Trédhearcacht Faisnéise Soláthair

Faisnéis a Sholáthraítear do Sholáthróirí

1. Cuirfidh eintiteas soláthair soláthróirí rannpháirteacha ar an eolas go pras faoina chinntí dámhachtana conartha agus, arna iarraidh sin do sholáthróir, déanfaidh sé amhlaidh i scríbhinn. Faoi réir Airteagail 21.16.2 agus21.16.3, déanfaidh eintiteas soláthair, arna iarraidh sin dó, míniú a sholáthar do sholáthróir mírathúil ar na cúiseanna nár roghnaigh an t-eintiteas soláthair a thairiscint agus na buntáistí coibhneasta a bhain le tairiscint an tsoláthróra rathúil.

Foilsiú Faisnéise Dámhachtana

2. Foilseoidh eintiteas soláthair fógra sa mheán páipéir nó leictreonach iomchuí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B tráth nach déanaí ná 72 lá tar éis dámhachtain gach conartha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo. Mura bhfoilseoidh an t-eintiteas soláthair an fógra ach i meán leictreonach, beidh an fhaisnéis inrochtana go héasca ar feadh tréimhse réasúnta. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh san fhógra:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar;

(b) ainm agus seoladh an eintitis soláthair;

(c) ainm agus seoladh an tsoláthróra ar éirigh leis;

(d) luach na tairisceana ar éirigh léi nó luach na dtairiscintí is airde agus is ísle a cuireadh san áireamh agus an conradh á dhámhachtain;

(e) dáta na dámhachtana; agus

(f) an cineál modha soláthair a úsáideadh, agus i gcásanna inar úsáideadh nós imeachta tairisceana teoranta i gcomhréir le hAirteagal 21.12, tuairisc ar na himthosca is údar le húsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta.

Coinneáil ar bun Doiciméadachta, Tuarascálacha agus Inrianaitheachta Leictreonaí

3. Coinneoidh eintiteas soláthair ar bun, go ceann tréimhse 3 bliana ar a laghad ón dáta a dhámhfaidh sé conradh:

(a) an doiciméadacht agus na tuarascálacha maidir le nósanna imeachta tairisceana agus dámhachtainí conartha a bhaineann le soláthar faoi chumhdach, lena n-áirítear na tuarascálacha a cheanglaítear faoi Airteagal 21.12.2; agus

(b) sonraí lena n-áirithítear inrianaitheacht iomchuí dhéanamh an tsoláthair faoi chumhdach trí mheán leictreonach.

Malartú Staidrimh

4. Déanfaidh gach Páirtí staidreamh maidir lena sholáthairtí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a bhailiú agus a mhalartú ar bhonn bliantúil ([68]). Beidh staidreamh sna tuarascálacha staidrimh sin, maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis soláthair uile an Pháirtí lena mbaineann a chumhdaítear faoin gCaibidil seo, ar staidreamh é maidir le luach measta conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh soláthar faoi chumhdach ar bhonn domhanda agus arna mbriseadh síos de réir catagóirí d'eintitis soláthair.

([68]) Tarlóidh an chéad mhalartú faisnéise 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

5. A mhéid a bheidh faisnéis den sórt sin ar fáil, soláthróidh gach Páirtí staidreamh maidir le tír thionscnaimh táirgí agus earraí a cheannaíonn a chuid eintiteas soláthair. D'fhonn a áirithiú go mbeidh staidreamh den sórt sin inchomparáide, soláthróidh an Fochoiste um Sholáthar Poiblí a bunaíodh de bhun Airteagal 21.19 treoraíocht maidir leis na modhanna a bheidh le húsáid. D'fhonn faireachán éifeachtach ar sholáthairtí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a áirithiú, féadfaidh an Chomhairle Trádála a chinneadh na ceanglais a leagtar amach i mír 4 a mhodhnú.

6. Má cheanglaíonn Páirtí nach mór fógraí a bhaineann le conarthaí arna ndámhachtain a fhoilsiú go leictreonach, de bhun mhír 2, agus má tá fógraí den sórt sin inrochtana ag an bpobal trí bhunachar sonraí aonair i bhfoirm lena gceadaítear anailís a dhéanamh ar na conarthaí arna ndámhachtain, féadfaidh an Páirtí, in ionad tuairisciú don Fochoiste um Sholáthar Poiblí, nasc go dtí an suíomh gréasáin a sholáthar, mar aon le haon treoir is gá chun na sonraí sin a rochtain agus a úsáid.

Airteagal 21.16

Nochtadh faisnéise

Faisnéis a Sholáthar do na Páirtithe

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh Páirtí aon fhaisnéis a sholáthar go pras, ar faisnéis í is gá lena chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh soláthar faoi chumhdach go cothrom, go neamhchlaonta agus i gcomhréir leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear faisnéis maidir le saintréithe agus buntáistí coibhneasta na tairisceana rathúla. Ní dhéanfaidh an Páirtí a fhaigheann an fhaisnéis sin í a nochtadh d'aon soláthróir dá mba rud é go ndéanfadh sin dochar don iomaíocht i dtairiscintí a bheidh ann amach anseo, ach amháin tar éis toiliú a fháil ón bPáirtí a sholáthair an fhaisnéis.

Neamhnochtadh Faisnéise

2. D'ainneoin aon fhoráil eile den Chaibidil seo, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, faisnéis a sholáthar d'aon soláthróir áirithe ar faisnéis í lena bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, a údaráis agus a chomhlachtaí athbhreithnithe, faisnéis rúnda a nochtadh dá bhfágfadh an nochtadh sin:

(a) go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí;

(b) go bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí;

(c) go ndéanfaí dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála daoine áirithe, lena n-áirítear cosaint maoine intleachtúla; nó

(d) go mbeifí contrártha ar bhealach eile do leas an phobail.

Airteagal 21.17

Nósanna imeachta athbhreithniúcháin intíre

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le nós imeachta athbhreithniúcháin riaracháin nó breithiúnach, atá tráthúil, éifeachtach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, trína bhféadfaidh soláthróir agóid a dhéanamh in aghaidh an mhéid seo a leanas, i gcomhthéacs soláthair faoi chumhdach ina bhfuil, nó ina raibh, leas ag an soláthróir:

(a) sárú ar an gCaibidil seo; nó

(b) mura mbeidh sé de cheart ag an soláthróir agóid dhíreach a dhéanamh in aghaidh sárú ar an gCaibidil seo faoi dhlí Páirtí, mainneachtain bearta Páirtí lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme a chomhlíonadh.

Is i scríbhinn a bheidh na rialacha nós imeachta maidir le gach agóid agus cuirfear ar fáil i gcoitinne iad.

2. I gcás gearán ó sholáthróir, a thagann chun cinn i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach ina bhfuil, nó ina raibh, leas ag an soláthróir, go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Páirtí an eintitis soláthair a dhéanann an soláthar faoi chumhdach an t-eintiteas soláthair agus an soláthróir a spreagadh chun réiteach a lorg ar an ngearán trí chomhairliúcháin. Déanfaidh an t-eintiteas soláthair breithniú neamhchlaonta agus tráthúil ar aon ghearán den sórt sin ar bhealach nach ndéanann dochar do rannpháirtíocht an tsoláthróra i soláthar faoi chumhdach atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo ná dá cheart chun bearta ceartaitheacha a lorg faoin nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó breithiúnach.

3. Ceadófar tréimhse leordhóthanach do gach soláthróir chun agóid a ullmhú agus a chur isteach, ar tréimhse í nach mbeidh níos lú, in aon chás, ná 10 lá ón tráth a tháinig an soláthróir ar an eolas faoi bhonn na hagóide, nó ar cheart le réasún é a bheith tagtha ar an eolas faoi bhonn na hagóide.

4. Déanfaidh gach Páirtí údarás riaracháin nó údarás breithiúnach neamhchlaonta amháin ar a laghad a bhunú nó a ainmniú atá neamhspleách ar a eintitis soláthair chun agóid a dhéanfaidh soláthróir a fháil agus a athbhreithniú i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach.

5. Má dhéanann comhlacht seachas údarás dá dtagraítear i mír 4 athbhreithniú tosaigh ar agóid, áiritheoidh an Páirtí ábhartha go bhféadfaidh an soláthróir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh tosaigh chuig údarás riaracháin nó breithiúnach neamhchlaonta atá neamhspleách ar an eintiteas soláthair arb é a sholáthar faoi chumhdach is ábhar don agóid.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh comhlacht athbhreithnithe nach cúirt é a chinneadh a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach nó go mbeidh nósanna imeachta aige lena ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh an t-eintiteas soláthair freagra i scríbhinn ar an agóid agus nochtfaidh sé na doiciméid ábhartha uile don chomhlacht athbhreithnithe;

(b) beidh sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí (dá ngairtear ‘rannpháirtithe’ anseo feasta) éisteacht a fháil sula ndéanfaidh an comhlacht athbhreithnithe cinneadh ar an agóid;

(c) beidh sé de cheart ag na rannpháirtithe go ndéanfar ionadaíocht orthu agus go mbeidh duine ina dteannta;

(d) beidh rochtain ag na rannpháirtithe ar na himeachtaí uile;

(e) beidh sé de cheart ag na rannpháirtithe a iarraidh go dtionólfar na himeachtaí go poiblí agus go bhféadfar finnéithe a chur i láthair; agus

(f) déanfaidh an comhlacht athbhreithnithe na cinntí nó na moltaí dá chuid ar bhealach tráthúil, i scríbhinn, agus áireofar leo míniú ar an mbunús le haghaidh gach cinnidh nó molta.

7. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena ndéantar foráil maidir le bearta eatramhacha gasta chun deis an tsoláthróra a bheith rannpháirteach sa soláthar faoi chumhdach a chaomhnú. Féadfaidh fionraí an phróisis soláthair a bheith ina toradh ar na bearta eatramhacha sin. Féadfar a fhoráil le nósanna imeachta den sórt sin go bhféadfar iarmhairtí díobhálacha sáraitheacha do na leasanna lena mbaineann, lena n-áirítear leas an phobail, a chur san áireamh agus é á chinneadh ar cheart bearta eatramhacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Soláthrófar aon réasúnú, i scríbhinn, gan gníomh a dhéanamh.

8. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun freisin lena ndéantar foráil maidir le gníomhaíocht cheartaitheach nó cúiteamh i leith an chaillteanais nó na ndamáistí a baineadh dó nó di, i gcásanna inar chinn comhlacht athbhreithnithe go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1. An cúiteamh i leith an chaillteanais nó na ndamáistí a baineadh dó, féadfaidh sé a bheith teoranta do na costais a bhaineann dó nó di le hullmhú na tairisceana nó do na costais a bhaineann leis an agóid, nó dóibh araon.

Airteagal 21.18

Cumhdach a Mhodhnú agus a Cheartú

1. Féadfaidh an tAontas Eorpach Iarscríbhinn 21-A a mhodhnú nó a cheartú agus féadfaidh Meicsiceo Iarscríbhinn 21-B a mhodhnú nó a cheartú.

Modhnuithe

2. Má bheartaíonn Páirtí Iarscríbhinn 21-A nó 21-B faoi seach a mhodhnú, déanfaidh an Páirtí sin mar a leanas:

(a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile; agus

(b) áireoidh sé san fhógra togra le haghaidh coigeartuithe cúiteacha iomchuí le haghaidh an Pháirtí eile chun leibhéal cumhdaigh a choinneáil ar bun atá inchomparáide leis an leibhéal sin a bhí ann roimh an modhnú.

3. D'ainneoin fhomhír 2(b), ní gá do Pháirtí coigeartuithe cúiteacha a sholáthar más rud é go gcumhdaítear leis an modhnú eintiteas soláthair ar dhíothaigh an Páirtí go héifeachtach a rialú nó an tionchar a bhíodh aige air. Glactar leis go ndíothaítear go héifeachtach rialú nó tionchar rialtais i leith soláthar faoi chumhdach eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn C d'Iarscríbhinn 21-A, nó faoi Fholiosta 2 de gach Stát de Roinn B nóC d'Iarscríbhinn 21-B má tá an t-eintiteas soláthair neamhchosanta ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta.

4. Féadfaidh an Páirtí eile agóid a dhéanamh in aghaidh an mhodhnaithe atá beartaithe, a dtugtar fógra ina leith de bhun mhír 2, má dhíospóideann sé:

(a) go bhfuil coigeartú a bheartaítear i gcomhréir le fomhír 2(b) leordhóthanach chun leibhéal inchomparáide leis an gcumhdach atá ann cheana dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo a choinneáil ar bun;

(b) go gcumhdaítear leis an modhnú eintiteas soláthair ar dhíothaigh an Páirtí go héifeachtach a rialú nó an tionchar a bhíodh aige air i gcomhréir le mír 3.

Déanfar an agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá ón tráth a gheofar an fógra dá dtagraítear i bhfomhír 2(a), nó measfar gur ghlac an Páirtí sin leis an gcoigeartú nó leis an modhnú, lena n-áirítear an méid sin chun críocha Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí).

Ceartúcháin

5. Maidir leis na hathruithe seo a leanas ar Iarscríbhinn 21-Anó 21-B, measfar gur ceartúchán de chineál foirmiúil amháin iad, ar choinníoll nach ndéanfar difear leo don chumhdach atá ann cheana dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo:

(a) athrú ar ainm eintitis soláthair;

(b) cumasc dhá eintiteas nó níos mó a chumhdaítear faoi Roinn A, B nó C d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B; agus

(c) scaradh eintitis a chumhdaítear faoi Roinn A, B nó C d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B ina dhá eintiteas nó níos mó a gcuirtear iad go léir leis na heintitis soláthair a chumhdaítear faoin Roinn chéanna d'Iarscríbhinn 21-A nó 21-B.

6. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile gach 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar cheartúcháin atá beartaithe ar Iarscríbhinn 21-A nó 21-B.

7. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile faoi agóid in aghaidh ceartúchán atá beartaithe laistigh de 45 lá ón bhfógra a fháil. Má chuireann Páirtí agóid isteach, míneoidh sé na cúiseanna a mheasann sé nach athrú dá ndéantar foráil i mír 5 é an ceartúchán atá beartaithe, agus tabharfaidh sé tuairisc ar éifeacht an cheartúcháin atá beartaithe ar an gcumhdach dá bhforáiltear sa Chaibidil seo. Mura gcuirfear isteach aon agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá tar éis an dáta a fhaightear an fógra, measfar gur thoiligh an Páirtí eile leis an gceartúchán atá beartaithe.

Comhairliúcháin agus Réiteach Díospóidí

8. Má dhéanann an Páirtí eile agóid in aghaidh an mhodhnaithe nó an cheartúcháin atá beartaithe, féachfaidh na Páirtithe leis an tsaincheist a réiteach trí chomhairliúcháin. Mura dtiocfar ar aon chomhaontú laistigh de 60 lá ón dáta a gheofar an agóid, an Páirtí atá ag féachaint le hIarscríbhinn 21-A nó 21-B a mhodhnú nó a cheartú, féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chuig réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí). Ní bheidh éifeacht ag an modhnú ná ag an gceartú atá beartaithe go dtí go dtiocfaidh an dá Pháirtí ar chomhaontú nó, i gcás ina ndéantar foráil chuige sin i rialú painéil i dtuarascáil chríochnaitheach i gcomhréir le hAirteagal 31.14 (Tuarascáil Chríochnaitheach).

Airteagal 21.19

An Fochoiste um Sholáthar Poiblí

An Fochoiste um Sholáthar Poiblí a bhunaítear de bhun fhomhír 1(j) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile), rachaidh sé i ngleic le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme agus le feidhmiú na Caibidle seo, amhail:

(a) modhnú ar Iarscríbhinní 21-A agus 21-B;

(b) cinntí lena modhnaítear Iarscríbhinní 21-A agus 21-B a ullmhú le haghaidh na Comhairle Trádála;

(c) ábhair maidir le soláthar rialtais a bhaineann leis an gCaibidil seo arna dtarchur chuige ag Páirtí; agus

(d) aon ábhar eile a bhaineann le hoibriú na Caibidle seo.

CAIBIDIL 22

FIONTAIR FAOI ÚINÉIREACHT STÁIT, FIONTAIR DAR DEONAÍODH CEARTA NÓ PRIBHLÉIDÍ SPEISIALTA AGUS MONAPLACHTAÍ AINMNITHE

Airteagal 22.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'Socrú' an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, a forbraíodh faoi chuimsiú ECFE nó faoi chuimsiú gnóthas comharba, cibé acu a forbraíodh é laistigh nó lasmuigh de chreat ECFE, ar socrú é a ghlac 12 Bhallstát bunaidh de EDT ar a laghad ar Rannpháirtithe sa Socrú iad ón 1 Eanáir 1979;

(b) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí tráchtála' gníomhaíochtaí arb é an toradh deiridh orthu táirgeadh earra nó soláthar seirbhíse, rud a dhíolfar sa mhargadh ábhartha i gcainníochtaí agus ar phraghsanna arna gcinneadh ag fiontar ar bhonn choinníollacha an tsoláthair agus an éilimh, agus a dhéantar agus iad dírithe ar bhrabús a dhéanamh ([69]);

([69]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, eisiatar leis sin gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag fiontar lena mbaineann an méid seo a leanas: (a) feidhmíonn sé ar bhonn neamhbhrabúis; nó (b) oibríonn sé ar bhonn cur chuige gnóthaithe costas.

(c) ciallaíonn ‘breithnithe tráchtála’ praghas, cáilíocht, infhaighteacht, indíoltacht, iompar agus téarmaí agus coinníollacha ceannaigh nó díola eile, nó tosca eile a bheadh curtha san áireamh de ghnáth i gcinntí tráchtála fiontair atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibríonn de réir phrionsabail an gheilleagair margaidh sa ghnó nó sa tionscal ábhartha;

(d) ciallaíonn ‘ainmniú’ monaplacht a bhunú nó a údarú, nó raon feidhme monaplachta a leathnú chun earra nó seirbhís bhreise a chumhdach;

(e) ciallaíonn ‘monaplacht ainmnithe’ eintiteas, bíodh sé poiblí nó príobháideach, lena n-áirítear cuibhreannas nó gníomhaireacht rialtais, a ainmnítear in aon mhargadh ábhartha i gcríoch Pháirtí mar an soláthróir nó ceannaitheoir aonair earra nó seirbhíse, ach ní áirítear leis sin eintiteas ar deonaíodh ceart eisiach maoine intleachtúla dó mar gheall ar dheonú den sórt sin amháin; ([70])

(f) ciallaíonn ‘fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta’ fiontar, bíodh sé poiblí nó príobháideach, lena n-áirítear fochuideachta, dar dheonaigh Páirtí cearta nó pribhléidí speisialta, le dlí nó le gníomh; deonaíonn Páirtí cearta nó pribhléidí speisialta más rud é go n-ainmníonn sé fiontair atá údaraithe chun earra nó seirbhís a sholáthar, nó go dteorannaíonn sé líon na bhfiontar sin, de réir critéir nach critéir oibiachtúla, chomhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha iad, ar bhealach lena ndéantar difear substaintiúil do chumas aon fhiontair eile an t-earra nó an tseirbhís chéanna a sholáthar sa limistéar geografach céanna faoi choinníollacha atá coibhéiseach go substaintiúil;

(g) tá an bhrí chéanna le ‘institiúid airgeadais’ agus ‘seirbhís airgeadais’ agus atá leo in Airteagal 18.1 (Sainmhínithe);

(h) ciallaíonn ‘seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú’ seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú mar a shainmhínítear in GATS agus, i gcás inarb infheidhme, san Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS ([71]);

(i) ciallaíonn ‘fiontar faoi úinéireacht stáit’ fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí ([72]).

Airteagal 22.2

Údarás Tarmligthe

Mura sonraítear a mhalairt sa Chomhaontú seo, áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine, lena n-áirítear fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe a ndearna Páirtí údarás rialála, údarás riaracháin nó údarás rialtais eile a tharmligean chuige, go ngníomhóidh an duine sin i gcomhréir le hoibleagáidí an Pháirtí mar a leagtar amach faoin gComhaontú seo le linn dó an t-údarás sin a fheidhmiú.

([70]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le monaplachtaí nádúrtha mura n-ainmnítear iad de réir bhrí fhomhír 1(d).

([71]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar sheirbhísí a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú seirbhísí a sholáthraíonn banc ceannais, údarás airgeadaíochta, comhlacht rialála airgeadais nó údarás réitigh Páirtí.

([72]) Chun úinéireacht nó rialú a bhunú, cuirfear na gnéithe ábhartha dlíthiúla agus fíorasacha uile san áireamh ar bhonn cás ar chás.

Airteagal 22.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe a ghabhann do ghníomhaíocht tráchtála. I gcás ina ngabhann fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe do ghníomhaíochtaí tráchtála agus neamhthráchtála araon ([73]), ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo ach na gníomhaíochtaí tráchtála amháin.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe agus iad ag gníomhú mar eintitis soláthair a dhéanann soláthar faoi chumhdach mar a shainmhínítear i bhfomhír (c) d'Airteagal 21.1 (Sainmhínithe);

(b) aon seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú;

(c) gníomhaíochtaí arna ndéanamh acu seo a leanas:

(i) institiúid airgeadais nó eintiteas dlítheanach eile, faoi úinéireacht nó faoi rialú Páirtí, a bhunaítear nó a fheidhmítear go sealadach chun críoch réitigh agus chun críoch réitigh amháin ([74]);

(ii) eintiteas poiblí, lena n-áirítear iontaobhas poiblí, a dhéanann, de bhun sainordú seirbhíse poiblí agus dá bhun sin amháin arb é is aidhm dó rannchuidiú le forbairt chothrom sheasta an Pháirtí lena mbaineann, seirbhísí airgeadais a sholáthar do chuntas an Pháirtí sin nó le ráthaíocht an Pháirtí sin nó ag úsáid acmhainní airgeadais an Pháirtí sin; agus

(iii) eintiteas poiblí de bhun sainordú seirbhíse poiblí a bhaineann le córas reachtúil slándála sóisialta nó pleananna scoir phoiblí; agus

(d) fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe más amhlaidh, tráth a chinntear méid na tairsí, in aon cheann de na 3 bliana fhioscacha as a chéile roimhe sin, gur lú ná 200 milliún ceart tarraingthe speisialta an t-ioncam bliantúil a díorthaíodh óna ghníomhaíochtaí tráchtála.

3. Níl feidhm ag Airteagal 22.6 maidir le soláthar seirbhísí airgeadais ag fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe de bhun sainordú rialtais, más rud é:

(a) go dtacaíonn an soláthar seirbhísí airgeadais sin le honnmhairí nó allmhairí, ar choinníoll:

(i) nach mbeartaítear na seirbhísí sin chun maoiniú tráchtála a chur as áit; nó

([73]) Áirítear le gníomhaíochtaí neamhthráchtála sainordú seirbhíse poiblí dlisteanach a dhéanamh.

([74]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr: (a) léirmhínítear an téarma 'réiteach' i gcomhréir le dlí an Pháirtí ina mbunaítear an institiúid airgeadais nó an t-eintiteas dlítheanach eile, (b) ciallaíonn 'chun críoch réitigh amháin' nach ngabhann an institiúid airgeadais ná an t-eintiteas dlítheanach eile d'aon ghníomhaíocht tráchtála nach mbaineann go díreach lena críocha réitigh.

(ii) go dtairgtear na seirbhísí sin faoi théarmaí nach fabhraí ná na téarmaí a d'fhéadfaí a fháil le haghaidh seirbhísí airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála ([75]);

(b) go dtacaíonn an soláthar seirbhísí airgeadais sin le hinfheistíocht phríobháideach lasmuigh de chríoch an Pháirtí, ar choinníoll:

(i) nach mbeartaítear na seirbhísí sin chun maoiniú tráchtála a chur as áit; nó

(ii) go dtairgtear na seirbhísí sin faoi théarmaí nach fabhraí ná na téarmaí a d'fhéadfaí a fháil le haghaidh seirbhísí airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála; nó

(c) tairgtear é ar théarmaí atá comhsheasmhach leis an Socrú, ar choinníoll go dtagann na seirbhísí airgeadais faoi raon feidhme an tSocraithe.

4. Níl feidhm ag Airteagal 22.6 maidir leis na hearnálacha a leagtar amach i bhfomhíreanna 2(c) go (e) d'Airteagal 10.5 (Raon Feidhme).

5. Níl feidhm ag Airteagal 22.6 a mhéid a dhéanann fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe de chuid Páirtí earraí nó seirbhísí a cheannach nó a dhíol de bhun na nithe seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana a dhéanfaidh an Páirtí a choinneáil ar bun, a leanúint, a athnuachan nó a leasú i gcomhréir le hAirteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí), 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí) nó 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Bearta atá ann Cheana) agus Roinn B d'Fhoscríbhinn VI-A nó VI-B a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais); nó

(b) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana a dhéanfaidh an Páirtí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí), 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí) nó 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II (Bearta a Bheidh Ann Amach Anseo) agus Roinn B d'Fhoscríbhinn VI-A nó VI-B a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais).

6. Tá na Páirtithe ar aon intinn leis, maidir le beart a ghlactar nó a choinnítear ar bun faoi Iarscríbhinn 22-A, nó a eisiatar ó raon feidhme na Caibidle seo, gur féidir an beart sin a choinneáil ar bun, ar choinníoll go ndéantar an beart sin, a mhéid a thagann sé faoi raon feidhme Chomhaontú EDT, a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cearta agus le hoibleagáidí an Pháirtí a dhéanann an beart sin faoi Chomhaontú EDT ([76]).

Airteagal 22.4

Gníomhaíochtaí Neamh-Chomhréireacha

Níl feidhm ag Airteagal 22.6 maidir leis na gníomhaíochtaí neamh-chomhréireacha d'fhiontair faoi úinéireacht stáit nó de mhonaplachtaí ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinn 22-A i gcomhréir le téarmaí na hIarscríbhinne sin.

([75]) Más rud é nach dtairgtear aon seirbhís airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála: (a) chun críocha fhomhíreanna (a)(ii) agus (b)(ii), féadfaidh an fiontar faoi úinéireacht stáit brath de réir mar is gá ar an bhfianaise atá ar fáil chun tagarmharc téarmaí a shuí ar a dtairgfí na seirbhísí sin ar an margadh tráchtála; agus (b) chun críocha fhomhíreanna (a)(i) agus (b)(i), measfar nach mbeartaítear an soláthar seirbhísí airgeadais chun maoiniú tráchtála a chur as áit.

([76]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is é an sásra um réiteach díospóidí faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí an t-aon fhóram amháin le cinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar beart de chuid Páirtí a chur chun feidhme i gcomhréir le cearta agus le hoibleagáidí an Pháirtí sin faoi Chomhaontú EDT.

Airteagal 22.5

Forálacha Ginearálta

1. Gan dochar do chearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoin gCaibidil seo, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní chun cosc a chur ar Pháirtí fiontar faoi úinéireacht stáit a bhunú ná a choinneáil ar bun, cearta nó pribhléidí speisialta a dheonú d'fhiontar ná monaplacht a ainmniú ná a choinneáil ar bun.

2. Ní chuirfidh Páirtí de cheangal ar fhiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta ná monaplacht ainmnithe gníomhú ar bhealach atá ar neamhréir leis an gCaibidil seo, ná ní spreagfaidh Páirtí é ná í le déanamh amhlaidh.

Airteagal 22.6

Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh gach ceann dá fhiontair faoi úinéireacht stáit, dá fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus dá mhonaplachtaí ainmnithe an méid seo a leanas agus iad ag gabhail do ghníomhaíochtaí tráchtála:

(a) go ngníomhóidh siad i gcomhréir le breithnithe tráchtála le linn dó earra nó seirbhís a cheannach nó a dhíol, seachas chun téarmaí sainordaithe seirbhíse poiblí, nach bhfuil ar neamhréir le fomhír (b) nó (c), a chomhlíonadh;

(b) agus earra nó seirbhís á ceannach aige:

(i) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar de chuid an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'earra comhchosúil nó do sheirbhís chomhchosúil a sholáthraíonn fiontair de chuid an Pháirtí; agus

(ii) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar ar fiontar faoi chumhdach é de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 10.1 (Sainmhínithe) i gcríoch an Pháirtí ná mar a thugann sé d'earra comhchosúil nó do sheirbhís chomhchosúil a sholáthraíonn fiontair de chuid an Pháirtí ar an margadh ábhartha i gcríoch an Pháirtí; agus

(c) agus earra nó seirbhís á díol aige:

(i) go dtugtar d'fhiontar an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé d'fhiontair an Pháirtí; agus

(ii) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'fhiontar ar fiontar faoi chumhdach é de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 10.1 (Sainmhínithe) i gcríoch an Pháirtí ná mar a thugann sé d'fhiontair de chuid an Pháirtí sa mhargadh ábhartha i gcríoch an Pháirtí ([77]).

([77]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le ceannach nó díol scaireanna, stoic nó cineálacha eile cothromais ag fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe mar mhodh lena rannpháirtíocht chothromais i bhfiontar eile.

2. Ar choinníoll go ndéantar téarmaí nó coinníollacha éagsúla nó diúltú den sórt sin i gcomhréir le breithnithe tráchtála, ní chuirfear bac le mír 1 ar fhiontair faoi úinéireacht stáit, ar fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta ná ar mhonaplachtaí ainmnithe ó thaobh:

(a) earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar de réir téarmaí nó coinníollacha atá éagsúil leis na téarmaí nó na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le praghas; nó

(b) diúltú earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar.

Airteagal 22.7

Creat Rialála

1. Féachfaidh na Páirtithe le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a urramú agus leis an úsáid is fearr a bheith astu, lena n-áirítear Treoirlínte ECFE maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht Stáit.

2. Maidir le haon chomhlacht rialála nó údaráis inniúil atá bunaithe nó coinnithe ar bun ag an bPáirtí, agus a bhfuil feidhm rialála á feidhmiú aige, áiritheoidh gach Páirtí:

(a) go mbeidh sé neamhspleách ar aon cheann de na fiontair a ndéanann an comhlacht nó an t-údarás inniúil sin rialáil orthu chun éifeachtacht na feidhme rialála a áirithiú, agus nach mbeidh sé cuntasach dóibh; agus

(b) go ngníomhóidh sé go neamhchlaonta ([78]) in imthosca comhchosúla maidir leis na fiontair uile a rialaíonn an comhlacht nó an t-údarás inniúil sin, lena n-áirítear fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe ([79]).

3. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar dlíthe agus rialacháin a fhorfheidhmiú ar bhealach comhsheasmhach neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe.

Airteagal 22.8

Trédhearcacht

1. Soláthróidh Páirtí, ar iarraidh i scríbhinn ón bPáirtí eile, an fhaisnéis seo a leanas maidir le fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe, ar choinníoll go n-áireofar san iarraidh míniú ar an gcaoi a bhféadfadh gníomhaíochtaí an fhiontair sin faoi úinéireacht stáit, an fhiontair sin dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó an mhonaplacht ainmnithe sin difear a dhéanamh do leasanna an Pháirtí iarrthaigh faoin gCaibidil seo:

(a) céatadán na scaireanna atá faoi úinéireacht charnach an Pháirtí iarrtha, a fhiontar faoi úinéireacht stáit, a fhiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, agus céatadán na gceart vótála atá ina seilbh go carnach, san fhiontar faoi úinéireacht stáit, san fhiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó sa mhonaplacht ainmnithe;

([78]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an neamhchlaontacht lena bhfeidhmíonn an comhlacht rialála nó an t-údarás inniúil a fheidhmeanna rialála, tá measúnú le déanamh air faoi threoir patrún nó cleachtas ginearálta de chuid an chomhlachta rialála sin nó an údaráis inniúil sin.

([79]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haghaidh na n-earnálacha sin inar chomhaontaigh na Páirtithe le hoibleagáidí sonracha a bhaineann leis an gcomhlacht rialála nó an údarás inniúil i gCaibidlí eile, beidh forlámhas ag foráil ábhartha na gCaibidlí eile sin.

(b) tuairisc ar aon scair speisialta nó ceart vótála speisialta nó ceart speisialta eile a shealbhaíonn an Páirtí iarrtha, a fhiontair faoi úinéireacht stáit, a fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, a mhéid a bheidh na cearta sin éagsúil leis na cearta a ghabhann le scaireanna coiteanna ginearálta an fhiontair sin faoi úinéireacht stáit, an fhiontair sin dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachta ainmnithe sin;

(c) struchtúr eagraíochtúil an fhiontair faoi úinéireacht stáit, an fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachta ainmnithe, comhdhéanamh an bhoird stiúrthóirí nó comhlachta choibhéisigh, teidil oifigiúla aon oifigigh phoiblí atá ag fónamh mar oifigeach nó mar chomhalta den bhord stiúrthóirí nó den chomhlacht coibhéiseach sin;

(d) tuairisc ar na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí a rialaíonn na fiontair faoi úinéireacht stáit, na fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachtaí ainmnithe nó a dhéanann faireachán orthu, tuairisc ar na ceanglais tuairiscithe a fhorchuireann na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí sin orthu más indéanta, agus ar chearta agus cleachtais ([80]) na ranna rialtais sin nó aon chomhlachta phoiblí maidir le feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí den bhord stiúrthóirí nó d'aon chomhlacht bainistíochta coibhéiseach eile a cheapadh nó a bhriseadh as a bpost nó luach a saothair a thabhairt dóibh;

(e) ioncam bliantúil agus sócmhainní iomlána an fhiontair faoi úinéireacht stáit, an fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachta ainmnithe thar an tréimhse 3 bliana is déanaí a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith;

(f) aon díolúine dá dtairbhíonn an fiontar faoi úinéireacht stáit, an fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó an mhonaplacht ainmnithe faoi dhlí an Pháirtí iarrtha; agus

(g) aon fhaisnéis bhreise maidir leis an bhfiontar faoi úinéireacht stáit, leis an bhfiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó leis an monaplacht ainmnithe atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais agus iniúchtaí tríú páirtí.

2. Mura mbeidh an fhaisnéis arna hiarraidh ar fáil, soláthróidh an Páirtí iarrtha na cúiseanna atá leis sin i scríbhinn don Pháirtí iarrthach.

3. Más rud é go soláthraíonn Páirtí faisnéis i scríbhinn de bhun iarraidh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus má chuireann sé an Páirtí iarrthach ar an eolas go measann sé go bhfuil an fhaisnéis sin rúnda, ní nochtfaidh an Páirtí iarrthach an fhaisnéis sin gan toiliú an Pháirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis a fháil roimh ré.

CAIBIDIL 23

BEARTAS IOMAÍOCHTA

Airteagal 23.1

Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá iomaíocht shaor gan saobhadh ina gcaidreamh trádála agus infheistíochta. Admhaíonn na Páirtithe go bhféadfadh cleachtais ghnó fhrithiomaíocha agus idirghabhálacha Stáit saobhadh a dhéanamh ar fheidhmiú cuí margaí agus dochar a dhéanamh do shochair an léirscaoilte trádála agus infheistíochta. Tá na Páirtithe ar aon intinn go gcabhrófar le tairbhí an Chomhaontaithe seo a dhaingniú ach toirmeasc a chur ar iomaíocht den sórt sin, gníomhaíochtaí abhcóideachta a chur chun cinn agus comhoibriú a dhéanamh ar ábhair a chumhdaítear sa Chaibidil seo.

([80]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear ar an téarma 'cleachtais' na cúiseanna le feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí den bhord stiúrthóirí nó d'aon chomhlacht coibhéiseach eile a cheapadh nó a bhriseadh as a bpost nó luach a saothair a thabhairt dóibh.

Airteagal 23.2

Dlí na hIomaíochta agus Cleachtais Ghnó Fhrithiomaíocha

1. Déanfaidh gach Páirtí dlí cuimsitheach na hiomaíochta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ar a chríoch ag a bhfuil feidhm maidir leis na hearnálacha uile den gheilleagar ([81]) agus lena ndírítear, ar bhealach éifeachtach, ar na cleachtais ghnó seo a leanas:

(a) comhaontuithe idir fiontair, cinntí ó chomhlachais fiontar agus cleachtais chomhbheartaithe arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh;

(b) mí-úsáid ag aon fhiontar amháin nó níos mó, ag a bhfuil cumhacht shubstaintiúil sa mhargadh aonair go haonarach nó i gcomhpháirt, agus a bhfuil nó a bhféadfadh sé a bheith de chuspóir nó d'éifeacht ag na mí-úsáidí cosc, srian nó saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh ábhartha sin nó in aon mhargadh gaolmhar; agus

(c) comhchruinnithe idir fiontair a bhfuil mar thoradh orthu nó a bhféadfadh a bheith mar thoradh orthu laghdú substaintiúil ar an iomaíocht nó a chuireann bac mór ar an iomaíocht éifeachtach nó a d'fhéadfadh bac mór a chur ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de dheasca ceannasacht a chruthú nó a neartú.

2. Beidh gach fiontar, idir phríobháideach agus phoiblí, faoi réir dhlí na hiomaíochta dá dtagraítear san Airteagal seo.

3. Déanfaidh gach Páirtí gníomhaíocht iomchuí maidir le cleachtais ghnó fhrithiomaíocha chun beartas iomaíochta a chur chun cinn.

4. A mhéid a fhoráiltear i ndlí Páirtí, níor cheart do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta bac a chur ar fheidhmiú, sa dlí nó i bhfíoras, na dtascanna sonracha leasa phoiblí a d'fhéadfaí a shannadh ar fhiontair. Díolúintí ó dhlí iomaíochta Páirtí, ba cheart dóibh a bheith teoranta do thascanna leasa phoiblí, comhréireach leis an gcuspóir beartais phoiblí inmhianaithe, agus trédhearcach.

Airteagal 23.3

Cur chun feidhme

1. Déanfaidh gach Páirtí a neamhspleáchas a choinneáil ar bun maidir le leasú agus forfheidhmiú a dhlí iomaíochta.

2. Déanfaidh gach Páirtí údarás nó údaráis iomaíochta a bhunú nó a choinneáil ar bun, a bheidh neamhspleách ó thaobh feidhme de agus a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm iomlán agus forfheidhmiú éifeachtach a dhlí iomaíochta faoi seach, agus ag a mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chuige sin.

3. Déanfaidh gach Páirtí a dhlí iomaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach neamh-idirdhealaitheach, agus prionsabail na cothroime nós imeachta agus cearta cosanta na bhfiontar lena mbaineann á n-urramú aige, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil roimh chinneadh nó rún críochnaitheach.

([81]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag dlí na hiomaíochta san Aontas Eorpach maidir le hearnáil na talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, IO AE L 347, 20.12.2013, lch. 671. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag an *Ley Federal de Competencia Económica* (Dlí Cónaidhme na hIomaíochta Eacnamaíche), a foilsíodh in *Diario Oficial de la Federación* (Iris Oifigiúil na Cónaidhme) an 23 Bealtaine 2014, maidir leis na hearnálacha uile i Meicsiceo dá ndéanann na húdaráis iomaíochta a rialacháin, a gcritéir nó a dtreoirlínte féin a leagan amach i gcomhréir le leasuithe 2024 ar an mBunreacht, a foilsíodh in *Diario Oficial de la Federación* (Iris Oifigiúil na Cónaidhme) na 20 Nollaig 2024.

4. Sa bheartas forfheidhmiúcháin, ní dhéanfaidh údarás nó údaráis iomaíochta Páirtí idirdhealú ar bhonn náisiúntacht an fhreagróra i nós imeachta forfheidhmiúcháin ([82]) ná náisiúntacht na dtríú daoine dá ndeonaítear ceart a bheith rannpháirteach i nós imeachta forfheidhmiúcháin den sórt sin.

5. Maidir le freagróir i nós imeachta forfheidhmiúcháin a dhéantar chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil iompar an fhreagróra sin ina shárú ar a dhlí iomaíochta nó na smachtbhannaí nó na bearta ceartaitheacha riaracháin is ceart a ordú i gcás sárú ar an dlí sin, áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar deis don fhreagróir sin éisteacht a fháil agus fianaise a sholáthar ina chosaint. Go sonrach, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh deis réasúnta ag an bhfreagróir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise ar a bhfuil an cinneadh bunaithe agus chun cur ina haghaidh.

6. Maidir le seolaí a ndéantar cinneadh nó rún ina leith lena bhforchuirtear smachtbhanna nó réiteach riaracháin i gcás sárú ar a dhlí iomaíochta, ráthóidh gach Páirtí go dtabharfar an deis dó athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh nó ar an rún sin a lorg.

Airteagal 23.4

Trédhearcacht

1. Aithníonn na Páirtithe luach na trédhearcachta ina mbeartais forfheidhmithe iomaíochta.

2. Foilseoidh gach Páirtí a rialacha riaracháin nó nós imeachta atá le fáil i ngníomhartha dlí ar dá mbun a dhéantar imscrúduithe agus nósanna imeachta forfheidhmithe dhlí na hiomaíochta. D'fhéadfaí a áireamh ar na rialacha riaracháin nó nós imeachta sin, a mhéid a fhoráiltear i ndlí iomaíochta gach Páirtí, rialacha maidir le tráthchláir réasúnta chun fianaise a sholáthar i nósanna imeachta den sórt sin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfoilsítear leagan neamhrúnda d'aon chinneadh nó rún críochnaitheach lena gcinntear sárú ar a dhlí iomaíochta agus, de réir mar a bheidh, aon ordú lena ndéantar rún den sórt sin a chur chun feidhme, chun é a chur ar a chumas do dhaoine leasmhara dul i dtaithí air.

4. Maidir le gach cinneadh nó rún críochnaitheach lena gcinntear sárú ar a dhlí iomaíochta, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé i scríbhinn agus go leagtar amach ann na cinntí fíorais agus an réasúnaíocht, lena n-áirítear an anailís dhlíthiúil agus, más infheidhme, an anailís eacnamaíoch, ar a mbunaítear an cinneadh nó an rún.

Airteagal 23.5

Comhar agus Comhordú

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar agus comhordú idir a n-údaráis iomaíochta faoi seach maidir le hábhair a bhaineann lena ndlí iomaíochta agus beartais sa limistéar saorthrádála. Dá réir sin, féachfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe le hoibriú i gcomhar maidir le hábhair a bhaineann lena ndlí iomaíochta faoi seach, lena n-áirítear trí chúnamh, fógra a thabhairt, comhairliúchán, agus malartú faisnéise.

([82]) Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn nós imeachta forfheidhmiúcháin nós imeachta breithiúnach nó riaracháin tar éis imscrúdú ar an sárú líomhainte ar dhlí na hiomaíochta.

2. Neartóidh na Páirtithe an comhar maidir le forfheidhmiú a ndlí iomaíochta a mhéid a luíonn sé lena ndlíthe agus lena leasanna tábhachtacha faoi seach, agus laistigh de theorainneacha a n-acmhainní atá ar fáil go réasúnta. Chun na críche sin, féachfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe le faisnéis neamhrúnda, eispéiris agus tuairimí a mhalartú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) a ndlí iomaíochta, a mbeartais agus a gcleachtais faoi seach, lena n-áirítear faisnéis ar dhíolúintí a dheonaítear faoina ndlí iomaíochta;

(b) forfheidhmiú a ndlí iomaíochta faoi seach; agus

(c) a ngníomhaíochtaí abhcóideachta faoi seach.

3. Féachfaidh na Páirtithe leis an gcomhar idir a n-údaráis iomaíochta i réimsí leasa fhrithpháirtigh a neartú a mhéid a luíonn sé lena ndlíthe agus lena leasanna tábhachtacha faoi seach, agus laistigh de theorainneacha a n-acmhainní atá ar fáil go réasúnta. Chun na críche sin. féachfaidh na Páirtithe le comhordú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann leis na cásanna céanna nó gaolmhara.

4. Deimhníonn na Páirtithe go n-aithníonn a n-údaráis iomaíochta úsáid tarscaoiltí rúndachta ina réimsí forfheidhmiúcháin, agus admhaíonn gur ar bhonn deonach a chinneann fiontar a cheart a tharscaoileadh maidir le faisnéis rúnda a chosaint.

5. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo teorainn a chur le discréid údaráis iomaíochta Pháirtí a chinneadh cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar beart maidir le hiarrataí ar leith ó údaráis iomaíochta an Pháirtí eile.

6. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gcuirfear cosc ar údaráis iomaíochta ceachtar den dá Pháirtí beart a dhéanamh maidir le cásanna ar leith.

7. Féadfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe machnamh a dhéanamh ar shocrú comhair ar leithligh a dhéanamh ina leagfar amach na téarmaí arna gcomhaontú go frithpháirteach chun an comhar a chur chun feidhme.

Airteagal 23.6

Comhar Teicniúil

Measann na Páirtithe gurb é a gcomhleas é tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo le comhar teicniúil chun eispéiris a chomhroinnt maidir le beartas iomaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus maidir lena ndlí iomaíochta faoi seach a fhorfheidhmiú, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil go réasúnta don dá Pháirtí.

Airteagal 23.7

Comhairliúcháin

1. Chun comhthuiscint idir na Páirtithe a chothú, nó chun dul i ngleic le hábhair shonracha maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo, déanfaidh Páirtí, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, comhairliúcháin a dhéanamh maidir le hábhair arna dtarraingt anuas ag an bPáirtí eile. An Páirtí a iarrann comhairliúcháin, léireoidh sé, más ábhartha, conas mar a dhéanann an t-ábhar difear don trádáil nó don infheistíocht idir na Páirtithe.

2. Pléifidh na Páirtithe go pras aon cheist a eascraíonn as léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

3. Chun plé ar an ábhar atá faoi réir na gcomhairliúchán a éascú, féachfaidh an dá Pháirtí le faisnéis neamhrúnda ábhartha a sholáthar don Pháirtí eile.

Airteagal 23.8

Rúndacht Faisnéise

1. D'ainneoin aon fhoráil eile den Chaibidil seo, ní cheanglaítear ar Pháirtí faisnéis a sholáthar, más rud é go bhfuil toirmeasc ar nochtadh na faisnéise sin faoi dhlíthe an Pháirtí a bhfuil an fhaisnéis aige.

2. Más rud é go soláthraíonn Páirtí faisnéis faoin gCaibidil seo, coinneoidh an Páirtí eile rúndacht na faisnéise sin ar bun.

3. Más rud é go bhfaigheann údaráis iomaíochta Pháirtí faisnéis rúnda ó údaráis iomaíochta an Pháirtí eile faoi réir tarscaoileadh rúndachta, úsáidfidh údaráis iomaíochta an Pháirtí an fhaisnéis arna fáil i gcomhréir le téarmaí an tarscaoilte.

Airteagal 23.9

Údaráis Iomaíochta

Chun críocha na Caibidle seo, is iad seo a leanas, nó a gcomharbaí, na húdaráis iomaíochta:

(a) i gcás an Aontais Eorpaigh: an Coimisiún Eorpach; agus

(b) i gcás Mheicsiceo:

(i) an Coimisiún in Aghaidh Trustaí (Comisión Nacional Antimonopolio); agus

(ii) an Coimisiún um Rialú Teileachumarsáide (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT)).

Airteagal 23.10

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 24

FÓIRDHEONTAIS

Airteagal 24.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'fóirdheontas a sholáthraítear le haghaidh earraí' beart a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1.1 de Chomhaontú SCM agus atá sonrach i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú SCM agus de réir a bhrí.

(b) ciallaíonn 'fóirdheontas a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí' beart lena mbaineann ranníocaíocht airgeadais ó rialtas nó ó chomhlacht poiblí agus lena mbronntar sochar d'fhiontar nó tionscal nó grúpa fiontar nó tionscal agus atá sonrach dóibh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú SCM agus de réir a bhrí ([83]).

([83]) Tá an sainmhíniú seo gan dochar do thoradh aon phlé a bheidh ann sa todhchaí in EDT maidir leis an sainmhíniú ar fhóirdheontais le haghaidh seirbhísí. Ag brath ar dhul chun cinn an idirphlé sin, féadfaidh an Chomhairle Trádála cinneadh a ghlacadh chun an Comhaontú sin a ghlacadh ina leith sin.

Airteagal 24.2

Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaí fóirdheontais a dheonú nuair ba ghá chun cuspóir beartais phoiblí a bhaint amach. Admhaíonn na Páirtithe, áfach, go bhféadfadh fóirdheontais áirithe feidhmiú ceart na margaí a shaobhadh agus an bonn a bhaint de thairbhí an léirscaoilte trádála agus infheistíochta. I bprionsabal, níor cheart do Pháirtí fóirdheontais a dheonú d'fhiontair a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí má dhéanann siad difear diúltach, nó más dócha go ndéanfaidís difear diúltach, don trádáil nó don infheistíocht.

Airteagal 24.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon fhiontar atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch. Má bhíonn fiontar ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon, níl feidhm ag an gCaibidil seo ach maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha an fhiontair sin agus leo sin amháin.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontair a gcuirtear soláthar seirbhísí leasa phoiblí ar leith ar a n-iontaoibh, lena n-áirítear iad sin a chuirtear ar iontaoibh trí chearta nó pribhléidí speisialta, a mhéid atá na fóirdheontais sin teoranta don mhéid is gá chun costais na seirbhísí i gceist a chumhdach.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh earraí talmhaíochta ná fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh iasc agus táirgí iascaigh.

4. Cé is moite d'Airteagal 24.5, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a sholáthraítear san earnáil chlosamhairc.

5. Níl feidhm ag Airteagal 24.7 maidir le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí.

Airteagal 24.4

Gaolmhaireacht le EDT

Dearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí de bhun Airteagal XV de GATS, Airteagal XVI de GATT 1994, agus faoi Chomhaontú SCM.

Airteagal 24.5

Trédhearcacht

1. Cuirfidh gach Páirtí, maidir le haon fhóirdheontas a dheonaítear nó a choinnítear ar bun laistigh dá chríoch, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal:

(a) bunús dlí an fhóirdheontais;

(b) foirm an fhóirdheontais;

(c) méid an fhóirdheontais nó an méid arna bhuiséadú don fhóirdheontas; agus

(d) más féidir, ainm an fhaighteora ([84]).

2. Measfar go gcomhlíonann Páirtí mír 1 más rud é:

(a) go dtugtar fógra do EDT de bhun Airteagal 25.1 de Chomhaontú SCM agus, más féidir, gur nochtadh ainm an fhaighteora don phobal; nó

([84]) Tá feidhm ag fomhír 1(d) maidir le fóirdheontais dar luach 500 000 ceart tarraingthe speisialta agus níos mó.

(b) maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i mír 1, gur chuir an Páirtí sin an fhaisnéis sin ar fáil, nó gur cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil thar a cheann, ar shuíomh gréasáin atá inrochtana don phobal faoin 31 Nollaig den bhliain féilire tar éis na bliana ina ndearnadh an fóirdheontas a choinneáil ar bun nó a dheonú ([85]).

3. Maidir le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí, níl feidhm ag an Airteagal seo ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) is mó ná 400 000 ceart tarraingthe speisialta méid an fhóirdheontais in aghaidh an tairbhí thar thréimhse 3 bliana as a chéile; agus

(b) deonaítear an fóirdheontas le haghaidh soláthar seirbhísí sna hearnálacha seo a leanas: closamharc, teileachumarsáid, seirbhísí airgeadais, iompar (lena n-áirítear muiriompar), fuinneamh (lena n-áirítear dáileadh leictreachais), comhshaol, ríomhairí, ailtireacht agus innealtóireacht, tógáil, nó seirbhísí poist agus cúiréireachta.

Airteagal 24.6

Comhairliúcháin

1. Má mheasann Páirtí go bhfuil dochar á dhéanamh ag fóirdheontas arna dheonú ag an bPáirtí eile dá thrádáil nó dá infheistíocht, nó gur dócha go ndéanfadh sé dochar dá thrádáil nó dá infheistíocht, féadfaidh an chéad Pháirtí a ábhar imní a chur in iúl don Pháirtí eile agus comhairliúcháin ar an ábhar a iarraidh. Déanfaidh an Páirtí iarrtha breithniú tuisceanach iomlán ar an iarraidh sin.

2. I rith na gcomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí iarrthach a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis bhreise ar an bhfóirdheontas a sholáthar, amhail:

(a) bunús dlí agus cuspóir nó cuspóir beartais an fhóirdheontais;

(b) foirm an fhóirdheontais;

(c) dátaí agus fad an fhóirdheontais agus aon teorainn ama eile a ghabhann leis;

(d) ceanglais incháilitheachta an fhóirdheontais;

(e) an méid iomlán nó an méid bliantúil arna bhuiséadú le haghaidh an fhóirdheontais;

(f) ainm fhaighteoir an fóirdheontas, más féidir; agus

(g) aon fhaisnéis eile lenar féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí díobhálacha an fhóirdheontais ar an trádáil nó ar an infheistíocht.

3. Soláthróidh an Páirtí iarrtha freagra i scríbhinn ina mbeidh faisnéis ábhartha ar an bhfóirdheontas i gceist tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dháta fála na hiarrata dá dtagraítear i mír 2. I gcás nach soláthraítear sa fhreagra i scríbhinn aon fhaisnéis ábhartha arna hiarraidh de bhun mhír 2, míneoidh an Páirtí iarrtha an fáth nach ann don fhaisnéis sin ina fhreagra i scríbhinn.

([85]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás foilsiú fóirdheontais nó cláir fóirdheontais ar an suíomh gréasáin, ní dhéantar réamhbhreithiúnas ar a stádas dlíthiúil ná ar chineál an chláir féin.

4. Tar éis don Pháirtí iarrthach an fhaisnéis arna soláthar de bhun mhíreanna 2 agus 3 a fháil, más rud é go gcuireann sé in iúl don Pháirtí iarrtha go measann sé go mbaineann éifeachtaí díobhálacha móra leis an bhfóirdheontas lena mbaineann dá thrádáil nó dá infheistíocht, nó go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha móra a bheith ag baint leis, déanfaidh an Páirtí iarrtha a dhícheall na héifeachtaí díobhálacha móra sin a dhíothú nó a íoslaghdú laistigh de 1 bhliain amháin ina dhiaidh sin.

Airteagal 24.7

Fóirdheontais Faoi Réir Coinníollacha

1. Cuirfidh gach Páirtí coinníollacha i bhfeidhm maidir leis na fóirdheontais seo a leanas, a mhéid a dhéanann siad difear diúltach nó ar dócha go ndéanfaidís difear diúltach do thrádáil nó d'infheistíocht an Pháirtí eile, mar a leanas:

(a) ceadaítear fóirdheontais nó socruithe dlíthiúla trína bhfuil rialtas freagrach as fiachais nó dliteanais fiontar áirithe a chumhdach ar choinníoll go mbeidh cumhdach na bhfiachas agus na ndliteanas sin teoranta a mhéid a bhaineann le méid na bhfiachas agus na ndliteanas sin nó fad na freagrachta sin;

(b) ceadaítear fóirdheontais le fiontair anásta nó dhócmhainneacha nó leo siúd atá ar tí a ndócmhainneachta faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) ullmhaíodh plean athstruchtúraithe inchreidte; beidh an plean sin bunaithe ar thoimhdí réalaíocha d'fhonn a áirithiú go bhfillfidh an fiontar ar inmharthanacht fhadtéarmach laistigh de thréimhse réasúnta; agus

(ii) maidir le fiontair seachas fiontair bheaga agus mheánmhéide, ranníocfaidh siad féin le costais an athstruchtúrúcháin.

2. Ní fhorléireofar fomhír 1(b) mar chosc ar Pháirtí tacaíocht leachtachta shealadach a sholáthar i bhfoirm ráthaíochtaí iasachta nó iasachtaí le haghaidh tréimhse is gá le réasún chun plean athstruchtúrúcháin a ullmhú. Beidh an tacaíocht leachtachta shealadach sin teoranta don mhéid is gá chun an fiontar a choimeád i ngnó agus chuige sin amháin.

Airteagal 24.8

Úsáid Fóirdheontas

Áiritheoidh gach Páirtí nach n-úsáidfidh fiontair na fóirdheontais a dheonaigh sé ach le haghaidh an chuspóra beartais nó chun na críche a deonaíodh iad ([86]).

Airteagal 24.9

Neamh-Fheidhm an Réitigh Díospóidí

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm Airteagal 24.5, a mhéid a bhaineann sé le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí, nó Airteagal 24.6.4.

([86]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, meastar go gcomhlíonann Páirtí an oibleagáid sin má bhunaigh sé an creat reachtach iomchuí agus na nósanna imeachta riaracháin chuige sin.

CAIBIDIL 25

MAOIN INTLEACHTÚIL

ROINN A

Forálacha Ginearálta

Airteagal 25.1

Cuspóirí agus Prionsabail

1. Is é is cuspóir don Chaibidil seo leibhéal leordhóthanach éifeachtach cosanta agus forfheidhmiúcháin a bhaint amach i dtaobh cearta maoine intleachtúla chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannchuidiú le cur chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche agus le haistriú agus scaipeadh na teicneolaíochta, rud a bheidh chun leasa fhrithpháirtigh táirgeoirí agus úsáideoirí eolais teicneolaíochta agus ar bhealach a chabhródh le leas sóisialta agus eacnamaíoch, agus le cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí; agus

(b) trádáil idir na Páirtithe a chur chun cinn agus a rialú, chomh maith le saobhadh trádála agus bacainní ar thrádáil a laghdú.

2. Féadfaidh Páirtí, agus a dhlíthe agus a rialacháin á gceapadh nó á leasú, bearta a ghlacadh a bhfuil gá leo chun an tsláinte phoiblí agus an cothú a chosaint, agus chun leas an phobail a chur chun cinn in earnálacha atá ríthábhachtach dá bhforbairt shocheacnamaíoch agus theicneolaíoch, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

3. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a ghlacadh, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, chun cosc a chur ar mhí-úsáid ceart maoine intleachtúla ag sealbhóirí na gceart nó ar dhul i muinín cleachtas lena sriantar an t-aistriú idirnáisiúnta teicneolaíochta nó lena ndéantar dochar dó go míréasúnta.

4. Agus na cuspóirí beartais phoiblí is bun le córais intíre á gcur san áireamh, aithníonn na Páirtithe an gá atá ann na nithe seo a leanas a dhéanamh trína gcórais maoine intleachtúla faoi seach, agus prionsabal na trédhearcachta á urramú, agus leasanna gach páirtí leasmhair ábhartha, lena n-áirítear sealbhóirí ceart, úsáideoirí agus an pobal, á gcur san áireamh:

(a) an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chur chun cinn;

(b) an scaipeadh faisnéise, eolais, teicneolaíochta, cultúir agus ealaíon a éascú; agus

(c) iomaíocht agus margaí oscailte éifeachtúla a chothú.

Airteagal 25.2

Cineál agus Raon Feidhme na nOibleagáidí

1. Geallann na Páirtithe cur chun feidhme leordhóthanach éifeachtach a áirithiú maidir leis na conarthaí idirnáisiúnta a phléann leis an maoin intleachtúil a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear Comhaontú TRIPS. Leis an gCaibidil seo comhlánófar agus sonrófar a thuilleadh cearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoi Chomhaontú TRIPS agus faoi chonarthaí idirnáisiúnta eile i réimse na maoine intleachtúla a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

2. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'cearta maoine intleachtúla' gach catagóir ceart maoine intleachtúla a chumhdaítear le Ranna 1 go 7 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS chomh maith le cearta póraitheora plandaí. Áirítear le cosaint maoine intleachtúla cosaint in aghaidh iomaíocht éagórach dá dtagraítear in Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint an 20 Márta 1883, a athbhreithníodh go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Pháras' anseo feasta).

3. Tabharfaidh gach Páirtí éifeacht d'fhorálacha na Caibidle seo. Féadfaidh Páirtí, ach ní cheanglófar air, cosaint agus forfheidhmiú níos láidre na gceart maoine intleachtúla a sholáthar ná mar a cheanglaítear leis an gCaibidil seo, ar choinníoll nach sáraíonn an chosaint ná an forfheidhmiú sin an Chaibidil seo. Beidh gach Páirtí saor chun modh cur chun feidhme iomchuí na Caibidle seo a chinneadh laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas féin.

Airteagal 25.3

Ídiú

Ní dhéanann an Chaibidil seo difear do shaoirse na bPáirtithe a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an ídiú ceart maoine intleachtúla, agus na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag an ídiú sin.

Airteagal 25.4

Cóir Náisiúnta

1. Déanfaidh gach Páirtí cóir nach lú fabhar a thabhairt do náisiúnaigh ([87]) de chuid an Pháirtí eile ná an chóir a thugann sé dá náisiúnaigh féin maidir le cosaint ceart maoine intleachtúla ([88]) a chumhdaítear sa Chaibidil seo, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear, faoi seach, i gCoinbhinsiún Pháras, i gCoinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint an 9 Meán Fómhair 1886, a athbhreithníodh go deireanach i bPáras an 24 Iúil 1971 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Bheirn' anseo feasta), an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Taibheoirí, Táirgeoirí Fónagram agus Eagraíochtaí Craolacháin, arna dhéanamh sa Róimh an 26 Deireadh Fómhair 1961 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Róimhe' anseo feasta), nó an Conradh um Chosaint Maoine Intleachtúla i leith Ciorcaid Iomlánaithe, arna dhéanamh in Washington D.C. an 26 Bealtaine 1989. I dtaca le taibheoirí, táirgeoirí fónagram agus eagraíochtaí craolacháin, níl feidhm ag an oibleagáid sin ach amháin maidir leis na cearta a sholáthraítear faoin gComhaontú seo.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí, mar choinníoll chun cóir náisiúnta a thabhairt de bhun an Airteagail seo, a cheangal ar shealbhóirí ceart aon fhoirmiúlacht ná aon choinníoll a chomhlíonadh chun cearta a fháil i dtaca le cóipcheart agus cearta gaolmhara ([89]).

3. Féadfaidh Páirtí leas a bhaint as na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 1 maidir le nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin, lena n-áirítear seoladh a ainmniú le haghaidh seirbhíse nó gníomhaire a cheapadh laistigh dá dhlínse, sna cásanna seo a leanas agus iontu sin amháin:

(a) gur gá na heisceachtaí sin lena áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir leis an gCaibidil seo; agus

(b) nach gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil.

4. Ní bheidh aon oibleagáid de bhun an Airteagail seo ar Pháirtí maidir le nósanna imeachta a sholáthraítear i gcomhaontuithe iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (dá ngairtear 'EDMI' anseo feasta) a bhaineann le héadáil nó cothabháil ceart maoine intleachtúla.

([87]) Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag an sainmhíniú ar náisiúnaigh i gComhaontú TRIPS.

([88]) Chun críocha na forála seo, áireofar le 'cosaint' ábhair a dhéanann difear d'infhaighteacht, éadáil, raon feidhme, cothabháil agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla chomh maith le hábhair a dhéanann difear d'úsáid ceart maoine intleachtúla a dtugtar aghaidh orthu go sonrach sa Chaibidil seo.

([89]) Tá an mhír seo gan dochar d'Airteagal 11 de Choinbhinsiún na Róimhe.

ROINN B

Caighdeáin maidir le Cearta Maoine Intleachtúla

FOROINN B.1

Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara

Airteagal 25.5

Conarthaí Idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas maidir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) Coinbhinsiún Bheirn;

(b) Coinbhinsiún na Róimhe;

(c) Conradh EDMI um Chóipcheart, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996; agus

(d) Conradh EDMI um Thaibhithe agus Fónagraim, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996.

2. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht réasúnta chun forálacha Chonradh Bhéising maidir le Taibhithe Closamhairc, arna ghlacadh i mBéising an 24 Meitheamh 2012, agus Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, arna ghlacadh in Marrakech an 27 Meitheamh 2013, a chomhlíonadh.

Airteagal 25.6

Údair

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'údair chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar a gcuid saothar;

(b) aon chineál scaipeadh ar an bpobal tríd an leagan bunaidh dá gcuid saothar, nó cóipeanna de, a dhíol nó ar bhealach eile;

(c) aon chumarsáid leis an bpobal maidir lena gcuid saothar trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(d) bunleaganacha nó cóipeanna a gcuid saothar a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

Airteagal 25.7

Taibheoirí

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do thaibheoirí chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) fosú a ([90]) dtaibhithe;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar fhosú a dtaibhithe;

([90]) Ciallaíonn 'fosú' corprú fuaimeanna nó íomhánna gluaisteacha, nó corprú léirithe orthu, óna bhféadtar iad a bhrath, a atáirgeadh nó a chur in iúl trí ghaireas.

(c) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trína ndíol nó ar bhealach eile;

(d) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;

(e) a dtaibhithe a chraoladh ar mhodh gan sreang leis an bpobal, agus a chur in iúl don phobal, ach amháin i gcás inar taibhiú craolta cheana féin é an taibhiú nó ina ndéantar é ó fhosú; agus

(f) fosú a dtaibhithe a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

Airteagal 25.8

Táirgeoirí Fónagram

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do tháirgeoirí chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar a gcuid fónagram;

(b) scaipeadh a gcuid fónagram ar an bpobal, trína ndíol nó ar shlí eile, lena n-áirítear cóipeanna díobh;

(c) a gcuid fónagram a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(d) a gcuid fónagram a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

Airteagal 25.9

Eagraíochtaí Craolacháin

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'eagraíochtaí craolacháin chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc ([91]):

(a) fosú a gcraoltaí, cibé acu a tharchuirfear na craoltaí sin de shreang nó ar an aer, lena n-áirítear cábla nó satailít;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar fhosú a gcraoltaí, cibé acu a tarchuireadh na craoltaí sin de shreang nó thar an líonra, lena n-áirítear le cábla nó satailít;

(c) fosuithe dá gcuid craoltaí a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, trí fhosuithe a gcraoltaí, cibé acu a tarchuireadh na craoltaí sin de shreang nó thar an líonra lena n-áirítear le cábla nó satailít ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;

(d) fosuithe, lena n-áirítear cóipeanna díobh, trína ndíol nó ar shlite eile, a scaipeadh ar an bpobal cibé acu a tarchuireadh na craoltaí sin de shreang nó ar an aer, lena n-áirítear cábla nó satailít; agus

(e) a gcraoltaí a athchraoladh trí mheán gan sreang, chomh maith lena gcraoltaí a chur in iúl don phobal má dhéantar an chumarsáid sin in áiteanna a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar tháille iontrála a íoc.

([91]) I gcás Mheicsiceo, tá an fhoráil seo gan dochar don cheanglas maidir lena oibleagáidí a chomhlíonadh faoina Dhlí um Theileachumarsáid agus Craolachán (*Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión*), arna fhoilsiú ina hIris Oifigiúil an 16 Iúil 2025.

Airteagal 25.10

Fónagraim a Foilsíodh ar Chúiseanna Tráchtála ([92]) a Chraoladh agus a Chur in Iúl don Phobal

1. Soláthróidh gach Páirtí do thaibheoirí agus do tháirgeoirí fónagram ceart an luacha saothair chothromasaigh aonair arna íoc ag an úsáideoir má úsáidtear fónagram a foilsíodh chun críoch tráchtála, nó atáirgeadh ar fhónagram den sórt sin, le haghaidh craoladh trí mhodhanna gan sreang nó le haghaidh aon chumarsáide leis an bpobal ([93]).

2. Aithníonn na Páirtithe gur cheart an luach saothair cothromasach aonair a dháileadh idir taibheoirí agus tairgeoirí na bhfónagram comhfhreagrach. Féadfaidh gach Páirtí reachtaíocht a achtú a dhéanfaidh, in éagmais comhaontú idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram, na téarmaí a shocrú ar dá réir a chomhroinnfidh taibheoirí agus táirgeoirí fónagram an luach saothair cothromasach aonair.

Airteagal 25.11

An Téarma Cosanta

1. Mairfidh cearta údair saothair go ceann shaol an údair agus go ceann 70 bliain ar a laghad tar éis bhás an údair, gan beann ar an dáta a chuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal.

2. Rachaidh téarma cosanta saothair ceoil a bhfuil focail ann in éag nach lú ná 70 bliain i ndiaidh bhás an duine deiridh de na daoine seo a leanas a mhaireann, bídís ainmnithe mar chomhúdair nó ná bídís: údar na liricí agus cumadóir an tsaothair ceoil ([94]).

3. I gcás saothair gan ainm nó saothair a bhfuil ainm cleite leo, rachaidh an téarma cosanta in éag 70 bliain ar a laghad tar éis an dáta ar a gcuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal. Mura bhfuil amhras ar bith ann, áfach, faoi chéannacht an údair a bhuí leis an ainm cleite a ghlac sé, nó má nochtann an t-údar a chéannacht le linn na tréimhse dá dtagraítear sa chéad abairt, beidh feidhm leis an téarma cosanta a leagtar síos i mír 1.

4. Rachaidh an téarma cosanta do shaothair chineamatagrafacha nó chlosamhairc in éag 70 bliain ar a laghad i ndiaidh bhás an duine deiridh ar a laghad de na daoine seo a leanas a mhaireann, bídís ainmnithe mar chomhúdair nó ná bídís: an príomhstiúrthóir, údar na scripte scannáin; údar na dialóige agus cumadóir an cheoil ([95]).

5. Rachaidh cearta eagraíochtaí craolacháin in éag nach lú ná 50 bliain i ndiaidh céadchraoladh craolacháin, bíodh an craolachán sin craolta le sreang nó thar an líonra, lena n-áirítear trí chábla nó satailít.

([92]) Féadfaidh gach Páirtí cearta níos fairsinge, a mhéid a bhaineann le fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal, a dheonú do thaibheoirí agus do léiritheoirí fónagram.

([93]) Chun críocha an Airteagail seo, ní áirítear le 'cumarsáid leis an bpobal' fónagram a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, ar bhealach trína bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil air ó áit agus ag am dá rogha féin ar bhonn aonarach.

([94]) Féadfaidh Páirtí a chinneadh go gceanglaítear le cur i bhfeidhm na míre seo gur cruthaíodh an dá rud go sonrach le haghaidh an tsaothair ceoil le focail lena mbaineann.

([95]) Féadfaidh Páirtí a chinneadh nach mór an ceol a chruthú go sonrach lena úsáid sa saothar cineamatagrafach nó closamhairc lena mbaineann.

6. Forálfaidh ([96]) gach Páirtí:

(a) go rachaidh téarma cosanta chearta taibheoirí in éag 75 bliana tar éis an chéad fhosaithe den taibhiú i bhfónagram, nó tar éis an chéad thaibhithe de shaothair nach bhfosaítear i bhfónagraim, nó an tarchur den chéad uair ar aon mheán; agus

(b) go rachaidh téarma cosanta chearta táirgeoirí fónagram in éag 75 bliana tar éis an chéad fhosaithe de na fuaimeanna san fhónagram.

De rogha air sin, forálfaidh Páirtí maidir leis na nithe seo a leanas:

(c) maidir le cearta taibheoirí as a dtaibhithe a fhosaítear seachas i bhfónagram, rachaidh siad in éag tráth nach lú ná 50 bliain tar éis fhosú an taibhithe agus, má fhoilsítear é laistigh den tréimhse sin, tráth nach déanaí ná 50 bliain tar éis an chéad fhoilsithe dhlíthiúil; agus

(d) maidir le cearta taibheoirí le haghaidh a dtaibhithe a fhosaítear i bhfónagraim agus cearta táirgeoirí fónagram, rachaidh na cearta sin in éag tráth nach lú ná 50 bliain tar éis fhosú an taibhithe nó san fhónagram agus, má fhoilsítear iad laistigh den tréimhse sin, tráth nach lú ná 70 bliain tar éis an chéad fhoilsithe dhlíthiúil; maidir leis an mbrabús a ghintear le linn 20 bliain na cosanta tar éis 50 bliain i ndiaidh an chéad fhoilsithe dhlíthiúil, déanfaidh gach Páirtí bearta éifeachtacha lena áirithiú go ndéanfar an brabús sin a chomhroinnt go cothrom idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram.

7. Ríomhfar na téarmaí cosanta a leagtar amach san Airteagal seo ón 1 Eanáir den bhliain tar éis an teagmhais.

Airteagal 25.12

Ceart Athdhíola

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil, ar mhaithe le húdar saothar ealaíne grafaice nó plaistí, cé is moite de shaothair ealaíne feidhmí, maidir le ceart athdhíola, a bheidh le sainmhíniú mar cheart doshannta, nach féidir a tharscaoileadh, fiú roimh ré, chun ranníocaíocht ([97]) sa phraghas a fhaightear ar aon athdhíol ar an saothar sin, tar éis na chéad uaire a d'aistrigh an t-údar an saothar sin ([98]).

2. Beidh feidhm ag an gceart dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na gníomhaíochtaí athdhíola ar fad lena bhfuil baint ag gairmithe sa mhargadh ealaíne, amhail seomraí díolachán, dánlanna agus, go ginearálta, aon déileálaí i saothair ealaíne mar dhíoltóirí, ceannaitheoirí nó idirghabhálaithe.

Airteagal 25.13

Comhar maidir le Bainistiú ar Chearta Comhchoiteanna

1. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn an comhar idir a n-eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne faoi seach chun infhaighteacht saothar agus ábhar cosanta eile i gcríocha na bPáirtithe a chothú agus chun aistriú ioncaim ó chearta i dtaca le húsáid na saothar sin nó na n-ábhar cosanta eile a chothú.

2. Aontaíonn na Páirtithe trédhearcacht agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn idir comhaltaí d'eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ioncam ó na cearta a bhailíonn siad, asbhaintí a chuireann siad i bhfeidhm maidir leis an ioncam sin, an úsáid a bhaintear as na cearta ioncaim a bhailítear, an beartas dáilte agus a raon.

([96]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, roghnóidh gach Páirtí idir an rogha dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) agus (b) nó an rogha mhalartach dá dtagraítear i bhfomhíreanna (c) agus (d), bunaithe ar a reachtaíocht intíre.
([97]) Féadfaidh Páirtí an ranníocaíocht sin a léiriú mar chéatadán den phraghas athdhíola.
([98]) Féadfaidh Páirtí coinníollacha íosta a bhunú le haghaidh chur i bhfeidhm an chirt athdhíola.

Airteagal 25.14

Eisceachtaí agus Teorainneacha

Maidir le heisceachtaí nó teorainneacha ar na cearta a leagtar amach san Fhoroinn seo, teorannóidh gach Páirtí na teorainneacha nó na heisceachtaí sin chuig cásanna speisialta áirithe nach bhfuil ar neamhréir le gnáthshaothrú an tsaothair, an taibhithe, an fhónagraim ná an chraolta, agus nach ndéanann dochar míréasúnta do leasanna an tsealbhóra cirt.

Airteagal 25.15

Bearta Teicneolaíocha a Chosaint

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith in aghaidh dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a dhéanann an duine lena mbaineann agus a fhios aige, nó a bhfuil foras réasúnta ann go mbeadh a fhios aige, go bhfuil sé nó sí ag gabháil don chuspóir sin.

2. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith ar ghairis, táirgí nó comhpháirteanna a mhonarú, a allmhairiú, a dháileadh, a dhíol, a ligean ar cíos, a fhógairt iad a bheith ar díol nó ar cíos, nó seilbh a fháil chun críoch tráchtála ar ghairis, táirgí nó comhpháirteanna, nó seirbhísí a sholáthar:

(a) a chuirtear chun cinn, a fhógraítear nó a mhargaítear chun dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach;

(b) nach bhfuil ach cuspóir teoranta nó úsáid theoranta acu atá suntasach ó thaobh na tráchtála de seachas dul timpeall ar bheart teicneolaíoch éifeachtach; nó

(c) a dheartar, a tháirgtear, a chuirtear in oiriúint nó a fheidhmítear go príomha chun dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a chumasú nó a éascú.

3. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'bearta teicneolaíocha', aon teicneolaíocht, aon ghaireas, nó aon chomhpháirt a cheaptar, arna oibriú nó arna hoibriú sa ghnáthchúrsa, chun gníomhaíochtaí a chosc nó a shrianadh i leith saothar nó ábhar eile nach bhfuil údaraithe ag sealbhóir cirt aon chóipchirt nó aon chirt ghaolmhair, dá bhforáiltear le dlí an Pháirtí lena mbaineann. Measfar bearta teicneolaíocha a bheith 'éifeachtach' i gcás ina rialaíonn an sealbhóir cirt úsáid saothair faoi chosaint nó úsáid ábhair eile trí rialú rochtana nó próiseas cosanta a chur i bhfeidhm, amhail criptiúchán, scrobhadh nó claochlú eile an tsaothair nó ábhair eile nó sásra um rialú cóipeanna, lena mbaintear amach cuspóir na cosanta.

4. D'ainneoin na cosanta dlíthiúla dá bhforáiltear i mír 1, in éagmais bearta deonacha arna ndéanamh ag na sealbhóirí cirt, féadfaidh gach Páirtí bearta iomchuí a dhéanamh, de réir mar is gá, lena áirithiú, maidir leis an gcosaint dhlíthiúil leordhóthanach ar dhul timpeall ar bhearta teicneolaíocha éifeachtacha dá bhforáiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo, nach gcuirfidh sí cosc ar thairbhithe leas a bhaint as eisceachtaí ná teorainneacha dá ndéantar foráil i gcomhréir le hAirteagal 25.14.

Airteagal 25.16

Oibleagáidí maidir le Faisnéis faoi Bhainistiú na gCeart

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith in aghaidh aon duine a dhéanfaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas go feasach, gan údarás, agus a fhios aige, nó a bhfuil foras réasúnta ann go mbeadh a fhios aige, go ndéanfar sárú ar aon chóipcheart nó ar aon cheart gaolmhar a spreagadh, a chumasú, a éascú, nó a cheilt dá bharr:

(a) faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart a bhaint nó a choigeartú; nó

(b) saothair nó ábhar eile a chosnaítear faoin bhForoinn seo ar baineadh faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart díobh nó ar coigeartaíodh an fhaisnéis sin gan údarú, a dháileadh, nó a allmhairiú lena ndáileadh, a chraoladh, a chur in iúl nó a chur ar fáil don phobal.

2. Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn 'faisnéis faoi bhainistiú na gceart' aon fhaisnéis a sholáthraíonn sealbhóirí cirt, lena n-aithnítear an saothar nó ábhar eile dá dtagraítear san Fhoroinn seo, an t-údar nó aon sealbhóir cirt eile, aon fhaisnéis maidir le téarmaí agus coinníollacha úsáide an tsaothair nó an ábhair eile, nó aon uimhir nó cód a léiríonn an fhaisnéis sin.

3. Beidh feidhm ag mír 2 i gcás ina mbeidh baint ag aon cheann de na nithe a luaitear sa mhír sin le cóip de shaothar nó d'ábhar eile dá dtagraítear san Fhoroinn seo nó má thagann sé chun cinn i ndáil leis an saothar nó an t-ábhar sin á chur in iúl don phobal.

FOROINN B.2

Trádmharcanna

Airteagal 25.17

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí:

(a) gach iarracht réasúnta chun cloí leis an gConradh um an Dlí Trádmharcanna, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 27 Deireadh Fómhair 1994, agus le Conradh Shingeapór maidir le Dlí na dTrádmharcanna, arna dhéanamh i Singeapór an 27 Márta 2006;

(b) cloí leis an bPrótacal a bhaineann le Comhaontú Mhaidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta Marcanna, arna ghlacadh i Maidrid an 27 Meitheamh 1989, arna leasú go deireanach an 12 Samhain 2007, agus le Comhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna, arna dhéanamh in Nice an 15 Meitheamh 1957, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 (dá ngairtear 'Aicmiú Nice' anseo feasta).

Airteagal 25.18

Nós Imeachta Clárúcháin

1. Bunóidh gach Páirtí córas chun trádmharcanna a chlárú ina ndéanfar gach cinneadh críochnaitheach diúltach, lena n-áirítear diúltú páirteach chun clárú a dhéanamh, a eiseoidh an riarachán trádmhairc ábhartha, a chur in iúl i scríbhinn agus é réasúnaithe go cuí agus ar bhealach inar féidir agóid a dhéanamh ina choinne.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfaí cur i gcoinne iarratais ar thrádmharcanna a chlárú nó, más iomchuí, clárúcháin trádmhairc agus go bhféadfaí an t-iarratasóir ar thrádmharc freagairt don chur i gcoinne sin ([99]).

3. Soláthróidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach atá ar fáil go poiblí ina bhfuil iarratais ar thrádmharc agus clárúcháin trádmhairc.

Airteagal 25.19

Na Cearta a Thugtar le Trádmharc

1. Tabharfar cearta eisiacha don dílseánach le trádmharc cláraithe. Beidh an dílseánach i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí, nach bhfuil cead an dílseánaigh aige, i gcúrsa trádála úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas:

(a) aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leis na hearraí nó seirbhísí arb ina leith a bhfuil an trádmharc cláraithe; agus

([99]) Déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnta nós imeachta sáraíochta a ghlacadh le haghaidh an chur i gcoinne.

(b) aon chomhartha más rud é, i ngeall ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis an trádmharc agus ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis na hearraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ag an trádmharc agus an comhartha, gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal lena n-áirítear an dóchúlacht go mbeadh comhthiomsaitheacht ann idir an comhartha agus an trádmharc.

2. Beidh dílseánach trádmhairc i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí ó earraí a thabhairt isteach, agus iad i mbun gníomhaíocht tráchtála, i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil an trádmharc cláraithe, gan a bheith scaoilte le haghaidh saorchúrsaíochta ansin, i gcás ina dtagann na hearraí sin, lena n-áirítear pacáistíocht, ó thríú tíortha agus ina mbíonn trádmharc acu, gan údarú, atá comhionann leis an trádmharc a cláraíodh i leith earraí den sórt sin, nó nach féidir a sainghnéithe a idirdhealú ón trádmharc sin ([100]).

Airteagal 25.20

Trádmharcanna Aitheanta

Chun éifeacht a thabhairt do chosaint trádmharcanna aitheanta, dá dtagraítear in Airteagal 6bis de Choinbhinsiún Pháras agus míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 16 de Chomhaontú TRIPS, cuirfidh gach Páirtí i bhfeidhm an Moladh Comhpháirteach maidir le Forálacha um Chosaint Marcanna Aitheanta, a ghlac Comhthionól Aontas Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint agus Comhthionól Ginearálta EDMI ag an 34ú Sraith de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDMI ón 20 go dtí an 29 Meán Fómhair 1999.

Airteagal 25.21

Iarratais de Mheon Mímhacánta

Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh nach ndéanfar trádmharc a chlárú más de mheon mímhacánta a rinne an t-iarratasóir an t-iarratas ar an trádmharc a chlárú. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil freisin go ndearbhófar trádmharc den sórt sin a bheith neamhbhailí má cláraíodh é.

Airteagal 25.22

Cealúchán

1. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil gur féidir trádmharc a chealú ([101]) más rud é, laistigh de thréimhse a chinnfear lena dhlí, nár baineadh úsáid ([102]) as an trádmharc sa chríoch ábhartha i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, agus nach ann do chúiseanna cuí maidir le neamhúsáid.

2. Dlífear trádmharc a chealú freisin más rud é, tar éis an dáta a cláraíodh é, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíocht an dílseánaigh, gur éirigh an trádmharc ina ghnáthainm sa trádáil ar tháirge nó seirbhís a bhfuil sé cláraithe ina leith.

3. Dlífear trádmharc a chealú freisin má cláraíodh é d'ainneoin go bhféadfadh sé go gcuirfí an pobal amú maidir le cineál, cáilíocht nó tionscnamh geografach na n-earraí nó na seirbhísí ar cláraíodh ina leith é ([103]).

([100]) Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go rachaidh teidlíocht dhílseánach an trádmhairc in éag más rud é, le linn na n-imeachtaí chun a chinneadh cé acu a sáraíodh an trádmharc cláraithe nó nár sáraíodh, go gcuireann an dearbhóir nó sealbhóir na n-earraí fianaise ar fáil nach bhfuil dílseánach an trádmhairc chláraithe i dteideal toirmeasc a chur ar na hearraí sin a chur ar an margadh sa tír cinn scríbe.

([101]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí cealú a shainmhíniú mar chúlghairm, dul in éag nó neamhniú.

([102]) Féadfaidh Páirtí a cheangal gur fíorúsáid atá i gceist nó go ndéantar an úsáid ar chainníocht nó ar bhealach a chomhfhreagraíonn d'úsáid tráchtála. Féadfaidh Páirtí a chinneadh freisin neamhaird a thabhairt ar thosú nó ar atosú na húsáide díreach roimh chomhdú na hiarrata ar chealú.

([103]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí trádmharc a chealú freisin más rud é, mar thoradh ar an úsáid a bhain dílseánach an trádmhairc as an trádmharc nó ar an úsáid a baineadh as lena thoiliú i leith na n-earraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, go bhféadfadh sé go gcuirfeadh an trádmharc an pobal amú.

Airteagal 25.23

Eisceachtaí ar na Cearta a Thugtar le Trádmharc

Ar choinníoll go gcuirfear san áireamh leasanna dlisteanacha úinéirí na dtrádmharcanna agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe, déanfaidh gach Páirtí:

(a) foráil maidir le húsáid chóir téarmaí tuairisciúla ([104]) mar eisceacht theoranta ó na cearta a thugtar le trádmharcanna; agus

(b) foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí teoranta eile.

FOROINN B.3

Dearaí Tionsclaíocha

Airteagal 25.24

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh gach páirtí gach iarracht réasúnta chun aontú d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 2 Iúil 1999.

Airteagal 25.25

Cosaint Dearaí Tionsclaíocha Cláraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir dearaí tionsclaíocha a cruthaíodh go neamhspleách a chosaint, ar dearaí iad atá nua nó uathúil ([105]). Is trí chlárú a sholáthrófar an chosaint sin agus bronnfar ceart eisiach ar a sealbhóirí i gcomhréir leis an bhForoinn seo.

2. Beidh an ceart ag sealbhóir dearaidh thionsclaíoch chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe, nach bhfuil toiliú an tsealbhóra acu ar a laghad, táirge ar a bhfuil an dearadh tionsclaíoch cláraithe, nó ina n-ionchorpraítear an dearadh tionsclaíoch, a úsáid agus, go háirithe, a dhéanamh, a thairiscint lena dhíol, a dhíol, a chur ar an margadh nó a allmhairiú, nó úsáid a bhaint as earraí ar a bhfuil an dearadh tionsclaíoch faoi chosaint nó ina n-ionchorpraítear é, i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin chun críoch tráchtála, i gcás ina ndéanann siad dochar míchuí do ghnáthshaothrú an dearaidh thionsclaíoch, nó i gcás nach bhfuil siad comhoiriúnach le cleachtais chóirthrádála.

3. Maidir le dearadh tionsclaíoch a úsáidtear ar tháirge nó a ionchorpraítear ann arb é atá ann comhpháirt de tháirge casta, ní mheasfar gur dearadh nua nó bunaidh é:

(a) ach amháin má bhíonn an chomhpháirt, tar éis í a chur isteach sa táirge ilchasta, fós le feiceáil le linn ghnáthúsáid an táirge ilchasta sin; agus

(b) ach amháin a mhéid a chomhlíonann na gnéithe infheicthe sin den chomhpháirt iontu féin na ceanglais ó thaobh úrnuachta agus bunúsachta de.

4. Ciallaíonn 'gnáthúsáid' dá dtagraítear i bhfomhír 3(a) an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh as earra, gan cothabháil, seirbhísiú nó obair dheisiúcháin a áireamh.

([104]) Áirítear le húsáid chóir téarmaí tuairisciúla úsáid comhartha chun tionscnamh geografach na n-earraí nó na seirbhísí a léiriú, i gcás ina bhfuil an úsáid sin i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála.

([105]) I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí Páirtí, féadfar a cheangal freisin go soláthrófar gné shainiúil dearaí tionsclaíocha.

Airteagal 25.26

An Téarma Cosanta

Cinnfidh gach Páirtí an téarma cosanta agus féadfar é a athnuachan go ceann aon tréimhse amháin nó níos mó de 5 bliana an ceann, suas le téarma iomlán cosanta 25 bliana ó dháta comhdaithe an iarratais.

Airteagal 25.27

Eisceachtaí agus Eisiaimh

1. Féadfaidh gach Páirtí eisceachtaí teoranta a sholáthar ó chosaint dearaí tionsclaíocha, ar choinníoll nach bhfuil na heisceachtaí sin ar neamhréir go míréasúnta le gnáthshaothrú dearaí tionsclaíocha cosanta agus nach ndéantar leo dochar míréasúnta do leasanna dlisteanacha shealbhóir an dearaidh thionsclaíoch chosanta, agus cearta dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh.

2. Ní leathnófar cosaint dearaidh thionsclaíoch chun dearaí a chumhdach ar le cúinsí teicniúla nó feidhmiúla a leagtar síos iad tríd is tríd. Go sonrach, ní chosnófar dearadh tionsclaíoch más é atá ann gnéithe de chuma tháirge ar gá iad a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge ina n-ionchorpraítear an dearadh tionsclaíoch, nó a gcuirtear an dearadh tionsclaíoch i bhfeidhm air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó i dtadhall leis, ionas gur féidir le ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a dhéanamh.

3. De mhaolú ar mhír 2, d'fhéadfadh ceart dearaidh thionsclaíoch a bheith ar marthain ar dhearadh tionsclaíoch a bhfuil de chuspóir aige táirgí so-chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach.

Airteagal 25.28

Nasc le Cóipcheart

Beidh dearadh tionsclaíoch incháilithe do chosaint freisin faoi dhlí Páirtí maidir le cóipcheart ón dáta a cruthaíodh nó a fosaíodh an dearadh tionsclaíoch in aon fhoirm. Cinnfidh gach Páirtí a mhéid a thabharfar cosaint chóipchirt den sórt sin, lena n-áirítear an leibhéal úrnuachta is gá, agus na coinníollacha faoina dtabharfar cosaint den sórt sin.

FOROINN B.4

Tásca Geografacha

Airteagal 25.29

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'tásc geografach' tásc lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh críoch Pháirtí, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair sa chríoch sin, i gcás ina mbeidh cáilíocht, clú nó saintréith eile áirithe den earra sin inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh; agus

(b) ciallaíonn 'aicme táirge' aicme táirge agus Aicmiú Nice á chur san áireamh.

Airteagal 25.30

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas do thásca geografacha ar a gcríoch a chosaint i gcomhréir le hAirteagail 22, 23 agus 24 de Chomhaontú TRIPS.

2. Déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnta cloí le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Bealtaine 2015.

Airteagal 25.31

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le haithint agus cosaint tásc geografach lena sainaithnítear earraí a thagann faoin aicme táirge ábhartha agus a liostaítear in Iarscríbhinn 25-B.

2. Smaoineoidh na Páirtithe ar raon feidhme na dtásc geografach a chumhdaítear faoin bhForoinn seo a leathnú chuig tásca geografacha in aicmí táirge seachas earraí bia agus talmhaíochta. Ar an gcúis sin, chuir na Páirtithe ar áireamh in Iarscríbhinn 25-C ainmneacha lena sainaithnítear earraí de thionscnamh a gcríche agus atá cosanta inti a smaoineofar, ar choinníoll go leathnófar raon feidhme na cosanta den Chomhaontú seo, ar a gcur san áireamh faoi raon feidhme na cosanta den Chomhaontú seo faoi réir thabhairt i gcrích na nósanna imeachta a leagtar amach san Fhoroinn seo ([106]).

Airteagal 25.32

Tásca Geografacha a Liostaítear

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) maidir leis na tásca geografacha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn 25-B, is tásca geografacha iad lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh chríoch an Aontais Eorpaigh nó de thionscnamh réigiún nó ceantar sa chríoch sin; agus

(b) maidir leis na tásca geografacha a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn 25-B, is tásca geografacha iad lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh chríoch Mheicsiceo nó de thionscnamh réigiún nó ceantar sa chríoch sin.

Airteagal 25.33

Tásca Geografacha Seanbhunaithe

Tar éis na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 25-B a bhreithniú agus tar éis nós imeachta freasúra a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn 25-A, cosnóidh gach Páirtí na tásca geografacha sin de réir an leibhéil cosanta a leagtar síos san Fhoroinn seo.

([106]) Aithníonn na Páirtithe, chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thrádmharc, a mhéid atá sé ábhartha faoi dhlí Páirtí, go gcosnaítear na hainmneacha sin sa tír thionscnaimh.

Airteagal 25.34

Cosaint Tásc Geografach a Liostaítear in Iarscríbhinn 25-B

1. Soláthróidh gach Páirtí na modhanna dlíthiúla le go bhféadfaidh páirtithe leasmhara na nithe seo a leanas a chosc:

(a) úsáid táisc gheografaigh de chuid an Pháirtí eile a liostaítear in Iarscríbhinn 25-B ([107]) le haghaidh earra a thagann faoin aicme táirge le haghaidh an táisc gheografaigh sin agus:

(i) nach bhfuil de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 25-B i leith an táisc gheografaigh sin; nó

(ii) atá de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 25-B i leith an táisc gheografaigh sin ach nár táirgeadh nó nár monaraíodh é i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí eile a mbeadh feidhm acu dá mbeadh an t-earra le tomhailt sa Pháirtí eile;

(b) trí úsáid a bhaint as modh ar bith in ainmniú nó i gcur i láthair earra a thabharfadh le fios nó a chuirfeadh in iúl go bhfuil an t-earra atá i gceist de thionscnamh ceantair nach é an fhíoráit tionscnaimh é ar mhodh a chuireann an pobal amú i dtaca le tionscnamh geografach an bhia; agus

(c) aon úsáid eile arb éard atá inti gníomh iomaíochta éagóraí de réir bhrí Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras.

2. Soláthróidh gach Páirtí an chosaint dá dtagraítear i bhfomhír 1(a) fiú i gcás ina ndéanfar fíorthionscnamh an earra a léiriú, nó i gcás ina n-úsáidfear aistriúchán ar an tásc geografach, nó ina n-úsáidfear an tásc geografach agus nathanna amhail 'sórt', 'cineál', 'stíl', 'aithris' nó nathanna dá samhail ag gabháil leis.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le forfheidhmiú, le gníomhaíocht riaracháin agus san fhoirm a ndéantar foráil maidir léi ina dhlí, in aghaidh na nithe seo a leanas:

(a) aon úsáid tráchtála dhíreach nó indíreach a bheith á baint as an ainm faoi chosaint;

(b) aon aithris nó leagan eile ar ainm faoi chosaint nó aon úsáid a d'fhéadfadh daoine a chur amú;

(c) aon léiriú bréagach nó míthreorach ar ainm faoi chosaint; nó

(d) aon chleachtas eile ar dócha go gcuirfeadh sé an tomhaltóir amú maidir le fíorthionscnamh, bunáitíocht agus cineál an earra.

4. Na tásca geografacha a chosnaítear faoin bhForoinn seo, ní bheidh siad ina dtásca geografacha cineálacha i gcríocha na bPáirtithe.

5. Ní chuirfidh aon ní san Fhoroinn seo d'oibleagáid ar Pháirtí tásc geografach an Pháirtí eile a chosaint, ar tásc é nach bhfuil cosanta, nó a scoir de bheith cosanta, i gcríoch an Pháirtí tionscnaimh. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile má scoireann tásc geografach de bheith cosanta ina chríoch. Tabharfar an fógra sin laistigh de 3 mhí tar éis don údarás inniúil a chinneadh deiridh a eisiúint ina sonraítear gur scoir an tásc geografach de bheith cosanta.

([107]) A mhéid a bhaineann le liosta na dtásc geografach a leagtar amach in Iarscríbhinn 25-B, ní chumhdaítear leis an gcosaint a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo téarmaí aonair atá ina gcuid d'ainm táisc gheografaigh chomhshuite mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 25-B-1.

6. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo, *mutatis mutandis*, maidir leis an liosta ainmneacha in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le haitheantas frithpháirteach agus le cosaint d'ainmniúcháin le haghaidh deochanna biotáilleacha, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 27 Bealtaine 1997 (dá ngairtear an 'Comhaontú maidir le Biotáille' anseo feasta).

Airteagal 25.35

Modhnú ar Liosta na dTásc Geografach

1. Féadfaidh an Chomhairle Trádála, i gcomhréir le hAirteagal 25.42, a chinneadh Iarscríbhinn 25-B a mhodhnú trí thásca geografacha a chur léi nó a cheartú, nó trí thásca geografacha a bhaint aisti ar tásca geografacha iad a scoir de bheith faoi chosaint nó nach mbíonn in úsáid a thuilleadh ina n-áit tionscnaimh. Is é an Fochoiste um Maoin Intleachtúil arna bhunú le fomhír 1(k) d'Airteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo) a ullmhóidh cinntí den sórt sin.

2. Cuirfear tásca geografacha nua leis le cinneadh ón gComhairle Trádála tar éis breithniú a dhéanamh ar na hainmneacha arna gcur isteach agus tar éis nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 25.33 a thabhairt i gcrích.

3. Féadfaidh an Chomhairle Trádála Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Biotáille a leasú, le cinneadh, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25.33 i gcás tásca geografacha nua.

Airteagal 25.36

Ceart Úsáide na dTásc Geografach

1. Aon oibreoir a chuireann earra ar an margadh atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla comhfhreagracha, féadfaidh sé tásc geografach atá faoi chosaint faoin bhForoinn seo a úsáid.

2. Nuair a bheidh tásc geografach faoi chosaint faoin bhForoinn seo, ní bheidh úsáid an táisc gheografaigh sin faoi réir aon chlárúchán úsáideoirí ná aon cheanglais eile.

3. Tásca, giorrúcháin agus siombailí a thagraíonn do thásc geografach, ní úsáidfear iad ach amháin maidir leis an earra a chosnaítear nó a chláraítear sa chríoch faoi seach agus a tháirgtear i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla comhfhreagracha.

Airteagal 25.37

Caidreamh idir Trádmharcanna agus Tásca Geografacha

1. Beidh an Fhoroinn seo gan dochar do na cearta a thugtar le réamh-thrádmharc ar cuireadh isteach air nó a cláraíodh de mheon macánta, nó a fuarthas trí úsáid de mheon macánta, i gcríoch Pháirtí. Mar eisceacht theoranta ó na cearta a thugtar le trádmharc, in imthosca áirithe d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh réamh-thrádmharc ceart dá úinéir cosc a chur ar chosaint a thabhairt do thásc geografach cláraithe ná ar thásc geografach a úsáid sa Pháirtí ina gcuirtear isteach ar an trádmharc, ina gcláraítear é nó ina n-úsáidtear é. Ní theorannóidh cosaint an táisc gheografaigh chláraithe ar aon bhealach eile na cearta a thugtar leis an trádmharc sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht athnuachaintí nó athruithe ar chomhartha sainiúil a iarraidh ar choinníoll nach gníomh iomaíochta éagóraí atá san athrú sin.

2. Ní cheanglófar ar Pháirtí ainm a chosaint mar thásc geografach de bhun Airteagal 25.34, más rud é, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc agus an mhéid ama a bhí sé in úsáid, gur dócha go gcuirfeadh an t-ainm sin an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an earra.

3. Faoi réir Airteagal 25.39 agus ag cur le mír 3 d'Airteagal 22 de Chomhaontú TRIPS, maidir le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 25-B a ghabhann leis an gComhaontú seo agus atá faoi chosaint an Pháirtí tionscnaimh i gcónaí mar thásca geografacha, déanfaidh Páirtí clárú trádmhairc a dhiúltú nó a chur ó bhailíocht *ex officio*, má cheadaítear é sin faoina dhlí nó arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar, ar choinníoll:

(a) go mbeadh clárú an trádmhairc le haghaidh earraí ar neamhréir le hAirteagal 25.34;

(b) go mbaineann an trádmharc leis an earra céanna nó le hearra cosúil;

(c) go mbaineann an trádmharc le hearraí nach de thionscnamh an táisc gheografaigh lena mbaineann iad; agus

(d) go gcuirtear isteach an t-iarratas ar an trádmharc a chlárú tar éis an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas ar an tásc geografach a chosaint i gcríoch an Pháirtí lena mbaineann.

4. Maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 25.32, is é a bheidh sa dáta a chuirtear isteach an t-iarratas ar chosaint dá dtagraítear i bhfomhír 3(d) den Airteagal seo dáta sínithe an Chomhaontaithe seo.

5. Maidir le tásca geografacha nua, dá dtagraítear in Airteagal 25.35.2, is é a bheidh sa dáta a chuirtear isteach an t-iarratas ar chosaint dá dtagraítear i bhfomhír 3(d) den Airteagal seo dáta foilsithe an táisc gheografaigh sa nós imeachta freasúra.

6. Maidir le cosaint a thugtar do na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 25-B, ní thosóidh sí tráth nach luaithe ná dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 25.38

An Chosaint a Fhorfheidhmiú

Déanfaidh gach Páirtí an chosaint dá ndéantar foráil in Airteagail 25.34 go 25.37 a fhorfheidhmiú trí bhíthin nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha iomchuí, i gcomhréir lena dhlí agus lena chleachtas. Déanfaidh na húdaráis inniúla an chosaint sin a fhorfheidhmiú in aon cheann de na bealaí seo a leanas nó iontu araon:

(a) ar a dtionscnamh féin; nó

(b) arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar.

Airteagal 25.39

Rialacha Ginearálta

1. Ní éileofar ar Pháirtí ainm a chosaint mar thásc geografach faoin bhForoinn seo, i gcás ina mbeadh an t-ainm sin i neamhréir le hainm cineál planda nó pór ainmhí agus inar dócha go ndéanfadh an t-ainm, dá dheasca sin, an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an earra.

2. Maidir le hainm comhainmneach ar dócha go gcuirfeadh sé an tomhaltóir amú sa chaoi go gcreidfeadh sé gur de thionscnamh críoch eile an t-earra, ní chlárófar an t-ainm sin mar thásc geografach fiú más cruinn an t-ainm a mhéid a bhaineann le críoch, le réigiún nó dúiche iarbhír tionscnaimh an earra atá i gceist. Gan dochar d'Airteagal 23 de Chomhaontú TRIPS, déanfaidh na Páirtithe na coinníollacha praiticiúla a chinneadh go comhpháirteach faoina ndéanfar tásca geografacha atá comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt a dhifreáil óna chéile agus aird á tabhairt ar an ngá lena áirithiú go gcaithfear go comhionann leis na tomhaltóirí lena mbaineann agus nach gcuirfear tomhaltóirí amú.

3. Más rud é go mbeartaíonn Páirtí, i gcomhthéacs na caibidlíochta déthaobhaí le tríú tír, cosaint a thabhairt do thásc geografach de chuid an tríú tír sin atá comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt le tásc geografach de chuid an Pháirtí eile, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas agus tabharfaidh sé deis dó barúil a thabhairt sula gcosnófar tásc geografach an tríú tír.

4. Déanfaidh údaráis an Pháirtí sa chríoch ina dtionscnaítear an t-earra sonraíocht theicniúil dá dtagraítear san Fhoroinn seo, lena n-áirítear aon leasú, a fhormheas.

Airteagal 25.40

Eisceachtaí

1. Níl aon ní san Fhoroinn seo a cheanglaíonn ar Pháirtí forálacha an Fhoroinne seo a chur i bhfeidhm i leith tásc geografach, nó téarma aonair atá le fáil i dtásc geografach il-chomhpháirte, de chuid an Pháirtí eile maidir le hearraí nó seirbhísí dá bhfuil an tásc ábhartha comhionann leis an téarma is gnách sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta ar na hearraí nó na seirbhísí sin i gcríoch an Pháirtí eile.

2. Má tá aistriúchán ar thásc geografach comhionann le téarma is gnách sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta ar earra i gcríoch Pháirtí, nó má chuimsítear san aistriúchán téarma den sórt sin, nó mura bhfuil tásc geografach comhionann leis an téarma sin ach go gcuimsítear ann an téarma sin, ní dhéanfaidh an Fhoroinn seo dochar do cheart aon duine an téarma sin a úsáid i ndáil leis an earra sin i gcríoch an Pháirtí sin.

3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil téarma ar an téarma is gnách sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta le haghaidh earra i gcríoch Pháirtí, beidh an t-údarás ag údaráis an Pháirtí sin an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an téarma sin ina chríoch a chur san áireamh. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar thosca atá ábhartha maidir leis an tuiscint sin i measc tomhaltóirí:

(a) cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an téarma chun tagairt don chineál earra i gceist, mar a léirítear i bhfoinsí inniúla amhail foclóirí, nuachtáin agus suíomhanna gréasáin ábhartha; agus

(b) an chaoi a ndéantar an t-earra dá dtagraíonn an téarma a chur ar an margadh agus a úsáid i dtrádáil i gcríoch an Pháirtí sin ([108]).

4. Níl aon ní san Fhoroinn seo a chuirfidh cosc ar úsáid i gcríoch Pháirtí, maidir le haon earra, gnáthainm cineáil planda nó póir ainmhí, arb ann dó i gcríoch an Pháirtí sin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

5. Níl aon rud sa Chomhaontú seo a dhéanfaidh dochar do cheart aon duine úsáid a bhaint, i gcúrsa na trádála, as ainm an duine sin nó ainm réamhtheachtaí gnó an duine sin, ach amháin i gcás ina n-úsáidfear an t-ainm sin ar shlí a chuirfeadh an pobal amú.

Airteagal 25.41

Ionchorprú an Chomhaontaithe Atá Ann Cheana

1. Déantar an Comhaontú maidir le Biotáille a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo de, agus tá feidhm aige mutatis mutandis ([109]).

2. An Fochoiste um Maoin Intleachtúil, cuirfear é in ionad an Chomhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 17 den Chomhaontú maidir le Biotáille agus comhlíonfaidh sé na feidhmeanna a leagtar amach san Airteagal sin.

([108]) Chun críocha na fomhíre seo, féadfaidh údaráis Pháirtí a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, cibé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an téarma i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha atá aitheanta ag an bPáirtí sin chun tagairt do chineál nó aicme earraí ina chríoch.

([109]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear air sin gach leasú roimhe seo agus gach leasú amach anseo ar an gComhaontú maidir le Biotáille.

Airteagal 25.42

Comhar

1. An Fochoiste um Maoin Intleachtúil, beidh sé ar an bhfóram iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Foroinne seo.

2. Maidir le tásc geografach a liostaítear in Iarscríbhinn 25-B, tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile más rud é go scoireann an tásc sin de bheith faoi chosaint i gcrích an Pháirtí lena mbaineann. Tar éis fógra den chineál sin, ullmhóidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil an cinneadh chun Iarscríbhinn 25-B a mhodhnú don Chomhairle Trádála i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

3. Féadfaidh Páirtí, go díreach nó tríd an bhFochoiste um Maoin Intleachtúil, a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis a sholáthar a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla agus le leasuithe orthu.

4. Féadfaidh gach Páirtí na sonraíochtaí teicniúla a chur ar fáil go poiblí i Spáinnis nó i mBéarla ([110]), ar sonraíochtaí iad a chomhfhreagraíonn do thásca geografacha an Pháirtí eile a gcosnaítear iad faoin bhForoinn seo.

5. Aon ábhar a thiocfaidh as sonraíochtaí teicniúla de thásca geografacha faoi chosaint, is é an Fochoiste um Maoin Intleachtúil a dhéileálfaidh leis an ábhar sin.

Airteagal 25.43

Cosaint faoi dhlí Páirtí

Tá an Fhoroinn seo gan dochar do cheart sealbhóra táisc gheografaigh i bPáirtí amháin féachaint le haitheantas agus cosaint a fháil do thásc geografach sa Pháirtí eile faoi dhlí an Pháirtí sin.

FOROINN B.5

Paitinní

Airteagal 25.44

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Cloífidh gach Páirtí leis an gConradh Comhair Paitinní, arna dhéanamh in Washington an 19 Meitheamh 1970, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 agus arna mhodhnú go deireanach an 3 Deireadh Fómhair 2001, agus aithníonn sé a thábhachtaí atá sé caighdeáin nós imeachta atá i gcomhréir leis an gConradh um Dhlí na bPaitinní, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 1 Meitheamh 2000, a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.

Airteagal 25.45

Paitinní agus an tSláinte Phoiblí

1. Na cearta agus na hoibleagáidí a bhunaítear san Fhoroinn seo, ní chuireann siad, agus ní chuirfidh siad, cosc ar Pháirtí bearta a dhéanamh chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí, arna ghlacadh in Doha an 14 Samhain 2001 (dá ngairtear 'Dearbhú Doha' anseo feasta), agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanas ina leith. Agus na cearta agus na hoibleagáidí faoin bhForoinn seo á léirmhíniú agus á gcur chun feidhme, áiritheoidh na Páirtithe comhsheasmhacht le Dearbhú Doha.

2. Rannchuideoidh na Páirtithe le cur chun feidhme agus urramú an chinnidh ó Chomhairle Ghinearálta EDT an 30 Lúnasa 2003 maidir le cur chun feidhme mhír 6 de Dhearbhú Doha, agus le cur chun feidhme agus urramú an Phrótacail a rinneadh an 6 Nollaig 2005 lena leasaítear Comhaontú TRIPS.

([110]) Féadfaidh Meicsiceo na sonraíochtaí teicniúla sin a chur ar fáil go poiblí i Spáinnis nó i mBéarla.

Airteagal 25.46

Cosaint Fhorlíontach i gcás Moilleanna ar Fhormheas Margaíochta le haghaidh Táirgí Cógaisíochta lena n-áirítear Táirgí Bitheolaíocha ([111])

1. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh táirgí cógaisíochta, lena n-áirítear táirgí bitheolaíocha ([112]), a chosnaítear le paitinn ina gcríoch faoi seach a bheith faoi réir nós imeachta formheasa riaracháin ([113]) sula gcuirfear ar an margadh iad. Maidir leis an tréimhse a théann in éag idir comhdú an iarratais ar phaitinn agus an formheas chun an táirge a chur ar a margadh féin, mar a shainmhínítear chun na críche sin le dlí ábhartha Páirtí, aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh an tréimhse sin tréimhse na cosanta éifeachtaí faoin bpaitinn a ghiorrú.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le sásra leormhaith éifeachtach chun úinéir na paitinne a chúiteamh ar an laghdú ar thréimhse na cosanta éifeachtaí faoin bpaitinn mar thoradh ar mhoilleanna míchuí ([114]) ar an gcéad fhormheas margaíochta a dheonú ina chríoch. Beidh an cúiteamh sin i bhfoirm cosaint bhreise *sui generis*, agus beidh a théarma cothrom le fad na moille míchuí. Ní mhairfidh uastéarma na cosanta breise sin níos faide ná 5 bliana ([115]).

3. Mar mhalairt ar an sásra cúitimh dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh Páirtí síneadh ama, nach mó é ná 5 bliana ([116]), a chur ar fáil ar fhad na gceart a thugtar leis an gcosaint phaitinne chun úinéir na paitinne a chúiteamh as an laghdú ar thréimhse na cosanta éifeachtaí faoin bpaitinn mar thoradh ar an nós imeachta formheasa margaíochta. Beidh éifeacht ag síneadh an fhaid sin ag deireadh théarma dlíthiúil na paitinne go ceann tréimhse a bheidh cothrom leis an tréimhse a caitheadh idir an dáta a comhdaíodh an t-iarratas ar phaitinn agus dáta an chéad fhormheasa chun an táirge a chur ar an margadh sa Pháirtí sin, lúide tréimhse 5 bliana.

4. Agus oibleagáidí an Airteagail seo á gcur chun feidhme, féadfaidh gach Páirtí coinníollacha agus teorainneacha a chinneadh, ar choinníoll go leanann an Páirtí den Airteagal seo a chomhlíonadh.

5. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall iarratais ar fhormheas margaíochta táirgí cógasaíochta a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil tráthúil, d'fhonn moilleanna míchuí nó moilleanna gan ghá a sheachaint. Chun moilleanna míchuí a sheachaint, féadfaidh Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena mbrostaítear an phróiseáil ar iarratais ar fhormheas margaíochta.

([111]) Déanfaidh Meicsiceo na hoibleagáidí dá ndéantar foráil san Airteagal seo a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([112]) Cinnfidh gach Páirtí na táirgí a thagann faoi na téarmaí 'táirgí cógaisíochta' agus 'táirgí bitheolaíocha' i gcomhréir lena dhlí a bhí i bhfeidhm an 21 Aibreán 2018.

([113]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an téarma 'formheas margaíochta' coibhéiseach leis na téarma 'údarú margaíochta'.

([114]) Chun críocha an Airteagail seo, áirítear le 'moill mhíchuí' moill breis agus 2 bhliain ar na gcéad fhreagra chuig an iarratasóir tar éis an dáta ar comhdaíodh an t-iarratas ar fhormheas margaíochta. Aon mhoill a thagann ar dheonú formheasa margaíochta de bharr tréimhsí is inchurtha i leith an iarratasóra nó aon tréimhse nach bhfuil smacht ag an údarás formheasa margaíochta uirthi, ní gá iad a chur san áireamh agus moill den sórt sin á cinneadh.

([115]) Má chomhlíonann Páirtí an mhír seo, níl ceanglas ar an bPáirtí sin an mhalairt a sholáthraítear i mír 3 a chomhlíonadh.

([116]) Féadfar síneadh 6 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás táirgí cógaisíochta má rinneadh staidéir phéidiatraiceacha agus má léirítear torthaí na staidéar sin san fhaisnéis faoin táirge.

FOROINN B.6

Cineálacha Plandaí

Airteagal 25.47

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí, arna ghlacadh i bPáras an 2 Nollaig 1961, arna athbhreithniú go deireanach sa Ghinéiv an 19 Márta 1991, lena n-áirítear na heisceachtaí ar cheart an phóraitheora dá dtagraítear in Airteagal 15 den Choinbhinsiún sin, agus oibreoidh siad i gcomhar chun na cearta sin a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú ([117]).

FOROINN B.7

Cosaint Faisnéise Neamhnochta

Airteagal 25.48

Raon Feidhme Cosanta na Rún Ceirde

1. Agus cosaint éifeachtach in aghaidh iomaíocht éagórach mar a dhéantar foráil in Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras á háirithiú, soláthróidh gach Páirtí an modh dlíthiúil, lena n-áirítear imeachtaí breithiúnacha riaracháin nó sibhialta ([118]), chun é a chur ar a chumas d'aon duine cosc a chur ar nochtadh rún ceirde do dhaoine eile nó cosc a chur ar dhaoine eile rúin cheirde a fháil nó a úsáid gan toiliú an duine atá i gceannas ar an bhfaisnéis go dleathach ar bhealach atá ar neamhréir le cleachtais trádála mhacánta ([119]). Chun críocha na Foroinne seo, cuimsítear le rúin cheirde faisnéis neamhnochta dá ndéantar foráil i mír 2 d'Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS.

2. Chun críocha na Foroinne seo, measfaidh Páirtí go mbeidh an t-iompar seo a leanas ar a laghad ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta:

(a) rún ceirde a fháil gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, aon uair a dhéantar é le rochtain neamhúdaraithe ar aon doiciméad, earra, ábhar, nó comhad leictreonach, nó iad a leithreasú nó a chóipeáil, is é sin doiciméid, earraí, ábhair, substaintí, nó comhaid leictreonacha atá go dleathach faoi rialú an tsealbhóra rúin ceirde, ina bhfuil an rún ceirde nó ónar féidir an rún ceirde a oibriú amach; nó

([117]) Cuirfidh Meicsiceo an fhoráil sin chun feidhme tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([118]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí an modh dlíthiúil sin a sholáthar trí nósanna imeachta coiriúla i gcomhréir lena dhlí.

([119]) Féadfaidh Páirtí a mhachnamh a dhéanamh gan na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm más rud é go ndéantar an t-iompar atá ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, i gcomhréir lena dhlí, d'fhonn mí-iompar, éagóiritheoireacht nó gníomhaíocht neamhdhleathach a nochtadh nó chun leas dlisteanach a aithnítear lena dhlí a chosaint.

(b) rún ceirde a úsáid nó a nochtadh gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, aon uair a dhéanann duine é sin, ar duine é a fuair an rún ceirde go neamhdhleathach nó de shárú ar chomhaontú rúndachta nó ar aon dualgas eile gan an rún ceirde a nochtadh nó chun a úsáid a theorannú ([120]), ([121]).

Airteagal 25.49

Imeachtaí Breithiúnacha Riaracháin nó Sibhialta maidir le Rúin Cheirde

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine atá rannpháirteach sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 25.48.1, nó a bhfuil rochtain aige ar dhoiciméid ar cuid de na himeachtaí sin iad, nach gceadófar don duine sin aon rún ceirde ná aon rún ceirde líomhainte a úsáid ná a nochtadh atá sainaitheanta ag na húdaráis inniúla, mar fhreagairt ar iarratas atá réasúnaithe go cuí ag páirtí leasmhar, go bhfuil na doiciméid sin rúnda agus go bhfuair siad eolas orthu de thoradh na rannpháirtíochta nó na rochtana sin.

2. Sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 25.48.1, déanfaidh gach Páirtí foráil go mbeidh an t-údarás ag a údaráis inniúla bearta sonracha a dhéanamh ar a laghad chun rúndacht aon rúin ceirde nó rúin ceirde líomhainte a chuirtear ar fáil sna himeachtaí a chaomhnú. D'fhéadfaí a áireamh leis na bearta sonracha sin, i gcomhréir le dlí gach Páirtí, an deis rochtain ar dhoiciméid áirithe a shrianadh go hiomlán nó i bpáirt, rochtain a shrianadh ar éisteachtaí agus ar a dtaifid chomhfhreagracha agus a dtras-scríbhinní comhfhreagracha, agus leagan neamhrúnda de chinntí breithiúnacha a chur ar fáil ina mbaintear amach nó ina bhfolaítear na sleachta ina bhfuil rúin cheirde.

Airteagal 25.50

Cosaint Sonraí Neamhnochta a bhaineann le Táirgí Cógaisíochta lena n-áirítear Táirgí Bitheolaíocha ([122])

1. Má cheanglaíonn Páirtí, mar choinníoll a ghabhann le formheas margaíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta nua ([123]), lena n-áirítear táirgí bitheolaíocha ([124]), go gcuirfear isteach sonraí tástála neamhnochta nó sonraí neamhnochta eile ó thástálacha réamhchliniciúla nó ó thrialacha cliniciúla, ar sonraí iad a bhfuil gá leo le cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé sábháilte agus éifeachtach na táirgí sin a úsáid, déanfaidh an Páirtí na sonraí sin a chosaint ar nochtadh do thríú páirtithe, más rud é go bhfuil iarracht nach beag i gceist le sonraí den sórt sin a thionscnamh, ach amháin i gcás ina mbeidh an nochtadh riachtanach ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach nó mura ndéantar bearta lena áirithiú go gcosnófar na sonraí ar úsáid tráchtála éagórach.

([120]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá sna critéir a sholáthraítear i ndlíthe agus i rialacháin gach Páirtí an sárú ar dhualgas chun úsáid rúin ceirde a theorannú.

([121]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, measann an tAontas Eorpach nach dtagann na cásanna seo a leanas faoin mír seo:
(a) fionnachtain nó cruthú neamhspleách na faisnéise ábhartha ag duine;
(b) ais-innealtóireacht ar tháirge ag duine a bhfuil an táirge ina sheilbh aige go dleathach agus atá saor ó aon dualgas atá bailí go dlíthiúil chun teorainn a chur le fáil na faisnéise ábhartha;
(c) fáil, úsáid nó nochtadh na faisnéise a éilítear nó a cheadaítear le dlí Páirtí;
(d) úsáid a bheith á baint ag fostaithe as an taithí agus na scileanna a fuair siad go macánta i ngnáthchúrsa a bhfostaíochta; nó
(e) nochtadh faisnéise i bhfeidhmiú an chirt ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.

([122]) Déanfaidh Meicsiceo an oibleagáid seo a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([123]) Chun críocha an Airteagail seo, tugtar le tuiscint leis an téarma 'nua' go bhfuil eintiteas ceimiceach nua sna táirgí arb eintiteas é nár formheasadh roimhe seo i gcríoch an Pháirtí, sin nó tagraítear do tháirge nua bithchógais nó bith-theicneolaíoch nár formheasadh roimhe seo i gcrích an Pháirtí.

([124]) Cinnfidh gach Páirtí na táirgí a thagann faoi na téarmaí 'táirgí cógaisíochta' agus 'táirgí bitheolaíocha' i gcomhréir lena dhlí a bhí i bhfeidhm an 21 Aibreán 2018.

2. Maidir le táirgí cógaisíochta, lena n-áirítear táirgí bitheolaíocha, ní dheonóidh Páirtí formheas margaíochta do thríú daoine lena gceadófar dóibh, gan toiliú an duine a chuir isteach na sonraí dá dtagraítear i mír 1 roimhe sin, an táirge a chur ar an margadh ([125]) ar bhonn na sonraí sin nó ar bhonn an fhormheasa margaíochta a deonaíodh don duine a chuir isteach na sonraí sin ([126]), go ceann 6 bliana ar a laghad tar éis dháta ([127]) an fhormheasa margaíochta den táirge nua i gcríoch an Pháirtí sin ([128]).

3. Ní bheidh aon teorannú ar cheachtar Páirtí i dtaobh nósanna imeachta údaraithe giorraithe a chur chun feidhme le haghaidh táirgí den sórt sin ar bhonn staidéir bhithchoibhéise agus bhith-infhaighteachta.

Airteagal 25.51

Cosaint Sonraí Neamhnochta a bhaineann le Táirgí Cosanta Plandaí ([129])

1. Má cheanglaíonn Páirtí, mar choinníoll a ghabhann le formheas margaíochta ([130]) le haghaidh táirge cosanta plandaí nua ([131]), go gcuirfear isteach sonraí tástála neamhnochta nó sonraí neamhnochta eile a bhaineann le sábháilteacht nó le héifeachtúlacht an táirge ([132]), déanfaidh an Páirtí na sonraí sin a chosaint ar nochtadh do thríú páirtithe, ach amháin i gcás ina mbeidh an nochtadh riachtanach ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach nó mura ndéantar bearta lena áirithiú go gcosnófar na sonraí ar úsáid tráchtála éagórach.

2. Maidir le táirgí cosanta plandaí, ní dheonóidh Páirtí formheas margaíochta do thríú daoine lena gceadófar dóibh, gan toiliú an duine a chuir isteach na sonraí dá dtagraítear i mír 1 roimhe sin, an táirge a chur ar an margadh ar bhonn na sonraí sin nó ar bhonn an fhormheasa margaíochta a deonaíodh don duine a chuir isteach na sonraí sin, go ceann 10 mbliana ([133]) ar a laghad tar éis dháta an fhormheasa margaíochta den táirge nua i gcríoch an Pháirtí sin.

3. Bunóidh gach Páirtí rialacha chun tástáil dhúblach ar ainmhithe veirteabracha a sheachaint.

4. Ní bheidh aon teorannú ar cheachtar Páirtí i dtaobh nósanna imeachta údaraithe giorraithe a chur chun feidhme le haghaidh táirgí den sórt sin ar bhonn staidéir choibhéise.

([125]) Chun críocha na míre seo, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go dtagraíonn an téarma 'táirge' don táirge céanna nó do tháirge cosúil.
([126]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsítear leis sin sonraí arna gcur isteach le haghaidh údaruithe arna ndeonú don duine a chuir isteach na sonraí sin i gcríocha na bPáirtithe agus i gcríocha tríú tíortha.
([127]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí teorainn 6 bliana a chur le tréimhse na cosanta faoin mír seo.
([128]) Maidir le táirgí bitheolaíocha, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh nach mbaineann an chosaint sonraí neamhnochta dá dtagraítear san Airteagal seo ach amháin leis an gcéad fhormheas margaíochta den táirge bitheolaíoch nua.
([129]) Déanfaidh Meicsiceo an oibleagáid seo a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
([130]) Chun críocha an airteagail seo, tá an téarma 'formheas margaíochta' comhchiallach le 'formheas sláintíochta' faoi dhlí Páirtí.
([131]) Chun críocha an airteagail seo, tugtar le tuiscint leis an téarma 'nua' go bhfuil eintiteas ceimiceach nua sa táirge, arb eintiteas é nár formheasadh roimhe sin i gcríoch an Pháirtí.
([132]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna ina gceanglaíonn an Páirtí go gcuirtear isteach sonraí neamhnochta ó thástáil nó sonraí neamhnochta eile a bhaineann le sábháilteacht an táirge amháin, a bhaineann le héifeachtúlacht an táirge amháin, nó leis an dá rud.
([133]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí teorainn 10 mbliana a chur le tréimhse na cosanta de bhun an Airteagail seo.

ROINN C

Cearta Maoine Intleachtúla a Fhorfheidhmiú

FOROINN C.1

Forálacha Ginearálta

Airteagal 25.52

Oibleagáidí Ginearálta

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi Chomhaontú TRIPS agus go háirithe faoi Chuid III de. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis na bearta comhlántacha, nósanna imeachta agus leigheasanna faoin Roinn seo a bhfuil gá leo chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar cearta maoine intleachtúla. Beidh na bearta sin, nósanna imeachta agus leigheasanna sin cóir agus cothromasach, agus ní bheidh castacht ná costas gan ghá ag baint leo, ná ní bheidh teorainneacha ama míréasúnta ná moilleanna gan údar i gceist leo.

2. Beidh na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach freisin agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach lena seachnófar bacainní a chur ar thrádáil dhlisteanach agus lena ndéanfar foráil maidir le coimircí in aghaidh a mí-úsáide.

3. Ní chuireann an Roinn seo aon oibleagáid ar Pháirtí córas breithiúnach a chur i bhfeidhm chun cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú a bheadh difriúil ón gcóras chun an dlí i gcoitinne a fhorfheidhmiú, ná ní dhéanann an Roinn seo difear do chumas Páirtí a dhlí a fhorfheidhmiú i gcoitinne. Ní chruthaíonn an Fhoroinn seo aon oibleagáid maidir leis an gcaoi a ndáileann Páirtí acmhainní idir forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla agus forfheidhmiú an dlí i gcoitinne.

Airteagal 25.53

Daoine atá i dTeideal a Iarraidh go gCuirfear Bearta, Nósanna Imeachta agus Leigheasanna i bhFeidhm

Aithneoidh gach Páirtí gur daoine atá i dteideal a éileamh go gcuirfí i bhfeidhm na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear sa Roinn seo agus i gCuid III de Chomhaontú TRIPS atá sna daoine seo a leanas:

(a) sealbhóirí ceart maoine intleachtúla i gcomhréir lena dhlí;

(b) gach duine eile atá údaraithe chun na cearta maoine intleachtúla sin a úsáid, go háirithe ceadúnaithe, a mhéid a cheadaítear lena dhlí agus i gcomhréir leis an dlí sin;

(c) comhlachtaí bainistíochta ceart comhchoiteann maoine intleachtúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear leis an dlí agus i gcomhréir leis an dlí; agus

(d) comhlachtaí cosanta gairmiúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear leis an dlí agus i gcomhréir leis an dlí sin.

FOROINN C.2

Forfheidhmiú Sibhialta agus Riaracháin

Airteagal 25.54

Fianaise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, fiú roimh thosach feidhme na n-imeachtaí ar fhiúntais an cháis, ar iarratas ó pháirtí a chuir i láthair fianaise atá ar fáil go réasúnta chun tacú lena mhaíomh go ndearnadh sárú ar a cheart maoine intleachtúla nó go bhfuil an ceart sin ar tí a shárú, go bhfuil sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú go ndéanfar bearta sealadacha atá pras agus éifeachtach chun fianaise ábhartha a chaomhnú i leith an tsáraithe a líomhnaítear, faoi réir chosaint na faisnéise rúnda.

2. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis na bearta dá dtagraítear i mír 1 tuairisc mhionsonraithe, agus samplaí á dtógáil nó gan iad á dtógáil, ar na hearraí a líomhnaítear gur earraí sáraitheacha iad, nó iad a urghabháil go fisiceach, agus, i gcásanna iomchuí, tuairisc mhionsonraithe ar na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh chun na hearraí a tháirgeadh nó a dháileadh, agus na doiciméid a bhaineann leo, nó iad a urghabháil go fisiceach.

3. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun an t-údarás a thabhairt dá údaráis bhreithiúnacha inniúla, i gcás ina sárófar ceart maoine intleachtúla ar scála tráchtála, más iomchuí agus arna iarraidh sin do pháirtí sna himeachtaí, a ordú go ndéanfar doiciméid bhaincéireachta, airgeadais nó tráchtála atá faoi rialú an pháirtí fhreasúraigh a chur in iúl, faoi réir cosaint faisnéise rúnda ([134]).

Airteagal 25.55

An Ceart chun Faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, le linn imeachtaí a bhaineann le sárú ar cheart maoine intleachtúla agus mar fhreagairt ar iarraidh chuí-údaraithe, chomhréireach ón éilitheoir, go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha a ordú don sáraitheoir nó d'aon duine eile ar páirtí nó finné sna himeachtaí é nó í, faisnéis a sholáthar maidir le tionscnamh agus líonraí dáileacháin na n-earraí nó na seirbhísí lena ndéantar sárú ar cheart maoine intleachtúla ([135]).

([134]) Féadfaidh Meicsiceo an t-údarás sin a theorannú do nósanna imeachta coiriúla, i gcomhréir lena dhlí.

([135]) Féadfaidh an tAontas Eorpach a chinneadh:

(a) go gciallaíonn 'aon duine eile' duine:
  (i) a fuarthas agus na hearraí sáraitheacha ar seilbh aige ar scála tráchtála;
  (ii) a fuarthas go raibh na seirbhísí sáraitheacha á n-úsáid aige ar scála tráchtála;
  (iii) a fuarthas go raibh seirbhísí á n-úsáid i ngníomhaíochtaí sáraitheacha á soláthar aige ar scála tráchtála; nó
  (iv) ar chuir an duine dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i) go (iii) in iúl go raibh sé páirteach i dtáirgeadh, monarú nó dáileadh na n-earraí sáraitheacha nó i soláthar na seirbhísí sáraitheacha;

(b) cuimseofar an méid seo a leanas le 'faisnéis', de réir mar is iomchuí:
  (i) ainmneacha agus seoltaí tháirgeoirí, mhonaróirí, dháileoirí, sholáthróirí agus shealbhóirí eile roimhe sin na n-earraí nó na seirbhísí, chomh maith leis na mórdhíoltóirí agus na miondíoltóirí atá beartaithe; nó
  (ii) faisnéis ar na cainníochtaí a táirgeadh, a monaraíodh, a seachadadh, a fuarthas nó a ordaíodh, chomh maith leis an bpraghas a fuarthas ar na hearraí nó ar na seirbhísí atá i gceist.

2. Tá feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'aon fhoráil eile de dhlí Páirtí:

(a) lena ndeonaítear don sealbhóir cirt cearta chun faisnéis bhreise a fháil;

(b) lena rialaítear úsáid na faisnéise a chuirtear in iúl de bhun an Airteagail seo in imeachtaí breithiúnacha sibhialta nó coiriúla;

(c) lena rialaítear an fhreagracht as mí-úsáid an chirt chun faisnéise;

(d) lena dtugtar an deis chun diúltú faisnéis a sholáthar lena gcuirfí iallach ar an duine dá dtagraítear i mír 1 a admháil go raibh sé féin nó garghaolta leis rannpháirteach i sárú ar cheart maoine intleachtúla; nó

(e) lena rialaítear cosaint rúndacht foinsí faisnéise nó próiseáil sonraí pearsanta.

Airteagal 25.56

Bearta Sealadacha agus Bearta Réamhchúraim

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha, ar iarraidh ón iarratasóir, urghaire idirbhreitheach a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora líomhainte lena mbeartaítear cosc a chur ar aon sárú atáthar ar tí a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, nó toirmeasc a chur, ar bhonn sealadach agus faoi réir, más iomchuí, íocaíocht phionósach athfhillteach má dhéantar foráil maidir leis sin ina dhlí náisiúnta, ar leanúint ar aghaidh leis na sáruithe líomhainte ar an gceart sin, nó leanúint ar aghaidh den sórt sin a chur faoi réir ráthaíochtaí a sholáthar atá beartaithe lena áirithiú go ndéanfar an sealbhóir cirt a chúiteamh. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin, faoi na coinníollacha céanna, in aghaidh idirghabhálaí a bhfuil a chuid seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí idirlín, á n-úsáid ag tríú páirtí chun ceart maoine intleachtúla a shárú. Chun críocha an Airteagail seo, áirítear soláthraithe seirbhísí idirlín le 'idirghabhálaithe'.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin chun a ordú go ndéanfar earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoine intleachtúla a urghabháil nó a sholáthar, chun cosc a chur ar a ndul isteach chuig na bealaí tráchtála nó a ngluaiseacht laistigh díobh.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil, i gcás sárú líomhainte, go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha a ordú go ndéanfar urghabháil réamhchúraim ar mhaoin shochorraithe agus dhochorraithe an tsáraitheora líomhainte, lena n-áirítear bac a chur ar a chuid cuntas bainc agus sócmhainní eile dá chuid. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis sin a ordú go gcuirfear doiciméid bhainc, airgeadais nó tráchtála in iúl, nó go dtabharfar rochtain iomchuí ar an bhfaisnéis ábhartha ([136]).

Airteagal 25.57

Leigheasanna

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, ar iarraidh ón iarratasóir agus gan dochar d'aon damáiste atá dlite don sealbhóir cirt mar gheall ar an sárú, agus gan cúiteamh d'aon sórt, go ndéanfaí earraí a dhíothú nó a bhaint go cinntitheach as na bealaí tráchtála earraí ar chinn siad a bhfuil sárú á dhéanamh acu ar cheart maoine intleachtúla. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú freisin, más iomchuí, go ndíothófar ábhair agus uirlisí a úsáidtear go príomha chun na hearraí sin a chruthú nó a mhonarú.

([136]) Féadfaidh Meicsiceo an t-údarás chun a ordú go gcuirfear doiciméid bhainc, airgeadais nó tráchtála in iúl a theorannú do nósanna imeachta coiriúla, i gcomhréir lena dhlí. Féadfaidh gach Páirtí an t-údarás sin a theorannú do sháruithe arna ndéanamh ar scála tráchtála agus cásanna ina léiríonn an t-iarratasóir gurb ann do chúinsí a fhágann gur dócha go gcuirfear i mbaol aisghabháil na ndamáistí.

2. Agus iarraidh ar leigheasanna dá dtagraítear i mír 1 á meas, cuirfear san áireamh an gá atá le comhréireacht idir tromchúis an tsáraithe agus na leigheasanna a ordófar, chomh maith le leasanna tríú páirtithe.

Airteagal 25.58

Urghairí

Áiritheoidh gach Páirtí, má dhéantar cinneadh breithiúnach lena suitear sárú ar cheart maoine intleachtúla, go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha urghaire a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora agus in aghaidh idirghabhálaí a bhfuil a sheirbhísí á n-úsáid ag tríú páirtí chun sárú a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, ar urghaire í a bhfuil d'aidhm aici toirmeasc a chur ar leanúint den sárú.

Airteagal 25.59

Damáistí

1. Forálfaidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha a ordú don sáraitheoir a bhí ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht a sháraigh cearta maoine intleachtúla, nó a bhí ag gabháil di agus forais réasúnta aige a bheith feasach ina leith, damáistí cuí a íoc leis an sealbhóir cirt mar chúiteamh don díobháil a d'fhulaing sealbhóir an chirt mar gheall ar an sárú ar a cheart maoine intleachtúla ([137]).

2. Nuair a bheidh méid na ndamáistí á chinneadh de bhun mhír 1, cuirfidh údaráis bhreithiúnacha gach Páirtí na gnéithe iomchuí uile san áireamh agus beidh sé d'údarás acu breithniú a dhéanamh ar aon tomhas dlisteanach luacha a chuireann an sealbhóir cirt isteach, i measc nithe eile, lena n-áirítear brabúis chaillte, luach na n-earraí nó na seirbhísí atá mar ábhar an tsáraithe, arna thomhas de réir an mhargadhphraghais, nó an phraghais miondíola mholta.

3. Forálfaidh gach Páirtí, i gcás sárú ar chóipcheart nó ar chearta gaolmhara agus góchumadh trádmhairc ar a laghad, go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha ordú a thabhairt don sáraitheoir, sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 ar a laghad, brabúis an tsáraitheora atá inchurtha i leith an tsáraithe a íoc leis an sealbhóir cirt. Féadfaidh Páirtí an mhír seo a chomhlíonadh trí thoimhde go bhfuil na brabúis sin i gcomhréir leis na damáistí dá dtagraítear i mír 1.

4. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh go mbeidh na húdaráis bhreithiúnacha in ann a ordú i bhfabhar an pháirtí dhíobhálaithe, go ndéanfaí brabús a aisghabháil nó damáistí a d'fhéadfadh a bheith réamhbhunaithe a íoc, i gcás nach raibh an sáraitheoir ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht sháraitheach nó nach raibh sé ag gabháil di agus forais réasúnta aige a bheith feasach ina leith.

Airteagal 25.60

Costais Dlí

Áiritheoidh gach Páirtí, mar riail ghinearálta, gurb ar an bpáirtí nár éirigh leis a thitfidh costais dlí réasúnta, chomhréireacha agus speansais eile a thabhóidh an páirtí ar éirigh leis, mura rud é nach mbeadh sé sin cóir.

([137]) Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh nach bhfuil tionscnamh nós imeachta chun damáistí a éileamh faoi réir cinneadh críochnaitheach go ndearnadh sárú ar chearta maoine intleachtúla.

Airteagal 25.61

Foilsiú Cinntí Breithiúnacha

Gan dochar dá dhlí lena rialaítear cosaint rúndacht foinsí faisnéise nó cosaint sonraí pearsanta, áiritheoidh gach Páirtí, in imeachtaí dlí i ndáil le sárú ar cheart maoine intleachtúla, go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, ar iarraidh ón iarratasóir, bearta iomchuí a ordú chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh a scaipeadh, lena n-áirítear an cinneadh a chur ar taispeáint agus é a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 25.62

Toimhde i dTaobh an Údair nó an Úinéara

1. Aithneoidh gach Páirtí, chun na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá ndéantar foráil san Fhoroinn seo a chur i bhfeidhm, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt, gur leor é ainm údar saothair litríochta nó saothair ealaíne a bheith le feiceáil ar an saothar ar an ngnáthbhealach, ionas go measfar gurb é an t-údar é, agus dá dhroim sin go mbeidh sé i dteideal imeachtaí um shárú a thionscnamh.

2. Beidh feidhm ag mír 1, *mutatis mutandis*, maidir le sealbhóirí ceart a bhaineann le cóipcheart i ndáil leis an ábhar dá gcuid atá faoi chosaint.

Airteagal 25.63

Nósanna Imeachta Riaracháin

A mhéid is féidir aon leigheas sibhialta a ordú de bharr nósanna imeachta riaracháin ar fhiúntais cáis, beidh na nósanna imeachta sin i gcomhréir le prionsabail atá coibhéiseach ó thaobh substainte de leis na prionsabail a leagtar amach san Fhoroinn seo.

Airteagal 25.64

Tionscnaimh Dheonacha Páirtithe Leasmhara

Féachfaidh gach Páirtí le tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara a éascú chun sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a laghdú, lena n-áirítear sáruithe ar líne agus i margaí eile, a dhíríonn ar fhadhbanna coincréiteacha agus ar réitigh phraiticiúla atá réadúil, comhréireach agus cóir do gach páirtí leasmhar lena mbaineann.

ROINN D

Forfheidhmiú Trasteorann

Airteagal 25.65

Comhsheasmhacht le GATT agus Comhaontú TRIPS

Agus bearta teorann á gcur chun feidhme acu i dtaca le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla ag údaráis chustaim, cé acu a chumhdaítear sin leis an gComhaontú seo nó nach gcumhdaítear, áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht lena n-oibleagáidí faoi GATT agus Comhaontú TRIPS agus, go háirithe, le hAirteagal 41 de Roinn 4 de Chuid III de Chomhaontú TRIPS.

Airteagal 25.66

Bearta Forfheidhmiúcháin Teorann a Bhaineann le Cearta Maoine Intleachtúla

1. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach Páirtí lena gceadaítear go ndíothófar earraí lena sáraítear cearta maoine intleachtúla, i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 59 de Chomhaontú TRIPS.

2. Maidir le hearraí atá faoi rialú custaim, áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil a údaráis chustaim gníomhach, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin agus i gcomhar le húdaráis ábhartha eile, ó thaobh díriú ar lastais ina bhfuil earraí faoi amhras i dtaca le sárú trádmharcanna, cóipchirt nó ceart maoine intleachtúla eile agus ó thaobh na lastais sin a shainaithint. Maidir le hearraí allmhairithe ar a laghad, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ar bhonn anailís riosca.

3. Déanfaidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach arna bhainistiú go lárnach a ghlacadh agus a choinneáil ar bun maidir le trádmharcanna agus dearaí tionsclaíocha ar a laghad, a bheidh ina uirlis ábhartha le haghaidh comhair idir na húdaráis inniúla agus sealbhóirí ceart, saor in aisce, agus chun faisnéis a sholáthar le haghaidh anailís riosca. Féachfaidh gach Páirtí leis an mbunachar sonraí le haghaidh anailís riosca a leathnú go dtí cearta maoine intleachtúla eile.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an fhaisnéis a sholáthraíonn an sealbhóir cirt san áireamh sa bhunachar sonraí leictreonach go huathoibríoch ar choinníoll go gcomhlíonann sí na ceanglais ábhartha, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin. Déanfar an fhaisnéis a sholáthróidh an sealbhóir cirt a bhailíochtú go huathoibríoch nó déanfaidh údaráis inniúla gach Páirtí í a bhailíochtú laistigh de thréimhse réasúnta.

5. Aithníonn na Páirtithe na tairbhí a bhaineann le bunachar sonraí leictreonach a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, d'fhonn cuidiú le sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a bhrath agus gnéithe a sholáthar chun tús a chur leis an nós imeachta chun scaoileadh earraí a chur ar fionraí nó earraí a choinneáil faoi rialú na n-údarás custaim dá dtagraítear i mír 6.

6. Forálfaidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis chustaim gníomhú ar a thionscnamh féin chun scaoileadh earraí a chur ar fionraí nó earraí a choinneáil má mheastar gur sáraíodh ceart maoine intleachtúla leis na hearraí sin, nó an sealbhóir cirt nó na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas ionas go bhféadfaidís measúnú a dhéanamh ar an ngá le nós imeachta a thionscnamh a bhféadfaí scaoileadh na n-earraí sin a chur ar fionraí nó na hearraí sin a choinneáil dá thoradh.

7. Moltar do Pháirtí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige lena gceadaítear trádmharc góchumtha agus earraí bradacha a sheoltar i gcoinsíneachtaí poist nó mearchúiréirí a scriosadh go pras.

8. Déanfaidh údaráis chustaim gach Páirtí idirphlé tráthrialta a choinneáil ar bun agus comhar a chur chun cinn le páirtithe leasmhara agus le húdaráis eile a bhfuil baint acu leis na cearta maoine intleachtúla dá dtagraítear san Airteagal seo a fhorfheidhmiú.

9. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí faoi amhras cearta maoine intleachtúla a shárú agus, go háirithe, chun faisnéis a chomhroinnt faoi thrádáil den sórt sin, i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin.

10. Déanfaidh na Páirtithe malartú tráthrialta ar chur chun feidhme agus riar ceart an Airteagail seo.

ROINN E

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 25.67

Comhar agus Trédhearcacht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn tacú le cur chun feidhme na Caibidle seo.

2. Áirítear ar na réimsí comhair, i measc nithe eile, na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) malartú faisnéise faoi fhorbairtí sa bheartas intíre agus idirnáisiúnta maidir le cearta maoine intleachtúla;

(b) malartú faisnéise faoi dhlíthe agus rialacháin na bPáirtithe a bhaineann le maoin intleachtúil, lena n-áirítear tionscnaimh nó leasuithe;

(c) malartú taithí idir na Páirtithe maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú;

(d) comhordú chun trádáil earraí góchumtha a chosc, lena n-áirítear le tríú tíortha;

(e) cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta agus pearsanra a mhalartú agus oiliúint a chur orthu;

(f) cearta maoine intleachtúla a chosaint agus faisnéis i leith an mhéid sin a scaipeadh ar chiorcail ghnó agus an tsochaí shibhialta, i measc grúpaí eile;

(g) oideachas agus múscailt feasachta maidir le cearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag sáruithe ar chearta maoine intleachtúla ar an ngeilleagar agus ar shábháilteacht tomhaltóirí;

(h) feabhas a chur ar chomhar institiúideach, go háirithe idir na húdaráis atá i gceannas ar chearta maoine intleachtúla;

(i) comhar le fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear ag imeachtaí nó tionóil atá dírithe ar fhiontair den sórt sin, maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus sáruithe a laghdú; agus

(j) malartú faisnéise a idir na Páirtithe maidir le hiarrachtaí chun tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara ina gcríocha faoi seach a éascú.

3. An Fochoiste um Maoin Intleachtúil, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Caibidle seo agus aon ábhar ábhartha eile.

Tiocfaidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

4. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun comhar agus comhordú faoin gCaibidil seo a éascú, agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina shonraí teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

CAIBIDIL 26

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

Airteagal 26.1

Cuspóir agus Raon Feidhme

1. Is é is cuspóir don Chaibidil seo comhtháthú na forbartha inbhuanaithe a fheabhsú sa trádáil agus san infheistíocht idir na Páirtithe, go háirithe trí phrionsabail agus gníomhaíochtaí a leagan síos maidir leis na gnéithe saothair ([138]) agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe atá ábhartha go sonrach i gcomhthéacs na trádála agus na hinfheistíochta.

2. Tugann na Páirtithe chun cuimhne Clár 21 agus Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt 1992, a ghlac Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt in 1992; Plean Cur Chun Feidhme an Chruinnithe Mhullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe 2002 in Johannesburg; Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008 arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag an 97ú Seisiún dá cuid sa Ghinéiv, an 10 Meitheamh 2008; an doiciméad deiridh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2012, a ionchorpraíodh i Rún 66/288 arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 27 Iúil 2012, dar teideal *The Future We Want* [An Todhchaí atá Uainn]; agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an doiciméid ó Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe dar teideal 'I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe'.

3. I gcomhréir leis na hionstraimí dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh na Páirtithe an méid seo a leanas chun cinn:

(a) forbairt inbhuanaithe, lena gcuimsítear forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil, a bhfuil na trí cinn uile idirspleách agus ag treisiú a chéile;

(b) forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta ar bhealach a chuireann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach; agus

(c) fás glas ionchuimsitheach agus geilleagar ciorclach ionas go gcothófar fás eacnamaíoch agus go ndéanfar cosaint an chomhshaoil a áirithiú agus forbairt shóisialta a chur chun cinn.

Airteagal 26.2

An Ceart chun Rialáil a Dhéanamh agus Leibhéil Chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe féin a chinneadh, chun a leibhéil chosanta comhshaoil agus saothair intíre a leagan síos, agus chun a dhlíthe agus a rialacháin ábhartha, agus a bheartais a ghlacadh nó a mhodhnú de réir mar is iomchuí leis. Beidh na leibhéil, na dlíthe agus na rialacháin agus na beartais sin i gcomhréir le gealltanas gach Páirtí do na comhaontuithe agus na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagail 26.3 agus 26.4.

2. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go ndéanfar foráil lena dhlíthe agus a rialacháin agus a bheartais ábhartha maidir le hardleibhéil chosanta comhshaoil agus saothair agus go spreagfaidh siad amhlaidh; agus déanfaidh sé a dhícheall leanúint d'fheabhas a chur ar na dlíthe agus rialacháin agus na beartais sin, agus ar na leibhéil chosanta is bonn leo.

([138]) Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn an téarma 'saothar' cuspóirí straitéiseacha EIS faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, a léirítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008.

3. Níor cheart go ndéanfadh Páirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlí comhshaoil nó saothair a lagú chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlí comhshaoil ná saothair a tharscaoileadh ná maolú uaidh, ná ní dhéanfaidh sé a leithéid a thairiscint, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

5. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlí comhshaoil ná a dhlí saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

Airteagal 26.3

Caighdeáin agus Comhaontuithe Iltaobhacha Saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas chun forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach is go rannchuideofar le lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do gach duine, go háirithe do mhná, do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas.

2. I gcomhréir le Bunreacht na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'EIS' anseo feasta) agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus lena Bhearta Leantacha, arna nglacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag an 86ú Seisiún di sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998, ní mór do gach Páirtí na prionsabail maidir le cearta bunúsacha ag an obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, mar a shainmhínítear i gcoinbhinsiúin bhunúsacha EIS, arb iad:

(a) an tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart cómhargála;

(b) gach foirm saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíothú;

(c) deireadh a chur go héifeachtach le saothar leanaí; agus

(d) agus idirdhealú a dhíothú i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

3. De bhun mhíreanna 1 agus 2 agus béim á leagan ar ghealltanas na bPáirtithe go dtacóidh siad le rialachas iltaobhach, cuirfidh gach Páirtí coinbhinsiún EIS agus na prótacail a dhaingnigh sí chun feidhme go héifeachtach.

4. Déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha seasta chun coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a dhaingniú.

5. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta faoin dul chun cinn atá déanta acu faoi seach maidir le coinbhinsiún bhunúsacha EIS agus na prótacail lena mbaineann a dhaingniú, mar aon le coinbhinsiún nó prótacail eile EIS nach bhfuil siad ina bPáirtithe iontu go fóill ach go measann EIS go bhfuil siad cothrom le dáta.

6. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile de réir mar is iomchuí agus ba cheart dóibh dul i gcomhar maidir le saincheisteanna saothair leasa choitinn a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear i gcomhthéacs EIS.

7. Ag tabhairt chun cuimhne Dhearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008, tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dlisteanach agus nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críoch caomhnaitheachta trádála.

8. Cuirfidh gach Páirtí obair chuibhiúil chun cinn mar a shainmhínítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008. Tabharfaidh gach Páirtí aird ar leith ar an méid seo a leanas, i gcomhréir lena choinníollacha agus lena thosaíochtaí:

(a) bearta a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear cúiteamh i gcás díobháil cheirde nó galar ceirde, mar a shainmhínítear i gcoinbhinsiún ábhartha EIS agus gealltanais idirnáisiúnta eile;

(b) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le pá agus tuilleamh, uaireanta oibre agus dálaí oibre eile; agus

(c) córas cigireachta saothair éifeachtach a choinneáil ar bun i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta agus caighdeáin ábhartha EIS.

9. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil a imeachtaí riaracháin, breithiúnacha agus binse saothair chun a dhlí saothair a fhorfheidhmiú ina n-imeachtaí córa, inrochtana agus trédhearcacha, lena gcumasófar gníomhaíocht éifeachtach in aghaidh sáruithe ar chearta saothair dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

Airteagal 26.4

Rialachas agus Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) agus le rialachas agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshláin chomhshaoil dhomhanda nó réigiúnacha agus tá sé d'aidhm acu an chomhthacaíocht fhrithpháirteach idir beartais trádála agus beartais comhshaoil a fheabhsú.

2. De bhun mhír 1 agus chun tacú le rialachas comhshaoil iltaobhach, déanfaidh gach Páirtí na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, na prótacail agus na leasuithe a bhfuil sé ina pháirtí iontu a chur chun feidhme.

3. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta maidir lena dtionscnaimh faoi seach i ndáil le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a dhaingniú, lena n-áirítear a bprótacail agus leasuithe.

4. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile de réir mar is iomchuí agus ba cheart dóibh dul i gcomhar maidir le saincheisteanna comhshaoil leasa choitinn a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear i gcomhthéacs comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha.

5. Admhaíonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun Airteagal 32.1 (Eisceachtaí Ginearálta) a agairt i ndáil le bearta a dhéantar de bhun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

Airteagal 26.5

Trádáil agus an tAthrú Aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), a rinneadh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992, a shaothrú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide agus ról na trádála chuige sin a aithint.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) UNFCCC agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a chuireann le cur chun feidhme na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta i gcomhréir le Comhaontú Pháras;

(b) rannchuidiú dearfach na trádála leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin inbhuanaithe agus le forbairt aeráid-díonach a chur chun cinn; agus

(c) fás eacnamaíoch glas a chur chun cinn bunaithe ar ghníomhaíochtaí i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, lena n-áirítear oiriúnú bunaithe ar éiceachóras, fuinnimh in-athnuaite agus réitigh atá tíosach ar fhuinneamh.

3. Ba cheart do na Páirtithe dul i gcomhar maidir le hábhair a bhaineann le trádáil i ndáil leis an athrú aeráide go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear in UNFCCC, in EDT agus i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, arna dhéanamh in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987.

Airteagal 26.6

Trádáil agus Bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992, agus na Prótacail a ghabhann leis, agus an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), a síníodh in Washington D.C. an 3 Márta 1973, agus ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta eile ina bhfuil siad ina bpáirtithe, lena n-áirítear na cinntí agus na rúin arna nglacadh faoi na hionstraimí sin.

2. Caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a phríomhshruthú thar earnálacha ábhartha den gheilleagar agus creataí dlíthiúla, institiúideacha agus rialála intíre a neartú; aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh na nithe sin cuidiú le tionchair dhearfacha ar an mbithéagsúlacht agus a seirbhísí éiceachórais chomh maith le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

3. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí;

(b) cuimsiú speiceas ainmhithe agus plandaí sna foscríbhinní a ghabhann le CITES a chur chun cinn i gcás ina meastar stádas caomhnaithe an speicis sin a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta, agus athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh, as a bhféadfaí moladh a dhéanamh chun na foscríbhinní a ghabhann le CITES a leasú, chun a áirithiú go léirítear go hiomchuí iontu riachtanais chaomhnaithe na speiceas atá faoi réir trádáil idirnáisiúnta;

(c) caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe speiceas atá liostaithe in CITES a chur chun cinn, lena n-áirítear a dtrádáil dhlíthiúil agus inrianaithe, fad is a chuirtear tairbhí ar fáil do pháirtithe leasmhara sa slabhra luacha, go háirithe do na pobail áitiúla ina bhfaightear speicis atá liostaithe in CITES;

(d) bearta a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú nuair atá sí faoi réir brúnna atá nasctha le trádáil agus infheistíocht, go háirithe trí bhearta chun cosc a chur le leathadh speiceas coimhthíoch ionrach; agus

(e) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh i ndáil le táirgí bunaithe ar acmhainní nádúrtha a thrádáil d'fhonn chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus trádáil den sórt sin a chur chun cinn.

4. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear le páirtithe leasmhara ábhartha, ar ábhair a bhaineann le trádáil agus le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, chomh maith le trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, lena n-áirítear trí thionscnaimh chun an t-éileamh ar tháirgí fiadhúlra neamhdhleathacha agus eiseamail a laghdú, agus chun comhar maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhroinnt faisnéise a fheabhsú.

Airteagal 26.7

Trádáil agus Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí a spreagadh, agus trádáil agus tomhailt adhmaid agus táirgí adhmaid ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn;

(b) trádáil i dtáirgí foraoise nach raibh ina gcúis le dífhoraoisiú ná díghrádú foraoise a chur chun cinn;

(c) bearta a chur chun feidhme chun lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a chomhrac, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha de réir mar is iomchuí; agus

(d) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh a bhaineann le trádáil maidir le rialachas foraoisí agus caomhnú cumhdaigh foraoise, agus oibriú i gcomhar leis an bPáirtí eile chun tionchair dhearfacha agus tacaíocht fhrithpháirteach a mbeartas leasa choitinn faoi seach a uasmhéadú.

3. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear le páirtithe leasmhara ábhartha, ar ábhair a bhaineann le trádáil agus le caomhnú foraoisí chomh maith le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí.

Airteagal 26.8

Trádáil agus Bainistíocht Inbhuanaithe Acmhainní Bitheolaíocha na Mara agus an Dobharshaothraithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn ar mhaithe le dálaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta inbhuanaithe a áirithiú; mar aon le ról na trádála chun na cuspóirí sin a shaothrú.

2. Aithníonn na Páirtithe go mbíonn tionchair dhiúltacha ag iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (dá ngairtear 'Iascaireacht NNN' anseo feasta) ar thrádáil agus ar an gcomhshaol, agus deimhníonn siad an gá atá le gníomhaíocht chun deireadh a chur le hiascaireacht NNN chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na ró-iascaireachta agus úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní iascaigh.

3. De bhun mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh gach Páirtí:

(a) gníomhú i gcomhréir le prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, a rinneadh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982, Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mór-imirceach Éisc a chur chun feidhme, a osclaíodh lena shíneadh i Nua-Eabhrac an 4 Nollaig 1995, Chomhaontú na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (dá ngairtear 'FAO' anseo feasta) chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn, a formheasadh an 24 Samhain 1993 le Rún 15/93 ag an 27ú Seisiún de Chomhdháil FAO, Cód Iompair FAO le haghaidh Iascach Freagrach, a glacadh an 31 Deireadh Fómhair 1995 ag Comhdháil FAO, agus Chomhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, a formheasadh an 22 Samhain 2009 ag an 36ú Seisiún de Chomhdháil FAO;

(b) bearta caomhnaithe agus bainistíochta fadtéarmacha agus saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara mar a shainmhínítear i bpríomh-ionstraimí na Náisiún Aontaithe agus FAO a bhaineann leis na saincheisteanna sin chur chun feidhme ([139]);

(c) páirt a ghlacadh go gníomhach in obair na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh a bhfuil an dá Pháirtí ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí nó ina bpáirtithe neamhchonarthacha comhoibríocha iontu, agus é mar aidhm acu saothrú inbhuanaithe, bainistíocht agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus na muirthimpeallachta a áirithiú, lena n-áirítear, más infheidhme, rannpháirtíocht ghníomhach i nglacadh beart bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe ag na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh sin agus iad a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, doiciméadacht gabhálacha nó scéimeanna deimhniúcháin;

(d) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun iascaireacht NNN a chomhrac, lena n-áirítear bearta chun táirgí iascaireachta NNN a eisiamh ó shreabha trádála agus oibriú i gcomhar agus faisnéis a mhalartú chuige sin; agus

(e) forbairt dobharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair FAO le haghaidh Iascach Freagrach.

4. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile agus laistigh d'eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh agus d'fhóraim idirnáisiúnta eile d'fhonn bainistíocht iascaigh inbhuanaithe a bhaint amach.

Airteagal 26.9

Trádáil agus Bainistíocht Fhreagrach Slabhraí Soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach trí iompar gnó freagrach agus trí chleachtais maidir le freagracht shóisialta chorparáideach, a chuireann le timpeallacht cumasúcháin, agus ról na trádála chun cuspóir an bhainistithe fhreagraigh ar shlabhraí soláthair a bhaint amach.

([139]) Áirítear leis na hionstraimí sin, i measc ionstraimí eile agus de réir mar is infheidhme: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, Comhaontú FAO chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn, Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a Chur Chun Feidhme, agus Comhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) freagracht shóisialta chorparáideach nó iompar freagrach gnó a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ghlacadh cleachtas ábhartha ag gnóthaí a spreagadh; agus

(b) tacóidh siad le scaipeadh agus úsáid ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Gnó Freagrach, Dearbhú Tripháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta ó EIS, a glacadh sa Ghinéiv i mí na Samhna 1977, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, arna bhformhuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine le Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011.

3. Aithníonn na Páirtithe áirgiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí agus i réimse an iompair gnó fhreagraigh, amhail Treoirdhoiciméid ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh slabhraí soláthair freagracha, agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin, lena n-áirítear maidir le tríú tíortha. Déanfaidh gach Páirtí glacadh na dtreoirlínte sin lena dtacaíonn an Páirtí sin a chur chun cinn.

4. Malartóidh gach Páirtí faisnéis chomh maith le dea-chleachtais agus, de réir mar is iomchuí, rachaidh siad i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

Airteagal 26.10

Tionscnaimh Eile um Thrádáil agus Infheistíocht lena dTugtar Tús Áite d'Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas chun feabhas a chur ar an méid a chuireann an trádáil agus an infheistíocht le sprioc na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach sna gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil di.

2. De bhun mhír 1, cuirfidh gach Páirtí an méid seo a leanas chun cinn:

(a) beartais trádála agus infheistíochta a thacaíonn le cuspóirí Chlár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS, beartais atá comhsheasmhach le Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008, lena n-áirítear beartais maidir le pá, tuilleamh agus uaireanta oibre, cosaint shóisialta chuimsitheach, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus gnéithe eile a bhaineann le dálaí oibre;

(b) trádáil agus infheistíocht in earraí comhshaoil agus i seirbhísí comhshaoil a éascú, lena n-áirítear na hearraí agus na seirbhísí sin atá ábhartha do mhaolú an athraithe aeráide amhail fuinneamh inbhuanaithe agus fuinneamh in-athnuaite agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh, trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaife gaolmhara nó trí chreataí beartais a ghlacadh, rud a chuideoidh leis na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a chur in úsáid agus trí oibriú i gcomhar maidir le tionscnaimh sa réimse sin, i measc nithe eile; agus

(c) trádáil earraí a chuireann le dálaí sóisialta feabhsaithe agus cleachtais atá fónta ó thaobh an chomhshaoil, lena n-áirítear earraí a chumhdaítear le scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta deonacha amhail scéimeanna um thrádáil chóir agus eiticiúil agus éicilipéid.

3. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

Airteagal 26.11

Faisnéis Eolaíoch agus Theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag na Páirtithe arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó sábháilteacht agus sláinte cheirde a chosaint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht, déanfaidh gach Páirtí faisnéis eolaíoch agus theicniúil, caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte nó moltaí a chur san áireamh.

2. Má tá easpa lándeimhneachta eolaíche agus bagairtí go bhféadfaí damáiste thromchúiseach nó dho-chúlaithe a dhéanamh don chomhshaol nó do shábháilteacht agus sláinte cheirde, féadfaidh Páirtí bearta costéifeachtacha a ghlacadh bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim. Ní mór bearta den sórt sin a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú seo, nó údar a bheith leo faoin gComhaontú seo. Beidh siad bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil agus faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil i bhfianaise faisnéis eolaíoch nua.

Airteagal 26.12

Trédhearcacht

Nuair a ghlacann Páirtí bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus nuair a chuireann siad chun feidhme iad, ar bearta iad atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil agus dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe, nó bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair, déanfaidh an Páirtí sin amhlaidh i gcomhréir le Caibidil 27 (Trédhearcacht), agus soláthróidh sé deiseanna réasúnta do dhaoine leasmhara chun tuairimí a chur isteach maidir leis na bearta atá beartaithe i gcomhréir lena dhlíthe agus rialacháin intíre.

Airteagal 26.13

Comhar maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach.

2. Maidir leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 1, féadfar réimsí amhail na réimsí seo a leanas a chumhdach:

(a) gnéithe saothair agus comhshaoil na trádála agus na forbartha inbhuanaithe i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear go háirithe EDT, EIS, Clár agus Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha;

(b) tionchar an dlí saothair agus comhshaoil agus na gcaighdeán saothair agus comhshaoil ar thrádáil agus ar infheistíocht; agus

(c) tionchar an dlí maidir le trádáil agus infheistíocht ar chúrsaí saothair agus an comhshaol.

3. Maidir leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 1, féadfar gnéithe a bhaineann le trádáil den mhéid seo a leanas a chumhdach freisin:

(a) coinbhinsiúin bhunúsacha, coinbhinsiúin rialachais agus coinbhinsiúin eile EIS atá cothrom le dáta agus atá ábhartha i gcomhthéacs na trádála;

(b) Clár Oibre EIS um Obair Chuibhiúil, lena n-áirítear comhar maidir leis na hidirnaisc idir trádáil agus lánfhostaíocht tháirgiúil, coigeartú mhargadh an tsaothair, croíchaighdeáin saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta, forbairt scileanna agus comhionannas inscne;

(c) comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, lena n-áirítear comhar custaim agus tacaíocht do rannpháirtíocht a chéile i gcomhaontuithe den sórt sin;

(d) an réimeas idirnáisiúnta um athrú aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear modh chun teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, gníomhaíocht praghsála carbóin a ullmhú agus a ghlacadh, lena n-áirítear córais trádála astaíochtaí, oiriúnú bunaithe ar éiceachórais agus cuir chuige um bainistíocht uisce a oiriúnú i ndáil leis an athrú aeráide;

(e) Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin agus Leasú Kigali air, go háirithe:

(i) bearta chun táirgeadh agus tomhaltas substaintí ídithe ózóin (ODSanna) agus hidreafluaracarbóin (HFCanna), agus trádáil iontu, a rialú;

(ii) roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a thabhairt isteach;

(iii) caighdeáin a thabhairt cothrom le dáta; agus

(iv) trádáil neamhdhleathach substaintí a chomhrac, arna rialáil leis an gcomhaontú sin;

(f) fás glas ionchuimsitheach agus geilleagar ciorclach a chur chun cinn;

(g) scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta poiblí agus príobháideacha trédhearcacha, lena n-áirítear éicilipéadú;

(h) éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn óna n-úsáid i gcomhréir le Prótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na dTairbhí a eascraíonn as a nÚsáid leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Nagoya an 29 Deireadh Fómhair 2010, chomh maith le héiceachórais a luacháil, mar aon lena seirbhísí agus ionstraimí eacnamaíocha gaolmhara;

(i) freagracht shóisialta chorparáideach, iompar gnó freagrach agus bainistíocht fhreagrach ar shlabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh, cur chun feidhme agus scaipeadh ionstraimí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta;

(j) bainistíocht fhónta ceimiceán agus dramhaíola;

(k) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thrádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, dá dtagraítear in Airteagal 26.6;

(l) caomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn d'fhonn stop a chur le dífhoraoisiú agus lománaíocht neamhdhleathach, lena n-áirítear trádáil i dtáirgí foraoise nach raibh ina gcúis le dífhoraoisiú ná díghrádú foraoisí a chur chun cinn, dá dtagraítear in Airteagal 26.7; agus

(m) cleachtais iascaireachta inbhuanaithe agus trádáil i dtáirgí éisc a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn, chomh maith le cosaint agus athchóiriú na muirthimpeallachta, dá dtagraítear in Airteagal 26.8.

Airteagal 26.14

An Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Tiocfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhunaítear le fomhír 1(1) d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) le chéile laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, agus de réir mar is gá ina dhiaidh sin i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile).

2. Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe an méid seo a leanas:

(a) cur chun feidhme agus riar éifeachtach na Caibidle seo a éascú agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair arna ndéanamh faoin gCaibidil seo;

(b) na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 26.17 go hAirteagal 26.19 a chomhlíonadh;

(c) moltaí a thabhairt don Choiste Trádála, lena n-áirítear moltaí maidir le hábhair atá le plé leis an nGrúpa Comhairleach Baile agus an Fóram Sochaí Sibhialta, dá dtagraítear in Airteagail 33.5 (Grúpa Comhairleach Baile) agus 33.6 (Fóram Sochaí Sibhialta), faoi seach; agus

(d) aon ábhar eile a bhreithniú a bhaineann leis an gCaibidil seo mar a comhaontóidh na Páirtithe.

3. Eiseoidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe tuarascáil phoiblí tar éis gach ceann dá chruinnithe.

4. Tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar theachtaireachtaí agus tuairimí ón bpobal maidir le hábhair a bhaineann leis an gCaibidil seo agus cuirfidh siad an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ar an eolas faoi theachtaireachtaí agus tuairimí den sórt sin, mar aon lena sásraí sochaí shibhialta dá dtagraítear in Airteagail 33.5 (Grúpa Comhairleach Baile) agus 33.6 (Fóram Sochaí Sibhialta).

Airteagal 26.15

Pointí Teagmhála le haghaidh Trádála agus Forbairt Inbhuanaithe

Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo agus tabharfaidh sé a mhionsonraí teagmhála don Pháirtí eile. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

Airteagal 26.16

Réiteach Díospóidí

I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí dá dtagraítear in Airteagail 26.17 agus 26.18.

Airteagal 26.17

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 26.15. Leagfar amach na cúiseanna le comhairliúcháin a iarraidh san iarraidh sin, lena n-áirítear tuairisc ar an ábhar atá i gceist. Cuirfear tús le comhairliúcháin go pras tar éis do Pháirtí iarraidh ar chomhairliúcháin a sheachadadh, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Tionólfar na comhairliúcháin ar an láthair nó, má chomhaontaíonn na Páirtithe, trí mheán leictreonach.

2. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin arb é is aidhm dóibh teacht ar réiteach ar an ábhar atá sásúil don dá thaobh. Maidir leis na comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo, cuirfidh na Páirtithe faisnéis ó EIS nó ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí comhshaoil iltaobhacha ábhartha chun comhleanúnachas idir obair na bPáirtithe agus na n-eagraíochtaí nó na gcomhlachtaí sin a áirithiú. I gcás inarb ábhartha agus ina gcomhaontaítear go frithpháirteach, iarrfaidh na Páirtithe comhairle ar na heagraíochtaí nó comhlachtaí sin, nó ar aon saineolaí nó comhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

3. Má mheasann Páirtí, 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata dá dtagraítear i mír 1, gur gá an t-ábhar a phlé a thuilleadh, féadfaidh an Páirtí sin a iarraidh i scríbhinn go dtionólfaí an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe agus tabharfaidh an Páirtí sin fógra don phointe teagmhála dá dtagraítear i mír 1 faoin iarraidh sin. Tiocfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe le chéile go pras agus féachfaidh sé le réiteach a aimsiú atá sásúil don dá Pháirtí.

4. Iarrfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, de réir mar is iomchuí, comhairle na nGrúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 33.5 (Grúpaí Comhairleacha Baile) nó comhairle ó shaineolaí eile.

5. Cuirfear aon rún a dhéanfaidh na Páirtithe ar fáil don phobal.

Airteagal 26.18

Painéal Saineolaithe

1. Más rud é, laistigh de 90 lá tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 26.17, nach bhfuil réiteach arna chomhaontú ar bhonn frithpháirteach bainte amach ag na Páirtithe, féadfaidh Páirtí a iarraidh go mbunófaí painéal saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar. Ní mór an iarraidh sin a dhéanamh i scríbhinn chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile arna ainmniú de bhun Airteagal 26.15. Aithneofar san iarraidh sin na cúiseanna a bhfuiltear ag iarraidh go mbunófaí painéal saineolaithe, lena n-áirítear léiriú ar bhunús dlí an ghearáin.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 31.6 (Painéal a Bhunú), 31.10 (Feidhmeanna an Phainéil), 31.20 (Painéalaithe a Ionadú), 31.21 (Rialacha Nós Imeachta), 31.22 (Fionraí agus Foirceannadh), 31.23 (Faisnéis a Fháil) agus 31.24 (Rialacha maidir le Léirmhíniú); agus Roinn E (Forálacha Coitianta) de Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí); chomh maith le hIarscríbhinní 31-A (Rialacha Nós Imeachta) agus 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

3. Ag an gcéad chruinniú a bheidh ag an bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, bunóidh sé liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe ar an bpainéal saineolaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta sin: foliosta amháin do gach Páirtí agus foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar chathaoirleach ar an bpainéal saineolaithe. Molfaidh gach Páirtí cúigear ar a laghad le haghaidh a fholiosta féin. Roghnóidh na Páirtithe cúigear ar a laghad don liosta cathaoirleach freisin. Áiritheoidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe go gcoimeádfar an liosta cothrom le dáta agus go mbeidh 15 shaineolaí ar a laghad ar an liosta i gcónaí.

4. Ní mór saineolas a bheith ag na daoine dá dtagraítear i mír 3 ar an dlí saothair nó comhshaoil, ar shaincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa Chaibidil seo, nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Beidh siad neamhspleách, beidh siad ag fónamh ina gcumas aonair agus ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an díospóid ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon cheann de na Páirtithe, agus comhlíonfaidh siad na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

5. Bunófar painéal saineolaithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú). Roghnófar na saineolaithe ó na daoine aonair ar na foliostaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal sin, i gcomhréir le hAirteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil).

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe, mar a shainítear i mír 3 d'Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú), is é a bheidh i dtéarmaí tagartha an phainéil:

'scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha Chaibidil 26 (Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe) den Chomhaontú seo, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar an bPainéal Saineolaithe a bhunú, chun torthaí agus moltaí a sholáthar d'fhonn an t-ábhar a réiteach agus tuarascáil a sholáthar, i gcomhréir le mír 8 d'Airteagal 26.18 (Painéal Saineolaithe)'.

7. In ábhair a bhaineann le comhaontuithe iltaobhacha a urramú dá dtagraítear sa Chaibidil seo, féachfaidh an painéal saineolaithe le faisnéis agus comhairle a iarraidh ó chomhlachtaí ábhartha EIS nó comhlachtaí eile arna mbunú faoi na comhaontuithe sin.

8. Eiseoidh an painéal saineolaithe tuarascáil eatramhach chuig na Páirtithe laistigh de 90 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe agus eiseoidh siad tuarascáil chríochnaitheach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta eisiúna na tuarascála eatramhaí. Leagfar amach sna tuarascálacha sin na torthaí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha ábhartha agus an bhunréasúnaíocht atá le haon toradh nó moladh. Cuirfidh gach Páirtí an tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal saineolaithe ar fáil don phobal laistigh de 15 lá tar éis don phainéal saineolaithe í a chur isteach.

9. Pléifidh na Páirtithe bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme agus tuarascáil agus moltaí an phainéil saineolaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh an Páirtí a chuirfidh na bearta iomchuí chun feidhme a Ghrúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 33.5 (Grúpaí Comhairleacha Baile) agus an Páirtí eile a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht nó beart a bheidh le cur chun feidhme tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don tuarascáil a bheith curtha ar fáil don phobal. Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe faireachán ar na bearta leantacha i leith thuarascáil an phainéil saineolaithe agus a chuid moltaí. Féadfaidh na grúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 33.5 (Grúpaí Comhairleacha Baile) barúlacha a chur faoi bhráid an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ina leith sin.

Airteagal 26.19

Athbhreithniú

1. Chun cur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo a fheabhsú, tionscnóidh na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, próiseas foirmiúil athbhreithnithe ina gcuirfear san áireamh, i measc nithe eile, an taithí a fuarthas tríd an gCaibidil seo a chur chun feidhme, forbairtí beartais i ngach Páirtí, forbairtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus tuairimí arna gcur i láthair ag páirtithe leasmhara. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe an próiseas athbhreithnithe a thabhairt i gcrích laistigh de 12 mhí.

2. Chun críoch mhír 1, ag cruinnithe an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, pléifidh na Páirtithe go háirithe oibriú na bhforálacha institiúideacha agus na bhforálacha maidir le réiteach díospóidí a leagtar amach in Airteagail 26.14 go 26.18, lena n-áirítear athbhreithniú féideartha ar a n-éifeachtacht agus feabhsú an tsásra forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an fhéidearthacht céim chomhlíontachta agus frithbhearta ábhartha a chur i bhfeidhm mar rogha dheiridh.

3. Féadfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe leasuithe a ullmhú ar fhorálacha ábhartha na Caibidle seo ina léireofar torthaí na bpléití dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an nós imeachta um leasú arna bhunú in Airteagal 33.8 (Leasuithe).

4. Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe, féachfaidh na Páirtithe ar an bhféidearthacht agus ar an mbealach i ndáil le Comhaontú Pháras a chuimsiú mar ghné riachtanach den Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 27

TRÉDHEARCACHT

Airteagal 27.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu' dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta agus rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu;

(b) ciallaíonn 'duine leasmhar' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach dá ndéantar difear nó dá bhféadfar difear a dhéanamh le beart a bhfuil feidhm ginearálta aige; agus

(c) ciallaíonn 'gníomhaíocht riaracháin' gníomhaíocht nó cinneadh ag a bhfuil éifeacht dhlíthiúil lena ndéantar difear do chearta agus oibleagáidí duine shonraigh i gcás aonair, agus lena gcumhdaítear gníomhaíocht riaracháin nó mainneachtain gníomhaíocht nó cinneadh riaracháin a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlí an Pháirtí.

Airteagal 27.2

Cuspóir

Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe timpeallacht rialála thrédhearcach a chur chun cinn.

Airteagal 27.3

Foilseachán

1. Áiritheoidh gach Páirtí gur fíor an méid seo a leanas maidir le haon bheart lena bhfuil feidhm ghinearálta i leith aon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo:

(a) déantar é a fhoilsiú go pras trí mheán a ainmnítear go hoifigiúil agus, i gcás inarb indéanta, trí mheán leictreonach, nó cuirtear ar fáil ar bhealach eile é ionas go gcuirfear é ar a gcumas do thrádálaithe agus páirtithe leasmhara eile tuiscint a fháil air; agus

(b) má ghlactar é ar leibhéal lárnach an rialtais, go soláthrófar míniú ar a chuspóir agus a réasúnaíocht.

2. A mhéid is féidir, agus beart dá dtagraítear i mír 1 á thabhairt isteach nó á athrú, tabharfaidh gach Páirtí go leor ama chun dul i dtaithí air idir dáta a fhoilsithe agus an dáta ar a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 27.4

Faisnéis a sholáthar

1. Ar iarraidh ón bPáirtí eile, déanfaidh Páirtí faisnéis a sholáthar go pras agus freagra a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le haon bheart atá ann cheana nó aon bheart atá beartaithe a bhfuil feidhm ghinearálta aige a dhéanann difear ábhartha d'fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

2. Faisnéis a sholáthraítear de bhun an Airteagail seo, beidh sí gan dochar do cé acu atá nó nach bhfuil an beart comhsheasmhach leis an gComhaontú seo.

Airteagal 27.5

Bearta a Riar a bhfuil Feidhm Ghinearálta Acu

1. Riarfaidh gach Páirtí na bearta uile lena bhfuil feidhm ghinearálta, ar bhealach oibiachtúil, comhsheasmhach, neamhchlaonta agus réasúnta, maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

2. Nuair atá bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu á gcur i bhfeidhm i gcásanna sonracha i leith daoine, earraí nó seirbhísí áirithe an Pháirtí eile, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) féachfaidh sé le fógra réasúnta a thabhairt do dhuine dá ndéantar difear díreach le himeachtaí riaracháin, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, nuair a thionscnaítear na himeachtaí sin, lena n-áirítear tuairisc ar chineál na n-imeachtaí, ráiteas maidir leis an údarás dlíthiúil faoina dtionscnaítear na himeachtaí agus tuairisc ghinearálta ar aon saincheist chonspóideach;

(b) tabharfaidh sé deis réasúnta do dhuine dá ndéantar difear díreach le himeachtaí riaracháin fíorais agus argóintí a chur i láthair mar thaca lena sheasamh roimh aon ghníomhaíocht riaracháin chríochnaitheach, a mhéid is féidir de réir an mhéid ama, chineál na n-imeachtaí agus an leasa phoiblí; agus

(c) áiritheoidh sé go bhfuil na himeachtaí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) agus (b) i gcomhréir lena dhlí.

Airteagal 27.6

Athbhreithniú agus Achomharc

1. Déanfaidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, eadrána nó riaracháin a bhunú nó a choinneáil ar bun chun críocha an athbhreithnithe phrais agus, i gcás ina bhfuil údar leis sin, gníomhaíocht riaracháin a cheartú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo ([140]). Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh binsí, atá neamhspleách ar an údarás a gcuirtear forfheidhmiú riaracháin ar a iontaoibh, a nósanna imeachta le haghaidh achomhairc nó athbhreithniú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus neamhchlaonta, agus nach mbeidh aon leas substaintiúil acu i dtoradh an ábhair.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar na cearta seo a leanas do na páirtithe sna nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1:

(a) deis réasúnta chun tacú lena seasaimh faoi seach nó chun iad a chosaint; agus

(b) cinneadh atá bunaithe ar fhianaise agus ar aighneachtaí taifid nó, i gcás ina gceanglófar faoina dhlí é, an taifead arna thiomsú ag an údarás riaracháin.

3. Déanfaidh an oifig nó an t-údarás a gcuirtear forfheidhmiú riaracháin ar a iontaoibh an cinneadh dá dtagraítear i bhfomhír 2(b) a chur chun feidhme, faoi réir achomhairc nó athbhreithniú breise dá bhforáiltear i ndlí an Pháirtí sin, agus beidh cleachtadh na hoifige nó an údaráis sin faoi réir an chinnidh sin.

CAIBIDIL 28

DEA-CHLEACHTAIS RIALÁLA

Airteagal 28.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údarás rialála':

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh: an Coimisiún Eorpach; agus

(ii) i gcás Mheicsiceo: an Riarachán Poiblí Feidearálach, lena n-áirítear aon chomhlacht dílráithe de chuid an Riaracháin Phoiblí Fheidearálaigh; agus

(b) ciallaíonn 'bearta rialála' bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu, arna bhforbairt ag údarás rialála agus arna nglacadh ag Páirtí, ar bearta iad a bhfuil sé sainordaitheach iad a chomhlíonadh, arb iad:

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh:

(A) rialacháin agus treoracha, dá bhforáiltear in Airteagal 288 CFAE; agus

(B) gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagail 290 agus 291 CFAE, faoi seach; agus

(ii) i gcás Mheicsiceo:

(A) dlíthe agus foraitheanta reachtacha arna gcur i láthair ag an mbrainse feidhmiúcháin den Rialtas Cónaidhme; agus

(B) aon ghníomh riaracháin eile a bhfuil feidhm ghinearálta aige, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, rialacháin, foraitheanta, comhaontuithe agus *Normas Oficiales Mexicanas* ('NOManna', Caighdeáin Oifigiúla Mheicsiceo).

([140]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr agus gníomhaíocht riaracháin a cheartú, féadfaidh páirtí a éileamh go gcuirfear na réitigh riaracháin uile atá ar fáil i bhfeidhm.

Airteagal 28.2

Prionsabail Ghinearálta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le:

(a) dea-chleachtais rialála a úsáid nuair atá bearta rialála á bpleanáil, á ndearadh, á n-eisiúint agus á gcur chun feidhme nó nuair atá meastóireacht nó athbhreithniú á dhéanamh orthu chun cuspóirí beartais intíre a bhaint amach; agus

(b) tairbhí an Chomhaontaithe seo a choinneáil ar bun agus a fheabhsú trí dhea-chleachtais rialála a úsáid chun trádáil in earraí agus seirbhísí a éascú agus infheistíocht idir na Páirtithe a mhéadú.

2. Beidh sé de cheart ag gach Páirtí a chur chuige i leith dea-chleachtais rialála a chinneadh faoin gComhaontú seo ar bhealach a bheidh ag luí lena chreat dlíthiúil, cleachtas agus prionsabail bhunúsacha féin ([141]) is bunús lena chóras rialála féin.

3. Ní fhorléireofar le forálacha na Caibidle seo go gceanglófar ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun a thosaíochtaí rialála a shainaithint agus chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh lena n-áirithítear na leibhéil chosanta a mheasann sé a bheith iomchuí;

(b) gníomhaíochtaí a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

Airteagal 28.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta rialála i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le húdaráis rialála ná bearta, cleachtais ná cuir chuige rialála Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 28.4

Comhairliúchán Inmheánach agus Comhordú na Forbartha Rialála

1. Aithníonn na Páirtithe gur féidir cur chun feidhme dea-chleachtas rialála a éascú le sásraí intíre lena gcuirtear feabhas ar an gcomhairliúchán agus an comhordú inmheánach a bhfuil gá leo le haghaidh próiseas nó sásraí chun bearta rialála a fhorbairt.

2. Déanfaidh gach Páirtí próisis nó sásraí inmheánacha comhordúcháin nó athbhreithnithe a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le bearta rialála atá á bhforbairt ag a údarás rialála.

3. Leis na próisis nó na sásraí sin ba cheart féachaint, i measc nithe eile, leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dea-chleachtais rialála a chothú, lena n-áirítear na cinn a leagtar amach sa Chaibidil seo;

([141]) I gcás an Aontais Eorpaigh, áirítear ar phrionsabail den sórt sin na prionsabail a áirítear in CFAE agus a dhíorthaítear uaidh.

(b) comhairliúcháin agus comhordú inmheánach a neartú chun dúbláil neamhriachtanach agus ceanglais neamhréireacha a shainaithint agus a chosc i mbearta rialála an Pháirtí;

(c) a chur chun cinn go ndéanfaí tionchair fhéideartha na mbeart rialála atá á n-ullmhú, lena n-áirítear na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta ina dhiaidh sin;

(d) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí trádála agus infheistíochta idirnáisiúnta; agus

(e) a chur chun cinn go ndéanfaí forbairtí ábhartha i bhfóraim idirnáisiúnta agus i bhfóraim eile a chur san áireamh.

4. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh na próisis nó na sásraí dá dtagraítear i mír 2 a bheith éagsúil ag brath ar a gcúinsí faoi seach. Ina leith sin, féadfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta intíre, feabhas a chur ar a chóras rialála trí shásraí comhairliúcháin agus comhordaithe inmheánacha breise.

5. Féadfaidh gach Páirtí comhlacht comhordaithe lárnach a bhunú nó a choinneáil ar bun.

Airteagal 28.5

Trédhearcacht na Sásraí agus na bPróiseas Rialála

Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí tuairiscí ar na próisis agus ar na sásraí a bhíonn in úsáid ag a údarás rialála chun bearta rialála a ullmhú, chun meastóireacht a dhéanamh orthu agus chun iad a athbhreithniú. Déanfar tagairt sna tuairiscí sin do threoirlínte, rialacha nó nósanna imeachta ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le deiseanna don phobal chun barúlacha a thabhairt.

Airteagal 28.6

Luathfhaisnéis maidir le Bearta Rialála atá Beartaithe

1. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí, ar bhonn bliantúil ar a laghad, liosta na mórbheart ([142]) rialála atá beartaithe, ar bearta iad a measann a údarás rialála go réasúnta go nglacfar iad laistigh de bhliain.

2. Maidir le gach ceann de na bearta rialála a áirítear sa liosta dá dtagraítear i mír 1, ba cheart do gach Páirtí an méid seo a leanas a chur ar fáil go poiblí chomh maith:

(a) tuairisc ghearr ar a raon feidhme agus a chuspóirí; agus

(b) an t-am a meastar a ghlacfar é lena n-áirítear, más féidir, an tréimhse le haghaidh comhairliúchán poiblí.

Airteagal 28.7

Comhairliúcháin Phoiblí

1. Agus mórbheart rialála á fhorbairt aige, déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta:

(a) dréachtbheart rialála nó na doiciméid chomhairliúcháin a fhoilsiú ina dtabharfar mionsonraí leordhóthanacha maidir leis an mbeart rialála nua atá á ullmhú chun go bhféadfadh aon duine a mheas an ndéanfaí difear mór dá leasanna agus an chaoi a ndéanfaí an difear sin;

(b) deiseanna réasúnta a chur ar fáil d'aon duine, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, barúlacha a thabhairt; agus

(c) na barúlacha a gheofar a bhreithniú.

([142]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn 'mórbheart rialála' beart ag a bhfuil tionchar mór rialála arna chinneadh ag gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta.

2. Ba cheart do gach Páirtí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha cumarsáide agus ba cheart dóibh féachaint le húsáid a bhaint as pointe rochtana aonair tiomnaithe chun faisnéis a bhaineann le comhairliúcháin phoiblí a sholáthar, lena n-áirítear maidir leis an dóigh barúlacha a sholáthar.

3. Cuirfidh gach Páirtí aon bharúil a gheobhaidh sé ar fáil go poiblí, chomh maith le hachoimre ar thorthaí na gcomhairliúchán. Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid is gá chun faisnéis rúnda nó sonraí pearsanta a chosaint, nó chun ábhar míchuí a choimeád siar.

Airteagal 28.8

Measúnú Tionchair Rialála

1. I gcomhréir leis na rialacha agus nósanna imeachta is infheidhme, cuirfidh gach Páirtí chun cinn go ndéanfaidh a údarás rialála measúnuithe tionchair rialála agus mórbhearta rialála á bhforbairt.

2. Agus measúnú tionchair rialála á dhéanamh aige i gcomhréir le mír 1, déanfaidh údarás rialála gach Páirtí próisis agus sásraí, a chuireann breithniú ar na tosca seo a leanas chun cinn, a bhunú agus a choinneáil ar bun:

(a) an gá atá le beart rialála, lena n-áirítear cineál agus suntas na faidhbe a bhféachtar le haghaidh a thabhairt uirthi leis an mbeart rialála;

(b) aon rogha mhalartach rialála agus neamhrialála is indéanta agus is iomchuí, lena n-áirítear an rogha gan rialáil a dhéanamh, lena mbainfí amach cuspóir beartais phoiblí an Pháirtí sin;

(c) a mhéid is féidir agus is ábhartha, na costais agus na tairbhí féideartha agus tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil na roghanna malartacha sin a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear an tionchar ar an trádáil agus an infheistíocht idirnáisiúnta agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; á mheabhrú go mbíonn sé deacair roinnt costas agus tairbhí a chainníochtú agus a léiriú i dtéarmaí airgeadaíochta;

(d) an chaoi a mbaineann na roghanna atá á mbreithniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an fáth le haon éagsúlacht, i gcás inarb iomchuí; agus

(e) an chaoi ar féidir na cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach ar an dóigh is fearr i dtéarmaí éifeachtachta agus éifeachtúlachta.

3. Agus measúnú tionchair rialála á dhéanamh aige i gcomhréir le mír 1, braithfidh an t-údarás rialála ar an bhfaisnéis is fearr is infhaighte go réasúnta, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch, theicniúil, eacnamaíoch nó faisnéis eile.

4. Maidir le haon mheasúnú tionchair rialála a dhéanann údarás rialála ar bheart rialála, ullmhóidh an Páirtí lena mbaineann tuarascáil chríochnaitheach ina leagtar amach go mionsonrach na tosca a chuir an t-údarás rialála san áireamh agus an measúnú á dhéanamh agus na torthaí ábhartha. Cuirfear tuarascáil den sórt sin ar fáil go poiblí, tráth nach déanaí ná an dáta a chuirtear an beart rialála ar fáil go poiblí.

Airteagal 28.9

Meastóireacht Chúlghabhálach

1. Coinneoidh údarás rialála gach Páirtí próisis nó sásraí ar bun chun meastóireachtaí cúlghabhálacha nó athbhreithnithe cúlghabhálacha ar a bhearta rialála a chur chun cinn ag eatraimh a mheastar a bheith iomchuí.

2. Agus meastóireacht chúlghabhálach á cur i gcrích aige, déanfaidh údaráis rialála Páirtí breithniú cé acu is ann nó nach ann do dheiseanna chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus chun ualaí rialála neamhriachtanacha a laghdú, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide san áireamh. Ar bhonn na meastóireachtaí cúlghabhálacha tréimhsiúla sin, ba cheart do gach Páirtí a chinneadh cé acu is ceart a bhearta rialála a mhodhnú, a chuíchóiriú, a leathnú nó a aisghairm.

3. Cuirfidh gach Páirtí a phleananna le haghaidh na meastóireachtaí cúlghabhálacha tréimhsiúla sin agus torthaí mheastóireachtaí ar fáil go poiblí.

Airteagal 28.10

Clár Rialála

Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta, go mbíonn na bearta rialála atá i bhfeidhm ar fáil ar shuíomh gréasáin amháin go héasca. Ba cheart don suíomh gréasáin sin cuardaigh ar bhearta rialála de réir luanna nó de réir focail a cheadú agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

Airteagal 28.11

Pointí Teagmhála

1. Is iad na pointí teagmhála le haghaidh cumarsáide idir na Páirtithe ar ábhair a eascraíonn faoin gCaibidil seo:

(a) i gcás Mheicsiceo, Ard-Stiúrthóireacht um Disciplíní na Trádála Idirnáisiúnta de chuid Fho-Rúnaíocht Trádála Eachtraí na hAireachta Geilleagair (*Dirección General de Disciplinas de Comercio Internacional de la Subsecretaría de Comercio Exterior de la Secretaría de Economía*) nó a comharba; agus

(b) i gcás an Aontais Eorpaigh, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, nó a comharba.

2. Tá gach pointe teagmhála freagrach as dul i gcomhairle lena údarás rialála faoi seach, de réir mar is iomchuí, agus as comhordú leo, ar ábhair a thiocfaidh chun cinn faoin gCaibidil seo.

3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála a phointe teagmhála agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

Airteagal 28.12

Comhar agus Malartú Faisnéise

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú. Féadfar a áireamh leis an gcomhar sin eagrú aon ghníomhaíochta ábhartha, lena n-áirítear cúnamh frithpháirteach, chun an comhar idir a n-údaráis rialála a neartú.

2. Tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na rialacha agus nósanna imeachta atá acu faoin tráth sin maidir le dea-chleachtais rialála agus, más infheidhme, maidir le haon bheart atá déanta acu chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme.

Airteagal 28.13

Réiteach Díospóidí

Ní rachaidh Páirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 29

FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Airteagal 29.1

Cuspóir

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le feabhsú an chomhair maidir le hábhair atá ábhartha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta) ar na modhanna dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo chomh maith le forálacha eile an Chomhaontaithe seo a d'fhéadfadh a bheith chun tairbhe FBManna freisin.

Airteagal 29.2

Comhroinnt Faisnéise

1. Déanfaidh gach Páirtí suíomh gréasáin a bhunú nó a choinneáil ar bun, suíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus ar a mbeidh faisnéis maidir leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear:

(a) téacs an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na hiarscríbhinní uile;

(b) achoimre ar an gComhaontú seo; agus

(c) faisnéis arna dearadh gur féidir le FBManna í a úsáid, faisnéis lena gcuimsítear:

(i) tuairisc ar na forálacha sa Chomhaontú seo a mheasann an Páirtí a bheith ábhartha maidir le FBManna an dá Pháirtí; agus

(ii) aon fhaisnéis bhreise a mheasfaidh gach Páirtí a bheadh úsáideach do FBManna ar spéis leo tairbhe a bhaint as na deiseanna a sholáthraítear faoin gComhaontú seo.

2. Ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cuimseoidh gach Páirtí naisc chuig na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

(a) suíomh gréasáin coibhéiseach an Pháirtí eile; agus

(b) suíomhanna gréasáin a údarás rialtais agus eintiteas iomchuí eile a mheasann an Páirtí a sholáthródh faisnéis úsáideach do FBManna ar spéis leo trádáil nó gnó a dhéanamh sa Pháirtí sin.

3. Cuimseofar sna suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i bhfomhír 2(b) faisnéis a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) dlíthe agus rialacháin chustaim, agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras chomh maith le foirmeacha agus doiciméid dá n-éilítear;

(b) dlíthe agus rialacháin, agus nósanna imeachta maidir le cearta maoine intleachtúla;

(c) rialacháin theicniúla agus, i gcásanna ina mbíonn measúnú comhréireachta tríú páirtí sainordaitheach dá ndéantar foráil i gCaibidil 9 (Bacainní Teicniúla ar Thrádáil), nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sainordaitheach agus naisc chuig liostaí de chomhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(d) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú;

(e) rialacha maidir le soláthar poiblí, bunachar sonraí ina bhfuil fógraí i ndáil le soláthar poiblí agus forálacha ábhartha Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí);

(f) nósanna imeachta chun gnólacht a chlárú; agus

(g) faisnéis eile a mheasann an Páirtí a bheith úsáideach do FBManna.

4. Ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cuimseoidh gach Páirtí nasc chuig bunachar sonraí atá inchuardaithe go leictreonach de réir cód ainmníochta taraife. An bunachar sonraí sin:

(a) cuimseofar ann an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le rochtain earraí ar a mhargadh:

(i) rátaí dleachtanna custaim agus taraif-chuótaí, más infheidhme, a bhaineann leis na náisiúin barrfhabhair agus leis na tíortha nach náisiúin barrfhabhair iad, chomh maith le rátaí fabhracha dleachtanna custaim agus taraif-chuótaí;

(ii) dleachtanna máil;

(iii) cáin bhreisluacha;

(iv) muirir chustaim nó táillí eile, lena n-áirítear táillí táirge-shonracha;

(v) rialacha tionscnaimh dá ndéantar foráil i gCaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh); agus

(vi) na critéir a úsáidtear chun luach custaim na n-earraí a chinneadh; agus

(b) féachfaidh sé leis an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil le rochtain earraí ar a mhargadh a chuimsiú:

(i) bearta taraife eile;

(ii) aisíocaíocht dleachta, iarchur, nó cineálacha eile faoisimh lena ndéantar dleachtanna custaim a laghdú, a aisíoc nó a tharscaoileadh;

(iii) más infheidhme, ceanglais mharcála maidir leis an tír thionscnaimh, lena n-áirítear suíomh na marcála agus an modh marcála;

(iv) faisnéis a éilítear le haghaidh nósanna imeachta allmhairiúcháin; agus

(v) faisnéis a bhaineann le bearta neamhtharaife.

5. Déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis agus na naisc a sholáthraítear de bhun mhíreanna 1 go 4 a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbíonn siad cruinn.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirtear an fhaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo i láthair ar bhealach atá leordhóthanach chun gur féidir le FBManna í a úsáid. Féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis a chur ar fáil i mBéarla.

7. Ní ghearrfaidh Páirtí aon táille maidir le rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthraítear d'aon duine de Pháirtí de bhun mhír 1 go mír 4.

Airteagal 29.3

Pointí Teagmhála FBManna

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála ('Pointe Teagmhála FBM') a bheidh i gceannas ar na feidhmeanna a liostaítear san Airteagal seo agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile maidir lena shonraí teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

2. Déanfaidh na Pointí Teagmhála FBManna:

(a) áiritheoidh siad go gcuirtear riachtanais FBManna san áireamh agus an Comhaontú seo á chur chun feidhme agus smaoineoidh siad ar bhealaí chun deiseanna trádála agus infheistíochta do FBManna a mhéadú trí chomhar idir na Páirtithe i ndáil le hábhar FBM a neartú;

(b) aimseoidh siad bealaí agus malartóidh siad faisnéis chun gur féidir le FBManna na bPáirtithe leas a bhaint as deiseanna nua a chruthaítear faoin gComhaontú seo;

(c) áiritheoidh siad go mbeidh an fhaisnéis ar na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 29.2 cothrom le dáta agus ábhartha maidir le FBManna, agus cuimhneofar ar aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh Pointe Teagmhála FBM a mholadh a chur san áireamh sna suíomhanna gréasáin sin;

(d) tabharfaidh siad aghaidh ar aon ábhar eile is spéis le FBManna maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo i ndáil le FBManna, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

(i) faisnéis a mhalartú;

(ii) páirt a ghlacadh, más iomchuí, in obair na bhfochoistí agus na meithleacha a bhunaítear faoin gComhaontú seo agus ábhair agus moltaí is sainspéis le FBManna a chur faoi bhráid na bhfochoistí agus meithleacha sin, ina réimsí sonracha gníomhaíochtaí faoi seach, fad a sheachnaítear dúbailt clár oibre; agus

(iii) réitigh a shainaithint agus a mholadh, ar réitigh iad a d'fhéadfadh a bheith inghlactha ar bhonn frithpháirteach, chun cumas FBManna a bheith rannpháirteach i gcúrsaí trádála agus infheistíochta idir na Páirtithe a fheabhsú;

(e) tuairisciú go tráthrialta maidir lena ngníomhaíochtaí agus é a chur faoi bhráid an Choiste Trádála; agus

(f) breithniú a dhéanamh ar aon ábhar eile a thiocfaidh chun cinn faoin gComhaontú seo a bhaineann le FBManna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

3. Tiocfaidh pointí teagmhála FBManna le chéile de réir mar is gá agus déanfaidh siad a gcuid oibre trí na cainéil chumarsáide iomchuí a chomhaontóidh Pointí Teagmhála na bhFBManna, ar a bhféadfaí ríomhphost, fís-chomhdháil nó modhanna cumarsáide leictreonaí eile a áireamh.

4. Féadfaidh Pointí Teagmhála FBManna féachaint le dul i gcomhar le saineolaithe agus eagraíochtaí seachtracha, de réir mar is iomchuí, agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu.

Airteagal 29.4

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 30

AMHÁBHAIR

Airteagal 30.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údarú' an cead, an ceadúnas, an lamháltas nó an ionstraim riaracháin nó chonarthach chomhchosúil lena dtugann údarás inniúil Páirtí cead d'eintiteas gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe a fheidhmiú ina chríoch;

(b) ciallaíonn 'eintiteas' aon duine nádúrtha nó fiontar nó grúpa de dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair; agus

(c) ciallaíonn 'amhábhair' substaintí a úsáidtear i monarú táirgí tionsclaíocha, cé is moite de tháirgí iascaigh agus talmhaíochta próiseáilte, ar substaintí iad de chomhdhéanamh salainn, sulfair, ithreacha agus cloch, ábhar plástrála, aoil agus stroighne (CC 25); mianta, slaig agus luaith (CC 26); earraí a airítear in CC 27; ceimiceáin neamhorgánacha (CC 28); ceimiceáin orgánacha (CC 29); leasacháin (CC 31); rubar nádúrtha (CC 40); seithí amha, craicne agus leathar (CC 41); agus táirmhiotail agus miotail lómhara agus mianraí próiseáilte (ex CC 71, 72; 74-76; 78-81), ach amháin úráiniam agus tóiriam (CC 26.12) agus dúile agus iseatóip radaighníomhacha (CC 28.44, 28.45).

Airteagal 30.2

Prionsabail

1. Coimeádann gach Páirtí an ceart ceannasach aige féin chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil limistéir ar fáil chun amhábhair a thaiscéaladh agus a tháirgeadh ar a chríoch, rud a chinntear i gcomhréir lena dhlí agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

2. I gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, coimeádann na Páirtithe an ceart acu féin bearta a ghlacadh, a choinneáil ar bun agus a fhorfheidhmiú ar gá iad chun cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí a shaothrú, amhail soláthar earraí fuinnimh agus amhábhar fuinnimh a áirithiú, an tsochaí agus an comhshaol, sláinte phoiblí agus tomhaltóirí a chosaint agus slándáil agus sábháilteacht phoiblí a chur chun cinn.

Airteagal 30.3

Monaplú Onnmhairiúcháin agus Allmhairiúcháin

Ní dhéanfaidh Páirtí monaplacht allmhairiúcháin ná onnmhairiúcháin a ainmniú ná a choinneáil ar bun le haghaidh amhábhar. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin an ceart eisiach nó an deonú údaráis a thugann Páirtí d'eintiteas chun amhábhair a allmhairiú ón bPáirtí eile nó a onnmhairiú chuig an bPáirtí eile ([143]).

Airteagal 30.4

Praghsáil Onnmhairiúcháin

Ní ghlacfaidh Páirtí trí bhíthin aon bheart, ná ní choinneoidh sé ar bun, praghas ar amhábhair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile atá níos airde ná an praghas a ghearrtar ar na hearraí sin nuair a bhíonn siad le cur ar an margadh intíre.

Airteagal 30.5

Praghsanna Intíre

1. Ní fhéadfaidh na Páirtithe praghas an tsoláthair intíre d'amhábhair a rialáil (dá ngairtear 'praghas rialáilte' anseo feasta) ach amháin trí oibleagáid seirbhíse poiblí a fhorchur.

2. Má fhorchuireann Páirtí oibleagáid seirbhíse poiblí, áiritheoidh sé an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá sí sainithe go soiléir, trédhearcach agus comhréireach; agus

(b) ní choinnítear ar bun í murab ann a thuilleadh do na himthosca nó na cuspóirí ba chúis lena forchur.

3. Áiritheoidh Páirtí a rialaíonn an praghas go bhfoilseofar an mhodheolaíocht is bun le ríomh an phraghais rialáilte dá dtagraítear i mír 2 sula dtagann sí i bhfeidhm.

Airteagal 30.6

Comhar maidir le hAmhábhair

Rachaidh na Páirtithe i mbun comhair i réimse na n-amhábhar d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile:

(a) bearta lena saobhtar trádáil agus infheistíocht, agus lena ndéantar difear d'amhábhair, a laghdú nó a dhíothú i dtríú tíortha;

(b) a seasaimh a chomhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ina ndéantar idirphlé ar shaincheisteanna trádála agus infheistíochta a bhaineann le hamhábhair, agus cláir idirnáisiúnta i réimse na n-amhábhar a chothú;

(c) malartú sonraí margaidh a chothú i réimse na n-amhábhar;

(d) freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Gnó Freagrach agus an Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach;

(e) taighde, forbairt, nuálaíocht agus oiliúint a chur chun cinn i réimsí ábhartha leasa choitinn i réimse na n-amhábhar;

([143]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo gan dochar do fhorálacha Chaibidil 10 (Infheistíocht) agus Chaibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) agus do na hiarscríbhinní a ghabhann leo agus ní áirítear léi aon cheart a eascraíonn as ceart maoine intleachtúla eisiach a dheonú.

(f) malartú faisnéise agus dea-chleachtas a chothú maidir leis an méid a thiteann amach i ndáil le beartas intíre; agus

(g) úsáid éifeachtúil acmhainní a chur chun cinn, lena n-áirítear próisis táirgthe a fheabhsú chomh maith le marthanacht, indeisitheacht, ceapadh le haghaidh díchóimeála, éascaíocht athúsáide agus athchúrsáil earraí.

CAIBIDIL 31

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

ROINN A

Cuspóir agus Raon Feidhme

Airteagal 31.1

Cuspóir

Is é cuspóir an Chaibidil seo sásra éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú chun aon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a sheachaint agus a réiteach d'fhonn teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach, i gcás inár féidir.

Airteagal 31.2

Raon feidhme

Mura bhforáiltear a mhalairt, tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe seo (dá ngairtear 'forálacha faoi chumhdach' anseo feasta), má mheasann Páirtí go bhfuil beart ([144]) de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir le haon fhoráil faoi chumhdach.

Airteagal 31.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinní 31-A agus 31-B.

Airteagal 31.4

Rogha Fóraim

1. Má tharlaíonn díospóid maidir le beart a líomhnaítear nach bhfuil sé i gcomhréir le hoibleagáid faoin gComhaontú agus faoi oibleagáid atá coibhéiseach go substaintiúil le comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil an dá Pháirtí ina bpáirtithe ann, lena n-áirítear Comhaontú EDT, is é an Páirtí atá ag lorg sásaimh a roghnóidh an fóram chun an díospóid a réiteach.

2. A luaithe a bheidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí tionscanta ag Páirtí faoin gCaibidil seo nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta eile, ní thionscnóidh an Páirtí sin nósanna imeachta um réiteach díospóidí in aon fhóram eile maidir leis an mbeart dá dtagraítear i mír 1, mura mainneoidh an fóram a roghnaítear ar dtús teacht ar thorthaí ar chúiseanna nós imeachta nó dlínsiúla.

([144]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is féidir le haon ghníomh nó neamhghníomh atá inchurtha i leith Páirtí a bheith ina bheart de chuid an Pháirtí sin chun críocha na Caibidle seo. Féadfaidh beart beartaithe Páirtí a bheith ina ábhar comhairliúchán faoi Airteagal 31.5. Ní bhunófar painéal chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheart atá beartaithe.

3. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) meastar go mbeidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gCaibidil seo tionscanta le hiarraidh ó Pháirtí go mbunófar painéal de bhun Airteagal 31.6;

(b) nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chomhaontú EDT, meastar gur tionscnaíodh iad le hiarraidh ó Pháirtí chun painéal a bhunú de bhun Airteagal 6 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí; agus

(c) measfar nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile a bheith tionscanta i gcomhréir le forálacha iomchuí an chomhaontaithe sin.

4. Gan dochar do mhír 2, ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo bac ar Pháirtí oibleagáidí a chur ar fionraí, oibleagáidí atá údaraithe ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóide nó atá údaraithe faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá ag comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe ann. Ní dhéanfar Comhaontú EDT ná aon chomhaontú idirnáisiúnta eile idir na Páirtithe a agairt chun bac a chur ar Pháirtí oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chur ar fionraí.

ROINN B

Comhairliúcháin

Airteagal 31.5

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 31.2 a réiteach trí dhul i mbun comhairliúcháin de mheon macánta arb é is aidhm dóibh sin teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach.

2. Lorgóidh Páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn arna soláthar don Pháirtí eile lena sainaithnítear an beart i gceist agus na forálacha faoi chumhdach a mheasann sé is infheidhme.

3. An Páirtí a ndéantar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige, féadfaidh sé an iarraidh a fhreagairt go pras, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an dáta a fhaigheann sé í. Reáchtálfar comhairliúcháin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata agus déanfar iad, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, i gcríoch an Pháirtí a ndéantar an iarraidh chuige. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche 30 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

4. Comhairliúcháin maidir le hábhair phráinne, lena n-áirítear iad sin maidir le hearraí meatacha, déanfar iad laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh ar chomhairliúcháin. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche laistigh de na 15 lá sin mura gcomhaontóidh na Páirtithe go leanfaidh siad ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

5. Le linn comhairliúchán, soláthróidh gach Páirtí faisnéis fhíorasach leordhóthanach don Pháirtí eile chun go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbealach lena bhféadfadh an beart i gceist difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féachfaidh gach Páirtí le rannpháirtíocht phearsanra a údarás rialtais inniúil, ag a bhfuil saineolas san ábhar is ábhar do na comhairliúcháin, a áirithiú.

6. Is faoi rún a bheidh comhairliúcháin, agus go háirithe seasaimh arna nglacadh ag na Páirtithe le linn comhairliúchán, agus beidh siad gan dochar do chearta ceachtar Páirtí in aon imeacht eile. Déanfaidh gach Páirtí aon fhaisnéis faoi rún a gheofar le linn comhairliúchán a chosaint arna iarraidh sin don Pháirtí a sholáthróidh an fhaisnéis.

7. An Páirtí a seoltar an iarraidh chuige, mura dtugann sé freagra ar an iarraidh ar chomhairliúcháin laistigh de 10 lá ón dáta a gheobhaidh sé é, mura reáchtáiltear na comhairliúcháin laistigh den tráthchlár a leagtar amach i mír 3 nó mír 4, má chomhaontaíonn na Páirtithe gan na comhairliúcháin a dhéanamh, nó má thugtar na comhairliúcháin i gcrích gan aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, féadfaidh an Páirtí a lorg na comhairliúcháin dul ar iontaoibh Airteagal 31.6.

ROINN C

Nósanna imeachta an Phainéil

Airteagal 31.6

Painéal a Bhunú

1. Mura dtagann na Páirtithe ar réiteach na díospóide tar éis dóibh dul ar iontaoibh comhairliúcháin dá ndéantar foráil in Airteagal 31.5, féadfaidh an Páirtí a lorg na comhairliúcháin iarraidh a dhéanamh go mbunófaí painéal.

2. Is trí bhíthin iarraidh i scríbhinn chuig an bPáirtí eile a dhéanfar an iarraidh chun painéal a bhunú. Sonróidh an Páirtí is déantóir gearáin ina iarraidh an beart atá i gceist, agus míneoidh sé conas atá an beart sin ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach ar bhealach atá leormhaith chun an bunús dlí leis an ngearán a chur i láthair go soiléir.

3. Bunófar painéal tar éis na hiarrata.

Airteagal 31.7

Comhdhéanamh Painéil

1. Triúr painéalaithe a bheidh mar chomhdhéanamh painéil.

2. Laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 31.6.2, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil. Chun na críche sin, laistigh de 10 lá ón dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn sin, ainmneoidh gach Páirtí painéalaí, a fhéadfaidh a bheith ina náisiúnach den Pháirtí sin, agus molfaidh sé don Pháirtí eile suas le triúr iarrthóirí chun ról an chathaoirligh a ghlacadh. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le cathaoirleach as measc na n-iarrthóirí cathaoirligh laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 31.6.2. Féadfaidh Páirtí cur i gcoinne painéalaí arna ainmniú ag an bPáirtí eile má mheasann sé nach gcomhlíonann an duine sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 31.9.

3. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil laistigh den tréimhse 15 lá a leagtar amach i mír 2, cuirfidh na Páirtithe na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 4 go 9 i bhfeidhm chun an painéal a chur le chéile.

4. Laistigh de 7 lá tar éis don tréimhse 15 lá a leagtar amach i mír 2 dul in éag, ceapfaidh gach Páirtí painéalaí óna fholiosta dá dtagraítear in Airteagal 31.8.

5. Mura gceapann an Páirtí is déantóir gearáin painéalaí laistigh den tréimhse a shonraítear i mír 4, rachaidh na himeachtaí um réiteach díospóidí in éag ag deireadh na tréimhse sin.

6. Mura gceapann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh painéalaí laistigh den tréimhse a shonraítear i mír 4, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin a iarraidh ar údarás ceapacháin a liostaítear sna Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A, an painéalaí a roghnú trí chrannchur. Roghnóidh an t-údarás ceapacháin an painéalaí trí chrannchur ó fholiosta an Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 31.8 laistigh de 15 lá tar éis dó an iarraidh a fháil ón bPáirtí is déantóir gearáin.

7. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an gcathaoirleach laistigh den tréimhse 15 lá a leagtar amach i mír 2, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin nó, i gcás nósanna imeachta de bhun Airteagal 31.18, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh ar údarás ceapacháin a liostaítear i Riail 6 de na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A cathaoirleach an phainéil a roghnú trí chrannchur ó fholiosta na ndaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirligh, is é sin, an foliosta dá dtagraítear in Airteagal 31.8, laistigh de 7 lá tar éis dhul in éag na tréimhse sin. Roghnóidh an t-údarás ceapacháin an cathaoirleach laistigh de 15 lá tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear sa mhír seo a fháil.

8. Chun críocha mhíreanna 6 agus 7, roghnóidh na húdaráis cheapacháin a liostaítear i Riail 6 de na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A na painéalaithe i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo agus na Rialacha Nós Imeachta sin.

9. I gcás nach bhfuil aon cheann de na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 31.8 glactha ag an gCoiste Trádála, ceapfar na painéalaithe nó an cathaoirleach ó na daoine aonair ar ainmnigh Páirtí amháin nó an dá Pháirtí iad agus ar tugadh fógra i scríbhinn don Pháirtí eile maidir leo chun an liosta sin a ghlacadh.

Airteagal 31.8

Liostaí na bPainéalaithe

1. Déanfaidh an Coiste Trádála, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a ghlacadh, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe. Beidh na trí fholiosta seo a leanas sa liosta:

(a) foliosta de dhaoine aonair den Aontas Eorpach;

(b) foliosta de dhaoine aonair de Mheicsiceo, agus

(c) foliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal.

2. Áireofar cúigear ar a laghad ar gach foliosta. Ní bheidh daoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí ar an bhfoliosta dá dtagraítear i bhfomhír 1(c).

3. Féadfaidh an Coiste Trádála liostaí breise de dhaoine aonair ar a bhfuil saineolas in earnálacha sonracha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a ghlacadh. Faoi réir chomhaontú na bPáirtithe, úsáidfear na liostaí breise sin chun an painéal a chur le chéile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 31.7.

Airteagal 31.9

Ceanglais le haghaidh Painéalaithe

1. Is fíor an méid seo a leanas maidir le gach painéalaí:

(a) beidh saineolas léirithe aige ar an dlí, ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar ábhair eile a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, amhail réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta eile;

(b) beidh sé neamhspleách ar gach Páirtí agus ní bheidh sé cleamhnaithe le ceachtar Páirtí ná ní ghlacfaidh sé le treoracha uathu;

(c) feidhmeoidh sé i gcáil phearsanta, agus ní ghlacfaidh sé le treoracha ó aon eagraíocht ná aon rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid; agus

(d) comhlíonfaidh sé an Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31-B.

2. Ina theannta sin, beidh taithí ag an gcathaoirleach ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí.

3. I bhfianaise ábhar díospóide ar leith, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go maolófar ar na ceanglais a liostaítear i bhfomhír 1(a).

Airteagal 31.10

Feidhmeanna an Phainéil

Maidir leis an bpainéal:

(a) déanfaidh sé measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair, lena n-áirítear measúnú oibiachtúil ar fhíorais an cháis agus ar infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach agus ar chomhréireacht na mbeart i gceist leis na forálacha faoi chumhdach;

(b) ina chinntí agus ina thuarascálacha, leagfaidh sé amach cinntí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach, an bhunréasúnaíocht le haghaidh aon toradh agus conclúid a dhéanann sé agus, i gcás ina bhfuil sé iarrtha go comhpháirteach ag an dá pháirtí, aon mholadh; agus

(c) ba cheart dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe go tráthrialta agus deiseanna leordhóthanacha a sholáthar chun réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a fhorbairt.

Airteagal 31.11

Téarmaí Tagartha

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, laistigh de 5 lá tar éis dháta ceapacháin an phainéalaí dheireanaigh, is é a bheidh i dtéarmaí tagartha an phainéil:

‘scrúdú a dhéanamh i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo arna lua ag na Páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar bhunú an phainéil; cinntí a dhéanamh maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann an beart atá i gceist forálacha an Chomhaontaithe seo dá dtagraítear in Airteagal 31.2 (Raon Feidhme); moltaí a dhéanamh, i gcás ina bhfuil siad iarrtha go comhpháirteach ag na páirtithe; agus tuarascáil a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 31.13 (Tuarascáil Eatramhach) agus 31.14 (Tuarascáil Chríochnaitheach).’

2. Má thagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le téarmaí tagartha eile, tabharfaidh siad fógra faoi na téarmaí tagartha comhaontaithe don phainéal laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 31.12

Cinneadh maidir le Práinn

1. Má iarrann Páirtí amhlaidh tráth nach déanaí ná 5 lá ó dháta seachadta na hiarrata ar bhunú an phainéil, cinnfidh an painéal, laistigh de 10 lá tar éis cheapachán an phainéalaí dheireanaigh, cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an cás le hábhar práinne. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúil a dhéanamh maidir leis an iarraidh laistigh de 5 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata sin.

2. I gcásanna práinne, na tréimhsí is infheidhme a leagtar amach i Roinn C, mairfidh siad leathfhad na tréimhse a fhorordaítear inti, ach amháin na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagail 31.6 agus 31.11.

Airteagal 31.13

Tuarascáil Eatramhach

1. Déanfaidh an painéal tuarascáil eatramhach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 90 lá tar éis dháta ceapacháin an phainéalaí dheireanaigh. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, ina luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an bpainéal a thuarascáil eatramhach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, i gcás ar bith, a thuarascáil eatramhach a sholáthar tráth is déanaí ná 120 lá tar éis dháta ceapacháin an phainéalaí dheireanaigh.

2. Féadfaidh gach Páirtí iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe beachta den tuarascáil eatramhach laistigh de 10 lá tar éis dó é a fháil. Féadfaidh Páirtí barúil a thabhairt ar iarraidh an Pháirtí eile laistigh de 6 lá tar éis a seachadta.

Airteagal 31.14

Tuarascáil Chríochnaitheach

1. Déanfaidh an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 120 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta ar a bhfuil se beartaithe ag an bpainéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, i gcás ar bith, a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar tráth is déanaí ná 150 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil.

2. Áireofar sa tuarascáil chríochnaitheach plé ar aon iarraidh a fuarthas i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach agus tabharfar aghaidh go soiléir ar bharúlacha maidir leis. Tar éis dó aon iarraidh agus aon bharúil i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach a bhreithniú, féadfaidh an painéal a thuarascáil a mhodhnú agus aon scrúdú eile a mheasann sé a bheith iomchuí a dhéanamh.

3. Maidir le rialú an phainéil sa tuarascáil chríochnaitheach, beidh sé críochnaitheach agus ina cheangal ar na Páirtithe.

Airteagal 31.15

Bearta Comhlíontachta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh pras thorthaí agus chonclúidí an phainéil sa tuarascáil chríochnaitheach chun a áirithiú go réitítear an díospóid go héifeachtach. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh aon bheart is gá chun na torthaí agus na conclúidí sa tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh go pras chun é féin a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dó an tuarascáil chríochnaitheach a fháil, fógra a thabhairt don Pháirtí is déantóir gearáin faoi na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh.

3. Mura dtagann na Páirtithe ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach de bhun Airteagal 31.33, ceanglófar le réiteach díospóide baint aon bhirt atá ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 31.16

Tréimhse Réasúnta

1. Mura mbeidh an chomhlíontacht láithreach indéanta, déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a gheofar an tuarascáil chríochnaitheach, fógra a thabhairt don Pháirtí is déantóir gearáin faoin tréimhse réasúnta a cheanglóidh sé le haghaidh comhlíontachta. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le tréimhse réasúnta chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh. Níor cheart an tréimhse réasúnta a bheith níos faide ná 15 mhí tar éis sheachadadh na tuarascála críochnaithí faoi Airteagal 31.14.

2. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le tréimhse réasúnta, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin, 20 lá ar a luaithe tar éis fháil an fhógra dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh i scríbhinn go gcinnfidh an painéal bunaidh an tréimhse réasúnta. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 20 lá tar éis dháta fála na hiarrata.

3. Tabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra i scríbhinn chuig an bPáirtí is déantóir gearáin maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige i ndáil leis an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh 1 mhí amháin ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse réasúnta.

4. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta.

Airteagal 31.17

Athbhreithniú ar Chomhlíontacht

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná dáta dhul in éag na tréimhse réasúnta, fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí is déantóir gearáin faoi aon bheart atá déanta aige chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh.

2. I gcás ina n-easaontaíonn na Páirtithe maidir le bearta a bheith déanta chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh nó maidir le comhsheasmhacht na mbeart sin leis na forálacha faoi chumhdach, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Leis an iarraidh sainaithneofar aon bheart i gceist agus míneofar inti conas a bheadh na bearta sin ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach ar bhealach lena gcuirtear an bunús dlí leis an ngearán i láthair go soiléir. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 60 lá tar éis dháta fála na hiarrata.

Airteagal 31.18

Leigheasanna Sealadacha

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, arna iarraidh sin don Pháirtí is déantóir gearáin agus tar éis comhairliúcháin a dhéanamh leis, tairiscint ar chúiteamh sealadach a chur i láthair sna cásanna seo a leanas:

(a) má thugann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is déantóir gearáin nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh; nó

(b) mura ndéanann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra a sholáthar i ndáil le haon bheart maidir le comhlíonadh a rinneadh laistigh den sprioc-am dá dtagraítear in Airteagal 31.15.2 nó faoin dáta a rachaidh an tréimhse réasúnta in éag; nó

(c) má chinneann an painéal nach ann d'aon bheart maidir le comhlíonadh nó go bhfuil an beart a rinneadh chun comhlíonadh a bhaint amach ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. Faoi aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) go (c), féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fógra i scríbhinn a sheachadadh chuig an bPáirtí a ndéantar gearán ina aghaidh chun cur in iúl go bhfuil sé ar intinn aige cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí faoi na forálacha faoi chumhdach a chur ar fionraí:

(a) i gcás ina gcinneann an Páirtí is déantóir gearáin gan iarraidh a dhéanamh de bhun mhír 1; nó

(b) i gcás, nuair a dhéantar iarraidh de bhun mhír 1, nach dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an gcúiteamh sealadach laistigh de 20 lá:

(i) tar éis an dáta a thugtar fógra don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh;

(ii) tar éis an dáta a rachaidh an tréimhse réasúnta in éag; nó

(iii) tar éis sheachadadh chinneadh an phainéil de bhun Airteagal 31.17.2.

3. Sonrófar san fhógra dá dtagraítear i mír 2 an leibhéal atá beartaithe maidir le hoibleagáidí a chur ar fionraí. Maidir le tairbhí atá san earnáil chéanna nó na hearnálacha céanna leis an earnáil nó na hearnálacha a dhéantar difear di nó dóibh leis an mbeart ar chinn an painéal é a bheith ar neamhréir leis an gComhaontú seo nó arb é is cúis le neamhniú nó lagú, ba cheart don Pháirtí is déantóir gearáin féachaint leis na tairbhí sin a chur ar fionraí ar dtús, agus machnamh á dhéanamh aige ar na tairbhí a chuirfear ar fionraí. Féadfaidh fionraí lamháltas nó oibleagáidí eile a chur i bhfeidhm maidir le hearnálacha a chumhdaítear faoin gCaibidil seo seachas an earnáil nó na hearnálacha ina bhfuair an painéal neamhniú nó lagú, go háirithe i gcás ina bhfuil an Páirtí is déantóir gearáin den tuairim go bhfuil an fhionraíocht sin san earnáil eile indéanta nó éifeachtach chun comhlíontacht a spreagadh. Ní sháróidh leibhéal fionraíochta lamháltas ná oibleagáidí eile an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó an lagú arb é an sárú is cúis leis.

4. Féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin na hoibleagáidí a chur ar fionraí 15 lá tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i mír 2, mura ndéanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh iarraidh i scríbhinn faoi mhír 5.

5. Má mheasann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh go sáraíonn leibhéal fionraíochta na lamháltas nó na n-oibleagáidí eile faoina dtugtar fógra an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh roimh dhul in éag na tréimhse 15 lá a leagtar amach i mír 4 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Cinnfidh an painéal an leibhéal tairbhí a measann sé é a bheith coibhéiseach agus soláthróidh sé a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 30 lá tar éis dháta na hiarrata. Ní chuirfidh an Páirtí is déantóir gearáin aon oibleagáid ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh soláthartha ag an bpainéal. Beidh fionraí na n-oibleagáidí i gcomhréir leis an gcinneadh sin.

6. Beidh fionraí na n-oibleagáidí nó an cúiteamh dá dtagraítear san Airteagal seo sealadach agus ní chuirfear i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas é:

(a) tar éis do na Páirtithe teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach de bhun Airteagal 31.33;

(b) tar éis do na Páirtithe a chomhaontú go dtugann an beart a dhéantar le bheith comhlíontach an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach; nó

(c) tar éis d'aon bheart a bheith tarraingthe siar nó leasaithe, ar beart é a rinneadh chun bheith comhlíontach agus a bhfuair an painéal ina leith go raibh sé ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach, chun an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha sin.

Airteagal 31.19

Athbhreithniú ar Aon Bheart a Dhéantar chun Comhlíonadh a Dhéanamh Tar Éis Leigheasanna Sealadacha a Ghlacadh

1. Seachadfaidh an Páirtí a ndéantar gearáin ina aghaidh fógra chuig an bPáirtí is déantóir gearáin faoi aon bheart a rinne sé chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis oibleagáidí a bheith curtha ar fionraí nó tar éis cúiteamh sealadach a chur i bhfeidhm, de réir mar a bheidh. Cé is moite de chásanna faoi mhír 2, déanfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fionraí na n-oibleagáidí a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis an dáta a gheofar an fógra sin. I gcásanna ina mbeidh cúiteamh curtha i bhfeidhm, agus cé is moite de chásanna faoi mhír 2, féadfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh cur i bhfeidhm an chúitimh sin a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí is déantóir gearáin a fhógra á rá go raibh sé comhlíontach.

2. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú i dtaobh cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh an beart ar tugadh fógra faoi an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an fógra dá dtagraítear i mír 1, seachadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh i scríbhinn chuig an bpainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 60 lá tar éis dháta fála na hiarrata. Má chinneann an painéal go bhfuil an beart a rinneadh chun comhlíonadh a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach, cuirfear deireadh le fionraí na n-oibleagáidí nó leis an gcúiteamh, de réir mar a bheidh. I gcás inarb ábhartha, coigeartófar leibhéal fionraíochta na n-oibleagáidí nó an chúitimh i bhfianaise chinneadh an phainéil.

Airteagal 31.20

Painéalaithe a Ionadú

Más rud é, le linn nósanna imeachta um réiteach díospóidí, nach féidir le painéalaí a bheith rannpháirteach, go dtarraingeoidh sé siar nó gur gá é a ionadú toisc nach gcomhlíonann sé ceanglais an Chóid Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31-B, ceapfar painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 31.7 agus leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A. Cuirfear síneadh leis an tréimhse le haghaidh sheachadadh na tuarascála nó an chinnidh de réir mar is gá go dtí go gceapfar painéalaí nua.

Airteagal 31.21

Rialacha Nós Imeachta

1. Déanfar nósanna imeachta an phainéil faoin Roinn seo a rialú leis an gCaibidil seo agus leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A.

2. Áiritheofar leis na Rialacha Nós Imeachta, go háirithe:

(a) Go mbeidh an ceart ag na Páirtithe éisteacht amháin ar a laghad a bheith acu os comhair an phainéil, éisteacht ina bhféadfaidh gach Páirtí a thuairimí a chur i láthair ó bhéal;

(b) go mbeidh an deis ag gach Páirtí aighneacht bhunaidh i scríbhinn agus frisnéis i scríbhinn a sholáthar;

(c) faoi réir chosaint na faisnéise rúnda, go gcuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí a aighneachtaí i scríbhinn, a leagan i scríbhinn de ráiteas ó bhéal agus a fhreagraí i scríbhinn ar iarraidh nó ar cheist ón bpainéal, más ann dóibh, a luaithe is féidir tar éis dó na doiciméid sin a chur isteach agus tráth nach déanaí ná dáta seachadta na tuarascála críochnaithí; agus

(d) go gcaithfidh an painéal agus na Páirtithe le haon fhaisnéis a sholáthróidh Páirtí don phainéal mar fhaisnéis rúnda.

3. Beidh aon éisteacht de chuid an phainéil ar oscailt go poiblí mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

Airteagal 31.22

Fionraí agus Foirceannadh

1. Arna iarraidh sin don dá Pháirtí, cuirfidh an painéal a obair ar fionraí tráth ar bith go ceann tréimhse arna comhaontú ag na Páirtithe agus nach faide ná 12 mhí as a chéile. Fillfidh an painéal ar a chuid oibre roimh dheireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ón dá Pháirtí, nó ar lá deireanach na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ó cheachtar Páirtí. Déanfaidh an Páirtí iarrthach fógra a sheachadadh chuig an bPáirtí eile dá réir sin.

2. Mura n-iarrfaidh ceachtar Páirtí go n-atosófar obair an phainéil roimh dheireadh dhul in éag na tréimhse fionraí, rachaidh údarás an phainéil i léig agus foirceannfar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí. Beidh an méid sin gan dochar do cheart na bPáirtithe imeachtaí nua a thionscnamh maidir leis an ábhar céanna.

3. I gcás ina gcuirfear obair an phainéil ar fionraí, cuirfear síneadh leis na tréimhsí ábhartha faoin Roinn seo a bheidh ar aon fhad leis an tréimhse ar cuireadh obair an phainéil ar fionraí lena linn.

Airteagal 31.23

Faisnéis a Fháil

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal faisnéis a mheasann sé is gá agus is iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Tabharfaidh na Páirtithe freagra pras agus iomlán ar aon iarraidh ón bpainéal ar an bhfaisnéis sin.

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal aon fhaisnéis a lorg ó aon fhoinse a mheasann sé is iomchuí. Féadfaidh an painéal tuairim nó comhairle theicniúil a lorg ó shaineolaithe freisin, de réir mar is iomchuí leis, agus faoi réir aon téarma agus coinníoll arna gcomhaontú ag na Páirtithe, i gcás inarb infheidhme.

3. Breithneoidh an painéal aighneachtaí *amicus curiae* ó dhaoine nádúrtha de Pháirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Páirtí i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A.

4. Aon fhaisnéis a fhaigheann an painéal de bhun an Airteagail seo, nochtfar do na Páirtithe í agus féadfaidh na Páirtithe barúlacha a thabhairt i leith na faisnéise sin.

Airteagal 31.24

Rialacha Léirmhínithe

1. Déanfaidh an painéal na forálacha faoi chumhdach a léirmhíniú i gcomhréir le rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí. Cuirfidh an painéal san áireamh freisin léirmhínithe ábhartha i dtuarascálacha ó phainéil de chuid EDT agus i dtuarascálacha ón mBuanchomhlacht Achomhairc arna nglacadh ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí.

2. Le tuarascálacha agus cinntí an phainéil, ní chuirfear le cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú seo ná ní laghdófar na cearta ná na hoibleagáidí sin.

Airteagal 31.25

Tuarascálacha agus Cinntí an Phainéil

1. Coimeádfar pléití an phainéil faoi rún. Déanfaidh an painéal gach iarracht chun tuarascálacha a dhréachtú agus cinntí a dhéanamh de chomhthoil. Mura mbeidh an méid sin indéanta, déanfaidh an painéal cinneadh maidir leis an ábhar le vóta tromlaigh. Ní nochtfar, i gcás ar bith, tuairimí leithleacha painéalaithe.

2. Glacfaidh na Páirtithe gan choinníoll le cinntí agus tuarascálacha an phainéil. Ní chruthóidh siad aon cheart ná oibleagáid i ndáil le daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha.

3. Cuirfidh gach Páirtí tuarascálacha agus cinntí an phainéil ar fáil go poiblí, a luaithe is féidir tar éis dháta a seachadta chuig na Páirtithe, faoi réir chosaint na faisnéise rúnda.

ROINN D

Sásra Idirghabhála

Airteagal 31.26

Cuspóir

Is é is cuspóir don sásra idirghabhála cuidiú chun gur fusa a bheidh sé teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach trí nós imeachta cuimsitheach gasta le cúnamh ó idirghabhálaí.

Airteagal 31.27

An Nós Imeachta Idirghabhála a Thionscnamh

1. Féadfaidh Páirtí tráth ar bith a iarraidh ar an bPáirtí eile, i scríbhinn, dul i mbun nós imeachta idirghabhála maidir le haon bheart de chuid an Pháirtí sin lena ndéantar dochar do thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe. Níl gá le comhairliúcháin sula dtionscnófar an nós imeachta idirghabhála.

2. Beidh an iarraidh mionsonraithe go leordhóthanach chun ábhair imní an Pháirtí iarrthaigh a chur i láthair go soiléir agus déanfar an méid seo a leanas léi freisin:

(a) sonrófar an beart atá i gceist;

(b) soláthrófar ráiteas maidir leis na héifeachtaí diúltacha a mheasann an Páirtí iarrthach atá, nó a bheidh, ag an mbeart ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe; agus

(c) míneofar conas a mheasann an Páirtí iarrthach go bhfuil na héifeachtaí sin nasctha leis an mbeart.

3. Ní fhéadfar an nós imeachta idirghabhála a thionscnamh ach le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe. An Páirtí a ndéantar an iarraidh chuige, déanfaidh sé breithniú tuisceanach ar an iarraidh agus déanfaidh sé a fhógra i scríbhinn, ina nglacfaidh sé léi nó ina ndiúltóidh sé di, a sholáthar don Pháirtí iarrthach laistigh de 10 lá tar éis dó í a fháil. Mura ndéantar sin, measfar gur diúltaíodh don iarraidh.

Airteagal 31.28

Idirghabhálaí a Roghnú

1. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí, más féidir tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó an fógra gur glacadh leis an iarraidh a fháil.

2. I gcás nach mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 1, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar údarás ceapacháin a liostaítear sna Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur, laistigh de 5 lá tar éis na hiarrata, ón bhfoliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirligh, dá dtagraítear in Airteagal 31.8.

3. An foliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirligh, dá dtagraítear in Airteagal 31.8, mura mbeidh an liosta sin glactha ag an gCoiste Trádála tráth iarraidh de bhun Airteagal 31.27, déanfar an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur ó na daoine aonair a bheidh ainmnithe ag Páirtí amháin nó ag an dá Pháirtí le haghaidh an fholiosta sin, de réir mar a bheidh.

4. Ní bheidh idirghabhálaí ina náisiúnach de cheachtar Páirtí ná ní bheidh sé fostaithe ag ceachtar Páirtí, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5. Comhlíonfaidh idirghabhálaí an Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31-B.

Airteagal 31.29

Rialacha an Nós Imeachta Idirghabhála

1. Laistigh de 10 lá ó cheapachán an idirghabhálaí, déanfaidh an Páirtí a d'iarr an nós imeachta idirghabhála tuairisc mhionsonraithe i scríbhinn ar a ábhair imní a sholáthar don idirghabhálaí agus don Pháirtí eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibriú an bhirt i gceist agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe. Féadfaidh an Páirtí eile barúlacha i scríbhinn a sholáthar ar thuairisc den sórt sin, laistigh de 20 lá tar éis dó an tuairisc sin a fháil.

2. Tabharfaidh an t-idirghabhálaí cúnamh do na Páirtithe ar bhealach trédhearcach chun soiléireacht a thabhairt don bheart i gceist agus dá éifeachtaí diúltacha féideartha ar thrádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe. Go sonrach, féadfaidh an t-idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na Páirtithe, dul i gcomhairle leis na Páirtithe go comhpháirteach nó go haonarach, cúnamh a lorg ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, nó dul i gcomhairle leo, agus aon tacaíocht bhreise arna hiarraidh ag na Páirtithe a sholáthar. Rachaidh an t-idirghabhálaí i gcomhairle leis na Páirtithe roimh chúnamh a lorg ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, nó roimh dhul i gcomhairle leo.

3. Féadfaidh an t-idirghabhálaí comhairle a thairiscint agus réiteach a mholadh lena meas ag na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe glacadh leis an réiteach molta nó diúltú dó, nó teacht ar chomhaontú maidir le réiteach éagsúil. Ní thabharfaidh an t-idirghabhálaí comhairle maidir le comhsheasmhacht an bhirt i gceist leis an gComhaontú seo.

4. Déanfar an nós imeachta idirghabhála i gcríoch an Pháirtí a ndearnadh an iarraidh chun nós imeachta a dhéanamh chuige, nó le comhaontú frithpháirteach in aon suíomh eile nó ar aon bhealach cumarsáide eile.

5. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach laistigh de 60 lá ó cheapachán an idirghabhálaí. Agus an réiteach sin á dhéanamh, féadfaidh na Páirtithe tabhairt i gcrích aon nós imeachta inmheánach is gá a mheas. Ar feitheamh comhaontú críochnaitheach, féadfaidh na Páirtithe réitigh eatramhacha fhéideartha a mheas, go háirithe má bhaineann an beart le hearraí meatacha.

6. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an t-idirghabhálaí dréacht-tuarascáil fhíorasach a sholáthar do na Páirtithe lena soláthraítear:

(a) achoimre ghairid ar an mbeart i gceist;

(b) na nósanna imeachta a leanadh; agus

(c) aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, lena n-áirítear aon réiteach eatramhach féideartha.

7. Ceadóidh an t-idirghabhálaí 15 lá do na Páirtithe chun barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil fhíorasach. Tar éis bharúlacha na bPáirtithe a mheas, déanfaidh an t-idirghabhálaí, laistigh de 15 lá eile, tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach a sholáthar do na Páirtithe. Ní bheidh aon léirmhíniú ar an gComhaontú seo san áireamh sa tuarascáil fhíorasach.

8. Déanfar an nós imeachta a fhoirceannadh tríd an méid seo a leanas:

(a) glacadh réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach ag na Páirtithe, dáta a ghlactha;

(b) comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe ag aon chéim den nós imeachta, dáta an chomhaontaithe sin;

(c) dearbhú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nach mbeadh maith ar bith in iarrachtaí breise idirghabhála, dáta an dearbhaithe sin; nó

(d) dearbhú i scríbhinn ó Pháirtí tar éis réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú faoin nós imeachta idirghabhála agus tar éis aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas, dáta an dearbhaithe sin.

Airteagal 31.30

Rúndacht

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tá na céimeanna uile den nós imeachta idirghabhála, lena n-áirítear aon chomhairle nó réiteach molta, rúnda. Féadfaidh gach Páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá idirghabháil ar bun.

2. Cuirfear réitigh a chomhaontófar go frithpháirteach ar fáil go poiblí, má chomhaontaíonn na Páirtithe sin. Ní bheidh aon fhaisnéis a d'ainmnigh Páirtí mar fhaisnéis rúnda sna leaganacha a nochtfar don phobal.

Airteagal 31.31

Gaol le Nósanna Imeachta um Réiteach Díospóidí

1. Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoi Ranna B agus C nó faoi nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar nós imeachta idirghabhála a thionscnamh nó féadfaidh ceann leanúint ar aghaidh agus nósanna imeachta an phainéil ar bun.

2. Ní bhraithfidh Páirtí ar an méid seo a leanas, ná ní thabharfaidh sé an méid seo a leanas isteach mar fhianaise, i nósanna imeachta eile um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná in aon chomhaontú eile, ná ní chuirfidh painéal an méid seo a leanas san áireamh:

(a) seasaimh arna nglacadh ag an bPáirtí eile le linn an nós imeachta idirghabhála nó faisnéis arna bailiú go heisiach i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 31.29;

(b) gurb amhlaidh a léirigh an Páirtí eile go bhfuil sé toilteanach glacadh le réiteach ar an mbeart faoi réir idirghabhála; nó

(c) comhairle arna tabhairt nó tograí arna ndéanamh ag an idirghabhálaí.

3. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, ní fheidhmeoidh idirghabhálaí mar phainéalaí i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná faoi aon chomhaontú eile lena mbaineann an t-ábhar céanna ar lena aghaidh a bhí sé nó sí ina idirghabhálaí.

ROINN E

Forálacha Coiteanna

Airteagal 31.32

Iarraidh ar Fhaisnéis

1. Sula ndéanfar iarraidh ar chomhairliúcháin nó idirghabháil de bhun Airteagal 31.5 nó 31.27, faoi seach, féadfaidh Páirtí faisnéis maidir le beart a dhéanann dochar do thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe a iarraidh. Déanfaidh an Páirtí dá ndéantar an iarraidh sin, laistigh de 20 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh, freagra i scríbhinn a sholáthar ina bhfuil a bharúlacha ar an bhfaisnéis a iarrtar.

2. Meastar go n-iarrfaidh Páirtí faisnéis de bhun mhír 1 sula n-iarrfaidh sé comhairliúcháin nó sula dtionscnóidh sé nós imeachta idirghabhála nó aon nós imeachta comhair nó comhairliúcháin ábhartha eile de bhun an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 31.33

Réiteach a Chomhaontú ar bhonn Frithpháirteach

1. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach tráth ar bith maidir le haon díospóid a chumhdaítear le hAirteagal 31.2.

2. Má thagtar ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach le linn an nós imeachta painéil nó idirghabhála, nó le linn aon mhodh eile de réiteach díospóidí arna chomhaontú ag na Páirtithe, lena n-áirítear nósanna imeachta a bhaineann le dea-mhéin nó idir-réiteach, tabharfaidh na Páirtithe fógra go comhpháirteach faoin réiteach sin do chathaoirleach an phainéil nó don idirghabhálaí, de réir mar a bheidh. Ar an bhfógra sin a thabhairt, déanfar nós imeachta an phainéil nó an nós imeachta idirghabhála a fhoirceannadh.

3. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme laistigh de thréimhse a comhaontaíodh.

4. Tráth nach déanaí ná an dáta a rachaidh an tréimhse arna comhaontú in éag, cuirfidh an Páirtí cur chun feidhme an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn faoi aon bheart atá déanta aige chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme.

Airteagal 31.34

Tréimhsí

1. Déantar na tréimhsí uile a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an lá a rinneadh an ghníomhaíocht dá dtagraítear.

2. Aon tréimhse dá dtagraítear sa Chaibidil seo, féadfar í a mhodhnú le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

3. Faoi Roinn C, féadfaidh an painéal, tráth ar bith, a mholadh do na Páirtithe aon tréimhse dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhodhnú, agus na cúiseanna leis an moladh á lua.

Airteagal 31.35

Costais

1. Seasfaidh gach Páirtí a chostais féin a dhíorthaíonn ón rannpháirtíocht i nós imeachta an phainéil nó sa nós imeachta idirghabhála.

2. Beidh na Páirtithe faoi dhliteanas comhpháirteach i ndáil leis na costais a eascróidh as ábhair eagraíochtúla, lena n-áirítear luach saothair agus costais na bpainéalaithe agus an idirghabhálaí, agus comhroinnfidh siad go cothrom iad. Cinnfear luach saothair na bpainéalaithe i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A. Cinnfear luach saothair an idirghabhálaí i gcomhréir leis an luach saothair dá ndéantar foráil le haghaidh cathaoirleach painéil i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A.

Airteagal 31.36

Riarachán an Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) oifig a bheidh freagrach as riarachán na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gCaibidil seo a ainmniú; agus

(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile maidir le suíomh agus faisnéis teagmhála na hoifige laistigh de 3 mhí ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh gach Páirtí freagrach as feidhmiú agus costais a oifige ainmnithe ar leith.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go rachaidh siad ar iontaoibh, ar bhonn comhpháirteach, comhlachta sheachtraigh chun tacaíocht a sholáthar do chúraimí riaracháin áirithe le haghaidh an nós imeachta um réiteach díospóidí faoin gCaibidil seo.

Airteagal 31.37

Cearta Príobháideacha

Ní dhéanfaidh Páirtí foráil maidir le ceart caingne faoina dhlí intíre in aghaidh an Pháirtí eile ar na forais go bhfuil beart de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 31.38

Leasú Iarscríbhinní

Féadfaidh an Chomhairle Trádála Iarscríbhinní 31-A agus 31-B a leasú.

CAIBIDIL 32

EISCEACHTAÍ

Airteagal 32.1

Eisceachtaí Ginearálta

1. Airteagal XX de GATT 1994, lena n-áirítear a Nótaí agus a Fhorálacha Forlíontacha, corpraítear sa Chomhaontú seo é agus déantar cuid den Chomhaontú seo é, agus tá feidhm *mutatis mutandis* aige maidir le Caibidil 2 (Trádáil Earraí), Caibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh), Caibidil 4 (Custaim agus Éascú Trádála), Caibidil 6 (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta), Caibidil 8 (Aitheantas do Cheart na bPáirtithe an Earnáil Fuinnimh a Rialáil), Caibidil 9 (Bacainní Teicniúla ar Thrádáil), Caibidil 22 (Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, Fiontair dar Deonaíodh Cearta nó Pribhléidí Speisialta agus Monaplachtaí Ainmnithe), Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus Caibidil 30 (Amhábhair).

2. Tá na Páirtithe ar aon tuairim:

(a) go n-áirítear ar na bearta dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal XX de GATT 1994 bearta comhshaoil ([145]), a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint; agus

(b) go bhfuil feidhm ag fomhír (g) d'Airteagal XX de GATT 1994 maidir le bearta chun acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite, idir bheo agus neamhbheo, a chaomhnú.

3. Má tá sé beartaithe ag Páirtí aon bheart a dhéanamh i gcomhréir le fomhír (i) nó (j) d'Airteagal XX de GATT 1994, soláthróidh an Páirtí sin an méid seo a leanas don Pháirtí eile:

(a) an fhaisnéis ábhartha uile; agus

([145]) Admhaíonn na Páirtithe an ceart chun Airteagal XX (b) de GATT 1994 a agairt i ndáil le bearta a dhéantar de bhun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ina bhfuil siad ina bpáirtithe.

(b) arna iarraidh sin, deis réasúnta le haghaidh comhairliúcháin i ndáil le haon ábhar a bhaineann leis an mbeart sin, d'fhonn réiteach a bheadh inghlactha ar bhonn frithpháirteach a lorg.

Féadfaidh na Páirtithe comhaontú maidir le haon mhodh is gá chun na hábhair faoi réir an chomhairliúcháin dá dtagraítear i bhfomhír (b) den mhír seo a réiteach.

I gcás ina bhfágann imthosca eisceachtúla géibheannacha a éilíonn gníomh láithreach nach féidir réamhaisnéis a fháil ná comhairliúchán a dhéanamh roimh ré, féadfaidh an Páirtí a bhfuil sé ar intinn aige na bearta lena mbaineann a dhéanamh na bearta is gá a dhéanamh láithreach chun déileáil leis na himthosca sin agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas maidir leis sin láithreach.

4. Fomhíreanna (a), (b) agus (c) d'Airteagal XIV de GATS, ionchorpraítear iad sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo iad, agus tá feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le Caibidlí 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), Caibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), 13 (Rialáil Intíre), 14 (Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla), 16 (Seirbhísí Teileachumarsáide), 17 (Seirbhísí Muiriompair Idirnáisiúnta), 18 (Seirbhísí Airgeadais), 19 (Trádáil Dhigiteach), 22 (Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, Fiontair dar Deonaíodh Cearta nó Pribhléidí Speisialta agus Monaplachtaí Ainmnithe), agus i Roinn B de Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta).

5. Tá na Páirtithe ar aon tuairim go n-áirítear sna bearta dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal XIV de GATS bearta comhshaoil ([146]) is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint.

Airteagal 32.2

Cánachas

1. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'cónaí' cónaí chun críoch cánach; agus

(b) ciallaíonn 'coinbhinsiún cánach' coinbhinsiún chun cánachas dúbailte a sheachaint nó comhaontú nó socrú idirnáisiúnta eile a bhaineann go hiomlán nó den chuid is mó le cánachas, a bhfuil ceachtar Páirtí ina pháirtí ann.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo difear do chearta ná oibleagáidí Páirtí faoi choinbhinsiún cánach. I gcás ina mbeidh aon neamhréir ann idir an Comhaontú seo agus aon choinbhinsiún cánach, beidh forlámhas ag an gcoinbhinsiún cánach sin go méid na neamhréire.

3. Níl feidhm ag Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) ná mír 4 d'Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais) maidir le buntáiste arna thabhairt ag Páirtí de bhun coinbhinsiún cánach.

4. Faoi réir an cheanglais nach gcuirtear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh forlámhas ag coinníollacha comhchosúla, nó srianadh faoi cheilt ar thrádáil agus infheistíocht, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gcoisctear ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh, a choinneáil ar bun nó a fhorfheidhmiú, ar beart é arb é is aidhm dó forchur nó bailiú cothromasach nó éifeachtach cánach díreach a áirithiú:

(a) lena ndéantar idirdhealú idir cáiníocóirí, nach bhfuil sa staid chéanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe nó an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe; nó

([146]) Admhaíonn na Páirtithe a gceart chun fomhír (b) d'Airteagal XIV de GATS a agairt i ndáil le bearta a dhéantar de bhun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ina bhfuil siad ina bpáirtithe.

(b) arb é is aidhm dó sin cosc a chur le seachaint nó imghabháil cánach de bhun forálacha aon choinbhinsiúin cánach nó reachtaíochta cánach intíre.

Airteagal 32.3

Nochtadh Faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí faisnéis rúnda a chur ar fáil, a d'fhágfadh nochtadh na faisnéise sin go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó lena ndéanfaí dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar ar leith, bíodh siad poiblí nó príobháideach.

2. Rialófar le forálacha na gcaibidlí is infheidhme nochtadh faisnéise trí na himeachtaí um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo.

3. Nuair a dhéanann Páirtí faisnéis a chur faoi bhráid an Pháirtí eile faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear trí chomhlachtaí a bhunaítear faoin gComhaontú seo, ar faisnéis í a mheastar a bheith rúnda faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí a chuireann an fhaisnéis isteach, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí cur isteach a mhalairt.

Airteagal 32.4

Tarscaoiltí EDT

Má dhéanann ceart nó oibleagáid a bhunaítear le foráil den Chuid seo den Chomhaontú seo dúbláil ar cheart nó oibleagáid i gComhaontú EDT, aon bheart arna dhéanamh i gcomhréir le cinneadh maidir le tarscaoileadh a ghlactar de bhun mhíreanna 3 agus 4 Airteagal IX de Chomhaontú EDT, meastar go bhfuil sé i gcomhréir leis an bhforáil sa Chomhaontú seo.

Airteagal 32.5

Eisceacht Slándála

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:

(a) chun ceangal a chur ar Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar aon fhaisnéis a cheadú, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála;

(b) mar ní chun Páirtí a chosc ar ghníomh a dhéanamh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:

(i) ar gníomhaíocht í atá bainteach le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó gáinneáil ar airm, armlón agus ábhair chogaidh, agus le gáinneáil den sórt sin ar earraí agus ábhair, nó le hidirbhearta ina leith, a dhéantar go díreach nó go neamhdhíreach chun soláthar a chur ar fáil do bhunaíocht mhíleata;

(ii) ar gníomhaíocht í a bhaineann le soláthar seirbhísí agus teicneolaíochta, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, a dhéantar go díreach nó go neamhdhíreach chun soláthar a chur ar fáil do bhunaíocht mhíleata;

(iii) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair óna bhfaightear iad;

(iv) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

(c) mar ní lena gcoisctear ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun a oibleagáidí idirnáisiúnta a dhéanamh faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

CAIBIDIL 33

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

ROINN A

Forálacha Institiúideacha

Airteagal 33.1

Comhairle Trádála

1. Bunaítear Comhairle Trádála leis seo. Déanfaidh an Chomhairle Trádála an méid seo a leanas:

(a) formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe seo;

(b) maoirseacht a dhéanamh ar oibriú agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo; agus

(c) scrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a thiocfaidh chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo;

Is é a bheidh sa Chomhairle Trádála ionadaithe ón Aontas a bhfuil cúrsaí trádála agus infheistíochta faoina gcúram, de pháirt, agus ionadaithe ó Aireacht Geilleagair Mheicsiceo, den pháirt eile, ar leibhéal aireachta, nó na daoine a ainmneoidh siadsan. Beidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ó Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh uirthi.

2. Féadfaidh an Chomhairle Trádála a mhodhnú, i gcomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontuithe seo:

(a) Iarscríbhinn 2-A (Sceideal um Dhíothú Taraifí) agus Iarscríbhinn 2-E (Bearta Ábhartha maidir le Táirgí Fíona agus Biotáillí);

(b) Caibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh) lena n-áirítear Iarscríbhinní 3-A go 3-D;

(c) na liostaí agus na sceidil ábhartha de Mheicsiceo de bhun mhír 6 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí) agus de bhun mhír 4 d'Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí);

(d) Iarscríbhinn 21-A (Soláthar an Aontais Eorpaigh faoi Chumhdach) agus Iarscríbhinn 21-N (Soláthar Mheicsiceo faoi Chumhdach);

(e) Iarscríbhinn 25-B (Liostaí na dTásc Geografach);

(f) Iarscríbhinn 31-A (Rialacha Nós Imeachta) agus Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

3. Féadfaidh an Chomhairle Trádála, i gcomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontuithe seo, na nithe seo a leanas a dhéanamh freisin:

(a) léirmhínithe ceangailteacha ar fhorálacha sa Chomhaontaithe seo a ghlacadh;

(b) cinntí eile dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo a ghlacadh; agus

(c) aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

4. Bunóidh an Chomhairle Trádála a rialacha nós imeachta féin.

5. Glacfar cinntí agus moltaí na Comhairle Trádála trí thoiliú idir na Páirtithe, tar éis a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche, ar nósanna imeachta iad is gá chun na cinntí agus na moltaí sin a ghlacadh. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme. Cuirfidh gach Páirtí aon mhodhnú dá dtagraítear i bhfomhír 2(a) chun feidhme, i gcomhréir lena nósanna imeachta dlíthiúla is infheidhme, laistigh de cibé tréimhse a chomhaontóidh na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Chomhairle Trádála le chéile mar a comhaontaíodh go frithpháirteach, ar dháta agus le clár oibre arna gcomhaontú roimh ré ag na Páirtithe, sa Bhruiséil agus i gCathair Mheicsiceo gach re seal. Féadfar cruinnithe speisialta a thionól, trí chomhaontú frithpháirteach, arna iarraidh sin do Pháirtí. Féadtar cruinnithe a reáchtáil ar aon mhodh teicneolaíochta a bheidh ar fáil do na Páirtithe freisin.

7. Tiocfaidh an Chomhairle Trádála le chéile 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo chun plé a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(a) leasuithe ar Chaibidil 8;

(b) leasuithe ar na línte taraife seo a leanas in Iarscríbhinn 2-A-2:

(i) TRQ Mairteoil: línte taraife: 0201 20 20, 0201 20 30, 0201 20 50, 0201 20 90, 0201 30 00, 0202 20 10, 0202 20 30, 0202 20 50, 0202 20 90, 0202 30 10, 0202 30 50, 0202 30 90, 0210 20 10 agus 0210 20 90;

(ii) TRQ scairteach bó-ainmhithe: línte taraife: 0206 10 95, 0206 29 91 agus 0210 99 51;

(iii) TRQ éanlaith chlóis: línte taraife: ex 0207 13 10, 0207 13 20, 0207 13 50, 0207 13 60, 0207 13 70, ex 0207 14 10, 0207 14 20, 0207 14 50, 0207 14 60, 0207 14 70, 0207 27 10, 1602 32 11, 1602 32 19, 1602 32 30 agus 1602 32 90;

(iv) TRQanna eatánól: línte taraife: 2207 10 00, 2207 20 00 agus 2208 90 99;

(c) an fhéidearthacht athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha i gCaibidil 28, i gCaibidil 38 (fo-cheannteideal taraife 3824 90), i gCaibidil 85 (ceannteideal taraife 8507) agus i gCaibidil 87 (ceannteidil taraife 8701 go 8707) de Roinn B d'Iarscríbhinn 3-A, d'fhonn na rialacha is infheidhme maidir le Meicsiceo a ailíniú leis na rialacha is infheidhme maidir leis an Aontas, agus measúnú ar an margadh ábhartha d'fheithiclí leictreacha an tráth sin á chur san áireamh, i measc nithe eile.

Airteagal 33.2

Coiste Trádála

1. Bunaítear Coiste Trádála leis seo. Beidh an Coiste Trádála freagrach as cur chun feidhme ginearálta an Chomhaontaithe seo.

2. Is é a bheidh sa Choiste Trádála ionadaithe sinsearacha ón Aontas a bhfuil cúrsaí trádála agus infheistíochta faoina gcúram, de pháirt, agus ionadaithe ó Aireacht Geilleagair Mheicsiceo, den pháirt eile, i gcomhréir le ceanglais gach Páirtí nó na ndaoine a ainmneoidh siadsan. Beidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ó Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh air.

3. Déanfaidh an Coiste Trádála na nithe seo a leanas:

(a) cúnamh a thabhairt don Chomhairle Trádála i bhfeidhmiú a chúraimí;

(b) a bheith freagrach as cur chun feidhme agus as cur i bhfeidhm ceart fhorálacha an Chomhaontaithe seo agus as meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear óna cur i bhfeidhm;

(c) gan dochar do Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí), féachaint le haon difríocht nó díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chosc agus a réiteach, ar difríocht nó díospóid iad maidir leis an gComhaontú seo a léirmhíniú nó a chur i bhfeidhm;

(d) obair na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bunaíodh faoin gComhaontú seo; agus

(e) plé a dhéanamh ar bhealaí chun trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe a fheabhsú a thuilleadh.

4. Le linn dó a dhualgais faoi mhír 3 a fheidhmiú, féadfaidh an Coiste Trádála na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) fochoistí agus comhlachtaí eile a bhunú sa bhreis ar na cinn sin arna mbunú sa Chomhaontú seo, a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe, agus freagrachtaí a shannadh dóibh laistigh dá hinniúlacht agus cinneadh a dhéanamh na feidhmeanna arna sannadh do na Fochoistí agus do na comhlachtaí eile a bhunaíonn sí a mhodhnú, chomh maith lena ndíscaoileadh;

(b) a mholadh don Chomhairle Trádála go nglacfaí cinntí i gcomhréir le cuspóirí sonracha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na modhnuithe dá dtagraítear in Airteagal 33.1.2(a), nó na cinntí sin a ghlacadh, agus feidhmeanna na Comhairle Trádála a fheidhmiú dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, sna tréimhsí idir cruinnithe na Comhairle Trádála, nó nuair nach féidir leis an gComhairle Trádála teacht le chéile; agus

(c) cibé gníomh eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe nó mar a ordóidh an Chomhairle Trádála.

5. Bunóidh an Coiste Trádála a rialacha nós imeachta féin.

6. Glacfar cinntí agus moltaí an Choiste Trádála trí thoiliú idir na Páirtithe i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, tar éis a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche, ar nósanna imeachta iad is gá chun na cinntí agus na moltaí sin a ghlacadh. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme.

7. Tiocfaidh an Coiste Trádála le chéile mar a comhaontaíodh go frithpháirteach, ar dháta agus le clár oibre arna gcomhaontú roimh ré ag na Páirtithe, sa Bhruiséil agus i gCathair Mheicsiceo gach re seal. Féadfar cruinnithe speisialta a thionól, trí chomhaontú frithpháirteach, arna iarraidh sin do Pháirtí. Féadtar cruinnithe a reáchtáil ar aon mhodh teicneolaíochta a bheidh ar fáil do na Páirtithe freisin.

Airteagal 33.3

Comhordaitheoirí

1. Ainmneoidh gach Páirtí comhordaitheoir le haghaidh an Chomhaontaithe seo agus tabharfaidh sé fógra maidir leis an ainmniúchán don Pháirtí eile laistigh de 60 lá i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Féadfaidh na comhordaitheoirí:

(a) cumarsáid idir na Páirtithe a éascú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, chomh maith le pointí teagmhála eile a bhunaítear fúithi;

(b) cláir oibre a ullmhú go comhpháirteach agus na hullmhúcháin uile eile is gá a dhéanamh le haghaidh cruinnithe den Chomhairle Trádála agus den Choiste Trádála i gcomhréir leis an Airteagal seo; agus

(c) bearta leantacha a dhéanamh faoi na cinntí ón gComhairle Trádála agus ón gCoiste Trádála, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 33.4

Fochoistí agus Comhlachtaí Eile

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo na fochoistí agus na comhlachtaí eile seo a leanas, a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas, de pháirt, agus d'ionadaithe ó Mheicsiceo, den pháirt eile:

(a) An Coiste um Thrádáil Earraí;

(b) An Fochoiste um Thalmhaíocht;

(c) An Fochoiste um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí;

(d) An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh;

(e) An Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta;

(f) An Mheitheal Chomhpháirteach maidir le Leas Ainmhithe agus Frithsheasmhacht in Aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha;

(g) An Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil;

(h) An Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht;

(i) An Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais;

(j) An Fochoiste um Sholáthar Poiblí;

(k) An Fochoiste um Maoin Intleachtúil;

(l) An Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

2. Glacfaidh an Coiste Trádála rialacha nós imeachta lena gcinnfear comhdhéanamh, dualgais agus feidhmiú na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile.

3. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo nó mura gcomhaontófar a leithéid idir na Páirtithe, tiocfaidh na fochoistí agus na comhlachtaí eile le chéile de réir mar is gá nó arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí nó don Choiste Trádála. Reáchtálfar na cruinnithe ar an láthair, nó ar aon mhodh teicneolaíochta atá ar fáil do na Páirtithe. I gcás ina mbeidh lucht freastail na gcruinnithe ar an láthair, reáchtálfar na cruinnithe sa Bhruiséil agus i gCathair Mheicsiceo gach re seal.

4. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Mheicsiceo ina gcomhchathaoirligh ar na fochoistí agus ar na comhlachtaí eile.

5. Cuirfidh na fochoistí agus na comhlachtaí eile tuairisc ar a ngníomhaíochtaí faoi bhráid an Choiste Trádála agus féadfaidh siad moltaí ábhartha a dhéanamh sna cásanna dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo. Is de chomhthoil a dhéanfar moltaí.

6. Le bunú aon cheann de na fochoistí nó de na comhlachtaí eile, ní chuirfear cosc ar cheachtar Páirtí aon ábhar a thabhairt go díreach os comhair an Choiste Trádála.

Airteagal 33.5

Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Ainmneoidh gach Páirtí grúpa comhairleach baile amháin nó níos mó laistigh de 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Tabharfaidh an grúpa comhairleach baile nó na Grúpaí Comhairleacha Baile comhairle don Pháirtí lena mbaineann maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

3. Má ainmnítear níos mó ná grúpa comhairleach baile amháin, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhaltaí difriúla i ngach grúpa comhairleach baile ach beidh ionadaíocht chothrom iontu ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus ceardchumainn atá gníomhach a mhéid a bhaineann le cúrsaí eacnamaíocha, forbairt inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus maidir le hábhair eile.

4. Tiocfaidh gach Páirtí agus a ghrúpa nó ghrúpaí comhairleacha baile le chéile 1 uair amháin sa bhliain ar a laghad. Breithneoidh gach Páirtí tuairimí nó moltaí a chuirfidh aon cheann dá ghrúpaí comhairleacha baile faoina bhráid i ndáil le hábhair atá ábhartha maidir leis an gComhaontú seo.

5. Chun feasacht an phobail ar na grúpaí comhairleacha baile a chur chun cinn, foilseoidh gach Páirtí liosta na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach sna Ghrúpa sin, chomh maith le pointe teagmhála le haghaidh gach grúpa chomhairligh baile.

6. Spreagfaidh na Páirtithe a ngrúpaí comhairleacha baile faoi seach chun idirghníomhaíocht a dhéanamh lena chéile.

Airteagal 33.6

Fóram na Sochaí Sibhialta

1. Éascóidh na Páirtithe eagrú Fhóram Sochaí Sibhialta le rannpháirtithe ó na Páirtithe chun idirphlé poiblí a dhéanamh i ndáil le hábhair atá ábhartha maidir leis an gComhaontú seo.

2. Tiocfaidh an Fóram Sochaí Sibhialta le chéile i gcomhar le cruinniú an Choiste Trádála. Féadfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht i bhFóram na Sochaí Sibhialta a éascú trí mhodhanna teicneolaíocha freisin.

3. Beidh Fóram na Sochaí Sibhialta oscailte do rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta atá bunaithe i gcríocha na bPáirtithe, lena n-áirítear comhaltaí de gach grúpa comhairleach baile dá dtagraítear in Airteagal 33.5. Déanfaidh na Páirtithe ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta a chur chun cinn, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus ceardchumainn atá gníomhach maidir le cúrsaí eacnamaíocha, forbairt inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus maidir le hábhair eile.

4. Ionadaithe na bPáirtithe a bheidh rannpháirteach sa Choiste Trádála, féadfaidh siad páirt a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, i seisiún de chruinniú Fhóram na Sochaí Sibhialta chun faisnéis maidir le hábhair a bhaineann le feidhmiú an Chomhaontaithe seo a chur i láthair agus chun idirphlé a dhéanamh le Fóram na Sochaí Sibhialta.

Is iad comhchathaoirligh an Coiste Trádála nó a n-ionadaithe a bheidh ina gcathaoirligh ar an seisiún sin, de réir mar is iomchuí. Foilseoidh gach Páirtí na ráitis fhoirmiúla a sholáthair sé ag Fóram na Sochaí Sibhialta.

ROINN B

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 33.7

Cur i bhfeidhm críochach

1. Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm ag an gComhaontú seo, i ndáil leis an Aontas Eorpach, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus CFAE agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin. Na forálacha maidir le cóir taraife earraí, rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta tionscnaimh, tá feidhm acu freisin maidir le críoch chustaim an Aontais Eorpaigh nach gcumhdaítear leis an gcéad abairt den mhír seo. An téarma 'críoch' i gCaibidil 4 (Custam agus Éascú Trádála) agus in Airteagail 2.7 (Earraí arna dTabhairt Isteach an Athuair tar éis iad a Dheisiú nó a Athrú), 2.13 (Cead isteach Sealadach d'Earraí) agus 25.66 (Bearta Forfheidhmiúcháin Teorann a Bhaineann le Cearta Maoine Intleachtúla) den Chomhaontú seo, tuigfear gur tagairt do chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh í, i ndáil leis an Aontas Eorpach. Is í críoch chustaim an Aontais Eorpaigh an chríoch dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([147]).

2. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an gComhaontú seo, i ndáil le Meicsiceo, maidir leis an gcríoch talún, leis an aerspás, leis na huiscí inmheánacha, leis an bhfarraige theorann agus le haon limistéar lasmuigh d'fharraigí teorann Mheicsiceo ina bhféadfaidh Meicsiceo cearta ceannasacha agus dlínse a fheidhmiú, de réir mar a chinntear lena dhlí baile, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

Airteagal 33.8

Leasuithe

1. Féadfar an Comhaontú seo a leasú trí chomhaontú i scríbhinn idir na Páirtithe. Tiocfaidh aon leasú i bhfeidhm ar an dáta arna chomhaontú ag na Páirtithe agus tar éis a gceanglais dhlíthiúla agus a nósanna imeachta dlíthiúla faoi seach a bheith críochnaithe.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfar an Comhaontú seo a leasú sna cásanna a shonraítear sa Chomhaontú seo trí chinneadh ón gComhairle Trádála nó ón gCoiste Trádála, maidir le forálacha an Chomhaontaithe seo nó na hiarscríbhinní a ghabhann leis a mhodhnú.

Airteagal 33.9

Teacht i bhFeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe faoi seach.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe araon dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach dá dtagraítear i mír 1.

3. Fógraí a thugtar i gcomhréir leis an Airteagal seo, seolfar iad, i gcás an Pháirtí AE, chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, i gcás Mheicsiceo, chuig Aireacht Gnóthaí Eachtracha Mheicsiceo.

Airteagal 33.10

Gaol le Comhaontuithe Eile

1. Teidil III go V den Comhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, arna shíniú sa Bhruiséil an 8 Nollaig 1997, déanfar iad a aisghairm agus a ionadú leis an gComhaontú seo. Scoirfidh Cinntí ón gComhairle Chomhpháirteach agus ón gComhchoiste a liostaítear in Iarscríbhinn 33 d'éifeacht a bheith acu agus tiocfaidh an Comhaontú seo ina n-ionad ar theacht i bhfeidhm dó.

([147]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1).

2. Tagairtí do na Cinntí dá dtagraítear i mír 1 in aon chomhaontú eile idir na Páirtithe, forléireofar go dtagraítear don Chomhaontú seo leo.

3. De mhaolú ar Airteagal 33.16 (Fad agus Foirceannadh) den Chomhaontú seo agus mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, beidh feidhm fós ag cinntí agus moltaí arna nglacadh ag na comhlachtaí arna mbunú ag Airteagail 33.1 (Comhairle Trádála), 33.2 (Coiste Trádála) agus 33.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) den Chomhaontú seo agus leanfar d'fheidhm agus d'éifeachtaí a bheith acu faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe, cinntí agus moltaí ón gComhairle Trádála, measfar gur cinntí agus moltaí iad ón gComhairle Chomhpháirteach arna bunú ag Airteagal 1.2 de Chuid IV den Chomhaontú Iltíreach Nuachóirithe, agus cinntí agus moltaí ón gCoiste Trádála, measfar gur cinntí agus moltaí iad ón gComhchoiste arna bhunú ag Airteagal 1.3 de Chuid IV den Chomhaontú Iltíreach Nuachóirithe.

4. D'ainneoin mhír 1 d'Airteagal 33.16 (Fad agus Foirceannadh):

(a) bearta sealadacha arna nglacadh de bhun mhír 7 d'Airteagail 2.24 (Deimhniúchán Táirgí Fíona agus Biotáillí) agus 20.4 (Bearta Coimirce Sealadacha) den Chomhaontú seo atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(b) bearta coimirce déthaobhacha arna nglacadh de bhun Roinn C (Bearta Coimirce Déthaobhacha) de Chaibidil 5 (Leigheasanna Trádála) den Chomhaontú seo, atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(c) nós imeachta um réiteach díospóidí arna thionscnamh cheana féin de bhun Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú) den Chomhaontú seo, measfar, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe ar aghaidh, gur nós imeachta um réiteach díospóidí atá i gceist leis faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe agus leanfar leis go dtí go dtabharfar i gcrích é; agus

(d) toradh ceangailteach aon nós imeachta um réiteach díospóidí arna thionscnamh de bhun Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú) den Chomhaontú seo, beidh sé fós ina cheangal ar na Páirtithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe.

5. D'ainneoin mhír 1 d'Airteagal 33.16 (Fad agus Foirceannadh) den Chomhaontú seo, ní bheidh na Páirtithe sa Chomhaontú seo in ann imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe maidir le hábhair ar ar tugadh tuairisc i dtuarascáil chríochnaitheach phainéil faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) den Chomhaontú seo.

6. D'ainneoin mhír 1 d'Airteagal 33.16 (Fad agus Foirceannadh) den Chomhaontú seo, déanfar idirthréimhsí atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach faoin gComhaontú seo a chur san áireamh agus idirthréimhsí dá ndéantar foráil i bhforálacha coibhéiseacha faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe á ríomh. Déanfar na hidirthréimhsí sin faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe seo a ríomh ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

7. D'ainneoin mhír 1 d'Airteagal 33.16 (Fad agus Foirceannadh) den Chomhaontú seo, déanfar tréimhsí nós imeachta atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach faoin gComhaontú seo a chur san áireamh agus tréimhsí nós imeachta dá ndéantar foráil i bhforálacha coibhéiseacha faoin gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe á ríomh.

Airteagal 33.11

Iarscríbhinní agus Dearbhuithe Comhpháirteacha

1. Beidh na hiarscríbhinní, lena n-áirítear na haguisíní, na fonótaí agus na dearbhuithe comhpháirteacha a ghabhann leis an gComhaontú seo, ina gcuid dhílis de.

2. Beidh gach iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear na haguisíní a ghabhann léi, arna sainaithint le cód a thosaíonn le huimhir Arabach, ina cuid dhílis de chaibidil an Chomhaontaithe seo a shainaithnítear leis an uimhir Arabach chéanna agus ina ndéantar tagairt don iarscríbhinn áirithe sin.

3. Beidh Iarscríbhinní I go VII a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear na haguisíní a ghabhann leo, arna sainaithint le huimhir Rómhánach, ina gcuid dhílis de Chaibidlí 10 go 19 den Chomhaontú seo. Mura bhforáiltear a mhalairt, tá an fheidhm choibhéiseach chéanna ag na sainmhínithe a leagtar amach i gCaibidlí 10 go 19 maidir leis na hIarscríbhinní sin.

Airteagal 33.12

Aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach

1. Cuirfidh an tAontas Eorpach Meicsiceo ar an eolas go pras faoi aon iarraidh ó thríú tír ar aontachas leis an Aontas Eorpach.

2. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra do Mheicsiceo faoi theacht i bhfeidhm aon chonartha maidir le haontachas tríú tír leis an Aontas (dá ngairtear an 'Conradh Aontachais' anseo feasta).

3. Le linn na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír atá ag lorg aontachais, déanfaidh an tAontas Eorpach an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a sholáthar, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin do Mheicsiceo; agus

(b) aon imní a chuirfidh Meicsiceo in iúl i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chur san áireamh.

4. Déanfaidh an Coiste Trádála na nithe seo a leanas:

(a) scrúdú a dhéanamh, luath go leor roimh dháta aontachas an tríú tír don Aontas Eorpach, ar aon éifeacht a bheadh ag an aontachas sin ar an gComhaontú seo; agus

(b) sula dtiocfaidh aontachas an tríú tír leis an Aontas Eorpach i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an aontachais sin ar an gComhaontú seo agus comhaontú a dhéanamh ar aon leasú, coigeartú nó beart idirthréimhseach is gá a bhaineann leis an gComhaontú seo, chun a chur i bhfeidhm ag na Páirtithe a cheadú a mhéid is féidir ó dháta aontachais an Bhallstáit nua leis an Aontas Eorpach.

5. Glacfar cinntí ón gCoiste Trádála de bhun an Airteagail seo i gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 33.2 (Coiste Trádála).

Airteagal 33.13

Aontachas leis an gComhaontú seo Amach Anseo

Tá an Comhaontú seo oscailte d'aontachas ag aon Stát atá sásta na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chomhaontú seo a chomhlíonadh, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a d'fhéadfadh an Stát agus na Páirtithe teacht ar chomhaontú orthu, agus tar éis formheasa i gcomhréir leis na nósanna imeachta dlíthiúil is infheidhme maidir le gach Páirtí agus leis an Stát aontach.

Airteagal 33.14

Cearta Príobháideacha

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a thugann cearta do dhaoine nó a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine seachas iad siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoi dhlí idirnáisiúnta poiblí nó, gan dochar do reachtaíocht intíre Mheicsiceo, mar ní a cheadaíonn an Comhaontú seo a agairt go díreach i gcórais dlí intíre na bPáirtithe.

Airteagal 33.15

Téacsanna Barántúla

Dréachtaíodh an Comhaontú seo i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs acu sin.

Airteagal 33.16

Fad agus Foirceannadh

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe i bhfeidhm.

2. Féadfaidh an Páirtí AE nó Meicsiceo fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile á rá go bhfuil sé beartaithe aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 6 mhí tar éis an dáta a fhaightear an fógra sin.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an gComhaontú seo a shíniú.

Съставено в Мексико на двадесет и втори май две хиляди двадесет и шеста година.

Hecho en Ciudad de México, el veintidós de mayo de dos mil veintiséis.

V Mexico City dne dvacátého druhého května roku dva tisíce dvacet šest.

Udfærdiget i Mexico City den toogtyvende maj to tusind og seksogtyve.

Geschehen zu Mexiko-Stadt am zweiundzwanzigsten Mai zweitausendsechsundzwanzig.

Maikuu kahekümne teisel päeval kahe tuhande kahekümne kuuendal aastal Mexico Citys.

Έγινε στην Πόλη του Μεξικού, στις είκοσι δύο Μαΐου δύο χιλιάδες είκοσι έξι.

Done at Mexico City on the twenty-second day of May in the year two thousand and twenty six.

Fait à Mexico, le vingt-deux mai deux mille vingt-six.

Arna dhéanamh i gCathair Mheicsiceo, an dóú lá is fiche de Bhealtaine sa bhliain dhá mhíle fiche a sé.

Sastavljeno u Méxicu dvadeset drugog svibnja godine dvije tisuće dvadeset šeste.

Fatto a Città del Messico, addì ventidue maggio duemilaventisei.

Mehiko, divi tūkstoši divdesmit sestā gada divdesmit otrajā maijā.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt šeštų metų gegužės dvidešimt antrą dieną Meksike.

Kelt Mexikóvárosban, a kétezerhuszonhatodik év május havának huszonkettedik napján.

Magħmul fil-Belt tal-Messiku fit-tnejn u għoxrin jum ta' Mejju fis-sena elfejn u sitta u għoxrin.

Gedaan te Mexico City, tweeëntwintig mei tweeduizend zesentwintig.

Sporządzono w Meksyku dnia dwudziestego drugiego maja roku dwa tysiące dwudziestego szóstego.

Feito na Cidade do México, em vinte e dois de maio de dois mil e vinte e seis.

Întocmit la Ciudad de Mexico la douăzeci și doi mai două mii douăzeci și șase.

V Mexiku dvadsiateho druhého mája dvetisíc dvadsaťšesť.

V Ciudadu de Méxicu, dvaindvajsetega maja dva tisoč šestindvajset.

Tehty Mexicossa kahdentenakymmenentenätoisena päivänä toukokuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkuusi.

Som skedde i Mexico City den tjugoandra maj år tjugohundratjugosex.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen

За Мексиканските съединени щати
Por los Estados Unidos Mexicanos
Za Spojené státy mexické
For De Forenede Mexicanske Stater
Für die Vereinigten Mexikanischen Staaten
Mehhiko Ühendriikide nimel
Για τις Ηνωμένες Πολιτείες του Μεξικού
For the United Mexican States
Pour les États-Unis mexicains
Thar ceann Stáit Aontaithe Mheicsiceo
Za Sjedinjene Meksičke Države
Per gli Stati Uniti messicani
Meksikas Savienoto Valstu vārdā –
1. Maidir leis na TRQanna a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i Roinn B (Taraif-Chuótaí), úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain chonablaigh:

(a) le haghaidh na TRQanna a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 i Roinn B (Taraif-Chuótaí):

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
0201 20 20	Ceathrúna ó bhó-ainmhithe 'cúititheʼ ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 20 30	Ceathrúna tosaigh ó bhó-ainmhithe neamhdheighilte nó deighilte, ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 20 50	Ceathrúna deiridh ó bhó-ainmhithe neamhdheighilte nó deighilte, ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 20 90	Gearrthacha bó-ainmhithe ar an gcnámh (seachas conablaigh agus cliatháin, 'ceathrúna cúititheʼ, ceathrúna tosaigh agus ceathrúna deiridh), iad úr nó fuaraithe	100 %
0201 30 00	Feoil bó-ainmhithe, í úr nó fuaraithe, gan chnámh	130 %
0202 20 10	Ceathrúna bó-ainmhithe 'cúititheʼ ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0202 20 30	Ceathrúna tosaigh reoite bó-ainmhithe neamhdheighilte nó deighilte, ar an gcnámh	100 %
0202 20 50	Ceathrúna deiridh bó-ainmhithe neamhdheighilte nó deighilte, ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0202 20 90	Gearrthacha bó-ainmhithe ar an gcnámh (seachas conablaigh agus cliatháin, 'ceathrúna cúititheʼ, ceathrúna tosaigh agus ceathrúna deiridh), iad reoite	100 %
0202 30 10	Ceathrúna tosaigh bó-ainmhithe gan chnámh, iad reoite, bídís iomlán nó gearrtha in 5 phíosa ar a mhéid, agus gach ceathrú in 1 bhloc amháin, ceathrúna 'cúititheʼ in 2 bhloc, an cheathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, é iomlán nó gearrtha in 5 phíosa ar a mhéid, agus an cheathrú dheiridh iomlán, seachas an luan bog, in aon phíosa amháin	130 %
0202 30 50	Gearrthacha bó-ainmhithe gan chnámh, iad reoite, gearrthacha stéige easna, stéille slinneáin, agus briscéid	130 %
0202 30 90	Feoil bó-ainmhithe gan chnámh, í reoite, (seachas ceathrúna tosaigh, iomlán nó gearrtha i gcúig phíosa ar a mhéid, agus gach ceathrú mar bhloc amháin, ceathrúna 'cúititheʼ in dhá bhloc, an cheathrú tosaigh i mbloc amháin díobh, é iomlán nó gearrtha i gcúig phíosa ar a mhéid, agus an cheathrú dheiridh iomlán, seachas an luan bog, in aon phíosa amháin sa bhloc eile)	130 %

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
0206 10 95	Scairt thiubh agus thanaí bó-ainmhithe, í úr nó fuaraithe (seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú)	100 %
0206 29 91	Scairt thiubh agus thanaí bó-ainmhithe, í reoite (seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú)	100 %
0210 20 10	Feoil ó bhó-ainmhithe, í saillte, faoi sáile, triomaithe nó deataithe, ar an gcnámh	100 %
0210 20 90	Feoil ó bhó-ainmhithe gan chnámh, í saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe	135 %
0210 99 51	Scairt thiubh inite agus scairt thanaí ó bhó-ainmhithe, í saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe	100 %

(b) le haghaidh an TRQ a leagtar amach i mír 3 i Roinn B (Taraif-Chuótaí):

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
0203 12 11	Iad úr nó fuaraithe, ar an gcnámh, liamhása mucra clóis agus gearrthacha díobh	100 %
ex 0203 19 55	Liamhása mucra clóis, iad úr nó fuaraithe, gan chnámh agus gearrthacha díobh	120 %
0203 22 11	Liamhása reoite mucra clóis, ar an gcnámh, agus gearrthacha díobh	100 %
ex 0203 29 55	Liamhása reoite mucra clóis, gan chnámh, agus gearrthacha díobh	120 %

(c) le haghaidh an TRQ a leagtar amach i mír 4 i Roinn B (Taraif-Chuótaí):

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
ex 0207 13 10	Gearrthacha d'éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe, gan chnámh, seachas feoil úr nó fuaraithe díchnámhaithe go meicniúil ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus* a fhaightear trí fheoil a bhaint as de chnámha a bhfuil feoil orthu tar éis díchnámhú, nó de chonablaigh éanlaithe clóis, trí úsáid a bhaint as modhanna meicniúla a gcailltear nó a modhnaítear an struchtúr snáithíní matáin dá mbarr	140 %
0207 13 20	Leatha nó ceathrúna éanlaithe, iad úr nó fuaraithe, den speiceas *Gallus domesticus*	100 %

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
0207 13 50	Brollaigh éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe, agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh	110 %
0207 13 60	Cosa éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe, agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh	100 %
0207 13 70	Gearrthacha éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe, ar an gcnámh (seachas leatha agus ceathrúna, sciatháin iomlána, bíodh cinn, dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, brollaigh, cosa agus codanna díobh)	100 %
ex 0207 14 10	Gearrthacha d'éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite, gan chnámh, seachas feoil reoite ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus* a fhaightear trí fheoil a bhaint de chnámha a bhfuil feoil orthu tar éis díchnámhú, nó de chonablaigh éanlaithe clóis, trí úsáid a bhaint as modhanna meicniúla a gcailltear nó a modhnaítear an struchtúr snáithíní matáin dá mbarr	140 %
0207 14 20	Leatha nó ceathrúna éanlaithe, iad reoite, den speiceas *Gallus domesticus*	100 %
0207 14 50	Brollaigh éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite, agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh	110 %
0207 14 60	Cosa éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite, agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh	100 %
0207 14 70	Gearrthacha éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite, ar an gcnámh (seachas leatha agus ceathrúna, sciatháin iomlána, bíodh cinn, dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, brollaigh, cosa agus gearrthacha díobh)	100 %
0207 27 10	Gearrthacha turcaithe, iad reoite, gan chnámh, den speiceas *domesticus*	140 %
1602 32 11	Feoil nó scairteach feola neamhchócaráilte, ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus* ina bhfuil >= 57 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis (seachas ispíní agus táirgí comhchosúla, agus ullmhóidí ae)	80 %

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
1602 32 19	Feoil nó scairteach feola cócaráilte, ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus* ina bhfuil >= 57 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis (seachas ispíní agus táirgí comhchosúla, ullmhóidí mínhomaiginithe atá cóirithe lena miondíol mar bhia do naíonáin nó chun críocha cothaithe, i gcoimeádáin de ghlanmheáchan <= 250 g, ullmhóidí ó eastóscáin ae agus feola)	80 %
1602 32 30	Feoil nó scairteach feola ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus* ina bhfuil >= 25 % ach < 57 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis (seachas ispíní agus táirgí comhchosúla, ullmhóidí mínhomaiginithe atá cóirithe lena miondíol mar bhia do naíonáin nó chun críocha cothaithe, i gcoimeádáin de ghlanmheáchan <= 250 g, ullmhóidí ó eastóscáin ae agus feola)	45 %
1602 32 90	Feoil nó scairteach feola ullmhaithe nó leasaithe ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus* (seachas sin ina bhfuil >= 25 % feoil nó scairteach éanlaithe clóis ó thurcaithe nó ó éanlaith ghuine, ispíní agus táirgí comhchosúla, ullmhóidí mínhomaiginithe atá cóirithe lena miondíol mar bhia do naíonáin nó chun críocha cothaithe, i gcoimeádáin de ghlanmheáchan <= 250 g, ullmhóidí ó eastóscáin ae agus feola agus súnna)	35 %

2. Maidir leis na TRQanna a leagtar amach i míreanna 5, 6, agus 20 , úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis na huibhe sa bhlaosc:

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
0407 11 00	Uibheacha toirchithe le haghaidh gortha, ó éanlaithe clóis	100 %
0407 19 19	Uibheacha éanlaithe clóis toirchithe le haghaidh gortha (seachas turcaithe, géanna agus éanlaithe)	100 %
0408 11 80	Buíocáin, iad triomaithe, atá lena gcaitheamh ag an duine, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh	246 %
0408 19 81	Buíocáin, iad leachtach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh	116 %
0408 19 89	Buíocáin (seachas buíocháin leachtacha), iad reoite nó leasaithe ar bhealach eile, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh (seachas buíocháin thriomaithe)	116 %

Líne Taraife	Tuairisc ar an Líne Taraife (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir Coinbhéartachta
0408 91 80	Uibheacha éan, iad triomaithe, nach bhfuil sna blaoscanna, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine (seachas buíocáin)	452 %
0408 99 80	Uibheacha éan, nach bhfuil sna blaoscanna, iad úr, cócaráilte le gal nó beirithe in uisce, múnlaithe, reoite nó leasaithe ar bhealach eile, bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo nó ná bíodh, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine (seachas uibheacha triomaithe agus buíocháin)	116 %
3502 11 90	Ubh-albaimin, í triomaithe e.g. i leatháin, scálaí, calóga, púdar, atá oiriúnach lena caitheamh ag an duine	856 %
3502 19 90	Ubh-albaimin, atá oiriúnach lena caitheamh ag an duine (seachas ubh-albaimin thriomaithe, e.g. i leatháin, scálaí, calóga, púdar)	116 %

Foscríbhinn 2-A-4

TARAIF-CHUÓTAÍ MHEICSICEO

ROINN A

Forálacha Ginearálta

1. Leagtar amach san Fhoscríbhinn seo na taraif-chuótaí (TRQanna) a chuirfidh Meicsiceo i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo maidir le hearraí tionscnaimh áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh.

2. Riarfaidh Meicsiceo na TRQanna seo a leanas a leagtar amach i Roinn B (Taraif-Chuótaí) i gcomhréir lena dlí: TRQ-BF1, TRQ-PK, TRQ-BF2, TRQ-PY, TRQ-FP, TRQ-CFB agus TRQ-CFS.

3. Riarfaidh Meicsiceo na TRQanna seo a leanas a leagtar amach i Roinn B (Taraif-Chuótaí) i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo agus lena dlí: TRQ-FM, TRQ-MP, TRQ-ECM, TRQ-WY, TRQ-BT, TRQ-FC, TRQ-OC, TRQ-DP1, TRQ-DP2 agus TRQ-IC.

4. Déantar na hearraí a chumhdaítear le gach TRQ de Roinn B (Taraif-Chuótaí) a shainaithint go neamhfhoirmiúil i dteideal na forála lena leagtar amach an TRQ. Ní áirítear na teidil sin ach amháin chun cuidiú le léitheoirí an Fhoscríbhinn seo a thuiscint agus ní athróidh siad an cumhdach a bhunaítear trí shainaithint na línte taraife cumhdaithe i nDlí Ginearálta Mheicsiceo um Dhleachtanna ar Allmhairí agus ar Onnmhairí ná ní ghlacfaidh siad ionad an chumhdaigh sin (Tarifa de la Ley de los Impuestos Generales de Importación y de Exportación – (LIGIE)).

5. Chun críocha na Foscríbhinne seo, déanfar an téarma 'tonaí méadracha' a ghiorrú mar 'MT'.

ROINN B

Taraif-Chuótaí

1. Mairteoil

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-BF1'.

(b) Is iad seo a leanas an dleacht laistigh den chuóta agus cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo le ráta taraife fhabhraigh laistigh den chuóta gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT – Coibhéis an Mheáchain Chonablaigh)	An dleacht laistigh den chuóta (%)
1	6 000	7,50
2	12 000	6,25
3	18 000	5,00

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT – Coibhéis an Mheáchain Chonablaigh)	An dleacht laistigh den chuóta (%)
4	24 000	3,75
5	30 000	2,50
6	30 000	1,25
7 agus gach bliain ina dhiaidh sin	30 000	0

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i bhfomhír 1(a) de Roinn C chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain chonablaigh.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0201.20.99, 0201.30.01, 0202.20.99, 0202.30.01 agus 0210.20.01.

2. Luanta agus Gearrthacha díobh de Mhucra, Bídís ar an gCnámh nó ná Bídís

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-PK'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT – Coibhéis an Mheáchain Chonablaigh)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	10 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i bhfomhír 1(b) de Roinn C chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain chonablaigh.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife ex 0203.29.99 seo a leanas.

3. Scairteach ó Bhó-Ainmhithe

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-BF2'.

(b) Is iad seo a leanas an dleacht laistigh den chuóta agus cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo le ráta taraife fhabhraigh laistigh den chuóta gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT – Coibhéis an Mheáchain Chonablaigh)	An dleacht laistigh den chuóta (%)
1	2 000	7,50
2	4 000	6,25
3	6 000	5,00
4	8 000	3,75
5	10 000	2,50
6	10 000	1,25
7 agus gach bliain ina dhiaidh sin	10 000	0

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i bhfomhír 1(a) de Roinn C chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain chonablaigh.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0206.10.01, 0206.29.99 agus 0210.99.01.

4. Cosa Sicín, Leasracha nó Cosa agus Leasracha in Aon Phíosa Amháin

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo leis an nodaireacht 'TRQ-PY'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT – Coibhéis an Mheáchain Chonablaigh)
1	10 000
2	12 500
3	15 000
4	17 500
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	20 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Agus cainníochtaí arna n-allmhairiú faoin TRQ seo á ríomh, úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach i bhfomhír 1(c) de Roinn C chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain chonablaigh.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0207.13.03 agus 0207.14.04.

5. Bainne agus Uachtar nach bhfuil Comhdhlúite agus nach bhfuil Siúcra Breise ná Ábhar Milsithe eile Curtha Leo

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo leis an nodaireacht 'TRQ-FM'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (Lítir)
1	100 000
2	125 000
3	150 000
4	175 000
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	200 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a sé ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0401.10.01, 0401.20.01, 0401.40.01 agus 0401.50.01.

6. Púdar Bainne

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-MP'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1	30 000
2	35 000
3	40 000

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
4	45 000
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	50 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a ceathair ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0402.10.01, 0402.10.99, 0402.21.01, 0402.21.99 agus 0402.29.99.

7. Bainne Galaithe agus Comhdhlúite

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-ECM'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	200

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheantáil.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0402.91.01, 0402.91.99, 0402.99.01 agus 0402.99.99.

8. Meadhg agus Meadhg Modhnaithe, Bídís Comhdhlúite nó Ná Bídís nó Bíodh Siúcra Breise nó Ábhar Milsithe Eile Curtha Leo nó Ná Bíodh, Táirgí a bhfuil Comhábhair Nádúrtha Bainne Iontu, Bíodh Siúcra Breise nó Ábhar Milsithe eile Curtha leo nó Ná Bíodh, Nach Bhfuil Sonraithe ná Áirithe in Áit Eile

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear faoin gceannteideal taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-WY'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	5 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a sé ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear faoin gceannteideal taraife 04.04.

9. Im, Saillte agus Olaí eile a Fhaightear ó Bhainne; agus Leatháin Déiríochta

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-BT'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1	1 500
2	1 667
3	1 833
4	2 000
5	2 167
6	2 333
7 agus gach bliain ina dhiaidh sin	2 500

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí do Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a ceathair ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0405.10.01, 0405.10.99, 0405.20.01 agus 0405.90.99.

10. Cáis Úr, Rátáilte nó Púdaraithe agus Próiseáilte

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-FC'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1	2 500
2	3 125
3	3 750
4	4 375
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	5 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a ceathair ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0406.10.01, 0406.20.01, 0406.30.01 agus 0406.30.99.

11. Cáis Eile

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-OC'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1	6 000
2	9 500
3	13 000
4	16 500
5 agus gach bliain ina dhiaidh sin	20 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a ceathair ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0406.90.04, 0406.90.05, 0406.90.06 agus 0406.90.99.

12. Péitseoga Úra

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (d) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-FP'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (d) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1	1 500
2	1 611
3	1 722
4	1 833
5	1 944
6	2 056
7	2 167
8	2 278
9	2 389
10 agus gach bliain ina dhiaidh sin	2 500

(c) Earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b), beidh siad faoi réir an ráta taraife fhabhraigh arna chinneadh i gcomhréir le fomhír 3(j) de Roinn B (Bonnráta agus Catagóirí Céimnithe) d'Iarscríbhinn 2-A le haghaidh na línte taraife a mharcáiltear leis an nodaireacht 'MX-R2'.

(d) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i líne taraife 0809.30.02.

13. Caife

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (d) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b) ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacha sonracha tionscnaimh a bhunaítear i Roinn C (Socruithe Speisialta maidir le Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha) d'Iarscríbhinn 3-A (Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-CFB'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (d) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	1 600

(c) Earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí a leagtar amach i bhfomhír (b), beidh siad i gcomhréir leis an riail shonrach tionscnaimh a bhunaítear in Iarscríbhinn 3-A (Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha) chun go mbeidh siad faoi réir an ráta taraife fhabhraigh arna chinneadh i gcomhréir le fomhír 3(k) de Roinn B (Bonnráta agus Catagóirí Céimnithe) d'Iarscríbhinn 2-A le haghaidh línte taraife 0901 0901.21 01 agus 0901 0901.22 01 marcáilte leis an nodaireacht 'MX-R3', agus i gcomhréir le fomhír 3(d) de Roinn B (Bonnráta agus Catagóirí Céimnithe) d'Iarscríbhinn 2-A le haghaidh línte taraife 0901.12.01, 0901.90.01 agus 0901.90.99 marcáilte leis an nodaireacht '7'.

(d) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 0901.12.01, 0901.21.01, 0901.22.01, 0901.90.01 agus 0901.90.99.

14. Ullmhóidí Déiríbhunaithe ina bhfuil níos mó ná 10 % de Sholaid Déiríochta de réir Meáchain ach Nach Mó ná 50 %

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-DP1'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	3 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a sé ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i líne taraife 1901.90.03.

15. Ullmhóidí Déiríbhunaithe ina bhfuil níos mó ná 50 % de Sholaid Déiríochta de réir Meáchain

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a ainmnítear sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-DP2'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	10 000

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheant ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ó bhliain a sé ar aghaidh, riarfar an TRQ sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i líne taraife 1901.90.05.

16. Úisc, Úscraí agus Tiúcháin de Chaife agus a Ullmhóidí

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (d) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b) ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacha sonracha tionscnaimh a bhunaítear i Roinn C (Socruithe Speisialta maidir le Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha) d'Iarscríbhinn 3-A (Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-CFS'.

(b) Is é seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (d) a cheadófar a iontráil leis an ráta taraife fhabhraigh arna chinneadh i gcomhréir le fomhír 3(d) de Roinn B (Bonnráta agus Catagóirí Céimnithe) d'Iarscríbhinn 2-A gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	1 400

(c) Earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí a leagtar amach i bhfomhír (b), beidh siad i gcomhréir leis an riail shonrach tionscnaimh a bhunaítear in Iarscríbhinn 3-A (Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha) chun leanúint de bheith faoi réir an ráta taraife fhabhraigh arna chinneadh i gcomhréir le fomhír 3(d) de Roinn B (Bonnráta agus Catagóirí Céimnithe) d'Iarscríbhinn 2-A.

(d) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna línte taraife seo a leanas: 2101.11.01, 2101.11.02, 2101.11.99, 2101.12.01 agus 2101.30.01.

17. Uachtar Reoite

(a) Ceadóidh Meicsiceo allmhairiú earraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife a liostaítear i bhfomhír (e) go dtí an chainníocht chomhiomlán leis an ráta taraife fhabhraigh a bhunaítear i bhfomhír (b). Tá an TRQ a leagtar amach sa mhír seo marcáilte i sceideal um dhíothú taraifí Mheicsiceo) i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo) leis an nodaireacht 'TRQ-IC'.

(b) Is iad seo a leanas cainníocht chomhiomlán na n-earraí tionscnaimh a liostaítear i bhfomhír (e) a cheadófar a theacht isteach i Meicsiceo saor ó dhleacht gach bliain faoin TRQ seo:

Bliain	Cainníocht Chomhiomlán (MT)
1 agus gach bliain ina dhiaidh sin	500

(c) Beidh earraí tionscnaimh a iontráladh de bhreis ar na cainníochtaí comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (b) faoi réir bhonnráta na dleachta custaim a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2-A-2 (Sceideal um Dhíothú Taraifí Mheicsiceo).

(d) Féadfaidh Meicsiceo an TRQ sin a chionroinnt trí cheantáil.

(e) Tá feidhm ag an TRQ seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sa líne taraife 2105.00.01.

ROINN C

Fachtóirí Coinbhéartachta

1. Maidir leis na TRQanna a leagtar amach i míreanna 1, 2, 3 agus 4 de Roinn B (Taraif-Chuótaí), úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas chun meáchan an táirge a choinbhéartú go coibhéis an mheáchain chonablaigh:

(a) TRQanna a leagtar amach i míreanna 1 agus 3 de Roinn B (Taraif-Chuótaí):

Líne Taraife	Tuairisc (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir coinbhéartachta (%)
0201.20.99	Gearrthacha eile ar an gcnámh.	100
0201.30.01	Iad gan chnámh.	130
0202.20.99	Gearrthacha eile ar an gcnámh.	100
0202.30.01	Iad gan chnámh.	130
0206.10.01	Ó bhó-ainmhithe, úr nó fuaraithe.	100
0206.29.99	Eile.	100
0210.20.01	Feoil ó bhó-ainmhithe:	
	Í ar an gcnámh.	100
	Iad gan chnámh.	135
0210.99.01	Putóga nó liopaí bó-ainmhithe, goirt nó ‘salpresos’ (leasaithe).	100

(b) TRQ a leagtar amach i mír 2 de Roinn B (Taraif-Chuótaí):

Líne Taraife	Tuairisc (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir coinbhéartachta (%)
ex 0203.29.99	Eile.- Luanta agus a ngearrthacha, bídís ar an gcnámh nó ná bídís.	100

(c) TRQ a leagtar amach i mír 4 de Roinn B (Taraif-Chuótaí):

Líne Taraife	Tuairisc (chun críoch léiriúcháin amháin)	Fachtóir coinbhéartachta (%)
0207.13.03	Cosa, leasracha nó cosa agus leasracha in aon phíosa amháin.	100
0207.14.04	Cosa, leasracha nó cosa agus leasracha in aon phíosa amháin.	100

IARSCRÍBHINN 2-B

LIOSTA NA N-EARRAÍ A EISIATAR ÓN SAINMHÍNIÚ AR EARRAÍ ATHMHONARAITHE

Déantar earraí a aicmítear faoi na ceannteidil nó faoi na fo-cheannteidil seo a leanas den Chóras Comhchuibhithe a eisiamh ón sainmhíniú ar earraí athmhonaraithe: 8413 60, 8413 70, 8414 30 go 8414 60, 8415, 8418, 8419 11, 8419 19, 8421, 8422, 8443, 8450, 8451, 8452 10, 8471, 8481 80, 8481 90, 8483, 8501, 8502, 8504, 8508 go 8510, 8515 go 8519, 8521 10, 8521 90, 8522 10, 8522 90, 8525 60 go 8525 80, 8527, 8528, 8535, 8536 10, 8536 20, 8539, 8544, 8701 go 8706, 8708, 9018 19, 9019 20, agus 9028 30.

IARSCRÍBHINN 2-C

EISCEACHTAÍ Ó SHRIANTA ALLMHAIRITHE AGUS ONNMHAIRITHE MHEICSICEO

1. Féadfaidh Meicsiceo na bearta a shonraítear thíos a choinneáil ar bun, ar choinníoll nach dtugtar cóir níos fabhraí leis na bearta sin d'aon tríú tír, lena n-áirítear aon tríú tír a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag Meicsiceo léi faoi Airteagal XXIV de GATT 1994 agus an Tuiscint maidir le Léirmhíniú Airteagal XXIV de GATT 1994.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanfaidh aon ní san Iarscríbhinn seo difear do chearta ná d'oibleagáidí aon Pháirtí faoi Chomhaontú EDT i ndáil le haon bheart a liostaítear san Iarscríbhinn seo ([1]).

3. Cuirtear ar fáil na tuairiscí in aice leis an gCód CC comhfhreagrach chun críoch tagartha amháin.

4. Níl feidhm ag Airteagal 2.9 (Srianta ar Allmhairiú agus ar Onnmhairiú) maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) srianta de bhun Airteagal 76 den Dlí maidir le Hidreacarbóin (Ley de Hidrocarburos) a foilsíodh in Iris Oifigiúil Mheicsiceo (Diario Oficial de la Federación) an 18 Márta 2025, Airteagal 51 den Rialachán maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Tríú Teideal den Dlí maidir le Hidreacarbóin (Reglamento de las actividades a que se refiere el Título Tercero de la Ley de Hidrocarburos) a foilsíodh in Iris Oifigiúil Mheicsiceo (Diario Oficial de la Federación) an 31 Deireadh Fómhair 2014, agus an Comhaontú lena mbunaítear aicmiú agus códú Hidreacarbón agus Táirgí Peitriliam faoi réir ceadanna allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin ón Aireacht Fuinnimh (Acuerdo por el que se establece la clasificación y Codificación de Hidrocarburos y Petrolíferos cuya importación y exportación está sujeta a Permiso Previo por parte de la Secretaría de Energía) a foilsíodh in Iris Oifigiúil Mheicsiceo (Diario Oficial de la Federación) an 29 Nollaig 2014 agus aon leasú ina dhiaidh sin ar an gcomhaontú sin, ar leasú é a bhaineann leis na hearraí dá bhforáiltear sna míreanna seo a leanas de sceideal taraife Mheicsiceo den Dlí Ginearálta maidir le Dleachtanna ar Allmhairí agus ar Onnmhairí (Tarifa de la Ley de los Impuestos Generales de Importación y de Exportación) a foilsíodh in Iris Oifigiúil Mheicsiceo (Diario Oficial de la Federación) an 18 Meitheamh 2007 agus an 29 Meitheamh 2012 a onnmhairiú ó Mheicsiceo:

CC 2012	Tuairisc
2709.00.02	Trom.
2709.00.03	Meánach.
2709.00.04	Éadrom.
2709.00.99	Olaí peitriliam amh eile.
2710.12.03	Gásailín d'aerárthaí.
2710.12.08	Gásailín, lena ngabhann rátáil ochtáin níos lú ná 87.
2710.12.09	Gásailín, lena ngabhann rátáil ochtáin 87 nó níos mó, ach níos lú ná 92.

([1]) Tuigeann na Páirtithe gur cheart aon chinneadh ó phainéal nó ó Chomhlacht Achomhairc faoi EDT maidir le beart a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo a léiriú ann.

CC 2012	Tuairisc
2710.12.10	Gásailín, lena ngabhann rátáil ochtáin 92 nó níos mó, ach níos lú ná 95.
2710.12.91	Gásailín eile.
2710.19.05	Olaí breosla.
2710.19.08	Turbaisín (ceirisín, ola lampa) agus meascáin díobh.
2710.19.09	Ola dhíosail (díosal) agus meascáin di, ina bhfuil cion sulfair 15 ppm nó is lú ná sin.
2710.19.10	Ola dhíosail (díosal) agus meascáin di, ina bhfuil cion sulfair níos mó ná 15 ppm ach cothrom le 500 ppm nó níos lú.
2710.19.91	Ola dhíosail eile (díosal) agus meascáin díobh.
2711.11.01	Gás nádúrtha (leachtaithe).
2711.19.01	Bútán agus própán, measctha lena chéile, iad leachtaithe.
2711.21.01	Gás nádúrtha (gásaithe).

(b) boinn úsáidte, éadaí athláimhe, feithiclí úsáidte agus fonnadh úsáidte atá feistithe le mótair feithiclí a leagtar amach i mír 1(l) agus i mír 5 d'Iarscríbhinn 2.2.1 a ghabhann leis an gComhaontú trína mbunaíonn Aireacht an Gheilleagair Rialacha agus Critéir Ghinearálta maidir le Trádáil Idirnáisiúnta (Acuerdo por el que la Secretaría de Economía emite reglas y criterios de carácter general en materia de Comercio Exterior), arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil Mheicsiceo (Diario Oficial de la Federación) an 31 Nollaig 2012, toirmisc nó srianta orthu sin a allmhairiú isteach i Meicsiceo; agus

(c) srianta ar allmhairiú agus onnmhairiú diamant garbh (cóid CC 7102.10, 7102.21 agus 7102.31), de bhun Scéim Deimhniúcháin Kimberley um Thrádáil Diamant Garbh a bunaíodh le Dearbhú Interlaken, a glacadh an 5 Samhain 2002 in Interlaken ag Cruinniú na nAirí maidir le Scéim Deimhniúcháin Kimberley um Thrádáil Diamant Garbh.

IARSCRÍBHINN 2-D

FORÁLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun oibríochtaí a chomhrac ar oibríochtaí iad a sháraíonn reachtaíocht chustaim a bhaineann leis an gcóir fhabhrach taraife a dheonaítear faoi Chaibidil 2 (Trádáil in Earraí) i gcomhréir le Caibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh) agus leis an Iarscríbhinn maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 4.11 (Comhar Custaim agus Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach).

2. Na sainmhínithe a leagtar amach san Iarscríbhinn maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach i gCúrsaí Custaim, tá feidhm acu maidir leis an Iarscríbhinn seo.

3. Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 4 go 8 más rud é go bhfuil cinneadh déanta ag Páirtí, ar bhonn faisnéise oibiachtúla infhíoraithe, lena n-áirítear torthaí fíoruithe tionscnaimh nó torthaí iarrataí ar chúnamh agus, más gá, torthaí cuairteanna fiosrúcháin:

(a) go ndearnadh sáruithe arís agus arís eile ar an reachtaíocht chustaim a bhaineann le cóir fhabhrach taraife a deonaíodh faoi Chaibidil 2 (Trádáil in Earraí); nó

(b) i gcásanna ina sáraíonn oibríochtaí an reachtaíocht chustaim, go ndiúltaíonn an Páirtí eile arís agus arís eile nó go mainníonn sé ar shlí eile aon cheann de na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh.

4. An Páirtí a tháinig ar thoradh dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh sé an t-ábhar imní in iúl don Fhochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá Pháirtí.

5. I gcás ina dteipeann ar na Páirtithe teacht ar réiteach inghlactha laistigh de 3 mhí tar éis don Pháirtí an t-ábhar imní a chur in iúl i gcomhréir le mír 4, féadfaidh an Páirtí a tháinig ar an toradh fógra a thabhairt don Chomhchoiste agus dul i mbun comhairliúcháin ar bhonn na faisnéise ábhartha uile, d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá Pháirtí.

6. I gcás ina dteipeann ar na Páirtithe teacht ar réiteach inghlactha laistigh de 3 mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 5 a fháil, féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a dhéanamh cóir fhabhrach taraife na n-earraí lena mbaineann a aistarraingt go sealadach.

7. An aistarraingt shealadach ar chóir fhabhrach taraife a chinn an Comhchoiste, má éiríonn leis an aistarraingt sin na hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim dá dtagraítear i mír 1 a chosc, aistarraingeoidh an Páirtí a tháinig ar an toradh na bearta a ghlac sé chun comhlíonadh a reachtaíochta custaim a áirithiú.

8. Beidh feidhm ag an aistarraingt shealadach ar feadh tréimhse is gá chun gníomhú in aghaidh na n-oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim agus in aon chás ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí. Na coinníollacha as ar eascair an fhionraí sa chéad dul síos, má leanann na coinníollacha sin de bheith ann tar éis dhul in éag na tréimhse 6 mhí, féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a dhéanamh an aistarraingt a athnuachan. Déanfar aon fhionraí shealadach a fhoirceannadh ar dháta nach déanaí ná 2 bhliain ón bhfionraí tosaigh mura gcinnfidh an Comhchoiste go bhfuil na coinníollacha ba shiocair leis an bhfionraí tosaigh fós ann.

9. Foilseoidh gach Páirtí cinneadh an Chomhchoiste maidir leis an aistarraingt shealadach de bhun na hIarscríbhinne seo, chomh maith le haon fhógra eile do thrádálaithe i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

IARSCRÍBHINN 2-E

BEARTA ÁBHARTHA MAIDIR LE TÁIRGÍ FÍONA AGUS BIOTÁILLÍ

CUID A

CLEACHTAIS AGUS SRIANTA FÍONEOLAÍOCHA MHEICSICEO SAINMHÍNITHE AR THÁIRGÍ

Is iad seo a leanas na dlíthe agus na rialacháin a bhaineann le sainmhínithe táirgí, agus na cleachtais agus na srianta fíoneolaíocha dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) agus 1(b) d'Airteagal 2.22 (Cleachtais Fíoneolaíocha):

(a) dlíthe agus rialacháin:

(i) Ley General de Salud (Dlí Ginearálta Sláinte) mar a foilsíodh é in Iris Oifigiúil Mheicsiceo an 7 Feabhra 1984 agus an Rialachán a ghabhann leis;

(ii) Reglamento de Control Sanitario de Productos y Servicios (an Rialachán maidir le Rialú Sláintíochta ar Tháirgí agus Seirbhísí) mar a foilsíodh é in Iris Oifigiúil Mheicsiceo an 9 Lúnasa 1999; agus

(iii) Ley Federal sobre Metrología y Normalización (Dlí Feidearálach maidir le Méadreolaíocht agus Caighdeánú agus an Rialachán a ghabhann leis) mar a foilsíodh in Iris Oifigiúil Mheicsiceo an 1 Iúil 1992 agus an Rialachán a ghabhann leis;

(b) Normas Oficiales Mexicanas (Noirm Oifigiúla Mheicsiceo, dá ngairtear 'NOM' anseo feasta):

(i) NOM-142-SSA1/SCFI-2014 Bebidas alcohólicas – Especificaciones sanitarias – Etiquetado sanitario y comercial (Deochanna alcólacha – Sonraíochtaí sláintíochta – Lipéadú sláintíochta agus tráchtála); agus

(ii) NOM-199-SCFI-2017 Bebidas alcohólicas – Denominación, especificaciones fisicoquímicas, información comercial y métodos de prueba (Deochanna alcólacha – Ainmniú, sonraíochtaí fisiciceimiceacha, faisnéis tráchtála agus modhanna tástála); agus

(c) Normas Mexicanas (Noirm Mheicsiceo):

(i) NMX-V-012-Normex-2005 Bebidas alcohólicas – Vino – Especificaciones (Deochanna alcólacha – Fíon – Sonraíochtaí);

(ii) NMX-V-030-Normex-2016 Bebidas alcohólicas – Vino generoso – Denominación, etiquetado y Especificaciones (Deochanna alcólacha – Fíon Flaithiúil – Ainmniú, lipéadú agus sonraíochtaí);

(iii) NMX-V-047-NORMEX-2009 Bebidas alcohólicas – Vino espumoso y vino gasificado – Denominación, etiquetado y especificaciones (Deochanna alcólacha – Fíon súilíneach agus fíon gásaithe – Ainmniú, lipéadú agus sonraíochtaí);

(iv) NMX-V-005-NORMEX-2013 Bebidas alcohólicas – Determinación de aldehídos, ésteres, metanol y alcoholes superiores – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcóil – Aildéid, eistir, meatánól agus alcóil níos airde a chinneadh – Modhanna tástála (tástáil));

(v) NMX-V-006-NORMEX-2013 Bebidas alcohólicas – Determinación de azúcares – Azúcares reductores directos y totales – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcóil – Siúcraí a chinneadh – Siúcraí dí-ocsaídithe díreacha agus iomlána – Modhanna tástála (tástáil));

(vi) NMX-V-013-NORMEX-2013 Bebidas alcohólicas – Determinación del contenido alcohólico (por ciento de alcohol en volumen a 20 °C (% Alc. Vol.) – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcólacha– An cion alcóil a chinneadh (céatadán alcóil de réir toirte ag 20 °C (% Alc. Vol.) – Modhanna tástála (tástáil));

(vii) NMX-V-015-NORMEX-2014 Bebidas alcohólicas – Determinación de acidez total, acidez fija y acidez volátil – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcóil – Aigéadacht iomlán, aigéadacht sheasta agus aigéadacht sho-ghalaithe a chinneadh – Modhanna tástála (tástáil));

(viii) NMX-V-017-NORMEX-2014 Bebidas alcohólicas – Determinación de extracto seco y cenizas – Método de ensayo (prueba) (Deochanna alcólacha— Eastóscán tirim agus luaithreach a chinneadh – Modh tástála (tástáil));

(ix) NMX-V-025-Normex-2010 Bebidas alcohólicas — Determinación de adición de alcoholes o azúcares provenientes de caña, sorgo o maíz a bebidas alcohólicas provenientes de uva, manzana o pera mediante la Relacion Isotópica de Carbono 13 (δ13CVPDB), Determinación del origen de CO_2 en bebidas alcohólicas gaseosas mediante la Relación Isotópica de Carbono 13 (δ13CVPDB), Determinación de adición de agua en los vinos mediante la Relación Isotópica del Oxigeno 18 (D18ovsmow), por espectrometría de masas de isotopos estables – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcóil – Cinneadh maidir le halcól nó siúcraí ó chána, sorgum nó arbhar a chur le deochanna alcólacha ó fhíonchaora, úlla nó piorraí tríd an gCóimheas Carbóin Iseatópach 13 (δ13CVPDB), Tionscnamh CO_2 i ndeochanna alcólacha gásacha a chinneadh agus úsáid á baint as an gCóimheas Carbóin Iseatópach 13 (δ13CVPDB), An breisiú uisce i bhfíonta a chinneadh le Cóimheas Iseatópach Ocsaigin 18 (D18ovsmow), de réir mais-speictriméadrachta iseatóp cobhsaí – Modhanna tástála (tástáil));

(x) NMX-V-027-NORMEX-2014 Bebidas alcohólicas – Determinación de anhídrido sulfuroso, dióxido de azufre (SO_2) libre y total – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcólacha – Dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd sulfair saor agus iomlán a chinneadh (SO_2) – Modhanna tástála (tástáil));

(xi) NMX-V-048-NORMEX-2009 Bebidas Alcohólicas – Determinación de dióxido de carbono (CO_2) en bebidas alcohólicas – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcólacha – Dé-ocsaíd carbóin (CO_2) i ndeochanna alcólacha a chinneadh – Modhanna tástála (tástáil)); agus

(xii) NMX-V-050-NORMEX-2010 Bebidas alcohólicas – Determinación de metales como cobre (Cu), plomo (Pb), arsénico (As), zinc (Zn), hierro (Fe), calcio (Ca), mercurio (Hg), cadmio (Cd), por absorción atómica – Métodos de ensayo (prueba) (Deochanna alcóil – Miotail amhail copar (Cu), luaidhe (Pb), arsanaic (As), sinc (Zn), iarann (Fe), cailciam (Ca), mearcair (Hg), caidmiam (Cd) a chinneadh trí ionsú adamhach – Modhanna tástála (tástáil)).

CUID B

CLEACHTAIS AGUS SRIANTA FÍONEOLAÍOCHA AN AONTAIS EORPAIGH, LIPÉADÚ AGUS SAINMHÍNITHE AR THÁIRGÍ

1. Dlíthe agus na rialacháin a bhaineann le sainmhínithe táirgí agus lipéadú dá dtagraítear i bhfomhíreanna 2(a) agus 2(b) d'Airteagal 2.22 (Cleachtais Fíoneolaíocha):

(a) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), go háirithe na rialacha maidir le táirgeadh in earnáil an fhíona, i gcomhréir le hAirteagail 75,78, 81 agus 91 den Rialachán sin, agus Cuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis, ar choinníoll go mbaineann siad le táirgí a thagann faoi raon feidhme Roinn C (Trádáil Fíona agus Biotáillí) de Chaibidil 2 (Trádáil in Earraí) den Chomhaontú seo;

([1]) IO AE L 347, 20.12.2013, lch. 671.

(b) Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí táirgí fíniúna, cleachtais fhíoneolaíocha agus na srianta is infheidhme ([2]), go háirithe Airteagal 2 den Rialachán sin agus Iarscríbhinní I agus III a ghabhann leis; agus

(c) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint agus ar lipéadú ainmniúchán tionscnaimh agus, tásc geografach, iarratais ar chosaint, an nós imeachta agóide, modhnú agus cealú téarmaí traidisiúnta agus lipéadú agus cur i láthair in earnáil an fhíona ([3]), agus go háirithe Airteagal 47 agus Airteagail 52 go 54 den Rialachán sin agus Iarscríbhinní III go V a ghabhann leis.

2. Dlíthe agus rialacháin a bhaineann le cleachtais agus le srianta fíoneolaíocha:

(a) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([4]), go háirithe na rialacha maidir le táirgeadh in earnáil an fhíona, i gcomhréir le hAirteagail 75, 80, 83 agus 91 den Rialachán sin agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis; agus

(b) Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí táirgí fíniúna, cleachtais fhíoneolaíocha agus na srianta is infheidhme ([5]).

CUID C

FÍONTA A LIPÉADÚ

1. Sainítear sna liostaí i míreanna 2 agus 3 den Chuid seo na téarmaí maidir le fíonta socair agus fíonta súilíneacha atá le húsáid i gcomhréir le mír 8 d'Airteagal 2.23 (Lipéadú Táirgí Fíona agus Biotáillí) i ndáil le teorainneacha le siúcra iarmharach.

2. Téarmaí le haghaidh fíonta socair:

Téarmaí	Teorainn le siúcra iarmharach le haghaidh fíonta socair
Tirim	< 4 g/l, nó < 9 g/l más é < 2 g an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir faoin gcion siúcra iarmharach
Leath-thirim	idir 4 agus 12 g/l
Leathmhilis	idir 12 agus 45 g/l
Milis	> 45 g/l

3. Téarmaí le haghaidh fíonta súilíneacha:

Téarmaí	Teorainn le siúcra iarmharach le haghaidh fíonta súilíneacha
Brut nature	< 3 g/l

([2]) IO AE L 193, 24.7.2009, lch. 1.
([3]) IO AE L 9, 11.1.2019, lch. 2.
([4]) IO AE L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([5]) IO AE L 193, 24.7.2009, lch. 1.

Téarmaí	Teorainn le siúcra iarmharach le haghaidh fíonta súilíneacha
Extra brut	idir 0 agus 6 g/l
Brut	idir 0 agus 15 g/l
Ríthirim	idir 12 agus 20 g/l
Tirim	idir 17 agus 35 g/l
Leath-thirim	idir 35 agus 50 g/l
Milis	> 50 g/l

CUID D

DOICIMÉADÚ AGUS DEIMHNIÚ

1. De bhun mhír 1 d'Airteagal 2.24 (Deimhniú ar Tháirgí Fíona agus ar Bhiotáillí), údaróidh na Páirtithe allmhairiú táirgí fíonta ina gcríoch i gcomhréir le rialacha na Coda seo lena rialaítear na doiciméid deimhniúcháin allmhairiúcháin agus na tuarascálacha anailíse.

2. Léireofar d'údaráis inniúla an Pháirtí allmhairiúcháin gur comhlíonadh na ceanglais maidir le fíon a allmhairiú i gcríoch Páirtí trí na doiciméid seo a leanas a thabhairt:

(a) deimhniú arna eisiúint ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh; agus

(b) má tá an fíon ceaptha lena chaitheamh go díreach ag an duine, tuarascáil anailíse arna tarraingt suas ag saotharlann atá aitheanta go hoifigiúil ag an tír thionscnaimh. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil anailíse:

(i) neart alcóil iomlán de réir toirte;

(ii) neart alcóil iarbhír de réir toirte;

(iii) eastóscán tirim iomlán;

(iv) aigéadacht iomlán, arna sloinneadh mar aigéad tartarach;

(v) aigéadacht luaineach, arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach;

(vi) aigéad citreach; agus

(vii) dé-ocsaíd sulfair iomlán.

IARSCRÍBHINN 2-F

TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA

1. Comhlíonfaidh gach Páirtí na hoibleagáidí a leagtar amach i gComhaontú EDT-BTT maidir le húdarú margaíochta, nós imeachta um fhógra a thabhairt nó ceanglais rialála eile a ullmhaíonn, a ghlacann nó a chuireann ceachtar Páirtí i bhfeidhm maidir le táirgí cógaisíochta agus nach dtagann faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar rialachán teicniúil nó ar nós imeachta um measúnú comhréireachta.

2. Bainfidh gach Páirtí úsáid as caighdeáin, cleachtais agus treoirlínte idirnáisiúnta le haghaidh táirgí cógaisíochta agus gairis leighis, lena n-áirítear iad siúd a d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), an Chomhairle Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Ceanglas Teicniúil i ndáil le hEarraí Cógaisíochta atá le hÚsáid ag an Duine (ICH) agus an Coinbhinsiún maidir le hIniúchtaí Cógaisíochta agus an Scéim Comhair maidir le hIniúchtaí Cógaisíochta (PIC/S) mar bhonn lena rialacháin theicniúla, ach amháin i gcásanna, a bhfuil bunús cuí leo ar bhonn faisnéise eolaíche agus teicniúla, ina mbeadh na caighdeáin, na cleachtais nó na treoirlínte idirnáisiúnta sin neamhéifeachtach nó míchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú a chomhlíonadh.

3. Aithníonn na Páirtithe go n-éascaíonn a rannpháirtíocht iomlán sna comhlachtaí ábhartha dá dtagraítear i mír 2 comhar rialála eatarthu. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chinneadh i dtaca le Comhaontú maidir le hAitheantas Frithpháirteach (CAFP) maidir le dea-chleachtais mhonaraíochta a thabhairt i gcrích amach anseo. Sa chomhthéacs sin, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé dea-theist a léiriú maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus muinín fhrithpháirteach a chothú. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil in Earraí le chéile chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn gach 2 bhliain. Sna cruinnithe sin, pléifidh na Páirtithe forbairt a gcreataí rialála faoi seach agus conas malartú faisnéise a chosaint. Rachaidh na Páirtithe i mbun idirphlé freisin chun nósanna imeachta cigireachta a phlé agus chun measúnú a dhéanamh ar an gcoigilteas a ghinfeadh CAFP.

IARSCRÍBHINN 2-G

MÓTARFHEITHICLÍ AGUS TREALAMH AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí ar a leibhéal lárnach rialtais a bhaineann le sábháilteacht agus astaíochtaí mótarfheithiclí nua nó trealaimh nua mótarfheithiclí mar a shainmhínítear ina dhlíthe agus ina rialacháin.

2. Féachfaidh na Páirtithe le deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil agus le comhar rialála a fheabhsú, i gcomhréir le Caibidil 9 (Bacainní Teicniúla ar Thrádáil), agus aitheantas á thabhairt an tráth céanna do cheart gach Páirtí a leibhéal inmhianaithe sláinte, sábháilteachta, comhshaoil agus cosanta tomhaltóirí a chinneadh.

Rochtain ar an Margadh

3. Glacfaidh gach Páirtí le haon mhótarfheithicil nua nó trealamh mótarfheithicle nua ar a mhargadh mar a shainmhínítear ina dhlíthe agus ina rialacháin, ar choinníoll go bhfuil sé deimhnithe ag an monaróir, i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme de chuid an Pháirtí allmhairiúcháin, go gcomhlíonann an fheithicil nó an trealamh na caighdeáin sábháilteachta agus na rialacháin theicniúla is infheidhme sa Pháirtí allmhairiúcháin ([1]).

4. Aithníonn na Páirtithe go ndearna Meicsiceo rialacháin theicniúla an Aontais Eorpaigh agus Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) a ionchorprú ina rialacháin theicniúla NOM-194-SCFI agus NOM-042-SEMARNAT, lena n-áirítear a dtuarascálacha tástála comhfhreagracha agus a ndeimhnithe ar chineálcheadú, a liostaítear i bhFoscríbhinn 2-G-1 (Deimhnithe agus Tuarascálacha Tástála a nGlacann Meicsiceo leo).

5. Tá sé de cheart ag Meicsiceo a rialacháin theicniúla NOM-194-SCFI agus NOM-042- SEMARNAT a mhodhnú, lena n-áirítear rialacháin theicniúla an Aontais Eorpaigh nó UNECE a ionchorprú. Agus na modhnuithe sin á bhforbairt, cuirfidh Meicsiceo an tAontas Eorpach ar an eolas agus, arna iarraidh sin, cuirfidh sé faisnéis ar fáil maidir le réasúnaíocht na modhnuithe sin. Leanfaidh Meicsiceo d'aitheantas a thabhairt do na rialacháin theicniúla a liostaítear i bhFoscríbhinn 2-G-1 (Liosta na nDeimhnithe agus na dTuarascálacha Tástála a nGlacann Meicsiceo leo), mar aon leis na nuashonruithe orthu, mura rud é go bhforálfaí leis an aitheantas sin do leibhéal níos ísle sábháilteachta nó cosanta comhshaoil ná na leasuithe a tugadh isteach, nó go gcuirfeadh sé aon ghealltanas faoi USMCA i mbaol, nó go mbeadh sé i gcoinne chuspóirí beartais dlisteanacha Mheicsiceo.

6. Aon uair a dhéanfaidh Meicsiceo athbhreithniú ar a rialacháin theicniúla maidir le mótarfheithiclí agus a dtrealamh a cheadú, féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhairle le chéile, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Chaibidil 9 (Bacainní Teicniúla ar Thrádáil), d'fhonn a chinneadh an bhféadfaí na rialacháin theicniúla a liostaítear i bhFoscríbhinn 2-G-2 (Liosta na nDeimhnithe Breise nó na dTuarascálacha Tástála) a áireamh in bhFoscríbhinn 2-G-1 (Liosta na nDeimhnithe agus na dTuarascálacha Tástála a nGlacann Meicsiceo leo).

7. Féachfaidh gach Páirtí le cead a thabhairt táirgí ina n-ionchorpraítear teicneolaíocht nua nó gné nua nach bhfuil rialaithe fós ag an bPáirtí allmhairiúcháin a allmhairiú agus a chur ar a mhargadh, mura bhfuil amhras réasúnach air faoi shábháilteacht an táirge, bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil lena léirítear go gcruthaíonn an teicneolaíocht nua sin nó an ghné nua sin riosca do shláinte an duine, don tsábháilteacht nó don chomhshaol. Tabharfaidh an Páirtí a dhiúltaíonn don allmhairiú agus don chur ar a mhargadh fógra faoin gcinneadh sin don Pháirtí eile a luaithe is féidir.

8. Ní dhéanfaidh Páirtí na sochair a fhabhraíonn chuig an bPáirtí eile faoin Iarscríbhinn seo a neamhniú ná a dhochrú trí bhearta rialála a bhaineann go sonrach leis na táirgí a chumhdaítear. Tá an oibleagáid sin gan dochar do cheart Páirtí na bearta is gá a ghlacadh ar mhaithe le sábháilteacht agus le cosaint an chomhshaoil nó na sláinte poiblí.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar aon ní sa mhír seo mar ní lena gcuirtear cosc ar Pháirtí glacadh mótarfheithiclí nua nó le trealamh mótarfheithicle nua ar a mhargadh a cheadú freisin, ar mótarfheithiclí nó trealamh iad arna ndeimhniú i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta agus astaíochtaí tríú tír nó ní fhorléireofar aon ní sa mhír seo mar ní lena gcuirtear cosc ar Pháirtí a cheangal go ndéanfar deimhniú comhlíontachta le haon chaighdeán sábháilteachta agus astaíochta mótarfheithiclí atá ann cheana a choimeádann Páirtí ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Comhar comhpháirteach

9. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis maidir le haon ábhar is ábhartha chun an Iarscríbhinn seo a chur chun feidhme laistigh den Choiste um Thrádáil in Earraí.

10. Chun cóineasú rialála a chur chun cinn, déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú, a mhéid is indéanta, maidir lena rialacháin theicniúla faoi seach a bhaineann le sábháilteacht mótarfheithiclí agus le cosaint an chomhshaoil.

11. Is cuid dhílis den Iarscríbhinn seo iad Foscríbhinní 2-G-1 (Liosta na nDeimhnithe agus na dTuarascálacha Tástála a nGlacann Meicsiceo leo) agus 2-G-2 (Liosta na nDeimhnithe Breise nó na dTuarascálacha Tástála).

Foscríbhinn 2-G-1

LIOSTA NA NDEIMHNITHE AGUS NA DTUARASCÁLACHA TÁSTÁLA A NGLACANN MEICSICEO LEO

Liosta de rialacháin theicniúla an Aontais Eorpaigh agus UNECE dá dtagraítear i mír 3 d'Iarscríbhinn 2-G atá ionchorpraithe i rialacháin theicniúla Mheicsiceo NOM-194-SCFI agus NOM-042- SEMARNAT:

Ceanglas	Treoracha nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh [1]	Rialacháin UNECE
Tacaí cinn	Treoir 78/932/CEE nó 74/408/CEE	UNECE R25 nó R17
Criosanna sábhála agus córais shriantacha	Treoir 76/115/CEE nó 77/541/CEE	UNECE R14 nó R16 forlíonadh 10
Lámhialtáin, leideoirí agus táscairí	Treoir 78/316/CEE	UNECE R121
Scátháin chúlfhéachana	Treoir 71/127/CEE	UNECE R46
Neart suíocháin	Treoir 78/932/CEE nó 74/408/CEE	UNECE R17 (R25 le haghaidh an taca cinn amháin, R17 do na suíocháin iomlána)
Boinn	Rialachán (AE) Uimh. 458/2011	UNECE R30 (mótarfheithiclí agus na leantóirí a ghabhann leo) nó R54 (feithiclí tráchtála agus na leantóirí a ghabhann leo)
Ceannlampaí	Treoir 76/761/CEE, 76/756/CEE nó 76/758/CEE	UNECE R48 Suiteáil gaireas soilsiúcháin agus deiseanna comharthaíochta solais (M, N agus O) nó Ceannlampaí Neamhshiméadracha R112 (lampaí filiméid)
Soilse Rabhaidh, Lampaí Páirceála	Treoir 76/756/CEE nó 77/540/CEE	UNECE R48 nó R06 nó R77
Lampaí coscáin	Treoir 76/758/CEE nó 76/756/CEE	UNECE R48 nó R07
Lampa an uimhirphláta cúil	Treoir 76/756/CEE nó 76/760/CEE	UNECE R04 nó R48

[1] Tuigfear gur tagairtí do na treoracha nó na rialacháin a tháinig i gcomharbas iad tagairtí do threoracha nó do rialacháin aisghairthe, fad is go bhfuil raon feidhme agus substaint na dtreoracha nó na rialachán sin coibhéiseach leis na treoracha nó na rialacháin aisghairthe sin, ach amháin i gcás na rialachán maidir le hastaíochtaí, nach nglacann Meicsiceo ach leis na rialacháin sin dá dtagraítear sa liosta seo.

Ceanglas	Treoracha nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh [1]	Rialacháin UNECE
Lampaí cúil imlíne, taobhlampaí tosaigh/lampaí cúil, taobhlampaí, soilse coscáin (M, N agus O)	Treoir 76/756/CEE nó 76/758/CEE	UNECE R48 nó R07
Lampaí cúlaithe	Treoir 77/539/CEE nó 76/756/CEE	UNECE R48 nó R23
Treoleideoirí	Treoir 76/758/CEE, 76/759/CEE nó 76/756/CEE	UNECE R48 nó R06
Gairis ais-fhrithchaiteacha	Treoir 76/756/CEE nó 76/757/CEE	UNECE R48 nó R03
Díreo agus dínéalú gaothscátha Córais téimh	Treoir 78/317/CEE nó 672/2010/CEE	UNECE R122
Córais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha	Treoir 78/318/CEE nó 94/68/CEE nó Rialachán (AE) Uimh. 1008/2010	
Coscánú (seirbhís agus páirceáil)	Treoir 71/320/CEE	UNECE R13 (catagóirí coscánaithe M, N agus O) nó R13H (coscánú (gluaisteáin paisinéirí))
Gloiniú sábháilteachta	Treoir 92/22/CEE	UNECE R43
Luasmhéadar	Treoir 75/443/CEE	UNECE R39
Cosaint na dtaistealaithe in imbhualadh tosaigh	Treoir 96/79/CEE	UNECE R94
Cosaint na dtaistealaithe in imbhualadh taobhach	Treoir 96/27/CEE	UNECE R95
ABS & Ardchóras Coscánaithe Éigeandála (AEBS)	Rialachán (AE) Uimh. 347/2012 nó (AE) 2015/562	UNECE R13 nó R13H nó R131

[1] Tuigfear gur tagairtí do na treoracha nó na rialacháin a tháinig i gcomharbas iad tagairtí do threoracha nó do rialacháin aisghairthe, fad is go bhfuil raon feidhme agus substaint na dtreoracha nó na rialachán sin coibhéiseach leis na treoracha nó na rialacháin aisghairthe sin, ach amháin i gcás na rialachán maidir le hastaíochtaí, nach nglacann Meicsiceo ach leis na rialacháin sin dá dtagraítear sa liosta seo.

Ceanglas	Treoracha nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh [1]	Rialacháin UNECE
Meabhrúchán Criosanna Sábhála (SBR)	Treoir 76/115/CEE nó 77/541/CEE	UNECE R16
Spréachadh adhainte astaíochtaí, adhaint chomhbhrú, GPL, feithiclí faoi thiomáint gáis nádúrtha chomhbhrúite	Treoir 2002/80/CE (Euro IV, feithiclí éadroma)	UNECE R49

[1] Tuigfear gur tagairtí do na treoracha nó na rialacháin a tháinig i gcomharbas iad tagairtí do threoracha nó do rialacháin aisghairthe, fad is go bhfuil raon feidhme agus substaint na dtreoracha nó na rialachán sin coibhéiseach leis na treoracha nó na rialacháin aisghairthe sin, ach amháin i gcás na rialachán maidir le hastaíochtaí, nach nglacann Meicsiceo ach leis na rialacháin sin dá dtagraítear sa liosta seo.

Foscríbhinn 2-G-2

LIOSTA NA NDEIMHNITHE BREISE NÓ NA DTUARASCÁLACHA TÁSTÁLA

Breithneoidh na Páirtithe, i gcomhréir le mír 6 den Iarscríbhinn seo, go gcuirfear le Foscríbhinn 2-G-1 (Liosta na nDeimhnithe agus na dTuarascálacha Tástála a nGlacann Meicsiceo leo) na deimhnithe agus na tuarascálacha tástála dá bhforáiltear i dtreoracha nó i rialacháin an Aontais Eorpaigh nó i rialacháin UNECE i ndáil leis na ceanglais theicniúla a shonraítear sna liostaí le haghaidh na gcatagóirí éagsúla feithiclí thíos:

(a) Catagóirí feithiclí M agus N: gluaisteáin paisinéirí, veaineanna, busanna, trucailí agus an trealamh a ghabhann leo

Ceanglas	Treoracha nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh	Rialacháin UNECE
Feithicil iomlán	Treoir 2007/46/CE	Rialachán UNECE 0 -IWVTA
Sábháilteacht feithiclí ceallra-leictreacha		UNECE R100

(b) Catagóir feithicle L: gluaisrothair, móipéidí, cuadrothair, agus an trealamh a ghabhann leo

Ceanglas	Treoracha nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh	Rialacháin UNECE
Feithicil iomlán	Rialachán (AE) Uimh. 168/2013	
Torann	Rialacháin (AE) Uimh. 134/2014 agus (AE) 168/2013	UNECE R41 (astaíochtaí torainn) agus R09 (le haghaidh trírothach)

(c) Catagóirí feithiclí T agus C: tarracóirí talmhaíochta agus an trealamh a ghabhann leo

Ceanglas	Treoracha nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh	Rialacháin UNECE
Feithicil iomlán	Rialachán (AE) Uimh. 167/2013	
Astaíocht díosail (tarracóirí talmhaíochta)	Treoir 2000/25/CE	UNECE R96
Coscánú	Rialacháin (AE) 2015/68 agus (AE) Uimh. 167/2013	

IARSCRÍBHINN 3-A

RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

ROINN A

RÉAMHNÓTAÍ

Nóta 1

Prionsabail Ghinearálta

1.1 Leagtar amach sa Roinn seo na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha i Ranna B agus C den Iarscríbhinn seo mar a fhoráiltear i bhfomhír 1(c) d'Airteagal 3.2 (Ceanglais Ghinearálta).

1.2 Chun críocha na hIarscríbhinne seo, maidir leis na ceanglais a bhaineann lena mheas go bhfuil tionscnamh táirge i gcomhréir le fomhír 1(c) d'Airteagal 3.2 (Ceanglais Ghinearálta), is iad na ceanglais atá ann athrú ar aicmiú taraife, próiseas táirgthe, luach nó meáchan uasta ábhar neamhthionscnaimh, nó aon cheanglas eile a shonraítear san Iarscríbhinn seo.

1.3 Ciallaíonn tagairt do mheáchan i riail tionscnaimh tháirgeshonrach an glanmheáchan, is é sin meáchan ábhair nó táirge, gan meáchan pacáistithe a áireamh.

Nóta 2

Struchtúr Liosta na Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha

2.1 Déanfar nótaí maidir le Ranna, Caibidlí, ceannteidil nó fo-cheannteidil, más infheidhme, a léamh i gcomhar leis na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a bhaineann leis an Roinn, an Chaibidil, an ceannteideal nó an fo-cheannteideal ábhartha.

2.2 Gach riail tionscnaimh tháirgeshonrach a leagtar amach sa dara colún den liosta de Roinn B, tá feidhm aici maidir leis an táirge comhfhreagrach a léirítear sa chéad cholún den liosta sin.

2.3 I gcás ina bhfuil táirge faoi réir rialacha tionscnaimh táirgeshonracha malartacha, measfar gur de thionscnamh Páirtí an táirge má shásaíonn sé ceann de na roghanna malartacha.

2.4 I gcás ina bhfuil táirge faoi réir riail tionscnaimh tháirgeshonrach lena n-áirítear ceanglais iolracha, measfar gur de thionscnamh Páirtí an táirge ar choinníoll go sásaíonn sé na ceanglais go léir, agus sa chás sin amháin.

2.5 I gcás ina n-eisiatar ábhair áirithe de chuid an Chórais Chomhchuibhithe go sonrach le riail tionscnaimh tháirgeshonrach, ceanglaítear leis sin gur de thionscnamh Páirtí na hábhair eisiata.

Sampla: I gcás ina gceanglaítear leis an riail tionscnaimh le haghaidh cheannteideal 3505 'ACT cé is moite de cheannteideal 1108', ní mór stádas tionscnaimh a bheith ag na hábhair a aicmítear faoi cheannteideal 1108 (stáirsí, ionúilin).

Nóta 3

Cur i bhfeidhm na Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha

3.1 Mír 3 d'Airteagal 3.2 (Ceanglais Ghinearálta), maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh táirgí eile, beidh feidhm ag an mír sin, cibé acu is laistigh den mhonarcha chéanna i bPáirtí ina mbaintear úsáid as na táirgí sin a baineadh an stádas sin amach nó nach ea.

3.2 I gcás ina bhforáiltear le riail tionscnaimh tháirgeshonrach nach n-úsáidfear ábhar neamhthionscnaimh sonraithe nó nach sáróidh luach nó meáchan ábhair neamhthionscnaimh shonraithe tairseach shonrach, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin maidir le hábhair neamhthionscnaimh a aicmítear in aon áit eile sa Chóras Comhchuibhithe.

Sampla: Nuair a cheanglaítear leis an riail maidir le Caibidil 19 'nach mó ná 20 % de réir mheáchan an táirge deiridh meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1006, 1101, 1102 nó 1104 go 1108', ní bheidh teorainn le húsáid gránach neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10, seachas rís faoi cheannteideal 1006.

3.3 I gcás ina bhforáiltear le riail tionscnaimh tháirgeshonrach go dtáirgfear táirge ó ábhar ar leith, ní chuirfidh sé sin cosc ar úsáid a bhaint as ábhair eile nach bhfuil in ann an riail sin a shásamh de bharr a gcineáil.

Nóta 4

Sainmhínithe

4.1 Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'AC' táirgeacht as ábhair neamhthionscnaimh in aon Chaibidil, seachas lena mbaineann an táirge, nó athrú ar an gCaibidil, ar an gceannteideal nó ar an bhfo-cheannteideal ó aon Chaibidil eile ionas nach mór athrú a dhéanamh ar aicmiú taraife i dtaca le gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge ar leibhéal dhá dhigit an Chórais Chomhchuibhithe (athrú ar Chaibidil);

(b) ciallaíonn 'ACT' táirgeacht ó ábhair neamhthionscnaimh in aon cheannteideal, seachas lena mbaineann an táirge, nó athrú ar an gCaibidil, ar an gceannteideal nó ar an bhfo-cheannteideal ó aon cheannteideal eile ionas go ndéanfar athrú ar aicmiú taraife i dtaca le gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge ar leibhéal ceithre dhigit an Chórais Chomhchuibhithe (athrú ar cheannteideal);

(c) ciallaíonn 'AFCT' táirgeacht ó ábhair neamhthionscnaimh in aon fho-cheannteideal, seachas é sin lena mbaineann an táirge, nó athrú ar an gCaibidil, ar an gceannteideal nó ar an bhfo-cheannteideal ó aon fho-cheannteideal eile ionas go ndéanfar athrú ar aicmiú taraife i dtaca le gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge ar leibhéal sé dhigit an Chórais Chomhchuibhithe (athrú ar fho-cheannteideal);

(d) ciallaíonn 'luach custaim' luach earra arna chinneadh i gcomhréir le Comhaontú maidir le Luacháil Custaim;

(e) ciallaíonn 'EXW' nó 'praghas EXW' an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir i bPáirtí ina ndearnadh an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh agus áireofar leis, i ngach cás, luach na n-ábhar uile a úsáideadh agus na costais eile go léir a bhaineann lena tháirgeadh, lúide aon chánach inmheánach a tugadh ar ais nó a aisíoctar nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas, fiú murab eol an praghas, mura bhfuil sé cinnte, nó mura léiríonn sé na costais uile a bhaineann le táirgeadh an táirge;

má ligtear an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh amach ar fochonradh chuig 'monaróir' i bPáirtí, d'fhéadfadh an téarma 'monaróir' tagairt don fhiontar a d'úsáid an fochonraitheoir;

(f) ciallaíonn 'MaxNOM' luach uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh arna sloinneadh mar chéatadán agus déanfar é a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\text{MaxNOM}(\%) = \frac{\text{VNM}}{\text{EXW}} \times 100$$

(g) ciallaíonn 'NOM' táirgeacht as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal; agus

(h) ciallaíonn 'VNM' luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i monarú an táirge, arb é a luach custaim é tráth an allmhairithe lena n-áirítear lasta, árachas más iomchuí, pacáil agus na costais eile go léir a thabhaítear le linn na hábhair a iompar go dtí an calafort allmhairiúcháin sa Pháirtí ina bhfuil táirgeoir an earra lonnaithe, nó murab eol an luach agus nach féidir é a fhionnadh, an chéad phraghas infhíoraithe a íocadh as na hábhair neamhthionscnaimh san Aontas Eorpach nó i Meicsiceo.

Nóta 5

Snáithíní, Priontáil, Ábhair Theicstíle Bhunúsacha agus Lamháltais

5.1 Úsáidtear an téarma 'snáithíní nádúrtha' san Iarscríbhinn seo chun tagairt a dhéanamh do shnáithíní seachas snáithíní sintéiseacha nó saorga agus atá teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile, ach nach bhfuil sníofa.

5.2 Áirítear le snáithíní nádúrtha ribí róin faoi cheannteideal 0511, síoda faoi cheannteidil 5002 agus 5003 chomh maith le snáithíní olla, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh faoi cheannteidil 5101 go 5105, na snáithíní cadáis faoi cheannteidil 5201 go 5203 agus na snáithíní plandúla eile faoi cheannteidil 5301 go 5305.

5.3 Úsáidtear na téarmaí 'laíon teicstíle', 'ábhair cheimiceacha' agus 'ábhair déanta páipéir' i liosta na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha chun tuairisc a thabhairt ar na hábhair nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63, ábhair is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáth saorga, sintéiseach nó páipéir a mhonarú.

5.4 Úsáidtear an téarma 'snáithíní stáplacha de dhéantús an duine' i liosta na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha chun tagairt do bharrach filiméadach, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, atá faoi cheannteidil 5501 go 5507.

5.5 Ciallaíonn an téarma 'clódóireacht' teicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a chur i bhfeidhm ar shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe.

5.6 Ciallaíonn an téarma 'clódóireacht (mar oibríocht neamhspleách)' priontáil maille le dhá oibríocht ullmhúcháin nó bhailchríche ar a laghad (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, teaschóiriú, ardú, cleandráil, próiseáil friotaíochta craptha, bailchríochnú buan, díchaitiú, tuile, deisiú agus díshnaidhmiú, bearradh, barrloscadh, próiseas aerthriomaitheora, próiseas díshnámhaithe, muilleoireacht, gaile agus friotaíochta craptha, agus coirteadh), ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh uile, agus a mbaintear úsáid astu lena linn, ná 50 % de phraghas an earra díreach ón monarcha.

5.7 Más rud é, i gcás táirge áirithe i liosta na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha, go ndéantar tagairt do Nóta 5, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach sa dara colún den liosta sin maidir le hábhair theicstíle bhunúsacha neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh an táirge seo, nach mó, i dteannta a chéile, ná 8 % de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáideadh. D'fhéadfaí feidhm a bheith ag Nóta 5.9 nó 5.10 freisin.

5.8 Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an lamháltas dá bhforáiltear i Nóta 5.7 ach amháin maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó de na bunábhair theicstíle seo a leanas:

(a) síoda;

(b) olann;

(c) fionnadh ainmhíoch garbh;

(d) fionnadh ainmhíoch mín;

(e) rón;

(f) cadás;

(g) ábhair déanta páipéir agus páipéar;

(h) líon;

(i) fíorchnáib;

(j) siúit agus snáithíní eile cáiteoige teicstíle;

(k) siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas *Agave*;

(l) cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile;

(m) filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine;

(n) filiméid shaorga de dhéantús an duine;

(o) filiméid seolta srutha;

(p) snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;

(q) snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;

(r) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;

(s) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilinítríle de dhéantús an duine;

(t) snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine;

(u) snáithíní stáplacha sintéiseacha polaiteitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;

(v) snáithíní stáplacha sintéiseacha suilfíde polaifeiniléine de dhéantús an duine;

(w) snáithíní stáplacha sintéiseacha clóirídí polaivinile de dhéantús an duine;

(x) snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine;

(y) snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine;

(z) snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine;

(aa) snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bíodh;

(ab) snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís;

(ac) Táirgí a aicmítear faoi cheannteideal 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach mó ná cúig mhilliméadar ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin thrédhearcaigh nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach; agus

(ad) táirgí eile a aicmítear faoi cheannteideal 5605.

Sampla: Is snáth measctha snáth atá faoi cheannteideal 5205 atá déanta as snáithíní cadáis atá faoi cheannteideal 5203 agus snáithíní stáplacha sintéiseacha atá faoi cheannteideal 5506. Dá bhrí sin, snáithíní stáplacha sintéiseacha neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann an riail maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní cheadaítear ach monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle), féadfar iad a úsáid suas le meáchan arb ionann é agus 8 % den snáth.

Sampla: Is fabraic mheasctha í fabraic olla faoi cheannteideal 5112 atá déanta as snáth olla faoi cheannteideal 5107 agus snáth sintéiseach de shnáithíní stáplacha faoi cheannteideal 5509. Dá bhrí sin, snáth sintéiseach nach gcomhlíonann an riail maidir le tionscnamh (faoin riail sin ní mór monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle) nó snáth olla nach gcomhlíonann an riail maidir le tionscnamh (faoin riail sin ní mór monarú as snáithíní nádúrtha, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná ullmhaithe ar shlí eile lena sníomh) nó teaglaim den dá cheann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 8 % de mheáchan na fabraice a meáchan iomlán.

Sampla: Fabraic teicstíle dhosach atá faoi cheannteideal 5802 atá déanta as snáth cadáis atá faoi cheannteideal 5205 agus fabraic chadáis atá faoi cheannteideal 5210, ní táirge measctha í ach amháin más fabraic mheasctha an fhabraic chadáis féin agus í déanta as snáth atá aicmithe faoi dhá cheannteideal ar leith nó más meascáin na snáthanna cadáis féin a úsáideadh.

Sampla: Dá mba rud é go ndearnadh an fhabraic teicstíle dhosach as snáth cadáis atá faoi cheannteideal 5205 agus fabraic shintéiseach atá faoi cheannteideal 5407, is dhá ábhar teicstíle bhunúsacha an tsnátha a úsáideadh dá bhrí sin ar ndóigh agus is táirge measctha an fhabraic teicstíle stothach dá réir.

5.9 Más rud é, i gcás táirge ar leith, go ndéantar tagairt do Nóta 5, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach sa dara colún den liosta i Roinn B maidir le snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bídís, mura mó an snáth neamhthionscnaimh ná 8 % de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach uile a úsáideadh.

5.10 Más rud é, i gcás táirge ar leith, go ndéantar tagairt do Nóta 5, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach sa dara colún den liosta i Roinn B maidir leis an stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná cúig mhilliméadar ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin idir dhá shraith de scannán plaisteach i gcás nach mó ná 30 % de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach uile a úsáideadh an stiall neamhthionscnaimh.

Nóta 6

Lamháltais Eile is Infheidhme Maidir le hÁbhair Theicstíle Áirithe

6.1 Má dhéantar tagairt do Nóta 6 i liosta na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha i Roinn B, féadfar ábhair theicstíle a úsáid, seachas líneálacha agus idirlíneálacha nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa dara colún le haghaidh an táirge teicstíle déanta suas, ar choinníoll go n-aicmítear na hábhair sin faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é agus nach mó a luach ná 8 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

6.2 Gan dochar do Nóta 6.3, féadfar ábhair, nach n-aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63, a úsáid gan bhac le linn táirgeadh táirgí teicstíle, bíodh teicstílí iontu nó ná bíodh.

Sampla: I gcás ina bhforáiltear le riail sa liosta nach mór snáth a úsáid d'earra teicstíle ar leith, amhail treabhsar, ní hionann sin agus cosc a bheith ar úsáid earraí miotail, amhail cnaipí, mar nach n-aicmítear cnaipí i gCaibidlí 50 go 63. Níl cosc, ar an gcúis chéanna, ar fháiscíní sleamhnáin a úsáid, cé go mbíonn teicstílí i bhfáiscíní sleamhnáin de ghnáth.

6.3 I gcás ina mbíonn feidhm ag riail chéatadánach, cuirfear luach na n-ábhar nach n-aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh ionchorpraithe á ríomh.

Nóta 7

Earraí Talmhaíochta

7.1 Earraí talmhaíochta atá aicmithe faoi Roinn II den Chóras Comhchuibhithe agus faoi cheannteideal 2401, táirgí a fhástar nó a bhuaintear i gcríoch Páirtí, is mar tháirgí de thionscnamh chríoch Páirtí a chaithfear leo, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibeanna, fréamhstoc, gearrthóga, cliatháin, beanguithe, péacáin, bachlóga nó codanna beo eile de phlandaí, a allmhairíodh ó thríú tír.

Nóta 8

Sainmhíniú ar Phróisis

8.1 Ciallaíonn 'imoibriú ceimiceach' próiseas, lena n-áirítear próiseas bithcheimiceach, as a dtagann móilín ag a bhfuil struchtúr nua de thoradh naisc ionmhóilíneacha a bhriseadh agus naisc ionmhóilíneacha nua a dhéanamh, nó de thoradh eagar spásúil na n-adamh i móilín a athrú.

Chun críocha an tsainmhínithe seo, ní mheastar gur imoibrithe ceimiceacha iad seo a leanas:

(a) tuaslagadh in uisce nó i dtuaslagóirí eile;

(b) tuaslagóirí a dhíothú, lena n-áirítear uisce tuaslagach; nó

(c) uisce criostalúcháin a chur leis nó a dhíothú.

8.2 Ciallaíonn 'meascadh agus cumasc' meascadh nó cumasc, lena n-áirítear easrú, ábhar d'aon ghnó agus faoi rialú comhréireach, seachas caolaitheoirí a chur leis, chun bheith i gcomhréir le sonraíochtaí réamhchinntithe as a dtagann táirgeadh earra a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha aige atá ábhartha maidir le críocha nó úsáidí an earra agus nach ionann iad agus na hábhair ionchuir.

8.3 Ciallaíonn 'íonú' próiseas arb é is toradh air deireadh a chur le 80 % ar a laghad d'ábhar na n-eisíontas atá ann cheana nó laghdú nó díothú eisíontas dar toradh earra atá oiriúnach do cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas:

(a) substaintí de ghrád cógaisíochta, leighis, cosmaide, tréidliachta nó bia;

(b) táirgí ceimiceacha agus imoibrithe le haghaidh úsáidí anailíseacha, diagnóiseacha nó saotharlainne;

(c) eilimintí agus comhpháirteanna lena n-úsáid sa mhicrileictreonaic;

(d) úsáidí optúla speisialaithe;

(e) úsáid bhith-theicniúil, mar shampla, i saothrú ceall, sa teicneolaíocht ghéiniteach, nó mar chatalaíoch;

(f) iompróirí a úsáidtear i bpróiseas deighilte; nó

(g) úsáidí de ghrád núicléach.

8.4 Ciallaíonn 'athrú ar mhéid na gcáithníní' modhnú ar mhéid cáithníní táirge d'aon ghnó agus é rialaithe, seachas trí bhrúscadh nó trí bhrú amháin, as a n-eascraíonn earra ar a bhfuil méid na gcáithníní sainithe, dáileadh méide cáithníní sainithe nó achar dromchla sainithe, atá ábhartha maidir le críocha an táirge a thiocfaidh as agus ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha nach ionann iad agus na hábhair a úsáideadh.

8.5 Ciallaíonn 'táirgeadh ábhar caighdeánach' (lena n-áirítear tuaslagáin chaighdeánacha) táirgeadh ullmhóide atá oiriúnach d'úsáidí anailíseacha, calabrúcháin nó tagartha a bhfuil leibhéil bheachta íonachta nó cionmhaireachtaí aici arna ndeimhniú ag an monaróir.

8.6 Ciallaíonn 'scaradh isiméirí' isiméirí a leithlisiú nó a scaradh ó mheascán isiméirí.

8.7 Ciallaíonn 'bithphróisis':

(a) saothrú bitheolaíoch nó bith-theicneolaíoch (lena n-áirítear saothrán ceall), hibridiú nó géinmhodhnú:

(i) miocrorgánaigh, amhail baictéir agus víris (lena n-áirítear fagaigh); nó

(ii) cealla daonna, ainmhí nó planda; agus

(b) struchtúir cheallach (amhail géinte leithliseacha, géineghlise agus plasmóidí) a tháirgeadh, a leithlisiú nó a íonú, nó coipeadh.

ROINN B

LIOSTA NA RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
ROINN I	AINMHITHE BEO; TÁIRGÍ AINMHITHE
Caibidil 1	Ainmhithe beo
0101 – 0106	Tá na hainmhithe go léir atá faoi Chaibidil 1 faighte go hiomlán.
Caibidil 2	Feoil agus scairteach feola inite
0201 – 0210	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidlí 1 agus 2 a úsáideadh inti.
Caibidil 3	Éisc agus crustaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile
0301 – 0308	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 3 a úsáideadh inti.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
Caibidil 4	Táirgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
0401 – 0410	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 4 a úsáideadh inti.
Caibidil 5	Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
0501 – 0511	AC.
ROINN II	TÁIRGÍ PLANDÚLA
Caibidil 6	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach
0601 – 0604	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 6 a úsáideadh inti.
Caibidil 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite
0701 – 0714	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 7 a úsáideadh inti.
Caibidil 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán
0801 – 0814	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 8 a úsáideadh inti.
Caibidil 9	Caife, tae, maité agus spíosraí
0901	ACT ([1]).
0902 – 0903	NOM.
0904 11 – 0904 12	NOM.
0904 21 – 0904 22	ACT cé is moite d'fho-cheannteideal 0709 60.
0905	ACT.
0906 – 0909	NOM.
0910 11 – 0910 30	NOM.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
0910 91	Táirgeacht inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi fho-cheannteideal 0709 60, 0904 21 nó 0904 22 a úsáideadh inti.
0910 99	NOM.
Caibidil 10	Gránaigh
1001 – 1008	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 10 a úsáideadh inti.
Caibidil 11	Táirgí an tionscail muilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta
1101 – 1109	Táirgeacht inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi cheannteidil 0701, 0713, 0714, fo-cheannteideal 0710 10, prátaí faoi fho-cheannteideal 0711 90 nó 0712 90, Caibidlí 10 go 11 nó ceannteidil 2302 go 2303 a úsáideadh inti.
Caibidil 12	Olashíolta agus torthaí olúla; grán, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae
1201 – 1214	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 12 a úsáideadh inti.
Caibidil 13	Leaic; gumaí, roisíní agus súnna plandúla agus úisc phlandúla eile
1301	ACT.
1302 11 – 1302 19	ACT.
1302 20	AFCT; ach mar sin féin, féadfar substaintí peicteacha neamhthionscnaimh a úsáid.
1302 31	ACT.
1302 32	AFCT; ach mar sin féin, féadfar gumalachtaí agus tiúsóirí neamhthionscnaimh a úsáid.
1302 39	ACT.
Caibidil 14	Ábhair fíocháin phlandúla; táirgí ó phlandaí nach bhfuil sonraithe ná san áireamh in áit eile
1401 – 1404	AFCT.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
ROINN III	SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA
Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla
1501 – 1504	ACT.
1505	AFCT.
1506 – 1507	ACT.
1508	AFCT.
1509 – 1510	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán.
1511	ACT.
1512 11 – 1512 19	ACT.
1512 21 – 1512 29	AFCT.
1513 – 1520	ACT.
1521 – 1522	AFCT.
ROINN IV	EARRAÍ BIA ULLMHAITHE; DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR; TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE
Caibidil 16	Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile
1601 – 1605	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 2, 3 nó 16 a úsáideadh inti.
Caibidil 17	Siúcraí agus milseogra siúcra
1701	ACT.
1702	ACT, ar choinníoll: — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 1101 go 1108 a úsáideadh; agus — nach mó ná 10 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 nó 1703 a úsáideadh.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
1703	ACT, ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
1704	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó
1801 – 1805	ACT.
1806 10	
– Púdar cócó mhilsithe ina bhfuil 90 % nó níos mó siúcra de réir meáchan tirim	ACT, ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
– Eile	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
1806 20 – 1806 90	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
Caibidil 19	Ullmhóidí gránach, plúir, stáirse nó bainne; táirgí cócairí taosráin
1901 – 1905	ACT, ar choinníoll: — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 2, 3 nó 16 a úsáideadh; — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1006, 1101, 1102 nó 1104 go 1108 a úsáideadh; — nach mó ná 10 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1103 a úsáideadh; — nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 nó 1702 a úsáideadh; agus — nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh.
Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí
2001 – 2005	Táirgeadh ina bhfuil na glasraí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
2006 – 2007	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
2008	
– Cnónna, nach bhfuil siúcra breise ná biotáille bhreise curtha leo	Táirgeadh ina bhfuil luach na gcnónna agus síolta ola tionscnaimh atá faoi cheannteidil 0801, 0802 nó 1202 go 1207 a úsáideadh lena linn níos mó ná 60 % de EXW an táirge.
– Im pise talún; meascáin atá bunaithe ar ghránaigh; croíthe pailme; arbhar Indiach	ACT.
– Eile, seachas torthaí agus cnónna atá cócaráilte ar bhealach seachas trína ngalbhruith nó trína mbruith in uisce, nach bhfuil siúcra breise curtha leo, reoite	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
– Eile	Táirgeadh ina bhfuil na torthaí, cnónna, nó glasraí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán.
2009 11 – 2009 39	Táirgeadh ina bhfuil na torthaí ciotrais uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
2009 41 – 2009 90	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha
2101 ([1])	ACT, ar choinníoll nach mór stádas tionscnaimh a bheith ag 50 % ar a laghad de mheáchan an chaife a úsáidtear cheana.
2102	ACT.
2103 10 – 2103 20	ACT.
2103 30	NOM.
2103 90	AFCT.
2104	ACT.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
2105	ACT, ar choinníoll: — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh; agus — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 nó 1702 a úsáideadh.
2106 10	ACT, ar choinníoll: — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh; agus — nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 nó 1702 a úsáideadh.
2106 90	ACT, ar choinníoll nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1701 nó 1702 a úsáideadh.
Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus fínéagar
2201	ACT.
2202	ACT, ar choinníoll: — nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh; — nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 nó 1702 a úsáideadh; agus — go bhfuil an sú torthaí go léir (seachas súnna anann, líoma agus seadóige) a úsáidtear ann faighte go hiomlán.
2203	ACT.
2204 – 2206	ACT cé is moite de cheannteideal 2207 nó 2208, ar choinníoll gur ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi fho-cheannteideal 0806 10, 2009 61 nó 2009 69 a úsáideadh ann.
2207	ACT cé is moite de cheannteideal 2207 nó 2208, ar choinníoll gur ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi fho-cheannteideal 0806 10, ceannteideal 1005, fo-cheannteideal 2009 61 nó 2009 69 a úsáideadh ann.
2208 – 2209	ACT cé is moite de cheannteideal 2207 nó 2208, ar choinníoll gur ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi fho-cheannteideal 0806 10, 2009 61 nó 2009 69 a úsáideadh ann.

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
Caibidil 23	Iarmhair agus dramh ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe
2301	ACT.
2302	ACT, ar choinníoll nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10 a úsáideadh.
2303 10	ACT, ar choinníoll nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10 a úsáideadh.
2303 20 – 2303 30	ACT.
2304 – 2308	ACT.
2309	ACT, ar choinníoll: — gur ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidlí 2, 3 nó 4 a úsáideadh; — nach mó ná 20 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 10, 11, nó ceannteidil 2302 go 2303 a úsáideadh; agus — nach mó ná 30 % de mheáchan an táirge meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 nó 1702 a úsáideadh.
Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe
2401	Táirgeacht, inar ábhair arna bhfáil go hiomlán iad na hábhair uile faoi Chaibidil 24 a úsáideadh inti.
2402 10	ACT, ar choinníoll nach mó ná 30 % de mheáchan an táirge meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 2401 a úsáideadh.
2402 20 – 2402 90	ACT, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad 65 % de mheáchan an tobac neamh-mhonaraithe nó an iarmhair tobac atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear faighte go hiomlán.
2403 11 – 2403 91	ACT, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad 55 % de mheáchan an tobac neamh-mhonaraithe nó an iarmhair tobac atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear faighte go hiomlán; nó MaxNOM 30 % (EXW).

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
2403 99	
– Táirgí tobac a théitear ach nach ndóitear	ACT, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad 10 % de mheáchan an tobac faoi Chaibidil 24 a úsáidtear faighte go hiomlán; nó MaxNOM 60 % (EXW).
– Eile	ACT, ar choinníoll go bhfuil stádas tionscnaimh ag 55 % ar a laghad de mheáchan an tobac faoi Chaibidil 24 a úsáidtear; nó MaxNOM 30 % (EXW).
ROINN V	TÁIRGÍ MIANRACHA [2]
Caibidil 25	Salann; sulfar; cré agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
2501 – 2530	ACT; nó MaxNOM 70 % (EXW).
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith
2601 – 2621	ACT.
Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha
2701 – 2709	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó meascadh agus cumasc; nó MaxNOM 50 % (EXW).
2710	NOM, ar choinníoll go bhfuil bithdhíosal (lena n-áirítear ola phlandúil hidreachóirte) faoi cheannteideal 2710 agus faoi fho-cheannteideal 3824 90 nó 3826 00, agus a mbaintear úsáid as ann, faighte trí eistearúchán, trí thras-eistearúchán nó trí hidreachóir.
2711 – 2716	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó meascadh agus cumasc; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Aicmiú Córas Comhchuibhithe (2012)	Riail Tionscnaimh Tháirgeshonrach
ROINN VI	TÁIRGÍ Ó NA TIONSCAIL CHEIMICEACHA NÓ Ó NA TIONSCAIL GHAOLMHARA [2]
Caibidil 28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, as miotail tearc-chré, as dúile radaighníomhacha nó as iseatóip
2801 – 2853	Maidir le honnmhairí ó Mheicsiceo chuig an Aontas:
(e) cuirfear faisnéis ar fáil faoi aon chlár cúnaimh sa dlínse óstach maidir le hoiliúint phraiticiúil, agus aon ghealltanas ón dlínse óstach sa chomhthéacs sin.

Ceadúnú agus Forálacha Eile sa Dlínse Óstach

10. Más infheidhme, ba cheart do CAFP na modhanna, agus na coinníollacha faoina bhfaightear ceadúnas, a leagan amach tar éis cinneadh a dhéanamh ar incháilitheacht, chomh maith le cad atá i gceist le ceadúnas, mar shampla, ceadúnas agus a inneachar, ballraíocht i gcomhlacht gairmiúil , nó úsáid teideal gairmiúil nó acadúil. Ba cheart aon cheanglas ceadúnúcháin seachas cáilíochtaí a mhíniú, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le:

(a) seoladh oifige a bheith aige nó aici, bunaíocht a chothabháil nó a bheith ina c(h)ónaitheoir;

(b) scileanna teanga;

(c) cruthúnas maidir le dea-charachtar;

(d) árachas slánaíochta gairmiúla;

(e) comhlíonadh cheanglais an dlínse óstaigh maidir le hainmneacha trádála nó gnólachta a úsáid; agus

(f) comhlíonadh eitice dlínse óstaigh, mar shampla, neamhspleáchas agus dea-iompar.

11. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart na sonraí seo a leanas le haghaidh gach dlínse óstaigh a chuimsiú in CAFP:

(a) an dlí ábhartha atá le cur i bhfeidhm, mar shampla, maidir le gníomhaíocht araíonachta, freagracht airgeadais nó dliteanas;

(b) prionsabail araíonachta agus forfheidhmithe caighdeán gairmiúil, lena n-áirítear dlínse araíonachta agus aon éifeacht iarmhartach ar chleachtadh gníomhaíochtaí gairmiúla;

(c) na modhanna chun inniúlacht a fhíorú go leanúnach; agus

(d) na critéir maidir leis an gclárúchán a chúlghairm agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an gclárúchán a chúlghairm.

Athbhreithniú ar CAFP

12. I gcás ina bhfuil téarmaí in CAFP faoina bhféadfar é a athbhreithniú nó a chúlghairm, ba cheart na sonraí a bhaineann leis a lua go soiléir.

Trédhearcacht

13. Ba cheart do na Páirtithe:

(a) téacs CAFPanna a tugadh i gcrích a chur ar fáil go poiblí; agus

(b) fógra a thabhairt dá chéile faoi aon mhodhnú ar cháilíochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm nó do chur chun feidhme CAFP agus, más féidir, tabharfar deis dóibh a gcuid tuairimí a thabhairt maidir le modhnuithe an Pháirtí eile.

ROINN C

Próiseas Ceithre Chéime d'Aitheantas na gCáilíochtaí

14. Ba cheart an próiseas ceithre chéim seo a leanas a mheas chun aitheantas na gcáilíochtaí a shimpliú agus a éascú.

Céim a hAon: Coibhéis a Fhíorú

15. Ba cheart do na heintitis chaibidlíochta coibhéis fhoriomlán de raon feidhme cleachtais na gairme rialáilte nó de na cáilíochtaí atá ag teastáil le haghaidh na gairme rialáilte ina ndlínsí faoi seach a fhíorú.

16. Ba cheart a áireamh ar scrúdú na gcáilíochtaí bailiú gach faisnéise ábhartha a bhaineann le raon feidhme na gceart cleachtais i leith inniúlacht dhlíthiúil cleachtais nó a bhaineann leis na cáilíochtaí atá ag teastáil le haghaidh gairm rialáilte faoi leith sna dlínsí faoi seach.

17. Ba cheart do na heintitis chaibidlíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gníomhaíochtaí nó grúpaí gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi raon feidhme chearta cleachtais na gairme rialáilte a shainaithint; agus

(b) na cáilíochtaí is gá i ngach dlínse a shainaithint, lena bhféadfar na gnéithe seo a leanas a áireamh:

(i) an t-íosleibhéal oideachais a cheanglaítear, mar shampla, riachtanais iontrála, fad an staidéir agus na hábhair a ndearnadh staidéar orthu;

(ii) an t-íosleibhéal taithí a theastaíonn, mar shampla, suíomh, fad agus coinníollacha na hoiliúna praiticiúla nó an chleachtais ghairmiúil faoi mhaoirseacht roimh cheadúnú, nó an creat maidir le caighdeáin eiticiúla agus araíonachta;

(iii) scrúduithe a bhfuarthas pas iontu, go háirithe scrúduithe ar inniúlacht ghairmiúil;

(iv) a mhéid a aithnítear cáilíochtaí ó dhlínse amháin sa dlínse eile; agus

(v) na cáilíochtaí a bhfuil na húdaráis ábhartha i ngach dlínse réidh lena n-aithint, mar shampla, trí dhioplómaí nó trí dheimhnithe áirithe arna n-eisiúint a liostú, nó trí thagairt a dhéanamh do na híosriachtanais áirithe atá le deimhniú ag údaráis ábhartha na dlínse tionscnaimh, agus á chur san áireamh an ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i raon feidhme an chleachtais a aithint agus gan gníomhaíochtaí eile a aithint, amhail leibhéal agus fad an oideachais, príomhfhócais oideachais, agus ábhair agus réimsí foriomlána, de bharr leibhéal áirithe cáilíochta a bheith ag duine gairmiúil.

18. Tá coibhéis fhoriomlán idir raon feidhme na gceart cleachtais nó na cáilíochtaí is gá chun an ghairm rialáilte a chleachtadh mura bhfuil aon difríochtaí suntasacha maidir leis sin idir dlínsí.

Céim a Dó: Meastóireacht ar Dhifríochtaí Substaintiúla

19. Beidh difríochtaí substaintiúla ann sna cáilíochtaí is gá chun gairm rialáilte a chleachtadh, i gcás:

(a) difríochtaí tábhachtacha san eolas bunriachtanach; nó

(b) difríochtaí suntasacha i bhfad na hoiliúna nó in ábhar na hoiliúna idir na dlínsí.

20. Beidh difríochtaí substaintiúla ann i raon feidhme an chleachtais más rud é:

(a) nach bhfuil gníomhaíocht ghairmiúil amháin nó níos mó ná sin mar chuid den ghairm chomhfhreagrach sa dlínse thionscnaimh;

(b) go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir oiliúint shonrach sa dlínse óstach; agus

(c) go gcumhdaítear san oiliúint do na gníomhaíochtaí sin a dhéantar sa dlínse óstach ábhair atá an-difriúil leis na hábhair sin a chumhdaítear le cáilíocht an iarratasóra.

Céim a Trí: Bearta Coibhéise

21. I gcás ina gcinneann na heintitis chaibidlíochta go bhfuil difríochtaí substaintiúla idir na dlínsí maidir le raon feidhme na gceart cleachtais nó leis na cáilíochtaí is gá chun gairm rialáilte a chleachtadh, féadfaidh siad bearta coibhéise a chinneadh chun na difríochtaí sin a laghdú.

22. Féadfaidh bearta coibhéise a bheith i bhfoirm tréimhse oiriúnúcháin, i measc rudaí eile, nó, más gá, i bhfoirm trialach inniúlachta.

23. Ba cheart bearta coibhéise a bheith i gcomhréir leis na difríochtaí substaintiúla atá siad ag iarraidh aghaidh a thabhairt uirthi. Ba cheart do na heintitis chaibidlíochta meastóireacht a dhéanamh freisin ar aon taithí ghairmiúil phraiticiúil a fhaightear sa dhlínse thionscnaimh chun a fháil amach an leor an taithí sin chun na difríochtaí substaintiúla idir na dlínsí maidir le raon feidhme na gceart cleachtais nó leis na cáilíochtaí is gá chun gairm rialáilte a chleachtadh a leigheas, go hiomlán nó go páirteach, sula gcinnfear beart coibhéise.

Céim a Ceathair: Na Coinníollacha Aitheantais a shainaithint

24. Nuair a bheidh an measúnú ar choibhéis fhoriomlán de raon feidhme chearta cleachtais nó de na cáilíochtaí is gá chun an ghairm rialáilte a chleachtadh curtha i gcrích, ba cheart do na heintitis chaibidlíochta an méid seo a leanas a shonrú in CAFP:

(a) an inniúlacht dhlíthiúil a cheanglaítear chun an ghairm rialáilte a chleachtadh;

(b) na cáilíochtaí is gá chun an ghairm rialáilte a chleachtadh;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil bearta coibhéise riachtanach;

(d) a mhéid a fhéadfaidh taithí ghairmiúil cúiteamh a dhéanamh do dhifríochtaí substaintiúla; agus

(e) tuairisc ar aon bheart coibhéise, lena n-áirítear aon tréimhse oiriúnúcháin nó tástála inniúlachta a úsáid.

IARSCRÍBHINN 18-A

TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

ROINN A

GEALLTANAIS AN AONTAIS EORPAIGH

1. Maidir le seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas, cuirfidh an tAontas Eorpach míreanna 1 agus 6 d'Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais) i bhfeidhm maidir le soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais a shonraítear i bhfomhír (b)(i) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe):

(a) i ngach Ballstát seachas an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta agus an Pholainn i ndáil leis an méid seo a leanas:

(i) seirbhísí árachais dhírigh (lena n-áirítear comhárachas) agus idirghabháil árachais dhírigh i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(A) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

(B) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

(ii) athárachas agus aisghéilleadh; agus

(iii) seirbhísí cúnta árachais;

(b) san Eastóin maidir leis an méid seo a leanas:

(i) árachas díreach (lena n-áirítear comhárachas);

(ii) athárachas agus aisghéilleadh;

(iii) idirghabháil árachais; agus

(iv) seirbhísí cúnta árachais;

(c) sa Chipir maidir leis an méid seo a leanas:

(i) seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) le haghaidh árachas rioscaí a bhaineann le:

(A) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

(B) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

(ii) idirghabháil árachais;

(iii) athárachas agus aisghéilleadh; agus

(iv) seirbhísí cúnta árachais;

(d) sa Laitvia, sa Liotuáin agus i Málta maidir leis an méid seo a leanas:

(i) seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) le haghaidh árachas rioscaí a bhaineann le:

(A) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

(B) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

(ii) athárachas agus aisghéilleadh; agus

(iii) seirbhísí cúnta árachais; agus

(e) sa Pholainn maidir leis an méid seo a leanas:

(i) seirbhísí árachais dhírigh (lena n-áirítear comhárachas) i gcomhair árachas rioscaí a bhaineann le hearraí i dtrádáil idirnáisiúnta; agus

(ii) athárachas agus aisghéilleadh rioscaí a bhaineann le hearraí i dtrádáil idirnáisiúnta.

2. Tá mír 1 faoi réir na dteorainneacha seo a leanas:

(a) sa Bhulgáir: ní féidir le cuideachtaí árachais eachtracha árachas iompair a fhrithghealladh go díreach, ar árachas é lena gcumhdaítear earraí, árachas feithiclí dá réir agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite sa Bhulgáir;

(b) sa Danmhairg: cé is moite de chuideachtaí árachais atá ceadúnaithe faoi dhlí na Danmhairge nó ag údaráis inniúla na Danmhairge, ní féidir le haon duine nádúrtha ná aon fhiontar (cuideachtaí árachais san áireamh), chun críoch gnó, cúnamh a thabhairt chun árachas díreach a shocrú do dhaoine atá ina gcónaí sa Danmhairg, do longa Danmhargacha nó do réadmhaoin sa Danmhairg;

(c) sa Fhrainc: ní fhéadfaidh ach gnólachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach árachas rioscaí a bhaineann le hiompar de thalamh a fhrithghealladh;

(d) san Iodáil:

(i) árachas iompair earraí, árachas feithiclí dá réir agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite san Iodáil, ní féidir ach le cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach iad a fhrithghealladh, cé is moite d'iompar idirnáisiúnta a bhaineann le hallmhairí isteach san Iodáil; agus

(ii) i gcás seirbhísí achtúireacha, tá bunaíocht an tsoláthróra seirbhíse airgeadais ina ceangal agus toirmeasctar an soláthar trasteorann;

(iii) chun an ghairm achtúireach a chleachtadh, tá náisiúntacht Bhallstáit ina ceangal, ach amháin i gcás gairmithe tríú tíortha a bhféadfaí cead chun cleachtadh a thabhairt dóibh bunaithe ar chómhalartacht;

(e) san Ostair: tá toirmeasc ar ghníomhaíocht fógraíochta agus ar idirghabháil thar ceann fochuideachta nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach nó thar ceann brainse nach bhfuil bunaithe san Ostair (ach amháin maidir le hathárachas agus aisghéilleadh);

(f) sa Phortaingéil: árachas aeriompair agus muiriompair, lena gcumhdaítear earraí, aerárthaí, cabhail agus dliteanas, ní fhéadfaidh ach soláthróirí seirbhísí airgeadais atá bunaithe san Aontas Eorpacha é a fhrithghealladh agus ní fhéadfaidh ach daoine nó fiontair atá bunaithe san Aontas Eorpach gníomhú mar idirghabhálaithe don ghnó árachais sin sa Phortaingéil; agus

(g) sa tSualainn: ní cheadaítear an soláthar árachais dhírigh ach trí sholáthróir seirbhíse árachais atá údaraithe sa tSualainn, ar choinníoll go mbaineann an soláthróir seirbhíse eachtrach agus an chuideachta árachais Shualannach leis an ngrúpa céanna cuideachtaí nó go bhfuil comhaontú comhair i bhfeidhm eatarthu.

3. Maidir le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (cé is moite d'árachas), cuirfidh an tAontas Eorpach míreanna 1 agus 6 d'Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais) i bhfeidhm maidir le soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais a shonraítear i bhfomhír (b)(i) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe):

(a) san Aontas Eorpach, cé is moite den Bheilg, den Eastóin, den Chipir, den Laitvia, den Liotuáin, de Mhálta, den Rómáin agus den tSlóivéin, maidir leis an méid seo a leanas:

(i) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(ii) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) cé is moite d'idirghabháil;

(b) san Eastóin agus sa Liotuáin maidir leis an méid seo a leanas:

(i) glacadh le taiscí;

(ii) gach cineál iasachta;

(iii) léasú airgeadais;

(iv) gach seirbhís íocaíochta agus gach seirbhís tarchurtha airgid; ráthaíochtaí agus gealltanais;

(v) trádáil dá gcuntas féin nó do chuntais a gcustaiméirí, cibé acu ar mhalartán nó i margadh thar an gcuntar;

(vi) rannpháirtíocht in eisiúint gach cineáil urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(vii) bróicéireacht airgid;

(viii) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta comhinfheistíochta, seirbhísí cumhdaigh, taisclainne agus iontaobhais;

(ix) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

(x) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus

(xi) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) cé is moite d'idirghabháil;

(c) sa Bheilg: maidir le soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile;

(d) sa Chipir maidir leis an méid seo a leanas:

(i) urrúis in-aistrithe a thrádáil dá gcuntas féin nó do chuntais a gcustaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile;

(ii) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(iii) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) cé is moite d'idirghabháil;

(e) sa Laitvia maidir leis an méid seo a leanas:

(i) rannpháirtíocht in eisiúint gach cineáil urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(ii) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(iii) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) cé is moite d'idirghabháil;

(f) i Málta maidir leis an méid seo a leanas:

(i) glacadh le taiscí;

(ii) gach cineál iasachta;

(iii) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(iv) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) cé is moite d'idirghabháil;

(g) sa Rómáin maidir leis an méid seo a leanas:

(i) glacadh le taiscí;

(ii) gach cineál iasachta;

(iii) ráthaíochtaí agus gealltanais;

(iv) bróicéireacht airgid;

(v) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus

(vi) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) cé is moite d'idirghabháil; agus

(h) sa tSlóivéin maidir leis an méid seo a leanas:

(i) gach cineál iasachta;

(ii) glacadh le ráthaíochtaí agus gealltanais ó institiúidí creidmheasa eachtracha ag eintitis dhlítheanacha náisiúnta agus ag dílseánaigh aonair;

(iii) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(iv) seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe), cé is moite d'idirghabháil.

ROINN B

GEALLTANAIS MHEICSICEO

1. Maidir le seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas, cuirfidh Meicsiceo míreanna 1 agus 6 d'Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais) i bhfeidhm maidir le soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais a shonraítear i bhfomhír (b)(i) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) árachas maidir le rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) loingseoireacht mhuirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear satailítí), le hárachas den sórt sin chun aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chumhdach:

(A) na hearraí atá á n-iompar; agus

(B) an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, nuair atá clárú eachtrach ag na feithiclí sin nó nuair is maoin iad de chuid daoine a bhfuil sainchónaí orthu thar lear; agus

(ii) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

(b) aon árachas rioscaí eile, má léiríonn an duine atá ag iarraidh an t-árachas a cheannach nach bhfuil aon cheann de na cuideachtaí árachais atá údaraithe chun oibriú i Meicsiceo in ann an t-árachas sin atá beartaithe a chur ar fáil nó má mheasann siad nach bhfuil sé iomchuí;

(c) athárachas agus aisghéilleadh; agus

(d) idirghabháil árachais, dá dtagraítear i bhfomhír (e)(i)(C) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe), agus seirbhísí cúnta árachais, dá dtagraítear i bhfomhír (e)(i)(D) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe), i leith seirbhísí árachais dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (c) den mhír seo amháin.

2. Maidir le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (cé is moite d'árachas), cuirfidh Meicsiceo míreanna 1 agus 6 d'Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais) i bhfeidhm maidir le soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais a shonraítear i bhfomhír (b)(i) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe) i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara, dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(K) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe), faoi réir údarú a fháil roimh ré ón rialtóir ábhartha, de réir mar is gá ([1]); agus

(b) seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí cúnta eile ([2]), cé is moite d'idirghabháil, agus teistiméireacht chreidmheasa agus anailís a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile, dá dtagraítear i bhfomhír (e)(ii)(L) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe).

([1]) Tá na Páirtithe ar aon intinn, má bhaineann sonraí pearsanta leis an bhfaisnéis airgeadais nó leis an bpróiseáil sonraí airgeadais dá dtagraítear i bhfomhír (a), go ndéanfar na sonraí pearsanta sin a láimhseáil i gcomhréir le dlí ábhartha Mheicsiceo maidir le cosaint sonraí den sórt sin.

([2]) Tá na Páirtithe ar aon intinn nach gcuimsítear le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile na seirbhísí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (e)(ii)(A) go (e)(ii)(K) d'Airteagal 18.1 (Sainmhínithe).

IARSCRÍBHINN 21-A

SOLÁTHAR FAOI CHUMHDACH AN AONTAIS EORPAIGH

ROINN A

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, agus faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo agus na Nótaí Ginearálta i Roinn H, tá feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le heintitis soláthair an Aontais agus údaráis chonarthacha a Bhallstát a liostaítear sa Roinn seo, má tá luach na soláthairtí cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó má sháraíonn sé iad:

(a) 130 000 Ceart Tarraingthe Speisialta (CTS) le haghaidh earraí a shonraítear i Roinn D agus le haghaidh seirbhísí a shonraítear i Roinn E; agus

(b) 5 000 000 CTS le haghaidh seirbhísí foirgníochta a shonraítear i Roinn F agus lamháltais oibreacha a shonraítear i Roinn G.

1. EINTITIS DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH

(a) Comhairle an Aontais Eorpaigh

(b) An Coimisiún Eorpach

(c) An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)

2. ÚDARÁIS CHONARTHACHA NA mBALLSTÁT

AN BHEILG

A Services publics fédéraux – Federale Overheidsdiensten:

1. SPF Chancellerie du Premier Ministre – FOD Kanselarij van de Eerste Minister

2. SPF Personnel et Organisation – FOD Kanselarij Personeel en Organisatie

3. SPF Budget et Contrôle de la Gestion – FOD Budget en Beheerscontrole

4. SPF Technologie de l'Information et de la Communication (Fedict) – FOD Informatie- en Communicatietechnologie (Fedict)

5. SPF Affaires étrangères, Commerce extérieur et Coopération au Développement – FOD Buitenlandse Zaken, Buitenlandse Handel en Ontwikkelingssamenwerking

6. SPF Intérieur – FOD Binnenlandse Zaken

7. SPF Finances – FOD Financiën

8. SPF Mobilité et Transports – FOD Mobiliteit en Vervoer

9. SPF Emploi, Travail et Concertation sociale – FOD Werkgelegenheid, Arbeid en sociaal overleg

10. SPF Sécurité Sociale et Institutions publiques de Sécurité Sociale – FOD Sociale Zekerheid en Openbare Instellingen van sociale Zekerheid

11. SPF Santé publique, Sécurité de la Chaîne alimentaire et Environnement – FOD Volksgezondheid, Veiligheid van de Voedselketen en Leefmilieu

12. SPF Justice – FOD Justitie

13. SPF Economie, PME, Classes moyennes et Energie – FOD Economie, KMO, Middenstand en Energie

14. Ministère de la Défense – Ministerie van Landsverdediging

15. Service public de programmation Intégration sociale, Lutte contre la pauvreté et Economie sociale – Programmatorische Overheidsdienst Maatschappelijke Integratie, armoedsbestrijding en sociale Economie

16. Service public fédéral de Programmation Développement durable – Programmatorische federale Overheidsdienst Duurzame Ontwikkeling

17. Service public fédéral de Programmation Politique scientifique – Programmatorische federale Overheidsdienst Wetenschapsbeleid

B Régie des Bâtiments – Regie der Gebouwen:

1. Office national de Sécurité sociale – Rijksdienst voor sociale Zekerheid

2. Institut national d'Assurance sociales pour travailleurs indépendants – Rijksinstituut voor de sociale Verzekeringen der Zelfstandigen

3. Institut national d'Assurance Maladie-Invalidité – Rijksinstituut voor Ziekte – en Invaliditeitsverzekering

4. Office national des Pensions – Rijksdienst voor Pensioenen

5. Caisse auxiliaire d'Assurance Maladie-Invalidité – Hulpkas voor Ziekte-en Invaliditeitsverzekering

6. Fond des Maladies professionnelles – Fonds voor Beroepsziekten

7. Office national de l'Emploi – Rijksdienst voor Arbeidsvoorziening

8. La Poste ([1]) – De Post

([1]) Gníomhaíochtaí poist de réir acht an 24 Nollaig 1993.

AN BHULGÁIR

1. Администрация на Народното събрание (Údarás an Chomhthionóil Náisiúnta)

2. Администрация на Президента (Údarás an Uachtaráin)

3. Администрация на Министерския съвет (Údarás Chomhairle na nAirí)

4. Конституционен съд (An Chúirt Bhunreachtúil)

5. Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire)

6. Министерство на външните работи (An Aireacht Gnóthaí Eachtracha)

7. Министерство на вътрешните работи (An Aireacht Gnóthaí Baile)

8. Министерство на извънредните ситуации (An Aireacht Cásanna Éigeandála)

9. Министерство на държавната администрация и административната реформа (An Aireacht Riaracháin Stáit agus Athchóirithe Riaracháin)

10. Министерство на земеделието и храните (An Aireacht Talmhaíochta agus Bia)

11. Министерство на здравеопазването (An Aireacht Sláinte)

12. Министерство на икономиката и енергетиката (An Aireacht Geilleagair agus Fuinnimh)

13. Министерство на културата (An Aireacht Cultúir)

14. Министерство на образованието и науката (An Aireacht Oideachais agus Eolaíochta)

15. Министерство на околната среда и водите (An Aireacht Comhshaoil agus Uisce)

16. Министерство на отбраната (An Aireacht Cosanta)

17. Министерство на правосъдието (An Aireacht Dlí agus Cirt)

18. Министерство на регионалното развитие и благоустройството (An Aireacht Forbartha Réigiúnaí agus Oibreacha Poiblí)

19. Министерство на транспорта (An Aireacht Iompair)

20. Министерство на труда и социалната политика (An Aireacht Saothair agus Beartais Shóisialta)

21. Министерство на финансите (An Aireacht Airgeadais)

22. държавни агенции, държавни комисии, изпълнителни агенции и други държавни институции, създадени със закон или с постановление на Министерския съвет, които имат функции във връзка с осъществяването на изпълнителната власт (gníomhaireachtaí stáit, coimisiúin stáit, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus údaráis stáit eile a bhunaítear le dlí nó le foraithne ó Chomhairle na nAirí a bhfuil feidhm aige a bhaineann le cumhacht feidhmiúcháin a fheidhmiú)

23. Агенция за ядрено регулиране (An Ghníomhaireacht um Rialáil Núicléach)

24. Държавна комисия за енергийно и водно регулиране (An Coimisiún Stáit um Rialú Fuinnimh agus Uisce)

25. Държавна комисия по сигурността на информацията (An Coimisiún Stáit um Shlándáil Faisnéise)

26. Комисия за защита на конкуренцията (An Coimisiún um Chosaint na hIomaíochta)

27. Комисия за защита на личните данни (An Coimisiún um Chosaint Sonraí Pearsanta)

28. Комисия за защита от дискриминация (An Coimisiún um Chosaint ar an Idirdhealú)

29. Комисия за регулиране на съобщенията (An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide)

30. Комисия за финансов надзор (An Coimisiún um Maoirseacht Airgeadais)

31. Патентно ведомство на Република България (Oifig Paitinní Phoblacht na Bulgáire)

32. Сметна палата на Република България (Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire)

33. Агенция за приватизация (An Ghníomhaireacht um Príobháidiú)

34. Агенция за следприватизационен контрол (An Ghníomhaireacht um Rialú Iar-Phríobháidithe)

35. Български институт по метрология (Institiúid Méadreolaíochta na Bulgáire)

36. Държавна агенция ‘Архиви’ (Gníomhaireacht Stáit na gCartlann)

37. Държавна агенция ‘Държавен резерв и военновременни запаси’ (An Ghníomhaireacht Stáit um an gCúlchiste Stáit agus Stoic Chogaidh)

38. Държавна агенция за бежанците (An Ghníomhaireacht Stáit um Dhídeanaithe)

39. Държавна агенция за българите в чужбина (An Ghníomhaireacht Stáit um Bulgáraigh ar an gCoigríoch)

40. Държавна агенция за закрила на детето (An Ghníomhaireacht Stáit um Chosaint Leanaí)

41. Държавна агенция за информационни технологии и съобщения (An Ghníomhaireacht Stáit um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)

42. Държавна агенция за метрологичен и технически надзор (An Ghníomhaireacht Stáit um Fhaireachas Méadreolaíoch agus Teicniúil)

43. Държавна агенция за младежта и спорта (An Ghníomhaireacht Stáit um an Óige agus Spóirt)

44. Държавна агенция по туризма (An Ghníomhaireacht Stáit Turasóireachta)

45. Държавна комисия по стоковите борси и тържища (An Coimisiún Stáit um Malartú Tráchtearraí agus Margaí)

46. Институт по публична администрация и европейска интеграция (An Institiúid um Riarachán Poiblí agus Lánpháirtíocht Eorpach)

47. Национален статистически институт (An Oifig Staidrimh Náisiúnta)

48. Агенция 'Митници' (An Ghníomhaireacht Custaim)

49. Агенция за държавна и финансова инспекция (An Ghníomhaireacht um Chigireacht ar an Airgeadas Poiblí)

50. Агенция за държавни вземания (An Ghníomhaireacht Stáit um Bailiú Infháltas)

51. Агенция за социално подпомагане (An Ghníomhaireacht um Chúnamh Sóisialta)

52. Държавна агенция 'Национална сигурност' (An Ghníomhaireacht Stáit um Shlándáil Náisiúnta)

53. Агенция за хората с увреждания (An Ghníomhaireacht um Dhaoine faoi Mhíchumas)

54. Агенция по вписванията (Gníomhaireacht na Clárlainne)

55. Агенция по енергийна ефективност (An Ghníomhaireacht um Éifeachtúlacht Fuinnimh)

56. Агенция по заетостта (An Ghníomhaireacht Fostaíochta)

57. Агенция по геодезия, картография и кадастър (Gníomhaireacht na Geodasaíochta, na Cartagrafaíochta agus an Chadastair)

58. Агенция по обществени поръчки (An Ghníomhaireacht um Sholáthar Poiblí)

59. Българска агенция за инвестиции (Gníomhaireacht Infheistíochta na Bulgáire)

60. Главна дирекция 'Гражданска въздухоплавателна администрация' (Ard-Stiúrthóireacht Údarás na hEitlíochta Sibhialta)

61. Дирекция за национален строителен контрол (An Stiúrthóireacht um Maoirseacht Náisiúnta ar an bhFoirgníocht)

62. Държавна комисия по хазарта (An Coimisiún Stáit um Chearrbhachas)

63. Изпълнителна агенция 'Автомобилна администрация' (Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Údaráis Gluaisteán)

64. Изпълнителна агенция 'Борба с градушките' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Chloichshneachta a Chosc)

65. Изпълнителна агенция 'Българска служба за акредитация' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Sheirbhís Creidiúnaithe na Bulgáire)

66. Изпълнителна агенция 'Главна инспекция по труда' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Chigireacht Ghinearálta Saothair)

67. Изпълнителна агенция 'Железопътна администрация' (Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Údaráis Iarnróid)

68. Изпълнителна агенция ‘Морска администрация’ (Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Údaráis Mhuirí)

69. Изпълнителна агенция ‘Национален филмов център’ (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um an Lárionad Náisiúnta Scannán)

70. Изпълнителна агенция ‘Пристанищна администрация’ (Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Údaráis Calafoirt)

71. Изпълнителна агенция ‘Проучване и поддържане на река Дунав’ (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um an Danóib a Thaiscéaladh agus a Chothabháil)

72. Фонд ‘Републиканска пътна инфраструктура’ (An Ciste Náisiúnta Bonneagair)

73. Изпълнителна агенция за икономически анализи и прогнози (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Anailís agus Réamhaisnéis Eacnamaíoch)

74. Изпълнителна агенция за насърчаване на малките и средни предприятия (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide a Chur Chun Cinn)

75. Изпълнителна агенция по лекарствата (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Chógais)

76. Изпълнителна агенция по лозата и виното (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhíniúnacha agus Fíon)

77. Изпълнителна агенция по околна среда (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um an gComhshaol)

78. Изпълнителна агенция по почвените ресурси (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Acmhainní Ithreach)

79. Изпълнителна агенция по рибарство и аквакултури (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iascach agus an Dobharshaothrú)

80. Изпълнителна агенция по селекция и репродукция в животновъдството (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Roghnú agus Atáirgeadh san Fheirmeoireacht Ainmhithe)

81. Изпълнителна агенция по сортоизпитване, апробация и семеконтрол (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thástáil ar Chineálacha Plandaí, Iniúchadh Allamuigh agus Rialú Síolta)

82. Изпълнителна агенция по трансплантация (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thrasphlandú)

83. Изпълнителна агенция по хидромелиорации (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Uisciú)

84. Комисията за защита на потребителите (An Coimisiún um Chosaint Tomhaltóirí)

85. Контролно-техническата инспекция (An Chigireacht um Rialú Teicniúil)

86. Национална агенция за приходите (An Ghníomhaireacht Ioncaim Náisiúnta)

87. Национална ветеринарномедицинска служба (An tSeirbhís Náisiúnta Tréidliachta)

88. Национална служба за растителна защита (An tSeirbhís Náisiúnta um Chosaint Plandaí)

89. Национална служба по зърното и фуражите (An tSeirbhís Náisiúnta Gráin agus Beatha)

90. Държавна агенция по горите (An Ghníomhaireacht Stáit um Fhoraoiseacht)

91. Висшата атестационна комисия (An Coimisiún Ardcháilíochtaí)

92. Национална агенция за оценяване и акредитация (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Meastóireacht agus Creidiúnú)

93. Националната агенция за професионално образование и обучение (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint)

94. Национална комисия за борба с трафика на хора (Coimisiún Náisiúnta Frithgháinneála na Bulgáire)

95. Дирекция 'Материално-техническо осигуряване и социално обслужване' на Министерство на вътрешните работи (An Stiúrthóireacht um Thacaíocht Ábhartha agus Theicniúil agus um Sheirbhísí Sóisialta de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile)

96. Дирекция 'Оперативно издирване' на Министерство на вътрешните работи (An Stiúrthóireacht um Imscrúduithe Oibríochtúla de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile)

97. Дирекция 'Финансово-ресурсно осигуряване' на Министерство на вътрешните работи (An Stiúrthóireacht um Sholáthar Airgeadais agus Acmhainní de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile)

98. Изпълнителна агенция 'Военни клубове и информация' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Chumainn agus Faisnéis Mhíleata)

99. Изпълнителна агенция 'Държавна собственост на Министерството на отбраната' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Maoin Stáit de chuid na hAireachta Cosanta)

100. Изпълнителна агенция 'Изпитвания и контролни измервания на въоръжение, техника и имущества' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thástáil agus Rialú Arm, Trealaimh agus Maoine)

101. Изпълнителна агенция 'Социални дейности на Министерството на отбраната' (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Ghníomhaíochtaí Sóisialta de chuid na hAireachta Cosanta)

102. Национален център за информация и документация (An Lárionad Náisiúnta um Fhaisnéis agus Doiciméadacht)

103. Национален център по радиобиология и радиационна защита (An Lárionad Náisiúnta um Radaibhitheolaíocht agus Cosaint ar Radaíocht)

104. Национална служба 'Полиция' (Oifig Náisiúnta na bPóilíní)

105. Национална служба 'Пожарна безопасност и защита на населението' (An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus um Chosaint an Phobail)

106. Национална служба за съвети в земеделието (An tSeirbhís Náisiúnta Chomhairleach Talmhaíochta)

107. Служба 'Военна информация' (An tSeirbhís Faisnéise Míleata)

108. Служба 'Военна полиция' (Na Póilíní Airm)

109. Авиоотряд 28 (Aerscuad 28)

AN tSEICIA

1. Ministerstvo dopravy (An Aireacht Iompair)
2. Ministerstvo financí (An Aireacht Airgeadais)
3. Ministerstvo kultury (An Aireacht Cultúir)
4. Ministerstvo obrany (An Aireacht Cosanta)
5. Ministerstvo pro místní rozvoj (An Aireacht Forbartha Réigiúnaí)
6. Ministerstvo práce a sociálních věcí (An Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta)
7. Ministerstvo průmyslu a obchodu (An Aireacht Tionscail agus Trádála)
8. Ministerstvo spravedlnosti (An Aireacht Dlí agus Cirt)
9. Ministerstvo školství, mládeže a tělovýchovy (An Aireacht Oideachais, Óige agus Spóirt)
10. Ministerstvo vnitra (An Aireacht Gnóthaí Baile)
11. Ministerstvo zahraničních věcí (An Aireacht Gnóthaí Eachtracha)
12. Ministerstvo zdravotnictví (An Aireacht Sláinte)
13. Ministerstvo zemědělství (An Aireacht Talmhaíochta)
14. Ministerstvo životního prostředí (An Aireacht Comhshaoil)
15. Poslanecká sněmovna PČR (Teach na dTeachtaí de chuid Pharlaimint Phoblacht na Seice)
16. Senát PČR (Seanad Pharlaimint Phoblacht na Seice)
17. Kancelář prezidenta (Oifig an Uachtaráin)
18. Český statistický úřad (Oifig Staidrimh na Seice)
19. Český úřad zeměměřičský a katastrální (Oifig na Seice um Shuirbhéireacht, Mapáil agus um an gCadastar)
20. Úřad průmyslového vlastnictví (An Oifig Maoine Tionsclaíche)
21. Úřad pro ochranu osobních údajů (An Oifig um Chosaint Sonraí Pearsanta)
22. Bezpečnostní informační služba (An tSeirbhís Faisnéise Slándála)
23. Národní bezpečnostní úřad (An tÚdarás um Shlándáil Náisiúnta)
24. Česká akademie věd (Acadamh Eolaíochtaí Phoblacht na Seice)
25. Vězeňská služba (An tSeirbhís Príosúin)
26. Český báňský úřad (Údarás Mianadóireachta na Seice)

27. Úřad pro ochranu hospodářské soutěže (An Oifig um Chosaint na hIomaíochta)

28. Správa státních hmotných rezerv (An tÚdarás um Chúltaca Bunábhar an Stáit)

29. Státní úřad pro jadernou bezpečnost (Oifig an Stáit um Shábháilteacht Núicléach)

30. Energetický regulační úřad (An Oifig um Rialáil Fuinnimh)

31. Úřad vlády České republiky (Oifig Rialtas Phoblacht na Seice)

32. Ústavní soud (An Chúirt Bhunreachtúil)

33. Nejvyšší soud (An Chúirt Uachtarach)

34. Nejvyšší správní soud (An Chúirt Riaracháin Uachtarach)

35. Nejvyšší státní zastupitelství (Oifig an Ard-Ionchúisitheora Phoiblí)

36. Nejvyšší kontrolní úřad (An Ard-Oifig Iniúchóireachta)

37. Kancelář Veřejného ochránce práv (Oifig Chosantóir Poiblí na gCeart)

38. Grantová agentura České republiky (Gníomhaireacht Deontas Phoblacht na Seice)

39. Státní úřad inspekce práce (An Oifig Stáit um Chigireacht Saothair)

40. Český telekomunikační úřad (Oifig Teileachumarsáide na Seice)

41. Ředitelství silnic a dálnic ČR (ŘSD) (Stiúrthóireacht Bóithre agus Mótarbhealaí Phoblacht na Seice)

AN DANMHAIRG

1. Folketinget (Parlaimint na Danmhairge)

2. Rigsrevisionen (An Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta)

3. Statsministeriet (Oifig an Phríomh-Aire)

4. Udenrigsministeriet (An Aireacht Gnóthaí Eachtracha)

5. Beskæftigelsesministeriet - 5 styrelser og institutioner (An Aireacht Fostaíochta – 5 ghníomhaireacht agus institiúid)

6. Domstolsstyrelsen (Údarás na gCúirteanna)

7. Finansministeriet - 5 styrelser og institutioner (An Aireacht Airgeadais – 5 ghníomhaireacht agus institiúid)

8. Beskæftigelsesministeriet - 5 styrelser og institutioner (An Aireacht Cosanta – 5 ghníomhaireacht agus institiúid)

9. Ministeriet for Sundhed og Forebyggelse - Adskillige styrelser og institutioner, herunder Statens Serum Institut (An Aireacht Gnóthaí Baile agus Sláinte – Roinnt gníomhaireachtaí agus institiúidí, lena n-áirítear Statens Serum Institut)

10. Justitsministeriet - Rigspolitichefen, anklagemyndigheden samt 1 direktorat og et antal styrelser (An Aireacht Dlí agus Cirt – Coimisinéir na bPóilíní, aon stiúrthóireacht amháin agus roinnt gníomhaireachtaí)

11. Kirkeministeriet - 10 stiftsøvrigheder (An Aireacht Gnóthaí Eaglasta – 10 n-údarás deoise)

12. Kulturministeriet - 4 styrelser samt et antal statsinstitutioner (An Aireacht Chultúir – 4 roinn agus roinnt institiúidí)

13. Miljøministeriet - 5 styrelser (An Aireacht Comhshaoil – cúig ghníomhaireacht)

14. Ministeriet for Flygtninge, Invandrere og Integration – 1 styrelse (An Aireacht Gnóthaí Dídeanaithe, Inimirce agus Lánpháirtíochta – aon ghníomhaireacht amháin)

15. Ministeriet for Fødevarer, Landbrug og Fiskeri - 4 direktorater og institutioner (An Aireacht Bia, Talmhaíochta agus Iascaigh – 4 stiúrthóireacht agus institiúid)

16. Ministeriet for Videnskab, Teknologi og Udvikling – Adskillige styrelser og institutioner, Forskningscenter Risø og Statens uddannelsesbygninger (An Aireacht Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta – Roinnt gníomhaireachtaí agus institiúidí, lena n-áirítear Saotharlann Náisiúnta Risø agus Foirgnimh Taighde agus Oideachais Náisiúnta na Danmhairge)

17. Skatteministeriet - 1 styrelse og institutioner (An Aireacht Cánachais – aon ghníomhaireacht amháin agus roinnt gníomhaireachtaí)

18. Velfærdsministeriet - 3 styrelser og institutioner (An Aireacht Leasa – 3 ghníomhaireacht agus roinnt institiúidí)

19. Transportministeriet - 7 styrelser og institutioner, herunder Øresundsbrokonsortiet (An Aireacht Iompair –7 ngníomhaireacht agus institiúid, lena n-áirítear Øresundsbrokonsortiet)

20. Undervisningsministeriet - 3 styrelser, 4 undervisningsinstitutioner og 5 andre institutioner (An Aireacht Oideachais – 3 ghníomhaireacht, 4 institiúid oideachais, 5 institiúid eile)

21. Økonomi- og Erhvervsministeriet - Adskillige styrelser og institutioner (An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Gnó – Roinnt gníomhaireachtaí agus institiúidí)

22. Klima- og Energiministeriet - 3 styrelser og institutioner (An Aireacht Aeráide agus Fuinnimh – 3 ghníomhaireacht agus institiúid)

AN GHEARMÁIN

1. Auswärtiges Amt (An Oifig Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha)

2. Bundeskanzleramt (An tSeansailéireacht Chónaidhme)

3. Bundesministerium für Arbeit und Soziales (An Aireacht Cónaidhme Saothair agus Gnóthaí Sóisialta)

4. Bundesministerium für Bildung und Forschung (An Aireacht Cónaidhme Oideachais agus Taighde)

5. Bundesministerium für Ernährung, Landwirtschaft und Verbraucherschutz (An Aireacht Cónaidhme um Bia, Talmhaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí)

6. Bundesministerium der Finanzen (An Aireacht Cónaidhme Airgeadais)

7. Bundesministerium des Innern (An Aireacht Cónaidhme Gnóthaí Baile – earraí sibhialta amháin)

8. Bundesministerium für Gesundheit (An Aireacht Cónaidhme Sláinte)

9. Bundesministerium für Familie, Senioren, Frauen und Jugend (An Aireacht Cónaidhme um Ghnóthaí Teaghlaigh, Seanóirí, Mná agus an Óige)

10. Bundesministerium für Justiz (An Aireacht Cónaidhme Dlí agus Cirt)

11. Bundesministerium für Verkehr, Bau und Stadtentwicklung (An Aireacht Cónaidhme Iompair, Tógála agus Gnóthaí Uirbeacha)

12. Bundesministerium für Wirtschaft und Technologie (An Aireacht Cónaidhme um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus an Teicneolaíocht)

13. Bundesministerium für wirtschaftliche Zusammenarbeit und Entwicklung (An Aireacht Cónaidhme um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíoch)

14. Bundesministerium der Verteidigung (An Aireacht Cónaidhme Cosanta)

15. Bundesministerium für Umwelt, Naturschutz und Reaktorsicherheit (An Aireacht Cónaidhme um an gComhshaol, Caomhnú an Dúlra agus Sábháilteacht Imoibreoirí)

AN EASTÓIN

1. Vabariigi Presidendi Kantselei (Oifig Uachtarán Phoblacht na hEastóine)

2. Eesti Vabariigi Riigikogu (Parlaimint Phoblacht na hEastóine)

3. Eesti Vabariigi Riigikohus (Cúirt Uachtarach Phoblacht na hEastóine)

4. Riigikontroll (Oifig Iniúchóireachta Stáit Phoblacht na hEastóine)

5. Õiguskantsler (An Seansailéir Dlí)

6. Riigikantselei (An tSeansailéireacht Stáit)

7. Rahvusarhiiv (Cartlann Náisiúnta na hEastóine)

8. Haridus- ja Teadusministeerium (An Aireacht Oideachais agus Taighde)

9. Justiitsministeerium (An Aireacht Dlí agus Cirt)

10. Kaitseministeerium (An Aireacht Cosanta)

11. Keskkonnaministeerium (An Aireacht Comhshaoil)

12. Kultuuriministeerium (An Aireacht Cultúir)

13. Majandus- ja Kommunikatsiooniministeerium (An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide)

14. Põllumajandusministeerium (An Aireacht Talmhaíochta)

15. Rahandusministeerium (An Aireacht Airgeadais)

16. Siseministeerium (An Aireacht Gnóthaí Baile)

17. Sotsiaalministeerium (An Aireacht Gnóthaí Sóisialta)

18. Välisministeerium (An Aireacht Gnóthaí Eachtracha)

19. Keeleinspektsioon (An Chigireacht Teanga)

20. Riigiprokuratuur (Oifig an Ionchúisitheora)

21. Teabeamet (An Bord Faisnéise)

22. Maa-amet (Bord Talún na hEastóine)

23. Keskkonnainspektsioon (An Chigireacht Chomhshaoil)

24. Metsakaitse- ja Metsauuenduskeskus (An Lárionad um Chosaint Foraoisí agus Foraoiseolaíocht)

25. Muinsuskaitseamet (An Bord Oidhreachta)

26. Patendiamet (Oifig na bPaitinní)

27. Tehnilise Järelevalve Amet (Údarás na hEastóine um Fhaireachas Teicniúil)

28. Tarbijakaitseamet (An Bord um Chosaint Tomhaltóirí)

29. Riigihangete Amet (An Oifig Soláthair Phoiblí)

30. Taimetoodangu Inspektsioon (An Chigireacht um Tháirgeadh Plandaí)

31. Põllumajanduse Registrite ja Informatsiooni Amet (An Bord um Chláir agus Faisnéis Talmhaíochta)

32. Veterinaar- ja Toiduamet (An Bord Tréidliachta agus Bia)

33. Konkurentsiamet (Údarás Iomaíochta na hEastóine)

34. Maksu –ja Tolliamet (An Bord Cánach agus Custaim)

35. Statistikaamet (Oifig Staidrimh na hEastóine)

36. Kaitsepolitseiamet (Bord na bPóilíní Slándála)

37. Kodakondsus- ja Migratsiooniamet (An Bord Saoránachta agus Imirce)

38. Piirivalveamet (Bord Náisiúnta an Gharda Teorann)

39. Politseiamet (An Bord Náisiúnta Póilíní)

40. Eesti Kohtuekspertiisi ja Instituut (An Lárionad Seirbhíse Fóiréinsí)

41. Keskkriminaalpolitsei (Na Póilíní Coiriúla Láir)

42. Päästeamet (An Bord Tarrthála)

43. Andmekaitse Inspektsioon (Cigireacht na hEastóine um Chosaint Sonraí)

44. Ravimiamet (An Ghníomhaireacht Stáit um Chógais)

45. Sotsiaalkindlustusamet (An Bord Árachais Shóisialta)

46. Tööturuamet (An Bord um Margadh an tSaothair)

47. Tervishoiuamet (An Bord Cúraim Sláinte)

48. Tervisekaitseinspektsioon (An Chigireacht um Chosaint Sláinte)

49. Tööinspektsioon (An Chigireacht Saothair)

50. Lennuamet (Údarás Eitlíochta Sibhialta na hEastóine)

51. Maanteeamet (Údarás Bóithre na hEastóine)

52. Veeteede Amet (An tÚdarás Muirí)

53. Julgestuspolitsei (Na Póilíní Láir um Fhorfheidhmiú an Dlí)

54. Kaitseressursside Amet (An Ghníomhaireacht um Acmhainní Cosanta)

55. Kaitseväe Logistikakeskus (Lárionad Lóistíochta na bhFórsaí Cosanta)

ÉIRE

1. An tUachtarán

2. Tithe an Oireachtais

3. Roinn an Taoisigh

4. An Phríomh-Oifig Staidrimh

5. An Roinn Airgeadais

6. Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7. Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

8. Oifig na nOibreacha Poiblí

9. An tSaotharlann Stáit

10. Oifig an Ard-Aighne

11. Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

12. An Oifig Luachála

13. An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

14. Oifig an Ombudsman

15. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

16. An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

17. An tSeirbhís Cúirteanna

18. Seirbhís Phríosúin na hÉireann

19. Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn

20. An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

21. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

22. An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

23. An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

24. An Roinn Iompair

25. An Roinn Sláinte agus Leanaí

26. An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

27. An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

28. An Roinn Cosanta

29. An Roinn Gnóthaí Eachtracha

30. An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

31. An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta

32. An Chomhairle Ealaíon

33. Dánlann Náisiúnta na hÉireann

AN GHRÉIG

1. Υπουργείο Εσωτερικών (An Aireacht Gnóthaí Baile)

2. Υπουργείο Εξωτερικών (An Aireacht Gnóthaí Eachtracha)

3. Υπουργείο Οικονομίας και Οικονομικών (An Aireacht Geilleagair agus Airgeadais)

4. Υπουργείο Ανάπτυξης (An Aireacht Forbartha)

5. Υπουργείο Δικαιοσύνης (An Aireacht Dlí agus Cirt)

6. Υπουργείο Εθνικής Παιδείας και Θρησκευμάτων (An Aireacht Oideachais agus Reiligiúin)

7. Υπουργείο Πολιτισμού (An Aireacht Cultúir)

8. Υπουργείο Υγείας και Κοινωνικής Αλληλεγγύης (An Aireacht Sláinte agus Dlúthpháirtíochta Sóisialta)

9. Υπουργείο Περιβάλλοντος, Χωροταξίας και Δημοσίων Έργων (An Aireacht Comhshaoil, Pleanála Fisicí agus Oibreacha Poiblí)

10. Υπουργείο Απασχόλησης και Κοινωνικής Προστασίας (An Aireacht Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta)

11. Υπουργείο Μεταφορών και Επικοινωνιών (An Aireacht Iompair agus Cumarsáide)

12. Υπουργείο Αγροτικής Ανάπτυξης και Τροφίμων (An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Bia)

13. Υπουργείο Εμπορικής Ναυτιλίας, Αιγαίου και Νησιωτικής Πολιτικής (An Aireacht um an Loingeas Tráchtála, an Muir Aeigéach agus Beartas na nOileán)

14. Υπουργείο Μακεδονίας- Θράκης (An Aireacht um an Macadóin agus an Tráicia)

15. Γενική Γραμματεία Επικοινωνίας (An Ardrúnaíocht Chumarsáide)

16. Γενική Γραμματεία Ενημέρωσης (An Ardrúnaíocht Faisnéise)

17. Γενική Γραμματεία Νέας Γενιάς (An Ardrúnaíocht um an Óige)

18. Γενική Γραμματεία Ισότητας (An Ardrúnaíocht Chomhionannais)

19. Γενική Γραμματεία Κοινωνικών Ασφαλίσεων (An Ardrúnaíocht um Shlándáil Shóisialta)

20. Γενική Γραμματεία Απόδημου Ελληνισμού (An Ardrúnaíocht um Ghréagaigh a bhfuil Cónaí Orthu ar an gCoigríoch)

21. Γενική Γραμματεία Βιομηχανίας (An Ardrúnaíocht Tionsclaíochta)

22. Γενική Γραμματεία Έρευνας και Τεχνολογίας (An Ardrúnaíocht um Thaighde agus Teicneolaíocht)

23. Γενική Γραμματεία Αθλητισμού (An Ardrúnaíocht um Spórt)

24. Γενική Γραμματεία Δημοσίων Έργων (An Ardrúnaíocht um Oibreacha Poiblí)

25. Γενική Γραμματεία Εθνικής Στατιστικής Υπηρεσίας Ελλάδος (An tSeirbhís Náisiúnta Staidrimh)

26. Εθνικό Συμβούλιο Κοινωνικής Φροντίδας (An Chomhairle Náisiúnta Leasa)

27. Οργανισμός Εργατικής Κατοικίας (An Eagraíocht um Thithíocht na nOibrithe)

28. Εθνικό Τυπογραφείο (An Oifig Náisiúnta Clódóireachta)

29. Γενικό Χημείο του Κράτους (An Ard-Saotharlann Stáit)

30. Ταμείο Εθνικής Οδοποιίας (Ciste Mórbhealaí na Gréige)

31. Εθνικό Καποδιστριακό Πανεπιστήμιο Αθηνών (Ollscoil na hAithne)

32. Αριστοτέλειο Πανεπιστήμιο Θεσσαλονίκης (Ollscoil Thessaloniki)

33. Δημοκρίτειο Πανεπιστήμιο Θράκης (Ollscoil na Tráicia)

34. Πανεπιστήμιο Αιγαίου (Ollscoil na Mara Aeigéiche)

35. Πανεπιστήμιο Ιωαννίνων (Ollscoil Ioannina)

36. Πανεπιστήμιο Πατρών (Ollscoil Patras)

37. Πανεπιστήμιο Μακεδονίας (Ollscoil na Macadóine)

38. Πολυτεχνείο Κρήτης (Scoil Pholaiteicnice na Créite)

39. Σιβιτανίδειος Δημόσια Σχολή Τεχνών και Επαγγελμάτων (Ceardscoil Sivitanidios)

40. Αιγινήτειο Νοσοκομείο (Ospidéal Eginitio)

41. Αρεταίειο Νοσοκομείο (Ospidéal Areteio)

42. Εθνικό Κέντρο Δημόσιας Διοίκησης (An Lárionad Náisiúnta um Riarachán Poiblí)

43. Οργανισμός Διαχείρισης Δημοσίου Υλικού (Α.Ε. An Eagraíocht um Bainistíocht Ábhar Poiblí)

44. Οργανισμός Γεωργικών Ασφαλίσεων (An Eagraíocht um Árachas Feirmeoirí)

45. Οργανισμός Σχολικών Κτιρίων (An Eagraíocht um Thógáil Scoileanna)

46. Γενικό Επιτελείο Στρατού (Foireann Ghinearálta an Airm)

47. Γενικό Επιτελείο Ναυτικού (Foireann Ghinearálta an Chabhlaigh)

1. Cuirfidh an tAontas Eorpach tairiscint ar fáil do Mheicsiceo maidir le cumhdach na n-eintiteas soláthair sa Roinn seo a leathnú díreach tar éis an tairiscint a fháil a chuir Meicsiceo ar fáil i gcomhréir le mír 12 de na Nótaí a ghabhann le Roinn B d'Iarscríbhinn 21-B (Soláthar faoi Chumhdach Mheicsiceo).

2. Tar éis an mhalartaithe tairiscintí dá dtagraítear i mír 1 de na Nótaí seo, déanfaidh an Fochoiste um Sholáthar Poiblí arna bhunú le fomhír 1(j) d'Airteagal 33.4.1 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) measúnú ar choibhéis na rochtana ar an margadh arna dheonú go frithpháirteach agus, má mheasann ionadaithe na bPáirtithe san Fhochoiste sin gur coibhéiseach an rochtain a tairgeadh ar an margadh, ullmhóidh sé cinneadh don Chomhairle Trádála, i gcomhréir le fomhír (b) d'Airteagal 21.19 (an Fochoiste um Sholáthar Poiblí), ar cinneadh é lena bhforáiltear do na modhnuithe is gá ar an Roinn seo.

3. Glacfaidh an Chomhairle Trádála an cinneadh lena modhnófar an Roinn seo laistigh de 6 mhí, faoi réir thabhairt i gcrích nósanna imeachta inmheánacha gach Páirtí.

ROINN C

EINTITIS EILE

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, agus faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo agus na Nótaí Ginearálta i Roinn H, tá feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir leis na heintitis soláthair a chumhdaítear le mír 2 den Roinn seo, má tá luach na soláthairtí cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó má sháraíonn sé iad:

(a) 400 000 CTS le haghaidh earraí a shonraítear i Roinn D agus le haghaidh seirbhísí a shonraítear i Roinn E; agus

(b) 5 000 000 CTS le haghaidh oibreacha foirgníochta a shonraítear i Roinn F.

2. Cumhdaítear leis an Roinn seo na heintitis soláthair uile a gcumhdaítear a soláthar le Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ar údaráis chonarthacha iad de bhun na Treorach sin, lena n-áirítear na húdaráis sin a chumhdaítear faoi Roinn A nó B, nó atá incháilithe mar ghnóthais phoiblí ([5]), agus ar ceann dá gcuid gníomhaíochtaí aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear thíos nó aon mheascán de na gníomhaíochtaí sin:

(a) líonraí fosaithe a sholáthar nó a oibriú a bheartaítear chun seirbhís a sholáthar don phobal i dtaca le huisce óil a tháirgeadh, a iompar nó a dháileadh nó le huisce óil a sholáthar do líonraí den sórt sin;

([4]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis atá ag feidhmiú sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO AE L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([5]) De réir Threoir 2014/25/AE, ciallaíonn 'gnóthas poiblí' aon ghnóthas a bhféadfadh na húdaráis chonarthacha tionchar ceannasach a imirt air go díreach nó go hindíreach de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é. Toimhdeofar go bhfuil tionchar ceannasach ag na húdaráis chonarthacha i gcás ina mbíonn an méid seo a leanas i gceist, go díreach nó go hindíreach, i ndáil le gnóthas:
(a) tá tromlach chaipiteal suibscríofa an ghnóthais i seilbh na n-údarás conarthach, nó
(b) rialaíonn na húdaráis chonarthacha tromlach na vótaí a ghabhann le scaireanna arna n-eisiúint ag an ngnóthas, nó
(c) is féidir leis na húdaráis chonarthacha níos mó ná leath de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais a cheapadh.

(b) líonraí fosaithe a sholáthar nó a oibriú a bheartaítear chun seirbhís a sholáthar don phobal i dtaca le leictreachas a tháirgeadh, a iompar nó a dháileadh nó le leictreachas a sholáthar do líonraí den sórt sin;

(c) saoráidí aerfoirt nó saoráidí eile críochfoirt a sholáthar d'aeriompróirí;

(d) saoráidí calafoirt mhuirí nó intíre nó saoráidí eile críochfoirt a sholáthar do mhuiriompróirí nó d'iompróirí ar uiscebhealach intíre; nó

(e) líonraí a sholáthar nó a oibriú ([6]), ar líonraí iad lena soláthraítear seirbhís don phobal i réimse an iompair trí iarnród uirbeach, córais uathoibrithe, bealaí tram, bus tralaí, bus nó cábla.

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN C

1. Conarthaí a dhámhtar chun gníomhaíocht a liostaítear i bhfomhíreanna 2(a) go 2(e) den Roinn seo a shaothrú, ní chumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) iad más rud é go bhfuil an ghníomhaíocht neamhchosanta ar iomaíocht sa mhargadh lena mbaineann.

2. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis soláthair a chumhdaítear faoin Roinn seo chun na gcríoch seo a leanas:

(a) uisce a cheannach agus fuinneamh nó breoslaí a sholáthar chun fuinneamh a tháirgeadh;

(b) críocha seachas a ngníomhaíochtaí a shaothrú mar a liostaítear i bhfomhíreanna 2(a) go 2(e) den Roinn seo nó chun na gníomhaíochtaí sin a shaothrú i dtír lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch; nó

(c) athdhíol nó ligean ar fruiliú do thríú páirtithe, ar choinníoll nach mbeidh aon cheart speisialta ná eisiach ag an eintiteas soláthair chun ábhar na gconarthaí sin a dhíol nó a ligean ar fruiliú agus go mbeidh eintitis eile saor chun é a dhíol nó a ligean ar fruiliú faoi na coinníollacha céanna atá ag an eintiteas soláthair.

3. I dtaca le soláthar uisce óil nó leictreachais ag eintiteas soláthair seachas údarás conarthach do líonraí lena soláthraítear seirbhís don phobal, ní bhreithneofar é sin ina ghníomhaíocht de réir bhrí Nóta 2(a) nó 2(b) sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina dtarlaíonn táirgeadh an uisce óil nó an leictreachais ag an eintitis lena mbaineann toisc go bhfuil gá le hídiú an uisce nó an leictreachais sin chun gníomhaíocht a dhéanamh seachas na gníomhaíochtaí sin a liostaítear i bhfomhíreanna 2(a) go 2(e) den Roinn seo; agus

(b) i gcás ina mbraitheann an soláthar don líonra poiblí ar ídiú an ábhair sin ag an eintiteas féin agus air sin amháin, agus nár mhó ná 30 % é den mhéid iomlán uisce óil nó fuinnimh a tháirgeann an t-eintiteas, ag féachaint don mhéid ar an meán le 3 bliana roimhe, lena n-áirítear an bhliain atá ann faoi láthair.

([6]) A mhéid a bhaineann le seirbhísí iompair, measfar gurb ann do líonra i gcás ina soláthraítear an tseirbhís faoi choinníollacha oibriúcháin arna leagan síos ag údarás inniúil de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail coinníollacha maidir leis na bealaí a mbeidh freastal le déanamh orthu, an toilleadh a bheidh le cur ar fáil nó minicíocht na seirbhíse.

4. Ar choinníoll, i dtaca le 80 % ar a laghad de mheánláimhdeachas an fhiontair chleamhnaithe i leith seirbhísí nó soláthairtí le haghaidh na 3 bliana roimhe, go dtagann an láimhdeachas sin as na seirbhísí nó na soláthairtí sin a sholáthar d'fhiontair lena bhfuil sé cleamhnaithe ([7]), ní bheidh feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le conarthaí seirbhíse nó soláthair arna ndámhachtain:

(a) ag eintiteas soláthair do ghnóthas cleamhnaithe ([8]); nó

(b) ag comhfhiontar, arna dhéanamh go heisiach ag roinnt eintiteas soláthair chun gníomhaíochtaí a dhéanamh de réir bhrí fhomhíreanna 2(a) go 2(e) den Roinn seo, d'fhiontar atá cleamhnaithe le ceann de na heintitis soláthair sin.

5. Ar choinníoll go mbeidh an comhfhiontar curtha ar bun chun an ghníomhaíocht lena mbaineann a dhéanamh ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad agus go sonrófar leis an ionstraim lenar cuireadh an comhfhiontar ar bun go mbeidh na heintitis soláthair lena ndéantar an comhfhiontar ina gcuid den chomhfhiontar sin ar feadh na tréimhse céanna ar a laghad, níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le conarthaí arna ndámhachtain:

(a) ag comhfhiontar, arna dhéanamh go heisiach ag roinnt eintiteas soláthair chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a liostaítear i bhfomhíreanna 2(a) go 2(e) den Roinn seo, do cheann de na heintitis soláthair sin; nó

(b) ag eintiteas soláthair do chomhfhiontar den sórt sin ar cuid den chomhfhiontar sin an t-eintiteas soláthair.

ROINN D

EARRAÍ

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i Roinn H, cumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) soláthar na n-earraí uile arna soláthar ag na heintitis soláthair a shonraítear i Ranna A go C.

2. D'ainneoin mhír 1, i gcás earraí arna soláthar ag Aireachtaí Cosanta agus Gníomhaireachtaí le haghaidh gníomhaíochtaí cosanta nó slándála sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa tSeicia, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, san Eastóin, in Éirinn, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Chróit, san Iodáil, sa Chipir, sa Laitvia, sa Liotuáin, i Lucsamburg, san Ungáir, i Málta, san Ísiltír, san Ostair, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa Rómáin, sa tSlóivéin, sa tSlóvaic, san Fhionlainn agus sa tSualainn, ní chumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) ach na hearraí a dtugtar tuairisc orthu i gCaibidlí na hAinmníochta Comhcheangailte a shonraítear thíos:

Caibidil 25: Salann; sulfar; cré agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin

Caibidil 26: Mianta, slaig agus luaith

([7]) Nuair nach bhfuil an láimhdeachas ar fáil do na 3 bliana roimhe sin, mar gheall ar an dáta a cruthaíodh nó a thosaigh fiontar cleamhnaithe, is leor don fhiontar sin a léiriú go bhfuil an láimhdeachas dá dtagraítear sa nóta seo inchreidte, go háirithe trí bhíthin réamh-mheastacháin ghnó.

([8]) Ciallaíonn an téarma 'fiontar cleamhnaithe' aon fhiontar a ndéantar a chuntais bhliantúla a chomhdhlúthú le cuntais bhliantúla an eintitis soláthair i gcomhréir le ceanglais Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO AE L 182, 29.6.2013, lch. 19), nó i gcás eintiteas nach bhfuil faoi réir na Treorach sin, aon fhiontar ar a bhféadfaidh an t-eintiteas soláthair tionchar ceannasach a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, nó atá, mar aon leis an eintiteas soláthair, faoi réir thionchar ceannasach fiontair eile de bhua na húinéireachta, na rannpháirtíochta airgeadais, nó na rialacha lena rialaítear é.

Caibidil 27: Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha

cé is moite de:

ex 27.10: breoslaí innill speisialta

Caibidil 28: Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha agus neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip

cé is moite de:

ex 2808: pléascáin

ex 2813: pléascáin

ex 2814: deoirghás

ex 2825: pléascáin

ex 2829: pléascáin

ex 2834: pléascáin

ex 2844: táirgí tocsaineacha

ex 2845: táirgí tocsaineacha

ex 2847: pléascáin

ex 2852: táirgí tocsaineacha

ex 2853: táirgí tocsaineacha

Caibidil 29: Ceimiceáin orgánacha

cé is moite de:

ex 2904: pléascáin

ex 2905: pléascáin

ex 2908: pléascáin

ex 2909: pléascáin

ex 2912: pléascáin

ex 2913: pléascáin

ex 2914: táirgí tocsaineacha

ex 2915: táirgí tocsaineacha

ex 2916: táirgí tocsaineacha

ex 2920: táirgí tocsaineacha

ex 2921: táirgí tocsaineacha

ex 2922: táirgí tocsaineacha

ex 2933: pléascáin

ex 2926: táirgí tocsaineacha

ex 2928: pléascáin

Caibidil 30: Táirgí cógaisíochta

Caibidil 31: Leasacháin

Caibidil 32: Eastóscáin súdaireachta nó eastóscáin ruaimneoireachta; tainniní agus a ndíorthaigh; ruaimeanna, líocha agus ábhar dathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí, puití agus maisteoga eile; dúigh

Caibidil 33: Blátholaí agus roisíneoidí, ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta

Caibidil 34: Gallúnach, oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasúcháin agus sciúracháin, coinnle agus earraí dá samhail, taos múnlóireachta, 'déadchéaracha' agus ullmhóidí déidliachta de bhunús plástair

Caibidil 35: Substaintí albaimionóideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí

Caibidil 37: Earraí fótagrafacha agus cineamatagrafacha

Caibidil 38: Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha

cé is moite de:

ex 3824: táirgí tocsaineacha

Caibidil 39: Plaistigh agus earraí atá déanta astu

cé is moite de:

ex 3912: pléascáin

Caibidil 40: Rubar agus earraí déanta as rubar

cé is moite de:

ex 4011: boinn philéardhíonacha

Caibidil 41: Seithí agus craicne amha (seachas craicne fionnaidh) agus leathar

Caibidil 42: Earraí leathair; diallatraí agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin chomhchosúla; nithe déanta d'inne ainmhí (seachas inne seiriceáin)

Caibidil 43: Seithí fionnaidh agus fionnadh saorga; earraí monaraithe díobh

Caibidil 44: Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual

Caibidil 45: Corc agus earraí atá déanta as corc

Caibidil 46: Earraí monaraithe de chochán, d'easpartó nó d'ábhair dualaithe eile; cis-earraí agus earraí caolaigh

Caibidil 47: Laíon adhmaid nó laíon ábhair shnáithíneacha cheallalósacha eile; páipéar athshlánaithe nó cairtchlár athshlánaithe (dramhaíl agus fuíoll)

Caibidil 48: Páipéar agus cairtchlár; nithe atá déanta as laíon páipéir, as páipéar nó as cairtchlár

Caibidil 49: Leabhair chlóite, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid thionscal na clódóireachta; lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna

Caibidil 65: Ceannbhearta agus páirteanna díobh

Caibidil 66: Scáthanna fearthainne, scáthanna gréine, bataí siúil, bataí suíocháin, fuipeanna, fuipeanna marcaíochta agus páirteanna díobh

Caibidil 67: Cleití agus clúmh ullmhaithe agus earraí déanta de chleití nó de chlúmh; bláthanna saorga; earraí ó ghruaig dhaonna

Caibidil 68: Earraí déanta as cloch, as plástar, as stroighin, as aispeist, as míoca nó as ábhair chomhchosúla

Caibidil 69: Táirgí ceirmeacha

Caibidil 70: Gloine agus earraí gloine

Caibidil 71: Péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara, miotail lómhara, miotail cumhdaithe le miotail lómhara, agus earraí atá déanta astu; seodra bréige; mona

Caibidil 73: Earraí déanta as iarann nó as cruach

Caibidil 74: Copar agus earraí déanta as copar

Caibidil 75: Nicil agus earraí déanta de nicil

Caibidil 76: Alúmanam agus earraí atá déanta as

Caibidil 77: Maignéisiam agus beirilliam agus earraí atá déanta astu

Caibidil 78: Luaidhe agus earraí déanta as luaidhe

Caibidil 79: Sinc agus earraí déanta as sinc

Caibidil 80: Stán agus earraí eile déanta as stán

Caibidil 81: Táirmhiotail eile; ceirméid; agus earraí atá déanta astu

Caibidil 82: Uirlisí, acraí, sceanra, spúnóga agus foirc, iad déanta as táirmhiotal; páirteanna díobh, iad déanta as táirmhiotal

cé is moite de:

ex 8207: uirlisí déanta as táirmhiotal

ex 8209: uirlisí agus páirteanna díobh, iad déanta as táirmhiotal

Caibidil 83: Earraí ilghnéitheacha de tháirmhiotal

Caibidil 84: Imoibreoirí núicléacha, coirí, innealra agus fearais mheicniúla; páirteanna díobh

cé is moite de:

8407: innill

8408: innill

ex 8411: innill eile

ex 8412: innill eile

ex 8458: innealra

ex 8486: innealra

ex 8471: meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha

ex 8473: páirteanna de mheaisíní atá faoi cheannteideal 8471

ex 8401: imoibreoirí núicléacha

Caibidil 85: Innealra agus trealamh leictreach agus páirteanna díobh; taifeadáin agus atáirgeoirí fuaime, taifeadáin agus atáirgeoirí íomhánna agus fuaime teilifíse, agus páirteanna d'earraí den sórt sin agus gabhálais díobh

cé is moite de:

ex 8517: trealamh cumarsáide

ex 8525: gaireas tarchuir

ex 8527: gaireas tarchuir

Caibidil 86: Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc agus páirteanna díobh; daingneáin riain iarnróid nó trambhealaigh agus feistis agus páirteanna díobh, trealamh comharthaíochta tráchta meicniúil de gach cineál (lena n-áirítear leictrimheicniúil)

cé is moite de:

ex 8601: innill fhéinghluaiste armúrtha, iad leictreach

ex 8603: innill fhéinghluaiste armúrtha eile

ex 8605: vaigíní

ex 8604: vaigíní deisiúcháin

Caibidil 87: Feithiclí seachas rothstoc iarnróid nó trambhealaigh, agus páirteanna agus gabhálais díobh

cé is moite de:

8710: tancanna agus feithiclí armúrtha eile

8701: tarracóirí

ex 8702: feithiclí míleata

ex 8705: leoraithe tarraingthe

ex 8711: gluaisrothair

ex 8716: leantóirí

Caibidil 89: Longa, báid agus déanmhais snámhacha

cé is moite de:

ex 8906: longa cogaidh

Caibidil 90: Ionstraimí agus gairis optúla, fhótagrafacha, chineamatagrafacha, tomhais, seiceála, bheacht-tomhais, leighis nó mháinliachta agus páirteanna díobh

cé is moite de:

ex 9005: déshúiligh

ex 9013: ionstraimí ilghnéitheacha, léasair

ex 9014: teileamhéadair

ex 9028: ionstraimí tomhais leictreacha agus leictreonacha

ex 9030: ionstraimí tomhais leictreacha agus leictreonacha

ex 9031: ionstraimí tomhais leictreacha agus leictreonacha

ex 9012: micreascóip

ex 9018: uirlisí leighis

ex 9019: fearais mheicnitheiripe

ex 9021: fearais ortaipéideacha

ex 9022: gaireas x-ghathaithe

Caibidil 91: Cloig agus uaireadóirí agus páirteanna díobh

Caibidil 92: Gléasanna ceoil; páirteanna agus gabhálais d'earraí den sórt sin

Caibidil 94: Troscán; cóir leapa, tochtanna, tacaí tochta, cúisíní agus feistis líonta dá samhail; lampaí agus feistis soilse, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; comharthaí agus ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí; foirgnimh réamhdhéanta

cé is moite de:

ex 9401: suíocháin aerárthaí

Caibidil 95: Earraí agus earraí monaraithe d'ábhar snoíodóireachta nó múnlaithe

Caibidil 96: Earraí monaraithe ilghnéitheacha

ROINN E

SEIRBHÍSÍ

Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo agus na Nótaí Ginearálta i Roinn H, cumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí), a mhéid a bhaineann le soláthar trí eintiteas soláthair a shonraítear i Ranna A go C, na seirbhísí seo a leanas, arna sainaithint i gcomhréir le hAicmiú Táirgí Lárnach Soláthair na Náisiún Aontaithe (CPC), mar atá in MTN.GNS/W/120:

Seirbhísí	Uimh. thagartha CPC
Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin	6112, 6122, 633, 886
Seirbhísí iompair talún, lena n-áirítear seirbhísí carr armúrtha, agus seirbhísí cúiréireachta, seachas post a iompar	712 (cé is moite de 71235), 7512, 87304
Seirbhísí aeriompair paisinéirí agus lastais, seachas post a iompar	73 (cé is moite de 7321)
Post a iompar de thalamh, cé is moite d'iompar ar iarnród, agus san aer	71235, 7321
Seirbhísí teileachumarsáide	752
Seirbhísí airgeadais	ex 81
(a) Seirbhísí árachais	812, 814
(b) Seirbhísí baincéireachta agus infheistíochta	
Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara	84
Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta	862
Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna	864
Seirbhísí sainchomhairleachta bainistíochta agus seirbhísí gaolmhara	865, 866

Seirbhísí	Uimh. thagartha CPC
Seirbhísí ailtireachta; seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite, seirbhísí pleanála uirbí agus ailtireachta tírdhreacha; seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla; seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla	867
Seirbhísí fógraíochta	871
Seirbhísí glantóireachta foirgneamh agus seirbhísí bainistíochta maoine	874, 82201 go 82206
Seirbhísí foilsitheoireachta agus priontála ar bhonn táille nó conartha	88442
Diúscairt séarachais agus diúscairt bruscair, seirbhísí comhchosúla sláintíochta agus seirbhísí den chineál céanna	94

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN E

1. Soláthar aon cheann de na seirbhísí a chumhdaítear faoin Roinn seo arna dhéanamh ag eintitis soláthair a shonraítear i Ranna A go C, ní soláthar faoi chumhdach é maidir le soláthraí seirbhíse Mheicsiceo ach a mhéid a chumhdaíonn Meicsiceo an tseirbhís sin faoi Roinn E (Seirbhísí) d'Iarscríbhinn 21-B (Soláthar faoi Chumhdach Mheicsiceo).

2. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le seirbhísí nach mór d'eintitis a fháil ó eintiteas eile de bhun ceart eisiach a leagtar síos le dlí, rialachán nó foráil riaracháin atá foilsithe.

3. Maidir le seirbhísí baincéireachta agus infheistíochta, níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fioscaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta i gcomhair institiúidí airgeadais faoi rialáil nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n-áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile. Sa tSualainn, is trí Chóras Poist Gíoró na Sualainne (Postgiro) a dhéanfar idirbhearta a bhaineann le híocaíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais agus uathu.

4. Maidir le seirbhísí a chumhdaítear le CPC 866, níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le seirbhísí eadrána agus idir-réitigh.

ROINN F

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'conradh seirbhísí foirgníochta' conradh a bhfuil sé de chuspóir aige oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach ar cibé bealach, de réir bhrí Rannán 51 de CPC.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i Roinn H, cumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) na seirbhísí foirgníochta uile arna soláthar ag eintitis soláthair a shonraítear i Ranna A go C, a liostaítear i Rannán 51 de CPC.

ROINN G

LAMHÁLTAIS OIBREACHA

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'lamháltas oibreacha' conradh ar mhaithe le leas airgid a thugtar i gcrích i scríbhinn trína gcuireann eintitis soláthair de chúram ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó oibreacha a chur i gcrích, bíodh an breithniú air sin bunaithe ar an gceart leas a bhaint as na hoibreacha is ábhar don chonradh, agus é sin amháin, nó ar an gceart sin maille le híocaíocht. Is é a bheidh i gceist le dámhachtain lamháltais oibreacha riosca oibriúcháin a aistriú chuig na hoibreoirí eacnamaíocha maidir le leas a bhaint as na hoibreacha sin, ar riosca é lena gcuimsítear riosca éilimh nó soláthair nó an dá rud. Níor cheart a ráthú go n-aisghabhfar na hinfheistíochtaí a rinneadh ná na costais a tabhaíodh agus na hoibreacha á n-oibriú.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo agus na Nótaí Ginearálta i Roinn H, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas de Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le lamháltais oibreacha arna ndámhachtain ag eintitis soláthair a liostaítear i Roinn A:

(a) Airteagal 21.1 (Sainmhínithe);

(b) Airteagal 21.2 (Raon Feidhme agus Cumhdach), cé is moite de mhíreanna 7 agus 8;

(c) Airteagal 21.3 (Slándáil agus Eisceachtaí Ginearálta);

(d) Airteagal 21.4 (Prionsabail Ghinearálta), cé is moite de mhír 4;

(e) Airteagal 21.5 (Faisnéis faoin gCóras Soláthair);

(f) Airteagal 21.6 (Fógraí), cé is moite d'fhomhíreanna 2(c) agus 2(e) agus míreanna 4 agus 5;

(g) Airteagal 21.7 (Coinníollacha maidir le Rannpháirtíocht);

(h) Airteagal 21.9 (Sonraíochtaí Teicniúla agus Doiciméadacht Tairisceana);

(i) mír 1 d'Airteagal 21.10 (Tréimhsí);

(j) fomhíreanna 1(a) go 1(c) d'Airteagal 21.12 (Nós Imeachta Tairisceana Teoranta); agus

(k) Airteagal 21.14 (Déileáil le Tairiscintí agus Dámhachtain Conarthaí) go hAirteagal 21.19 (An Fochoiste um Sholáthar Poiblí).

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN G

Na lamháltais oibreacha a chumhdaítear sa Roinn seo, tá siad faoi réir na ndíolúintí a leagtar amach in Airteagal 11 agus 12 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

([9]) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO AE L 94, 28.3.2014, lch. 1).

ROINN H

NÓTAÍ GINEARÁLTA AGUS MAOLUITHE

1. Ní chumhdaítear an méid seo a leanas le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí):

(a) táirgí talmhaíochta a sholáthar arna ndéanamh ar mhaithe le cláir tacaíochta talmhaíochta agus le cláir beathaithe daoine amhail cúnamh bia lena n-áirítear cúnamh fóirithinte práinneach;

(b) soláthar ag craoltóirí chun ábhar cláir a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú agus soláthar conarthaí le haghaidh am craolacháin;

(c) soláthar ag eintitis soláthair a shonraítear i Ranna A agus B, i dtaca le gníomhaíochtaí i réimsí an uisce óil, an fhuinnimh, an iompair agus na hearnála poist, mura gcumhdaítear an soláthar sin faoi Roinn C agus faoi réir na dtairseach luacha is infheidhme ina leith;

(d) ceannacháin earraí agus seirbhísí ag eintiteas faoi chumhdach trína ranna nó trína eintitis féin; agus

(e) soláthar arna dhéanamh ag aon eintiteas faoi chumhdach amháin ó eintiteas eile ar choinníoll go ndéanann an t-eintiteas faoi chumhdach an t-eintiteas eile a rialú ar bhealach atá cosúil leis an rialú a dhéanann sé ar a ranna féin.

2. I leith Oileáin Åland, tá feidhm ag coinníollacha speisialta Phrótacal Uimh. 2 maidir le hOileáin Åland a ghabhann le Conradh Aontachais na Fionlainne leis an Aontas Eorpach.

ROINN I

FAISNÉIS MAIDIR LE SOLÁTHAR

A. FOILSIÚ BEART SOLÁTHAIR GHINEARÁLTA

Leagtar amach sa liosta seo a leanas an meán leictreonach nó páipéir a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chun dlíthe, rialacháin, cinntí breithiúnacha, rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo, clásail agus nósanna imeachta caighdeánacha conartha dá dtagraítear in Airteagal 21.5 (Faisnéis faoin gCóras Soláthair) a fhoilsiú, maidir le soláthar poiblí a chumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí).

1. LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

An fhaisnéis maidir le córas soláthair phoiblí an Aontais Eorpaigh:

(a) https://ted.europa.eu

(b) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

2. NA BALLSTÁIT

AN BHEILG

(a) Dlíthe, rialacháin ríoga, rialacháin airí, ciorcláin airí:

le Moniteur Belge

(b) Dlí-Eolaíocht:

Pasicrisie

AN BHULGÁIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Държавен вестник (Iris an Stáit)

(b) Cinntí breithiúnacha:

http://www.sac.government.bg

(c) Rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus aon nós imeachta:

http://www.aop.bg

http://www.cpc.bg

AN tSEICIA

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Bailiúchán Dlíthe Phoblacht na Seice

(b) Rialuithe na hOifige um Chosaint na hIomaíochta:

Bailiúchán Rialuithe na hOifige um Chosaint Iomaíochta

AN DANMHAIRG

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Lovtidende

(b) Cinntí breithiúnacha:

Ugeskrift for Retsvaesen

(c) Rialuithe agus nósanna imeachta riarthacha:

Ministerialtidende

(d) Rialuithe ó Bhord na Danmhairge um Ghearáin maidir le Soláthar Poiblí:

Kendelser fra Klagenævnet for Udbud

AN GHEARMÁIN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Bundesgesetzblatt

Bundesanzeiger

(b) Cinntí breithiúnacha:

Entscheidungssammlungen des: Bundesverfassungsgerichts; Bundesgerichtshofs;

Bundesverwaltungsgerichts; Bundesfinanzhofs; sowie der Oberlandesgerichte

AN EASTÓIN

(a) Dlíthe, rialacháin agus rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta acu:

Seoladh: http://www.riigiteataja.ee

(b) Nósanna imeachta maidir le soláthar rialtais:

https://riigihanked.riik.ee

ÉIRE

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris Oifigiúil (Iris Oifigiúil Rialtas na hÉireann)

AN GHRÉIG

Εφημερίδα της Κυβερνήσεως της Ελληνικής Δημοκρατίας (Iris Rialtas na Gréige)

AN SPÁINN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Boletín Oficial del Estado

(b) Cinntí breithiúnacha:

Níl aon fhoilseachán oifigiúil

AN FHRAINC

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Journal Officiel de la République française

(b) Dlí-Eolaíocht:

Recueil des arrêts du Conseil d'État

Revue des marchés publics

AN CHRÓIT

Narodne novine – http://www.nn.hr

AN IODÁIL

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Gazzetta Ufficiale

(b) Dlí-Eolaíocht:

Níl aon fhoilseachán oifigiúil

AN CHIPIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Επίσημη Εφημερίδα της Δημοκρατίας (Iris Oifigiúil na Poblachta)

(b) Cinntí breithiúnacha:

Αποφάσεις Ανωτάτου Δικαστηρίου 1999 — Τυπογραφείο της Δημοκρατίας (Cinntí ón Ard-Chúirt Uachtarach — Oifig Priontála)

AN LAITVIA

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Latvijas vēstnesis (Nuachtán Oifigiúil)

AN LIOTUÁIN

(a) Dlíthe, rialacháin agus socruithe riaracháin:

Teisės aktų registras (Clár na nGníomhartha Dlí)

(b) Cinntí breithiúnacha, dlí-eolaíocht:

Feasachán Chúirt Uachtarach na Liotuáine ‘Teismų praktika’

Feasachán Chúirt Riaracháin Uachtarach na Liotuáine ‘Administracinių teismų praktika’

LUCSAMBURG

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Mémorial

(b) Dlí-Eolaíocht:

Pasicrisie

AN UNGÁIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Magyar Közlöny (Iris Oifigiúil Phoblacht na hUngáire)

(b) Dlí-Eolaíocht:

Közbeszerzési Értesítő — a Közbeszerzések Tanácsa Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí — Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí)

MÁLTA

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris an Rialtais

AN ÍSILTÍR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Nederlandse Staatscourant nó Staatsblad

(b) Dlí-Eolaíocht:

Níl aon fhoilseachán oifigiúil

AN OSTAIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Österreichisches Bundesgesetzblatt

Amtsblatt zur Wiener Zeitung

(b) Cinntí breithiúnacha:

Entscheidungen des Verfassungsgerichtshofes, Verwaltungsgerichtshofes, Obersten Gerichtshofes, der Oberlandesgerichte, des Bundesverwaltungsgerichtes und der Landesverwaltungsgerichte - http://ris.bka.gv.at/Judikatur/

AN PHOLAINN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Dziennik Ustaw Rzeczypospolitej Polskiej (Iris na nDlíthe — Poblacht na Polainne)

(b) Cinntí breithiúnacha, dlí-eolaíocht:

'Zamówienia publiczne w orzecznictwie. Wybrane orzeczenia zespołu arbitrów i Sądu Okręgowego w Warszawie' (Rogha breithiúnas ó phainéil eadrána agus ón gCúirt Réigiúnach i Várs)

AN PHORTAINGÉIL

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Diário da República Portuguesa 1a Série A e 2a série

(b) Foilseacháin Bhreithiúnacha:

Boletim do Ministério da Justiça

Colectânea de Acordos do Supremo Tribunal Administrativo

Colectânea de Jurisprudencia Das Relações

AN RÓMÁIN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine)

(b) Cinntí breithiúnacha, rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus aon nós imeachta:

http://www.anrmap.ro

AN tSLÓIVÉIN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine

(b) Cinntí breithiúnacha:

Níl aon fhoilseachán oifigiúil

AN tSLÓVAIC

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Zbierka zákonov (Bailiúchán Dlíthe)

(b) Cinntí breithiúnacha:

Níl aon fhoilseachán oifigiúil

AN FHIONLAINN

Suomen Säädöskokoelma — Finlands Författningssamling (Bailiúchán Reachtanna na Fionlainne)

AN tSUALAINN

Svensk Författningssamling (Cód Reachtanna na Sualainne)

B. FOILSIÚ FÓGRAÍ SOLÁTHAIR

Liostaítear sa chuid seo de Roinn I an meán leictreonach nó páipéir a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chun fógraí a fhoilsiú de bhun Airteagal 21.5 (Faisnéis faoin gCóras Soláthair) a cheanglaítear le hAirteagal 21.6 (Fógraí), le mír 7 d'Airteagal 21.8 (Cáilíocht Soláthróirí) agus le mír 2 d'Airteagal 21.15 (Trédhearcacht Faisnéise Soláthair).

1. AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT

Foilsítear gach fógra soláthair de chuid eintitis soláthair an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chumhdaítear le Ranna A, B agus C san Fhorlíonadh a ghabhann le hIris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus ina leagan leictreonach TED (Tenders Electronic Daily), https://ted.europa.eu.

2. FOILSEACHÁIN BHREISE I mBALLSTÁIT shonracha

Mar aon leis an bhfoilsiú sa mheán leictreonach nó páipéir dá dtagraítear i bpointe 1, déanann na Ballstáit foráil maidir le foilseacháin fógraí soláthair sna meáin liostaithe.

AN BHEILG

(a) Le Bulletin des Adjudications

(b) Foilseacháin eile sa phreas speisialaithe

AN BHULGÁIR

(a) Държавен вестник (Iris an Stáit) — http://dv.parliament.bg

(b) Clár Soláthair Phoiblí – http://www.aop.bg

ÉIRE

An Preas Laethúil: 'Irish Independent', 'Irish Times', 'Irish Press', 'Cork Examiner'

AN GHRÉIG

Foilsítear sa phreas laethúil, airgeadais, réigiúnach agus speisialaithe

AN FHRAINC

Bulletin officiel des annonces des marchés publics

AN CHRÓIT

Elektronički oglasnik javne nabave Republike Hrvatske (Fógraí Rangaithe Leictreonacha Soláthair Phoiblí Phoblacht na Cróite)

AN CHIPIR

(a) Iris Oifigiúil na Poblachta

(b) An Preas Laethúil Áitiúil

AN LAITVIA

Latvijas vēstnesis (Nuachtán oifigiúil)

AN LIOTUÁIN

(a) Centrinė viešųjų pirkimų informacinė sistema (Tairseach Lárnach an tSoláthair Phoiblí)

(b) Forlíonadh faisnéise 'Informaciniai pranešimai' a ghabhann le hIris Oifigiúil ('Valstybės žinios') Phoblacht na Liotuáine

LUCSAMBURG

An Preas Laethúil

AN UNGÁIR

Közbeszerzési Értesítő — a Közbeszerzések Tanácsa Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí – Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí)

MÁLTA

Iris an Rialtais

AN OSTAIR

Amtsblatt zur Wiener Zeitung

AN PHOLAINN

Biuletyn Zamówień Publicznych (Feasachán Soláthair Phoiblí)

AN RÓMÁIN

(a) Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine)

(b) Córas Leictreonach um Sholáthar Poiblí – http://www.e-licitatie.ro

AN tSLÓIVÉIN

Portal javnih naročil - http://www.enarocanje.si/?podrocje=portal

AN tSLÓVAIC

Vestniík verejného obstarávania (Iris Soláthair Phoiblí)

AN FHIONLAINN

Julkiset hankinnat Suomessa ja ETA-alueella, Virallisen lehden liite (Soláthar Poiblí san Fhionlainn agus i Limistéar LEE, Forlíonadh a ghabhann le hIris Oifigiúil na Fionlainne)

IARSCRÍBHINN 21-B

SOLÁTHAR FAOI CHUMHDACH MHEICSICEO

ROINN A

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, agus faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo agus na Nótaí Ginearálta i Roinn H, tá feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le heintitis soláthair Mheicsiceo a liostaítear sa Roinn seo, má tá luach na soláthairtí cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó má sháraíonn sé iad:

(a) USD 79 507 le haghaidh earraí agus seirbhísí a shonraítear i Ranna D agus E; agus

(b) USD 10 335 931 le haghaidh seirbhísí foirgníochta agus tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí a shonraítear i Ranna F agus G.

2. Is le haghaidh 2018 atá na tairseacha a leagtar amach i mír 1 agus tá siad faoi réir coigeartú i leith an bhoilscithe i gcomhréir le mír 16 de Roinn H (Nótaí Ginearálta).

LIOSTA EINTITEAS

1. Secretaría de Agricultura, Ganadería, Desarrollo Rural, Pesca y Alimentación (An Aireacht Talmhaíochta, Beostoic, Forbartha Tuaithe, Iascaigh agus Beatha), lena n-áirítear:

(a) Agencia de Servicios a la Comercialización y Desarrollo de Mercados Agropecuarios (Seirbhísí Tacaíochta don Mhargaíocht Talmhaíochta);

(b) Comisión Nacional de Acuacultura y Pesca (An Coimisiún Náisiúnta Dobharshaothraithe agus Iascaigh);

(c) Instituto Nacional de Investigaciones Forestales, Agrícolas y Pecuarias (An Institiúid Náisiúnta Foraoiseachta, Talmhaíochta agus Taighde Eallaigh);

(d) Instituto Nacional de Pesca (An Institiúid Náisiúnta um Iascach);

(e) Servicio de Información y Estadistica Agroalimentaria y Pesquera (An tSeirbhís Faisnéise agus Staidreamh Agraibhia agus Iascaigh);

(f) Servicio Nacional de Inspección y Certificación de Semillas (An tSeirbhís Náisiúnta Cigireachta agus Deimhnithe Síolta);

(g) Servicio Nacional de Sanidad, Inocuidad y Calidad Agroalimentaria (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, Sábháilteachta agus Cáilíochta Agraibhia); agus

(h) Colegio Superior Agropecuario del Estado de Guerrero (Ollscoil Talmhaíochta Stáit Guerrero).

2. Secretaría de Comunicaciones y Transportes (An Aireacht Cumarsáide agus Iompair), lena n-áirítear:

   (a) Instituto Mexicano del Transporte (Institiúid Iompair Mheicsiceo); agus

   (b) Servicios a la Navegación en el Espacio Aéreo Mexicano (Seirbhísí Loingseoireachta le haghaidh Aerspás Mheicsiceo).

3. Secretaría de Cultura (An Aireacht Cultúir), lena n-áirítear:

   (a) Instituto Nacional de Antropología e Historia (An Institiúid Náisiúnta um Antraipeolaíocht agus Stair);

   (b) Instituto Nacional de Bellas Artes y Literatura (An Institiúid Náisiúnta um Mínealaín agus Litríocht);

   (c) Instituto Nacional de Estudios Históricos de las revoluciones de México (An Institiúid Náisiúnta um Staidéar Stairiúil ar Réabhlóidí Mheicsiceo);

   (d) Instituto Nacional del Derecho de Autor (An Institiúid Náisiúnta um Chóipchearta); agus

   (e) Raidió Educación (Oideachas Raidió).

4. Secretaría de la Defensa Nacional (An Aireacht Cosanta Náisiúnta).

5. Secretaría de Desarrollo Agrario, Críochach y Urbano (An Aireacht Forbartha Talmhaíochta, Críochach agus Uirbeach), lena n-áirítear:

   (a) Procuraduría Agraria (Oifig an Aturnae Talmhaíochta); agus

   (b) Registro Agrario Nacional (An Chlárlann Náisiúnta Talmhaíochta).

6. Secretaría de Desarrollo Social (An Aireacht Forbartha Sóisialta), lena n-áirítear:

   (a) Coordinación Nacional de PROSPERA (Comhordú Náisiúnta PROSPERA);

   (b) Instituto Nacional de Desarrollo Sóisialta (An Institiúid Náisiúnta um Fhorbairt Shóisialta); agus

   (c) Instituto Nacional de la Economía Social (An Institiúid Náisiúnta um an nGeilleagar Sóisialta).

7. Secretaría de Economía (An Aireacht Geilleagair), lena n-áirítear:

   (a) Comisión Federal de Mejora Regulatoria (Coimisiún Cónaidhme um Fheabhsú Rialála); agus

   (b) Instituto Nacional del Empriendedor (Institiúid Náisiúnta an Fhiontraithe).

8. Secretaría de Educación Pública (An Aireacht Oideachais Phoiblí), lena n-áirítear:

   (a) Administración Federal de Servicios Educativos en el Distrito Federal (Údarás Cónaidhme na Seirbhísí Oideachais sa Cheantar Cónaidhme);

   (b) Comisión Nacional de Cultura Física y Deporte (An Coimisiún Náisiúnta um Chultúr Fisiciúil agus Spórt);

(c) Comisión de Apelación y Arbitraje del Deporte (An Coimisiún um Achomhairc agus Eadráin Spóirt);

(d) Instituto Politécnico Nacional (An Institiúid Náisiúnta Pholaiteicnice);

(e) Universidad Pedagógica Nacional (An Ollscoil Náisiúnta Oideolaíochta);

(f) Universidad Abierta y Distancia de México (Cianoideachas Oscailte Mheicsiceo);

(g) Coordinación Nacional del Servicio Profesional Docente (Comhordú Náisiúnta na Seirbhíse Múinteoireachta Gairmiúla);

(h) Coordinación Ginearálta @prende.mx (Comhordú Ginearálta @prende.mx); agus

(i) Tecnológico Nacional de México (Institiúid Náisiúnta Mheicsiceo um Theicneolaíocht).

9. Secretaría de Energía (An Aireacht Fuinnimh), lena n-áirítear:

(a) Comisión Nacional de Seguridad Nuclear y Salvaguardias (An Coimisiún Náisiúnta um Shábháilteacht Núicléach agus um Choimircí Núicléacha); agus

(b) Comisión Nacional para el Uso Eficiente de la Energía (An Coimisiún Náisiúnta um Chaomhnú Fuinnimh).

10. Secretaría de la Función Pública (Aireacht an Riaracháin Phoiblí).

11. Secretaría de Gobernación (Aireacht an Rialtais), lena n-áirítear:

(a) Archivo General de la Nación (Cartlann Ghinearálta an Náisiúin);

(b) Centro Nacional de Prevención de Desastres (An Lárionad Náisiúnta um Chosc Tubaistí);

(c) Centro de Producción de Programas Informativos y Especiales (An Lárionad Léiriúcháin maidir le Cláir Faisnéise agus Speisialta);

(d) Comisión Nacional para Prevenir y Erradicar la Violencia contra las Mujeres (An Coimisiún Náisiúnta chun Foréigean in aghaidh na mBan a Chosc agus a Dhíothú);

(e) Coordinación General de la Comisión Mexicana de Ayuda a Refugiados (Comhordú Ginearálta Choimisiún Mheicsiceo um Chúnamh do Dhídeanaithe);

(f) Coordinación para la Atención Integral de la Migración en la Frontera Sur (Comhordú maidir le Cúram Cuimsitheach don Imirce i Limistéar na Teorann Theas);

(g) Instituto Nacional de Migración (An Institiúid Náisiúnta um an Imirce);

(h) Instituto Nacional para el Federalismo y el Desarrollo Municipal (An Institiúid Náisiúnta um Chónaidhmeacht agus Forbairt Bhardasach);

(i) Policía Feidearálach (Na Póilíní Cónaidhme);

(j) Prevención y Readaptación Sóisialta (Cosc agus Athoiriúnú Sóisialta);

(k) Secretariado Ejecutivo del Sistema Nacional de Seguridad Pública (Rúnaíocht Feidhmiúcháin an Chórais Náisiúnta Slándála Poiblí);

(l) Secretaría General del Consejo Nacional de Población (Ardrúnaíocht na Comhairle Náisiúnta Daonra);

(m) Secretaría Técnica de la Comisión Calificadora de publicaciones y Revistas Ilustradas (Rúnaíocht Theicniúil an Choimisiúin Scrúdaithe le haghaidh Tréimhseacháin agus Foilseacháin Léirithe); agus

(n) Secretaría Técnica del Consejo de Coordinación para la Implementación del Sistema de Justicia Penal (Rúnaíocht Theicniúil na Comhairle Comhordúcháin um Chur Chun Feidhme an Chórais Ceartais Choiriúil).

12. Secretaría de Hacienda y Crédito Público (An Aireacht Airgeadais agus Creidmheasa Poiblí), lena n-áirítear:

(a) Comisión Nacional Bancaria y de Valores (An Coimisiún Náisiúnta Baincéireachta agus Urrús);

(b) Comisión Nacional de Seguros y Fianzas (An Coimisiún Náisiúnta Árachais agus Ráthaíochtaí);

(c) Comisión Nacional del Sistema de Ahorro para el Retiro (Coimisiún Náisiúnta an Chórais Coigiltis um Scor);

(d) Servicio de Administración y Enajenación Bienes (An Ghníomhaireacht um Bainistíocht agus Diúscairt Sócmhainní);

(e) Servicio de Administración Tributaria (An tSeirbhís Riaracháin Cánach); agus

(f) Instituto de Administración y Avalúos de Bienes Nacionales (An Institiúid um Riaracháin agus Measúnaithe Maoine Náisiúnta).

13. Secretaría de Marina (An Aireacht Cabhlaigh).

14. Secretaría de Medio Ambiente y Recursos Naturales (An Aireacht Comhshaoil agus Acmhainní Nádúrtha), lena n-áirítear:

(a) Instituto Mexicano de Tecnología del Agua (Institiúid Teicneolaíochta Uisce Mheicsiceo);

(b) Comisión Nacional de Áreas Naturales Protegidas (An Coimisiún Náisiúnta um Limistéir Nádúrtha faoi Chosaint);

(c) Procuraduría Federal de Protección al Medio Ambiente (An tAturnae Cónaidhme um Chosaint an Chomhshaoil);

(d) Comisión Nacional para el Conocimiento y Uso de la Biodiversidad (An Coimisiún um Eolas agus Úsáid na Bithéagsúlachta); agus

(e) Instituto Nacional de Ecología y Cambio Climático (An Institiúid Náisiúnta um Éiceolaíocht agus Athrú Aeráide).

15. Secretaría de Relaciones Exteriores (An Aireacht um Chaidreamh Eachtrach), lena n-áirítear:

(a) Agencia Mexicana de Cooperación Internacional para el Desarrollo (Gníomhaireacht Mheicsiceo an Chomhair Idirnáisiúnta um Fhorbairt);

(b) Instituto de los Mexicanos agus el Exterior (Institiúid le haghaidh Mhuintir Mheicsiceo Thar Lear); agus

(c) Instituto Matías Romero (Institiúid Matías Romero).

16. Secretaría de Salud (An Aireacht Sláinte), lena n-áirítear:

(a) Administración del Patrimonio de la Beneficencia Pública (An tÚdarás um an gCiste Carthanachta Poiblí);

(b) Centro Nacional de Programas Preventivos y Control de Enfermedades (An Lárionad Náisiúnta um Chosc agus Rialú Galar);

(c) Centro Nacional de Trasplantes (An Lárionad Náisiúnta um Thrasphlanduithe);

(d) Centro Nacional de la Transfusión Sanguínea (An Lárionad Náisiúnta Fuilaistriúcháin);

(e) Centro Nacional para la Prevención y Control del VIH/SIDA (An Lárionad Náisiúnta um VEID/SEIF a Chosc agus a Rialú);

(f) Centro Nacional para la Salud de la Infancia y la Adolescencia (An Lárionad Náisiúnta um Shláinte na hÓige agus na nÓgánach);

(g) Comisión para la Protección contra Riesgos Sanitarios (An Coimisiún Cónaidhme um Chosaint i gcoinne Rioscaí Sláinte);

(h) Comisión Nacional de Arbitraje Médico (An Coimisiún Náisiúnta Eadrána Leighis);

(i) Instituto Nacional de Rehabilitación (An Institiúid Náisiúnta Athshlánaithe);

(j) Laboratorios de Biológicos y Reactivos de México, S.A. de C.V. (Saotharlanna Mheicsiceo um an mBitheolaíocht agus Imoibrithe;

(k) Servicios de Atención Psiquiátrica (Seirbhísí um Chúram Síciatrach);

(l) Coordinación General de los Institutos Nacionales de Salud (Comhordú Ginearálta na nInstitiúidí Náisiúnta um Shláinte);

(m) Centro Nacional de Equidad de Género y Salud Reproductiva (An Lárionad Náisiúnta um Chomhionannas Inscne agus Sláinte Atáirgthe);

(n) Centro Nacional de Excelencia Tecnológica en Salud (An Lárionad Náisiúnta um Barr Feabhais Teicneolaíochta Sláinte);

(o) Centro Nacional para la Prevención y el Control de las Adicciones (An Lárionad Náisiúnta um Andúil a Chosc agus a Rialú);

(p) Comisión Nacional de Bioética (An Coimisiún Náisiúnta Bitheitice); agus

(q) Comisión Nacional de Protección Social en Salud (An Coimisiún Náisiúnta um Chosaint Shóisialta i Réimse na Sláinte).

17. Secretaría del Trabajo y Previsión Social (An Aireacht Saothair agus Leasa Shóisialaigh), lena n-áirítear:

(a) Procuraduría Federal de la Defensa del Trabajo (Oifig an Aturnae Cónaidhme um Chosaint Saothair);

(b) Las Delegaciones Federales del Trabajo (Toscaireachtaí Cónaidhme Saothair); agus

(c) Comité Nacional Mixto de Protección al Salario (An Coiste Comhpháirteach Náisiúnta um Chosaint Pá).

18. Secretaría de Turismo (An Aireacht Turasóireachta), lena n-áirítear:

(a) Corporación de Servicios al Turista Ángeles Verdes (Comhlacht Corpraithe Green Angels um Sheirbhísí Turasóireachta); agus

(b) Instituto de Competitividad Turística (An Institiúid um Iomaíochas Turasóireachta).

19. Procuraduría General de la República (Oifig Ard-Aighne na Poblachta).

20. Centro de Ingeniería y Desarrollo Industrial (An Lárionad Innealtóireachta agus Forbartha Tionsclaíche).

21. Comisión Nacional de Libros de Texto gratuitos (An Coimisiún Náisiúnta um Théacsleabhair Saor in Aisce).

22. Comisión Nacional de las Zonas Áridas (An Coimisiún Náisiúnta um Limistéir Thura).

23. Consejo Nacional de Fomento Educativo (An Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Oideachais).

24. Comisión Reguladora de Energía (An Coimisiún Rialála Fuinnimh).

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN A

Is chun críche tagartha amháin a sholáthraítear an t-aistriúchán ar na heintitis a liostaítear sa Roinn seo agus ní aistriúchán oifigiúil é.

ROINN B

EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sna Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo agus le Roinn H (Nótaí Ginearálta), tá feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le heintitis soláthair Stáit Chihuahua, Ciudad de México, Colima, Durango, Estado de México, Guanajuato, Jalisco, Morelos, Nuevo León, Puebla, Querétaro, San Luis Potosí, Veracruz agus Zacatecas:

(a) maidir leis na heintitis rialtais fo-láir a liostaítear i bhFoliosta 1 (Eintitis Rialtais) de chuid gach Stát, má tá luach na soláthairtí cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó má sháraíonn sé iad:

(i) USD 178 100	le haghaidh earraí agus seirbhísí a shonraítear i Ranna D agus E; agus
(ii) USD 10 333 931	le haghaidh seirbhísí foirgníochta a shonraítear i Roinn F; agus

(b) maidir leis na heintitis fo-láir eile a liostaítear i bhFoliosta 2 (Eintitis Eile) de gach Stát, má tá luach na soláthairtí cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó má sháraíonn sé iad:

(i) USD 397 535	le haghaidh earraí agus seirbhísí a shonraítear i Ranna D agus E; agus
(ii) USD 12 721 740	le haghaidh seirbhísí foirgníochta a shonraítear i Roinn F.

2. Cuirtear na tairseacha a leagtar amach i mír 1 i bhfeidhm i mbliain theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus tá siad faoi réir coigeartú i leith an bhoilscithe i gcomhréir le mír 14 de na Nótaí a ghabhann leis an Roinn seo.

Liosta na nEintiteas Soláthair Fo-Láir

I. CHIHUAHUA

Foliosta 1: Eintitis Rialtais

1. Comisión Estatal para los Pueblos Indígenas;

2. Coordinación Ejecutiva de Gabinete;

3. Fiscalía General del Estado;

4. Secretaría de Comunicaciones y Obras Públicas;

5. Secretaría de Cultura;

6. Secretaría de Desarrollo Municipal;

7. Secretaría de Desarrollo Rural;

8. Secretaría de Desarrollo Social;

9. Secretaría de Desarrollo Urbano y Ecología;

10. Secretaría de Educación y Deporte;

11. Secretaría de Hacienda;

12. Secretaría de Innovación y Desarrollo Económico;

13. Secretaría de la Función Pública;

14. Secretaría de Salud;

15. Secretaría del Trabajo y Previsión Social; agus

16. Secretaría General de Gobierno.

Foliosta 2: Eintitis Eile

1. Administradora de Servicios Aeroportuarios de Chihuahua, S.A. de C.V.;

2. Colegio de Bachilleres del Estado de Chihuahua (COBACH);

3. Colegio de Educación Profesional Técnica del Estado de Chihuahua;

4. Colegio de Estudios Científicos y Tecnológicos del Estado de Chihuahua;

5. Comisión Estatal de Vivienda, Suelo e Infraestructura de Chihuahua (COESVI);

6. Comisión Estatal para la Protección contra Riesgos Sanitarios;

7. Consejo Estatal de Población;

8. Desarrollo Integral de la Familia del Estado de Chihuahua;

9. El Colegio de Chihuahua;

10. Escuela Normal Superior del Estado Profesor J. E. Medrano;

11. Fomento y Desarrollo Artesanal del Estado de Chihuahua;

12. Instituto Chihuahuense de Educación para los Adultos (ICHEA);

13. Instituto Chihuahuense de Infraestructura Física y Educativa;

14. Instituto Chihuahuense de la Juventud;

15. Instituto Chihuahuense de la Mujer;

16. Instituto Chihuahuense de Salud;

17. Instituto Chihuahuense del Deporte y Cultura Física;

18. Instituto de Apoyo al Desarrollo Tecnológico;

19. Instituto de Capacitación para el Trabajo del Estado de Chihuahua;

20. Instituto de Innovación y Competitividad;

21. Instituto Tecnológico Superior de Nuevo Casas Grandes (ITSNCG);

22. Junta Central de Agua y Saneamiento;

23. Junta de Asistencia Social;

24. Pensiones Civiles del Estado de Chihuahua;

25. Promotora para el Desarrollo Económico de Chihuahua;

26. Régimen Estatal de Protección Social en Salud (Seguro Popular);

27. Servicios de Salud de Chihuahua;

28. Servicios Educativos del Estado de Chihuahua;

29. Subsistema de Preparatoria Abierta del Estado de Chihuahua;

30. Universidad Pedagógica Nacional;

31. Universidad Politécnica de Chihuahua (UPCH);

32. Universidad Tecnológica de Camargo;

33. Universidad Tecnológica de Chihuahua (UTCH);

34. Universidad Tecnológica de Chihuahua Sur;

35. Universidad Tecnológica de Ciudad Juárez;

36. Universidad Tecnológica de la Babícora;

37. Universidad Tecnológica de la Tarahumara;

38. Universidad Tecnológica de Paquimé;

39. Universidad Tecnológica de Parral; agus

   (j) Empresa Productiva Subsidiaria CFE Suministrador de Servicios Básicos (Fochuideachta Táirgeachta CFE - Soláthraí Bunseirbhísí).

6. Comisión Nacional del Agua (An Coimisiún Náisiúnta Uisce).

7. Comisión Nacional Forestal (An Coimisiún Náisiúnta Foraoiseachta).

8. Comisión Nacional para el Desarrollo de los Pueblos Indigenas (An Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt Pobal Dúchasach).

9. Comisión para la Regularización de la Tenencia de la Tierra (An Coimisiún um Thabhairt chun Rialtachta Tionachta Talún).

10. Consejo Nacional de Ciencia y Tecnología (CONACYT) (An Chomhairle Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta).

11. Consejo de Promoción Turística de México, S.A. de C.V. (Bord Turasóireachta Mheicsiceo).

12. Distribuidora Impulsora Comercial de Conasupo S.A. de C.V. (Disconsa) (Dáileoir Tráchtála agus Tionscnamh Trádála).

13. Ferrocarril del Istmo de Tehuantepec, S.A. de C.V. (Bóthar Iarainn Itsmo de Tehuantepec).

14. Grupo Aeroportuario de la Ciudad de México S.A. de C.V. (Grúpa Aerfoirt Chathair Mheicsiceo).

15. Instituto Mexicano de Cinematografía (Institiúid Cineamatagrafaíochta Mheicsiceo).

16. Instituto Mexicano de la Juventud (Institiúid Mheicsiceo na hÓige).

17. Instituto Mexicano del Seguro Sóisialta (IMSS) (Institiúid Slándála Sóisialta Mheicsiceo).

18. Instituto Nacional de la Infraestructura Física Educativa (An Institiúid Náisiúnta um Bonneagar Corpoideachais).

19. Instituto Nacional de las Mujeres (Institiúid Náisiúnta na mBan).

20. Instituto Mexicano de la Propiedad Tionscail (Institiúid Mheicsiceo um Maoin Tionscail).

21. Instituto Nacional de las Personas Adultas Mayores (An Institiúid Náisiúnta um Dhaoine Scothaosta).

22. Instituto de Seguridad y Servicios Sociales de los Trabajadores del Estado (ISSSTE) (An Institiúid um Shlándáil Shóisialta agus Seirbhísí d'Fhostaithe Rialtais).

23. Instituto de Seguridad Sóisialta para las Fuerzas Armadas Mexicanas (An Institiúid um Shlándáil Shóisialta d'Fhórsaí Armtha Mheicsiceo).

24. Instituto Nacional para la Educación de los Adultos (An Institiúid Náisiúnta um Oideachas Aosach).

25. Leche Industrializada Conasupo S.A. de C.V. (Liconsa) – no incluye la compra de bienes agrícolas adquiridos para programas de apoyo a la agricultura o bienes para la alimentación humana (Bainne Thionsclaithe Conasupa – cé is moite de sholáthar earraí talmhaíochta a dhéantar ar mhaithe le cláir tacaíochta talmhaíochta nó earraí le haghaidh cláir beathaithe daoine.

26. Lotería Nacional para la Asistencia Pública (Crannchur Náisiúnta um Chúnamh Poiblí).

27. NOTIMEX S.A. de C.V.

28. Petróleos Mexicanos (PEMEX) – no incluye las compras de combustibles y gas (Peitriliam Mheicsiceo – cé is moite de sholáthar breoslaí agus gáis):

(a) PEMEX Corporativo (PEMEX - Corparáideach);

(b) PEMEX Exploración y Producción (PEMEX - Taiscéalaíocht agus Táirgeadh);

(c) PEMEX Perforación y Servicios (PEMEX - Druileáil agus Seirbhísí);

(d) PEMEX Transformación Tionscail (PEMEX - Claochlú Tionsclaíoch);

(e) PEMEX Logística (PEMEX - Lóistíocht);

(f) PEMEX Cogeneración y Servicios (PEMEX - Comhghiniúint agus Seirbhísí);

(g) PEMEX Etileno (PEMEX - Eitiléin); agus

(h) PEMEX Fertilizantes (PEMEX - Leasachán).

29. Instituto Mexicano del Petróleo (Institiúid Peitriliam Mheicsiceo).

30. Procuraduría Federal del Consumidor (Oifig Chónaidhme an Aturnae do Thomhaltóirí).

31. Pronósticos para la Asistencia Pública (Réamhaisnéis um Chúnamh Poiblí).

32. Servicio Aeroportuario de la Ciudad de México, S.A. de C.V. (Seirbhísí Aerfoirt Chathair Mheicsiceo).

33. Servicio Geológico Mexicano (Seirbhís Geolaíochta Mheicsiceo).

34. Servicio Postal Mexicano (Seirbhísí Poist Mheicsiceo).

35. Sistema Nacional para el Desarrollo Integral de la Familia (DIF) – no incluye las compras de bienes agrícolas adquiridos para programas de apoyo a la agricultura o bienes para la alimentación humana (An Córas Náisiúnta um Fhorbairt Bhunúsach Teaghlach – cé is moite de sholáthar earraí talmhaíochta a dhéantar ar mhaithe le cláir tacaíochta talmhaíochta nó cláir beathaithe daoine).

36. Talleres Gráficos de México (Printéirí Náisiúnta Mheicsiceo).

37. Financiera para el Bienestar (Airgeadas le haghaidh Folláine).

38. Consejo Nacional para Prevenir la Discriminación (An Chomhairle Náisiúnta chun Idirdhealú a Chosc).

39. Autoridad Federal para el Desarrollo de las Zonas Económicas Especiales (An tÚdarás Cónaidhme um Fhorbairt Criosanna Eacnamaíocha Speisialta).

40. Comisión Nacional para la Protección y Defensa de los Usuarios de Servicios Financieros (An Coimisiún Náisiúnta um Chosaint Úsáideoirí Seirbhísí Airgeadais).

41. Instituto para el Desarrollo Técnico de las Haciendas Públicas (An Institiúid um Fhorbairt Theicniúil Státchistí Poiblí).

42. Centro Nacional para el Desarrollo y la Inclusión de las Personas con Discapacidad (An Lárionad Náisiúnta um Fhorbairt agus Cuimsiú Daoine faoi Mhíchumas).

43. Centro Nacional de Trasplantes (An Lárionad Náisiúnta Méadreolaíochta).

44. Hospital Juárez de México (Ospidéal Juárez Mheicsiceo).

45. Hospital General Dr. Manuel Gea González (Ospidéal Ginearálta an Dr. Manuel Gea González).

46. Hospital General de México Dr. Eduardo Liceaga (Ospidéal Ginearálta Mheicsiceo an Dr. Eduardo Liceaga).

47. Hospital Infantil de México Federico Gómez (Ospidéal Leanaí Mheicsiceo Federico Gómez).

48. Comité Nacional para el Desarrollo Sustentable de la Caña de Azúcar (An Coiste Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe Cána Siúcra).

49. Productora Nacional de Biológicos veterinarios (An Táirgeoir Náisiúnta Bitheolaíochta Tréidliachta).

50. Organismo Promotor de Inversiones agus Telecomunicaciones (An Eagraíocht um Chur Chun Cinn Infheistíochta Teileachumarsáide).

51. Comisión Nacional de los salarios mínimos (An Coimisiún Náisiúnta um Pá Íosta).

52. Comisión Nacional de Vivienda (An Coimisiún Náisiúnta Tithíochta).

53. Centro Nacional del Control del Gas Nádúrtha (An Lárionad Rialaithe Náisiúnta um Ghás Nádúrtha).

54. Centro Nacional de Control de Energía (An Lárionad Náisiúnta Rialaithe um Fhuinneamh).

55. Administración Portuaria Integral de Altamira, S.A de C.V. (Údarás Lárnach Calafoirt Altamira, S.A de C.V.).

56. Administración Portuaria Integral de Lázaro Cárdenas, S.A de C.V. (Údarás Lárnach Calafoirt Lázaro Cárdenas, S.A de C. V.).

57. Administración Portuaria Integral de Manzanillo, S.A de C.V. (Údarás Lárnach Calafoirt Manzanillo, S.A de C.V.).

58. Administración Portuaria Integral de Veracruz, S.A de C.V. (Údarás Lárnach Calafoirt Veracruz, S.A de C.V.).

59. Instituto Nacional de Lenguas Indígenas (An Institiúid Náisiúnta um Theangacha Dúchasacha).

60. Instituto Nacional de Ciencias Penales (An Institiúid Náisiúnta um Eolaíochtaí Pionósacha).

61. Comisión Nacional de los Derechos Humanos (An Coimisiún Náisiúnta um Chearta an Duine).

62. Instituto Nacional de Estadística y Geografía (An Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Tíreolaíocht).

63. Comisión Nacional Antimonopolio (An Coimisiún Náisiúnta in aghaidh Trustaí).

64. Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT) (An Coimisiún Rialála Teileachumarsáide).

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN C

Is chun críche tagartha amháin a sholáthraítear an t-aistriúchán ar na heintitis a liostaítear sa Roinn seo agus ní aistriúchán oifigiúil é.

ROINN D

EARRAÍ

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i Roinn H, cumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) soláthar na n-earraí uile arna soláthar ag na heintitis a liostaítear i Ranna A go C.

2. D'ainneoin mhír 1, maidir le soláthar ag an Secretaría de la Defensa Nacional (An Aireacht Cosanta Náisiúnta) agus ag Secretaría de Marina (An Aireacht Cabhlach), ní chumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) ach na hearraí a dtugtar tuairisc orthu sna cóid den Aicmiú Soláthair Cónaidhme (FSC) a shonraítear thíos:

22. Trealamh iarnróid

23. Feithiclí faoi thionchar talún, mótarfheithiclí, leantóirí agus rothair (cé is moite de bhusanna in 2310 agus trucailí agus leantóirí míleata in 2320 agus 2330, agus feithiclí rianaithe comhraic, ionsaithe agus oirbheartaíochta in 2350)

24. Tarracóirí

25. Comhpháirteanna trealaimh feithicle

26. Boinn agus feadáin

29. Gabhálais innill

30. Trealamh tarchurtha cumhachta mheicniúil

32. Innealra agus trealamh adhmadóireachta

34. Innealra miotalóireachta

35. Trealamh seirbhíse agus trádála

36. Innealra tionscail speisialta

37. Innealra agus trealamh talmhaíochta

38. Trealamh tógála, mianadóireachta, tochailte agus cothabhála mórbhealaigh

39. Trealamh láimhseála ábhar

40. Téad, cábla, slabhra, agus feistis

41. Trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin, agus aerchúrsaíochta

42. Trealamh comhraic dóiteáin, tarrthála agus sábháilteachta; agus trealamh agus ábhair cosanta comhshaoil

43. Caidéil agus comhbhrúiteoirí

44. Foirnéis, gléasra gaile, agus trealamh triomúcháin; agus imoibreoirí núicléacha

45. Trealamh pluiméireachta, téimh agus diúscartha dramhaíola

46. Trealamh íonaithe uisce agus cóireála séarachais

47. Píobán, feadáin, osán, agus feistis

48. Comhlaí

49. Trealamh siopa cothabhála agus deisiúcháin

52. Uirlisí tomhais

53. Crua-earraí agus scríobaigh

54. Struchtúir réamhdhéanta agus scafall

55. Adhmad, adhmad muilinn, sraithadhmad, agus veinír

56. Ábhair fhoirgníochta agus thógála

61. Sreang leictreach, agus trealamh cumhachta agus dáileacháin

62. Daingneáin soilsithe agus lampaí

63. Córais braite aláraim, comharthaíochta agus slándála

65. Trealamh agus soláthairtí leighis, déidliachta agus tréidliachta

66. Ionstraimí agus trealamh saotharlainne

67. Trealamh grianghrafadóireachta

68. Ceimiceáin agus táirgí ceimiceacha

69. Áiseanna agus feistí oiliúna

70. Trealamh próiseála sonraí uathoibríoch (lena n-áirítear dochtearraí), bogearraí, soláthairtí agus trealamh tacaíochta

71. Troscán

72. Feistis agus fearais tí agus tráchtála

73. Trealamh ullmhúcháin agus riartha bia

74. Meaisíní oifige, córais próiseála téacs agus trealamh taifeadta infheicthe

75. Soláthairtí agus gairis oifige

76. Leabhair, léarscáileanna agus foilseacháin eile (seachas 7650: líníochtaí agus sonraíochtaí)

77. Uirlisí ceoil, fónagraif agus raidiónna de chineál baile

78. Trealamh áineasa agus lúthchleasaíochta

79. Trealamh agus soláthairtí glantacháin

80. Scuaba, péinteanna, séalóirí agus greamacháin

81. Coimeádáin, pacáistiú agus soláthairtí pacála

85. Earraí níocháin

87. Soláthairtí talmhaíochta

88. Ainmhithe beo

91. Breoslaí, bealaidh, olaí agus céaracha

93. Ábhair déanta neamhmhiotalacha

94. Amhábhair neamhmhiotalacha

96. Mianta, mianraí agus a bpríomhtháirgí (cé is moite de 9620: mianraí, iad nádúrtha agus sintéiseach)

99. Nithe ilghnéitheacha

ROINN E

SEIRBHÍSÍ

Cumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) soláthar na seirbhísí uile cé is moite de sheirbhísí foirgníochta a sholáthraíonn eintitis a liostaítear i Ranna A go C cé is moite de na seirbhísí seo a leanas a shainaithnítear i gcomhréir leis an gCóras Coiteann Aicmiúcháin in Aguisín 13-D-1 (Seirbhísí an Chórais Coiteann Aicmiúcháin) a ghabhann le USMCA:

A		Taighde agus Forbairt
		Gach aicme
C		Seirbhísí Ailtireachta agus Innealtóireachta
	C130	Athchóiriú (chun láithreáin agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus chun na críche sin amháin)
D		Próiseáil Faisnéise agus Seirbhísí Teileachumarsáide Gaolmhara
	D304	Seirbhísí Teileachumarsáide agus Tarchurtha ADP, cé is moite de na seirbhísí sin atá aicmithe mar sheirbhísí feabhsaithe nó breisluacha, ar rud é a shainmhínítear mar sheirbhísí teileachumarsáide agus úsáid á baint as córais phróiseála ríomhairithe, ar seirbhísí iad: (a) lena ngníomhaítear de réir fhormáid, inneachar, chód, phrótacal nó ghnéithe comhchosúla na faisnéise a tharchuireann an t-úsáideoir, (b) lena soláthraítear faisnéis bhreise, faisnéis dhifriúil nó faisnéis athstruchtúraithe don chustaiméir, nó (c)lena ndéantar idirghníomhaíocht le húsáideoirí trí úsáid a bhaint as faisnéis stóráilte. Chun críocha an tsainmhínithe seo, le héadáil sheirbhísí teileachumarsáide agus tarchurtha ADP, ní áirítear úinéireacht ná soláthar saoráidí le haghaidh seirbhísí tarchurtha gutha nó sonraí.
	D305	Seirbhísí ADP le haghaidh Teileaphróiseála agus Amroinnte.
	D309	Seirbhísí Craolacháin Faisnéise agus Sonraí nó Seirbhísí Dáilte Sonraí
	D316	Seirbhísí Bainistíochta Líonra Teileachumarsáide
	D317	Seirbhísí Nuachta Uathoibrithe, Seirbhísí Sonraí, nó Seirbhísí Faisnéise Eile
		Ceannach Sonraí (coibhéis leictreonach leabhar, tréimhseachán, nuachtán, etc.)
	D399	Seirbhísí Teileachumarsáide ADP eile (lena n-áirítear stóráil sonraí ar théip, dlúthdhioscaí, etc.)
F		Seirbhísí Acmhainní Nádúrtha.
	F011	Seirbhísí Tacaíochta Lotnaidicídí / Feithidicídí

G		Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta.
		Gach aicme
J		Cothabháil, Deisiú, Modhnú, Atógáil agus Suiteáil Earraí
		Trealamh
	J010	Armáil
	J011	Ábhar Núicléach Cogaidh
	J012	Trealamh agus Rialú Dóiteáin
	J013	Armlón agus Pléascáin
	J014	Diúracáin treoraithe
	J015	Comhpháirteanna Aerárthaí agus Struchtúr Aerárthaí
	J016	Comhpháirteanna agus Gabhálais Aerárthaí
	J017	Trealamh Aerárthaí um Éirí de Thalamh, Tuirlingt, agus Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh
	J018	Feithiclí Spáis
	J019	Lastais, Struchtúir Bheaga, Báirsí agus Dugaí Snámha
	J020	Báid agus Trealamh Muirí
	J022	Trealamh Iarnróid
	J023	Feithiclí Talún, Mótarfheithiclí, Leantóirí agus Gluaisrothair
	J024	Tarracóirí
	J025	Comhpháirteanna Mótarfheithiclí
	J998	Deisiúchán Long Neamhnúicléach

K		Oibríochtaí Coimeádta agus Seirbhísí Gaolmhara (seirbhísí gairmiúla le haghaidh cosanta amháin, suiteálacha slándála pearsanta arna ndéanamh ag gardaí armtha)
	K103	Seirbhísí Breosla agus Seirbhísí Peitriliam Eile — Cé is moite de Stóráil
	K105	Seirbhísí Garda (seirbhísí gairmiúla le haghaidh cosanta amháin, suiteálacha slándála pearsanta agus faireachais arna ndéanamh ag gardaí armtha)
	K109	Seirbhísí Faireachais (seirbhísí gairmiúla le haghaidh cosanta amháin, suiteálacha slándála pearsanta agus faireachais arna ndéanamh ag gardaí armtha)
	K110	Seirbhísí Láimhseála Breosla Sholadaigh
L		Seirbhísí Airgeadais agus Seirbhísí Gaolmhara
		Gach aicme
R		Seirbhísí Tacaíochta Gairmiúla, Riaracháin agus Bainistíochta
	R003	Seirbhísí Dlí
	R004	Deimhniúcháin agus Creidiúnaithe, do tháirgí agus d'institiúidí cé is moite d'institiúidí oideachais
	R012	Seirbhísí Paitinní agus Trádmharcanna
	R016	Conarthaí Seirbhísí Pearsanta
	R101	Finné Saineolach (i gcás seirbhísí dlí amháin)
	R103	Seirbhísí Cúiréireachta agus Teachtaire
	R105	Seirbhísí Seolta agus Dáilte (cé is moite de sheirbhísí oifige poist)
	R106	Seirbhísí Oifige Poist
	R116	Seirbhísí Tuairiscithe Cúirte
	R200	Earcaíocht Mhíleata
S		Fóntais
		Gach aicme

T		Seirbhísí Cumarsáide, Grianghrafadóireachta, Mapála, Priontála agus Foilsitheoireachta
	T000	Staidéar Cumarsáide
	T001	Seirbhísí Taighde Margaidh agus Seirbhísí Thuairimí an Phobail (seirbhísí agallaimh teileafóin agus allamuigh roimhe seo, lena n-áirítear tástáil fócais, suirbhéanna sindeacáite agus dearcthaí), cé is moite de CPC 86503 Seirbhísí Margaíochta Sainchomhairleachta Bainistíochta.
	T002	Seirbhísí Cumarsáide (lena n-áirítear seirbhísí taispeántáin)
	T004	Seirbhísí Caidrimh Phoiblí (lena n-áirítear seirbhísí scríbhneoireachta, pleanáil agus bainistiú imeachtaí, caidreamh leis na meáin, anailís raidió agus teilifíse, seirbhísí preasa)
	T005	Seirbhísí Ealaíon/Grafaicí
	T008	Seirbhísí Próiseála Scannán
	T009	Seirbhísí Léiriúcháin Scannán/Físeán
	T010	Seirbhísí Micrifíse
	T013	Seirbhísí Grianghrafadóireachta Ginearálta — Stadán
	T014	Seirbhísí Priontála/Ceangail
	T015	Seirbhísí Atáirgthe
	T017	Seirbhísí Grianghrafadóireachta Ginearálta — Scannán
	T018	Seirbhísí closamhairc
	T099	Seirbhísí Cumarsáide, Grianghrafadóireachta, Mapála, Priontála agus Foilsitheoireachta Eile Seirbhísí
U		Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna
	U003	Oiliúint Saighdiúirí Cúltaca (míleata)

	U010	Deimhniúcháin agus Creidiúnú d'Institiúidí Oideachais
V		Seirbhísí Iompair, Taistil agus Athshocrúcháin
		Gach aicme (cé is moite de V503 Seirbhísí Gníomhaireachta Taistil)
W		Léas agus Cíos Trealaimh a bhfuil gá le cosaint phaitinne, cóipcheart nó cearta dílseánaigh eile ina leith.
	W058	Trealamh Cumarsáide, Braite agus Radaíochta Comhleanúnaí

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN E

1. Molfaidh Meicsiceo don Chomhairle Chomhpháirteach na leasuithe is gá a dhéanamh ar an Roinn seo chun a aicmiú atá bunaithe ar Aicmiú Coiteann NAFTA a chomhchuibhiú leis an gCód CPC bunaithe ar Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach na Náisiún Aontaithe le linn tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Glacfaidh an Chomhairle Trádála na leasuithe atá beartaithe trí bhíthin cinnidh.

2. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le hoibriú saoráidí rialtais faoi lamháltais.

3. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le seirbhísí a bhaineann le hearraí a fuair Secretaría de la Defensa Nacional (An Aireacht Cosanta Náisiúnta) agus Secretaría de Marina (An Aireacht Cabhlaigh) nach gcumhdaítear le Caibidil 21 (Soláthar Poiblí).

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an soláthar seirbhísí a chumhdaítear faoi Chaibidil 21, maidir le soláthairtí trasteorann, faoi réir Chaibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), Chaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus Chaibidil 18 (Seirbhísí Airgeadais).

ROINN F

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

Mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo agus faoi réir na Nótaí Ginearálta i Roinn H, tá feidhme ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir leis na seirbhísí foirgníochta uile arna soláthar ag na heintitis a liostaítear i Ranna A go C, a shainaithnítear i Rannán 51 d'Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach na Náisiún Aontaithe (CPC).

ROINN G

TIONSCADAIL COMHPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ PRÍOBHÁIDÍ

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

ciallaíonn 'Tionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí' (dá ngairtear 'Tionscadail PPP' anseo feasta) tionscadail arna bhforbairt faoi scéim, arb é is aidhm dóibh seirbhísí a sholáthar don earnáil phoiblí, do mhórdhíoltóirí, d'idirghabhálaithe nó do thomhaltóirí deiridh agus a chuirtear chun feidhme trí chaidreamh conarthach fadtéarmach idir údarás poiblí agus oibreoir eacnamaíoch príobháideach [1], ina gcuireann an t-oibreoir eacnamaíoch príobháideach bonneagar ar fáil go hiomlán nó go páirteach.

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tugtar le tuiscint le gach Tionscadal PPP go bhfuil leithdháileadh riosca ann idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag céimeanna éagsúla na dtionscadal.

2. Tionscadail PPP a dhámhann eintitis soláthair a liostaítear i Ranna A agus C, cumhdaítear iad faoi Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí).

3. Níl feidhm ag mír 4 d'Airteagal 21.6.4 (Fógraí), agus Airteagal 21.17 (Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin Intíre) maidir le Tionscadail PPP a chumhdaítear i gcomhréir le mír 2.

4. Chun críocha na meastóireachta maidir le tograí Tionscadal PPP gan iarraidh, cuirfidh Meicsiceo a dhlí i bhfeidhm agus caithfidh sé le fiontair an Aontais Eorpaigh ar an mbealach céanna a chaitheann sé le fiontair Mheicsiceo.

NÓTAÍ A GHABHANN LE ROINN G

1. Féadfar Tionscadail PPP a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí a gceadaíonn dlí Mheicsiceo rannpháirtíocht na hearnála príobháidí ina leith agus dá ndeonaítear na ceadúnais, na húdaruithe nó na lamháltais is gá chun na seirbhísí gaolmhara a sholáthar.

2. D'ainneoin fhorálacha Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí), féadfaidh na heintitis a liostaítear i Roinn A a cheangal, i gcomhréir le dlí Mheicsiceo, go mbeidh an tairgeoir ar éirigh leis bunaithe go háitiúil chun na Tionscadail PPP a fhorbairt agus a bhainistiú.

3. I gcomhthéacs Thionscadail PPP, féadfaidh eintitis soláthair úsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21.12 (Nós Imeachta Tairisceana Teoranta) den Chomhaontú seo agus Airteagal 64 de Ley de Asociaciones Público Privadas (Dlí na gComhlachas Príobháideach Poiblí), arna leasú an 21 Aibreán 2016 ag Forreto por el que se reforman y derogan diversas disposiciones de la Ley de Asociaciones Público Privadas (Foraithne lena ndéantar forálacha éagsúla de Dhlí na gComhlachas Príobháideach Poiblí a athchóiriú agus a aisghairm).

4. Beidh an rochtain chéanna ag fiontair an Aontais Eorpaigh ar nósanna imeachta athbhreithniúcháin i Meicsiceo agus atá ag fiontair Mheicsiceo.

ROINN H

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Eisceachtaí Ginearálta

1. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar a dhéantar d'fhonn athdhíol ar bhonn tráchtála ag siopaí miondíola atá faoi úinéireacht an rialtais;

(b) soláthar a dhéantar chun críche ceannacháin earraí agus seirbhísí ag eintiteas faoi chumhdach trína bhfo-eintitis féin;

(c) soláthar a dhéanann eintiteas faoi chumhdach ó eintiteas eile ar choinníoll go ndéanann an t-eintiteas faoi chumhdach an eintiteas eile a rialú ar bhealach atá cosúil leis an rialú a dhéanann sé ar a ranna féin; nó

(d) soláthar a dhéantar chun uisce a cheannach agus fuinneamh nó breoslaí a sholáthar chun fuinneamh a tháirgeadh.

2. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le seirbhísí fóntais phoiblí, lena n-áirítear seirbhísí teileachumarsáide, tarchurtha, uisce agus fuinnimh.

3. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le seirbhísí iompair, lena n-áirítear iompar de thalamh (CPC 71); iompar d'uisce (CPC 72); aeriompar (CPC 73); iompar tacaíochta agus cúnta (CPC 74); seirbhísí poist agus teileachumarsáide (CPC 75); agus seirbhísí deisiúcháin trealaimh iompair eile, ar bhonn táille nó conarthach (CPC 8868).

4. Níl feidhm ag Caibidil 21 (Soláthar Poiblí) maidir le conarthaí 'Tóg-Oibrigh-Aistrigh' agus conarthaí lamháltais oibreacha poiblí ach amháin a mhéid a chumhdaítear na conarthaí sin faoi Roinn G (Tionscadail Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí).

Conarthaí Soláthair a Chur i Leataobh

5. D'ainneoin Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí), féadfaidh Meicsiceo conarthaí soláthair a chur i leataobh ó oibleagáidí na Caibidile sin (Soláthar Poiblí) faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ní fhéadfaidh luach iomlán na gconarthaí soláthair a chuirtear i leataobh a bheith níos airde ná comhluach USD 2 328 000 000 in peso Mheicsiceo i ngach bliain féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ar luach é a fhéadfaidh na heintitis soláthair uile a leithdháileadh, lena n-áirítear PEMEX agus CFE;

(b) ní rachaidh luach iomlán na gconarthaí soláthair faoi aon aicme FSC aonair (nó córas aicmiúcháin eile arna chomhaontú ag na Páirtithe) a fhéadfar a chur i leataobh faoin mír seo in aon bhliain thar 10 % de luach iomlán na gconarthaí a fhéadfar a chur i leataobh faoin mír seo don bhliain sin;

(c) ní fhéadfaidh aon eintiteas atá faoi réir fhomhír (a) conarthaí a chur i leataobh in aon bhliain féilire ar mó a luach ná 20 % de luach iomlán na gconarthaí a fhéadfar a chur i leataobh don bhliain sin; agus

(d) ní fhéadfaidh luach iomlán na gconarthaí arna gcur i leataobh ag PEMEX agus CFE a bheith níos mó ná comhluach USD 466 000 000 in peso Mheicsiceo i ngach bliain féilire.

6. Ó mhí Eanáir na bliana féilire tar éis na bliana ina dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, déanfar luachanna dhollar na Stát Aontaithe dá dtagraítear i mír 5 a choigeartú go bliantúil don bhoilsciú carnach, bunaithe ar an díbhoilsceoir praghsanna intuigthe d'Olltáirgeacht Intíre na Stát Aontaithe (OTI SAM) nó d'aon innéacs comharba arna fhoilsiú ag Comhairle na gComhairleoirí Eacnamaíocha maidir le Táscairí Eacnamaíocha.

Luachanna dhollar na Stát Aontaithe arna gcoigeartú don bhoilsciú carnach suas le mí Eanáir gach bliain féilire tar éis 2018, beidh siad cothrom le luachanna bunaidh dhollar na Stát Aontaithe arna n-iolrú faoi chóimheas dhíbhoilsceoir intuigthe praghsanna OTI SAM nó aon innéacs comharba arna fhoilsiú ag Comhairle na gComhairleoirí Eacnamaíocha maidir le Táscairí Eacnamaíocha, é i bhfeidhm ó mhí Eanáir na bliana sin, le díbhoilsceoir praghsanna intuigthe OTI SAM nó le haon innéacs comharba arna fhoilsiú ag Comhairle na gComhairleoirí Eacnamaíocha maidir le Táscairí Eacnamaíocha, é i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2018, ar choinníoll go mbeidh an bhonnbhliain chéanna ag na díbhoilsceoirí praghsanna sin.

Slánófar luachanna coigeartaithe dhollar na Stát Aontaithe a eascraíonn as sin go dtí na milliúin dollar na Stát Aontaithe is gaire. Tabharfaidh Meicsiceo fógra don Aontas Eorpach faoi luachanna coigeartaithe dhollar na Stát Aontaithe le linn mhí Eanáir den bhliain a thiocfaidh an coigeartú i bhfeidhm.

7. I gcás ina sáraíonn Meicsiceo i mbliain áirithe luach iomlán na gconarthaí a fhéadfaidh sé a chur i leataobh i gcomhréir le mír 5, rachaidh Meicsiceo i gcomhairle leis an Aontas Eorpach d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh i bhfoirm deiseanna breise soláthair i rith na bliana dár gcionn. Beidh na comhairliúcháin gan dochar do chearta an Pháirtí eile faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí).

Ceanglais PEMEX agus CFE maidir le hÁbhair Logánta

8. D'ainneoin Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí), féadfaidh PEMEX agus CFE ceanglas maidir le hábhar logánta a fhorchur nach mó é ná na céatadáin seo a leanas:

(a) 40 % le haghaidh tionscadail dlúthshaothair lándéanta nó mórthionscadail chomhtháite; nó

(b) 20 % le haghaidh tionscadail dhianchaipitiúla lándéanta nó mórthionscadail chomhtháite.

9. Chun críocha na míre seo, ciallaíonn 'tionscadal lándéanta nó mórthionscadal comhtháite' tionscadal foirgníochta, soláthair nó suiteála arna ghabháil de láimh ag príomhchonraitheoir de bhun ceart arna dheonú ag eintiteas a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(a) tá an t-údarás ag an bpríomhchonraitheoir na conraitheoirí ginearálta nó na fochonraitheoirí a roghnú;

(b) ní mhaoiníonn PEMEX ná CFE an tionscadal;

(c) is é an príomhchonraitheoir a sheasann na rioscaí a bhaineann le neamhfheidhmíocht; agus

(d) beidh an tsaoráid á hoibriú ag eintiteas nó trí chonradh soláthair de chuid an eintitis sin.

10. Aon ísliú ar an gcéatadán sin de luach an chonartha arna chinneadh ag PEMEX nó ag CFE mar thoradh ar chomhaontú idirnáisiúnta nó ar dhlí, ar rialachán nó ar bheartas de chuid Mheicsiceo, cuirfear é in ionad na gcéatadán thuasluaite ar bhonn buan. Agus an Nóta seo á chur i bhfeidhm, ní mór d'eintitis soláthair Mheicsiceo caitheamh le tairgeoirí de chuid an Aontais Eorpaigh ar bhealach chomh fabhrach céanna le tairgeoirí Mheicsiceo nó tairgeoirí tríú tír eile.

11. Ciallaíonn an téarma 'ábhar logánta' na costais le haghaidh comhpháirteanna, fo-chomhpháirteanna agus amhábhar a tháirgtear i Meicsiceo, lena n-áirítear costais saothair nó seirbhísí gaolmhara eile amhail seirbhísí iardhíola agus cothabhála, mar a chinntear sa tairiscint iad. Cuimsítear leis freisin na costais uile a bhaineann le cóimeáil chríochnaitheach i Meicsiceo. Beidh sé de cheart ag an tairgeoir a chinneadh cén chuid de luach an chonartha a chomhlíonfar tríd an luach a fuarthas i Meicsiceo a úsáid, ar bhonn na bhféidearthachtaí a leagtar amach san fhógra tairisceana.

12. Leis na costais incháilithe, cuirfear solúbthacht réasúnta ar fáil do thairgeoir rathúil chun luach an chonartha a fháil ar théarmaí iomaíocha ó sholáthróirí Mheicsiceo, lena n-áirítear maidir le praghas agus cáilíocht. Ní dhéanfaidh PEMEX ná CFE conarthaí a dheighilt d'fhonn srian a chur le rogha chostais incháilithe an tairgeora.

13. Cuirfidh na heintitis soláthair in iúl go soiléir agus go hoibiachtúil gur ann do bhearta maidir le hábhar logánta agus do choinníollacha a ghabhann leo sna fógraí tairisceana agus sa chonradh araon.

14. Tréimhse 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh Meicsiceo tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na míre seo faoi bhráid an Fhochoiste um Sholáthar Poiblí arna bhunú le fomhír 1(j) d'Airteagal 33.4.1 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile).

15. Ní fhorléireofar aon ní i gCaibidil 21 (Soláthar Poiblí) mar ní lena gceanglaítear ar PEMEX conarthaí comhroinnte riosca a dhéanamh.

Foirmle Coigeartaithe Tairseach

16. Déanfar na luachanna tairsí arna sloinneadh in USD i Ranna A agus C den Iarscríbhinn seo a choigeartú do gach bliain féilire i leith an bhoilscithe ag an ráta a chinntear le haghaidh Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcomhréir leis an bhfoirmle coigeartaithe tairseach a leagtar amach i mír 1 de Roinn G d'Iarscríbhinn 13-A (Sceideal Mheicsiceo) a ghabhann le Caibidil 13 (Soláthar Rialtais) de USMCA.

Tabharfaidh Meicsiceo fógra don Aontas Eorpach faoin ráta boilscithe arna chinneadh ag Stáit Aontaithe Mheiriceá tráth nach déanaí ná an 18 Samhain den bhliain roimh an mbliain ina thiocfaidh an coigeartú i bhfeidhm.

17. Déanfaidh Meicsiceo luach na dtairseach a ríomh agus a thiontú go peso Mheicsiceo trí úsáid a bhaint as ráta comhshó Banco de México (Banc Mheicsiceo). Is é a bheidh sa ráta comhshó sin luach peso Mheicsiceo i dtéarmaí dhollar na Stát Aontaithe an 1 Nollaig agus an 1 Meitheamh gach bliain, nó an chéad lá oibre ina dhiaidh sin. Beidh feidhm ag ráta comhshó an 1 Nollaig ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh den bhliain ina dhiaidh sin, agus beidh feidhm ag ráta comhshó an 1 Meitheamh ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig den bhliain sin. Tabharfaidh Meicsiceo fógra don Aontas Eorpach faoin ráta comhshó agus faoi na luachanna tairsí cinntithe in peso Mheicsiceo sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

18. Foilseofar faisnéis a bhaineann le tairseacha ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.compranet.gob.mx.

ROINN I

FAISNÉIS MAIDIR LE SOLÁTHAR

Foilsíonn Meicsiceo faisnéis soláthair ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

A Foilsiú Beart Soláthair Ghinearálta

I. Le haghaidh an Rialtais Láir agus Eintitis Eile

www.dof.gob.mx

II. Le haghaidh an Rialtais Fo-Láir agus Eintitis Eile

Chihuahua

http://www.chihuahua.gob.mx/periodicooficial

Ciudad de México

https://www.consejeria.cdmx.gob.mx/gaceta-oficial

Colima

http://www.periodicooficial.col.gob.mx/p/indexperi.php

Durango

http://secretariageneral.durango.gob.mx/periodico-oficial/

Estado de México

https://legislacion.edomex.gob.mx/ve_periodico_oficial

Guanajuato

http://periodico.guanajuato.gob.mx/faces/publico/InicioPub.jsf?_adf.ctrl-state=10xvevwyq7_3

Jalisco

https://periodicooficial.jalisco.gob.mx/periodicos/periodico-oficial

Morelos

http://periodico.morelos.gob.mx/

Nuevo León
http://www.nl.gob.mx/aplicaciones/periodicooficialdelestado

Puebla
http://periodicooficial.puebla.gob.mx/

Querétaro
http://lasombradearteaga.segobqueretaro.gob.mx/

San Luis Potosí
http://apps.slp.gob.mx/po/ConsultaDocumentos.aspx

Veracruz
http://www.veracruz.gob.mx/gaceta-oficial/

Zacatecas
http://periodico.zacatecas.gob.mx/

B Foilsiú Fógraí Soláthair

I. Le haghaidh an Rialtais Láir agus Eintitis Eile
(a) www.compranet.gob.mx

(b) www.pemex.com

(c) www.cfe.gob.mx

II. Le haghaidh an Rialtais Fo-Láir agus Eintitis Eile

Chihuahua
https://contrataciones.chihuahua.gob.mx/

Ciudad de México
https://www.tianguisdigital.cdmx.gob.mx/

Colima
https://proveedores.col.gob.mx/

Durango
https://comprasestatal.durango.gob.mx/

Estado de México
https://compramex.edomex.gob.mx/compramex/public/home.xhtml

Guanajuato

https://transparencia.guanajuato.gob.mx/transparencia/informacion_publica_licitaciones.php

Jalisco

https://encompras.jalisco.gob.mx/compras/encompras

Morelos

https://compras.morelos.gob.mx/

Nuevo León

http://secop.nl.gob.mx/

Puebla

http://licitaciones.puebla.gob.mx/

Querétaro

https://www.queretaro.gob.mx/OM/Adquisiciones/

San Luis Potosí

http://apps.slp.gob.mx/po/ConsultaDocumentos.aspx

Veracruz

http://www.veracruz.gob.mx/finanzas/transparencia-abrogada/transparencia-fiscal/licitaciones/

Zacatecas

http://funcionpublica.zacatecas.gob.mx/licitaciones.php

IARSCRÍBHINN 22-A

GNÍOMHAÍOCHTAÍ NEAMH-CHOMHRÉIREACHA MHEICSICEO

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

1. I liosta Mheicsiceo san Iarscríbhinn seo, leagtar amach, de bhun Airteagal 22.4 (Gníomhaíochtaí Neamh-Chomhréireacha), gníomhaíochtaí neamh-chomhréireacha fiontair faoi úinéireacht stáit nó monaplachta ainmnithe, nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí in Airteagal 22.6 (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála) maidir leo.

2. I ngach iontráil sa liosta leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) sonraítear le 'hoibleagáid lena mbaineann' na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 22.6 (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála) nach bhfuil feidhm acu, de bhun Airteagal 22.4 (Gníomhaíochtaí Neamh-Chomhréireacha), maidir le gníomhaíochtaí neamh-chomhréireacha an fhiontair faoi úinéireacht stáit nó na monaplachta ainmnithe, mar a leagtar amach i bhfomhír (c);

(b) sainaithnítear le 'heintiteas' an fiontar faoi úinéireacht stáit nó an mhonaplacht ainmnithe a ndéantar an iontráil ina leith;

(c) le 'Raon Feidhme na nGníomhaíochtaí Neamh-Chomhréireacha' tugtar tuairisc ar raon feidhme ghníomhaíochtaí neamh-chomhréireacha an fhiontair faoi úinéireacht stáit nó na monaplachta ainmnithe a ndéantar an iontráil ina leith; agus

(d) sainaithnítear le 'bearta', chun críoch trédhearcachta, liosta neamh-uileghabhálach de na dlíthe, rialacháin nó bearta eile ar dá mbun a dhéanann an fiontar faoi úinéireacht stáit nó an mhonaplacht ainmnithe na gníomhaíochtaí neamh-chomhréireacha a ndéantar an iontráil ina leith.

LIOSTA MHEICSICEO

Oibleagáidí lena mBaineann:	Airteagal 22.6.1(a) (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála)
Eintiteas:	An Coimisiún Cónaidhme Leictreachais (Comisión Federal de Electricidad), a fhochuideachtaí agus a chleamhnaithe, agus aon fhiontar nó eintiteas nua, atheagraithe nó comharba
Raon Feidhme na nGníomhaíochtaí Neamh-Chomhréireacha:	Féadfaidh an t-eintiteas tosaíocht a thabhairt d'earraí agus do sheirbhísí fhiontair Mheicsiceo ina cheannacháin earraí agus seirbhísí, de bhun na mbeart a liostaítear thíos, agus na gníomhaíochtaí á ndéanamh aige laistigh de chríoch Mheicsiceo de bhun a shainordaithe dhlíthiúil Féadfaidh Meicsiceo a cheangal ar an eintiteas sna conarthaí agus sna ceadanna a dhámhtar nó a dheonaítear don eintiteas sin, tosaíochtaí a chuimsiú maidir le ceannach earraí agus seirbhísí de chuid fhiontair Mheicsiceo, agus iad i mbun, i measc nithe eile, maoiniú, suiteáil, cothabháil agus leathnú an bhonneagair is gá chun an tseirbhís phoiblí a bhaineann le gníomhaíochtaí na hearnála leictreachais a sholáthar, de bhun Ley del Sector Eléctrico. Is de bhun na hiontrála i bhFoscríbhinn I-B-1, I-MX-14 (Leictreachas) a thugtar tosaíocht d'earraí agus do sheirbhísí mar a thugtar tuairisc air thuas. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanann an iontráil seo difear do na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 22.6.1(b) (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála).

Oibleagáidí lena mBaineann:	Airteagal 22.6.1(a) (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála)
Bearta:	(a) Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos (Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo), Airteagail 25, 27 agus 28. (b) Decreto por el que se reforman y adicionan diversas disposiciones de la Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos, en materia de energía, a foilsíodh san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2024 (Foraithne lena leasaítear agus lena bhforlíontar forálacha éagsúla Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le Fuinneamh). (c) Ley de la Empresa Pública del Estado, Comisión Federal de Electricidad (An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, an Coimisiún Feidearálach um Fhuinneamh) Airteagail 1, 3, 8, 65 agus 81. (d) Ley del Sector Eléctrico (Dlí na hEarnála Leictrí) , Airteagail 1, 2, 4, 5, 8, 10, 12, 13, 29, 40, 44 go 48, 57, 60, 61, 108 agus 109. (e) Ley del Sector de Hidrocarburos (Dlí na hEarnála Hidreacarbón), Airteagail 95 agus 104. (f) Ley de Ingresos sobre Hidrocarburos (An Dlí um Ioncam ó Hidreacarbóin), Airteagal 31. (g) Ley Reglamentaria del artículo 27 Constitucional en Materia Nuclear (Dlí Rialála Airteagal 27 den Bhunreacht maidir le hÁbhar Núicléach) mar a foilsíodh é san Iris Oifigiúil an 4 Feabhra 1985 agus an nuashonrú deireanach a rinneadh air an 9 Aibreán 2012, Airteagal 15, míreanna 1 agus 2 agus 49 (h) Dlíthe agus rialacháin cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (g)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Airteagal 22.6.1(a) (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála)
Eintiteas:	Petróleos Mexicanos, a fhochuideachtaí agus a chleamhnaithe, agus aon fhiontar nó eintiteas nua, atheagraithe nó comharba
Raon Feidhme na nGníomhaíochtaí Neamh-Chomhréireacha:	Féadfaidh an t-eintiteas tosaíocht a thabhairt d'earraí agus do sheirbhísí fhiontair Mheicsiceo ina cheannacháin earraí agus seirbhísí, de bhun na mbeart a liostaítear thíos, agus é i mbun taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus hidreacarbóin eile laistigh de chríoch Mheicsiceo. Féadfaidh Meicsiceo a cheangal ar an eintiteas sna teidlíochtaí, conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, agus sna ceadanna a dhámhtar nó a dheonaítear don eintiteas, tosaíochtaí maidir le ceannach earraí náisiúnta nó seirbhísí intíre a chuimsiú. 35 % ar a laghad a bheidh sa mheánchion náisiúnta le haghaidh gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe. I gcás tionscadail domhainuisce agus ultra-dhomhainuisce, bunóidh an Aireacht Geilleagair an mhodheolaíocht chun an cion náisiúnta i Sannacháin agus Conarthaí Taiscéalaíochta agus Eastósctha a thomhas, agus chun comhlíonadh céatadán an chion náisiúnta a fhíorú i gcomhréir leis an gclár comhlíontachta bunaithe. Is de bhun na hiontrála i bhFoscríbhinn I-B-1, I-MX-12 (Fuinneamh) a thugtar tosaíocht d'earraí agus do sheirbhísí mar a thugtar tuairisc air thuas. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanann an iontráil seo difear do na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 22.6.1(b) (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála). Fiontar faoi Úinéireacht Stáit, arb é is cuspóir eisiach dó hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a eastóscadh, féadfaidh an Aireacht Fuinnimh leithdháileadh díreach ar an gceart chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear a fhorbairt a dheonú don fhiontar sin, agus cruthóidh an Aireacht sin gurb í an sásra is leordhóthanaí ar mhaithe le leasanna an Stáit, ó thaobh táirgeadh hidreacarbón agus ráthaíocht ar sholáthar hidreacarbón de.

Oibleagáidí lena mBaineann:	Airteagal 22.6.1(a) (Cóir Neamh-Idirdhealaitheach agus Breithnithe Tráchtála)
Bearta:	(a) Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos (Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo), Airteagail 25, 27 agus 28. (b) Decreto por el que se reforman y adicionan diversas disposiciones de la Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos, en materia de energía, a foilsíodh san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2024 (Foraithne lena leasaítear agus lena bhforlíontar forálacha éagsúla Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le Fuinneamh). (c) Ley del Sector de Hidrocarburos (Dlí na hEarnála Hidreacarbón), Airteagail 1, 3, 4, 10 go 14, 24, 26, 28, 30, 31, 44, 58, 69, 74, 78, 158 agus 161 go 163. (d) Ley de Ingresos sobre Hidrocarburos (An Dlí Ioncaim maidir le Hidreacarbóin) mar a foilsíodh é san Iris Oifigiúil an 11 Lúnasa 2014 agus an nuashonrú deireanach a rinneadh air an 18 Márta 2025, Airteagal 31. (e) Ley de la Empresa Pública del Estado, Petróleos Mexicanos (An Dlí um Fiontar Poiblí Stáit, Petróleos Mexicanos) Airteagail 8, 10, 11, 16, 62, 65 agus 79 (f) Reglamento de la Ley de Hidrocarburos (An Rialachán maidir leis an Dlí maidir le Hidreacarbóin) mar a foilsíodh é san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2014, Airteagail 14 agus 36. (g) Metodología para la Medición del Contenido Nacional en Asignaciones y Contratos para la Exploración y Extracción de Hidrocarburos, así como para los permisos en la Industria de Hidrocarburos, emitida por la Secretaría de Economía (Modheolaíocht maidir le Tomhas an Chion Náisiúnta sna Teidlíochtaí agus sna Conarthaí Taiscéalaíochta agus Táirgthe Hidreacarbón, agus maidir leis na ceadanna i dTionscal na Hidreacarbón, arna n-eisiúint ag an Aireacht Geilleagair) mar a foilsíodh san Iris Oifigiúil an 13 Samhain 2014. (h) Acuerdo por el que se establecen los valores para 2015 y 2025 de contenido nacional en las actividades de Exploración y Extracción de Hidrocarburos en aguas profundas y ultra profundas, emitidos por la Secretaría de Economía (Comhaontú lena mbunaítear na luachanna do 2015 agus 2025 maidir le cion náisiúnta i ngníomhaíochtaí Taiscéalaíochta agus Eastósctha Hidreacarbón in uiscí doimhne agus ultra-dhoimhne, arna eisiúint ag an Aireacht Geilleagair) mar a foilsíodh san Iris Oifigiúil an 29 Márta 2016. (i) Dlíthe agus rialacháin cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (h).

IARSCRÍBHINN 25-A

PRÍOMHGHNÉITHE AN NÓS IMEACHTA FREASÚRA

ROINN A

PRÍOMHGHNÉITHE AN NÓS IMEACHTA FREASÚRA SAN AONTAS EORPACH

Agus nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 25.33 (Tásca Geografacha Seanbhunaithe) á dhéanamh, áiritheoidh an tAontas Eorpach an méid seo a leanas.

1. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach, cé is moite dóibh siúd atá bunaithe nó a bhfuil cónaí orthu i Meicsiceo, a bhfuil leas dlisteanach aige, iarrfar air, trí fhógra a fhoilsiú, cur i gcoinne na cosanta atá beartaithe don tásc geografach lena mbaineann trí ráiteas cuí-réasúnaithe a thaisceadh. Beidh an t-ainm nó na hainmneacha san fhógra, mar aon leis an tras-scríobh comhfhreagrach go carachtair Laidineacha, agus cineál táirge an táisc gheografaigh atá le cosaint.

2. Gheobhaidh an Coimisiún Eorpach na ráitis freasúra tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i mír 1.

3. Ní bheidh ráitis freasúra inghlactha ach amháin má fhaightear iad laistigh den teorainn ama a leagtar amach thuas agus má léirítear an méid seo a leanas iontu:

(a) go mbeadh cosaint an ainm atá beartaithe ar neamhréir le hainm cineáil planda, lena n-áirítear cineál fíonchaoire nó pór ainmhí, agus mar gheall air sin gur dócha go gcuirfí an tomhaltóir amú maidir le fíorthionscnamh an táirge;

(b) go bhfuil ainm comhainmneach ann lenar dócha go gcuirfí an tomhaltóir amú sa chaoi go gcreidfeadh sé go dtagann an t-earra ó chríoch eile;

(c) go mbeadh dóchúlacht ann le cosaint an ainm atá beartaithe, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc agus fhad na tréimhse a úsáideadh é, go gcuirfí an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an táirge;

(d) go gcuirfí i gcontúirt, le cosaint an ainm atá beartaithe, láithreacht ainm nó trádmhairc atá comhionann ina iomláine nó i bpáirt nó láithreacht earra a bhí ar an margadh go dleathach ar feadh 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i mír 1; nó

(e) go léirítear leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an bhfreasúróir go bhfuil an t-ainm a bhfuil cosaint agus clárú á meas ina leith cineálach.

4. Déanfar meastóireacht ar na gnéithe den nós imeachta freasúra dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 i ndáil le críoch an Aontais, nach gciallaíonn, i gcás cearta maoine intleachtúla, ach an chríoch nó na críocha ina gcosnaítear na cearta sin.

ROINN B

PRÍOMHGHNÉITHE AN NÓS IMEACHTA FREASÚRA I MEICSICEO

Agus nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 25.33 (Tásca Geografacha Seanbhunaithe) á dhéanamh, áiritheoidh Meicsiceo an méid seo a leanas:

Beidh sé de cheart ag daoine leasmhara dlisteanacha cur i gcoinne na cosanta atá beartaithe do thásc geografach i gcomhréir le dlí Mheicsiceo. Foilseofar na critéir maidir le cur i gcoinne i bhfógra poiblí agus is iad seo a leanas na critéir sin:

(a). gurb ionann an t-ainm agus sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint don earra céanna nó d'earra comhchosúil, nó go bhfuil gné cosúlachta eatarthu sa chaoi go mbeadh mearbhall ann (semejanteen grado de confusion) maidir leo;

(b). gurb ionann an t-ainm agus ainm atá faoi réir iarratas ar aitheantas mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint don earra céanna nó d'earra comhchosúil, ar iarratas é atá ar feitheamh, de mheon macánta agus arb ann dó cheana, nó go bhfuil gné cosúlachta eatarthu sa chaoi go mbeadh mearbhall ann (semejanteen grado de confusion) maidir leo;

(c). go bhfuil an t-ainm cineálach nó go n-úsáidtear é go coitianta i gcríoch Mheicsiceo maidir leis an earra atá beartaithe lena chosaint, nó go bhfuil sé tagtha chun bheith ina eilimint choiteann nó chineálach den earra sin i dteanga choiteann nó i dteanga tráchtála;

(d). gurb é atá san ainm, agus a shaintréithe go léir á mbreithniú, tuairisc ar an earra a bhféachann sé lena chosaint; áireofar leis na saintréithe sin focail thuairisciúla nó tháscacha a úsáidtear de ghnáth chun speicis, cáilíocht, cainníocht, comhdhéanamh, ceann scríbe nó luach earra a ainmniú le linn na trádála;

(e). gurb ionann an t-ainm agus trádmharc cláraithe nó ainm tráchtála atá cláraithe i Meicsiceo is infheidhme maidir leis an earra céanna nó earra comhchosúil, nó go bhfuil gné cosúlachta eatarthu sa chaoi go mbeadh mearbhall ann (semejanteen grado de confusion) maidir leo;

(f). gurb ionann an t-ainm agus ainm atá faoi réir iarratas ar thrádmharcanna nó ar ainmneacha tráchtála don earra céanna nó d'earra comhchosúil, ar iarratas é atá ar feitheamh, de mheon macánta agus arb ann dó cheana, nó go bhfuil gné cosúlachta eatarthu sa chaoi go mbeadh mearbhall ann (semejanteen grado de confusion) maidir leo;

(g). gur aistriúchán nó traslitriú sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh nach féidir a chosaint é an t-ainm; agus

(h). go bhfuil an t-ainm ag teacht salach ar ainm cineáil planda, lena n-áirítear cineál fíonchaoire , nó pór ainmhí.

IARSCRÍBHINN 25-B

LIOSTA NA dTÁSC GEOGRAFACH

ROINN A

TÁSCA GEOGRAFACHA AN AONTAIS EORPAIGH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 25.32(a)

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Steirischer Kren		Meacan ragaim	An Ostair
Steirisches Kürbiskernöl		Olaí inite eile	An Ostair
Tiroler Almkäse / Tiroler Alpkäse		Cáis bó chrua	An Ostair
Tiroler Bergkäse		Cáis bó chrua	An Ostair
Tiroler Graukäse		Cáis bó chrua	An Ostair
Tiroler Speck		Liamhás muiceola	An Ostair
Vorarlberger Alpkäse		Cáis	An Ostair
Vorarlberger Bergkäse		Cáis bó chrua	An Ostair
Beurre d'Ardenne		Im	An Bheilg
Fromage de Herve		Cáis bó bhog	An Bheilg
Jambon d'Ardenne		Liamhás muiceola	An Bheilg
Pâté Gaumais		Feoil chócaráilte eile	An Bheilg
Plate de Florenville		Prátaí	An Bheilg
Vin mousseux de qualité de Wallonie		Fíon	An Bheilg
Vin de pays des jardins de Wallonie		Fíon	An Bheilg

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Crémant de Wallonie		Fíon	An Bheilg
Côtes de Sambre et Meuse		Fíon	An Bheilg
Българско розово масло	Bulgarsko rozovo maslo	Bláthola	An Bhulgáir
Дунавска равнина	Dunavska ravnina	Fíon	An Bhulgáir
Тракийска низина	Trakiĭska nizina	Fíon	An Bhulgáir
Γλυκό Τριαντάφυλλο Αγρού	Glyko Triantafyllo Agrou	Milseogra	An Chipir
Λουκούμι Γεροσκήπου	Loukoumi Geroskipou	Milseogra	An Chipir
Κουμανδαρία	Coumandaria	Fíon	An Chipir
Λεμεσός	Lemesos	Fíon	An Chipir
Πάφος	Pafos	Fíon	An Chipir
České pivo		Beoracha	An tSeicia
Českobudějovické pivo ([1])		Beoracha	An tSeiciaPoblacht
Žatecký chmel		Leannlusanna	An tSeicia
Bayerisches Bier		Beoracha	An Ghearmáin
Bremer Bier		Beoracha	An Ghearmáin
Dortmunder Bier		Beoracha	An Ghearmáin
Hopfen aus der Hallertau		Leannlusanna	An Ghearmáin
Kölsch ([2])		Beoracha	An Ghearmáin
Kulmbacher Bier		Beoracha	An Ghearmáin

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Lübecker Marzipan		Milseogra	An Ghearmáin
Münchener Bier ([3])		Beoracha	An Ghearmáin
Nürnberger Bratwürste / Nürnberger Rostbratwürste		Ullmhóidí ó mhuiceoil (100 %)	An Ghearmáin
Nürnberger Lebkuchen		Brioscaí	An Ghearmáin
Schwarzwälder Schinken ([4])		Liamhás muiceola	An Ghearmáin
Tettnanger Hopfen		Leannlusanna	An Ghearmáin
Baden		Fíon	An Ghearmáin
Franken		Fíon	An Ghearmáin
Mosel		Fíon	An Ghearmáin
Pfalz		Fíon	An Ghearmáin
Rheingau		Fíon	An Ghearmáin
Rheinhessen		Fíon	An Ghearmáin
Württemberg		Fíon	An Ghearmáin
Danablu		Cáis bó ghorm	An Danmhairg
Esrom		Cáis bó chrua	An Danmhairg
Γραβιέρα Κρήτης	Graviera Kritis	Ola olóige	An Ghréig
Ελιά Καλαμάτας	Elia Kalamatas	Ológa boird	An Ghréig
Καλαμάτα	Kalamata	Ola olóige	An Ghréig
Κασέρι	Kasseri	Cáis caorach leathchrua nó cáis caorach agus gabhair leathchrua	An Ghréig

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Κεφαλογραβιέρα	Kefalograviera	Cáis caorach chrua nó cáis caorach agus gabhair chrua	An Ghréig
Κολυμβάρι Χανίων Κρήτης	Kolymvari Chanion Kritis	Ola olóige	An Ghréig
Κορινθιακή Σταφίδα Βοστίτσα	Korinthiaki Stafida Vostitsa	Rísíní	An Ghréig
Κρόκος Κοζάνης	Krokos Kozanis	Cróch	An Ghréig
Λακωνία	Lakonia	Ola olóige	An Ghréig
Λέσβος / Μυτιλήνη	Lesvos / Mytilini	Ola olóige	An Ghréig
Λυγουριό Ασκληπιείου	Lygourio Asklipiiou	Ola olóige	An Ghréig
Μανούρι	Manouri	Meadhg bog	An Ghréig
Μαστίχα Χίου	Masticha Chiou	Gumaí nádúrtha agus roisíní	An Ghréig
Πεζά Ηρακλείου Κρήτης	Peza Irakliou Kritis	Ola olóige	An Ghréig
Πράσινες Ελιές Χαλκιδικής	Prasines Elies Chalkidikis	Ológa boird	An Ghréig
Σητεία Λασιθίου Κρήτης	Sitia Lasithiou Kritis	Ola olóige	An Ghréig
Φέτα ([5])	Feta	Cáis caorach bhán nó cáis caorach agus gabhair bhán	An Ghréig
Χανιά Κρήτης	Chania Kritis	Ola olóige	An Ghréig
Μαντινεία	Mantineia	Fíon	An Ghréig
Νεμέα	Nemea	Fíon	An Ghréig

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Ρετσίνα Αττικής	Retsina Attikis	Fíon	An Ghréig
Σάμος	Samos	Fíon	An Ghréig
Σαντορίνη	Santorini	Fíon	An Ghréig
Aceite del Baix Ebre-Montsià / Oli del Baix Ebre-Montsià		Ola olóige	An Spáinn
Aceite del Bajo Aragón		Ola olóige	An Spáinn
Antequera		Ola olóige	An Spáinn
Azafrán de la Mancha		Cróch	An Spáinn
Baena		Ola olóige	An Spáinn
Cabrales		Cáis	An Spáinn
Cecina de León		Feoil leasaithe eile	An Spáinn
Cítricos Valencianos / Cítrics Valencians (6)		Oráistí, Cleimintíní, Líomóidí	An Spáinn
Dehesa de Extremadura		Liamhás muiceola	An Spáinn
Estepa		Ola olóige	An Spáinn
Guijuelo		Liamhás muiceola	An Spáinn
Idiazabal		Cáis caorach chrua	An Spáinn
Jabugo		Liamhás muiceola	An Spáinn
Jamón de Teruel / Paleta de Teruel		Liamhás muiceola	An Spáinn
Jijona		Milseogra	An Spáinn
Les Garrigues		Ola olóige	An Spáinn

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Los Pedroches		Liamhás muiceola	An Spáinn
Mahón-Menorca		Cáis bainne mheasctha chrua	An Spáinn
Pimentón de la Vera		Paiprice	An Spáinn
Pimentón de Murcia		Paiprice	An Spáinn
Polvorones de Estepa		Brioscaí	An Spáinn
Priego de Córdoba		Ola olóige	An Spáinn
Queso Manchego ([7])		Cáis caorach chrua	An Spáinn
Queso Tetilla / Queixo Tetilla		Cáis	An Spáinn
Salchichón de Vic / Llonganissa de Vic		Feoil leasaithe eile	An Spáinn
Sierra de Cádiz		Ola olóige	An Spáinn
Sierra de Cazorla		Ola olóige	An Spáinn
Sierra de Segura		Ola olóige	An Spáinn
Sierra Mágina		Ola olóige	An Spáinn
Siurana		Ola olóige	An Spáinn
Sobrasada de Mallorca		Feoil leasaithe eile	An Spáinn
Ternera Gallega		Bó-ainmhithe	An Spáinn
Turrón de Alicante		Milseogra	An Spáinn
Alicante ([8])		Fíon	An Spáinn
Bierzo		Fíon	An Spáinn
Calatayud		Fíon	An Spáinn

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Campo de Borja		Fíon	An Spáinn
Cariñena		Fíon	An Spáinn
Castilla ([9])		Fíon	An Spáinn
Castilla y León		Fíon	An Spáinn
Cataluña		Fíon	An Spáinn
Cava ([10])		Fíon	An Spáinn
Cigales		Fíon	An Spáinn
Empordà		Fíon	An Spáinn
Jerez-Xérès-Sherry		Fíon	An Spáinn
Jumilla		Fíon	An Spáinn
La Mancha		Fíon	An Spáinn
Málaga		Fíon	An Spáinn
Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda		Fíon	An Spáinn
Navarra		Fíon	An Spáinn
Penedès		Fíon	An Spáinn
Priorat		Fíon	An Spáinn
Rías Baixas		Fíon	An Spáinn

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Ribeiro		Fíon	An Spáinn
Ribera del Duero		Fíon	An Spáinn
Rioja		Fíon	An Spáinn
Rueda ([11])		Fíon	An Spáinn
Somontano		Fíon	An Spáinn
Toro ([12])		Fíon	An Spáinn
Utiel-Requena		Fíon	An Spáinn
Valdepeñas		Fíon	An Spáinn
Valencia		Fíon	An Spáinn
Yecla		Fíon	An Spáinn
Abondance		Cáis	An Fhrainc
Ail blanc de Lomagne		Gairleog	An Fhrainc
Ail de la Drôme		Gairleog	An Fhrainc
Ail rose de Lautrec		Gairleog	An Fhrainc
Beaufort		Cáis	An Fhrainc
Bleu d'Auvergne		Cáis bó ghorm	An Fhrainc
Brie de Meaux		Cáis bó bhog	An Fhrainc

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Camembert de Normandie		Cáis bó bhog	An Fhrainc
Canard à foie gras du Sud-Ouest (Chalosse, Gascogne, Gers, Landes, Périgord, Quercy)		Feoil chócaráilte eile agus ae úr	An Fhrainc
Cantal / fourme de Cantal / cantalet		Cáis bó chrua	An Fhrainc
Chabichou du Poitou		Cáis	An Fhrainc
Comté		Cáis bó chrua	An Fhrainc
Crottin de Chavignol / Chavignol		Cáis	An Fhrainc
Emmental de Savoie		Cáis bó chrua	An Fhrainc
Époisses		Cáis	An Fhrainc
Fourme d'Ambert		Cáis	An Fhrainc
Gruyère ([13])		Cáis bó chrua	An Fhrainc
Huile d'olive de Haute-Provence		Ola olóige	An Fhrainc
Huile essentielle de lavande de Haute-Provence / Essence de lavande de Haute-Provence		Bláthola	An Fhrainc
Huîtres Marennes Oléron		Moilisc neamhphróiseáilte	An Fhrainc
Jambon de Bayonne		Liamhás muiceola	An Fhrainc
Lentille verte du Puy		Lintilí	An Fhrainc
Maroilles / Marolles		Cáis	An Fhrainc
Morbier ([14])		Cáis	An Fhrainc
Munster/; Munster-Géromé		Cáis bó bhog	An Fhrainc
Neufchâtel		Cáis	An Fhrainc

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Noix de Grenoble		Gallchnónna	An Fhrainc
Piment d'Espelette / Piment d'Espelette – Ezpeletako Biperra		Piobar	An Fhrainc
Pomme du Limousin		Úlla	An Fhrainc
Pont-l'Évêque		Cáis	An Fhrainc
Pruneaux d'Agen / Pruneaux d'Agen mi-cuits		Plumaí (iad triomaithe nó criostalaithe)	An Fhrainc
Reblochon / Reblochon de Savoie		Cáis bó chrua	An Fhrainc
Roquefort		Cáis caorach ghorm	An Fhrainc
Saint-Nectaire		Cáis	An Fhrainc
Tomme de Savoie		Cáis	An Fhrainc
Volailles de Loué		Éanlaith chlóis	An Fhrainc
Alsace		Fíon	An Fhrainc
Anjou		Fíon	An Fhrainc
Beaujolais		Fíon	An Fhrainc
Bergerac		Fíon	An Fhrainc
Bordeaux		Fíon	An Fhrainc
Bourgogne		Fíon	An Fhrainc
Cahors		Fíon	An Fhrainc
Chablis		Fíon	An Fhrainc
Champagne		Fíon	An Fhrainc
Châteauneuf-du-Pape		Fíon	An Fhrainc

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Cheverny		Fíon	An Fhrainc
Côtes de Blaye		Fíon	An Fhrainc
Côtes de Gascogne		Fíon	An Fhrainc
Côtes de Provence		Fíon	An Fhrainc
Côtes du Rhône		Fíon	An Fhrainc
Côtes du Roussillon		Fíon	An Fhrainc
Floc de Gascogne		Fíon	An Fhrainc
Graves		Fíon	An Fhrainc
Haut-Médoc		Fíon	An Fhrainc
Languedoc		Fíon	An Fhrainc
Mâcon		Fíon	An Fhrainc
Margaux		Fíon	An Fhrainc
Médoc		Fíon	An Fhrainc
Moulis / Moulis-en-Médoc		Fíon	An Fhrainc
Pauillac		Fíon	An Fhrainc
Pays d'Hérault		Fíon	An Fhrainc
Pays d'Oc		Fíon	An Fhrainc
Pessac-Léognan		Fíon	An Fhrainc
Pomerol		Fíon	An Fhrainc
Pommard		Fíon	An Fhrainc
Premières Côtes de Bordeaux		Fíon	An Fhrainc

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Romanée-Conti		Fíon	An Fhrainc
Saint-Emilion		Fíon	An Fhrainc
Saint-Estèphe		Fíon	An Fhrainc
Saint-Julien		Fíon	An Fhrainc
Sancerre		Fíon	An Fhrainc
Sauternes		Fíon	An Fhrainc
Touraine		Fíon	An Fhrainc
Val de Loire		Fíon	An Fhrainc
Ventoux		Fíon	An Fhrainc
Istarski pršut / Istrski pršut		Liamhás muiceola	An Chróit An tSlóivéin
Baranjski kulen		Liamhás muiceola	An Chróit
Dalmatinski pršut		Liamhás muiceola	An Chróit
Drniški pršut		Liamhás muiceola	An Chróit
Krčki pršut		Liamhás muiceola	An Chróit
Dingač		Fíon	An Chróit
Szegedi szalámi / Szegedi téliszalámi		Feoil leasaithe eile	An Ungáir
Tokaj / Tokaji		Fíon	An Ungáir
Aceto Balsamico di Modena		Fínéagar	An Iodáil
Aceto balsamico tradizionale di Modena		Fínéagar	An Iodáil

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Aprutino Pescarese		Ola olóige	An Iodáil
Asiago		Cáis bó chrua	An Iodáil
Bresaola della Valtellina		Feoil leasaithe eile	An Iodáil
Capocollo di Calabria		Feoil leasaithe	An Iodáil
Coppa di Parma		Feoil leasaithe	An Iodáil
Cotechino Modena		Ullmhóidí ó mhuiceoil (100 %)	An Iodáil
Culatello di Zibello		Feoil leasaithe eile	An Iodáil
Fontina		Cáis bó chrua	An Iodáil
Gorgonzola		Cáis bó ghorm	An Iodáil
Grana Padano ([15])		Cáis bó chrua	An Iodáil
Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel		Úlla	An Iodáil
Mortadella Bologna ([16])		Ullmhóidí ó mhuiceoil (100 %)	An Iodáil
Mozzarella di Bufala Campana		Cáis buabhall bhog	An Iodáil
Pancetta di Calabria		Feoil leasaithe	An Iodáil
Parmigiano Reggiano ([17])		Cáis bó chrua	An Iodáil
Pecorino Romano ([18])		Cáis caorach chrua	An Iodáil
Piadina Romagnola / Piada Romagnola		Arán eile	An Iodáil
Pomodoro S. Marzano dell'Agro Sarnese-Nocerino		Trátaí	An Iodáil
Prosciutto di Parma		Liamhás muiceola	An Iodáil
Prosciutto di San Daniele		Liamhás muiceola	An Iodáil

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Prosciutto Toscano		Liamhás muiceola	An Iodáil
Provolone Valpadana		Cáis bó bhog	An Iodáil
Riso del Delta del Po		Rís	An Iodáil
Salamini italiani alla cacciatora		Feoil leasaithe eile	An Iodáil
Salsiccia di Calabria		Feoil leasaithe	An Iodáil
Soppressata di Calabria		Feoil leasaithe eile	An Iodáil
Speck Alto Adige / Südtiroler Markenspeck / Südtiroler Speck		Liamhás muiceola	An Iodáil
Taleggio		Cáis bó bhog	An Iodáil
Toscano		Ola olóige	An Iodáil
Zampone Modena		Ullmhóidí ó mhuiceoil (100 %)	An Iodáil
Alto Adige / Südtirol / Südtiroler / dell'Alto Adige		Fíon	An Iodáil
Asti		Fíon	An Iodáil
Barbaresco		Fíon	An Iodáil
Barbera d'Alba ([19])		Fíon	An Iodáil
Barbera d'Asti ([20])		Fíon	An Iodáil
Bardolino		Fíon	An Iodáil
Barolo		Fíon	An Iodáil
Brachetto d'Acqui / Acqui		Fíon	An Iodáil
Brunello di Montalcino		Fíon	An Iodáil
Chianti		Fíon	An Iodáil

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Chianti Classico		Fíon	An Iodáil
Conegliano – Prosecco Conegliano Valdobbiadene – Prosecco / Valdobbiadene – Prosecco		Fíon	An Iodáil
Dolcetto d'Alba ([21])		Fíon	An Iodáil
Emilia / dell'Emilia ([22])		Fíon	An Iodáil
Franciacorta		Fíon	An Iodáil
Lambrusco di Sorbara		Fíon	An Iodáil
Lambrusco Grasparossa di Castelvetro		Fíon	An Iodáil
Marca Trevigiana		Fíon	An Iodáil
Marsala		Fíon	An Iodáil
Montepulciano d'Abruzzo ([23])		Fíon	An Iodáil
Oltrepò Pavese		Fíon	An Iodáil
Prosecco		Fíon	An Iodáil
Rubicone		Fíon	An Iodáil
Salento		Fíon	An Iodáil
Sicilia		Fíon	An Iodáil
Soave		Fíon	An Iodáil
Toscana / Toscano ([24])		Fíon	An Iodáil
Trento		Fíon	An Iodáil

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Valpolicella		Fíon	An Iodáil
Veneto		Fíon	An Iodáil
Vernaccia di San Gimignano		Fíon	An Iodáil
Vino Nobile di Montepulciano		Fíon	An Iodáil
Edam Holland		Cáis bó chrua	An Ísiltír
Gouda Holland		Cáis bó chrua	An Ísiltír
Hollandse Geitenkaas		Cáis caorach bhog	An Ísiltír
Azeite de Moura		Ola olóige	An Phortaingéil
Azeite do Alentejo Interior		Ola olóige	An Phortaingéil
Azeites da Beira Interior (Azeite da Beira Alta, Azeite da Beira Baixa)		Ola olóige	An Phortaingéil
Azeite de Tras-os-Montes		Ola olóige	An Phortaingéil
Azeites do Norte Alentejano		Ola olóige	An Phortaingéil
Azeites do Ribatejo		Ola olóige	An Phortaingéil
Chouriça de Carne de Vinhais / Linguiça de Vinhais		Feoil leasaithe eile	An Phortaingéil
Chouriço de Portalegre		Feoil leasaithe eile	An Phortaingéil
Maçã de Alcobaça		Úlla	An Phortaingéil

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Mel dos Açores		Mil	An Phortaingéil
Ovos Moles de Aveiro		Taosrán	An Phortaingéil
Pêra Rocha do Oeste		Piorraí	An Phortaingéil
Presunto de Barrancos / Paleta de Barrancos		Liamhás muiceola	An Phortaingéil
Queijo S. Jorge		Cáis bó chrua	An Phortaingéil
Queijo Serra da Estrela		Cáis caorach chrua	An Phortaingéil
Queijos da Beira Baixa (Queijo de Castelo Branco, Queijo Amarelo da Beira Baixa, Queijo Picante da Beira Baixa)		Cáis bó chrua	An Phortaingéil
Alentejano		Fíon	An Phortaingéil
Alentejo		Fíon	An Phortaingéil
Algarve		Fíon	An Phortaingéil
Bairrada		Fíon	An Phortaingéil
Dão		Fíon	An Phortaingéil
Douro		Fíon	An Phortaingéil
Duriense		Fíon	An Phortaingéil
Lisboa		Fíon	An Phortaingéil
Oporto / Port / Port Wine / Porto / Portvin / Portwein / Portwijn / vin du Porto / vinho do Porto		Fíon	An Phortaingéil
Palmela		Fíon	An Phortaingéil

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Península de Setúbal		Fíon	An Phortaingéil
Pico		Fíon	An Phortaingéil
Tejo		Fíon	An Phortaingéil
Trás-os-montes		Fíon	An Phortaingéil
Vinho da Madeira / Madère / Vin de Madère / Madera / Madeira Wein / Madeira Wine / Vino di Madera / Madeira Wijn / Madeira /		Fíon	An Phortaingéil
Vinho Verde		Fíon	An Phortaingéil
Magiun de prune Topoloveni		Plumaí (iad triomaithe nó criostalaithe)	An Rómáin
Salam de Sibiu		Feoil leasaithe eile	An Rómáin
Telemea de Ibănești		Cáis bó chrua	An Rómáin
Cotești		Fíon	An Rómáin
Cotnari		Fíon	An Rómáin
Dealu Mare		Fíon	An Rómáin
Murfatlar		Fíon	An Rómáin
Odobești		Fíon	An Rómáin
Panciu		Fíon	An Rómáin
Recaș		Fíon	An Rómáin
Târnave		Fíon	An Rómáin
Kranjska klobasa		Táirgí feola	An tSlóivéin

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh
Kraška panceta		Táirgí feola	An tSlóivéin
Kraški pršut		Liamhás muiceola	An tSlóivéin
Kraški zašink		Táirgí feola	An tSlóivéin
Slovenski med		Mil	An tSlóivéin
Štajersko prekmursko bučno olje		Ola síolta puimcín	An tSlóivéin
Vinohradnícka oblasť Tokaj		Fíon	An tSlóvaic

([1]) Is sa bhunteanga amháin a chosnaítear an téarma. Beidh úsáid an téarma i Meicsiceo faoi réir na socruithe príobháideacha idir úsáideoirí an táisc gheografaigh agus sealbhóir an trádmhairc.

([2]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Kölsch', maidir le húsáideoirí a bhí ann roimhe sin a d'úsáid an téarma 'tipo Kölsch' nó 'estilo Kölsch' de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach roimh an 21 Aibreán 2018, ní chuirfear cosc orthu leanúint den téarma sin a úsáid, ar choinníoll go léirítear an téarma i gclómhéid carachtar atá i bhfad níos lú ná ainm an bhranda, ach é a bheith inléite, agus ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an earra. I gcás nósanna imeachta forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear i bhForoinn B.4 de Chaibidil 25, beidh sé d'ualach ar na húsáideoirí a bhí ann roimhe a chruthú gurbh úsáideoirí iad i gcríoch Mheicsiceo i gcomhréir leis an bhfonóta seo.

([3]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Münchener Bier', maidir le húsáideoirí a bhí ann roimhe sin a d'úsáid an téarma 'tipo Munich' nó 'estilo Munich' de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach roimh an 21 Aibreán 2018, ní chuirfear cosc orthu leanúint den téarma sin a úsáid, ar choinníoll go léirítear an téarma i gclómhéid carachtar atá i bhfad níos lú ná ainm an bhranda, ach é a bheith inléite, agus ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an earra. I gcás nósanna imeachta forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear i bhForoinn B.4 de Chaibidil 25, beidh sé d'ualach ar na húsáideoirí a bhí ann roimhe a chruthú gurbh úsáideoirí iad i gcríoch Mheicsiceo i gcomhréir leis an bhfonóta seo.

([4]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Schwarzwälder Schinken', ní chuirtear cosc ar an téarma 'selva negra' a úsáid de mheon macánta, ar choinníoll nach n-úsáidtear é ach amháin le haghaidh liamhás cócaráilte, agus ar choinníoll nach ndéantar na hearraí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir, bratacha) d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh 'Schwarzwälder Schinken', agus ar choinníoll go léirítear an téarma i gclómhéid carachtar atá i bhfad níos lú ná ainm an bhranda, ach é a bheith inléite, agus ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an earra.

([5]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Φέτα (Feta)', ní chuirfear cosc ar úsáid leanúnach agus chomhchosúil an téarma 'feta' ag aon duine, lena n-áirítear a gcomharbaí agus a sannaithe, ar feadh 8 mbliana ar a mhéad ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ar choinníoll gur úsáid siad an tásc geografach sin ar bhealach leanúnach maidir leis na hearraí céanna nó earraí comhchosúla i gcríoch Mheicsiceo roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Le linn na mblianta sin, ní mór tásc inléite infheicthe ar thionscnamh geografach an earra lena mbaineann a bheith ag gabháil le húsáid an téarma 'feta'.

([6]) Féadfar leanúint d'ainmneacha cineáil ina bhfuil 'Valencia' nó arb é atá iontu 'Valencia' a úsáid le haghaidh earraí comhchosúla, ar choinníoll nach gcuirtear an tomhaltóir amú faoi chineál an téarma sin nó faoi thionscnamh beacht an earra.

([7]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Queso Manchego' le haghaidh cáiseanna a mhionsaothraítear sa Spáinn, i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla an Aontais Eorpaigh, trí bhainne caorach a úsáid, ní chuirfear cosc ar úsáid na dtéarmaí 'manchego' agus 'queso manchego', ar ainmneacha traidisiúnta iad i Meicsiceo nuair a bhaineann siad le cáiseanna a mhionsaothraítear le bainne bó, ar choinníoll nach ndéantar na hearraí sin a thráchtálú le tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) don tásc geografach faoi chosaint san Aontas Eorpach agus go ndéantar iad a idirdhealú ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh agus comhdhéanamh an earra.

([8]) Tá an eisceacht dá bhforáiltear i mír 4 d'Airteagal 25.40 (Eisceachtaí) infheidhme maidir le húsáid an téarma Alicante Bouschet.

([9]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Castilla', ní dhéanfar dochar do cheart aon duine trádmharc ina bhfuil an téarma sin nó aistriúchán nó traslitriú de a úsáid nó é a chlárú i Meicsiceo, ar choinníoll nach gcuireann sé an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra nó nach sáraíonn sé an tásc geografach a bheith faoi chosaint ar bhealaí eile.

([10]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Cava', ní dhéanfar dochar do cheart aon duine trádmharc ina bhfuil an téarma sin nó aistriúchán nó traslitriú de a úsáid nó é a chlárú i Meicsiceo, ar choinníoll nach gcuireann sé an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra nó nach sáraíonn sé an tásc geografach a bheith faoi chosaint ar bhealaí eile.

([11]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Rueda', ní dhéanfar dochar do cheart aon duine trádmharc ina bhfuil an téarma sin nó aistriúchán nó traslitriú de a úsáid nó é a chlárú i Meicsiceo, ar choinníoll nach gcuireann sé an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra nó nach sáraíonn sé an tásc geografach a bheith faoi chosaint ar bhealaí eile.

([12]) Le cosaint an táisc gheografaigh 'Toro', ní dhéanfar dochar do cheart aon duine trádmharc ina bhfuil an téarma sin nó aistriúchán nó traslitriú de a úsáid nó é a chlárú i Meicsiceo, ar choinníoll nach gcuireann sé an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra nó nach sáraíonn sé an tásc geografach a bheith faoi chosaint ar bhealaí eile.

Ainm an tsonrúcháin	Traslitriú	An cineál táirge	Tionscnamh

([13]) Le cosaint an táisc gheografaigh ‘Gruyère’, maidir le húsáideoirí a bhí ann roimhe sin a d’úsáid an téarma de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 bliana roimh an 21 Aibreán 2018, ní chuirfear cosc orthu leanúint den téarma a úsáid, ar choinníoll nach ndéantar na hearraí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir, bratacha) d’fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh ‘Gruyère’, agus go léirítear an téarma i gclómhéid carachtar atá i bhfad níos lú ná ainm an bhranda, ach é a bheith inléite, agus ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an earra. I gcás nósanna imeachta forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear i bhForoinn B.4 de Chaibidil 25, beidh sé d’ualach ar na húsáideoirí a bhí ann roimhe a chruthú gurbh úsáideoirí iad i gcríoch Mheicsiceo i gcomhréir leis an bhfonóta seo. Tagraíonn an t-ainmniú ‘Gruyère’, laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, do dhá thásc gheografacha chomhainmneacha, i leith cáis Eilvéiseach agus cáis Fhrancach faoi seach. Ní chuirfidh an tAontas Eorpach i gcoinne iarratas a d’fhéadfadh a bheith ann arb é is aidhm dó an tásc geografach comhainmneach sin de chuid na hEilvéise a chosaint i Meicsiceo.

([14]) Le cosaint an táisc gheografaigh ‘Morbier’, maidir le húsáideoirí a bhí ann roimhe sin a d’úsáid an téarma de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 bliana roimh an 21 Aibreán 2018, ní chuirfear cosc orthu leanúint den téarma a úsáid, ar choinníoll nach ndéantar na hearraí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir, bratacha) d’fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh ‘Morbier’, agus go léirítear an téarma i gclómhéid carachtar atá i bhfad níos lú ná ainm an bhranda, ach é a bheith inléite, agus ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an earra. I gcás nósanna imeachta forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear i bhForoinn B.4 de Chaibidil 25, beidh sé d’ualach ar na húsáideoirí a bhí ann roimhe a chruthú gurbh úsáideoirí iad i gcríoch Mheicsiceo i gcomhréir leis an bhfonóta seo.

([15]) Níl cosaint á lorg don téarma ‘Grana’ sa tásc geografach il-chomhpháirt ‘Grana Padano’.

([16]) Tá cosaint á lorg don tásc geografach ‘Mortadella Bologna’ i leith an táisc gheografaigh cumaisc seachas i leith téarmaí aonair.

([17]) Le cosaint an táisc gheografaigh ‘Parmigiano Reggiano’, maidir le húsáideoirí a d’úsáid an téarma ‘parmesano’ de mheon macánta roimh an 21 Aibreán 2018, ní chuirfear cosc orthu leanúint den téarma sin a úsáid, ar choinníoll nach ndéantar na hearraí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir, bratacha) d’fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh ‘Parmigiano Reggiano’, agus go ndéantar iad a idirdhealú ó ‘Parmigiano Reggiano’ ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an earra.

([18]) Níl cosaint á lorg don téarma ‘Pecorino’ sa tásc geografach il-chomhpháirt ‘Pecorino Romano’.

([19]) Tá an eisceacht dá bhforáiltear i mír 4 d’Airteagal 25.40 (Eisceachtaí) infheidhme maidir le húsáid an téarma ‘Barbera’.

([20]) Tá an eisceacht dá bhforáiltear i mír 4 d’Airteagal 25.40 (Eisceachtaí) infheidhme maidir le húsáid an téarma ‘Barbera’.

([21]) Tá an eisceacht dá bhforáiltear i mír 4 d’Airteagal 25.40 (Eisceachtaí) infheidhme maidir le húsáid an téarma ‘Dolcetto’.

([22]) Le cosaint an táisc gheografaigh ‘Emilia’, ní dhéanfar dochar do cheart aon duine trádmharc ina bhfuil an téarma sin nó aistriúchán nó traslitriú de a úsáid nó é a chlárú i Meicsiceo, ar choinníoll nach gcuireann sé an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra nó nach sáraíonn sé an tásc geografach a bheith faoi chosaint ar bhealaí eile.

([23]) Tá an eisceacht dá bhforáiltear i mír 4 d’Airteagal 25.40 (Eisceachtaí) infheidhme maidir le húsáid an téarma ‘Montepulciano’.

([24]) Le cosaint an táisc gheografaigh ‘Toscana/Toscano’, ní dhéanfar dochar do cheart aon duine trádmharc ina bhfuil an téarma sin nó aistriúchán nó traslitriú de a úsáid nó é a chlárú i Meicsiceo, ar choinníoll nach gcuireann sé an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an earra nó nach sáraíonn sé an tásc geografach faoi chosaint ar bhealaí eile.

ROINN B

TÁSCA GEOGRAFACHA MHEICSICEO DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 25.32(b)

Ainm an tsonrúcháin	An cineál táirge	Áit tionscnaimh
Arroz del Estado de Morelos	Rís	Morelos, Meicsiceo
Ate de Morelia, Región de Origen	Torthaí, iad úr, cócaráilte agus glóthaithe	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Banamich	Bananaí	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Berries de México	Fraocháin ghorma, sútha talún, sútha craobh agus sméara dubha	Meicsiceo
Cacao Grijalva	Cacó	Tabasco, Meicsiceo

Ainm an tsonrúcháin	An cineál táirge	Áit tionscnaimh
Café Chiapas	Caife	Chiapas, Meicsiceo
Café Veracruz	Caife	Veracruz, Meicsiceo
Cajeta de Celaya, Región de Origen	Leathán caramail bainne gabhair	Guanajuato, Meicsiceo
Chile Habanero de la Península de Yucatán	Sillí	Campeche, Yucatán y Quintana Roo, Meicsiceo
Chipotle Mexicano ([1])	Sillí	Meicsiceo
Fresana, Fresa Michoacán, Región de Origen	Sú talún	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Jalapeño Mexicano ([2])	Sillí	Meicsiceo
Limón Michoacano, Región de Origen	Líoma	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Mango Ataúlfo del Soconusco Chiapas	Mangó	Chiapas, Meicsiceo
Michin	Breac	Estado de Mexico; Meicsiceo Michoacán, Meicsiceo
Nopal Villa Valtierrilla, Región de Origen	Cachtas	Guanajuato, Meicsiceo
Pan de Tingüindín, Región de Origen	Arán	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo

Ainm an tsonrúcháin	An cineál táirge	Áit tionscnaimh
Pan Grande de Acámbaro, Región de Origen	Arán	Guanajuato, Meicsiceo
Queso Cotija, Región de Origen	Cáis	Jalisco, Meicsiceo Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Vainilla de Papantla	Fanaile	Veracruz de la Llave, Meicsiceo Puebla de Zaragoza, Meicsiceo

([1]) Níl cosaint á lorg don téarma 'Chipotle' sa tásc geografach il-chomhpháirt 'Chipotle Mexicano'.

([2]) Níl cosaint á lorg don téarma 'Jalapeño' sa tásc geografach il-chomhpháirte 'Jalapeño Mexicano'.

Foscríbhinn 25-B-1

TÉARMAÍ AONAIR MAR CHUID DE THÁSC GEOGRAFACH CUMAISC

1. A mhéid a bhaineann le liosta thásca geografacha an Aontais Eorpaigh a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn 25-B (Liosta na dTásc Geografach), níl an chosaint a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 25.34 (Cosaint Tásc Geografach a Liostaítear in Iarscríbhinn 25-B) á lorg i ndáil leis na téarmaí aonair seo a leanas ar cuid iad de thásc geografach cumaisc:

'aceite', 'ail', 'ail blanc', 'ail rose', 'Almkäse', 'Alpkäse', 'Apfel', 'azafrán', 'azeite', 'azeites', 'Bergkäse', 'beurre', 'Bier', 'biperra', 'bleu', 'Bratwürste', 'bresaola', 'brie', 'bučno olje', 'camembert', 'canard à foie gras', 'capocollo', 'cecina', 'chmel', 'chouriça', 'chouriço', 'cítricos', 'cítrics', 'coppa', 'cotechino', 'culatello', 'dehesa', 'edam', 'emmental', 'essence de lavande', 'fromage', 'geitenkaas', 'gouda', 'Graukäse', 'Hopfen', 'huile d'olive', 'huile essentielle de lavande', 'huîtres', 'jambon', 'jamón', 'klobasa', 'kren', 'kulen', 'Kürbiskernöl', 'Lebkuchen', 'lentille verte', 'linguiça', 'llonganissa', 'maçã', 'magiun de prune', 'Markenspeck', 'Marzipan', 'med', 'mel', 'mela', 'mozzarella', 'noix', 'oli', 'ovos moles', 'paleta', 'pancetta', 'pâté', 'pêra', 'piada', 'piadina', 'piment', 'pimentón', 'pivo', 'plate', 'polvorones', 'pomme', 'pomodoro', 'presunto', 'prosciutto', 'provolone', 'pršut', 'pruneaux', 'queijo', 'queijo amarelo', 'queijo picante', 'queijos', 'queixo', 'queso', 'riso', 'Rostbratwürste', 'salam', 'salamini', 'salchichón', 'salsiccia', 'Schinken', 'sierra', 'sobrasada', 'soppressata', 'Speck', 'szalámi', 'telemea', 'téliszalámi', 'ternera', 'tomme', 'turrón', 'volailles', 'zampone', 'zašink', 'γλυκό τριαντάφυλλο (glyko triantafyllo)', 'γραβιέρα (graviera)', 'ελιά (elia)', 'κορινθιακή σταφίδα (korinthiaki stafida)', 'κρόκος (krokos)', 'λουκούμι (loukoumi)', 'πράσινες ελιές (prasines elies)' agus 'розово масло (rozovo maslo)'.

2. A mhéid a bhaineann le liosta thásca geografacha Mheicsiceo a leagtar amach i Roinn B d'Iarscríbhinn 25-B (Liosta na dTásc Geografach), níl an chosaint a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 25.34 (Cosaint Tásc Geografach a Liostaítear in Iarscríbhinn 25-B) á lorg i ndáil leis na téarmaí aonair seo a leanas ar cuid iad de thásc geografach cumaisc:

'café', 'mango', 'vainilla', 'chile', 'habanero', 'arroz', 'cacao', 'fresa', 'limón', 'queso', 'pan', 'grande', 'ate', 'cajeta', 'nopal' agus 'berries'.

3. A mhéid a bhaineann le liosta thásca geografacha Mheicsiceo a leagtar amach i Roinn B d'Iarscríbhinn 25-B (Liosta na dTásc Geografach), níl an chosaint a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 25.34 (Cosaint Tásc Geografach a Liostaítear in Iarscríbhinn 25-B) á lorg i ndáil leis na téarmaí seo a leanas a chuirtear le roinnt tásca geografacha:

'Región de Origen'.

IARSCRÍBHINN 25-C

TÁSCA GEOGRAFACHA MHEICSICEO DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 25.31.2

Ainm	An cineál táirge	Áit tionscnaimh
Alfareria de Tzintzuntzan Uricha Región De Origen	Potaireacht (lámhcheardaíocht)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Alfarería Dolorense	Potaireacht	Guanajuato, Meicsiceo
Alfarería Punteada de Capula Región De Origen	Potaireacht (lámhcheardaíocht)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Alfarería Tradicional de Capula Región De Origen	Potaireacht (lámhcheardaíocht)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Ámbar de Chiapas	Lámhcheardaíocht Roisín Nádúrtha	Chiapas, Meicsiceo
Bordados de Santa Cruz Tzintzuntzan Región de Origen	Earraí bróidnéireachta	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Cantera de Morelia Región De Origen	Cairéal	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Catrinas de Barro De Capula Región de Origen	Potaireacht cré (lámhcheardaíocht)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Cobre Martillado De Santa Clara Del Cobre Región De Origen	Cúipéireacht	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Esfera de Tlalpujahua Otjo Región De Origen	Sféir (Lámhcheardaíocht)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Guitarras de Paracho Región de Origen	Lámhcheardaíocht (giotáir)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Juguete Artesanal de Michoacan Sapichu Región de Origen	Lámhcheardaíocht (bréagáin)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Laca Perfilada de Patzcuaro En Oro 23 Qts. Región De Origen	Lámhcheardaíocht	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Mayolica de Dolores Hidalgo y Guanajuato	Potaireacht Glónraithe	Guanajuato, Meicsiceo

Ainm	An cineál táirge	Áit tionscnaimh
Olinalá	Lámhcheardaíocht	Guerrero, Meicsiceo
Pasta de Caña de Maíz J'Atzingueni	Lámhcheardaíocht	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Piñas De Barro de San Jose De Gracia Región de Origen	Lámhcheardaíocht (Cré)	Michoacán de Ocampo, Meicsiceo
Sombreros San Pancho, pueblos del Rincón	Hataí	Guanajuato, Meicsiceo
Talavera	Lámhcheardaíocht	Puebla de Zaragoza, Meicsiceo Tlaxcala, Meicsiceo

IARSCRÍBHINN 31-A

RIALACHA NÓS IMEACHTA

Sainmhínithe

1. Chun críocha Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) agus na Rialacha Nós Imeachta seo:

(a) ciallaíonn 'foireann riaracháin', i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, cé is moite de chúntóirí;

(b) ciallaíonn 'comhairleoir' duine aonair ar áirithíocht ag Páirtí chun comhairle a chur ar an bPáirtí sin nó cúnamh a thabhairt dó i dtaca le himeachtaí an phainéil;

(c) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair arb amhlaidh, faoi na téarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú painéalaí, a dhéanann sé taighde nó a sholáthraíonn sé cúnamh don phainéalaí sin;

(d) ciallaíonn 'Cód Iompair' an Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31-B;

(e) ciallaíonn 'Páirtí is déantóir gearáin' aon Pháirtí a iarrann go mbunófar painéal faoi Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú);

(f) ciallaíonn 'dáta seachadta':

(i) i gcás doiciméad arna thíolacadh ag Páirtí, an dáta ar a bhfaigheann an Páirtí eile an doiciméad; agus

(ii) i gcás doiciméad arna thíolacadh ag an bpainéal, an dáta ar a dtarchuireann an painéal doiciméad leictreonach chuig na Páirtithe nó chuig eintitis neamhrialtasacha;

(g) ciallaíonn 'lá' lá féilire;

(h) ciallaíonn 'saineolaí' duine nádúrtha nó comhlacht a sholáthraíonn faisnéis, tuairim nó comhairle theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 31.23 (Faisnéis a Fháil);

(i) ciallaíonn 'painéal' painéal arna bhunú de bhun Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú);

(j) ciallaíonn 'painéalaí' duine aonair atá ina chomhalta de phainéal;

(k) ciallaíonn 'an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh' an Páirtí a líomhnaítear ina leith go bhfuil na forálacha cumhdaithe á sárú aige;

(l) ciallaíonn 'lá saoire poiblí', i gcás aon bhliain, Satharn, Domhnach agus aon lá eile atá ainmnithe go hoifigiúil ag Páirtí mar lá saoire poiblí;

(m) ciallaíonn 'ionadaí Páirtí' fostaí nó aon duine aonair arna cheapadh ag roinn rialtais, gníomhaireacht rialtais nó aon eintiteas poiblí eile de chuid Páirtí a dhéanann ionadaíocht ar an bPáirtí chun críoch nós imeachta um réiteach díospóidí, lena n-áirítear abhcóide dlí nó comhairleoir nó sainchomhairleoir eile de chuid Páirtí a d'údaraigh an Páirtí chun gníomhú thar a cheann le linn na díospóide ([1]).

Fógraí

2. Maidir le haon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile:

(a) ón bpainéal, cuirfear chuig an dá Pháirtí é an tráth céanna;

([1]) Ní cheapfaidh Páirtí aon duine mar ionadaí, ar duine é a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go dtairbheodh sé lasmuigh d'imeachtaí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) d'faisnéis rúnda a fháil.

(b) ó Pháirtí a mbeidh an painéal ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus

(c) ó Pháirtí a mbeidh an Páirtí eile ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bpainéal an tráth céanna, de réir mar is iomchuí.

Déanfar go leictreonach aon fhógra dá dtagraítear sa Riail seo nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile lena soláthraítear taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar dháta a sheolta.

3. Seolfar na fógraí uile chuig na hoifigí arna n-ainmniú ag na Páirtithe de bhun Airteagal 31.36 (Riarachán an Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí) (dá ngairtear 'oifigí ainmnithe' anseo feasta).

4. Mionearráidí de chineál cléireachais in iarraidh, i bhfógra, in aighneacht i scríbhinn nó i ndoiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh ina léireofar na hathruithe go soiléir. Ní dhéanfaidh ceartú mionearráidí de chineál cléireachais difear do thráthchlár na n-imeachtaí.

5. Más ar lá saoire poiblí a thiteann dáta seachadta doiciméid, nó aon lá eile ar a bhfuil na hoifigí ainmnithe dúnta go hoifigiúil, measfar gur seachadadh an doiciméad ar an gcéad lá oibre eile. Ag an gcruinniú eagraíochtúil dá dtagraítear i Rialacha 16 agus 17, tíolacfaidh gach Páirtí liosta dá laethanta saoire poiblí, d'aon laethanta eile ar a bhfuil a oifig ainmnithe dúnta go hoifigiúil agus de ghnáthuaireanta gnó na hoifige sin. Coinneoidh gach Páirtí a liosta nuashonraithe le linn an nós imeachta painéil.

Painéalaithe a Cheapadh

6. Chun críocha mhíreanna 6 agus 7 d'Airteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil), féadfaidh na daoine seo a leanas feidhmiú mar údarás ceapacháin maidir le comhdhéanamh painéil:

(a) Uachtarán an Bhinse Achomhairc dá dtagraítear i míreanna 7 agus 8 d'Airteagal 10.31 (Binse Achomhairc); nó

(b) Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána.

7. Agus an rogha á déanamh trí chrannchur faoi mhíreanna 6 agus 7 d'Airteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil), roghnóidh an t-údarás ceapacháin an painéalaí trí chrannchur ó fholiosta an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh arna nglacadh de bhun fhomhír 1(a) nó 1(b) d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe) nó cathaoirleach painéil ó fholiosta daoine a fheidhmeoidh mar chathaoirligh arna ghlacadh de bhun fhomhír 1(c) d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe). Urramóidh an t-údarás ceapacháin aon téarma agus coinníoll a d'fhéadfadh na Páirtithe a chomhaontú.

(a) Cuirfidh an t-údarás ceapacháin na Páirtithe ar an eolas go pras maidir le dáta, am agus ionad an roghnaithe trí chrannchur. Beidh na Páirtithe i láthair le linn an roghnaithe trí chrannchur.

(b) Gan dochar do Riail 7(a), déanfar an roghnú trí chrannchur laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 6 d'Airteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil) leis an bPáirtí nó leis na Páirtithe a bheidh i láthair.

8. Chun críocha mhíreanna 4, 6 agus 7 d'Airteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil), más fíor an méid seo a leanas maidir le haon cheann de na foliostaí dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe):

(a) nach ndearna an Coiste Trádála an foliosta a ghlacadh, roghnófar an painéalaí, na painéalaithe nó an cathaoirleach as measc na ndaoine aonair sin arna n-ainmniú ag Páirtí amháin nó ag an dá Pháirtí don fholiosta áirithe sin agus ar tugadh fógra i scríbhinn don Pháirtí eile ina leith; nó

(b) nach ann níos mó do chúig dhuine aonair ar a laghad ar an bhfoliosta, roghnófar an painéalaí, na painéalaithe nó an cathaoirleach as measc na ndaoine aonair a bheidh fós ar an bhfoliosta áirithe sin.

9. Díreach tar éis an roghnúcháin, déanfaidh an oifig ainmnithe den Pháirtí is déantóir gearáin, nó oifig arna hainmniú go comhpháirteach ag na Páirtithe, fógra i scríbhinn, a thabhairt do gach duine aonair a roghnaíodh chun feidhmiú mar phainéalaí nó mar chathaoirleach faoina roghnú agus soláthróidh sí cóip den Chód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe). Dearbhóidh gach duine aonair go bhfuil sé ar fáil le bheith ina phainéalaí nó ina chathaoirleach d'aon oifig ainmnithe ag na Páirtithe laistigh de 5 lá tar éis an dáta ar cuireadh a cheapachán in iúl dó agus soláthróidh sé ráiteas nochta i gcomhréir le míreanna 5 go 9 (Oibleagáidí Nochta) d'Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

10. Nuair a dhearbhóidh an triúr painéalaithe roghnaithe go bhfuil siad ar fáil le bheith ar an bpainéal, cuirfidh an oifig ainmnithe ábhartha comhdhéanamh an phainéil in iúl do na Páirtithe go pras.

Liostaí na bPainéalaithe

11. Déanfaidh gach Páirtí, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile maidir leis na daoine aonair a ainmníonn sé le haghaidh na bhfoliostaí dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe).

12. Laistigh de 30 lá tar éis an fhógra a thabhairt de bhun Riail 11, féadfaidh Páirtí cur i gcoinne duine aonair a d'ainmnigh an Páirtí eile le haghaidh an fholiosta dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) agus 1(b) d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe) má mheasann sé nach gcomhlíonann an duine aonair sin na ceanglais in Airteagal 31.9 (Ceanglais le haghaidh Painéalaithe). Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an duine aonair na ceanglais sin laistigh de 15 lá tar éis fógra faoin agóid a fháil. I gcás easaontais, déanfaidh an Páirtí a bhfuil an duine aonair lena mbaineann ainmnithe acu an duine aonair sin a bhaint den fholiosta agus déanfaidh sé duine aonair nua a ainmniú.

13. Laistigh de 30 lá tar éis an fhógra a thabhairt de bhun Riail 11, comhaontóidh na Páirtithe faoi fholiosta na ndaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal dá dtagraítear i bhfomhír 1(c) d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe) ar bhonn na ndaoine aonair arna n-ainmniú ag gach Páirtí.

14. Féadfaidh Páirtí a chinneadh a fholiosta a mhodhnú tráth ar bith agus tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile faoi na daoine aonair a ainmníonn sé. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta a leagtar amach i Riail 12. Féadfaidh na Páirtithe foliosta na ndaoine aonair a bheidh ina gcathaoirleach a mhodhnú freisin trí chomhaontú frithpháirteach.

15. Glacfaidh an Coiste Trádála aon mhodhnú ar fholiostaí na bPáirtithe tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear i Riail 14 a fháil.

Cruinniú Eagrúcháin

16. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tiocfaidh siad agus an painéal le chéile laistigh de 7 lá ó bunaíodh an painéal chun na ceisteanna a mheasann na Páirtithe nó an painéal a bheith iomchuí a shocrú, lena n-áirítear:

(a) tráthchlár na n-imeachtaí, lena n-áirítear na dátaí beachta chun aighneachtaí a chomhdú agus dáta na héisteachta ó bhéal;

(b) an luach saothair agus na speansais atá le híoc leis na painéalaithe, a bheidh i gcomhréir le caighdeáin EDT; agus

(c) an luach saothair atá le híoc le cúntóirí, ní mó ná 50 % de mhéid luacha saothair painéalaí a bheidh sa mhéid iomlán luacha saothair a íocfar le cúntóir nó cúntóirí an phainéalaí sin.

17. Féadfaidh painéalaithe agus ionadaithe na bPáirtithe a bheith rannpháirteach sa chruinniú dá dtagraítear i Riail 16 trí aon mhodh teileachumarsáide.

Aighneachtaí i Scríbhinn

18. Déanfaidh an Páirtí is déantóir gearáin a aighneacht tosaigh i scríbhinn a sheachadadh tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht tosaigh i scríbhinn a sheachadadh tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta seachadta na haighneachta i scríbhinn ón bPáirtí is déantóir gearáin. Déanfaidh an Páirtí is déantóir gearáin a aighneacht frisnéise i scríbhinn, más ann di, a sheachadadh tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta a socraíodh maidir le cur isteach aighneacht tosaigh i scríbhinn an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht frisnéise i scríbhinn, más ann di, a sheachadadh tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta a socraíodh maidir le cur isteach aighneacht frisnéise i scríbhinn an Pháirtí is déantóir gearáin.

Oibriú an Phainéil

19. Is é cathaoirleach an phainéil a bheidh i gceannas ar na cruinnithe uile. Féadfaidh an painéal an t-údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.

20. Mura bhforáiltear a mhalairt i gCaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) nó sna Rialacha Nós Imeachta seo, féadfaidh an painéal a ghníomhaíochtaí a dhéanamh trí aon mhodh cumarsáide.

21. Ní fhéadfaidh ach painéalaithe a bheith rannpháirteach i bpléití an phainéil, ach féadfaidh na painéalaithe cead a thabhairt dá gcúntóirí a bheith i láthair ag na pléití.

22. Leanfaidh dréachtú aon chinneadh nó tuarascáil de bheith faoi fhreagracht eisiach an phainéil agus ní dhéanfar é a tharmligean.

23. I gcás ina dtiocfadh ceist nós imeachta aníos nach gcumhdaítear le Caibidil 31 (Réiteach Díospóidí) ná leis an Iarscríbhinn seo, féadfaidh an painéal, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht leis an gCaibidil sin nó leis an Iarscríbhinn seo.

24. I gcás ina measann an painéal gur gá aon tréimhse is infheidhme maidir leis na himeachtaí a mhodhnú seachas na tréimhsí a leagtar amach i gCaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile a dhéanamh, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn faoin modhnú nó faoin gcoigeartú is gá, agus faoi na cúiseanna atá leis, tar éis dó dul i gcomhairle leo.

Ionadú

25. I gcás ina measann Páirtí nach gcomhlíonann painéalaí Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe) agus ar an gcúis sin gur cheart an painéalaí sin a ionadú, cuirfidh an Páirtí sin an Páirtí eile ar an eolas laistigh de 15 lá tar éis an tráth a fuair sé fianaise leordhóthanach faoi mhainneachtain líomhainte an phainéalaí Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe) a chomhlíonadh.

26. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá tar éis an fhógra dá dtagraítear i Riail 25. Cuirfidh siad an painéalaí ar an eolas faoin mainneachtain líomhainte atá curtha ina leith agus féadfaidh siad iarraidh ar an bpainéalaí bearta a dhéanamh chun an mhainneachtain a leigheas. Mar aon leis sin, féadfaidh siad, má chomhaontaíonn siad amhlaidh, an painéalaí a chur as an bpainéal agus painéalaí nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil).

27. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis an ngá painéalaí a ionadú, más rud é nach é cathaoirleach an phainéil atá i gceist, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist faoi bhráid chathaoirleach an phainéil agus ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar chinneadh an chathaoirligh.

28. I gcás ina gcinneann cathaoirleach an phainéil nach gcomhlíonann an painéalaí dá dtagraítear i Riail 27 Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe), cuirfear an painéalaí sin as an bpainéal agus roghnófar painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil).

29. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis an ngá cathaoirleach an phainéil a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist faoi bhráid duine de na daoine atá fágtha ar an bhfoliosta dá dtagraítear i bhfomhír 1(c) d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe). Is trí chrannchur a roghnóidh an t-údarás ceapacháin ainm an duine sin. Ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar chinneadh an duine roghnaithe maidir leis an ngá atá leis an gcathaoirleach a ionadú.

30. I gcás ina gcinneann an duine aonair a roghnaíodh trí chrannchur de bhun Riail 29 nach gcomhlíonann an cathaoirleach Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe), roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le hAirteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil).

Éisteachtaí

31. Tar éis do chathaoirleach an phainéil dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na painéalaithe eile, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus ionad na héisteachta. Comhfhreagróidh dáta na héisteachta de ghnáth don dáta a leagtar amach sa tráthchlár a chinnfear de bhun Riail 16(a). Cuirfidh an Páirtí sin ina mbeidh an éisteacht ar siúl dáta, am agus ionad na héisteachta ar fáil go poiblí, ach amháin i gcás ina mbíonn an éisteacht dúnta don phobal.

32. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is sa Bhruiséil a bheidh an éisteacht más í Meicsiceo an páirtí is déantóir gearáin, agus i Meicsiceo más é an tAontas Eorpach an Páirtí is déantóir gearáin. Seasfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh na costais a eascróidh ó riarachán lóistíochta na héisteachta.

33. Féadfaidh an painéal éisteachtaí breise a thionól má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.

34. Beidh na painéalaithe uile i láthair le linn na n-éisteachtaí ina n-iomláine.

35. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar na héisteachtaí, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na héisteacht ar oscailt don phobal:

(a) ionadaithe Páirtí;

(b) comhairleoirí;

(c) cúntóirí agus foireann riaracháin;

(d) ateangairí, aistritheoirí agus tuairisceoirí cúirte an phainéil; agus

(e) saineolaithe, más ann dóibh, de bhun mhír 2 d'Airteagal 31.23 (Faisnéis a Fháil).

36. Déanfaidh an oifig ainmnithe ábhartha, i gcomhairle leis an bpainéal agus leis na Páirtithe, socruithe lóistíochta iomchuí agus bunóidh sí nósanna imeachta iomchuí chun a áirithiú nach gcuirtear isteach ar éisteachtaí mar gheall go mbeidh an pobal i láthair. Daoine den phobal ar mian leo freastal ar éisteachtaí, lena n-áirítear iriseoirí creidiúnaithe agus eintitis neamhrialtasacha, féadfar a iarraidh orthu clárú roimh an éisteacht. I gcás ina mbíonn teorainn leis na suíocháin, leithdháilfear iad ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce' nuair a gheofar foirm chlárúcháin chomhlánaithe. Ní cheadófar do dhaoine den phobal an éisteacht a chlostaifeadadh ná a fhístaifeadadh.

37. Aon Pháirtí ar mian leis faisnéis rúnda a chur isteach nó a phlé le linn éisteachta, tabharfaidh sé fógra roimh ré don phainéal agus don oifig ainmnithe ábhartha. A mhéid is féidir, cuirfidh an Páirtí an fógra ar fáil 10 lá ar a laghad roimh an gcéad lá den éisteacht.

38. Le linn cuid dhúnta d'éisteacht, ní fhéadfaidh ach daoine dá dtagraítear i Riail 35 a bheith i láthair. Daoine a fheiceann nó a chloiseann faisnéis rúnda, ní nochtfaidh siad an fhaisnéis sin ná ní cheadóidh siad í a bheith nochta, agus ní úsáidfidh siad í ach amháin chun críocha imeachtaí an phainéil.

39. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal agus chuig an bPáirtí eile liosta ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóintí ó bhéal nó cuir i láthair ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na n-ionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

40. Stiúrfaidh an painéal an éisteacht san ord seo a leanas, agus é á áirithiú go mbeidh an méid ama céanna ag an bPáirtí is déantóir gearáin agus ag an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh i gcéimeanna na hargóinte agus na frisnéise araon:

(a) an argóint

(i) argóint an Pháirtí is déantóir gearáin; agus

(ii) argóint an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

(b) frisnéis

(i) freagra an Pháirtí is déantóir gearáin; agus

(ii) frithfhreagra an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

41. Féadfaidh an painéal ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá Pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta. Tabharfaidh an painéal an deis do na Páirtithe ráitis deiridh a eisiúint.

42. Socróidh an painéal go ndéanfar tras-scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe is féidir tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe barúil a thabhairt faoin tras-scríbhinn agus féadfaidh an painéal na barúlacha sin a mheas.

43. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht bhreise i scríbhinn sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta. Féadfaidh an Páirtí eile barúlacha i scríbhinn a sholáthar maidir le haon aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a chuirfidh Páirtí isteach laistigh de 5 lá tar éis sheachadadh na haighneachta sin.

Ceisteanna i Scríbhinn

44. Féadfaidh an painéal, tráth ar bith le linn imeachtaí an phainéil, ceisteanna i scríbhinn a dhíriú ar Pháirtí amháin nó ar an dá Pháirtí. Déanfar aon cheist a dhírítear ar Pháirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.

45. Na freagraí i scríbhinn a thugann gach Páirtí ar na ceisteanna ar dhírigh an painéal orthu, cuirfidh sé cóip díobh ar fáil don Pháirtí eile. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagraí an Pháirtí laistigh de 5 lá tar éis sheachadadh na cóipe sin.

Doiciméid a Chur ar Fáil don Phobal

46. Faoi réir cosaint faisnéise rúnda de bhun Rialacha 48 agus 49:

(a) aon Pháirtí a dhéanann iarraidh de bhun Airteagal 31.5 (Comhairliúcháin) nó Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú), cuirfidh sé cóip den iarraidh sin ar fáil don phobal tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dháta a seachadta; agus

(b) cuirfidh gach Páirtí ar fáil don phobal a chuid aighneachtaí i scríbhinn, leagan i scríbhinn d'aon ráiteas ó bhéal agus a fhreagra i scríbhinn ar iarraidh nó ceist ón bpainéal, más ann dó, a luaithe is féidir tar éis na doiciméid sin a chur isteach agus tráth nach déanaí ná dáta seachadta na tuarascála críochnaithí.

47. Ábhar tuarascála eatramhaí arna seachadadh chuig na Páirtithe de bhun Airteagal 31.13 (Tuarascáil Eatramhach) nó ábhar aon bharúla a thugtar maidir le tuarascáil eatramhach, ní fhéadfaidh Páirtí é a nochtadh go poiblí.

Rúndacht

48. Is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh gach Páirtí agus an painéal le haon fhaisnéis a chuirfidh an Páirtí eile faoi bhráid an phainéil, ar fhaisnéis í atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bPáirtí sin. Nuair a dhéanfaidh Páirtí aighneacht i scríbhinn, leagan i scríbhinn de ráiteas ó bhéal nó freagra i scríbhinn ar iarraidh nó ceist ón bpainéal ina bhfuil faisnéis rúnda, a chur faoi bhráid an phainéil, cuirfidh sé leagan neamhrúnda ar féidir a nochtadh don phobal ar fáil freisin, laistigh de 15 lá tar éis an dáta ar cuireadh isteach an aighneacht sin.

49. Ní chuirfidh na Rialacha Nós Imeachta sin aon bhac ar Pháirtí a bharúlacha féin a nochtadh don phobal ar choinníoll, nuair a bheidh sé ag tagairt d'fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí sin, nach nochtfaidh sé faisnéis a chuir an Páirtí eile isteach agus ar ainmnigh an Páirtí sin gur faisnéis rúnda í.

50. Tar éis don phainéal dul i gcomhairle leis na Páirtithe, féadfaidh sé nósanna imeachta *ad hoc* breise a bhunú a mheasann sé a bheith riachtanach chun faisnéis rúnda a chosaint.

Teagmhálacha *ex parte*

51. Ní thiocfaidh an painéal le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le haon Pháirtí gan an Páirtí eile a bheith i láthair.

52. Ní phléifidh painéalaí aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na painéalaithe eile a bheith i láthair.

Aighneachtaí *amicus curiae*

53. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil, féadfaidh an painéal aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Pháirtí atá neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas:

(a) go bhfaighidh an painéal na haighneachtaí laistigh de 10 lá ó dháta bunaithe an phainéil;

(b) go bhfuil na haighneachtaí gonta agus nach mbeidh siad níos faide ná 15 leathanach in aon chás, lena n-áirítear aon iarscríbhinn, agus iad clóscríofa ar spás dúbailte;

(c) go bhfuil na haighneachtaí ábhartha go díreach maidir le saincheist fhíorasach nó saincheist dhlíthiúil atá á meas ag an bpainéal;

(d) go bhfuil tuairisc sna haighneachtaí ar an duine a bhfuil an aighneacht á déanamh aige, lena n-áirítear i gcás duine nádúrtha a náisiúntacht, agus i gcás duine dlítheanach, áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinse mhaoiniúcháin;

(e) go sonraítear sna haighneachtaí an cineál leasa atá ag an duine sna himeachtaí painéil; agus

(f) go ndréachtaítear na haighneachtaí sna teangacha a roghnaigh na Páirtithe i gcomhréir le Rialacha 58 agus 59.

54. Déanfar na haighneachtaí a sheachadadh chuig na Páirtithe chun a mbarúlacha ina leith a fháil. Féadfaidh na Páirtithe barúlacha a chur faoi bhráid an phainéil laistigh de 10 lá tar éis sheachadadh na n-aighneachtaí.

55. Liostóidh an painéal ina thuarascáil na haighneachtaí uile a fuair sé de bhun Riail 53. Sa tuarascáil ón bpainéal, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal aghaidh a thabhairt ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin. Sa tuarascáil ón bpainéal, má thugtar aghaidh ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin, cuirfear san áireamh freisin aon bharúil a rinne na Páirtithe de bhun Riail 54.

Tuairim nó Comhairle Theicniúil a Fháil ó Shaineolaithe

56. I gcás ina n-iarrann Páirtí ar an bpainéal tuairim nó comhairle theicniúil a lorg ó shaineolaithe de bhun Airteagal 31.23 (Faisnéis a Fháil), tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoin iarraidh sin. I gcás ina n-iarrann an painéal tuairim nó comhairle theicniúil ó shaineolaithe, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe freisin. Tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dháta seachadta aon fhógra den sórt sin, rachaidh an painéal i gcomhairle leis na Páirtithe chun a chinneadh an bhfuil údar leis an tuairim nó an chomhairle theicniúil a lorg ó shaineolaithe, agus chun teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha na hiarrata ar thuairim nó ar chomhairle theicniúil, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, an saineolaí ar cheart an tuairim nó comhairle theicniúil a lorg uaidh.

Cásanna Práinneacha

57. I gcásanna práinne dá dtagraítear in Airteagal 31.12 (Cinneadh maidir le Práinn), tar éis don phainéal dul i gcomhairle leis na Páirtithe, déanfaidh sé na tréimhsí dá dtagraítear sna Rialacha Nós Imeachta seo a choigeartú, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an painéal fógra do na Páirtithe faoi na coigeartuithe sin.

Aistriúchán agus Ateangaireacht

58. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 31.5 (Comhairliúcháin), agus tráth nach déanaí ná dáta an chruinnithe dá dtagraítear i Riail 16, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil.

59. Mura féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann, soláthróidh gach Páirtí a chuid aighneachtaí i scríbhinn, mar aon lena leagan i scríbhinn de ráiteas ó bhéal, a fhreagra i scríbhinn ar iarraidh nó ar cheist ón bpainéal agus aon doiciméad eile a bhaineann leis na himeachtaí painéil, ina rogha teanga. San am céanna cuirfidh gach Páirtí aistriúchán ar fáil sa teanga a roghnaigh an Páirtí eile, mura scríobhtar a aighneachtaí i gceann de theangacha oibre EDT. An Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, socróidh sé ateangaireacht a dhéanamh ar aighneachtaí ó bhéal go na teangacha a roghnaigh na Páirtithe.

60. Eiseofar cinntí agus tuarascálacha an phainéil sa teanga nó sna teangacha a roghnaigh na Páirtithe. Murar tháinig na Páirtithe ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, eiseofar tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach an phainéil i gceann de theangacha oibre EDT.

61. Féadfaidh Páirtí barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas an aistriúcháin ar aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta seo.

62. Seasfaidh gach Páirtí na costais a bhaineann le haistriú a chuid aighneachtaí i scríbhinn, a leagan i scríbhinn de ráiteas ó bhéal agus a fhreagra i scríbhinn ar iarraidh nó ar cheist ón bpainéal nó ar aon doiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil. Seasfaidh na Páirtithe go comhionann aon chostas a thabhaítear maidir le haistriú cinnidh nó tuarascála de chuid an phainéil.

Tréimhsí

63. I gcás ina gceanglaítear le Caibidil 31 (Réiteach Díospóidí) nó leis na Rialacha Nós Imeachta seo nó má éilíonn an painéal go dtabharfar fógra, nó go ndéanfar gníomh, roimh dháta nó teagmhas nó ina dhiaidh, ní áireofar lá an dáta nó an teagmhais sin agus an tréimhse sin á ríomh.

64. I gcás ina gcuirtear síneadh le tréimhse, lena n-áirítear aon síneadh is gá de bharr cúiseanna force majeure a dhéanann difear do Pháirtí, déanfar na tréimhsí ábhartha a choigeartú dá réir.

Nósanna Imeachta Eile

65. Déanfar na tréimhsí a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí speisialta dá bhforáiltear maidir leis an bpainéal cinneadh nó tuarascáil a ghlacadh sna himeachtaí dá bhforáiltear faoi Airteagal 31.16 (Tréimhse Réasúnta), Airteagal 31.17 (Athbhreithniú ar Chomhlíontacht), Airteagal 31.18 (Leigheasanna Sealadacha) agus Airteagal 31.19 (Athbhreithniú ar aon Bheart a dhéantar chun Comhlíonadh a dhéanamh tar éis Leigheasanna Sealadacha a Ghlacadh).

IARSCRÍBHINN 31-B

CÓD IOMPAIR MAIDIR LE PAINÉALAITHE AGUS IDIRGHABHÁLAITHE

Sainmhínithe

1. Chun críocha Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) agus an Chóid Iompair seo:

(a) ciallaíonn 'foireann riaracháin', i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, cé is moite de chúntóirí;

(b) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair arb amhlaidh, faoi na téarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú painéalaí, a dhéanann sé taighde nó a sholáthraíonn sé cúnamh don phainéalaí sin;

(c) ciallaíonn 'iarrthóir' duine aonair atá á bhreithniú lena roghnú mar phainéalaí faoi Airteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil);

(d) ciallaíonn 'idirghabhálaí' duine aonair a dhéanann nós imeachta idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 31.29 (Rialacha an Nós Imeachta Idirghabhála);

(e) ciallaíonn 'painéalaí' duine aonair atá ina chomhalta de phainéal.

Prionsabail Rialaithe

2. Chun ionracas agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, déanfaidh gach iarrthóir agus painéalaí an méid seo a leanas:

(a) gheobhaidh sé tuiscint ar an gCód Iompair seo;

(b) beidh sé neamhspleách neodrach;

(c) seachnóidh sé coinbhleachtaí leasa díreacha agus indíreacha;

(d) seachnóidh sé mí-iompar agus dealramh mí-iompair nó claontachta;

(e) urramóidh sé rúndacht imeachtaí an phainéil;

(f) cloífidh sé le hardchaighdeáin iompair; agus

(g) ní bheidh sé faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, ceisteanna polaitíochta, agóidí poiblí, dílseacht do Pháirtí ná eagla a cháinte.

3. Chun ionracas agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, ní dhéanfaidh painéalaí an méid seo a leanas:

(a) ní rachaidh sé faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé le haon sochar a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a dhualgas, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin, go díreach nó go hindíreach;

(b) ní úsáidfidh sé a phost ar an bpainéal chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn agus seachnóidh sé gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh barúil a spreagadh go bhfuil cumas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt air; nó

(c) áiritheoidh sé nach ndéanfar difear dá iompar ná dá bhreithiúnas de thoradh aon chaidreamh, leas nó ábhar atá ann faoi láthair nó a bhí ann roimhe seo, de chineál airgeadais, gnó, gairmiúil, teaghlaigh, pearsanta ná sóisialta.

4. Seachnóidh painéalaí aon chaidreamh a dhéanamh nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé dochar dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó a fhéadfaidh an chosúlacht a spreagadh le réasún go bhfuil iompar míchuí nó claonadh i gceist.

Oibleagáidí maidir le Nochtadh

5. Sula nglacfaidh painéalaí lena cheapachán mar phainéalaí de bhun Airteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil), déanfaidh iarrthóir aon leas, caidreamh nó ábhar a nochtadh, ar dhócha go ndéanfadh sé difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht, nó a fhéadfaidh an chosúlacht a spreagadh le réasún go bhfuil iompar míchuí nó claonadh i gceist sna himeachtaí painéil. Chuige sin, déanfaidh iarrthóir gach iarracht réasúnach le bheith ar an eolas faoi aon leas, caidreamh agus ábhar den sórt sin, lena n-áirítear aon leas airgeadais, gnó, gairmiúil, teaghlaigh, pearsanta nó sóisialta.

6. Nochtfaidh iarrthóir na leasanna, na caidrimh agus na hábhair seo a leanas, ar a laghad:

(a) aon leas airgeadais nó pearsanta atá ag an iarrthóir sna nithe seo a leanas:

(i) sna himeachtaí painéil nó i dtoradh na n-imeachtaí sin; agus

(ii) in imeachtaí riaracháin, imeachtaí breithiúnacha intíre nó imeachtaí idirnáisiúnta eile um réiteach díospóidí a bhaineann le saincheisteanna a d'fhéadfaí a chinneadh sna himeachtaí painéil a bhfuil an t-iarrthóir faoi bhreithniú ina leith;

(b) aon leas airgeadais atá ag fostóir, comhpháirtí gnó, comhlach gnó nó ball teaghlaigh an iarrthóra sna nithe seo a leanas:

(i) sna himeachtaí painéil nó i dtoradh na n-imeachtaí sin; agus

(ii) in imeachtaí riaracháin, imeachtaí breithiúnacha intíre nó imeachtaí idirnáisiúnta eile um réiteach díospóidí a bhaineann le saincheisteanna a d'fhéadfaí a chinneadh sna himeachtaí painéil a bhfuil an t-iarrthóir faoi bhreithniú ina leith;

(c) aon chaidreamh, leas nó ábhar airgeadais atá ann faoi láthair nó a bhí ann roimhe seo, de chineál airgeadais, gnó, gairmiúil, teaghlaigh, pearsanta nó sóisialta le haon pháirtí leasmhar sna himeachtaí painéil, nó lena n-abhcóidí, nó le haon chaidreamh, leas nó ábhar den sórt sin lena mbaineann fostóir, comhpháirtí gnó, comhlach gnó nó ball teaghlaigh iarrthóra; agus

(d) abhcóideacht phoiblí nó ionadaíocht dhlíthiúil nó ionadaíocht eile a bhaineann le saincheist atá faoi dhíospóid sna himeachtaí painéil nó a bhfuil na hearraí, na seirbhísí nó na hinfheistíochtaí céanna i gceist léi.

7. A luaithe a cheapfar painéalaí, leanfaidh sé de gach iarracht réasúnach a dhéanamh a bheith ar an eolas faoi aon leas, caidreamh nó ábhar dá dtagraítear i mír 5 agus nochtfaidh sé é. Is oibleagáid bhuan í an oibleagáid faoi mhír 5 maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar phainéalaí na leasanna sin, an caidreamh sin nó an t-ábhar sin d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn aon chéim de na himeachtaí painéil a nochtadh.

8. Cuirfidh iarrthóir nó painéalaí in iúl do na Páirtithe, lena mbreithniú, aon ábhar a bhaineann le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an gCód Iompair seo a luaithe atá sé ar an eolas faoi.

9. Seolfar na teachtaireachtaí uile chuig na hoifigí arna n-ainmniú ag na Páirtithe de bhun Airteagal 31.36 (Riarachán an Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí).

Dualgais na bPainéalaithe

10. Tar éis do phainéalaí glacadh lena cheapachán, beidh sé in ann tosú ar a dhualgais, agus cuirfidh sé i gcrích iad, go cuimsitheach agus go héifeachtach le linn na n-imeachtaí, agus é ag léiriú cothromais agus dúthrachta.

11. Is iad na ceisteanna sin a tharraingeofar anuas le linn na n-imeachtaí painéil agus a bhfuil ga leo chun cinneadh a dhéanamh, agus na ceisteanna sin amháin, a bhreithneoidh painéalaí, agus ní tharmligfidh sé an dualgas sin chuig aon duine eile.

12. Comhlíonfaidh saineolaithe, cúntóirí agus foireann riaracháin oibleagáidí na bpainéalaithe de bhun mhíreanna 2 go 13 agus 16 go 18. I ndáil leis sin, déanfaidh painéalaí gach beart réasúnach agus gach beart is gá chun a áirithiú go bhfuil sé ar an eolas faoi na hoibleagáidí sin agus go gcomhlíonann sé iad.

13. Ní bheidh painéalaí ag gabháil d'aon teagmhálacha *ex parte*, dá dtagraítear i Rialacha 51 agus 52 de na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A, maidir leis na himeachtaí painéil.

Oibleagáidí na nIar-Phainéalaithe

14. Seachnóidh iarphainéalaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an chosúlacht a spreagadh go raibh sé claonta agus a ndualgais á ndéanamh aige nó gur bhain sé buntáiste as cinneadh an phainéil.

15. Comhlíonfaidh iarphainéalaí na hoibleagáidí i míreanna 16 go 18.

Rúndacht

16. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, aon fhaisnéis a nochtadh nach faisnéis phoiblí í a bhaineann leis na himeachtaí nó a fuarthas le linn na n-imeachtaí ar ceapadh é ina leith. Ní dhéanfaidh painéalaí, in aon chás, an fhaisnéis sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta a fháil nó buntáiste a fháil do dhaoine eile ná chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile.

17. Ní nochtfaidh painéalaí tuarascáil nó cinneadh ón bpainéal nó codanna díobh roimh fhoilsiú na tuarascála nó an chinnidh i gcomhréir le Caibidil 31 (Réiteach Díospóidí).

18. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, pléití an phainéil ná aon tuairim ó phainéalaí a nochtadh ná ní dhéanfaidh sé aon ráiteas maidir leis na himeachtaí ar ceapadh é ina leith ná ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid sna himeachtaí. I gcás ina ndéanann an painéal cinneadh trí vóta tromlaigh, ní nochtfaidh painéalaí cé an painéalaí nó na painéalaithe a bhfuil baint acu le tuairimí tromlaigh nó mionlaigh in imeacht painéil.

Speansais

19. Déanfaidh gach painéalaí taifead ar an méid ama a chaith sé ar na himeachtaí, ar na speansais a bhí aige agus ar mhéid ama agus speansais a chúntóirí agus a fhoireann riaracháin.

Idirghabhálaithe

20. Tá feidhm ag an gCód Iompair seo maidir le hidirghabhálaithe, *mutatis mutandis*.

IARSCRÍBHINN 33

Liosta Cinntí ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AGUS CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO a bunaíodh faoin gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo den pháirt eile

I. Cinntí ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO a bunaíodh faoin gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo den pháirt eile:

CINNEADH Uimh. 1/2000 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH CE-MHEICSICEO an 23 Márta 2000 a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach maidir le trádáil agus nithe a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo den pháirt eile, an 8 Nollaig 1997 lena nglactar a rialacha nós imeachta

CINNEADH Uimh. 2/2000 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH CE-MHEICSICEO an 23 Márta 2000 (2000/415/CE)

CINNEADH Uimh. 2/2001 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 27 Feabhra 2001 lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 6, 9, 12(2)(b) agus 50 den Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar (2001/153/CE)

CINNEADH Uimh. 1/2001 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 27 Feabhra 2001 lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo agus Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo (2001/152/CE)

CINNEADH Uimh. 2/2001 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 27 Feabhra 2001 lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 6, 9, 12(2)(b) agus 50 den Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar (2001/153/CE)

CINNEADH Uimh. 3/2002 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 13 Bealtaine 2002 a bhaineann le cóir taraife táirgí áirithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo (2002/370/CE)

CINNEADH Uimh. 4/2002 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH CE-MHEICSICEO an 6 Samhain 2003 lena nglactar rialacha nós imeachta choistí speisialta CE-Mheicsiceo (2003/824/CE)

CINNEADH Uimh. 1/2004 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 29 Márta 2004 lena gcuirtear dlús le díothú na ndleachtanna custaim ar tháirgí áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo (2004/369/CE)

Cinneadh Uimh. 2/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach CE-Mheicsiceo an 28 Aibreán 2004 lena dtugtar isteach taraif-chuóta fabhrach le haghaidh táirgí áirithe de thionscnamh Mheicsiceo a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo (2004/805/CE)

Cinneadh Uimh. 3/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach CE-Mheicsiceo an 29 Iúil 2004 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2000 ón gComhairle Chomhpháirteach an 23 Márta 2000 (2004/640/CE)

Cinneadh Uimh. 4/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo an 18 Bealtaine 2005 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2001 ón gComhairle Chomhpháirteach

CINNEADH Uimh. 1/2005 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 21 Feabhra 2005 lena dtugtar isteach ceartúchán i gCinneadh Uimh. 3/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo (2005/203/CE)

CINNEADH Uimh. 1/2008 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 15 Eanáir 2008 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 2/2001 ón gComhairle Chomhpháirteach an 27 Feabhra 2001 maidir le creat a bhunú chun comhaontuithe aitheantais fhrithpháirtigh a chaibidliú (2008/93/CE)

CINNEADH Uimh. 2/2008 ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 25 Iúil 2008 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2000 ón gComhairle Chomhpháirteach arna leasú le Cinneadh Uimh. 3/2004 ón gComhairle Chomhpháirteach (2008/619/CE)

CINNEADH Uimh. 3/2008 ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 15 Nollaig 2008 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2001 ón gComhairle Chomhpháirteach arna leasú le Cinneadh Uimh. 4/2004 (2009/421/CE)

CINNEADH Uimh. 1/2020 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 31 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2000 [2020/1180]

CINNEADH Uimh. 2/2020 Ó CHOMHAIRLE CHOMHPHÁIRTEACH AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 31 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2001 [2020/1196]

II. Liosta Cinntí ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO a bunaíodh faoin gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo den pháirt eile:

CINNEADH Uimh. 1/2002 Ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 20 Nollaig 2002 a bhaineann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo an 23 Márta 2000 a bhaineann leis an sainmhíniú ar choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin

CINNEADH Uimh. 1/2004 Ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 22 Márta 2004 a bhaineann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo an 23 Márta 2000 a bhaineann leis an sainmhíniú ar choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (2004/362/CE)

CINNEADH Uimh. 1/2007 Ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICSICEO an 14 Meitheamh 2007 a bhaineann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo an 23 Márta 2000 a bhaineann leis an sainmhíniú ar choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (2007/676/CE)

Cinneadh Uimh. 1/2010 ó Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo an 17 Meán Fómhair 2010 a bhaineann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo a bhaineann leis an sainmhíniú ar choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (2010/626/AE)

CINNEADH Uimh. 1/2019 Ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-MHEICISCEO an 16 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo a bhaineann leis an sainmhíniú ar choincheap 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (Andóra agus San Mairíne, agus rialacha tionscnaimh táirgeshonracha áirithe le haghaidh ceimiceán) [2021/10]

IARSCRÍBHINN I

BEARTA ATÁ ANN CHEANA

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. Leagtar amach i liosta Páirtí sna foscribhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, de bhun Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí) agus Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí), bearta an Pháirtí sin atá ann cheana nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:

(a) Airteagail 10.7 (Cóir Náisiúnta) agus 11.6 (Cóir Náisiúnta);

(b) Airteagail 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) agus 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);

(c) Airteagal 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta);

(d) Airteagal 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó

(e) Airteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil).

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'CMAP' uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos) arna leagan amach ag an Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Thíreolaíocht (Instituto Nacional de Estadística y Geografía), san Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos), 1994;

(b) ciallaíonn 'CPC' uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991; agus

(c) ciallaíonn 'ISIC' Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3.1, 2002.

3. Tá liosta Páirtí gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

4. I ngach liosta leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'Earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn 'Fo-earnáil' don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;

(c) tagraíonn 'Aicmiú Tionscail', i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an mbeart neamh-chomhréireach de réir CMAP, CPC nó ISIC;

(d) sonraíonn 'Oibleagáidí lena mBaineann' na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nach mbaineann, de bhun Airteagail 10.12 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-Chomhréireacha) agus 11.8 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-Chomhréireacha), leis na bearta a liostaítear san iontráil;

(e) le 'Leibhéal Rialtais' tagraítear don leibhéal rialtais a choinníonn na bearta sonraithe ar bun;

(f) le 'Bearta' aithnítear na dlíthe, na rialacháin nó na bearta eile a cháilítear, i gcás ina dtuairiscítear sin, leis an eilimint 'tuairisc' a bhfuil an iontráil á déanamh ina leith; maidir le beart a luaitear san eilimint 'bearta':

(i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh;

(ii) cuimsíonn sé aon fhobheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis an mbeart; agus

(iii) cuimsíonn sé, i gcás an Aontais Eorpaigh, treoracha agus aon dlí, rialachán nó beart eile lena gcuirtear an treoir ábhartha chun feidhme ar leibhéal na mBallstát; agus

(g) le 'Tuairisc' leagtar amach gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana, sin nó soláthraítear tuairisc neamhcheangailteach ar an mbeart a ndearnadh an iontráil ina leith.

5. Agus iontráil á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Déanfar iontráil a léirmhíniú i bhfianaise na n-airteagal dá dtagraíonn na 'Oibleagáidí lena mBaineann' san iontráil sin.

6. Is tábhachtaí an eilimint 'beart' ná na heilimintí eile, ach amháin má mheastar neamhréireacht idir an eilimint 'beart' agus na heilimintí eile arna mbreith ina n-iomláine a bheith chomh substaintiúil agus chomh ábhartha sin go mbeadh sé míréasúnta a chinneadh gurb í an eilimint 'beart' is tábhachtaí, agus sa chás sin, is iad na heilimintí eile is tábhachtaí, ag brath ar mhéid na neamhréireachta sin.

7. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, ach amháin i gcás ina n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas.

8. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó ar leibhéal náisiúnta Ballstáit den Aontas Eorpach, tá feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.

9. Is disciplíní ar leith iad Airteagail 11.5 (Láithreacht Áitiúil) agus 11.6 (Cóir Náisiúnta), agus i gcás beart nach bhfuil i gcomhréir go heisiach le hAirteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil), ní gá é a fhorchoimeád i gcoinne Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta).

10. I gcás ina gcoinníonn Páirtí beart ar bun lena gceanglaítear ar sholáthróir seirbhíse a bheith ina dhuine nádúrtha, ina shaoránach, ina bhuanchónaitheoir, nó ina chónaitheoir ina chríoch, nó sainchónaí a bheith air ina chríoch mar choinníoll le seirbhís a sholáthar sa chríoch sin, oibreoidh forchoimeádas don bheart sin arna ghlacadh i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) mar fhorchoimeádas i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), a mhéid a éilítear leis an mbeart sin.

11. Ní áirítear i liosta Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach teorannú córa náisiúnta iad de réir bhrí Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó 11.6 (Cóir Náisiúnta), ná i gcás nach srian ar rochtain ar an margadh iad de réir bhrí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Na bearta sin, amhail an ceanglas ceadúnas a fháil, na hoibleagáidí seirbhíse uilíche, an ceanglas cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith faighte, an ceanglas pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena bhféadfaí scrúduithe teanga a áireamh, agus aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna nó limistéir chosanta, beidh feidhm acu in aon chás, fiú mura liostaítear iad.

12. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i liosta an Aontais Eorpaigh:

AT An Ostair

BE An Bheilg ([1])

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

EL An Ghréig

ES An Spáinn

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI An Fhionlainn ([2])

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

([1]) Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, le leibhéal lárnach an rialtais, cumhdaítear an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

([2]) Chun críocha fhorchoimeádais na Fionlainne, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

13. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás an Aontais Eorpaigh, ní éilítear leis an oibleagáid chun cóir náisiúnta a dheonú ceanglas a bheith ann an chóir chéanna a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Mheicsiceo agus a thugtar i mBallstát do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Ballstáit eile de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta), nó d'aon bheart arna ghlacadh de bhun CFAE, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na mbeart sin sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

14. Chun críocha liosta Mheicsiceo:

(a) ciallaíonn 'CFE' Coimisiún Feidearálach an Leictreachais (Comisión Federal de Electricidad);

(b) ciallaíonn 'CNIE' an Coimisiún Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Comisión Nacional de Inversiones Extranjeras);

(c) ciallaíonn 'CNE' an Coimisiún Náisiúnta um Fhuinneamh (Comisión Nacional de Energía);

(d) ciallaíonn 'lamháltas' údarú arna dheonú ag Meicsiceo do dhuine chun acmhainn nádúrtha a shaothrú nó chun seirbhís a sholáthar, i gcás inarb airde an tosaíocht a thugtar do náisiúnaigh agus d'fhiontair Mheicsiceo i leith na hacmhainne nó na seirbhíse sin ná mar a thugtar d'eachtraigh;

(e) ciallaíonn 'clásal eisiaimh eachtrannach' an comhaontú nó cúnant sonrach atá i gcroílár reachtanna fiontair, ina leagtar amach nach dtabharfaidh an fiontar cead isteach, go díreach ná go hindíreach, d'infheisteoirí eachtracha nó d'fhiontair ag a bhfuil clásal cead isteach d'eachtrannaigh mar pháirtithe nó mar scairshealbhóirí an fhiontair;

(f) ciallaíonn 'PEMEX' Petróleos Mexicanos, cuideachta peitriliam i Meicsiceo;

(g) ciallaíonn 'SAGARPA' an Aireacht Talmhaíochta, Beostoic, Forbartha Tuaithe, Iascaigh agus Bia (Secretaría de Agricultura, Ganadería, Desarrollo Rural, Pesca, y Alimentación);

(h) ciallaíonn 'SCT' an Aireacht Cumarsáide agus Iompair (Secretaría de Comunicaciones y Transportes);

(i) ciallaíonn 'SE' an Aireacht Geilleagair (Secretaría de Economía); agus

(j) ciallaíonn ‘SENER’ an Aireacht Fuinnimh (Secretaría de Energía).

15. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha liosta Mheicsiceo, is é Meicsiceo an chiall atá leis na téarmaí ‘Náisiún’ agus ‘Stát’.

Foscríbhinn I-A

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

Liosta na bhforchoimeádas:

I-EU-1 – Gach earnáil

I-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

I-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla (gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte agus miondíol táirgí cógaisíochta)

I-EU-4 – Seirbhísí Taighde agus Forbartha

I-EU-5 – Seirbhísí Réadmhaoine

I-EU-6 – Seirbhísí Gnó

I-EU-7 – Seirbhísí Foirgníochta

I-EU-8 – Seirbhísí Dáileacháin

I-EU-9 – Seirbhísí Oideachais

I-EU-10 – Seirbhísí Comhshaoil

I-EU-11 – Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

I-EU-12 – An Turasóireacht agus Seirbhísí a Bhaineann le Taisteal

I-EU-13 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

I-EU-14 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

I-EU-15 – Talmhaíocht, iascach agus monaraíocht

I-EU-16 – Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh

I-EU-1 – Gach earnáil

Earnáil – Fo-earnáil:	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair
	Láithreacht Áitiúil
	Ceanglais Feidhmíochta
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
Leibhéal Rialtais:	AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Cineál bunaíochta

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Cóir a dheonaítear de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta) d'fhiontair a bhunaítear i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas, lena n-áirítear fiontair a bhunaigh infheisteoirí de chuid Mheicsiceo sna Ballstáit, ní dheonaítear an chóir sin do bhrainsí ná do ghníomhaireachtaí fiontar a bhunaítear lasmuigh den Aontas.

Cóir a dheonaítear d'fhiontair arna mbunú ag infheisteoirí de chuid Mheicsiceo i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid, i gcomhréir le Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), a bhféadfadh sé gur forchuireadh iad ar na fiontair sin ar a mbunú dóibh san Aontas agus a mbeidh feidhm acu fós.

Bearta: An tAontas Eorpach: CFAE.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Aon Bhallstát, agus é ag díol nó ag diúscairt a chuid leasanna cothromais, nó na sócmhainní bainteacha, i bhfiontar stáit atá ann cheana nó in eintiteas rialtais atá ann cheana a bhfuil seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais á soláthar aige (CPC 93, 92), féadfaidh sé toirmeasc a chur ar infheisteoirí Mheicsiceo nó ar a bhfiontair, úinéireacht a bheith acu ar na leasanna nó na sócmhainní sin nó teorainneacha a chur leis an úinéireacht, agus srian a chur le cumas úinéirí na leasanna agus na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú. Maidir leis an díolachán sin nó aon diúscairt eile, féadfaidh aon Bhallstát aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le náisiúntacht na mbainisteoirí sinsearacha nó náisiúntacht chomhaltaí na mbord stiúrthóirí.

Chun críocha an fhorchoimeádais seo:

(a) aon bheart choinnítear ar bun nó a ghlactar tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, lena dtoirmisctear úinéireacht ar leasanna cothromais nó ar shócmhainní nó lena bhforchuirtear teorainneacha ar an úinéireacht sin, tráth a ndíolachán nó tráth diúscartha eile, nó lena bhforchuirtear ceanglais náisiúntachta mar a chuirtear síos orthu san fhorchoimeádas seo, measfar an beart sin a bheith ina bheart atá ann cheana; agus

(b) ciallaíonn 'fiontar stáit' fiontar faoi úinéireacht aon Bhallstáit nó arna rialú ag aon Bhallstát trí leasanna úinéireachta, agus áirítear leis fiontar arna bhunú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díreach chun críoch leasanna cothromais i bhfiontar stáit nó in eintiteas rialtais atá ann cheana nó sócmhainní an fhiontair nó an eintitis sin a dhíol nó a dhiúscairt.

Bearta:

Mar a leagtar amach san eilimint 'Tuairisc' thuas.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In AT: Chun brainse a oibriú, ní mór do chorparáidí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) duine amháin ar a laghad a cheapadh, a bhfuil cónaí air in AT, a bheidh freagrach as a ionadaíocht. Ní mór sainchónaí in AT a bheith ar fheidhmeannaigh (stiúrthóirí bainistíochta) atá freagrach as cloí le hAcht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung).

Bearta:

AT: Aktiengesetz, BGBL. Uimh. 98/1965, § 254 (2);

GmbH-Gesetz, RGBL. Uimh. 58/1906, § 107 (2); agus

Gewerbeordnung, BGBL. Uimh. 194/1994, § 39 (2a).

In EE: Ní mór do chuideachta eachtrach stiúrthóir nó stiúrthóirí a cheapadh le haghaidh brainse. Ní mór do stiúrthóir brainse a bheith ina dhuine nádúrtha agus cáil ghníomhach dlí a bheith aige. Ní mór áit chónaithe stiúrthóra amháin ar a laghad de chuid an bhrainse a bheith i mBallstát LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise.

Bearta:

EE: Äriseadustik (Cód Tráchtála) § 385.

In FI: Ní mór cónaí in LEE a bheith ar dhuine amháin ar a laghad de na comhpháirtithe i gcomhpháirtíocht ghinearálta nó ar dhuine amháin ar a laghad de na comhpháirtithe ginearálta i gcomhpháirtíocht theoranta nó, más duine dlítheanach é an comhpháirtí, sainchónaí a bheith air in LEE (ní cheadaítear brainsí). Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí a dheonú.

Chun gabháil do cheird mar fhiontraí príobháideach, tá cónaí in LEE ina cheanglas.

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag eagraíocht eachtrach as tír lasmuigh de LEE gabháil do ghnó nó do cheird trí bhrainse a bhunú in FI, tá cead trádála ina cheanglas.

Tá cónaí in LEE ina cheanglas ar dhuine amháin de ghnáthchomhaltaí agus duine amháin de leas-chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí ar a laghad, agus ar an stiúrthóir bainistíochta. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí cuideachta a dheonú.

Bearta:

FI: Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht um an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), s. 1;

Osuuskuntalaki (Acht na gComharchumann) 1488/2001;

Osakeyhtiölaki (Acht na gCuideachtaí faoi Dhliteanais Teoranta) (624/2006); agus

Laki luottolaitostoiminnasta (An tAcht um Institiúidí Creidmheasa) (121/2007).

In SE: Cuideachta eachtrach nach bhfuil eintiteas dlítheanach bunaithe aici in SE nó atá ag déanamh a gnó trí ghníomhaire tráchtála, déanfaidh sí a cuid oibríochtaí tráchtála trí bhrainse atá cláraithe in SE, ag a bhfuil bainistíocht neamhspleách agus cuntais ar leithligh. Ní mór cónaí a bheith ar stiúrthóir bainistíochta agus ar leas-stiúrthóir bainistíochta an bhrainse, i gcás ina gceaptar iad, in LEE. Ní mór do dhuine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in LEE, a dhéanann oibríochtaí tráchtála in SE, ionadaí cónaitheach a cheapadh agus a chlárú, a bheidh freagrach as na hoibríochtaí in SE. Coinneofar cuntais ar leithligh le haghaidh na n-oibríochtaí in SE. I gcásanna aonair, féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí a dheonú ó na ceanglais maidir le brainsí agus cónaí. Tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná bliain arna ndéanamh ag cuideachta atá lonnaithe lasmuigh de LEE nó ag duine nádúrtha a bhfuil cónaí air lasmuigh de LEE, díolmhaítear iad ó na ceanglais maidir le brainse a bhunú nó ionadaí cónaitheach a cheapadh.

Maidir le cuideachta Shualannach faoi dhliteanas teoranta a bhunú, féadfaidh duine nádúrtha a bhfuil cónaí air in LEE, duine dlítheanach Sualannach nó duine dlítheanach a bunaíodh i gcomhréir leis an reachtaíocht i stát laistigh de LEE agus a bhfuil a oifig chláraithe, a cheanncheathrú nó a phríomháit ghnó aige laistigh de LEE, an chuideachta sin a bhunú. Ní fhéadfaidh comhpháirtíocht a bheith ina bunaitheoir ach amháin má tá cónaí in LEE ar gach úinéir ag a bhfuil dliteanas pearsanta neamhtheoranta. Féadfaidh bunaitheoirí lasmuigh de LEE iarratas a dhéanamh ar chead ón údarás inniúil.

I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha, ní mór cónaí in LEE a bheith ar 50 % ar a laghad den bhord stiúrthóirí, 50 % ar a laghad de leas-chomhaltaí an bhoird, an stiúrthóir bainistíochta, an leas-stiúrthóir bainistíochta agus duine amháin ar a laghad de na daoine atá údaraithe le síniú thar ceann na cuideachta, más ann dóibh. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú. Mura bhfuil cónaí ar ionadaí ar bith de chuid na cuideachta nó an chumainn in SE, ní mór don bhord duine a bhfuil cónaí air in SE a cheapadh agus a chlárú, duine ar údaraíodh a sheirbheáil thar ceann na cuideachta nó an chumainn.

Tá feidhm ag coinníollacha comhfhreagracha maidir le gach cineál eile eintitis dhlítheanaigh a bhunú.

Bearta:

SE: Lag om utländska filialer m.m (An tAcht um Oifigí Brainse Eachtracha) (1992:160);

Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551);

An tAcht um Chomhlachas Eacnamaíoch Comhoibritheach (1987:667); agus

An tAcht um Ghrúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch (1994:1927).

In SK: Duine nádúrtha eachtrach a mbeidh a ainm le clárú sa Chlár Tráchtála mar dhuine a údarófar le gníomhú thar ceann fiontraí, tá ceangal ar an duine sin cead cónaithe sa tSlóvaic a chur isteach.

Bearta:

SK: Acht 513/1991 maidir leis an gCód Tráchtála (§ 21); agus

Acht Uimh. 404/2011 maidir le Cónaí Eachtrannach (§ § 22 agus 32).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta

In BG: Féadfaidh daoine dlítheanacha eachtracha, ach amháin sa chás inar bunaíodh faoi reachtaíocht Ballstáit den Aontas Eorpach nó Ballstáit de LEE iad, gabháil do ghnó agus gníomhaíochtaí a shaothrú má tá siad bunaithe in BG i bhfoirm cuideachta atá cláraithe sa Chlár Tráchtála. Tá bunú brainsí faoi réir údaraithe.

Ní mór oifigí ionadaíochta de chuid fiontar eachtrach a bheith cláraithe le Comhlachas Gnó agus Tionscail na Bulgáire agus ní fhéadfaidh siad gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ach tá siad i dteideal fógraíocht a dhéanamh maidir lena n-úinéir agus gníomhú mar ionadaithe nó ghníomhairí, agus an méid sin amháin.

Bearta:

BG: An Dlí Tráchtála, Airteagal 17a; agus

An Dlí maidir le hInfheistíochtaí a Spreagadh, Airteagal 24.

In PL: An raon feidhme oibríochtaí atá ag oifig ionadaíoch, ní chuimseoidh sé ach fógraíocht agus cur chun cinn na máthairchuideachta eachtraí a bhfuil ionadaíocht á déanamh ag an oifig uirthi. I gcás gach earnála cé is moite de sheirbhísí dlí, ní fhéadfaidh infheisteoirí neamh-AE tabhairt faoi agus gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ach amháin i bhfoirm comhpháirtíochta teoranta, comhpháirtíochta teoranta comhstoic, cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta comhstoic, agus tá rochtain ag cuideachtaí intíre freisin ar na cineálacha cuideachtaí comhpháirtíochta neamhthráchtála (comhpháirtíocht ghinearálta agus comhpháirtíocht dliteanais theoranta).

Bearta:

PL: Acht an 6 Márta 2018 maidir le rialacha i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch fiontraithe eachtracha agus daoine eachtracha eile i gcríoch Phoblacht na Polainne.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta:

In BG: Ní fhéadfaidh cuideachtaí bunaithe náisiúnaigh tríú tír a fhostú ach amháin le haghaidh poist nach bhfuil náisiúntacht na Bulgáire ina ceanglas ina leith. Ní sháróidh líon iomlán na náisiúnach tríú tír a d'fhostaigh na cuideachtaí sin le 12 mhí anuas 20 % (35 % i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide) de mheánlíon na náisiúnach Bulgárach, náisiúnach na mBallstát eile, náisiúnach na stát is páirtithe i gComhaontú LEE nó náisiúnach Chónaidhm na hEilvéise, arna n-earcú ar conradh fostaíochta. Ina theannta sin, ní mór don fhostóir a thaispeáint nach bhfuil aon oibrí Bulgárach, ná aon oibrí Aontais, LEE nó Eilvéiseach ann atá oiriúnach don phost, trí thástáil a dhéanamh ar an margadh saothair roimh náisiúnaigh tríú tír a fhostú. Ní fhéadfar náisiúnaigh tríú tír a fhostú i bpoist a bhfuil gá le náisiúntacht na Bulgáire lena n-aghaidh.

I dtaca le hoibrithe ardcháilithe, oibrithe séasúracha agus oibrithe ar postú, chomh maithe le hoibrithe is aistrithe ionchorparáideacha, taighdeoirí agus mic léinn, níl aon teorainn leis an líon náisiúnach tríú tír a oibríonn in aon chuideachta amháin. Sna cásanna sin, ní gá tástáil margaidh saothair a dhéanamh.

Bearta:

BG: An tAcht um Imirce an Lucht Oibre agus um Shoghluaisteacht an Lucht Saothair.

(b) Réadmhaoin a éadáil

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá údarú ó na húdaráis réigiúnacha inniúla (Länder) ina cheangal ar dhaoine agus ar fhiontair nádúrtha neamh-AE chun réadmhaoin a éadáil, a cheannach, agus a fháil ar cíos nó ar léas. Ní dheonófar údarú ach amháin má mheastar go bhfuil an éadáil chun leas an phobail (leas eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an phobail go háirithe).

Bearta:

AT: Burgenländisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 25/2007;

Kärntner Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 9/2004;

NÖ Grundverkehrsgesetz, LGBL. 6800;

OÖ Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 88/1994;

Salzburger Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 9/2002;

Steiermärkisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 134/1993;

Tiroler Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 61/1996;

Voralberger Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 42/2004; agus

Wiener Ausländergrundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 11/1998.

In CY: Ceadaítear do Chipirigh nó do dhaoine de bhunús na Cipire, chomh maith le náisiúnaigh Ballstáit, réadmhaoin a éadáil in CY gan srianta. Ní fhéadfaidh aon eachtrannach, seachas i gcásanna *mortis causa*, seilbh a fháil ar aon mhaoin dhochorraithe gan cead a fháil ó Chomhairle na n-Airí. I gcás eachtrannaigh a fhaigheann seilbh ar mhaoin dhochorraithe, má sháraíonn an éadáil sin an méid is gá chun áitreabh a thógáil do theach nó chun díon gairmiúil a thógáil, nó má sháraíonn sé ar bhealach eile méid dhá *donum* (2 676 m cearnach), ní mór aon chead arna dheonú ag Comhairle na nAirí a bheith faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha, na gcoinníollacha agus na gcritéar a socraíodh le Rialacháin arna ndéanamh ag Comhairle na nAirí agus arna bhfaomhadh ag Teach na nIonadaithe. Is é is eachtrannach ann aon duine nach saoránach é de CY, lena n-áirítear cuideachta faoi smacht eachtrach. Ní áirítear leis an téarma 'eachtrannach' eachtrannaigh de bhunús Cipireach nó céilí neamh-Chipireacha shaoránaigh CY.

Bearta:

CY: An Dlí maidir le hÉadáil Maoine Dochorraithe (Eachtrannaigh) (Caibidil 109), arna leasú le dlíthe uimhreacha 52 de 1969, 55 de 1972, 50 de 1990, 54(I) de 2003 agus 161(I)/2011.

In CZ: Féadfaidh daoine nádúrtha eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu in CZ agus fiontair atá bunaithe in CZ talamh talmhaíochta agus foraoise a éadáil. Baineann rialacha sonracha le talamh talmhaíochta agus foraoise faoi úinéireacht stáit. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Sheiceacha, bardais agus ollscoileanna poiblí (le haghaidh oiliúna agus taighde) talamh talmhaíochta stáit a éadáil. Ní fhéadfaidh daoine dlítheanacha (gan beann ar chineál nó áit chónaithe) talamh talmhaíochta stáit a éadáil ón stát ach amháin má tá foirgneamh, atá faoina n-úinéireacht cheana, tógtha uirthi nó má tá an talamh sin bunriachtanach le haghaidh úsáid an fhoirgnimh sin. Ní fhéadfaidh ach bardais agus ollscoileanna poiblí foraoiseacha stáit a éadáil.

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 95/1999 Bail. (maidir le Coinníollacha a bhaineann le haistriú talún talmhaíochta agus foraoiseacha ó úinéireacht stáit go húinéireacht eintiteas eile); agus

Acht Uimh. 503/2012 Bail. maidir le hOifig Talún an Stáit.

In DK: Maidir le duine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in DK, nó nach raibh cónaí air in DK roimhe seo le tréimhse 5 bliana san iomlán, ní mór don duine sin, i gcomhréir le hAcht um Éadáil na Danmhairge, cead a fháil ón Aireacht Dlí chun réadmhaoin a éadáil. Saoránaigh an Aontais agus LEE ar mian leo cónaí in DK chun oibriú, gnólacht a chur ar bun nó seirbhísí a sholáthar, ní gá dóibh cead a fháil réadmhaoin a cheannach chun na gcríoch sin. Tá cead ag teastáil chun réadmhaoin a éadáil chun críoch fóillíochta (áit chónaithe thánaisteach) ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an ceannaitheoir aonair na ceanglais um chónaí a leagtar síos sa Ghníomh um Éadáil Réadmhaoine. Tá cead ón Aireacht um Chomhaontú Glas Tripháirteach ina cheanglas le haghaidh daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá bunaithe lasmuigh den Aontas (agus lasmuigh de LEE) chun réadmhaoin talmhaíochta a éadáil.

Bearta:

DK: Acht na Danmhairge um Réadmhaoin a Éadáil (Acht Comhdhlúite Uimh. 265 an 21 Márta 2014 maidir le Réadmhaoin a Éadáil);

An tOrdú Feidhmiúcháin um Éadáil (Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 764 an 18 Meán Fómhair 1995); agus

An tAcht um Ghabháltais Talmhaíochta (Acht Comhdhlúite Uimh. 116 an 6 Feabhra 2020).

Principado de Asturias: Decreto 59/2007, de 24 de mayo, por el que se aprueba el Reglamento regulador de la profesión de Guía de Turismo en el Principado de Asturias; agus

Región de Murcia: Decreto No. 37/2011, de 8 de abril, por el que se modifican diversos decretos en materia de turismo para su adaptación a la ley 11/1997, de 12 de diciembre, de turismo de la Región de Murcia tras su modificación por la ley 12/2009, de 11 de diciembre, por la que se modifican diversas leyes para su adaptación a la directiva 2006/123/CE, del Parlamento Europeo y del Consejo de 12 de diciembre de 2006, relativa a los servicios en el mercado interior (los guías podrían ser extranjeros si tienen homologación de las titulaciones requeridas).

HR: An tAcht don Tionscadal Fáilteachais agus Lónadóireachta (OG 138/06, 152/08, 43/09, 88/10 i 50/12); agus

An tAcht um Sholáthar Seirbhísí Turasóireachta (OG Uimh. 68/07 agus 88/10).

HU: Acht CLXIV de 2005 um Idirghabháil; agus

Foraithne Rialtais Uimh. 213/1996 (XII.23.) um Ghníomhaíochtaí Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí Taistil.

IT: Dlí 135/2001 Airteagail 6 agus 7.5; agus Dlí 40/2007 (DL 7/2007).

I-EU-13 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

Earnáil – Fo-earnáil:	Seirbhísí áineasa – seirbhísí spóirt eile
Aicmiú Tionscail:	Cuid de CPC 96419
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
Leibhéal Rialtais:	AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

Seirbhísí eile spóirt (CPC 96419)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá oibriú scoileanna sciála agus seirbhísí treoraí sléibhe rialaithe ag dlíthe na *Bundesländer*. Féadfaidh náisiúntacht Ballstáit de LEE a bheith ina ceanglas chun na seirbhísí sin a sholáthar. Féadfaidh ceanglas a bheith ar fhiontair stiúrthóir bainistíochta a cheapadh ar náisiúnach Ballstáit de LEE é.

In CY: Ceanglas náisiúntachta maidir le scoil rince a bhunú agus ceanglas náisiúntachta le haghaidh teagascóirí fisiceacha.

Bearta:

AT: Kärntner Schischulgesetz, LGBL. Uimh. 53/97;

Kärntner Berg- und Schiführergesetz, LGBL. Uimh. 25/98;

NÖ- Sportgesetz, LGBL. Uimh. 5710; OÖ- Sportgesetz, LGBL. Uimh. 93/1997;

Salzburger Schischul- und Snowboardschulgesetz, LGBL. Uimh. 83/89;

Salzburger Bergführergesetz, LGBL. Uimh. 76/81;

Steiermärkisches Schischulgesetz, LGBL. Uimh. 58/97;

Steiermärkisches Berg- und Schiführergesetz, LGBL. Uimh. 53/76;

Tiroler Schischulgesetz. LGBL. Uimh. 15/95;

Tiroler Bergsportführergesetz, LGBL. Uimh. 7/98;

Vorarlberger Schischulgesetz, LGBL. Uimh. 55/02 § 4 (2)a;

Vorarlberger Bergführergesetz, LGBL. Uimh. 54/02; agus

Wien: Gesetz über die Unterweisung in Wintersportarten, LGBL. Uimh. 37/02.

CY: Dlí 65(i)/1997; Dlí 17(i) /1995.

I-EU-14 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

Earnáil – Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair – iascaireacht agus iompar ar uisce – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long; iompar ar uisce agus seirbhísí cúnta iompair ar uisce; iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród; iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar; seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair; seirbhísí iompair chomhcheangailte a sholáthar
Aicmiú Tionscail:	ISIC 0501, 0502; CPC 5122, 5133, 5223, 711, 712, 72, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749, 7461, 7469, 83103, 83104, 86751, 86754, 8730, 882
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
	Láithreacht Áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
Leibhéal Rialtais:	AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

Iompar muirí agus seirbhísí cúnta iompair mhuirí. Aon ghníomhaíocht tráchtála a dhéantar ó long (ISIC 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 721, cuid de 742, 745, 74540, 74520, 74590, 882)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Iompar agus aon ghníomhaíocht a bhaineann le hinnealtóireacht hiodrálach agus oibreacha teicniúla faoin uisce, sirtheoireacht agus eastóscadh acmhainní mianracha agus acmhainní neamhorgánacha eile, píolótú, buncaeireacht, fáil dramhaíola, meascáin uisce agus ola agus gníomhaíochtaí eile den chineál sin; arna ndéanamh ag soithí in uiscí inmheánacha agus in uiscí teorann BG, ní fhéadfaidh ach amháin soithí a bhfuil bratach na Bulgáire ar foluain acu nó soithí a bhfuil bratach Ballstáit eile ar foluain acu na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh.

Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí tacaíochta. Ceanglaítear ar mháistir agus ar phríomhinnealtóir an tsoithigh a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach nó de LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise. Ní mór 25 % ar a laghad de na poist ar an leibhéal bainistíochta agus oibriúcháin agus céatadán nach lú ná 25 % ar a laghad de na poist ar leibhéal tógála na n-orduithe a bheith i seilbh náisiúnaigh BG. An ceart chun seirbhísí tacaíochta a dhéanamh le haghaidh iompar poiblí a dhéantar i gcalafoirt Bhulgáracha agus i gcalafoirt ag a bhfuil tábhacht réigiúnach, deonaítear é trí chonradh le húinéir an chalafoirt (ISIC 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 721, 74520, 74540, 74590, 882).

Bearta:

BG: Cód Loingseoireachta Ceannaíochta;

An Dlí maidir le hUisce Farraige, Uiscebhealaí Intíre agus Calafoirt Phoblacht na Bulgáire;

Reacht maidir leis an gcoinníoll agus leis an ord chun iompróirí Bulgáracha a roghnú chun paisinéirí agus lastaí a iompar faoi chonarthaí idirnáisiúnta; agus Reacht 3 chun soithí gan foireann a sheirbhísiú.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In DK: Ní fhéadfaidh soláthraithe píolótaíochta seirbhísí píolótaíochta a dhéanamh in DK ach amháin má tá sainchónaí orthu i dtír de chuid an Aontais nó LEE agus má tá siad cláraithe agus formheasta ag Údaráis na Danmhairge i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Píolótú (74520).

Bearta:

DK: Acht na Danmhairge um Píolótú, § 18.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In DE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Soitheach nach le náisiúnach de Bhallstát é, ní fhéadfar é a úsáid in uiscebhealaí feidearálacha na Gearmáine le haghaidh gníomhaíochtaí nach seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair iad ach amháin i gcás ina bhfuil údarú sonrach faighte chuige sin. Ní fhéadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí neamh-AE ach amháin i gcás nach bhfuil soithí AE ar fáil nó go bhfuil fáil orthu ach faoi choinníollacha an-neamhfhabhrach, nó ar bhonn cómhalartachta. Féadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí a bhfuil bratach Mheicsiceo ar foluain acu ar bhonn cómhalartachta (§ 2 mír 3 Verordnung über die Küstenschifffahrt). Rialáiltear gach gníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme dhlí na bpíolótaí, agus tá an creidiúnú srianta do náisiúnaigh LEE nó Chónaidhm na hEilvéise.

I gcás soithí farraige a ligean ar cíos nó ar léas maille le hoibreoirí nó gan iad, agus i gcás soithí nach soithí farraige iad a ligean ar cíos nó ar léas gan oibreoirí, féadfar srian a chur le conarthaí le haghaidh iompar lasta a bheith á dtabhairt i gcrích ag longa a bhfuil bratach eachtrannach ar foluain acu nó srian a chur le cairtfhostú na soithí sin, ag brath ar an bhfáil atá ar longa a bhfuil bratach na Gearmáine nó bratach Ballstáit eile ar foluain acu.

Féadfar srian a chur le hidirbhearta idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí laistigh den limistéar eacnamaíoch (Iompar uisce, Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar uisce, Longa ar cíos, Seirbhísí léasaithe long gan oibreoirí (CPC 721, 745, 83103, 86751, 86754, 8730)) má bhaineann siad leis an méid seo a leanas:

(i) soithí uiscebhealaí inmheánacha, nach bhfuil cláraithe sa limistéar eacnamaíoch, a ligean ar cíos;

(ii) iompar lasta i soithí uiscebhealaí inmheánacha den sórt sin; nó

(iii) seirbhísí tuála arna ndéanamh ag soithí uiscebhealaí inmheánacha den sórt sin.

Bearta:

DE: § § 1, 2 Flaggenrechtsgesetz (an tAcht um Chosaint Brataí);

§ 2 Verordnung über die Küstenschifffahrt vom 05.07.2002;

§ § 1, 2 Binnenschifffahrtsaufgabengesetz (BinSchAufgG);

Verordnung über Befähigungszeugnisse in der Binnenschifffahrt (Binnenschifferpatentverordnung - BinSchPatentV);

§ 9 Abs.2 Uimh. 1 Seelotsgesetz an 8.12. 2010 (BGBl. I S. 1864);

§ 1 No. 9, 10, 11 agus 13 Seeaufgabengesetz (SeeAufgG); agus

See-Eigensicherungsverordnung an 19.09.2005 (BGBl. I S. 2787), geändert durch Artikel 516 Verordnung vom 31.10.2006 (BGBl. I S. 2407).

In FI: Seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair a chuirtear ar fáil in uiscí mara na Fionlainne, forchoimeádtar iad do fhlíteanna a oibríonn faoin mbratach náisiúnta, faoi bhratach an Aontais nó faoi bhratach na hIorua (CPC 745).

Bearta:

FI: Merilaki (An tAcht Muirí) (674/1994); agus

Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht um an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), s. 4.

Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród (CPC 711, 743)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh de Bhallstát seirbhísí iompair d'iarnród nó seirbhísí tacaíochta a ghabhann le hiompar d'iarnród a sholáthar in BG. Déanann an tAire Iompair ceadúnas chun paisinéirí nó lasta a iompar d'iarnród a eisiúint chuig oibreoirí iarnróid atá cláraithe mar thrádálaithe (CPC 711, 743)

Bearta:

BG: An Dlí um Iompar Iarnróid, Airteagail 37 agus 48.

Iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar (CPC 712, 7121, 7122, 71222, 7123)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AT: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach amháin do náisiúnaigh na mBallstát agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas (CPC 712).

Bearta:

AT: Güterbeförderungsgesetz (An tAcht um Iompar Earraí), BGBl. Uimh. 593/1995; § 5;

Gelegenheitsverkehrsgesetz (An tAcht um Thrácht Ócáideach), BGBl., Uimh. 112/1996; § 6; agus

Kraftfahrliniengesetz (An Dlí um Iompar Sceidealaithe), BGBl. I Uimh. 203/1999 arna leasú, § § 7 agus 8.

In CZ: Tá corprú ina cheanglas in CZ (ní cheadaítear brainsí) chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar.

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 111/1994 Bail. um Iompar de Bhóthar.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In EL: I gcás oibreoirí seirbhísí um iompar lasta de bhóthar, chun gabháil do ghairm an oibreora iompair lasta de bhóthar, tá ceadúnas Heilléanach ina cheanglas. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, faoi choinníoll na cómhalartachta.

Bearta:

EL: Ceadúnú oibreoirí iompair lasta de bhóthar: Dlí na Gréige 3887/2010 (Iris Rialtais A' 174), arna leasú le hAirteagal 5 de dhlí 4038/2012 (Iris Rialtais A' 14) – Rialacháin CE Uimh. 1071/09 agus (CÉ) Uimh. 1072/2009.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, tá gá le ceadúnas Sualannach. Áirítear leis na critéir chun ceadúnas tacsaí a fháil go gceapfadh an chuideachta duine nádúrtha chun gníomhú mar bhainisteoir iompair (ceanglas cónaithe *de facto* – féach ar fhorchoimeádas na Sualainne maidir le cineálacha bunaíochta).

I gcás oibreoirí iompair bóthair eile, ceanglaítear de réir na gcritéar chun ceadúnas a fháil go mbeadh an chuideachta bunaithe san Aontas Eorpach, go mbeadh bunaíocht acu atá suite in SE agus go mbeadh duine nádúrtha ceaptha acu le gníomhú mar bhainisteoir iompair, nár mhór cónaí a bheith air san Aontas.

Is gá oibreoirí seirbhísí trasteorann um iompar lasta de bhóthar agus um iompar paisinéirí de bóthar a bheith ceadúnaithe le haghaidh na n-oibríochtaí sin ag an údarás inniúil sa tír ina bhfuil siad bunaithe. Féadfar ceanglais bhreise um thrádáil trasteorann a rialáil i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le hiompar de bhóthar. I gcás feithiclí nach bhfuil feidhm ag comhaontú déthaobhach ina leith, tá gá le ceadúnas ó Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne freisin (CPC 712).

Bearta:

SE: Yrkestrafiklag (2012:210) (An tAcht um thrácht gairmiúil);

Lag om vägtrafikregister (2001:558) (An tAcht um chlárlann tráchta bóthair);

Yrkestrafikförordning (2012:237) (Rialachán an Rialtais um thrácht gairmiúil);

Taxitrafiklag (2012:211) (An tAcht um Thacsaithe); agus

Taxitrafikförordning (2012:238) (Rialachán an Rialtais um thacsaithe).

Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair (CPC 7461, 7469, 83104)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

San Aontas Eorpach: I gcás seirbhísí láimhseála ar an talamh, féadfar go mbeidh bunú laistigh den Aontas ina cheanglas. Leibhéal oscailteachta na seirbhísí láimhseála ar an talamh, braitheann sé ar mhéid an aerfoirt. Féadfar teorainn a chur leis an líon soláthróirí i ngach aerfort. I gcás aerfoirt mhóra, ní fhéadfaidh an teorainn sin a bheith níos lú ná dhá sholáthróir.

Bearta:

An tAontas Eorpach: Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal; Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le Cód Iompraíochta i dtaca le córais áirithinte ar ríomhairí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2299/89 ón gComhairle; Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar mhargadh na láimhseála ar an talamh in aerfoirt an Chomhphobail.

In BE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Tá an chómhalartacht ina ceanglas le haghaidh seirbhísí láimhseáil ar an talamh.

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 6 novembre 2010 réglementant l'accès au marché de l'assistance en escale à l'aéroport de Bruxelles-National (Airteagal 18);

Besluit van de Vlaamse Regering betreffende de toegang tot de grondafhandelingsmarkt op de Vlaamse regionale luchthavens (Airteagal 14);

Arrêté du Gouvernement wallon réglementant l'accès au marché de l'assistance en escale aux aéroports relevant de la Région wallonne (Airteagal 14).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In BE: Aerárthaí príobháideacha (sibhialta) ar le daoine nádúrtha iad nach náisiúnaigh iad den Aontas Eorpach ná de LEE, ní fhéadfar iad a chlárú ach amháin má tá sainchónaí nó cónaí ar na daoine sin in BE ar feadh bliana ar a laghad gan briseadh. Aerárthaí príobháideacha (sibhialta) ar le heintitis dhlíthiúla eachtracha iad nár cuireadh ar bun i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas Eorpach ná de LEE, ní fhéadfar iad a chlárú ach amháin má tá suíomh oibríochtaí, gníomhaireacht nó oifig acu in BE ar feadh bliana ar a laghad gan briseadh (aerárthaí ar cíos CPC 83104).

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 15 mars 1954 réglementant la navigation aérienne.

In PL: I gcás seirbhísí oibriúcháin aerfort, tá rannpháirtíocht eachtrach teoranta do 49 faoin gcéad (cuid de CPC 742).

Bearta:

PL: Dlí Eitlíochta na Polainne an 3 Iúil 2002, Airteagal 174.2 agus 174.3.

Seirbhísí tacaíochta le haghaidh gach modha iompair (cuid de CPC 748)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In AE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Ní fhéadfaidh ach cónaitheoirí an Aontais seirbhísí imréitigh custaim a sholáthar.

Bearta:

An tAontas Eorpach: Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

Seirbhísí Iompair Chomhcheangailte a sholáthar (CPC 711, 712, 7212, 7222, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

San Aontas Eorpach: Cé is moite de FI: Ní fhéadfaidh ach tarlóirí atá bunaithe i mBallstát a chomhlíonann na coinníollacha maidir le cead isteach sa ghairm agus maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh iompar earraí idir Ballstáit, i gcomhthéacs oibríocht iompair traschórais idir Ballstáit, céimeanna tarlú de bhóthar a dhéanamh, bídís ina gcéimeanna tosaigh nó deiridh, atá ina ndlúthchuid den oibríocht iompair traschórais agus a bhféadfadh trasnú teorann a bheith san áireamh leo nó gan a bheith san áireamh leo. Tá feidhm ag teorainneacha a dhéanann difear d'aon mhodh iompair ar leith.

Is féidir bearta riachtanacha a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar na cánacha mótarfheithicle is infheidhme maidir le feithiclí bóthair arna ródú in iompar traschórais a laghdú nó a aisíoc.

Bearta:

An tAontas Eorpach: Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit.

I-EU-15 – Talmhaíocht, iascach agus monaraíocht

Earnáil – Fo-earnáil:	Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; feirmeoireacht ainmhithe agus réinfhianna, iascaireacht agus dobharshaothrú; foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta
Aicmiú Tionscail:	ISIC 011, 012, 013, 014, 015, 1531, 050, 0501, 0502, 221, 222, 323, 324; CPC 882, 88442
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair
	Ceanglais Feidhmíochta
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
	Láithreacht Áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
Leibhéal Rialtais:	AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) An talmhaíocht, an fiach agus an fhoraoiseacht (ISIC 011, 012, 013, 014, 015, 1531; CPC 881)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

In IT: Le haghaidh agranamaithe agus 'periti agrari', tá cónaí agus clárú ar an gclár gairmiúil ina gceanglas. Is féidir le náisiúnaigh tríú tír clárú faoi choinníoll na cómhalartachta.

Bearta:

IT: Dlí 3/1976 um ghairm na n-agranamaithe 'Periti agrari'; Dlí 434/1968 arna leasú le Dlí 54/1991.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Ceanglais feidhmíochta:

San Aontas Eorpach: Ní mór do na gníomhaireachtaí idirghabhála arna n-ainmniú ag na Ballstáit gránaigh a baineadh san Aontas a cheannach. Ní dheonófar aon aisíocaíocht onnmhairiúcháin ar rís arna hallmhairiú ó aon tríú tír agus arna hathonnmhairiú chuig aon tríú tír. Ní fhéadfaidh ach amháin táirgeoirí ríse ón Aontas íocaíochtaí cúitimh a éileamh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In FI: Náisiúnaigh Ballstáit de LEE a bhfuil cónaí orthu sa limistéar tréadaíochta réinfhianna, ní fhéadfaidh ach amháin na náisiúnaigh sin a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. Féadfar cearta eisiacha a dheonú.

In FR: Is gá údarú a fháil roimh ré chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air (ISIC 11, 12, 13, 14, 15).

In SE: Ní fhéadfaidh ach amháin daoine den phobal Sámach a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh.

Bearta:

An tAontas Eorpach: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle.

FI: Poronhoitolaki (An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna) (848/1990), Caibidil 1, Roinn 4, Prótacal 3 a ghabhann le Conradh Aontachais na Fionlainne.

FR: Code rural et de la pêche maritime: Airteagal R331-1 maidir le suiteáil agus Airteagal L. 529-2 maidir le comharchumainn talmhaíochta.

SE: An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna (1971:437), mír 1.

(b) Monaraíocht – Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC 221, 222, 323, 324; CPC 88442)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In DE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Is gá 'eagarthóir freagrach' (ainm iomlán agus seoladh duine nádúrtha) a shonrú i ngach nuachtán, iris nó tréimhseachán a scaiptear go poiblí nó a phriontáiltear. Féadfar a cheangal gur buanchónaitheoir de chuid na Gearmáine, an Aontais, nó tíre LEE a bheidh san eagarthóir freagrach. Féadfaidh an tAire Feidearálach Gnóthaí Baile (ISIC 223, 224) eisceachtaí a cheadú.

In SE: Daoine nádúrtha atá ina n-úinéirí tréimhseachán a phriontáiltear agus a fhoilsítear in SE, is gá cónaí a bheith orthu in SE nó a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit de LEE. Úinéirí na dtréimhseachán sin ar daoine dlítheanacha iad, ní mór dóibh a bheith bunaithe in LEE. Tréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear in SE, chomh maith le taifeadtaí teicniúla, is gá eagarthóir freagrach a bheith acu, nach mór sainchónaí a bheith air in SE.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In IT: A mhéid cheadaíonn Meicsiceo do náisiúnaigh agus d'fhiontair na hIodáile na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, ceadóidh IT do náisiúnaigh Mheicsiceo agus d'fhiontair Mheicsiceo na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi na coinníollacha céanna. A mhéid a cheadaíonn Meicsiceo d'infheisteoirí Iodálacha níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid Mheicsiceo a bheith ina seilbh acu, ceadóidh IT d'infheisteoirí de chuid Mheicsiceo níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid na hIodáile a bheith ina seilbh acu faoi na coinníollacha céanna (ISIC 221, 222; CPC 88442).

Maidir le hInfheistíocht – Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In PL: Tá náisiúntacht ina ceanglas le haghaidh príomheagarthóirí nuachtán agus irisí (ISIC 221, 222).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In LV: Níl sé de cheart ach amháin ag daoine dlítheanacha atá corpraithe in LV agus daoine nádúrtha de chuid LV meáin ollchumarsáide a bhunú agus a fhoilsiú. Níl brainsí ceadaithe.

Bearta:

DE: § 10 Abs. 1 Nr. 4 Landesmediengesetz (LMG) Rheinland-Pfalz v. 4. Februar 2005, GVBl. S. 23;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Gesetz über die Presse Baden-Württemberg (LPG BW) v. 14 Jan. 1964, GBl. S.11;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Pressegesetz für das Land Nordrhein-Westfalen (Landespressegesetz NRW) v. 24. Mai 1966 (GV. NRW. S. 340);

§ 8 Abs. 1 Gesetz über die Presse Schleswig-Holstein (PressG SH) vom 25.1.2012, GVOBL. SH S. 266;

§ 7 Abs. 2 Landespressegesetz für das Land Mecklenburg-Vorpommern (LPrG M-V) v. 6 Juni 1993, GVOBl. M-V 1993, S. 541;

§ 8 Abs. 1 Nr. 1 Pressegesetz für das Land Sachsen-Anhalt in der Neufassung vom 2.5.2013 (GVBl. LSA S. 198);

§ 7 Abs. 2 Berliner Pressegesetz (BlnPrG) v. 15 Juni 1965, GVBl. S. 744;

§ 10 Abs. 1 Nr. 1 Brandenburgisches Landspressegesetz (BbgPG) v. 13. Mai 1993, GVBl. I/93, S. 162;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Gesetz über die Presse Bremen (BrPrG), Brem. GBl. 1965, S. 63;

§ 7 Abs. 3 Nr. 1 Hessisches Pressegesetz (HPresseG) v. 12. Dezember 2004, GVBl. 2004 I S. 2;

§ 7 Abs. 2 i.V.m § 9 Abs.1 Ziffer 1 Thüringer Pressegesetz (TPG) v. 31. Juli 1991, GVBl. 1991 S. 271;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Hamburgisches Pressegesetz v. 29. Januar 1965, HmbGVBl., S. 15;

§ 6 Abs. 2 Sächsisches Gesetz über die Presse (SächsPresseG) v. 3. April 1992, SächsGVBl. S. 125;

§ 8 Abs. 2 Niedersächsisches Pressegesetz v. 22. März 1965, GVbl. S.9;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Saarländisches Mediengesetz (SMG) vom 27. Februar 2002 (Amtsbl. S. 498); agus

Art. 5 Abs. 2 Bayerisches Pressegesetz in der Fassung der Bekanntmachung v. 19. April 2000 (GVBl, S. 340).

IT: Dlí 416/1981, Airteagal 1 (agus leasuithe ina dhiaidh sin).

LV: An Dlí um an bPreas agus Meáin Ollchumarsáide eile, Roinn 8.

PL: Acht an 26 Eanáir 1984 um Dhlí an Phreasa, an Iris Dlíthe, Uimh. 5, ítim 24, le leasuithe ina dhiaidh sin.

SE: An tAcht um Shaoirse an Phreasa (1949:105);

An Dlí Bunúsach um Shaoirse Cainte (1991:1469); agus

An tAcht um reachtanna le haghaidh an Achta um Shaoirse an Phreasa agus an Dlí Bhunúsaigh um Shaoirse Cainte (1991:1559).

I-EU-16 – Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh

Earnáil – Fo-earnáil:	Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh – an mhianadóireacht agus an cairéalú; leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí phíblínte; seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh
Aicmiú Tionscail:	ISIC 10, 11, 12, 13, 14, 40; CPC 5115, 63297, 713, cuid de 742, 8675, 883, 887
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
	Láithreacht Áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
Leibhéal Rialtais:	AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Mianadóireacht agus cairéalú (ISIC 10, 11, 12, 13, 14; CPC 5115, 7131, 8675, 883)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In CY: Féadfaidh Comhairle na n-Airí diúltú rochtain a cheadú ar shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón nó cleachtadh na ngníomhaíochtaí sin, d'aon eintiteas atá faoi smacht éifeachtach Mheicsiceo nó náisiúnaigh Mheicsiceo nó náisiúnach tríú tír. Ní fhéadfaidh aon eintiteas, tar éis údarú a bheith deonaithe dó chun gabháil do shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, teacht faoi rialú díreach ná indíreach Mheicsiceo ná náisiúnaigh Mheicsiceo gan formheas a fháil roimh ré ó Chomhairle na nAirí. Féadfaidh Comhairle na n-Airí diúltú údarú a thabhairt d'eintiteas chun gabháil do shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, más eintiteas é atá faoi smacht éifeachtach Mheicsiceo nó tríú tír nó náisiúnach Mheicsiceo nó tríú tír, i gcás nach dtugann Meicsiceo ná an tríú tír d'eintitis CY ná d'eintitis Bhallstát, i ndáil le rochtain ar shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón nó cleachtadh na ngníomhaíochtaí sin, cóir atá inchomparáide leis an gcóir a thugann CY nó an Ballstát d'eintitis Mheicsiceo nó na tríú tír sin (ISIC 1110).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianracha, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialáilte, tá siad faoi réir bunaíocht nó saoránacht LEE, Chónaidhm na hEilvéise nó chomhalta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta. Is é an tAire atá freagrach as an mianadóireacht a dhearbhóidh go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh (ISIC 10, 11, 12, 13, 14; CPC 883, 8675).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In NL: Taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón in NL, is gníomhaíochtaí iad i gcónaí a dhéanann cuideachta phríobháideach i gcomhpháirt leis an gcuideachta phoiblí (theoranta) a ndéanfaidh an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha í a ainmniú. Sonraítear in Airteagail 81 agus 82 den Acht Mianadóireachta gur gá gach scair sa chuideachta shainithe sin a bheith faoi sheilbh dhíreach nó indíreach Stát na hÍsiltíre (ISIC 10, 11, 12, 13, 14).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianracha, féadfar cead taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianracha a dheonú do dhuine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó duine dlítheanach atá bunaithe in LEE. (ISIC 120; CPC 5115, 883, 8675).

In SK: I gcás mianadóireachta, gníomhaíochtaí a bhaineann le mianadóireacht agus gníomhaíocht gheolaíoch, tá corprú i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE ina cheanglas (níl brainsí ceadaithe). Gníomhaíochtaí mianadóireachta agus sirtheoireachta a chumhdaítear le hAcht 44/1988 Phoblacht na Slóvaice um acmhainní nádúrtha a chosaint agus a shaothrú, rialaítear iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí bhearta beartais phoiblí lena bhféachtar le caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, amhail teicneolaíochtaí mianadóireachta áirithe a údarú nó a thoirmeasc. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar na bearta sin toirmeasc a chur ar láisteadh ciainíde a úsáid chun mianraí a chóireáil nó a scagadh, agus an ceanglas údarú sonrach a fháil i gcás fraiceáil ar mhaithe le gníomhaíochtaí sirtheoireachta, taiscéalaíochta nó eastósctha ola agus gáis, chomh maith le formheas a fháil roimh ré trí bhíthin reifreann áitiúil i gcás acmhainní mianracha núicléacha nó raidighníomhacha. Ní mhéadaíonn sé sin gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith (ISIC 10, 11, 12, 13, 14; CPC 5115, 7131, 883 agus 8675).

Bearta:

CY: An Dlí um Hidreacarbóin (An Dlí um Shirtheoireacht, Taiscéalaíocht agus Saothrú) de 2007 (Dlí 4(I)/2007) arna leasú le dlíthe uimhreacha 126 (I) de 2013 agus 29(I) de 2014.

FI: Kaivoslaki (An tAcht Mianadóireachta) (621/2011); agus

Ydinenergialaki (An tAcht um Fhuinneamh Núicléach) (990/1987).

NL: Mijnbouwwet (An tAcht Mianadóireachta).

SI: An tAcht Mianadóireachta 2014.

SK: Acht 51/1988 um an Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit;

Acht Uimh. 44/1988 Phoblacht na Slóvaice um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha; agus

Acht 569/2007 maidir le hOibreacha Geolaíocha.

Leictreachas (ISIC 40, 4010; CPC 62271, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT (tá feidhm aige seo freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Maidir le leictreachas a tharchur agus a dháileadh, ní dheonaítear údarú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. I gcás ina gceapann an t-oibreoir stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa, tarscaoiltear an ceanglas maidir le sainchónaí. Ní mór gur in LEE a bheadh a suíomh ag daoine (fiontair) dlítheanacha agus comhpháirtíochtaí. Ní mór dóibh stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa a cheapadh, ar gá an bheirt sin a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit de LEE agus sainchónaí a bheith orthu in LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais maidir le sainchónaí agus náisiúntacht a tharscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail (ISIC 40, CPC 887).

Bearta:

AT: Burgenländisches Elektrizitätswesengesetz 2006, LGBl. Nr. 59/2006 arna leasú;

Niederösterreichisches Elektrizitätswesengesetz, LGBl. Nr. 7800/2005 arna leasú;

Landesgesetz, mit dem das Oberösterreichische Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz 2006 erlassen wird (Oö. ElWOG 2006), LGBl. Nr. 1/2006 arna leasú;

Salzburger Landeselektrizitätsgesetz 1999 (LEG), LGBl. Nr. 75/1999 arna leasú;

Gesetz vom 16. November 2011 über die Regelung des Elektrizitätswesens in Tirol (Tiroler Elektrizitätsgesetz 2012 – TEG 2012), LGBl. Nr. 134/2011;

Gesetz über die Erzeugung, Übertragung und Verteilung von elektrischer Energie (Vorarlberger Elektrizitätswirtschaftsgesetz), LGBl. Nr. 59/2003 arna leasú;

Gesetz über die Neuregelung der Elektrizitätswirtschaft (Wiener Elektrizitätswirtschaftsgesetz 2005 – WElWG 2005), LGBl. Nr. 46/2005;

Steiermärkisches Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Nr. 70/2005;

Kärntner Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Nr. 24/2006;

Rohrleitungsgesetz (An Dlí um Iompar Píblíne), BGBl. Uimh. 411/1975, § 5(1) agus (2), § § 5 (1) agus (3), 15, 16; agus

Gaswirtschaftsgesetz (An tAcht Gáis), BGBl. I Uimh. 121/2000, arna leasú in 2011, Airteagail 43 agus 44, Airteagail 90 agus 93.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BE: Tá cónaí laistigh den Aontas ina cheanglas (ISIC 4010, CPC 887).

In CZ: Is gá údarú a fháil chun tabhairt faoi ghiniúint, tarchur, dáileadh agus trádáil leictreachais, agus faoi ghníomhaíochtaí eile de chuid oibreoirí margaidh leictreachais, mar aon le giniúint agus dáileadh teasa. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe aige nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas. Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha leictreachais agus gáis agus maidir le ceadúnais oibreoirí margaidh (ISIC 40; CPC 7131, 62279, 742, 887).

In LT: Na ceadúnais maidir le tarchur, dáileadh, soláthar poiblí agus eagrú na trádála leictreachais, ní fhéadfar iad a eisiúint ach amháin do daoine dlítheanacha LT nó do bhrainsí daoine dlítheanacha eachtracha nó eagraíochtaí eile a bunaíodh in LT (ISIC 4010; CPC 62279, 887).

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí comhairleacha ná sainchomhairleoireachta a bhaineann le tarchur nó dáileadh leictreachais ar bhonn táille nó conartha.

In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh:

(i) giniúint leictreachas, cé is moite de ghiniúint leictreachais lena mbaintear úsáid as foinsí leictreachais ar thoilleadh iomlán nach mó ná 50 MW, seachas foinsí in-athnuaite fuinnimh; comhghiniúint leictreachais lena mbaintear úsáid as foinsí ar thoilleadh iomlán nach mó ná 5 MW, seachas foinsí in-athnuaite fuinnimh;

(ii) tarchur nó dáileadh leictreachais; agus

(iii) an trádáil sa leictreachas, cé is moite den trádáil sa leictreachas ina n-úsáidtear suiteálacha voltais faoi bhun 1 kV atá faoi úinéireacht an chustaiméara; agus an trádáil sa leictreachas a dhéantar ar mhalartuithe tráchtearraí trí thithe bróicéireachta a mbíonn an ghníomhaíocht bhróicéireachta á seoladh acu ar thráchtearraí malartaithe ar bhonn Acht an 26 Deireadh Fómhair 2000 maidir le malartuithe tráchtearraí.

Ní fhéadfaidh an tÚdarás Inniúil ceadúnas a dheonú ach amháin d'iarratasóir a bhfuil a príomháit ghnó nó a príomháit chónaithe cláraithe aige i gcríoch Ballstáit den Aontas Eorpach, de LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4010; CPC 62279, 63297, 887).

In PT: Déantar na gníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte leictreachais trí lamháltais eisiacha na seirbhíse poiblí. Lamháltais le haghaidh na n-earnálacha leictreachais, ní shanntar iad ach amháin do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach acu in PT (ISIC 4010, CPC 887).

In SI: Táirgeadh, trádáil agus soláthar an leictreachais agus an gháis nádúrtha do chustaiméirí deiridh, nó iad a tharchur agus a dháileadh, is faoi réir bunaíocht san Aontas atá na gníomhaíochtaí sin (ISIC 4010, 4020; CPC 7131, 887).

In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, mórdhíol agus miondíol leictreachais, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha ar a bhfuil buanchónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach nó in LEE (ISIC 4010; CPC 62279, 887).

In SI: Táirgeadh, trádáil agus soláthar an leictreachais agus an gháis nádúrtha do chustaiméirí deiridh, nó iad a tharchur agus a dháileadh, is faoi réir bunaíocht san Aontas atá na gníomhaíochtaí sin (ISIC 4020; CPC 7131, 887).

Breoslaí, táirgí gáis, amhola nó peitriliam (ISIC 232, 4020; CPC 62271, 63297, 7131, 742, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT: Maidir le gás a iompar, ní dheonaítear údarú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. Is gá d'fhiontair agus do chomhpháirtíochtaí a suíomh a bheith acu in LEE. Ní mór d'oibreoir an líonra Stiúrthóir Bainistíochta a cheapadh, chomh maith le Stiúrthóir Teicniúil a bheidh freagrach as rialú teicniúil oibriú an líonra, agus is gá don bheirt stiúrthóirí a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais um náisiúntacht agus sainchónaí a tharscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail.

Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le hiompar earraí seachas gás agus uisce:

Maidir le daoine nádúrtha, ní dheonaítear údarú ach amháin do náisiúnaigh LEE nach mór suíomh a bheith acu san Ostair; agus

Ní mór a suíomh a bheith in AT ag fiontair agus comhpháirtíochtaí. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch nó tástáil leasa i bhfeidhm. Maidir le píblínte trasteorann, is gá nach baol a bheadh iontu do leasanna slándála AT ná dá stádas mar thír neodrach. Ní mór d'fhiontair agus do chomhpháirtíochtaí stiúrthóir bainistíochta a cheapadh nach mór a bheith ina náisiúnach Ballstáit de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais maidir le náisiúntacht agus maidir le suíomh a tharscaoileadh má mheastar go bhfuil oibriú na píblíne chun leas an gheilleagair náisiúnta (CPC 713).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BE: I gcás seirbhísí bulcstórála gáis, tá ceanglais ann maidir leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus maidir leis an gcóir a thugtar d'oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas ina ceanglas le haghaidh seirbhísí bulcstórála gáis (cuid de CPC 742).

De ghnáth, an soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí atá bunaithe in BE (is é sin, custaiméirí ar cuideachtaí dáileacháin agus tomhaltóirí araon iad, a sroicheann a dtomhaltas foriomlán gáis arna eascairt ó gach ionad soláthair íosleibhéal d'aon mhilliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana), tá an soláthar gáis sin faoi réir údarú aonair arna sholáthar ag an Aire, ach amháin i gcás inar cuideachta dáileacháin é an soláthróir, a úsáideann a líonra dáileacháin féin. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (ISIC 4020, CPC 7131).

Tá iompar gáis nádúrtha agus breoslaí eile trí phíblíne faoi réir ceanglas údarúcháin. Ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (i gcomhréir le hAirteagal 3 de AR an 14 Bealtaine 2002). Fiontair eachtracha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, féadfar toirmeasc a chur orthu rialú a fháil ar an ngníomhaíocht.

I gcás ina n-iarrann fiontar an t-údarú, mura brainse nó oifig ionadaíoch an fiontar sin, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

(i) ní mór an chuideachta a bheith bunaithe i gcomhréir le dlí na Beilge, nó le dlí Ballstáit eile, nó le dlí tríú tír a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha; agus

(ii) ní mór suíomh riaracháin, príomhbhunaíocht nó ceannoifig an fhiontair a bheith i mBallstát, nó i dtríú tír a thug gealltanais creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht na bunaíochta nó na ceannoifige sin ina nasc éifeachtach leanúnach le geilleagar na tíre lena mbaineann (ISIC 4020, CPC 7131).

In CZ: Tá údarú ina cheanglas chun gás a ghiniúint, a tharchur, a dháileadh, a stóráil agus a thrádáil. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe aige nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas. Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha gáis agus maidir le ceadúnais oibreora margaidh (ISIC 2320, 4020; CPC 7131, 63297, 742, 887).

Soláthar Gaile agus Uisce The (ISIC 4030, CPC 887).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh:

(i) giniúint fuinnimh ón ngal agus ón uisce te, cé is moite díobh seo a leanas: comhghiniúint teasa agus úsáid á baint as foinsí seachas foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar thoilleadh iomlán nach mó ná 5 MW; giniúint teasa agus úsáid á baint as foinsí ar thoilleadh iomlán nach mó ná 5 MW;

(ii) tarchur nó dáileadh teasa, seachas i gcás nach sáraíonn an toilleadh iomlán arna ordú ag custaiméirí 5 MW; agus

(iii) trádáil i dteas i gcás nach sáraíonn an toilleadh arna ordú ag custaiméirí 5 MW.

Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach amháin d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó chónaithe cláraithe aige i gcríoch Ballstáit den Aontas Eorpach, de LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4030, CPC 887).

In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, mórdhíol agus miondíol gaile agus uisce the, agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha ar a bhfuil buanchónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach nó in LEE (ISIC 4030, CPC 887).

Bearta:

AT: Burgenländisches Elektrizitätswesengesetz 2006, LGBl. Nr. 59/2006 arna leasú;

Niederösterreichisches Elektrizitätswesengesetz, LGBl. Nr. 7800/2005 arna leasú;

Landesgesetz, mit dem das Oberösterreichische Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz 2006 erlassen wird (Oö. ElWOG 2006), LGBl. Nr. 1/2006 arna leasú;

Salzburger Landeselektrizitätsgesetz 1999 (LEG), LGBl. Nr. 75/1999 arna leasú;

Gesetz vom 16. November 2011 über die Regelung des Elektrizitätswesens in Tirol (Tiroler Elektrizitätsgesetz 2012 – TEG 2012), LGBl. Nr. 134/2011;

Gesetz über die Erzeugung, Übertragung und Verteilung von elektrischer Energie (Vorarlberger Elektrizitätswirtschaftsgesetz), LGBl. Nr. 59/2003 arna leasú;

Gesetz über die Neuregelung der Elektrizitätswirtschaft (Wiener Elektrizitätswirtschaftsgesetz 2005 – WElWG 2005), LGBl. Nr. 46/2005;

Steiermärkisches Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Nr. 70/2005;

Kärntner Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz(ELWOG), LGBl. Nr. 24/2006;

Rohrleitungsgesetz (An Dlí um Iompar Píblíne), BGBl. Uimh. 411/1975, § 5(1) agus (2), § § 5 (1) agus (3), 15, 16; agus

Gaswirtschaftsgesetz 2011(An tAcht Gáis), BGBl. I Uimh. 107/2011, Airteagail 43 agus 44, Airteagail 90 agus 93.

BE: Arrêté royal du 2 avril 2003 relatif aux autorisations de fourniture d'électricité par des intermédiaires et aux règles de conduite applicables à ceux-ci; agus

Arrêté royal du 12 juin 2001 relatif aux conditions générales de fourniture de gaz naturel et aux conditions d'octroi des autorisations de fourniture de gaz naturel.

CZ: Acht Uimh. 458/2000 Bail. um dhálaí gnó agus riarachán poiblí in earnálacha an fhuinnimh (An tAcht Fuinnimh).

DK: Bekendtgørelse uimh. 724 af 1. juli 2008 om indretning, etablering og drift af olietanke, rørsystemer og pipelines (Ordú maidir le socrú, bunú agus oibriú umar breosla, córas píobánra agus píblínte), Uimh. 724 an 1 Iúil 2008.

LT: An Dlí maidir le Gás Nádúrtha Phoblacht na Liotuáine an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII-1973; agus

Dlí Phoblacht na Liotuáine um leictreachas an 20 Iúil 2000 Uimh. VIII-1881.

MT: An tAcht EneMalta Caib. 272 agus an tAcht EneMalta (Sócmhainní, Cearta, Dliteanais agus Oibleagáidí a Aistriú) Caib. 536.

NL: Elektriciteitswet 1998; Gaswet.

PL: An tAcht um Dhlí Fuinnimh an 10 Aibreán 1997, Airteagail 32 agus 33.

SI: Energetski zakon (An tAcht Fuinnimh) 2014, Iris Oifigiúil RS, Uimh. 17/2014; An tAcht Mianadóireachta (2014).

Foscríbhinn I-B-1

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

LIOSTA MHEICSICEO

Forchoimeádais is Infheidhme ar an Leibhéal Lárnach

I-MX-1

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 27.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal II, Caibidlí I agus II.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí um Infheistíocht Choigríche agus an Chlárlann Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Reglamento de la Ley de Inversión Extranjera y del Registro Nacional de Inversiones Extranjeras), Teideal II, Caibidlí I agus II.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Náisiúnaigh eachtracha nó fiontair eachtracha, ní fhéadfaidh siad cearta maoine (*dominio directo*) a fháil ar talamh ná ar uisce laistigh de stráice 100 km feadh theorainneacha na tíre nó laistigh de stráice 50 km isteach óna cóstaí (Zón Srianta).
	Fiontair Mheicsiceacha nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach acu, féadann siad cearta maoine (*dominio directo*) a fháil ar réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta, a úsáidtear chun críoch neamh-chónaithe. Tabharfar fógra na héadála sin don Aireacht Gnóthaí Eachtracha (Secretaría de Relaciones Exteriores), (dá ngairtear 'SRE' anseo feasta) laistigh de 60 lá gnó tar éis dháta na héadála.
	Fiontair Mheicsiceacha nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach acu, ní fhéadann siad cearta maoine (*dominio directo*) a fháil ar réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta, a úsáidtear chun críoch cónaithe.
	De bhun an nós imeachta a dtugtar tuairisc air thíos, féadfaidh fiontair Mheicsiceacha nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach acu cearta a fháil chun úsáid a bhaint as réadmhaoin sa Zón Srianta, réadmhaoin a úsáidtear chun críoch cónaithe, agus taitneamh a bhaint aisti. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin freisin i gcás ina bhfuil náisiúnaigh nó fiontair eachtraigh ag féachaint le cearta a fháil chun úsáid a bhaint as réadmhaoin sa Zón Srianta agus taitneamh a bhaint aisti, gan beann ar an gcuspóir a n-úsáidtear an réadmhaoin lena aghaidh.
	Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ceadúnas a fháil ó SRE chun cearta, mar iontaobhaithe, a fháil ar réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta, i gcás inarb é cuspóir an iontaobhais go n-úsáidfí an réadmhaoin sin agus go mbainfí taitneamh aisti, gan fíorchearta maoine uirthi a dheonú, agus i gcás inarb iad tairbhithe an iontaobhais na fiontair Mheicsiceacha, nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach acu, nó na náisiúnaigh eachtracha nó fiontair eachtracha dá dtagraítear thuas.

Is é is ciall leis na téarmaí ‘úsáid’ agus ‘taitneamh a bhaint as’ i dtaca leis an réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta na cearta chun an réadmhaoin sin a úsáid agus taitneamh a bhaint aisti, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, tairbhí, táirgí agus, go ginearálta, aon toradh a eascraíonn ón oibriú agus ón saothrú trí thríú páirtithe nó trí na hinstitiúidí creidmheasa, agus iad ag gníomhú mar iontaobhaithe.

An t-iontaobhas dá dtagraítear san iontráil seo, mairfidh sé go ceann uastréimhse 50 bliain, tréimhse a fhéadfar a athnuachan ar a iarraidh sin do pháirtí leasmhar.

Féadfaidh SRE a dhearbhú ag aon tráth go bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh na ceadúnais dá dtagraítear san iontráil seo á gcomhlíonadh, mar aon le seoladh isteach agus fírinneacht na bhfógraí dá dtagraítear thuas.

Déanfaidh SRE cinneadh maidir leis na ceadúnais, i bhfianaise na dtairbhí eacnamaíoch agus sóisialta a d’fhéadfadh a bheith ag na hoibríochtaí sin ar an Náisiún.

Náisiúnaigh eachtracha nó fiontair eachtracha atá ag féachaint le réadmhaoin a fháil lasmuigh den Zón Srianta, beidh orthu ráiteas a sheoladh chuig SRE roimh ré ina gcomhaontóidh siad iad féin a mheas mar náisiúnaigh Mheicsiceacha chun na gcríoch thuasluaite, agus ina dtarscaoilfidh siad an ceart chun cosaint a rialtas a agairt i leith na réadmhaoine sin.

I-MX-2

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal VI, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta

Cuirfidh CNIE na critéir seo a leanas san áireamh agus na hiarratais ([1]) a cuireadh isteach lena mbreith á measúnú aige:

(a) éifeachtaí maidir le fostaíocht agus oiliúint oibrithe;

(b) rannchuidiú teicneolaíochta;

(c) comhlíonadh na bhforálacha comhshaoil arna leagan amach sa reachtaíocht chomhshaoil; agus

(d) go ginearálta, an rannchuidiú chun iomaíochas chóras táirgiúlachta Mheicsiceo a mhéadú.

Agus cinneadh á dhéanamh aige faoi iarratas, ní fhéadfaidh CNIE ceanglais a fhorchur ach amháin ceanglais nach saobhann an trádáil idirnáisiúnta agus nach bhfuil toirmeasc orthu de réir Airteagal 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta).

([1]) Iarratais ar éadáil nó bunú infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí srianta mar a leagtar amach sa Liosta seo.

I-MX-3

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta Níl gá le réiteach fabhrach ó CNIE chun go bhféadfaidh infheisteoirí ón Aontas Eorpach nó a bhfiontair a bheith páirteach go díreach nó go hindíreach, i níos mó ná 49 % de leas úinéireachta fiontair Mheicsicigh, ach amháin i gcás ina sáraíonn luach iomlán shócmhainní an fhiontair Mheicsicigh an tairseach is infheidhme tráth a chuirtear isteach an t-iarratas ar éadáil. An méid a dhéanfaidh CNIE a chinneadh, is éard a bheidh ann an tairseach is infheidhme chun athbhreithniú a dhéanamh ar éadáil fiontair Mheicsicigh. An tairseach ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh sí coibhéiseach, in *pesos* Mheicsiceo, le haon bhilliún dollar na Stát Aontaithe, agus ráta malairte oifigiúil an 5 Deireadh Fómhair 2015 á úsáid. Gach bliain, déanfar an tairseach a choigeartú i gcomhréir le ráta fáis ainmniúil olltáirgeacht intíre Mheicsiceo, arna fhoilsiú ag an Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Thíreolaíocht (Instituto Nacional de Estadística y Geografía).

I-MX-4

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 25. Dlí Ginearálta na gCuideachtaí Comhoibríocha (Ley General de Sociedades Cooperativas), Teideal I agus Teideal II, Caibidil II. An Dlí Feidearálach Saothair (Ley Federal del Trabajo), Teideal I. An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.

Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Ní fhéadfaidh níos mó ná 10 % de na daoine nádúrtha atá páirteach i bhfiontar Meicsiceach um tháirgeadh comhoibríoch a bheith ina náisiúnaigh eachtracha.
	I gcás infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontar, ní fhéadfaidh ach suas le 10 % den leas úinéireachta i bhfiontar Meicsiceach um tháirgeadh comhoibríoch a bheith ina seilbh acu.
	Ní fhéadfaidh aon náisiúnaigh eachtracha feidhmeanna ginearálta riaracháin nó gníomhaíochtaí bainistíochta a dhéanamh san fhiontar sin.
	Is éard is fiontar um tháirgeadh comhoibríoch ann fiontar a nascann a chomhaltaí a n-obair phearsanta, bíodh sin ina hobair fhisiciúil nó ina hobair intleachtúil, leis an gcuspóir táirgí nó seirbhísí a tháirgeadh.

I-MX-5

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí Feidearálach maidir le Micrithionscal agus Lámhcheardaíocht a Chothú (Ley Federal para el Fomento de la Microindustria y la Actividad Artesanal), Caibidlí I go IV.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha iarratas a dhéanamh ar cheadúnas (*cédula*) chun cáiliú mar fhiontar micrithionscail.
	Ní fhéadfaidh fiontair mhicrithionscail Mheicsiceacha daoine eachtracha a bheith mar chomhpháirtithe acu.
	Leis an Dlí Feidearálach maidir le Micrithionscal agus Lámhcheardaíocht a Chothú, déantar 'fiontar micrithionscail' a shainmhíniú mar fhiontar ina bhfuil suas le 15 oibrí comhtháthaithe, a bhíonn ag gabháil d'earraí a chlaochlú, agus nach sáraíonn a dhíolachán bliantúil an méid a chinneann SE go tréimhsiúil.

I-MX-6

Earnáil:	Talmhaíocht, Beostoc, Foraoiseacht agus Gníomhaíochtaí Adhmaid
Fo-earnáil:	Talmhaíocht, Beostoc nó Foraoiseacht
Aicmiú Tionscail:	CMAP 1111 Talmhaíocht
	CMAP 1112 Beostoc agus Fiach (teoranta do bheostoc)
	CMAP 1200 Foraoiseacht agus Lománaíocht
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)

Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 27.
	An Dlí Talúntais (Ley Agraria), Teideal VI.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha nó fiontair Mheicsiceacha amháin talamh a bheith ina seilbh acu chun críoch talmhaíochta, beostoic nó foraoiseachta. Eiseoidh na fiontair sin cineál speisialta scaire (scair 'T') lena léireofar luach na talún sin tráth a héadála.
	I gcás infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontar, ní fhéadfaidh siad ach suas le 49 % de na scaireanna 'T' a bheith ina seilbh acu.

I-MX-7

Earnáil:	Trádáil Mhiondíola
Fo-earnáil:	Díol Táirgí Neamhbhia i mBunaíochtaí Speisialaithe
Aicmiú Tionscail:	CMAP 623087 Trádáil Miondíola Arm Tine, Cartús agus Muinisean
	CMAP 612024 Trádáil Mórdhíola nach bhfuil Aicmithe in Áit Eile (teoranta d'airm thine, cartúis agus muinisin)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo agus ar fiontar é a bhíonn ag gabháil do phléascáin, airm thine, cartúis, armlón agus tinte ealaíne a dhíol, gan fáil agus úsáid pléascán le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus eastóscacha san áireamh, agus ullmhú meascán pléascach le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

I-MX-8

Earnáil:	Cumarsáid
Fo-earnáil:	Craoladh (raidió agus teilifís saorchraolta) ([1])

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(c) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(a) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), fágtar seirbhísí closamhairc as an áireamh ó raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

Aicmiú Tionscail:	CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (teoranta do chumarsáid satailíte)
	CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (Gan Seirbhísí Feabhsaithe nó Breisluacha san Áireamh)
	CMAP 502003 Suiteálacha Teileachumarsáide
	CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (teoranta d'athdhíoltóirí)
	CMAP 941104 Léiriú agus Tarchur Príobháideach Clár Raidió (teoranta do léiriú agus tarchur clár craoltóireachta fuaime (raidió))
	CMAP 941105 Seirbhísí Príobháideacha um Léiriú, Tarchur agus Atarchur Clár Teilifíse (teoranta do tharchur agus atarchur clár teilifíse saorchraolta)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 10.8)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stát Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 28 agus 32, agus an Cúigiú Foráil Idirthréimhseach.
	An Dlí Teileachumarsáide agus Craolacháin (Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión), Teideal IV, Caibidlí I, III agus IV; agus Teideal X, Caibidil II.
	An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidil III.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidlí II agus III.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí Infheistíochta Coigríche agus an Chlárlann Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Reglamento de la Ley de Inversión Extranjera y del Registro Nacional de Inversiones Extranjeras), Teideal VI.
	Treoirlínte Ginearálta maidir le Lamháltais a Dheonú dá dTagraítear i dTeideal a Ceathair den Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Lineamientos Generales para el otorgamiento de las concesiones a que se refiere el Título Cuarto de la Ley Federal en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	I gcomhréir lena gcuspóirí, ní dheonófar lamháltais aonair nó lamháltais bhanda minicíochta ach amháin do náisiúnaigh Mheicsiceacha nó d'fhiontair Mheicsiceacha atá comhdhéanta faoi dhlí Mheicsiceo.
	Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, féadfaidh siad rannpháirtíocht suas le 49 % a bheith acu i bhfiontair lamháltóra a mbíonn seirbhísí craolacháin á soláthar acu. Beidh feidhm ag an uas-tairseach rannpháirtíochta coigríche sin i gcomhréir leis an gcómhalartacht atá ann leis an tír ina bhfuil an t-infheisteoir nó trádálaí bunaithe, a rialóidh ar deireadh í.
	Chun críocha na míre thuas, tá tuairim fhabhrach faoi CNIE ina ceanglas sula ndeonófar an lamháltas aonair maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar ina mbeidh infheistíocht choigríche páirteach.

Ní fhéadfar aon lamháltas, na cearta a thugtar leis, saoráidí, seirbhísí cúnta, oifigí nó gabhálais, ná réadmhaoine a ndéantar difear dóibh ina leith, a shannadh, a chur faoi eire, a chur i ngeall, a thabhairt ar iontaobhas, a chur faoi mhorgáiste, ná a aistriú go hiomlán nó go páirteach chuig aon rialtas nó stát eachtrach, faoi aon chúinse.

Lamháltais a bhfuil úsáid dhúchasach shóisialta leo, deonófar iad do phobail dhúchasacha Mheicsiceo, agus é ina chuspóir dóibh teangacha, cultúr, eolas, traidisiúin, féiniúlacht agus rialacha inmheánacha na bpobal sin a chur chun cinn, ar nithe iad a chumasaíonn, i gcomhréir le prionsabal an chomhionannais inscne, comhtháthú ban dúchasach i mbaint amach na gcuspóirí ar deonaíodh an lamháltas ina leith.

Ráthóidh Meicsiceo go gcuirfidh an craolachán luachanna na féiniúlachta náisiúnta chun cinn. Úsáidfidh agus spreagfaidh na lamháltóirí craolacháin luachanna ealaíonta áitiúla agus náisiúnta an chultúir Mheicsicigh, i gcomhréir le saintréithe a gclársceidealaithe. I gcás cláir laethúla ina bhfuil léirithe pearsanta, áireofar leo níos mó ama á chumhdach ag náisiúnaigh Mheicsiceacha.

I-MX-9

Earnáil:	Cumarsáid
Fo-earnáil:	Teileachumarsáid (lena n-áirítear athdhíoltóirí agus seirbhís shrianta teilifíse agus fuaime)
Aicmiú Tionscail:	CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile
	CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (gan seirbhísí feabhsaithe nó breisluacha san áireamh)
	CMAP 502003 Suiteáil Teileachumarsáide
	CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (teoranta d'athdhíoltóirí)
	CMAP 502004 Suiteálacha Speisialta Eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 28 agus 32.
	An Dlí Teileachumarsáide agus Craolacháin (Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión), Teideal IV, Caibidlí I, III agus IV; Teideal IV, Caibidil X; agus Teideal V, Caibidil I.
	An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación).
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí Infheistíochta Coigríche agus an Chlárlann Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Reglamento de la Ley de Inversión Extranjera y del Registro Nacional de Inversiones Extranjeras), Teideal VI.

Treoirlínte Ginearálta maidir le Lamháltais a Dheonú dá dTagraítear i dTeideal a Ceathair den Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Lineamientos Generales para el otorgamiento de las concesiones a que se refiere el Título Cuarto de la Ley Federal en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Rialacha de chineál ginearálta lena mbunaítear na téarmaí agus na ceanglais maidir le húdaruithe teileachumarsáide a dheonú arna leagan síos sa Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Reglas de carácter general que establecen los plazos y requisitos para el otorgamiento de autorizaciones en material de telecomunicaciones establecidas en la Ley Federal en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Treoirlínte Ginearálta maidir le hÚdarú chun Speictream Raidió a Chur Amach ar Léas (Lineamientos Generales sobre la Autorización de Arrendamiento del Espectro Radioeléctrico).

Treoirlínte maidir leis an gClárú Údaraithe a dheonú, le haghaidh úsáid agus forbairt bhandaí minicíochta na speictream raidió lena n-úsáid ar bhonn tánaisteach (Lineamientos para el otorgamiento de la Constancia de Authorización, para el uso y aprovechamiento de bandas de frecuencias del espectro radioeléctrico para uso secundario).

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

I gcomhréir lena gcuspóirí, ní dheonófar lamháltais aonair nó lamháltais bhanda minicíochta ach amháin do náisiúnaigh Mheicsiceacha nó d'fhiontair Mheicsiceacha atá comhdhéanta faoi dhlí Mheicsiceo.

Lamháltais a bhfuil úsáid dhúchasach shóisialta leo, deonófar iad do phobail dhúchasacha Mheicsiceo, agus é ina chuspóir dóibh teangacha, cultúr, eolas, traidisiúin, féiniúlacht agus rialacha inmheánacha na bpobal sin a chur chun cinn, ar nithe iad a chumasaíonn, i gcomhréir le prionsabal an chomhionannais inscne, comhtháthú ban dúchasach i mbaint amach na gcuspóirí ar deonaíodh an lamháltas ina leith.

Lamháltais a bhfuil úsáid dhúchasach shóisialta leo, deonófar iad do phobail dhúchasacha Mheicsiceo gan aon chineál infheistíochta coigríche.

Ní fhéadfar aon lamháltas, na cearta a thugtar leis, saoráidí, seirbhísí cúnta, oifigí nó gabhálais, ná réadmhaoine a ndéantar difear dóibh dá bharr, a shannadh, a chur faoi eire, a chur i ngeall, a thabhairt ar iontaobhas, a chur faoi mhorgáiste, ná a aistriú go hiomlán nó go páirteach chuig aon rialtas nó stát eachtrach, faoi aon chúinse.

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha nó fiontair Mheicsiceacha a bhunaítear faoi dhlí Mheicsiceo údarú a fháil chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar mar athdhíoltóir gan bheith ina lamháltóir.

Faoi na Treoirlínte Ginearálta maidir le hÚdarú chun Speictream Raidió a Chur Amach ar Léas, aon chuideachta ar mian léi a bheith ina léasaí bandaí minicíochta, is gá di lamháltas aonair le haghaidh úsáid tráchtála nó lamháltas aonair le haghaidh úsáid phríobháideach a fháil.

Iarrthóirí ar údarú chun bandaí minicíochta speictream raidió a úsáid ar bhonn tánaisteach, is gá dóibh seoladh dlíthiúil a cheapadh i gCathair Mheicsiceo.

I-MX-10

Earnáil: Cumarsáid

Fo-earnáil: Iompar

Aicmiú Tionscail:	CMAP 7100 Iompar
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidil IV. Dlí Rialaitheach na Seirbhíse Iarnróid (Ley Reglamentaria del Servicio Ferroviario), Caibidil II, Roinn III. An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidil III, Roinn III. Dlí na nAerfort (Ley de Aeropuertos), Caibidil IV. An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III. An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí III agus V.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta Ní fhéadfaidh aon rialtas ná stát eachtrach infheistiú, go díreach nó go hindíreach, i bhfiontair Mheicsiceacha a bhíonn ag gabháil d'iompar agus do mhodhanna ginearálta cumarsáide eile.

I-MX-11

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar Talamh agus Iompar ar Uisce
Aicmiú Tionscail:	CMAP 501421 Tógáil Oibreacha Muirí agus Abhann CMAP 501422 Tógáil Oibreacha Bóthair agus Oibreacha le haghaidh Iompar ar Talamh
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III. Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidil IV. An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil II.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun oibreacha muirí nó abhann a thógáil agus a oibriú, nó chun iad a oibriú agus é sin amháin.

Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas freisin chun droichid agus bóithre feidearálacha a thógáil, a oibriú, a shaothrú, a chaomhnú nó a chothabháil.

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha na lamháltais sin a fháil.

I-MX-12

Earnáil: Fuinneamh

Fo-earnáil: Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Ola agus Hidreacarbón Eile.

Hidreacarbóin, táirgí peitriliam agus peitriceimiceáin a iompar, a chóireáil, a scagadh, a phróiseáil, a stóráil, a dháileadh, a chomhbhrú, a leachtú, a dhí-chomhbhrú, a athghású, a dhíol leis an bpobal agus a thráchtálú, chomh maith le húsáideoirí na dtáirgí agus na seirbhísí sin.

Onnmhairiú agus allmhairiú hidreacarbón agus táirgí peitriliam.

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)

Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)

Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Bearta: Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 25, 27 agus 28.

Foraithne lena leasaítear agus lena bhforlíontar forálacha éagsúla de Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le Fuinneamh (Decreto por el que se reforman y adicionan diversas disposiciones de la Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos, en materia de energía), arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Dlí na hEarnála Hidreacarbón (Ley del Sector de Hidrocarburos), Airteagail 1, 4, 6, 10 go 14, 17, 22, 24, 25, 26, 27, 31, 37 go 44, 54, 55, 56, 58, 65, 69, 74, 76, 82, 95, 96, 110, 118, 151, 153, 158, 162 agus 163.

An Dlí um Thrádáil Eachtrach (Ley de Comercio Exterior).

An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, Petróleos Mexicanos (Ley de la Empresa Pública del Estado, Petróleos Mexicanos), Airteagail 2, 8, 10, 11, 62, 65 agus 79.

Rialacháin maidir leis an Dlí um Hidreacarbóin (Reglamento de la Ley de Hidrocarburos), Airteagail 8, 9, 14, 16, 36, 37, 61, 92, 95, 96.

Rialachán maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i dTeideal a Trí den Dlí um Hidreacarbóin (Reglamento de las actividades a que se refiere el Título Tercero de la Ley de Hidrocarburos), Airteagal 51.

Modheolaíocht maidir le Tomhas an Ábhair Náisiúnta i dTeidlíochtaí agus i gConarthaí Taiscéalaíochta agus Táirgeachta Hidreacarbón, agus ceadanna sa Tionscal Hidreacarbón arna n-eisiúint ag an Aireacht Geilleagair (Metodología para la Medición del Contenido Nacional en Asignaciones y Contratos para la Exploración y Extracción de Hidrocarburos, así como para los permisos en la Industria de Hidrocarburos, emitida por la Secretaría de Economía).

Comhaontú lena leagtar síos luachanna 2015 agus 2025 an ábhair náisiúnta sna gníomhaíochtaí Taiscéalaíochta agus Eastósctha Hidreacarbón i ndomhainuiscí agus i rídhomhainuiscí, arna eisiúint ag an Aireacht Geilleagair, arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 29 Márta 2016 (Acuerdo por el que se establecen los valores para 2015 y 2025 de contenido nacional en las actividades de Exploración y Extracción de Hidrocarburos en aguas profundas y ultra profundas, emitidos por la Secretaría de Economía).

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Is ag an Náisiún atá úinéireacht dhíreach, dhoshannta agus dhochloíte gach hidreacarbóin i bhfo-ithir a chríche, lena n-áirítear an scairbh ilchríochach agus an limistéar eacnamaíoch eisiach atá suite lasmuigh den fharraige theorann agus lena taobh, i sraitheanna nó i bhfosuithe, gan beann ar a riocht fisiceach. Ní dhéanfaidh ach amháin an Náisiún taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, trí theidlíochtaí nó trí chonarthaí. Na conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, sonrófar iontu i gcónaí gur maoin an Náisiúin iad na hidreacarbóin atá san fho-ithir.

Féadfaidh SENER teidlíochtaí a bhronnadh ar PEMEX chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a tháirgeadh.

Chun na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na teidlíochtaí le haghaidh féinfhorbartha a dhéanamh, ní dhéanfaidh PEMEX conarthaí seirbhísí a fhorghníomhú ach amháin le páirtithe príobháideacha. Maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na teidlíochtaí le haghaidh forbairt mheasctha, forghníomhóidh PEMEX conarthaí measctha le páirtithe príobháideacha, le céatadán de leas rannpháirtíochta PEMEX nach lú ná daichead faoin gcéad.

Leagfaidh SENER síos an tsamhail chonartha chuí le haghaidh gach limistéir chonarthaigh a ghabhfaidh do phróiseas tairisceana, agus a mbronnfar conradh air i gcomhréir leis an dlí; féadfaidh sé an tsamhail sin a roghnú as measc samhlacha conartha eile amhail seirbhísí, roinnt bhrabúis, roinnt táirgeachta nó ceadúnais. I gcás conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, féadfaidh PEMEX comhghuaillíochtaí nó comhlachais a dhéanamh chun páirt a ghlacadh i bpróisis tairisceana, ach ní fhéadfaidh sé conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí a dhéanamh le páirtithe príobháideacha.

Féadfaidh SENER rannpháirtíocht dhíreach a bhunú le haghaidh PEMEX sna conarthaí maidir le taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón. Bunóidh SENER rannpháirtíocht éigeantach PEMEX sna conarthaí maidir le taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón i gcás ina bhfuil an fhéidearacht ann taiscumar trasteorann a aimsiú.

Ní dhéanfar aon phróiseas tairisceana i gcás conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe le haghaidh Gás Nádúrtha le haghaidh féintomhaltais atá i síoga guail agus a bhíonn á dtáirgeadh acu, mar go bhféadfar na conarthaí sin a bhronnadh go díreach ar na sealbhóirí lamháltas mianadóireachta.

Leis na gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe hidreacarbón a dhéantar sa chríoch náisiúnta trí theidlíochtaí agus trí chonarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, ní mór sprioc a chomhlíonadh maidir le híoschéatadán ábhair náisiúnta ar an meán. An sprioc seo maidir le meán an ábhair náisiúnta, ní chuirfear san áireamh léi taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón i dtionscadail domhainuisce agus rídhomhainuisce, mar go bhfuil ceanglais dhifriúla acu maidir le hábhar náisiúnta arna leagan síos ag SE faoi réir thuairim SENER, agus saintréithe na ngníomhaíochtaí sin á meas.

Leis an sainordú thuasluaite, ní mór an mhodheolaíocht a bhunaigh an Aireacht Geilleagair a chomhlíonadh, agus ní mór a chur san áireamh nach ndéanfaidh sé difear do staid iomaíoch PEMEX ná aon fhiontair tháirgiúil stáit eile ná aon ghníomhaireachta eacnamaíoch a bhfuil taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón á bhforbairt acu.

Bunóidh an Feidhmeannas Feidearálach zóin chosanta sna limistéir ina gcinneann an Stát gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe a thoirmeasc, limistéir atá difriúil leis na limistéir nádúrtha faoi chosaint, nach féidir teidlíochtaí agus conarthaí a bhronnadh iontu.

Laistigh de na coinníollacha maidir le teidlíochtaí agus conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, agus sna ceadanna, cuirfidh Rialtas Mheicsiceo san áireamh gur cheart tosaíocht a thabhairt, más ionann na cúinsí ó thaobh praghsanna, cáilíochta agus seachadadh tráthúil de, d'earraí náisiúnta a cheannach agus do sheirbhísí náisiúnta a fháil ar conradh, lena n-áirítear oiliúint agus earcú náisiúnach Meicsiceach, ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal bainistíochta araon.

Chun gabháil do ghníomhaíochtaí dhromchlacha taiscéalaíochta agus aitheanta, tá údarú arna eisiúint ag SENER ina cheanglas, rud nach ndeonófar cearta leis chun taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón a dhéanamh. Daoine a bhfuil teidlíocht nó conradh taiscéalaíochta agus táirgthe faighte acu, ní gá dóibh údarú a bheith acu le haghaidh taiscéalaíocht dhromchlach agus aitheantais sna limistéir a chumhdaítear leis an teidlíocht nó conradh taiscéalaíochta agus táirgthe.

Bunóidh SENER nó CNE na samhlacha ceadanna le haghaidh iompar, cóireáil, scagadh, próiseáil, stóráil, dáileadh, comhbhrú, leachtú, dí-chomhbhrú, athghású, díol leis an bpobal, tráchtálú, foirmliú agus seoladh le haghaidh féintomhaltas hidreacarbón (lena n-áirítear gás nádúrtha), táirgí peitriliam nó gáis nádúrtha (lena n-áirítear gásailín agus díosal), agus peitriceimiceán, de réir mar is iomchuí, chomh maith le bainistiú Córas Comhtháite, agus é á chur san áireamh go mbeidh fiontar ionchorpraithe faoi dhlí Mheicsiceo ag sealbhóirí ceadanna agus go mbeidh sainchónaí orthu i Meicsiceo. Na ceadúnais chun hidreacarbóin agus táirgí peitriliam nó gáis nádúrtha a onnmhairiú agus a allmhairiú, eiseofar iad i gcomhréir leis an Dlí maidir le Trádáil Eachtrach (Ley de Comercio Exterior), dlí a chuireann ceangal ar shealbhóirí ceadúnais fiontar a bheith corpraithe acu faoi dhlí Mheicsiceo agus sainchónaí a bheith orthu i Meicsiceo.

I-MX-13

Earnáil:	Fuinneamh
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	CMAP 623090 Trádáil Miondíola Earraí agus Earraí eile Nach nAicmítear in Ait ar Bith Eile (bithbhreosla)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Bithbhreoslaí (Ley de Biocombustibles), Airteagal 19.
Tuairisc:	Infheistíocht Bunóidh SE an mhodheolaíocht chun méid an ábhair náisiúnta i mbithmhais a thomhas, le haghaidh úsáid dhíreach mar bhithbhreoslaí nó chun bithbhreoslaí a tháirgeadh, chomh maith lena fhíorú.

I-MX-14

Earnáil:	Fuinneamh
Fo-earnáil:	Leictreachas
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)

	Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 25, 27 agus 28.
	Foraithne lena leasaítear agus lena bhforlíontar forálacha éagsúla de Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le Fuinneamh (Decreto por el que se reforman y adicionan diversas disposiciones de la Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos, en materia de energía), arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2024.
	Dlí na hEarnála Leictrí (Ley del Sector Eléctrico), Airteagail 1, 2, 4, 10, 12, 13, 39, 40, 44, 61, 108, 109, 132, agus 151.
	An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, an Coimisiún Feidearálach Leictreachais (Ley de la Empresa Pública del Estado, Comisión Federal de Electricidad), Airteagail 8, 65 agus 81.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Baineann pleanáil agus rialú an chórais leictreachais náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagail 25, 27 agus 28 den Bhunreacht, chomh maith leis an tSeirbhís Phoiblí um tharchur agus dáileadh leictreachais, go heisiach leis an Náisiún; ní dheonófar lamháltais sna gníomhaíochtaí sin.
	An tseirbhís phoiblí lena ndéantar leictreachas a tharchur agus a dháileadh, féadfaidh an fiontar poiblí stáit conradh a dhéanamh le heintitis phríobháideacha chun an bonneagar a bhfuil gá leis le haghaidh na seirbhíse sin a shuiteáil, a chothabháil agus a leathnú, i measc nithe eile.
	Ní mór do SE an mhodheolaíocht a bhunú chun méid an ábhair náisiúnta in earnáil an leictreachais a thomhas.
	Féadfaidh SENER, i dtuairim SE, a shuíomh, sna himthosca céanna, lena n-áirítear comhionannas praghsanna, cáilíocht agus seachadadh tráthúil, go dtabharfaidh conarthaí an fhiontair phoiblí stáit a bhaineann le tionscadail bhonneagair a fhorbairt, infheistíocht mheasctha agus iad siúd a eascraíonn as na sásraí chun fuinneamh agus táirgí gaolmhara a leithdháileadh arna ndéanamh ag rannpháirtithe earnáil an leictreachais tús áite d'fháil earraí náisiúnta, agus do chonraitheoireacht seirbhísí de thionscnamh náisiúnta, lena n-áirítear oiliúint agus fruiliú, ar leibhéal teicniúil agus bainistíochta, daoine de náisiúntacht Mheicsiceo.
	I gcás ina gceadófar don earnáil phríobháideach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile de chuid an tionscail leictreachais, ní cheadófar di, faoi aon chúinse, tosaíocht a bheith aici ar fhiontar poiblí de chuid an stáit, arb é atá de chúram uirthi go bunúsach, a freagracht shóisialta a chomhlíonadh agus leanúnachas agus inrochtaineacht na seirbhíse leictreachais poiblí a dheimhniú.
	Ní mór don fhiontar poiblí stáit caoga a ceathair faoin gcéad ar a laghad den mheánfhuinneamh a instealltar san eangach i mbliain féilire a choinneáil ar bun.
	Féadfaidh an earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach sa phróiseas giniúna cumhachta leictrí trí scéimeanna infheistíochta measctha, ar scéimeanna iad nach mór don fhiontar poiblí stáit rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach a bheith aige ina leith de chaoga a ceathair faoin gcéad ar a laghad sa tionscadal.
	Ní féidir ach leis an bhfiontar poiblí stáit an soláthar bunúsach leictreachais a sholáthar, ar an bpraghas is ísle is féidir.

Maidir leis na gníomhaíochtaí corparáide ar fad eile atá ag CFE agus a fho-fhiontair tháirgiúla, i gcomhréir le dlí CFE, eiseoidh an Bord Stiúrthóirí rialacháin maidir le seirbhísí a éadáil, a léasú agus a chonrú, agus oibreacha a dhéanamh. I measc nithe eile, féadfaidh an Bord íoschéatadáin ábhair náisiúnta a cheangal i gcomhréir le cineál na conraitheoireachta, leis an rialachán um tharaifí agus leis na conarthaí idirnáisiúnta a bhfuil Meicsiceo ina shínitheoir ina leith.

Na ceadúnais uile a dheonófar faoi Dhlí an Tionscail Leictreachais, is é CNE a dheonóidh iad. Ní mór do na sealbhóirí ceadúnais a bheith ina ndaoine nádúrtha nó ina bhfiontair atá corpraithe faoi aoi dhlí Mheicsiceo.

I-MX-15

Earnáil:	Fuinneamh
Fo-earnáil:	Hidreacarbóin agus Táirgí Peitriliam (soláthar breosla agus bealaí le haghaidh aerárthaí, long agus trealamh iarnróid)
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, féadfaidh seilbh a bheith acu ar suas le 49 % de leas úinéireachta fiontair Mheicsicigh a sholáthraíonn breosla agus bealaí le haghaidh soithí agus trealamh iarnróid, chomh maith le breoslaí eitlíochta chuig an soláthar breosla aerárthaigh.

I-MX-16

Earnáil:	Clódóireacht, Eagarthóireacht agus Tionscail Ghaolmhara
Fo-earnáil:	Foilsiú nuachtán
Aicmiú Tionscail:	CMAP 342001 Nuachtáin, Irisí agus Tréimhseacháin a fhoilsiú (teoranta do nuachtáin)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a bhíonn ag gabháil do phriontáil nó d'fhoilsiú nuachtán laethúil a scríobhtar le haghaidh lucht spéise Meicsiceach go príomha, agus a dháiltear i gcríoch Mheicsiceo.

Chun críocha na hiontrála seo, is éard is nuachtáin laethúla ann nuachtáin nach ndáiltear saor in aisce agus a fhoilsítear 7 lá sa tseachtain.

I-MX-17

Earnáil:	Monarú Earraí
Fo-earnáil:	Pléascáin, tinte ealaíne, airm thine agus cartúis
Aicmiú Tionscail:	CMAP 352236 Monarú Pléascán agus Tinte Ealaíne CMAP 382208 Monarú Tinte Ealaíne agus Cartús
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a mhonaraíonn pléascáin, tinte ealaíne, airm thine, cartúis agus muinisean, gan ullmhú meascán pléascach le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus eastóscacha san áireamh.

I-MX-18

Earnáil:	Iascaireacht
Fo-earnáil:	Seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht
Aicmiú Tionscail:	CMAP 1300 Iascaireacht
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. An Dlí Ginearálta um Iascaireacht agus Dobharshaothrú Inbhuanaithe (Ley General de Pesca y Acuacultura Sustentables), Teideal a Sé, Caibidil IV; agus Teideal a Seacht, Caibidil II. An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil I; Teideal II, Caibidil IV; agus Teideal a Trí, Caibidil II. Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí I, IV agus VI. Rialachán a ghabhann leis an Dlí Iascaireachta (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal a Dó, Caibidil I; agus Caibidil II, Séú Roinn.

Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Chun gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta, tá ceadúnas ina cheanglas, arna eisiúint ag SAGARPA tríd an gCoimisiún Náisiúnta um Dhobharshaothrú agus Iascaireacht (Comisión Nacional de Acuacultura y Pesca); nó ag SCT, laistigh de raon feidhme a inniúlachta.
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SAGARPA ina cheanglas chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh, amhail jabanna iascaireachta a bhfuil gá leo mar údar le hiarratais ar lamháltas, agus trealamh seasta iascaireachta a shuiteáil in uiscí feidearálacha. Mar rogha thosaíochta, tabharfar an ceadúnas sin do chónaitheoirí i bpobail áitiúla. I gcúinsí coibhéiseacha, tabharfar tosaíocht d'iarratais pobal dúchasach.
	Tá údarú arna eisiúint ag SCT ina cheanglas ar shoithí faoi bhratach eachtrach chun seirbhísí dreidireachta a sholáthar.
	Tá údarú arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí calafoirt a bhaineann leis an iascaireacht a sholáthar, amhail oibríochtaí lódála agus soláthar do shoithí, trealamh cumarsáide a chothabháil, oibreacha leictreachais, bailiú dramhaíola agus diúscairt camrais. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-19

Earnáil:	Iascaireacht
Fo-earnáil:	Iascaireacht
Aicmiú Tionscail:	CMAP 130011 Báid Iascaireachta ar an Mórmhuir
	CMAP 130012 Iascaireacht Chósta
	CMAP 130013 Iascaireacht Fionnuisce
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí Ginearálta um Iascaireacht agus Dobharshaothrú Inbhuanaithe (Ley General de Pesca y Acuacultura Sustentables), Teideal VI, Caibidil IV; Teideal VII, Caibidil I; Teideal XIII, Caibidil Uathúil; agus Teideal XIV, Caibidlí I, II agus III.
	An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal II, Caibidil I.
	An Dlí Feidearálach Mara (Ley Federal del Mar), Teideal I, Caibidlí I agus III.
	An Dlí um Uiscí Náisiúnta (Ley de Aguas Nacionales), Teideal I agus Teideal IV, Caibidil I.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí Iascaireachta (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal I, Caibidil I; Teideal II, Caibidlí I, III go VI; agus Teideal III, Caibidlí III agus IV.

Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a dhéanann iascaireacht chósta, iascaireacht fionnuisce agus iascaireacht sa limistéar eacnamaíoch eisiach, gan dobharshaothrú san áireamh.
	Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a dhéanann iascaireacht ar an mórmhuir.

I-MX-20

Earnáil:	Seirbhísí Oideachais
Fo-earnáil:	Scoileanna príobháideacha
Aicmiú Tionscail:	CMAP 921101 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Réamh-Bhunscoile
	CMAP 921102 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Bunscoile
	CMAP 921103 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Meánscoile
	CMAP 921104 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Ardscoile
	CMAP 921105 Seirbhísí Príobháideacha Ardoideachais
	CMAP 921106 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais lena gComhcheanglaítear na Leibhéil Réamh-Scoile, Bhunscoile, Mheánscoile, Ardscoile agus Ardoideachais
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	An Dlí um Chomhordú an Ardoideachais (Ley para la Coordinación de la Educación Superior), Caibidil II.
	An Dlí Ginearálta um an Oideachas (Ley General de Educación), Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Tá gá le réiteach fabhrach ó CNIE le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a sholáthraíonn seirbhísí príobháideacha oideachais ag na leibhéil réamh-scoile, bhunscoile, mheánscoile, ardscoile agus ardoideachais, nó seirbhísí príobháideacha comhcheangailte oideachais.

I-MX-21

Earnáil:	Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe
Fo-earnáil:	Seirbhísí leighis

Aicmiú Tionscail:	CMAP 9231 Seirbhísí Leighis, Déidliachta agus Tréidliachta arna soláthar ag an Earnáil Phríobháideach (teoranta do sheirbhísí leighis)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí Feidearálach Saothair (Ley Federal del Trabajo), Caibidil I.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha atá ceadúnaithe mar dhochtúirí i gcríoch Mheicsiceo seirbhísí leighis intí a sholáthar i bhfiontair Mheicsiceacha.

I-MX-22

Earnáil:	Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe
Fo-earnáil:	Pearsanra speisialaithe
Aicmiú Tionscail:	CMAP 951012 Seirbhísí Custam agus Gníomhaireachtaí Ionadaíocha
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí Custam (Ley Aduanera), Teideal II, Caibidlí I agus III, agus Teideal VII, Caibidil I. An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh a rugadh i Meicsiceo a bheith ina ngníomhairí custaim. Ní fhéadfaidh ach gníomhairí custaim atá ag gníomhú mar choinsínithe nó ionadaithe dlíthiúla (*mandatarios*) allmhaireora nó onnmhaireora, chomh maith le sannaithe na ngníomhairí custaim, na foirmiúlachtaí a dhéanamh a bhaineann le himréiteach custaim earraí an allmhaireora nó onnmhaireora sin. Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó bhfiontair, ní fhéadfaidh siad a bheith páirteach, go díreach ná go hindíreach, i ngníomhaireacht gníomhaire custaim.

I-MX-23

Earnáil:	Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe
Fo-earnáil:	Seirbhísí speisialaithe (Nótaire Poiblí Tráchtála)
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)

Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí Feidearálach maidir le Nótaire Poiblí Tráchtála (Ley Federal de Correduría Pública), Airteagail 7, 8, 12 agus 15.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí Feidearálach maidir le Nótaire Poiblí Tráchtála (Reglamento de la Ley Federal de Correduría Pública), Caibidlí I agus II, Ranna I agus II.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Ní fhéadfaidh ach náisiúnach a rugadh i Meicsiceo a bheith ina nótaire poiblí (corredor público).
	Ní fhéadfaidh nótaire poiblí tráchtála cleamhnacht ghnó a bheith aige le haon duine chun seirbhísí nótaire poiblí tráchtála a sholáthar.
	Ní mór do nótairí poiblí tráchtála oifig a bhunú san áit ina bhfuil siad údaraithe le cleachtadh.
	Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha a bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach acu an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-24

Earnáil:	Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe
Fo-earnáil:	Seirbhísí gairmiúla
Aicmiú Tionscail:	CMAP 951002 Seirbhísí Dlí (lena n-áirítear sainchomhairleoireacht dlí eachtrach)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha i gCathair Mheicsiceo (Ley Reglamentaria del Artículo 5º Constitucional, relativo al Ejercicio de las Profesiones en la Ciudad de México), Caibidil III, Roinn III; agus Caibidil V.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a sholáthraíonn seirbhísí dlí.
	In éagmais conradh idirnáisiúnta maidir leis an gceist, ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha gabháil do chleachtadh gairmiúil ach amháin faoi réir cómhalartachta in áit chónaithe an iarratasóra, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas eile atá bunaithe i ndlí Mheicsiceo.

Ach amháin mar a fhoráiltear san iontráil seo, ní fhéadfaidh ach dlíodóirí atá ceadúnaithe i Meicsiceo leas úinéireachta a bheith acu i gnólacht dlí atá bunaithe i gcríoch Mheicsiceo.

Dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach, beidh cead acu comhpháirtíocht a chur ar bun le dlíodóirí atá ceadúnaithe i Meicsiceo.

An líon dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach agus a fhónann mar chomhpháirtithe i ngnólacht dlí i Meicsiceo, ní fhéadfaidh an líon sin líon na ndlíodóirí a shárú atá ceadúnaithe i Meicsiceo agus a fhónann mar chomhpháirtithe an ghnólachta dlí sin. Dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach, féadfaidh siad cleachtadh agus comhairliúcháin dlí a sholáthar maidir le dlí Mheicsiceo, i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais chun cleachtadh mar dhlíodóir i Meicsiceo.

Gnólacht dlí arna bhunú ag comhpháirtíocht dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach, agus dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh i Meicsiceo, féadfaidh siad dlíodóirí a earcú atá ceadúnaithe i Meicsiceo mar fhostaithe.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an iontráil seo maidir le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí sa dlí eachtrach agus sa dlí idirnáisiúnta, ar bhonn daoine a eitilt isteach nó amach go sealadach ná trí theicneolaíocht ar líne nó teicneolaíocht teileachumarsáide a úsáid, agus, i ndáil leis an dlí eachtrach agus idirnáisiúnta amháin, níl feidhm aici maidir le headráin agus idir-réiteach dlíthiúil nó seirbhísí eadrána arna gcur ar fáil ag dlíodóirí eachtracha.

I-MX-25

Earnáil:	Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe
Fo-earnáil:	Seirbhísí gairmiúla
Aicmiú Tionscail:	CMAP 9510 Soláthar Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe (teoranta do sheirbhísí gairmiúla)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha i gCathair Mheicsiceo (Ley Reglamentaria del Artículo 5º Constitucional, relativo al Ejercicio de las Profesiones en la Ciudad de México), Caibidil III, Roinn III, agus Caibidil V. Rialacháin a ghabhann le Dlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha i gCathair Mheicsiceo (Reglamento de la Ley Reglamentaria del Artículo 5º Constitucional, relativo al Ejercicio de las Profesiones en la Ciudad de México), Caibidil III. An Dlí Ginearálta maidir leis an Daonra (Ley General de Población), Caibidil III.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí De bhun na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil Meicsiceo ina chomhpháirtí iontu; féadfaidh náisiúnaigh eachtracha gairmeacha a chleachtadh i gCathair Mheicsiceo ar gairmeacha iad a leagtar amach i nDlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha i gCathair Mheicsiceo.

	In éagmais conradh idirnáisiúnta maidir leis an gceist, ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha gabháil do chleachtadh gairmiúil ach amháin faoi réir cómhalartachta in áit chónaithe an iarratasóra, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas eile atá bunaithe i ndlí Mheicsiceo.
I-MX-26	
Earnáil:	Seirbhísí Reiligiúnacha
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	CMAP 929001 Seirbhísí Eagraíochtaí Reiligiúnacha
Oibleagáidí lena mBaineann:	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Comhlachais Reiligiúnacha agus an Dlí maidir le hAdhradh Poiblí (Ley de Asociaciones Religiosas y Culto Público), Teideal II, Caibidlí I agus II.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Ní mór d'ionadaithe comhlachas reiligiúnach i Meicsiceo a bheith ina náisiúnaigh Mheicsiceacha.
	Is comhlachais iad comhlachais reiligiúnacha a chomhdhéanfar i gcomhréir leis na Comhlachais Reiligiúnacha agus leis an Dlí maidir le hAdhradh Poiblí.
	Ní mór do chomhlachais reiligiúnacha clárú os comhair an Aire Gnóthaí Inmheánacha (Secretaría de Gobernación, SEGOB). Chun clárú, ní mór don chomhlachas reiligiúnach a bheith bunaithe i Meicsiceo.
I-MX-27	
Earnáil:	Seirbhísí talmhaíochta
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	CMAP 971010 Soláthar Seirbhísí Talmhaíochta
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.
	An Dlí Feidearálach um Fholláine Plandaí (Ley Federal de Sanidad Vegetal), Teideal II, Caibidil IV.
	Rialachán a ghabhann le Dlí Fíteashláintíochta Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Reglamento de la Ley de Sanidad Fitopecuaria de los Estados Unidos Mexicanos), Caibidil VII.

Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá lamháltas arna dheonú ag SAGARPA ina cheanglas chun lotnaidicídí a spraeáil.
	Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.

I-MX-28

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Aeriompar
Aicmiú Tionscail:	CMAP 384205 Monarú, Cóimeáil agus Deisiú Aerárthaí (teoranta do dheisiú aerárthaí)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidil III, Roinn II.
	An Rialachán um Eitlíocht Shibhialta (Reglamento de la Ley de Aviación Civil), Caibidil VII.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun saoráid deisithe aerárthaí agus ionaid le haghaidh teagasc agus oiliúint pearsanra a bhunú agus a oibriú, nó a oibriú agus a shaothrú.
	Chun an ceadúnas sin a fháil, is gá don pháirtí leasmhar a chruthú gur i Meicsiceo atá sainchónaí na saoráidí deisithe aerárthaí agus na n-ionad le haghaidh teagasc agus oiliúint pearsanra.

I-MX-29

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Aeriompar ([1])
Aicmiú Tionscail:	CMAP 973302 Seirbhísí Bainistíochta Aerfoirt agus Héileapoirt
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.
	An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(e) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(g) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí, san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidlí I agus IV.
	Dlí na nAerfort (Ley de Aeropuertos), Caibidil III.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí na nAerfort (Reglamento de la Ley de Aeropuertos), Teideal II, Caibidlí I, II agus III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá gá le lamháltas arna dheonú ag SCT chun aerfoirt agus héileapoirt a thógáil agus a oibriú, nó a oibriú. Ní fhéadfaidh ach fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.
	Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, atá ina lamháltóir nó ina cheadúnaí aerpháirceanna le haghaidh seirbhís phoiblí.
	Agus cinneadh á dhéanamh aige, tabharfaidh CNIE tosaíocht don fhorbairt náisiúnta agus teicneolaíochta, agus cosnóidh sé ionracas ceannasach an Náisiúin.
I-MX-30	
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Aeriompar ([1])
Aicmiú Tionscail:	CMAP 713001 Seirbhísí Aeriompair Sceidealaithe ar Aerárthaí atá Cláraithe go Náisiúnta
	CMAP 713002 Aeriompar Neamh-Sceidealaithe (Aerthacsaithe)
	Aersheirbhísí Speisialtachta
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidlí IX agus X.
	Rialachán a ghabhann leis an Dlí Eitlíochta Sibhialta (Reglamento de la Ley de Aviación Civil), Teideal II, Caibidil I.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(e) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(g) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí, san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % de na leasanna vótála i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a sholáthraíonn seirbhís aeriompair intíre, idir sceidealaithe agus neamh-sceidealaithe, seirbhís aeriompair idirnáisiúnta neamh-sceidealaithe de chineál aerthacsaí, nó aersheirbhís speisialtachta. Ní mór don chathaoireach agus dhá thrian ar a laghad den bhord stiúrthóirí agus dhá thrian d'oifigigh bhainistíochta an fhiontair sin a bheith ina náisiúnaigh Mheicsiceacha. Ní fhéadfar aerárthach a bheith cláraithe i Meicsiceo ach amháin ag náisiúnaigh Mheicsiceacha agus ag fiontair Mheicsiceacha ina bhfuil 51 % den leas úinéireachta i seilbh nó faoi rialú náisiúnach Meicsiceach, agus ina bhfuil an cathaoirleach agus dhá thrian ar a laghad d'oifigigh bhainistíochta an fhiontair ina náisiúnaigh Mheicsiceacha.

I-MX-31

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Aersheirbhísí Speisialtachta ([1])
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley deVías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidil III. An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidlí I, II, IV agus IX. Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun gach aersheirbhís speisialtachta a sholáthar i gcríoch Mheicsiceo. Ní fhéadfar an ceadúnas sin a dheonú ach amháin i gcás ina bhfuil sainchónaí i gcríoch Mheicsiceo ag an duine ar spéis leis na seirbhísí sin a sholáthar.

I-MX-32

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar uisce
Aicmiú Tionscail:	CMAP 973203 Riarachán Calafort Muirí, Lochanna agus Aibhneacha
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(e) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(g) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí, san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

Bearta:	Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí IV agus V. Rialachán a ghabhann le Dlí na gCalafort (Reglamento de la Ley de Puertos), Teideal I, Caibidlí I agus VI. An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar Meicsiceach atá údaraithe chun gníomhú mar riarthóir lárnach calafort.

I-MX-33

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar uisce
Aicmiú Tionscail:	CMAP 384201 Monarú agus Deisiú Soithí
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III. An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil II. Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidil IV.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun longchlós a bhunú agus a oibriú, nó a oibriú. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.

I-MX-34

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar uisce
Aicmiú Tionscail:	CMAP 973201 Seirbhísí Lódála agus Dílódála Iompair Uisce (lena n-áirítear oibriú agus cothabháil na ndugaí; luchtú agus díluchtú soithí cois cladaigh; láimhseáil lasta mhuirí; oibriú agus cothabháil céanna; glanadh long agus bád; stíbheadóireacht; aistriú lasta idir longa agus trucailí, traenacha, píblínte agus céanna; agus oibríochtaí críochfoirt ar imeall an uisce)

Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.
	An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil II; agus Teideal II, Caibidlí IV agus V.
	Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí II, IV agus VI.
	An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III.
	Rialachán a bhaineann le hÚsáid agus Taitneamh a Bhaint as an bhFarraige Theorann, Uiscebhealaí, Tránna, an Limistéar Cósta Feidearálach Ábhartha agus Tailte a Fuarthas chuig an bhFarraige (Reglamento para el Uso y Aprovechamiento del Mar Territorial, Vías Navegables, Playas, Zona Federal Marítimo Terrestre y Terrenos Ganados al Mar), Caibidil II, Roinn II.
	Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt do shoithí le haghaidh loingseoireacht intíre amhail tuáil, múráil agus báid freastail.
	Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun críochfoirt chalafoirt, idir mhuirí agus intíre, a thógáil agus a oibriú, nó a oibriú, lena n-áirítear dugaí, craenacha agus saoráidí gaolmhara. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí stíbheadóireachta agus ollstórála a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-35

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar uisce
Aicmiú Tionscail:	CMAP 973203 Muirí agus Intíre (Riarachán Calafort Lochanna agus Aibhneacha)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal III, Caibidil III.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí IV agus VI.

Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta
	Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh siad a bheith páirteach ach i suas le 49 % de na fiontair Mheicsiceacha a bhíonn ag gabháil do seirbhísí píolótaithe calafort a sholáthar do shoithí a oibríonn sa loingseoireacht intíre.

I-MX-36

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar uisce ([1])
Aicmiú Tionscail:	CMAP 712011 Infheistíocht agus Seirbhísí Muiriompair Idirnáisiúnta
	CMAP 712012 Seirbhísí Cabatáiste Mhuirí
	CMAP 712013 Seirbhísí Tuála Idirnáisiúnta agus Cabatáiste
	CMAP 712021 Seirbhísí Iompair ar Aibhneacha agus Lochanna
	CMAP 712022 Seirbhísí Iompair Uisce Calafort Inmheánach
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal III, Caibidil I.
	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	An Dlí Feidearálach maidir le hIomaíocht Eacnamaíoch (Ley Federal de Competencia Económica), Caibidil IV.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá oibriú agus saothrú soithí loingseoireachta ar an mórmhuir, lena n-áirítear iompar agus seirbhísí tuála idirnáisiúnta, oscailte d'úinéirí long agus do shoithí gach tíre, ar bhonn na cómhalartachta i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(d) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(b) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl cabatáiste muirí náisiúnta san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

Tá oibriú agus saothrú an chabatáiste agus na loingseoireachta intíre forchoimeádta d'úinéirí long Meicsiceach ag a bhfuil soithí Meicsiceacha. Mura bhfuil fáil ar shoithí Meicsiceacha cuí ag a bhfuil na dálaí teicniúla céanna, nó más riachtanach ar mhaithe le leas an phobail, féadfaidh SCT ceadúnais loingseoireachta shealadacha chun oibriú agus chun saothrú a sholáthar d'úinéirí Meicsiceacha ag a bhfuil soitheach eachtrach, i gcomhréir leis na tosaíochtaí seo a leanas:

(a) Longúinéir Meicsiceach ag a bhfuil soitheach eachtrach faoi pháirtí cairtfhostaithe loim; agus

(b) Longúinéir Meicsiceach ag a bhfuil soitheach eachtrach faoi aon chineál páirtí cairtfhostaithe.

Maidir le hoibriú agus saothrú, sa loingseoireacht intíre agus cabatáiste, long cúrsála turasóireachta, chomh maith le dreidirí agus gairis mhuirí chun calafoirt a thógáil, a chaomhnú agus a oibriú, féadfaidh fiontair loingseoireachta Mheicsiceacha nó eachtracha a bhfuil soithí nó gairis mhuirí Mheicsiceacha nó eachtracha acu na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, ar bhonn cómhalartachta leis an Aontas Eorpach nó a Bhallstáit, agus an dlí is infheidhme á chomhlíonadh acu agus iarracht á déanamh acu tús áite a thabhairt d'fhiontair Mheicsiceacha.

Faoi réir tuairim a bheith faighte aige roimh ré ón gCoimisiún Náisiúnta in aghaidh Trustaí (Comisión Nacional Antimonopolio), féadfaidh SCT a chinneadh, maidir le loingseoireacht cabatáiste áirithe, nach bhféadfaidh ach fiontair Mheicsiceacha ag a bhfuil soithí Meicsiceacha an loingseoireacht cabatáiste sin a dhéanamh go hiomlán ná go páirteach, é sin nó soithí a meastar ina leith gur soithí Meicsiceacha iad, in éagmais dálaí iomaíochta éifeachtaí sa mhargadh ábhartha, i gcomhréir le téarmaí an Dlí Fheidearálaigh maidir le hIomaíocht Eacnamaíoch (Ley Federal de Competencia Económica).

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar loingseoireachta Meicsiceach nó i soithí Meicsiceacha a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do shaothrú tráchtála soithí le haghaidh loingseoireacht intíre agus cabatáiste, gan long cúrsála turasóireachta san áireamh, nó saothrú dreidirí agus gairis mhuirí chun calafoirt a thógáil, a chaomhnú agus a oibriú.

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí loingseoireachta ar an mórmhuir nó do sheirbhísí tuála calafort.

I-MX-37

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Píblínte neamh-fhuinnimh
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.
	An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III.

	An Dlí um Uiscí Náisiúnta (Ley de Aguas Nacionales), Teideal I, Caibidil II agus Teideal IV, Caibidil II.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun píblínte a iompraíonn earraí seachas fuinnimh nó peitriceimiceáin bhunúsacha a thógáil agus a oibriú, nó a oibriú.
	Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.

I-MX-38

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Seirbhísí Iompar d'Iarnród
Aicmiú Tionscail:	CMAP 711101 Seirbhísí Iompar d'Iarnród
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.
	Dlí Rialaitheach na Seirbhíse Iarnróid (Ley Reglamentaria del Servicio Ferroviario), Caibidlí I agus II, Roinn III.
	Rialachán a ghabhann leis an tSeirbhís Iarnróid (Reglamento del Servicio Ferroviario), Teideal I, Caibidlí I, II agus III; Teideal II, Caibidlí I agus IV; agus Teideal III, Caibidil I, Ranna I agus II.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do thógáil, oibriú agus saothrú iarnród a mheastar a bheith ina modhanna ginearálta cumarsáide, nó i soláthar seirbhíse poiblí i dtaca le hiompar iarnróid.
	Agus cinneadh á dhéanamh aige, measfaidh CNIE gur tosaíocht í an fhorbairt náisiúnta agus teicneolaíochta, agus go gcosnófar ionracas ceannasach an Náisiúin.
	Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí iarnróid a thógáil, a oibriú agus a shaothrú agus chun seirbhís phoiblí i dtaca le hiompar iarnróid a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí cúnta a sholáthar; saoráidí bealach isteach agus bealach amach, crosbhealaí agus saoráidí imeallacha a thógáil sa cheart slí; fógráin agus comharthaí poiblíochta a shuiteáil ar an gceart slí; agus droichid os cionn línte iarnróid a thógáil agus a oibriú. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-39

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar talamh

Aicmiú Tionscail:	CMAP 973101 Seirbhísí Bainistíochta Críochfort Busanna Paisinéara agus Seirbhísí Cúnta (teoranta do phríomhchríochfoirt bhus agus trucaile agus príomhstáisiúin bhus agus trucaile)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III.
	Rialacháin a ghabhann le Taitneamh a Bhaint as an gCeart Slí i dtaca leis na Bóithre Feidearálacha agus na Zóin Máguaird (Reglamento para el Aprovechamiento del Derecho de Vía de las Carreteras Federales y Zonas Aledañas), Caibidlí II agus IV.
	Rialacháin a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidil I.
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun stáisiún nó críochfort bus nó trucaile a bhunú nó a oibriú. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.
	Chun an ceadúnas sin a fháil, cruthóidh an páirtí leasmhar go bhfuil sainchónaí air i Meicsiceo.

I-MX-40

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar talamh
Aicmiú Tionscail:	CMAP 973102 Seirbhísí Bainistíochta i dtaca le Bóithre, Droichid agus Seirbhísí Cúnta
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.
	An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III.
	Rialacháin a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidlí I agus V.

Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí cúnta iompair fheidearálaigh de bhóthar a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.
	Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cuid d'iompar paisinéirí ná lasta, ná de thurasóireacht iad seirbhísí cúnta, ach déanann siad a n-oibriú agus a saothrú siúd a chomhlánú.

I-MX-41

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar talamh
Aicmiú Tionscail:	CMAP 711201 Seirbhísí Iompair Ábhar Foirgníochta
	CMAP 711202 Seirbhísí Aistrithe
	CMAP 711203 Seirbhísí Speisialaithe Iompair Lasta eile
	CMAP 711204 Seirbhísí Ginearálta Iompair Lasta
	CMAP 711311 Seirbhísí Iompair Fad-Achair Busanna Paisinéara agus Cóiste
	CMAP 711318 Seirbhísí Iompair Scoile agus Turasóireachta (teoranta do sheirbhísí iompair turasóireachta)
	CMAP 720002 Seirbhísí Cúiréireachta
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II.
	An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidlí I agus III.
	Rialachán a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidil I.
	Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí
	Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh siad leas úinéireachta a éadáil i bhfiontar ag a bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach, a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí iompair lasta intíre de bhóthair idir pointí i gcríoch Mheicsiceo, cé is moite de sheirbhísí beartán agus cúiréireachta.
	Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí lasta, paisinéara nó turasóireachta de bhóthar a sholáthar.

	Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, féadfaidh seilbh a bheith acu ar suas le 100 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo chun seirbhís bus idirchathrach, seirbhís iompair turasóirí nó seirbhís iompair lasta idirnáisiúnta de bhóthar idir pointí i gcríoch Mheicsiceo. Maidir le seirbhísí iompair lasta intíre de bhóthar idir pointí i gcríoch Mheicsiceo, ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha ag a bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach na seirbhísí sin a sholáthar, agus úsáid á baint acu as trealamh arna chlárú i Meicsiceo, a tógadh i Meicsiceo nó a iompórtáladh go dleathach. Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí beartán agus cúiréireachta a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha na seirbhísí sin a sholáthar.
I-MX-42	
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair d'iarnród
Aicmiú Tionscail:	CMAP 711101 Seirbhísí Iompair trí Iarnród (teoranta do chriú iarnróid)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	An Dlí Feidearálach Saothair (Ley Federal del Trabajo), Teideal VI, Caibidil V
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Ní mór baill an chriú iarnróid a bheith ina náisiúnaigh Mheicsiceacha.
I-MX-43	
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar talamh
Aicmiú Tionscail:	CMAP 711312 Seirbhísí Iompair Uirbeacha agus Fo-Uirbeacha Busanna Paisinéara agus Cóiste CMAP 711315 Mótarfheithicil - Seirbhísí Iompair Tacsaí CMAP 711316 Mótarfheithicil - Seirbhísí Iompair Bealaigh Sheasta CMAP 711317 Seirbhísí Iompair i dtaca le Mótarfheithiclí ó Stad Tacsaithe CMAP 711318 Seirbhísí Iompair Scoile agus Turasóireachta (teoranta do sheirbhísí iompair scoile)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Bearta:	An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II. An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I agus II. An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III. Rialachán a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidil I.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha ag a bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach seirbhísí bus paisinéara uirbeacha agus fo-uirbeacha áitiúla, seirbhísí bus scoile, agus seirbhísí tacsaí agus iompair chomhcoitinn eile a sholáthar.

I-MX-44

Earnáil:	Cumarsáid
Fo-earnáil:	Seirbhísí siamsaíochta (Pictiúrlann) ([1])
Aicmiú Tionscail:	CMAP 941103 Taispeántas Príobháideach Scannán
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7) Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Feidearálach na Cineamatagrafaíochta (Ley Federal de Cinematografía), Caibidil III. Rialachán a ghabhann le Dlí Feidearálach na Cineamatagrafaíochta (Reglamento de la Ley Federal de Cinematografía), Caibidil V.
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Déanfaidh taispeántóirí 10 % den am scáileáin iomlán a fhorchoimeád chun scannáin náisiúnta a theilgean ar scáileán.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(c) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(a) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), fágtar seirbhísí closamhairc as an áireamh ó raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

Foscríbhinn I-B-2

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

LIOSTA MHEICSICEO

Forchoimeádais is Infheidhme ag an Leibhéal Fo-Lárnach

Fágadh é seo folamh d'aon ghnó

IARSCRÍBHINN II

BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. Leagtar amach i liosta Páirtí sna foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, de bhun Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí) agus Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí), na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha a bhféadfaidh an Páirtí sin bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun ina leith, é sin nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh ina leith nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sna coinníollacha seo a leanas:

(a) Airteagail 10.7 (Cóir Náisiúnta) agus 11.6 (Cóir Náisiúnta);

(b) Airteagail 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) agus 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);

(c) Airteagal 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta);

(d) Airteagal 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó

(e) Airteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil).

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'CMAP' uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos) mar a leagtar amach san Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Thíreolaíocht (Instituto Nacional de Estadística y Geografía) san Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos), 1994;

(b) ciallaíonn 'CPC' uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991; agus

(c) ciallaíonn 'ISIC' Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3.1, 2002.

3. Tá liosta Páirtí gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

4. I ngach liosta leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'Earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn 'Fo-earnáil' don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;

(c) tagraíonn 'Aicmiú Tionscail', i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an mbeart neamh-chomhréireach de réir CMAP, CPC nó ISIC;

(d) sonraíonn 'Oibleagáidí lena mBaineann' na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nach mbaineann, de bhun Airteagail 10.12 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha) agus 11.8 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha), leis na bearta a liostaítear san iontráil;

(e) sa 'Tuairisc' leagtar amach raon feidhme na hearnála, na fo-earnála nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas; agus

(f) le 'Bearta atá ann cheana' sainaithnítear, chun críoch trédhearcachta, liosta beart atá ann cheana, liosta nach bhfuil uileghabhálach, a bhfuil feidhm acu maidir leis an earnáil, leis an bhfo-earnáil nó leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas.

5. Le 'Leibhéal Rialtais' i liosta Mheicsiceo, tagraítear don leibhéal rialtais lena gcoinnítear na bearta sonraithe ar bun.

6. Agus iontráil á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Beidh forlámhas ag eilimint na 'tuairisce' ar gach eilimint eile.

7. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais agus de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas.

8. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó ar leibhéal náisiúnta Ballstáit den Aontas Eorpach, tá feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.

9. I gcás ina gcoinníonn Páirtí beart ar bun lena gceanglaítear ar sholáthróir seirbhíse a bheith ina dhuine nádúrtha, ina shaoránach, ina bhuanchónaitheoir, nó ina chónaitheoir ina chríoch, nó sainchónaí a bheith air ina chríoch, mar choinníoll le seirbhís a sholáthar sa chríoch sin, oibreoidh forchoimeádas don bheart sin arna ghlacadh i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) mar fhorchoimeádas i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), a mhéid a éilítear leis an mbeart sin.

10. Ní áirítear i liosta Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach teorannú córa náisiúnta iad de réir bhrí Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó 11.6 (Cóir Náisiúnta), ná i gcás nach srian ar rochtain ar an margadh iad de réir bhrí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Na bearta sin, amhail an ceanglas ceadúnas a fháil, na hoibleagáidí seirbhíse uiliche, an ceanglas cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith faighte, an ceanglas pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena bhféadfaí scrúduithe teanga a áireamh, agus aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna nó limistéir chosanta, beidh feidhm acu in aon chás, fiú mura liostaítear iad.

11. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i liosta an Aontais Eorpaigh:

AT An Ostair

BE An Bheilg ([1])

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

([1]) Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, le leibhéal lárnach an rialtais, cumhdaítear an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

EL An Ghréig

ES An Spáinn

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI An Fhionlainn ([2])

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

ECFE An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

([2]) Chun críocha fhorchoimeádais na Fionlainne, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

12. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, leis an oibleagáid maidir le cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas an chóir chéanna a dheonaítear i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE' anseo feasta), do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Ballstáit eile a leathnú chuig daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo, ná d'aon bheart a ghlactar de bhun CFAE, lena n-áirítear a gcur chun feidhme sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

13. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha liosta Mheicsiceo, is é Meicsiceo an chiall atá leis na téarmaí 'Náisiún' agus 'Stát'.

Foscríbhinn II-A

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

Liosta na bhforchoimeádas:

II-EU-1 – Gach earnáil

II-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

II-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla (gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte agus miondíol táirgí cógaisíochta)

II-EU-4 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Taighde agus Forbartha

II-EU-5 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Réadmhaoine

II-EU-6 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Cíosa nó Léasa

II-EU-7 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Gníomhaireachta Bailiúcháin, Seirbhísí Tuairiscithe Creidmheasa

II-EU-8 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Socrúcháin

II-EU-9 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Slándála agus Imscrúdaithe

II-EU-10 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Gnó Eile

II-EU-11 – Seirbhísí Teileachumarsáide

II-EU-12 – Foirgníocht

II-EU-13 – Seirbhísí Dáileacháin

II-EU-14 – Seirbhísí Oideachais

II-EU-15 – Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

II-EU-16 – An Turasóireacht agus Seirbhísí a Bhaineann le Taisteal

II-EU-17 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

II-EU-18 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

II-EU-19 – Talmhaíocht, Iascach agus Uisce

II-EU-20 – Gníomhaíochtaí a Bhaineann leis an bhFuinneamh

II-EU-21 – Seirbhísí Eile nach bhfuil san Áireamh aon Áit Eile

II-EU-1 – Gach earnáil

Earnáil – Fo-earnáil:	Gach earnáil
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair
	Ceanglais Feidhmíochta
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
	Láithreacht Áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Láithreacht tráchtála

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FI: Srianta ar an gceart atá ag daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus ag daoine dlítheanacha, réadmhaoin a fháil in Oileáin Åland agus seilbh a choinneáil uirthi gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. Srianta ar dhaoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, nó ar aon fhiontar, maidir leis an gceart bunaíochta agus an ceart chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh, gan cead a bheith faighte acu ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

Bearta atá ann cheana:

FI: Ahvenanmaan maanhankintalaki (An tAcht um thalamh a éadáil in Åland) (3/1975), s. 2; agus Ahvenanmaan itsehallintolaki (An tAcht um Neamhspleáchas Åland) (1144/1991), s. 11.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In FR: Cineálacha bunaíochta – de bhun Airteagail L151-1 agus R153-1 den chód airgeadais agus airgeadaíochta, tá infheistíochtaí coigríche in FR in earnálacha a liostaítear in Airteagal R153-2 den chód airgeadais agus airgeadaíochta faoi réir formheas a fháil roimh ré ón Aire Geilleagair.

Bearta atá ann cheana:

FR: Cód airgeadais agus airgeadaíochta, Airteagail L151-1, R153-1.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In FR: Cineálacha bunaíochta - lena dteorannaítear rannpháirtíocht eachtrannach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe do mhéid athraitheach den chothromas a chuirtear ar fáil don phobal, méid arna chinneadh ag rialtas FR ar bhonn cás ar chás. I gcás gníomhaíochtaí áirithe tráchtála, tionscail nó ceardaíochta, tá gá le húdarú sonrach maidir le bunaíocht mura bhfuil cead buanchónaithe ag an stiúrthóir bainistíochta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta amháin – Cóir Náisiúnta:

In BG: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le réadmhaoin Stáit nó réadmhaoin phoiblí a shaothrú nó a úsáid, tá siad faoi réir lamháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamháltas.

I gcorparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an Stát nó ag bardas, aon idirbheart chun sócmhainní seasta de chuid na corparáide a dhiúscairt ar mhaithe le haon chonradh a thabhairt i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, gníomhaíocht chomhpháirteach nó creidmheas a éadáil, sin agus infháltais a urrú, chomh maith le haon oibleagáid a eascraíonn as billí malairte a thabhú, tá na hidirbhearta, an t-urrú agus an tabhú céanna faoi réir a n-údaraithe nó a gceadaithe ag an nGníomhaireacht um Príobháidiú nó ag comhlachtaí eile stáit nó réigiúnacha, cibé acu is údarás inniúil. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le mianadóireacht ná cairéalú, atá faoi réir Fhorchoimeádas I-EU-16 (Gníomhaíochtaí a Bhaineann leis an bhFuinneamh) i bhFoscríbhinn I-A.

In IT: Féadfaidh an Rialtas cumhachtaí speisialta áirithe a fheidhmiú i bhfiontair a oibríonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i ngníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide. Baineann sé sin le gach duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí a meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus ní hamháin le cuideachtaí príobháidithe.

I gcás ina bhfuil an bhagairt ann go ndéanfar mórdhíobháil do leasanna bunúsacha na cosanta agus na slándála náisiúnta, tá na cumhachtaí seo a leanas ag an Rialtas:

(a) coinníollacha sonracha a fhorchur maidir le ceannach scaireanna;

(b) rúin a bhaineann le hoibríochtaí speisialta amhail aistrithe, cumaisc, deighilt agus athruithe gníomhaíochta, glacadh na rún sin a chrosadh; nó

(c) diúltú d'éadáil scaireanna, i gcas ina bhfuil an ceannaitheoir ag féachaint le leibhéal rannpháirtíochta a bheith aige sa chaipiteal ar dócha go ndéanfadh sé dochar do leasanna na cosanta agus na slándála náisiúnta.

Aon rún, gníomh nó idirbheart (amhail aistrithe, cumaisc, deighilt, athrú gníomhaíochta nó foirceannadh) a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann fógra faoi d'oifig an Phríomh-Aire. Go sonrach, tabharfar fógra faoi éadálacha arna ndéanamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach lasmuigh den Aontas Eorpach lena dtugtar smacht ar an gcuideachta don duine sin.

Féadfaidh an Príomh-Aire na cumhachtaí speisialta seo a leanas a fheidhmiú:

(a) aon rún, gníomh nó idirbheart a chrosadh, ar bagairt eisceachtúil mórdhíobhála é do leas an phobail i dtaca le slándáil agus oibriú líonraí agus soláthairtí;

(b) coinníollacha sonracha a fhorchur chun leas an phobail a ráthú; nó

(c) éadáil a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil leasanna bunúsacha an Stáit i mbaol.

Leagtar síos sa dlí na critéir chun an fhíorbhagairt nó an bhagairt eisceachtúil a mheas, agus na coinníollacha agus nósanna imeachta chun na cumhachtaí speisialta a fheidhmiú.

Bearta atá ann cheana:

IT: Dlí 56/2012 um chumhachtaí speisialta i gcuideachtaí a oibríonn sna réimsí cosanta agus slándála náisiúnta, fuinnimh, iompair agus cumarsáide; Foraithne an Phríomh-Aire DPCM 253 an 30.11.2012 lena sainmhínítear na gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimse na cosanta agus na slándála náisiúnta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In LT: Fiontair a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta i ndáil le húinéireacht (an sciar caipitil a fhéadfaidh a bheith i seilbh daoine príobháideacha náisiúnta nó eachtracha a chomhlíonann na leasanna slándála náisiúnta, i ndáil le hinfheistíocht san fhiontraíocht, in earnálacha agus i saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta, agus an nós imeachta agus na critéir a bhaineann lena chinneadh go bhfuil comhlíonadh á bhaint amach ag infheisteoirí náisiúnta agus rannpháirtithe ionchasacha san fhiontraíocht srl.).

Bearta atá ann cheana:

LT: An Dlí um Fhiontair agus Saoráidí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo maidir leis an tSlándáil Náisiúnta agus Fiontair Eile atá Tábhachtach chun Slándáil Náisiúnta Phoblacht na Liotuáine a Áirithiú an 10 Deireadh Fómhair 2002 Uimh. IX-1132 (arna leasú go deireanach an 12 Eanáir 2018 le Dlí Uimh. XIII-992).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In SE: Ceanglais idirdhealaitheacha le haghaidh bunaitheoirí, na bainistíochta sinsearaí agus na mbord stiúrthóirí nuair a dhéantar foirmeacha nua comhlachais dhlíthiúil a chorprú i ndlí na Sualainne.

(b) Réadmhaoin a éadáil

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In HU: Réadmhaoin atá faoi úinéireacht stáit a éadáil.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In HU: Éadáil talún arúla arna déanamh ag daoine dlítheanacha eachtracha agus ag daoine nádúrtha neamhchónaitheacha, lena n-áirítear an próiseas údaraithe chun talamh arúil a éadáil.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil II (Míreanna 6-36) agus Caibidil IV (Míreanna 38-59));

Acht CCXII 2013 um bearta idirthréimhseacha agus forálacha áirithe a bhaineann le hAcht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil IV (Míreanna 8-20)).

In LV: Éadáil talún arúla arna déanamh ag náisiúnaigh Mheicsiceo nó tríú tír, lena n-áirítear an próiseas údaraithe chun talamh arúil a éadáil.

Bearta atá ann cheana:

LV: An dlí um príobháidiú talún i limistéir thuaithe, ss. 28, 29, 30.

In SK: Ní fhéadfaidh cuideachtaí eachtracha ná daoine nádúrtha talamh talmhaíochta agus foraoise a éadáil lasmuigh de theorainn ceantair uirbí i mbardas, ná roinnt tailte eile amhail acmhainní nádúrtha, lochanna, aibhneacha, bóithre poiblí.

Bearta atá ann cheana:

SK: Acht Uimh. 44/1988 um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha;

Acht Uimh. 229/1991 um úinéireacht talún agus úinéireacht maoine talmhaíochta eile a rialáil;

Acht Uimh. 460/1992 Bunreacht Phoblacht na Slóvaice;

Acht Uimh. 180/1995 um bearta áirithe i gcomhair socruithe úinéireachta talún;

Acht Uimh. 202/1995 um Malartú Eachtrach;

Acht Uimh. 503/2003 um úinéireacht talún talmhaíochta a thabhairt ar ais;

Acht Uimh. 326/2005 um Fhoraoisí; agus

Acht Uimh. 140/2014 um sheilbh a fháil ar thalamh talmhaíochta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh daoine eachtracha nádúrtha ná daoine eachtracha dlítheanacha seilbh a fháil ar thalamh in BG (lena n-áirítear seilbh trí bhrainse). Ní fhéadfaidh daoine dlítheanacha in BG ag a bhfuil rannpháirtíocht eachtrach seilbh a fháil ar thalamh talmhaíochta. Féadfaidh daoine dlítheanacha eachtracha agus saoránaigh eachtracha ar a bhfuil buanchónaí thar lear seilbh a fháil ar fhoirgnimh agus ar chearta teoranta maoine (ceart úsáide, ceart tógála, ceart ollstruchtúr a thógáil agus easúintí) ar mhaoin réadach. Saoránaigh eachtracha ar a bhfuil buanchónaí thar lear, daoine dlítheanacha eachtracha agus cuideachtaí ina n-áirithítear le rannpháirtíocht eachtrach tromlach ó thaobh glacadh le cinntí de, nó ina gcuirtear bac ar chinntí a ghlacadh, féadfaidh siad cearta chun maoine réadaigh a éadáil i limistéir gheografacha shonracha arna sainiú ag Comhairle na n Airí faoi réir cead a fháil.

Bearta atá ann cheana:

BG: Bunreacht Phoblacht na Bulgáire, Airteagal 22;

An Dlí um Úinéireacht agus Úsáid Talún Talmhaíochta, Airteagal 3; agus

An Dlí um Fhoraoisí, Airteagal 10.

In EE: Daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (dá ngairtear 'LEE' anseo feasta) nó ECFE, ní fhéadfaidh siad réadmhaoin dhochorraithe ina bhfuil talamh talmhaíochta nó foraoise a éadáil ach amháin le húdarú an rialtóra contae agus, ón 1 Eanáir 2018 ar aghaidh, le húdarú na comhairle cathrach, agus beidh orthu a bheith in ann a chruthú maidir leis an réadmhaoin dhochorraithe, ar bhealach a fhorordaítear de réir dlí, go n-úsáidfear í go héifeachtúil inbhuanaithe spriocdhírithe, de réir an chuspóra atá beartaithe di.

Bearta atá ann cheana:

EE: Kinnisasja omandamise kitsendamise seadus (An tAcht um Shrianta ar Éadáil Sócmhainní Dochorraithe) Caibidlí 2 agus 3.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In LT: Aon bheart atá i gcomhréir leis na gealltanais arna ndéanamh ag an Aontas Eorpach agus is infheidhme in LT tríd an gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (CGTS) i ndáil le héadáil talún. An nós imeachta, na téarmaí agus coinníollacha, agus na srianta maidir le dáileacht talún a éadáil, bunófar iad leis an Dlí Bunreachtúil, leis an Dlí um Thalamh agus leis an Dlí um Thalamh Talmhaíochta a Éadáil. Mar sin féin, rialtais áitiúla (bardais) agus eintitis náisiúnta eile de chuid Chomhaltaí ECFE agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), a ghabhann do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha in LT, gníomhaíochtaí a shonraítear leis an dlí bunreachta i gcomhréir le critéir na lánpháirtíochta Eorpaí agus aon lánpháirtíocht eile a bhfuil LT tar éis tabhairt fúithi, tá cead ag na rialtais agus na heintitis sin seilbh a fháil ar dháileachtaí talún neamhthalmhaíochta atá riachtanach chun foirgnimh agus saoráidí a thógáil agus a oibriú a bhfuil gá leo le haghaidh a ngníomhaíochtaí díreacha.

Bearta atá ann cheana:

LT: Bunreacht Phoblacht na Liotuáine;

Dlí Bunreachta Phoblacht na Liotuáine maidir le Cur Chun Feidhme Mhír 3 d'Airteagal 47 de Bhunreacht Phoblacht na Liotuáine an 20 Meitheamh 1996, Uimh. I-1392 arna leasú go deireanach an 20 Márta 2003, Uimh. IX-1381;

An dlí um thalamh, an 27 Eanáir 2004, Uimh. IX-1983; agus

An dlí um thalamh talmhaíochta a éadáil an 24 Aibreán 2014, Uimh. XII-854.

(c) Aithint

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Treoracha an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí agus cáilíochtaí gairmiúla eile, níl feidhm acu ach amháin maidir le saoránaigh an Aontais. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialáilte a chleachtadh i mBallstát amháin, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile.

(d) Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

Earnáil:	Gnóthaí Mionlaigh
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó tosaíochtaí do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 4.

II-MX-6

Earnáil:	Seirbhísí Sóisialta
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7)
	Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)
	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le seirbhísí poiblí forfheidhmithe dlí agus ceartúcháin, agus i ndáil leis na seirbhísí seo a leanas a mhéid is seirbhísí sóisialta iad a bhunaítear nó a choinnítear ar bun ar mhaithe le cuspóir poiblí: cinnteacht ioncaim nó árachas, slándáil shóisialta nó árachas, leas sóisialta, oideachas poiblí, oiliúint phoiblí, sláinte agus cúram leanaí.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 4, 17, 18, 25, 26, 28 agus 123.

II-MX-7

Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Pearsanra speisialaithe
Aicmiú Tionscail:	CMAP 951023 Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe eile (teoranta do chaptaein loinge, píolótaí aerárthaigh, máistrí loinge, meaisíneoirí loinge, meicneoirí loinge, riarthóirí aerfoirt (*comandantes de aeródromos*), máistrí cuain, píolótaí cuain, criú ar shoithí nó aerárthaí Meicsiceacha a bhfuil bratach Mheicsiceo ar foluain acu)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)
	Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le pearsanra speisialaithe. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha a rugadh i Meicsiceo a bheith fostaithe mar:

chaptaein, píolótaí, máistrí loinge, meaisíneoirí, meicneoirí agus baill chriú i gceannas ar shoithí nó aerárthaí faoi bhratach Mheicsiceo; agus

píolótaí cuain, máistrí cuain agus riarthóirí aerfoirt.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.

II-MX-8

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	Seirbhísí teileagraif, radaiteileagraif agus poist
	Billí (airgeadra) a eisiúint agus mona a bhualadh
	Calafoirt mhuirí agus calafoirt intíre a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu
	Aerfoirt agus héileapoirt a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu
	Cumhacht núicléach, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus saothrú ábhar radaighníomhach agus brabús a dhéanamh orthu.
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 10.8)
	Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta

Na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos, forchoimeádtar iad don Stát, agus tá toirmeasc faoi dhlí Mheicsiceo ar infheistíocht cothromais phríobháidigh. I gcás ina gceadaíonn Meicsiceo don infheistíocht phríobháideach a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin trí chonarthaí seirbhíse, lamháltais, socruithe iasachta nó aon chineál socraithe chonarthaigh eile, ní thuigfear as an rannpháirtíocht sin go ndéanfaidh sí difear d'fhorchoimeád na ngníomhaíochtaí sin.

I gcás ina leasófar dlí Mheicsiceo chun infheistíocht cothromais phríobháidigh a cheadú i ngníomhaíocht a leagtar amach sa liosta thíos, féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur ar rannpháirtíocht infheistíochta coigríche agus measfar na srianta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a liostaítear i bhFoscríbhinn I-B-1 agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí). Féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur freisin ar rannpháirtíocht infheistíochta cothromais coigríche nuair atá sócmhainn nó leas úinéireachta á dhíol i bhfiontar a bhíonn ag gabháil do na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa liosta thíos, agus measfar na srianta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí).

(a) Seirbhísí teileagraif, radaiteileagraif agus poist;

(b) Billí (airgeadra) a eisiúint agus mona a bhualadh;

(c) Calafoirt mhuirí agus calafoirt intíre a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu;

(d) Aerfoirt agus héileapoirt a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu; agus

(e) Cumhacht núicléach [1].

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos) Airteagail 25 agus 28.

An Dlí maidir le Banc Mheicsiceo (Ley del Banco de México).

An Dlí maidir le hÁras Airgeadra Mheicsiceo (Ley de la Casa de Moneda de México).

Dlí Airgeadaíochta Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Ley Monetaria de los Estados Unidos Mexicanos).

An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos).

Dlí na gCalafort (Ley de Puertos).

Dlí na nAerfort (Ley de Aeropuertos).

An Dlí Teileachumarsáide agus Craolacháin (Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Foraithne lena mbunaítear gníomhaireacht dhíláraithe na Seirbhísí Loingseoireachta in Aerspás Mheicsiceo, (SENEAM, de réir a acrainm sa Spáinnis) (Decreto que crea el Organismo Desconcentrado de Servicios a la Navegación en el Espacio Aéreo Mexicano, SENEAM).

An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación).

An Dlí maidir le Seirbhís Poist Mheicsiceo (Ley del Servicio Postal Mexicano), Teideal I, Caibidil III.

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera).

[1] Chun críocha na hiontrála seo, áirítear le cumhacht núicléach taiscéalaíocht agus saothrú ábhar radaighníomhach agus brabús a dhéanamh orthu.

II-MX-9

Earnáil:	Mianadóireacht
Fo-earnáil:	Gníomhaíochtaí a bhaineann le litiam
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)
	Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta

Na gníomhaíochtaí a bhaineann le litiam, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus saothrú litiam, forchoimeádtar iad don Stát, agus tá toirmeasc faoi dhlí Mheicsiceo ar infheistíocht cothromais phríobháidigh. I gcás ina gceadaíonn Meicsiceo don infheistíocht phríobháideach a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin trí chonarthaí seirbhíse, lamháltais, socruithe iasachta nó aon chineál socraithe chonarthaigh eile, ní thuigfear as an rannpháirtíocht sin go ndéanfaidh sí difear d'fhorchoimeádas na ngníomhaíochtaí sin don Stát.

I gcás ina leasófar dlí Mheicsiceo chun infheistíocht cothromais phríobháidigh a cheadú i ngníomhaíocht a bhaineann le litiam, féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur ar rannpháirtíocht infheistíochta coigríche agus measfar na bearta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a liostaítear i bhFoscríbhinn I-B-1 agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí). Féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur freisin ar rannpháirtíocht infheistíochta cothromais coigríche nuair atá sócmhainn nó leas úinéireachta á dhíol i bhfiontar a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le litiam, agus measfar na bearta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí).

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos) Airteagail 27 agus 28.

An Dlí um Mianadóireacht (Ley de Minería).

II-MX-10

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Aicmiú Tionscail:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 10.8)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Léirscaoileadh Infheistíochta

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifriúil do thíortha, cóir a tugadh faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta déthaobhacha nó iltaobhacha uile a bhí i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir leis na bearta siúd lena ndeonaítear cóir dhifriúil i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) taiscéalaíocht, táirgeadh agus monarú earraí fuinnimh, mar aon le dáileadh agus tarchur gáis agus leictreachais, agus margaíocht earraí fuinnimh, lena n-áirítear a mórdhíol nó a miondíol, agus

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le litiam, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus saothrú litiam.

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifriúil do thíortha, cóir a tugadh faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta uile a bhí i bhfeidhm nó a síníodh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) eitlíocht;

(b) iascach; nó

(c) ábhair mhuirí, lena n-áirítear tarrthálas.

IARSCRÍBHINN III

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. I sceideal Páirtí sna foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, leagtar amach na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh a thugann an Páirtí sin de bhun Airteagail 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh).

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'CMAP' uimhreacha Aicmiú Mheicsiceo Gníomhaíochtaí agus Táirgí (*Clasificación Mexicana de Actividades y Productos*), mar a leagtar amach ag Institiúid Náisiúnta an Staidrimh agus na Tíreolaíochta (*Instituto Nacional de Estadística y Geografía*) in Aicmiú Mheicsiceo Gníomhaíochtaí agus Táirgí (*Clasificación Mexicana de Actividades y Productos*), 1994;

(b) ciallaíonn 'CPC' uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991; agus

(c) ciallaíonn 'ISIC' Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3.1, 2002.

3. Na gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha nó i bhfo-earnálacha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus nach n-inscríobhtar sa sceideal, ní chumhdaítear iad leis na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh dá dtagraítear i mír 1.

4. Tá sceideal Páirtí gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

5. I ngach iontráil sa sceideal, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'Earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn 'Fo-earnáil' don earnáil shonrach nó don ghníomhaíocht shonrach ina dtugtar gealltanais de réir CMAP, CPC nó ISIC, más infheidhme;

(c) le 'Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh', sonraítear na teorainneacha is infheidhme, lena n-áirítear an fhéidearthacht bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun má shonraítear amhlaidh, nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh i gcás ina bhfuil rochtain ar an margadh neamhcheangailte, ar bearta iad nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó in Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh).

6. Agus iontráil á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú.

7. Maidir le gealltanas a thugtar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh agus beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an ngealltanas.

8. Maidir le gealltanas a thugtar ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó Ballstáit den Aontas Eorpach, beidh feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.

9. Níl san Iarscríbhinn seo ach teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh, agus iad neamh-idirdhealaitheach.

10. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh de réir bhrí Airteagail 10.6 (Rochtain ar an Margadh) agus 11.4 (Rochtain ar an Margadh) iad na bearta seo a leanas, ar choinníoll go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach:

(a) bearta lena gceanglaítear go scarfaí úinéireacht bonneagair ó úinéireacht na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear tríd an mbonneagar sin chun iomaíocht chóir a áirithiú, mar shampla i réimse an fhuinnimh, i réimse an iompair agus i réimse na teileachumarsáide;

(b) bearta lena sriantar tiúchan na húinéireachta chun iomaíocht chóir a áirithiú;

(c) bearta lena bhféachtar le caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear teorainn a chur le hinfhaighteacht, líon agus raon feidhme na lamháltas arna ndeonú, agus moratóir nó toirmeasc a fhorchur;

(d) bearta lena dteorannaítear an líon údaruithe a dheonófar de bharr srianta teicniúla nó fisiceacha, mar shampla speictrim agus minicíochtaí teileachumarsáide; nó

(e) bearta lena gceanglaítear gur daoine cáilithe a bheidh i gcéatadán áirithe de scairshealbhóirí, úinéirí, comhpháirtithe nó stiúrthóirí fiontair nó go gcleachtfaidh siad gairm áirithe, amhail gairm mar dhlíodóir nó mar chuntasóir.

11. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i sceideal an Aontais Eorpaigh:

AT an Ostair

BE an Bheilg ([1])

BG an Bhulgáir

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

LEE an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

EL an Ghréig

ES an Spáinn

AE an tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI an Fhionlainn ([2])

FR an Fhrainc

HR an Chróit

HU an Ungáir

IE Éire

IT an Iodáil

LT an Liotuáin

([1]) Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

([2]) Chun críocha fhorchoimeádas na Fionlainne, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

LU Lucsamburg

LV an Laitvia

MT Málta

NL an Ísiltír

PL an Pholainn

PT an Phortaingéil

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK an tSlóvaic

12. Chun críocha sceideal Mheicsiceo, sa cholún 'Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh':

(a) tagraíonn '(1)' do sholáthar seirbhíse ó chríoch an Aontais Eorpaigh isteach i gcríoch Mheicsiceo;

(b) tagraíonn '(2)' do sholáthar seirbhíse i gcríoch an Aontais Eorpaigh ag duine den Aontas Eorpach do dhuine de Mheicsiceo;

(c) tagraíonn '(3)' do sholáthar seirbhíse i gcríoch Mheicsiceo ag infheisteoir den Aontas Eorpach, nó d'fhiontar faoi chumhdach;

(d) tagraíonn '(4)' do sholáthar seirbhíse ag duine nádúrtha den Aontas Eorpach i gcríoch Mheicsiceo.

Foscríbhinn III-A

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

SCEIDEAL AN AONTAIS EORPAIGH

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-EU-1 – Gach earnáil	
Láithreacht tráchtála	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: San Aontas Eorpach: Féadfaidh aon Bhallstát, agus é ag díol nó ag diúscairt a chuid leasanna cothromais nó na sócmhainní a bhaineann le fiontar stáit atá ann cheana nó le heintiteas de chuid an rialtais atá ann cheana agus a sholáthraíonn seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais (CPC 93, 92), féadfaidh sé toirmeasc a chur ar infheisteoirí Mheicsiceo nó a bhfiontair faoi chumhdach na leasanna nó na sócmhainní sin a bheith acu, nó teorainneacha a chur lena n-úinéireacht, agus le cumas úinéirí na leasanna nó na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú. Maidir leis an díol sin nó leis an diúscairt eile sin, féadfaidh aon Bhallstát aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dteorannaítear an líon soláthróirí.
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: San Aontas Eorpach: Seirbhísí a mheastar a bheith ina bhfóntais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil, féadfaidh siad a bheith faoi réir monaplachtaí poiblí nó faoi réir cearta eisiacha a dheonaítear d'oibreoirí príobháideacha. Tá fóntais phoiblí ann in earnálacha amhail seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla, seirbhísí taighde agus forbartha (T&F) maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta gach modha iompair. Is minic a dheonaítear cearta eisiacha i leith na seirbhísí sin d'oibreoirí príobháideacha, mar shampla oibreoirí a bhfuil lamháltais acu ó údaráis phoiblí, faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le seirbhísí. Sceidealú mionsonraithe uileghabhálach earnáilsonrach, níl sé sin praiticiúil de bhrí gur minic a bhíonn fóntais phoiblí ann ar an leibhéal fo-lárnach freisin. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir leis an teileachumarsáid ná le seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara. In BG: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le réadmhaoin Stáit nó réadmhaoin phoiblí a shaothrú nó a úsáid, tá siad faoi réir lamháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamháltas. I gcorparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an Stát nó ag bardas, aon idirbheart chun sócmhainní seasta de chuid na corparáide a dhiúscairt ar mhaithe le haon chonradh a thabhairt i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, gníomhaíocht chomhpháirteach nó creidmheas a éadáil, sin agus infháltais a urrú, chomh maith le haon oibleagáid a eascraíonn as billí malairte a thabhú, tá na hidirbhearta, an t-urrú agus an tabhú céanna faoi réir a n-údaraithe nó a gceadaithe ag an nGníomhaireacht um Príobháidiú nó ag comhlachtaí eile stáit nó réigiúnacha, cibé acu is údarás inniúil. Ní bhaineann an forchoimeádas sin leis an mianadóireacht ná leis an gcairéalú, atá faoi réir forchoimeádas ar leithligh. In HU: Caithfidh láithreacht tráchtála a bheith i bhfoirm cuideachta faoi dhliteanas teoranta, cuideachta comhstoic nó oifig ionadaíochta. Níl iontráil tosaigh mar bhrainse ceadaithe ach le haghaidh seirbhísí airgeadais. In IT: I dtaca le héadáil bunanna cothromais cuideachtaí a fheidhmíonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i dtaca le héadáil sócmhainní straitéiseacha i réimsí na seirbhísí iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh, féadfaidh siad a bheith faoi réir fhormheas Oifig Uachtaránacht Chomhairle na nAirí.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In IT: Féadfaidh an Stát cumhachtaí speisialta áirithe a fheidhmiú i bhfiontair a oibríonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i ngníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide. Baineann sé sin le gach duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí a meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus ní hamháin le cuideachtaí príobháidithe. I gcás ina bhfuil an bhagairt ann go ndéanfar mórdhíobháil do leasanna bunúsacha na cosanta agus na slándála náisiúnta, tá na cumhachtaí seo a leanas ag an Rialtas: (a) coinníollacha sonracha a fhorchur i gceannach scaireanna; (b) rúin a bhaineann le hoibríochtaí speisialta amhail aistrithe, cumaisc, deighilt agus athruithe gníomhaíochta, a nglacadh sin a chrosadh; nó (c) diúltú a thabhairt maidir le scaireanna a éadáil, i gcas ina bhfuil an ceannaitheoir ag féachaint le leibhéal rannpháirtíochta a bheith aige sa chaipiteal ar dócha go ndéanfadh sé dochar do leasanna na cosanta agus na slándála náisiúnta. Aon rún, gníomh agus idirbheart (aistrithe, cumaisc, deighilt, athrú gníomhaíochta, foirceannadh) a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann fógra faoi d'oifig an Phríomh-Aire. Go sonrach, tabharfar fógra faoi éadálacha arna ndéanamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach lasmuigh den Aontas Eorpach lena dtugtar smacht ar an gcuideachta don duine sin. Féadfaidh an Príomh-Aire cumhachtaí speisialta a fheidhmiú chun: (a) aon rún, gníomh nó idirbheart a chrosadh, ar bagairt eisceachtúil mórdhíobhála é do leas an phobail i dtaca le slándáil agus oibriú líonraí agus soláthairtí; (b) coinníollacha sonracha a fhorchur chun leas an phobail a ráthú; nó (c) éadáil a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil leasanna bunúsacha an Stáit i mbaol. Leagtar síos sa dlí na critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfíorbhagairt nó ar an mbagairt eisceachtúil atá ann maidir le mórdhíobháil, agus ar na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun na cumhachtaí speisialta a fheidhmiú. In LT: Féadfaidh an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh agus srianta a fhorchur i ndáil le bunaíocht agus oibriú fiontar faoi chumhdach a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta i dtaca le húinéireacht (cion den chaipiteal a fhéadfaidh daoine príobháideacha náisiúnta nó eachtracha a shealbhú, cion a bheidh i gcomhréir le leasanna slándála náisiúnta); bunú agus oibriú fiontar, earnálacha agus saoráidí faoi chumhdach a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don tslándáil náisiúnta; agus nósanna imeachta agus critéir chun comhréireacht infheisteoirí náisiúnta ionchasacha agus rannpháirtithe ionchasacha i bhfiontair a chinneadh.
Réadmhaoin a éadáil	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil maoine atá faoi úinéireacht stáit. In DK: Rialaítear éadáil talún talmhaíochta ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha leis an Acht Danmhargach um Ghabháltais Talmhaíochta, ina bhforchuirtear srianta ar gach duine, bíodh sé ina Dhanmhargach nó ina eachtrannach, agus réadmhaoin talmhaíochta á héadáil. Dá réir sin, aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar mian leis réadmhaoin talmhaíochta a éadáil, comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach san Acht sin.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Airm, muinisean agus ábhar cogaidh	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le hairm, muinisean agus ábhar cogaidh a tháirgeadh nó a dháileadh, nó trádáil iontu. Tá ábhar cogaidh teoranta d'aon táirge ar lena úsáid go míleata amháin, i ndáil le gníomhaíochtaí cogaidh nó cosanta a dhéanamh, a bheartaítear agus a dhéantar é.
III-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)	
Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861), lena n-áirítear seirbhísí gníomhaire paitinní ([1])	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Cé is moite de SE, neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí údaraithe dlí, seirbhísí doiciméadachta agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, *huissiers de justice* nó *officiers publics et ministériels* eile, agus i ndáil le seirbhísí a chuireann báillí ar fáil a cheaptar trí bhíthin acht oifigiúil rialtais (cuid de CPC 861, cuid de 87902). In CZ: Tá cead isteach iomlán sa Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Beidh dlíodóirí eachtracha arna nglacadh isteach i gComhlachas Barra na Seice i dteideal seirbhísí dlíthiúla a sholáthar i ndlí na tíre ina bhfuair siad a dteidlíocht chun seirbhísí dlí a chur ar fáil, agus sa dlí idirnáisiúnta. In DK: Tá feidhm ag ceanglais maidir le feidhmiú seirbhísí dlí faoin teideal 'advokat' (dlíodóir) ([2]). In FR: Tá an ionadaíocht os comhair 'Cour de Cassation' agus 'Conseil d'Etat' faoi réir cuótaí. In HU: Féadfaidh dlíodóirí eachtracha comhairle dlí a chur ar fáil maidir le dlí na tíre baile agus leis an dlí idirnáisiúnta i gcomhpháirtíocht le dlíodóir Ungárach nó le gnólacht dlí. Ba cheart an láithreacht tráchtála a bheith i bhfoirm comhpháirtíochta le habhcóide Ungárach (*ügyvéd*) nó le hoifig abhcóide (*ügyvédi iroda*).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In AT: Neamhcheangailte i ndáil leis an mbunaíocht chun dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na tíre baile a chleachtadh; ní cheadaítear cleachtas seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus le dlí na tíre baile ach ar bhonn trasteorann. In BG, CY, CZ, DE, DK, EL, EE, ES, FR, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PT, RO agus SK: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. In BG: Ní aireofar in ainm an ghnólachta dlí ach ainmneacha na gcomhpháirtithe cláraithe. In FR: I ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i ndáil le dlí na Fraince nó dlí an Aontais Eorpaigh, féadfaidh scairshealbhaíocht agus cearta vótála a bheith faoi réir srianta cainníochtúla a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil na gcomhpháirtithe.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In LT: Féadfar cineálacha áirithe foirme dlíthiúla a fhorchoimeád go heisiach do dhlíodóirí arna nglaoch chun an Bharra, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. In SI: Tá láithreacht tráchtála d'aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, gnólacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Srianfar gníomhaíochtaí gnólachta dlí do chleachtadh an dlí. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí. In SE: Ní fhéadfaidh ach ball den Bharra cleachtadh mar abhcóide go díreach nó go hindíreach, nó trí mheán cuideachta, a bheith ina úinéir scaireanna sa chuideachta nó a bheith ina chomhpháirtí. Ní fhéadfaidh ach ball den Bharra a bheith ina bhall nó ina bhall ionaid den bhord nó ina leas-stiúrthóir bainistíochta, nó ina shínitheoir údaraithe nó rúnaí de chuid na cuideachta nó na comhpháirtíochta.
Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219, 86220)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha. Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe.
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In FR: Soláthar trí SEL (*société d'exercice liberal*) (*anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions*), AGC (*association de gestion et comptabilité*) nó SCP (*société civile professionnelle*) amháin (CPC 86213, 86219, 86220).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh cuntasaíochta agus leabharchoimeádta. In IT: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86213, 86219, 86220). In SI: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86213, 86219, 86220).
Seirbhísí iniúchóireachta (CPC 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha. Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe.
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BE: Tá bunaíocht in BE ina ceanglas san áit a ndéanfar an ghníomhaíocht ghairmiúil agus a gcoinneofar ar bun achtanna, doiciméid agus comhfhreagras a bhaineann léi. Ní mór riarthóir nó bainisteoir amháin ar a laghad de chuid na bunaíochta a bheith formheasta mar iniúchóir.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In BG: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. In CZ: Ní fhéadfar ach fiontar ina bhfuil 60 % ar a laghad de leasanna caipitil nó cearta vótála forchoimeádta do náisiúnaigh CZ nó do náisiúnaigh Bhallstáit a údarú chun iniúchtaí a dhéanamh in CZ. In DE: Ní fhéadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta (*Wirtschaftsprüfungsgesellschaften*) ach foirmeacha dlíthiúla is incheadaithe laistigh den Aontas Eorpach nó de LEE a ghlacadh. Féadfar comhpháirtíochtaí ginearálta agus comhpháirtíochtaí tráchtála teoranta a aithint mar 'Wirtschaftsprüfungsgesellschaften' má tá siad liostaithe mar chomhpháirtíochtaí trádála sa chlár tráchtála ar bhonn a gcuid gníomhaíochtaí muinineacha, Airteagal 27 de 'Wirtshaftsprüferordnung' (WPO). Mar sin féin, féadfaidh iniúchóirí tríú tír atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 134 de 'Wirtshaftsprüferordnung' (WPO) an t-iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar chuntais fhioscacha bhliantúla nó ráitis airgeadais chomhdhlúite a sholáthar i gcás cuideachta ag a bhfuil a ceanncheathrú lasmuigh den Aontas Eorpach, agus a dtairgtear a cuid urrús inaistrithe lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte. In DK: I dtaca le cearta vótála i ngnólachtaí iniúchóireachta formheasta d'iniúchóirí agus i ngnólachtaí iniúchóireachta nach bhfuil formheasta i gcomhréir leis an rialachán lena gcuirtear chun feidhme an tOchtú Treoir 84/253/CEE ón gComhairle an 10 Aibreán 1984 bunaithe ar Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, ní rachaidh siad thar 10 % de na cearta vótála. In FI: Tá cónaí in LEE ina cheanglas le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí cuideachta Fionlannaí faoi dhliteanas teoranta agus de chuid cuideachtaí atá faoi oibleagáid iniúchadh a dhéanamh. Ní mór an t-iniúchóir a bheith ina iniúchóir ag a bhfuil ceadúnas áitiúil nó ina ghnólacht iniúchóireachta ag a bhfuil ceadúnas áitiúil. In FR: Le haghaidh iniúchtaí reachtúla: soláthar trí haon fhoirm cuideachta seachas SNC (*société en nom collectif*), agus SCS (*société en commandite simple*). In PL: Tá feidhm ag na ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil. In SK: Ní fhéadfar ach fiontar ina bhfuil 60 % ar a laghad de na leasanna caipitil nó cearta vótála forchoimeádta do náisiúnaigh Shlóvacacha nó do náisiúnaigh de Bhallstát a údarú chun iniúchtaí a dhéanamh i bPoblacht na Slóvaice.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Féadfaidh iniúchóirí tríú tír atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 134 de 'Wirtshaftsprüferordnung' (WPO) an t-iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar chuntais fhioscacha bhliantúla nó ráitis airgeadais chomhdhlúite a sholáthar i gcás cuideachta ag a bhfuil a ceanncheathrú lasmuigh den Aontas Eorpach, agus a dtairgtear a cuid urrús inaistrithe lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte. In HU agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí iniúchóireachta.
Seirbhísí cánachais (CPC 863, gan seirbhísí comhairleacha dlíthiúla ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla maidir le cúrsaí cánach a áireamh, atá le fáil faoi sheirbhísí Dlí)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha. Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe. In PL: Tá feidhm ag na ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In FR: Soláthar trí SEL (*société d'exercice liberal*) (*anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions*), nó SCP (*société civile professionnelle*) amháin.
Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí; Seirbhísí innealtóireachta agus Seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Maidir le tionscadail ailtireachta agus innealtóireachta a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach leo, ní mór d'infheisteoirí eachtracha gníomhú i gcomhpháirtíocht le hinfheisteoirí áitiúla nó mar fhochonraitheoirí na n-infheisteoirí áitiúla sin (CPC 8671, 8672, 8673).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In FR: Ní fhéadfaidh ailtire bunú in FR ach chun seirbhísí ailtireachta a sholáthar trí cheann de na foirmeacha dlíthiúla seo a leanas a úsáid ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: SA (*société anonyme*) agus SARL (*société à responsabilité limitée*), EURL (*entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée*), SCP (*société en commandite par actions*), SCOP (*société coopérative et participative*), SELARL (*société d'exercice libéral à responsabilité limitée*), SELAFA (*société d'exercice libéral à forme anonyme*), SELAS (*société d'exercice libéral*) nó SAS (*société par actions simplifiée*), nó mar phearsa aonair nó mar chomhpháirtí i ngnólacht ailtireachta (CPC 8671).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí amháin: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann pleanála uirbí. Ní mór go mbailíochtódh duine nádúrtha nó dlítheanach arna údarú in HR dearadh nó tionscadal a chruthaigh ailtire, innealtóir nó pleanálaí uirbeach eachtrach maidir le comhlíonadh dhlí na Cróite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).
III-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla – Seirbhísí a bhaineann leis an tSláinte agus Miondíol Táirgí Cógaisíochta	
Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta; seirbhísí arna soláthar ag cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus foireann paraimhíochaine (CPC 85201, 9312, 9319)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CZ agus MT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile (CPC 9312, cuid de 9319). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus foireann paraimhíochaine, agus seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe, seachas seirbhísí a sholáthraíonn altraí (CPC 9312, 93191).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus foireann paraimhíochaine, agus seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe (CPC 9312, cuid de 9319). In DE: Féadfar srianta geografacha a fhorchur ar an gclárú gairmiúil, srianta a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh araon. Ní mór do dhochtúirí, lena n-áirítear síceolaithe, síciteiripeoirí, agus fiaclóirí, clárú le comhlachais réigiúnacha na ndochtúirí nó na bhfiaclóirí árachais sláinte reachtúil (*kassenärztliche nó kassenzahnärztliche Vereinigungen*), más mian leo othair a chóireáil atá árachaithe ag na cistí reachtúla breoiteachta. Féadfaidh an clárú sin a bheith faoi réir srianta cainníochtúla ag brath ar scaipeadh réigiúnach na ndochtúirí. Níl feidhm ag an srian sin maidir le fiaclóirí. Níl clárú riachtanach ach amháin le haghaidh dochtúirí atá rannpháirteach sa scéim sláinte poiblí. Le haghaidh seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseach, tá rochtain srianta do dhaoine nádúrtha amháin. Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh dochtúir i láthair go fisiceach roimhe sin. Féadfar líon na soláthróirí seirbhíse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a theorannú chun idir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus caighdeáin sábháilteachta riachtanacha a ráthú (CPC 9312, 93191).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In AT: Comhar dochtúirí chun críche cúraim sláinte poiblí le haghaidh othair sheachtracha, ní féidir cleachtais ghrúpa, mar a thugtar orthu, a reáchtáil ach amháin faoi fhoirm dhlíthiúil Offene Gesellschaft (OG) nó Gesellschaft mit beschränkter Haftung (GmbH). Ní fhéadfaidh ach dochtúirí gníomhú mar chomhlaigh den chleachtas grúpa sin. Beidh siad i dteideal cleachtadh leighis neamhspleách a dhéanamh, a bheith cláraithe le Cumann Liachta na hOstaire agus dul i mbun ghairm an leighis sa chleachtas. Ní ghníomhóidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile mar chomhlaigh den chleachtas grúpa ná ní bhainfidh siad leas as a ioncam nó a bhrabús (cuid de CPC 9312). In DE: D'fhéadfadh srianta a bheith ann maidir le foirm dhlíthiúil na bunaíochta is gá chun na seirbhísí sin a sholáthar (§ 95 SGB V).
Seirbhísí Tréidliachta (CPC 932)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh tréidlia i láthair go fisiceach roimhe sin. In DE, DK, ES, LV, NL agus SK: Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, is ceadmhach seirbhísí tréidliachta a sholáthar. In IE: Is do dhaoine nádúrtha nó do chomhpháirtíochtaí, agus dóibh sin amháin, is ceadmhach seirbhísí tréidliachta a sholáthar. In HU: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéar: dálaí mhargadh an tsaothair san earnáil.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BG: Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach bunaíocht leighis tréidliachta a bhunú. In FR: Na foirmeacha dlíthiúla a bhíonn ar fáil do chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí tréidliachta, tá siad teoranta do SEP (*société en participation*), SCP (*société civile professionnelle*) agus SEL (*société d'exercice liberal*).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí tréidliachta.
Miondíol earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha, seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG, EE agus ES: Tá toirmeasc ar phostdíol cógas. In EE: Tá toirmeasc ar tháirgí íocshláinte a ordaítear ar an Idirlíon a sheachadadh sa phost nó trí mhearsheirbhís. In DE, DK, EL, ES agus LU: Níl cead ach ag daoine nádúrtha seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal. In EL: Níl cead ach ag cógaiseoirí ceadúnaithe agus cuideachtaí arna mbunú ag cógaiseoirí ceadúnaithe seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal. In FI: Neamhcheangailte i ndáil le miondíol táirgí cógaisíochta. In IT: Ní féidir ach daoine nádúrtha atá cláraithe sa chlár an ghairm a chleachtadh, chomh maith le daoine dlítheanacha i bhfoirm comhpháirtíochtaí, agus sa chás sin ní mór gach comhpháirtí sa chuideachta a bheith ina chógaiseoir cláraithe. In SE: Neamhcheangailte i ndáil le miondíol earraí cógaisíochta agus soláthar earraí cógaisíochta don phobal i gcoitinne.
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: San Aontas, cé is moite de EL, IE, LT, LU agus NL: Srianta leis an líon soláthróirí atá i dteideal seirbhís áirithe a sholáthar i gcrios nó i limistéar áitiúil ar leith ar bhonn neamh-idirdhealaitheach chun cosc a chur ar rósholáthar i limistéir ina bhfuil éileamh teoranta. Dá bhrí sin, féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt ar fhachtóirí amhail líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar a d'imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra nó raon geografach. In AT: Ní fhéadfar earraí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. In BG: Caithfidh bainisteoirí cógaslainne a bheith ina gcógaiseoirí cáilithe agus ní fhéadfaidh siad ach chógaslann amháin a bhainistiú ina bhfuil siad féin ag obair. Tá cuóta ann maidir leis an líon cógaslann a fhéadfaidh a bheith faoi úinéireacht aon duine amháin.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In BG agus EE: Ní fhéadfar earraí cógaisíochta agus earraí liachta sonracha a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. In DE: Tá an líon iomlán cógaslann in aghaidh an duine srianta d'aon chógaslann amháin agus do suas le trí chógaslann brainse. In ES: Ní bhfaighidh aon chógaiseoir níos mó ná aon cheadúnas amháin. In FR: Tá údarú ina cheanglas chun cógaslann a oscailt, agus maidir le láithreacht tráchtála, lena n-áirítear táirgí míochaine a chiandíol leis an bpobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise, ní mór í a bheith i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a cheadaítear faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: SEL (*société d'exercice liberal*) (*anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions*), SNC (*société en noms collectifs*), nó SARL (*société à responsabilité limitée*) amháin. In MT: Ní bheidh níos mó ná aon cheadúnas amháin ag duine ar bith ina n-ainm féin i mbaile nó i sráidbhaile ar bith (Rialachán 5(1) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)), ach amháin sa chás nach bhfuil aon iarratas eile le haghaidh an bhaile nó an tsráidbhaile sin (Rialachán 5(2) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)). In PT: I gcuideachtaí tráchtála ina bhfuil an caipiteal léirithe ag scaireanna, beidh siad siúd ainmniúil. Ní fhéadfaidh aon duine úinéireacht, oibriú nó bainistíocht níos mó ná ceithre chógaslann a shealbhú ná a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach, an tráth céanna. In SI: Is é atá i líonra na gcógaslann in SI institiúidí poiblí cógaslainne, faoi úinéireacht bardas, agus cógaiseoirí príobháideacha faoi lamháltas nach mór don úinéir tromlaigh a bheith ina chógaiseoir gairmiúil.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG agus ES: Tá toirmeasc ar phostdíol earraí cógaisíochta. In CZ: Is ó na Ballstáit amháin is féidir postdíol a dhéanamh. In IE, LT agus SI: Tá toirmeasc ar phostdíol earraí cógaisíochta lena bhfuil oideas ag teastáil.
III-EU-4 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852, 853)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Maidir le seirbhísí taighde agus forbartha (T&F) a chistítear go poiblí agus a bhaineann leas as cistiú arna sholáthar ag an Aontas ar leibhéal an Aontais, ní fheadfar cearta nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh de na Ballstáit agus d'fhiontair an Aontais a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas (CPC 851, 853). Maidir le seirbhísí T&F a chistítear go poiblí agus a bhaineann leas as cistiú arna sholáthar ag Ballstát, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann agus d'fhiontair an Bhallstáit lena mbaineann a bhfuil a gceanncheathrú sa Bhallstát sin (CPC 851, 853). Tá an forchoimeádas sin gan dochar d'eisiamh an tsoláthair ag Páirtí, nó d'fhóirdheontais le haghaidh trádáil i seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus in Airteagal 11.2 (Raon feidhme) faoi seach ([3]).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí amháin In RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí taighde agus forbartha.
III-EU-5 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí réadmhaoine (CPC 821, 822)	
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CZ agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí réadmhaoine.
III-EU-6 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí cíosa nó léasaithe	
(a) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí (CPC 831)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In SE: Soláthróirí seirbhísí cíosa nó léasaithe gluaisteán agus feithiclí eisbhóthair áirithe (*terrängmotorfordon*) gan tiománaí, a fhaightear ar cíos nó ar léas ar feadh tréimhse níos lú ná aon bhliain amháin, tá sé d'oibleagáid orthu duine a cheapadh le bheith freagrach, i measc nithe eile, as a chinntiú go ndéantar an gnó i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme agus go gcomhlíontar na rialacha maidir le sábháilteacht tráchta ar bhóithre. Ní mór don duine atá freagrach a bheith ina chónaí in SE.
(b) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí maidir le hearraí pearsanta agus tí (CPC 832)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE agus FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí léasaithe nó cíosa gan oibreoir maidir le hearraí pearsanta agus tí.
III-EU-7 – Seirbhísí Gnó	
(a) Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84) ([4])	Gan aon teorainn
(b) Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 864)	Gan aon teorainn
(c) Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865) agus Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleacht bainistíochta (CPC 866)	Gan aon teorainn

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(d) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta In FR: Le haghaidh suirbhéireachta, rochtain trí SEL (*société d'exercice liberal*) (*anonyme, à responsabilité limitée or en commandite par actions*), SCP (*société civile professionnelle*), SA (*société anonyme*) agus SARL (*société à responsabilité limitée*) amháin. Ceanglaítear ar infheisteoirí eachtracha údarú sonrach a bheith acu le haghaidh seirbhísí taiscéalaíochta agus sirtheoireachta.
(e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Ní fhéadfaidh ach Aireacht Comhshaoil agus Uisce BG, nó a cuid gníomhaireachtaí i gcomhar le hAcadamh Eolaíochtaí na Bulgáire, tástáil agus anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar íonacht aeir agus uisce. In FR agus PT: Forchoimeádtar gairm an bhitheolaí do dhaoine nádúrtha.
(f) Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	Gan aon teorainn
(g) Seirbhísí socrúcháin (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí socrúcháin maidir le baill foirne tí, oibrithe eile tráchtála nó tionsclaíocha, pearsanra altranais agus pearsanra eile (CPC 87204, 87205, 87206, 87209). In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, MT, PL, PT, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí socrúcháin a bhunú le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202). In LV agus LT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige (CPC 87202). In DE agus IT: Srianta leis an líon soláthróirí seirbhísí socrúcháin. In FR: Féadfaidh seirbhísí socrúcháin a bheith faoi réir monaplacht stáit. In DE: Féadfaidh an Aireacht Cónaidhme Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialachán a eisiúint lena gcuirfear srianta le socrú agus le hearcú pearsanra neamh-AE nó neamh-LEE le haghaidh gairmeacha sonraithe (CPC 87202). In AT, BG, CY, CZ, DE, FI, EE, MT, LV, LT, PL, PT, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí soláthair le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige (87203). In IT: Srianta leis an líon soláthróirí seirbhísí soláthair le haghaidh pearsanra oifige (87203). In BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LV, LT, PL, PT, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (87201).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BE: I Réigiún na Vallúine, ceanglaítear ar chineál sonrach eintitis dhlítheanaigh arna bhunú go tráthrialta i bhfoirm duine dhlítheanaigh ag a bhfuil foirm tráchtála, faoi dhlí na Beilge, nó faoi dhlí Ballstáit nó arna rialú aige, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil (*régulièrement constituée sous la forme d'une personne morale ayant une forme commerciale, soit au sens du droit belge, soit en vertu du droit d'un Etat membre ou régie par celui-ci, quelle que soit sa forme juridique*) seirbhísí socrúcháin a sholáthar (CPC 87202). In ES: Srianta le líon na soláthróirí seirbhísí cuardaigh agus socrúcháin feidhmiúcháin (CPC 87201, 87202).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de BE, HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202). In FR, IE, IT agus NL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra oifige (CPC 87203). In IE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann soláthair seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201).
(h) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG, CY, CZ, EE, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí slándála. In DK, HR agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na bhfo-earnálacha seo a leanas: seirbhísí garda (CPC 87305) in HR agus HU, seirbhísí comhairliúcháin slándála (CPC 87302) in HR, seirbhísí garda aerfoirt (cuid de CPC 87305) in DK agus seirbhísí carr armúrtha (CPC 87304) in HU.
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In DK: Ceanglas cónaithe ar an duine nádúrtha a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar údarú chun seirbhís slándála a dhéanamh agus ar bhainisteoirí agus ar thromlach na gcomhaltaí ar bhord an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar údarú chun seirbhís slándála a dhéanamh. Mar sin féin, níl cónaí ina cheangal a mhéid a leanann sé comhaontú nó ordú idirnáisiúnta arna eisiúint ag an Aire Dlí agus Cirt.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE, ES, FI, FR agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí slándála.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(i) Seirbhísí imscrúdaithe (CPC 87301)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: cé is moite de AT agus SE: Neamhcheangailte In LT agus PT: Monaplacht atá forchoimeádta don Stát is ea seirbhísí imscrúdaithe.
(j) Seirbhísí glantacháin foirgneamh (CPC 874)	Gan aon teorainn
(k) Seirbhísí grianghrafadóireachta (CPC 875)	Gan aon teorainn
(l) Seirbhísí pacáistithe (CPC 876)	Gan aon teorainn
(m) Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa, seirbhísí gníomhaireachta bailithe (CPC 87901, 87902)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach, cé is moite de ES, LV agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa.
(n) Seirbhísí freagartha teileafóin (CPC 87903)	Gan aon teorainn
(o) Seirbhísí dúblála (CPC 87904	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí dúblála.
(p) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Tá conradh leis an Aireacht Gnóthaí Eachtracha ina cheanglas le haghaidh aistriúcháin oifigiúla arna soláthar ag gníomhaireachtaí aistriúcháin. In CY: Is gá clárú i gclárlann na n-aistritheoirí chun seirbhísí oifigiúla aistriúcháin agus deimhniúcháin a sholáthar. In HU: Ní sholáthróidh ach Oifig Aistriúcháin agus Deimhniúcháin na hUngáire (OFFI) aistriúcháin oifigiúla, deimhnithe oifigiúla ar aistriúcháin, agus cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid oifigiúla i dteangacha eachtracha. In PL: Ní bheidh ach daoine nádúrtha ina n-aistritheoirí faoi bhrí mionna.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann aistriúcháin agus ateangaireachta ar dhoiciméid oifigiúla.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(q) Seirbhísí tiomsaithe liosta seoltaí agus poist (CPC 87906)	Gan aon teorainn
(r) Seirbhísí deartha speisialtachta (CPC 87907)	Gan aon teorainn
(s) Seirbhísí gnó eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (CPC 87909)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In SE: Deimhneoidh beirt an plean eacnamaíoch le haghaidh cumann foirgníochta. Déanfaidh údaráis in LEE na daoine sin a fhormheas go poiblí.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In SE: Bunófar tithe gill mar chuideachta faoi dhliteanas teoranta nó mar bhrainse.
(t) Seirbhísí deisiúcháin a bhaineann le táirgí, innealra agus trealamh miotail (CPC 886 seachas 8868)	Gan aon teorainn
(u) Cothabháil agus deisiú soithí, trealaimh iompair iarnróid agus aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, 86769, 8868)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach, cé is moite de DE, EE agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair ó lasmuigh dá críoch. San Aontas Eorpach, cé is moite de CZ, EE, HU, LU agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin soithí iompair ar uiscebhealaí inmheánacha ó lasmuigh dá críoch. San Aontas Eorpach, cé is moite de EE, HU agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin soithí muirí ó lasmuigh dá críoch. San Aontas Eorpach, cé is moite de AT, EE, HU, LV agus PL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin aerárthaí agus páirteanna díobh ó lasmuigh dá críoch (cuid de CPC 86764, 86769, 8868). San Aontas Eorpach: Ní dhéanfaidh ach eagraíochtaí aitheanta atá údaraithe san Aontas suirbhéanna reachtúla agus deimhniú long thar ceann na mBallstát. Féadfaidh bunaíocht a bheith ina ceanglas.
(v) Seirbhísí Gnó Eile (cuid de CPC 88493, cuid de 893, ISIC 37)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In NL: Faoi láthair, deonaítear tagarmharcáil míreanna miotail lómhair go heisiach do dhá mhonaplacht phoiblí Dhúitseacha (cuid de CPC 893). In CZ: Ní cheadaítear do chuideachta pacáistithe údaraithe ach seirbhísí a sholáthar a bhaineann le pacáistiú a thógáil ar ais agus a aisghabháil agus beidh sí ina duine dlítheanach arna bhunú mar chuideachta comhstoic (CPC 88493, ISIC 37).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-EU-8 – Seirbhísí Cumarsáide	
(a) Seirbhísí poist agus cúiréireachta (cuid de CPC 71235, cuid de 73210, cuid de 751)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: féadfar eagrú suíomh do bhoscaí litreacha ar an mórbhealach poiblí, eisiúint stampaí poist agus soláthar na seirbhíse poist cláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin a shrianadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Féadfar córais cheadúnaithe a bhunú le haghaidh na seirbhísí sin dá bhfuil oibleagáid seirbhíse uilíche i bhfeidhm. Féadfar na ceadúnais sin a bheith faoi réir oibleagáidí seirbhíse uilíche áirithe nó ranníocaíocht airgeadais le ciste cúitimh.
(b) Teileachumarsáid (CPC 752, 753, 754)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte.
III-EU-9 – Foirgníocht (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518)	Gan aon teorainn
III-EU-10 – Seirbhísí Dáileacháin	
(a) Seirbhísí Dáileacháin (CPC 3546, 631, 632 seachas 63211, 63297, 62276, cuid de 621)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In PT: Tá scéim shonrach um údarú ann le haghaidh bunaíochtaí miondíola agus ionaid siopadóireachta áirithe a bhunú. Baineann sé sin le hionaid siopadóireachta ina bhfuil olllimistéar inléasaithe ar mhéid 8 000 m^2, nó níos mó, agus le bunaíochtaí miondíola a bhfuil limistéar díolacháin acu ar mhéid 2 000 m^2, nó níos mó, nuair atá siad lonnaithe lasmuigh d'ionaid siopadóireachta. Príomhchritéir: rannchuidiú le hiliomad tairiscintí tráchtála; measúnú ar sheirbhísí do thomhaltóirí, cáilíocht na fostaíochta agus freagracht shóisialta chorparáideach, comhtháthú sa timpeallacht uirbeach agus rannchuidiú le héicéifeachtúlacht (CPC 631, 632 seachas 63211, 63297).
(b) Dáileadh earraí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh trasteorann mórdhíola cógaisíochta (CPC 62251).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(b) Dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929). In SE: Tá monaplacht rialtais ag Systembolaget AB ar dhíolachán miondíola deochanna meisciúla, fíona agus beorach (seachas beoir neamh-mheisciúil). Is deochanna iad deochanna meisciúla ina bhfuil an cion alcóil os cionn 2,25 faoin gcéad den toirt. Cion alcóil de níos mó ná 3,5 faoin gcéad de réir toirte, sin an teorainn do bheoir (cuid de CPC 631).
(c) Dáileadh tobac (cuid de CPC 6222, 62228, cuid de 6310, 63108)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AT: ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha iarratas a dhéanamh ar údarú chun oibriú mar thobacadóir (CPC 63108). In ES: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha oibriú mar thobacadóir. Ní bhfaighidh tobacadóir níos mó ná aon cheadúnas amháin (CPC 63108). Tá monaplacht stáit ann ar mhórdhíol tobac. In FR: Monaplacht stáit ar mhórdhíol agus ar mhiondíol tobac (cuid de CPC 6222, cuid de 6310). In IT: Tá ceadúnas ina cheanglas chun tobac a dháileadh agus a dhíol. Deonaítear an ceadúnas trí nósanna imeachta poiblí. Tá deonú ceadúnas faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: daonra agus dlús geografach na bpointí díola atá ann cheana (cuid de CPC 6222, cuid de 6310).
(d) Dáileadh agus miondíol breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara (CPC 613, 62271, 63297)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In CY: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí miondíolacháin breosla mótair, leictreachais agus gáis neamhbhuidéalaithe a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dhlítheanach de chuid tíre nach tír den Aontas Eorpach í ina bhfuil breis agus 5 faoin gcéad d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Neamhcheangailte i ndáil le miondíol trasteorann ola breosla agus gáis bhuidéalaithe seachas trí phostdíol.
(e) Dáileadh eile (cuid de CPC 621, 62228, 62251, cuid de 62272, 62276, 63108, cuid de 6329)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí a sholáthraíonn bróicéirí tráchtearraí, dáileadh mórdhíola táirgí ceimiceacha, miotal agus cloch lómhar, substaintí leighis agus táirgí agus míreanna le haghaidh úsáid leighis; tobac agus táirgí tobac agus deochanna alcólacha.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-EU-11 – Seirbhísí Oideachais (CPC 92) (Seirbhísí arna gcistiú go príobháideach amháin)	
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: I gcás ina gceadaítear seirbhísí oideachais a sholáthar arna gcistiú go príobháideach ag soláthraí eachtrach, is féidir go mbeidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa chóras oideachais faoi réir lamháltais arna leithdháileadh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí oideachais eile (CPC 929). In SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthróirí seirbhísí oideachais atá formheasta ag údaráis phoiblí chun oideachas a chur ar fáil. Baineann an forchoimeádas seo le soláthróirí seirbhísí oideachais a chistítear go príobháideach agus a fhaigheann leagan éigin de thacaíocht Stáit, amhail soláthróirí seirbhísí oideachais a aithníonn an Stát, soláthróirí seirbhísí oideachais faoi mhaoirseacht an Stáit nó oideachas a thugann teidlíocht chun tacaíocht staidéir a fháil (CPC 92). In CY, FI, MT agus RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí bunoideachais, meánoideachais agus oideachais aosaigh a chistítear go príobháideach (CPC 921, 922, 924). In AT, BG, CY, FI, MT agus RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ardoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 923). In AT: Chun seirbhísí oideachais arna gcistiú go príobháideach ar an leibhéal ollscoile a sholáthar i réimse na n-eolaíochtaí feidhmeacha, tá údarú ón údarás inniúil, an Chomhairle Ardoideachais (Fachhochschulrat), ina cheanglas. Maidir le hinfheisteoir atá ag iarraidh clár staidéir san eolaíocht fheidhmeach a sholáthar, ní mór go mbeadh soláthar na gclár sin mar phríomhghnó acu, agus ní mór dó measúnú riachtanas agus suirbhé margaidh a chur isteach chun go nglacfaí leis an gclár staidéir atá beartaithe. Diúltóidh an Aireacht inniúil d'údarú i gcás ina gcinntear go bhfuil an clár ar neamhréir le leasanna oideachais náisiúnta. Tá údarú ón údarás inniúil (Comhairle Creidiúnaithe na hOstaire) ina cheanglas don iarratasóir ar ollscoil phríobháideach. Féadfaidh an Aireacht inniúil diúltú don fhaomhadh mura gcloíonn cinneadh an údaráis chreidiúnaithe le leasanna oideachais náisiúnta (CPC 923). In MT: Ní mór do sholáthróirí seirbhíse atá ag iarraidh seirbhísí ardoideachais nó oideachais aosaigh arna gcistiú go príobháideach a sholáthar ceadúnas a fháil ón Aireacht Oideachais agus Fostaíochta. Féadfaidh an cinneadh faoi cibé acu ceadúnas a eisiúint nó gan é a eisiúint a bheith roghnach (CPC 923, 924).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Ní fhéadfaidh ach fiontair Bhulgáracha údaraithe seirbhísí bunoideachais agus meánoideachais arna gcistiú go príobháideach a sholáthar, agus tá láithreacht thráchtálach ina ceanglas ina leith. In BG, IT agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí bunoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 921). In BG agus IT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí meánoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 922).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In AT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí oideachais aosaigh arna gcistiú go príobháideach trí chraoltóireacht raidió nó teilifíse (CPC 924).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In ES agus IT: Tá údarú ina cheangal chun ollscoil arna cistiú go príobháideach a oscailt a eisíonn dioplómaí nó céimeanna aitheanta. Tá tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm. Príomhchritéir: daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana. In ES: Is éard atá i gceist leis an nós imeachta comhairle a fháil ón bParlaimint. In SK: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm, agus féadfaidh údaráis áitiúla an líon scoileanna atá á mbunú a theorannú, maidir le soláthraithe na seirbhísí oideachais uile atá á gcistiú go príobháideach seachas seirbhísí teicniúla agus gairmoideachais iar-mheánscoile (CPC 921, 922, 923 seachas 92310, 924). In EL: Ní sholáthróidh ach institiúidí ar daoine dlítheanacha iad atá féinrialaithe go hiomlán de réir an dlí phoiblí oideachas ar an leibhéal ollscoile.
III-EU-12 – Seirbhísí Comhshaoil (CPC 9401, 9402, 9403, 9406)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí bainistithe dramhaíola seachas seirbhísí comhairleacha, agus i ndáil le seirbhísí a bhaineann le cosaint ithreach agus le bainistiú ithreacha éillithe, seachas seirbhísí comhairleacha.
III-EU-13 – Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta (Seirbhísí arna gcistiú go príobháideach amháin)	
Seirbhísí sláinte – seirbhísí ospidéil, otharchairr agus sláinte cónaithe (CPC 93, 931 seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Seirbhísí Trasteorann: San Aontas Eorpach: Rannpháirtíocht oibreoirí sa líonra sláinte atá á chistiú go príobháideach, féadfaidh sé a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua. In AT, SI agus PL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí otharchairr a chistítear go príobháideach (CPC 93192). In BG, CY, CZ, FI, MT agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ospidéil, seirbhísí otharchairr, agus seirbhísí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil (CPC 9311, 93192, 93193). In BE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar agus bunú seirbhísí otharchairr agus seirbhísí saoráidí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil (CPC 93192, 93193). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí eile sláinte daonna (CPC 93199). In DE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar Chóras Slándála Sóisialta DE, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, nach seirbhísí iad atá á ndéanamh go heisiach chun údarás rialtais a fheidhmiú.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In DE: Is iad na Länder a dhéanann seirbhísí tarrthála agus seirbhísí otharchairr cáilithe a eagrú agus a rialáil. Déanann an chuid is mó de na Länder inniúlachtaí i réimse na seirbhísí tarrthála a tharmligean do bhardais. Ceadaítear do bhardais tosaíocht a thabhairt d'oibreoirí neamhbhrabúis. Tá seirbhísí otharchairr faoi réir pleanála, ceada agus creidiúnaithe. Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh dochtúir i láthair go fisiceach roimhe sin. Féadfar líon na soláthróirí seirbhíse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a theorannú chun idir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus caighdeáin sábháilteachta riachtanacha a ráthú. In SI: Coimeádtar monaplacht stáit do na seirbhísí seo a leanas: Soláthar fola, ullmhúcháin fola, baint agus caomhnú orgán daonna um aistriú, seirbhísí sochmhíochaine, sláinteachais, eipidéimeolaíocha agus seirbhísí éiceolaíochta-sláinte, seirbhísí pata-anatamaíocha, agus giniúint le cúnamh bithleighis (CPC 931).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In DE: Neamhcheangailte i ndáil le húinéireacht ospidéal a chistítear go príobháideach agus atá á reáchtáil ag Fórsaí na Gearmáine. In DE: Neamhcheangailte i ndáil le náisiúnú ospidéal ríthábhachtach eile a chistítear go príobháideach. (CPC 93110) In FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí AE, níl rochtain ag infheisteoirí neamh-AE ach ar fhoirmeacha dlíthiúla SELAS (*société d'exercice liberal*) agus SCP (*société civile professionnelle*). Le haghaidh seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseach agus seirbhísí ag altraí, soláthar trí SEL (*société d'exercice liberal*) (anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions) nó SCP amháin. Le haghaidh seirbhísí ospidéil agus otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil agus seirbhísí sóisialta, tá údarú riachtanach chun feidhmeanna bainistíochta a chleachtadh. Cuirtear san áireamh sa phróiseas údarúcháin bainisteoirí áitiúla a bheith ar fáil.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a chistítear go príobháideach (cuid de CPC 9311).
Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AE, cé is moite de HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí sláinte ó lasmuigh dá gcríoch, soláthar trasteorann seirbhísí sóisialta ó lasmuigh dá gcríoch, chomh maith le gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, atá cumhdaithe ag forchoimeádais eile (CPC 931 seachas 9312, cuid de 93191). In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann gach seirbhíse ospidéil, seirbhíse otharchairr agus seirbhíse sláinte cónaithe ó lasmuigh dá críoch cé is moite de sheirbhísí ospidéil, a fhaigheann cistiú poiblí (CPC 9311, 93192, 93193).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra sóisialta arna chistiú go príobháideach a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua. In CZ, FI, HU, MT, PL, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí sóisialta a chistítear go príobháideach. In BE, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí sóisialta a chistítear go príobháideach cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus le hárais seanóirí. In DE: Neamhcheangailte i ndáil le Córas Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh nach dtiocfaidís faoin sainmhíniú maidir le seirbhísí atá á ndéanamh go heisiach chun údarás rialtais a fheidhmiú.
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta amháin: In HR: D'fhéadfadh sé go mbeadh bunú roinnt saoráidí cúraim shóisialta arna gcistiú go príobháideach faoi réir teorainneacha bunaithe ar riachtanais i limistéir gheografacha áirithe (CPC 9311, 93192, 93193, 933).
III-EU-14 – Seirbhísí Turasóireachta agus Seirbhísí a bhaineann le Taisteal	
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BG: Tá corprú ina cheanglas (gan bhrainsí) (CPC 7471, 7472).
III-EU-15 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt	
(a) Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, iarsmalainne agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC 963)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach, cé is moite de AT agus, ar mhaithe le léirscaoileadh infheistíochta in LT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim, agus seirbhísí cultúrtha eile. In AT agus LT: féadfaidh ceadúnas nó lamháltas a bheith ina cheanglas chun iad a bhunú.
(b) Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na seirbhísí siamsaíochta seo a leanas: seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí eile cosúil leo, seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóra rince agus seirbhísí siamsaíochta eile. In EE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta eile, cé is moite de sheirbhísí pictiúrlainne. In LT agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta uile ach amháin i gcás seirbhísí oibriúcháin pictiúrlainne.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de AT agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó.
(c) Seirbhísí gníomhaireachta nuachta (CPC 962)	Gan aon teorainn
(d) Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, cé is moite de MT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gníomhaíochtaí cearrbhachais, a bhaineann le geall a chur a bhfuil luach airgid air i gcluichí seans, lena n-áirítear i gcrannchuir áirithe, scríobchártaí, seirbhísí cearrbhachais arna dtairiscint i gcasaíní, in árais siamsaíochta cearrbhachais nó in áitribh cheadúnaithe, seirbhísí gealltóireachta, seirbhísí biongó agus seirbhísí cearrbhachais arna n-oibriú ag carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus lena leas. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir le cluichí scile, meaisíní cearrbhachais nach dtugann duaiseanna nó a thugann duaiseanna ach iad a bheith i bhfoirm cluichí saor in aisce, nó cluichí fógraíochta, arb é an t-aon chuspóir leo díol earraí nó seirbhísí nach gcumhdaítear leis an eisiamh seo a spreagadh.
III-EU-16 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair	
(a) Iompar muirí (i) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí (CPC 7211 seachas iompar cabatáiste náisiúnta) (ii) Iompar idirnáisiúnta lasta (CPC 7212 seachas iompar cabatáiste náisiúnta)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas, seachas LV agus MT: Neamhcheangailte i ndáil le soitheach a chlárú agus cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta (gach gníomhaíocht mhuirí tráchtála a dtugtar fúithi ó long mhuirghabhála, lena n-áirítear iascaireacht, dobharshaothrú, agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht; iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta (CPC 721); agus seirbhísí cúnta iompair mhuirí). In MT: Tá cearta eisiacha ann don nasc muirí le mórthír na hEorpa trí IT le MT (CPC 7213, 7214, cuid de 742, 745, cuid de 749). In BG: Cuirtear seirbhísí ar fáil do shoithí gan fhoireann i bpoirt na Bulgáire agus ar an Danóib trí fhiontair Bhulgáracha amháin (tá corprú ina cheanglas). D'fhéadfadh sé go mbeadh teorainn le líon na soláthróirí seirbhíse sna calafoirt ag brath ar acmhainn oibiachtúil an chalafoirt, rud a chinneann coimisiún saineolaithe arna bhunú ag an Aire Iompair, Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ISIC 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 721, 722, 74520, 74540, 74590, 882).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar poiblí a chuirtear ar fáil i gcalafoirt de chuid na Bulgáire a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, is trí chonradh lamháltais a dheonaítear an ceart chun gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh. I gcalafoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach leo, is trí chonradh le húinéir an chalafoirt a dheonaítear an ceart sin (CPC 74520, 74540 agus 74590).
(b) Seirbhísí cúnta iompair mhuirí agus iompair d'uiscebhealaí intíre	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí píolótaíochta agus calaithe. San Aontas Eorpach, cé is moite de LT agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí brú agus tarraingthe (CPC 7452). In BE: Ní fhéadfaidh ach oibrithe creidiúnaithe, atá incháilithe chun oibriú i limistéir chalafoirt arna sainiú le foraithne ríoga, seirbhísí láimhseála lasta a oibriú (CPC 741).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In EL: Forchuirtear monaplacht phoiblí i limistéir chalafoirt maidir le seirbhísí láimhseála lasta (CPC 745). In LT: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha LT nó daoine dlítheanacha Ballstáit den Aontas Eorpach ag a bhfuil brainsí in LT a bhfuil deimhniú acu arna eisiúint ag Riarachán Sábháilteachta Muirí na Liotuáine seirbhísí píolótaíochta agus calaithe, brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7452).
(c) Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar paisinéirí agus lasta d'iarnród (CPC 711). In LT: Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair d'iarnród faoi réir monaplacht stáit (CPC 86764, 86769, cuid de 8868). In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair d'iarnróid faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair a bheartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).
(d) Iompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta) agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta). Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le cabatáiste laistigh de Bhallstát arna dhéanamh ag infheisteoirí eachtracha atá bunaithe i mBallstát eile (CPC 712). San Aontas Eorpach: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm maidir le seirbhísí tacsaí san Aontas, lena leagfar síos teorainn le líon na soláthróirí seirbhíse. Príomhchritéar: éileamh áitiúil dá bhforáiltear sna dlíthe is infheidhme (CPC 71221).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In AT: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach amháin do náisiúnaigh na mBallstát agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas (CPC 712). In BE: Féadfar líon uasta ceadúnas a shocrú de réir dlí (CPC 71221). In BG: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe a dheonú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach. Tá corprú ina cheanglas (CPC 712). In ES: Maidir le hiompar paisinéirí, tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoi CPC 7122. Príomhchritéar: éileamh áitiúil. Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua. In FR: Ní cheadaítear d'infheisteoirí neamh-AE seirbhísí bus idirchathrach a sholáthar (CPC 712). In IE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús an daonra, an raon geografach, an tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 7121, 7122). In IT: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sheirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sheirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí iompair lasta. Príomhchritéar: éileamh áitiúil (CPC 712). In LV: Maidir le seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta, is gá údarú a bheith ann, agus ní chumhdaítear leis an údarú sin feithiclí atá cláraithe thar lear. Ceanglaítear ar eintitis bhunaithe feithiclí atá cláraithe go náisiúnta a úsáid (CPC 712). In MT: Le haghaidh seirbhísí bus poiblí: Tá an líonra iomlán faoi réir lamháltais lena n-áirítear comhaontú maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí chun freastal ar earnálacha sóisialta áirithe (amhail mic léinn agus daoine scothaosta) (CPC 712). In MT: Maidir le tacsaithe, tá feidhm ag srianta uimhriúla ar líon na gceadúnas. I gcás *Karozzini* (cóistí capaill), tá srianta uimhriúla i bhfeidhm maidir leis an líon ceadúnas (CPC 712). In PT: Maidir le hiompar paisinéirí, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d'imreofaí orthu, dlús an daonra, an raon geografach, an tionchar a d'imreofaí ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 712).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In SK: Le haghaidh iompar lasta, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm. Príomhchritéar: éileamh áitiúil (CPC 712). In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair de bhóthar faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair a bheartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 86764, 86769, cuid de 8867). In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, tá gá le ceadúnas Sualannach. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, ach amháin nach bhféadfaidh oibreoirí seirbhísí lasta bóthair agus iompair paisinéirí bóthair, mar riail ghinearálta, ach feithiclí a úsáid atá cláraithe sa chlárlann náisiúnta tráchta bóithre. I gcás ina bhfuil feithicil cláraithe thar lear, agus faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil a phríomháit chónaithe thar lear agus má thógtar chun SE í le húsáid go sealadach, féadfar an fheithicil a úsáid go sealadach in SE. Is gá oibreoirí seirbhísí trasteorann um iompar lasta de bhóthar agus um iompar paisinéirí de bóthar a bheith ceadúnaithe le haghaidh na n-oibríochtaí sin ag an údarás inniúil sa tír ina bhfuil siad bunaithe. Féadfar ceanglais bhreise um thrádáil trasteorann a rialáil i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le hiompar de bhóthar. Le haghaidh feithiclí nach bhfuil feidhm ag aon chomhaontú déthaobhach ina leith, tá gá le ceadúnas ó Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne chomh maith (CPC 712).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí tacaíochta d'iompar de bhóthar (CPC 744).
(e) Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair (CPC 7461, 7469, 83104)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: I gcás seirbhísí láimhseála ar an talamh, féadfar go mbeidh bunú laistigh den Aontas ina cheanglas. Leibhéal oscailteachta na seirbhísí láimhseála ar an talamh, braitheann sé ar mhéid an aerfoirt. Féadfar teorainn a chur leis an líon soláthróirí i ngach aerfort. I gcás aerfoirt mhóra, ní fhéadfaidh an teorainn sin a bheith níos lú ná dhá sholáthróir. Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In PL: Le haghaidh seirbhísí stórála earraí reoite nó cuisnithe agus seirbhísí bulcstórála leachtanna nó gás ag aerfoirt, beidh an fhéidearthacht catagóirí áirithe seirbhíse a sholáthar ag brath ar mhéid an aerfoirt. Féadfar an líon soláthróirí i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do líon nach lú ná dhá sholáthróir ar chúiseanna eile (cuid de CPC 742).
(f) Spásiompar agus spásárthaí ar cíos	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí iompair tríd an spás agus spásárthaí a fháil ar cíos (CPC 733, cuid de 734).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(g) Seirbhísí Iompair Traschórais a Sholáthar	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Cé is moite de FI: ní fhéadfaidh ach tarlóirí atá bunaithe i mBallstát a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain ar an ngairm agus maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh earraí a iompar idir na Ballstáit, i gcomhthéacs oibríocht iompair chomhcheangailte idir na Ballstáit, ní fhéadfaidh siad céimeanna tosaigh nó céimeanna deiridh d'iompar de bhóthar a dhéanamh, ar céimeanna iad atá ina gcuid dhílis den oibríocht iompair chomhcheangailte, bíodh trasnú teorann ar áireamh leo nó ná bíodh. Tá feidhm ag teorainneacha a dhéanann difear d'aon mhodh iompair ar leith. Féadfar bearta riachtanacha a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar na cánacha mótarfheithicle is infheidhme maidir le feithiclí bóthair arna ródú in iompar traschórais a laghdú nó a aisíoc (CPC 711, 712, 7212, 7222, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749).
III-EU-17 – Talmhaíocht, iascaireacht, uisce, monaraíocht	
(a) Talmhaíocht, fiach, foraoiseacht agus seirbhísí a bhaineann leis an talmhaíocht, le fiach agus le foraoiseacht (ISIC 01, 02, CPC 881)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus fiaigh. In HU: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta (ISIC 011, 012, 013, 014, 015; CPC 8811, 8812, 8813 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleachta). In PT: Coimeádtar gairm an agranamaí do dhaoine nádúrtha (CPC 881).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In FI: Féadfar cearta eisiacha a dheonú chun bheith i d'úinéir réinfhianna agus chun feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh (ISIC 014). In FR: Tá bunú feirmeacha agus comharchumann talmhaíochta ag infheisteoirí neamh-AE faoi réir údaraithe. Is gá údarú a fháil roimh ré chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air (ISIC 011, 012, 013, 014, 015). In SE: Ní fhéadfaidh ach daoine den phobal Sámach a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh (ISIC 014).
(b) Iascaireacht, dobharshaothrú agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht (ISIC 05, CPC 882)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Go háirithe laistigh de chreat an Chomhbheartais Iascaigh, agus comhaontuithe iascaireachta le tríú tír, rochtain ar na hacmhainní bitheolaíocha agus na meánna atá suite in uiscí muirí a thagann faoi cheannasacht nó laistigh de dhlínsí na mBallstát, agus a n-úsáid, lena n-áirítear: (a) rialáil a dhéanamh ar thabhairt i dtír gabhálacha éisc a dhéantar sna fochuótaí arna leithdháileadh ar shoithí de chuid Mheicsiceo nó tríú tír i gcalafoirt an Aontais; (b) an t-íosmhéid a chinneadh le haghaidh fiontair chun soithí iascaireachta ceardaíochta agus cósta araon a chaomhnú; nó (c) cóir dhifreálach a thabhairt do Mheicsiceo nó do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le hiascach.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(c) Bailiú, íonú agus dáileadh uisce (ISIC 41)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bailiú, íonú agus dáileadh uisce d'úsáideoirí tí, úsáideoirí tionsclaíocha, úsáideoirí tráchtála nó eile, lena n-áirítear soláthar uisce óil, agus bainistiú uisce.
(d) Monarú táirgí bia agus deochanna (ISIC 15)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In IE: Maidir le gníomhaíochtaí muilleoireachta plúir, tá bunaíocht cónaitheoirí eachtrannacha faoi réir údaraithe (ISIC 1531).
(e) Monaraíocht (ISIC 16, 17, 18, 19, 20, 21)	Gan aon teorainn
(f) Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC 22, CPC 88442)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In LV: Níl sé de cheart ach ag daoine dlítheanacha atá corpraithe in LV agus daoine nádúrtha LV meáin ollchumarsáide a bhunú agus a fhoilsiú. Níl brainsí ceadaithe.
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE: Is gá eagarthóir freagrach (ainm agus seoladh iomlán duine nádúrtha) a shonrú i ngach nuachtán, iris nó tréimhseachán a scaiptear nó a phriontáiltear go poiblí. Féadfar a cheangal gur buanchónaitheoir de chuid na Gearmáine, an Aontais, nó tíre LEE a bheidh san eagarthóir freagrach. Féadfaidh Aire Gnóthaí Baile na Cónaidhme eisceachtaí a cheadú (ISIC 22). In SE: Daoine nádúrtha atá ina n-úinéirí ar thréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear in SE, is gá go mbeadh cónaí orthu in SE nó go mbeidís ina náisiúnaigh de Bhallstát de LEE. Úinéirí na dtréimhseachán sin ar daoine dlítheanacha iad, ní mór dóibh a bheith bunaithe in LEE. Tréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear sa tSualainn agus taifid theicniúla, is gá dóibh eagarthóir freagrach a bheith acu, agus is gá don duine sin sainchónaí a bheith air in SE.
(g) Monaraíocht (ISIC 23, 24, 25, 26, 27, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 37)	Gan aon teorainn
III-EU-18 – Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh	
(a) An mhianadóireacht agus an cairéalú (ISIC 10, 11, 12, 13, 14; CPC 5115, 7131, 8675, 883)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In IT: Tá rialacha sonracha maidir le taiscéalaíocht agus mianadóireacht i bhfeidhm maidir le mianaigh ar leis an Stát iad. Sula ndéantar aon ghníomhaíocht taiscéalaíochta, tá gá le cead um thaiscéalaíocht (*permesso di ricerca, Article 4 of Regio Decreto 29 luglio 1927, n. 1443/1927, 'Norme di carattere legislativo per disciplinare la ricerca e la coltivazione delle miniere nel Regno'*) (Foraithne Ríoga Uimh. 1443/1927). Tá fad ar leith ag gabháil leis an gcead sin, sainítear leis go beacht teorainneacha na talún a bhfuil taiscéalaíocht á déanamh uirthi agus féadfar níos mó ná cead taiscéalaíochta amháin a dheonú don limistéar céanna do dhaoine nó cuideachtaí difriúla (níl sé riachtanach go mbeadh an cineál sin ceadúnais eisiach). Chun mianraí a shaothrú, tá údarú (*concessione*, Airteagal 14 d'Fhoraithne Ríoga Uimh. 1443/1927 agus Airteagal 34 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 112/1998) ón údarás réigiúnach ina cheanglas (ISIC 10, 11, 12, 13, 14; CPC 8675, 883).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In FI: Acmhainní mianra a thaiscéaladh agus a shaothrú, tá sé faoi réir ceanglas ceadúnaithe a dheonaíonn an rialtas maidir le mianadóireacht ábhair núicléach. Tá cead fuascailte ón rialtas don limistéar mianadóireachta ina cheangal. Féadfar cead a dheonú do dhuine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó duine dlítheanacha atá bunaithe in LEE. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm (ISIC 12, CPC 5115, 883, 8675). In IE: Ceanglaítear ar chuideachtaí taiscéalaíochta agus mianadóireachta atá ag oibriú in IE láithreacht a bheith acu ansin. I gcás taiscéalaíocht mianraí, tá ceangal ann go n-úsáidfeadh cuideachtaí (Éireannacha agus eachtrannacha) seirbhísí gníomhaire, é sin nó seirbhísí bainisteora chónaithigh taiscéalaíochta, in IE agus an obair á déanamh. I gcás na mianadóireachta, tá sé ina cheanglas go mbeadh léas nó ceadúnas mianadóireachta stáit i seilbh cuideachta atá corpraithe in IE. Níl aon srian ann maidir le húinéireacht cuideachta den sórt sin (ISIC 10, 13, 14, CPC 883).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BE: tá taiscéalaíocht acmhainní mianra agus acmhainní neamhbheo eile in uiscí críche agus ar an scairbh ilchríochach agus saothrú na n-acmhainní sin faoi réir lamháltais. Is gá don lamháltóir seoladh le haghaidh seirbheála a bheith aige in BE (ISIC 14). Fiontair eachtracha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, féadfar toirmeasc a chur orthu rialú a fháil ar an ngníomhaíocht. Tá corprú ina cheanglas (gan bhrainsí) (ISIC 10, 1110, 13, 14). In BG: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le saothrú nó úsáid réadmhaoine Stáit nó poiblí, tá siad faoi réir lamháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamháltas nó faoi dhlíthe speisialta eile maidir le lamháltais. Sirtheoireacht agus taiscéalaíocht acmhainní nádúrtha faoi thalamh ar chríoch na Bulgáire, sa tseilf ilchríochach agus sa limistéar eacnamaíoch eisiach sa Mhuir Dhubh, tá na gníomhaíochtaí sin faoi réir ceada, agus is gníomhaíochtaí iad an t-eastóscadh agus an saothrú atá faoi réir lamháltas a dheonaítear faoin Acht um Acmhainní Nádúrtha faoi Thalamh. Cuideachtaí atá cláraithe i ndlínsí fabhracha um chóireáil chánach (is é sin criosanna amach ón gcósta) nó atá gaolmhar, tá cosc orthu páirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, i nósanna imeachta oscailte maidir le ceadanna nó lamháltais um shirtheoireacht, taiscéalaíocht nó eastóscadh acmhainní nádúrtha a dheonú, lena n-áirítear mianta úráiniam agus tóiriam, agus tá cosc orthu chomh maith cead nó lamháltas a deonaíodh cheana a oibriú, ó tharla go bhfuil cosc ar na hoibríochtaí sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht fionnachtain gheolaíoch nó tráchtála fosaithe de thoradh taiscéalaíochta a chlárú. Corparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an mBallstát nó ag bardas, ní féidir leo aon idirbheart a chur i gcrích chun sócmhainní seasta na corparáide a dhiúscairt, chun aon chonradh a chur i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, comhghníomhaíocht, creidmheas a éadáil, sin agus infháltais a urrú, chomh maith le haon oibleagáid a thabhú a eascraíonn as billí malairte, ach amháin má dhéanann an Ghníomhaireacht um Phríobháidiú nó an chomhairle bhardasach, cibé acu is údarás inniúil, an méid sin a cheadú. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 8.4 de Chinneadh Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire an 18 Eanáir 2012, le Cinneadh na Parlaiminte, tá cosc ar aon úsáid teicneolaíochta um scoilteadh hiodrálach, is é sin, fraiceáil ar mhaithe le sirtheoireacht ola agus gáis, lena dtaiscéalaíocht, nó lena n-eastóscadh. Tá cosc ar thaiscéalaíocht agus ar eastóscadh gáis scealla (ISIC 10, 11, 12, 13, 14).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Tá cosc ar mhianadóireacht ar mhian úráiniam le Foraithne Chomhairle na n-Airí Uimh. 163 an 20 Lúnasa 1992. Maidir le mianadóireacht méine tóiriam, tá feidhm ag córas ginearálta na lamháltas le haghaidh mianadóireachta. Chun páirt a ghlacadh i lamháltais um mianadóireacht méine tóiriam, is gá cuideachta Mheicsiceo a bheith bunaithe de réir an Achta um Thráchtáil agus a bheith cláraithe sa Chlárlann Tráchtála. Cinntí chun mianadóireacht méine tóiriam a cheadú, déantar iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach de réir an cháis aonair. An toirmeasc ar chuideachtaí atá cláraithe i ndlínsí fabhracha um chóireáil cánach (is é sin criosanna amach ón gcósta) nó atá gaolmhar, páirt a ghlacadh go díreach nó go hindíreach i nósanna imeachta oscailte le haghaidh lamháltas maidir le mianadóireacht acmhainní nádúrtha, áirítear leis an toirmeasc sin mianta úráiniam agus tóiriam (ISIC 12). In CY: Féadfaidh Comhairle na n-Airí, ar mhaithe le slándáil fuinnimh, diúltú rochtain a cheadú ar shirtheoireacht, ar thaiscéalaíocht agus ar shaothrú hidreacarbón nó cleachtadh na ngníomhaíochtaí sin a cheadú, d'aon eintiteas arna rialú go héifeachtach ag Meicsiceo nó ag náisiúnaigh Mheicsiceo. Ní fhéadfaidh aon eintiteas, tar éis údarú a bheith deonaithe dó chun gabháil do shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, teacht faoi rialú díreach ná indíreach Mheicsiceo ná náisiúnaigh Mheicsiceo gan formheas a fháil roimh ré ó Chomhairle na nAirí. Féadfaidh Comhairle na n-Airí diúltú údarú um shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón a dheonú d'eintiteas arna rialú go héifeachtach ag Meicsiceo nó tríú tír, nó ag náisiúnach Mheicsiceo nó tríú tír, i gcás nach ndeonaíonn Meicsiceo ná an tríú tír d'eintitis CY ná d'eintitis na mBallstát, i ndáil le rochtain ar na gníomhaireachtaí a bhaineann le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón agus i ndáil le forfheidhmiú na ngníomhaíochtaí sin, cóir atá inchomparáide leis an gcóir a thugann CY nó an Ballstát d'eintitis Mheicsiceo nó don tríú tír sin (ISIC 1110). In SK: I gcás mianadóireachta, i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht mhianadóireachta agus gheolaíoch, tá corprú i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE (gan bhrainsí) ina cheanglas (ISIC 10, 11, 12, 13, 14; CPC 5115, 7131, 883 agus 8675).
(b) Leictreachas (ISIC 40, 4010, CPC 62279, 887) (cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AT agus BG: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh leictreachais, seirbhísí dáileacháin fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (ISIC 4010, CPC 887 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In BE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí dáileacháin fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (CPC 887). In CY: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta, seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, agus seirbhísí miondíolacháin leictreachais a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh de chuid tíre nach tír den Aontas Eorpach í ina bhfuil breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais (ISIC 4010, CPC 62279 agus 887). In CZ: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le giniúint, tarchur, dáileadh agus trádáil leictreachais agus gníomhaíochtaí eile de chuid oibreoirí margaidh leictreachais, agus i dtaca le giniúint agus dáileadh teasa freisin. Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha leictreachais agus gáis agus le ceadúnais oibreoirí margaidh (ISIC 40, CPC 7131, 62279, 742, 887).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In FI: Neamhcheangailte i ndáil le hallmhairiú leictreachais. Neamhcheangailte i ndáil le trádáil trasteorann a bhaineann le mórdhíol agus miondíol leictreachais. Neamhcheangailte i ndáil le gréasáin agus córais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais (ISIC 4010, CPC 62279, 887 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In FR: Neamhcheangailte i ndáil le tarchur agus dáileadh leictreachais (ISIC 4010, CPC 887). In PL: tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh: (i) giniúint leictreachais, cé is moite de ghiniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as foinsí leictreachais nach mó ná 50 MW a dtoilleadh iomlán, cé is moite d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite; comhghiniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as foinsí nach mó ná 5 MW a dtoilleadh iomlán, cé is moite d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite; (ii) tarchur nó dáileadh leictreachais; (iii) an trádáil sa leictreachas, cé is moite den trádáil sa leictreachas ina n-úsáidtear suiteálacha voltais faoi bhun 1 kV atá faoi úinéireacht an chustaiméara; agus an trádáil sa leictreachas a dhéantar ar mhalartuithe tráchtearraí trí thithe bróicéireachta a sheolann an ghníomhaíocht bhróicéireachta ar na tráchtearraí malartaithe ar bhonn an Achta maidir le Malartuithe Tráchtearraí an 26 Deireadh Fómhair 2000. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó a phríomháit chónaithe cláraithe aige ar chríoch Bhallstáit den Aontas Eorpach nó de LEE, nó ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4010, CPC 62279, 63297, 887). In PT: Déantar na gníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte leictreachais trí lamháltais eisiacha na seirbhíse poiblí. Lamháltais le haghaidh na n-earnálacha leictreachais, ní shanntar iad ach amháin do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach acu in PT (ISIC 4010, CPC 887). In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, mórdhíol agus miondíol leictreachais, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta (ISIC 4010, CPC 62279, 887).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BE: Tá srianta ann i ndáil leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus i ndáil leis an gcaoi a gcaitear le hoibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Fiontair eachtracha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, féadfar toirmeasc a chur orthu rialú a fháil ar an ngníomhaíocht. Le haghaidh údarú aonair chun leictreachas de thoilleadh 25 MW a tháirgeadh, tá bunaíocht san Aontas ina ceanglas, nó i Stát eile ag a bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil leis an gcóras a fhorfheidhmítear le Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 i dtaca le rialacha comhchoiteanna maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas, agus mar a bhfuil nasc éifeachtach agus leanúnach ag an gcuideachta leis an ngeilleagar. Tá táirgeadh eischósta leictreachais laistigh de chríoch eischósta BE faoi réir oibleagáide lamháltais agus oibleagáide comhfhiontair le cuideachta ó Bhallstát, nó le cuideachta eachtrach de thír ina bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil le córas Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 i dtaca le rialacha comhchoiteanna maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE, go háirithe maidir le coinníollacha a bhaineann leis an údarú agus leis an roghnú. Ina theannta sin, ní mór don chuideachta riarachán lárnach nó ceannoifig a bheith aici i mBallstát nó i dtír a chomhlíonann na critéir thuas, i gcás ina bhfuil nasc éifeachtach agus leanúnach aige leis an ngeilleagar.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Tá údarú ina cheanglas chun línte cumhachta leictreachais a thógáil a nascann táirgeadh eischósta le líonra tarchurtha Elia agus ceanglaítear ar an gcuideachta na coinníollacha atá sonraithe cheana a chomhlíonadh, cé is moite den cheanglas maidir le comhfhiontair (ISIC 4010). In FR: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh leictreachais (ISIC 4010). In MT: Tá monaplacht um sholáthar leictreachais ag EneMalta plc (ISIC 4010, CPC 887). In NL: Úinéireacht an líonra leictreachais, deonaítear é go heisiach do rialtas na hÍsiltíre (córais tarchurtha) agus d'údaráis phoiblí eile (córais dáileacháin) (ISIC 4010, CPC 887).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí a bhaineann le seirbhísí mórdhíola leictreachais, seirbhísí miondíola leictreachais agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh leictreachais. (CPC 62279, 887 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).
(c) Breoslaí, táirgí gáis, amhola nó peitriliam (ISIC 232, 4020; CPC 62271, 63297, 713, 742, 887 (cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AT: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar gáis agus earraí seachas gás agus uisce (CPC 713). In BE: I gcás seirbhísí bulcstórála gáis, tá ceanglais ann maidir leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus maidir leis an gcaoi a gcaitear le hoibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas riachtanach le haghaidh seirbhísí bulcstórála gáis (cuid de CPC 742). De ghnáth, an soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí atá bunaithe in BE (is é sin, custaiméirí ar cuideachtaí dáileacháin agus tomhaltóirí araon iad, a sroicheann a dtomhaltas foriomlán gáis arna eascairt ó gach ionad soláthair íosleibhéal d'aon mhilliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana), tá an soláthar gáis sin faoi réir údarú aonair arna sholáthar ag an Aire, ach amháin i gcás inar cuideachta dáileacháin é an soláthróir, a úsáideann a líonra dáileacháin féin. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (ISIC 4020, CPC 7131). Tá iompar gáis nádúrtha agus breoslaí eile trí phíblíne faoi réir ceanglas údarúcháin. Ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (i gcomhréir le hAirteagal 3 de AR an 14 Bealtaine 2002). Fiontair eachtracha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, féadfar toirmeasc a chur orthu rialú a fháil ar an ngníomhaíocht. I gcás ina n-iarrann cuideachta an t-údarú: (a) ní mór don chuideachta a bheith bunaithe i gcomhréir le dlí na Beilge, nó le dlí Ballstáit eile, nó dlí tríú tír, a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE; agus

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	(b) ní mór suíomh riaracháin, príomhbhunaíocht nó ceannoifig na cuideachta a bheith i mBallstát, nó i dtríú tír, a thug gealltanais creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht na bunaíochta nó na ceannoifige sin ina nasc éifeachtach agus leanúnach le geilleagar na tíre lena mbaineann (ISIC 4020, CPC 7131). In BG: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar trí phíblíne, stóráil agus trádstóráil peitriliam agus gáis nádúrtha, lena n-áirítear tarchur idirthurais (ISIC 4020, CPC 7131, cuid de 742). In CY: Neamhcheangailte i ndáil le monarú gáis, dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlínte as a stuaim féin, iompar breoslaí trí phíblíne, seirbhísí a bhaineann le dáileadh gáis nádúrtha cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta, agus seirbhísí miondíolacháin gáis neamhbhuidéalaithe a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh de chuid tíre nach tír den Aontas Eorpach í ina bhfuil breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais (ISIC 4020, CPC 62271, 63297, 7131 agus 887). In CZ: Neamhcheangailte i ndáil le giniúint, tarchur, dáileadh, stóráil agus trádáil gáis (ISIC 2320, 4020; CPC 7131, 63297, 742, 887). In DK: An t-úinéir nó an t-úsáideoir a bhfuil sé ar intinn aige píblíne a bhunú ar mhaithe le peitriliam agus táirgí peitriliam a iompar, idir amh agus scagtha, agus le gás nádúrtha a iompar, ní mór dó cead a fháil ón údarás áitiúil sula gcuirfidh sé tús leis an obair. Féadfar an líon ceadanna a bheith teoranta (CPC 7131). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le rialú nó úinéireacht críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) (lena n-áirítear na codanna sin den chríochfort GNL a úsáidtear chun GNL a stóráil nó a athghású) ag daoine nó fiontair eachtracha ar chúiseanna slándála fuinnimh (ISIC 4020, CPC 742). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le líonra agus córais tarchurtha agus dáileacháin gáis. Srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh allmhairiú gáis nádúrtha (ISIC 4020, CPC 887 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In FR: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíochta eile san earnáil phoiblí nó i seilbh ENGIE a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córais tarchurtha nó dáileacháin gáis ar chúiseanna a bhaineann le slándáil náisiúnta fuinnimh (ISIC 4020, CPC 887). In HU: Tá bunaíocht ina ceanglas le haghaidh soláthar seirbhísí iompair trí phíblíne. Féadfar seirbhísí a sholáthar trí Chonradh Lamháltais arna dheonú ag an stát nó ag an údarás áitiúil. Tá soláthar na seirbhíse sin á rialú ag Dlí an Lamháltais (CPC 7131). In NL: Úinéireacht an líonra píblíne gáis, deonaítear é go heisiach don rialtas (córais tarchurtha) agus d'údaráis phoiblí eile (córais dáileacháin) (ISIC 4020, CPC 7131). In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh: (i) giniúint breoslaí nó fuinnimh, cé is moite de ghiniúint breoslaí soladacha nó gásacha; (ii) stóráil breoslaí gásacha i suiteálacha stórála, leachtú gáis nádúrtha agus athghású gáis nádúrtha leachtaithe i suiteálacha GNL, mar aon le stóráil breoslaí leachtacha, cé is moite de stóráil áitiúil gáis leachta i suiteálacha ina bhfuil toilleadh is lú ná 1 MJ/s agus stóráil breoslaí leachtacha i dtrádáil mhiondíola;

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	(iii) tarchur nó dáileadh breoslaí, cé is moite de dháileadh breoslaí gásacha in eangacha ar lú ná 1 MJ/s a dtoilleadh; (iv) trádáil i mbreoslaí, cé is moite den trádáil i mbreoslaí soladacha; trádáil i mbreoslaí gásacha mura sáraíonn luach an láimhdeachais bhliantúil méid atá coibhéiseach le EUR 100 000; trádáil i ngás leachtach, mura sáraíonn luach an láimhdeachais bhliantúil EUR 10 000; agus trádáil i mbreoslaí gásacha a dhéantar ar mhalartuithe tráchtearraí trí thithe bróicéireachta a sheolann an ghníomhaíocht bhróicéireachta ar na tráchtearraí malartaithe ar bhonn an Achta maidir le Malartuithe Tráchtearraí an 26 Deireadh Fómhair 2000. Níl feidhm ag na teorainneacha ar láimhdeachas maidir le seirbhísí trádála mórdhíola i mbreoslaí gásacha nó i ngás leachtach ná maidir le seirbhísí miondíola gáis bhuidéalaithe. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó a phríomháit chónaithe cláraithe aige ar chríoch Bhallstáit den Aontas Eorpach nó de LEE, nó ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4020, CPC 63297, 74220, 887). In PT: Lamháltais a bhaineann le tarchur agus dáileadh gáis nádúrtha agus lena stóráil faoi thalamh agus a bhaineann le críochfort ina ndéantar GNL a glacadh, a stóráil agus a athghású, bronnfar na lamháltais sin trí chonarthaí lamháltais, tar éis glaonna poiblí ar thairiscintí. Ní shanntar na lamháltais sin ach do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach in PT (ISIC 4020, CPC 7131, 7422, 887 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le monarú gáis agus dáileadh breoslaí gásacha agus i dtaca le hiompar breoslaí trí phíblíne. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta. I gcás na ngníomhaíochtaí sin uile, ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha ar a bhfuil buanchónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach nó in LEE (ISIC 4020, CPC 62271, 63297, 7131 742 agus 887).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CY: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte (CPC 7131, 742). In LT: Tá bunaíocht ina ceanglas i dtaca le tarchur agus dáileadh breoslaí. Ní fhéadfar ceadúnais a eisiúint ach do dhaoine dlítheanacha de chuid LT nó do bhrainsí de dhaoine dlítheanacha eachtracha nó d'eagraíochtaí eile (fochuideachtaí) atá bunaithe in LT (ISIC 4020, CPC 7131). Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le tarchur ná dáileadh breoslaí ar bhonn táille nó conartha. In PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí a bhaineann le monarú gáis, iompar breoslaí trí phíblíne, seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí, seirbhísí miondíolacháin gáis neamhbhuidéalaithe agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh gáis nádúrtha.
(d) Núicléach (ISIC 12, 2330, cuid de 4010, CPC 887)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AT, BE agus DE: Neamhcheangailte i ndáil le hábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh. FI: Neamhcheangailte i ndáil le hábhar núicléach a phróiseáil, a dháileadh nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le próiseáil ábhar ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó próiseáil na n-ábhar óna ndíorthaítear na hábhair sin, chomh maith leis an trádáil iontu, maidir le cothabháil agus deisiú trealaimh agus córais i saoráidí le haghaidh táirgeadh fuinnimh núicléach, i dtaca le hiompar na n-ábhar sin agus ábhar bruscair agus dramhaíola óna bpróiseáil, i dtaca le húsáid radaíochta ianúcháin, agus gach seirbhís eile a bhaineann le húsáid fuinnimh núicléach le haghaidh cuspóirí síochánta (lena n-áirítear seirbhísí innealtóireachta agus sainchomhairleoireachta agus seirbhísí a bhaineann le bogearraí, etc.). In FR: Ní mór do na gníomhaíochtaí sin oibleagáidí chomhaontuithe Euratom-Mheicsiceo a urramú. In HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le próiseáil breosla núicléach agus giniúint leictreachais núicléach-bhunaithe (ISIC 2330, cuid de 4010).
(e) Soláthar Gaile agus Uisce The (ISIC 4030, CPC 62271, 887)	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh agus dáileadh teasa (ISIC 4030, CPC 887). Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó a phríomháit chónaithe cláraithe aige ar chríoch Bhallstáit den Aontas, ar chríoch bhallstáit de LEE, nó ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4030, CPC 887). In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, mórdhíol agus miondíol gaile agus uisce the, agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta (ISIC 4030, CPC 887).
	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta: In FI: Srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the (ISIC 40, CPC 7131).
	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FI: Neamhcheangailte i ndáil le líonra agus córais tarchurtha agus dáileacháin gaile agus uisce the (ISIC 4030, CPC 7131 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).
III-EU-19 – Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh in áiteanna eile	
(a) Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta CPC 9703	Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In DE, FI, PT, SE agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta.
(b) Seirbhísí eile a bhaineann le gnó (cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, cuid de 85990)	Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In CZ: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ceant (cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de625, cuid de 85990).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In LT: Neamhcheangailte i ndáil le tarchur sonraí trí líonraí slána stáit maidir le tarchur sonraí, deonú sheoltaí idirlín dar críoch 'gov.lt', deimhniú scipéad airgid leictreonach.
	In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí ríomh-shainaitheantais.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis na Nótaí Míniúcháin, féadfar a áireamh ar na ceanglais maidir le clárú le Barra ceanglas go mbeadh céim sa dlí bainte amach sa tír óstach nó a coibhéis, nó go mbeadh roinnt oiliúna déanta faoi mhaoirseacht dlíodóra cheadúnaithe, nó go mbeadh gá le hoifig nó seoladh poist laistigh de dhlínse an Bharra ar bhallraíocht a fháil. Sa mhéid go bhfuil na ceanglais sin neamh-idirdhealaitheach, ní liostaítear iad.

([2]) Féach Foscríbhinn I-A.

([3]) Ar na bearta ábhartha sin, tá: Cláir réime uile an Aontais um thaighde nó um nuálaíocht atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear Rialacha Rannpháirtíochta Fís 2020 (arna leagan síos le Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh sa chlár 'Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)' agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006) agus rialacháin a bhaineann le Comhthionscnaimh Teicneolaíochta, le cinntí Airteagal 185 CFAE, agus leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), chomh maith le cláir thaighde náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

([4]) Tacaíonn an tAontas leis an 'Tuiscint maidir le raon feidhme an chumhdaigh i dtaca le seirbhísí ríomhaireachta- CPC 84'.

Foscríbhinn III-B-1

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

SCEIDEAL MHEICSICEO

Forchoimeádais is Infheidhme ar an Leibhéal Lárnach

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
1. SEIRBHÍSÍ GNÓ	
1.A. Seirbhísí Gairmiúla [1]	
(a) Seirbhísí dlí (CPC 861)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(b) Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta (CPC 862)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(d) Sainchomhairleoireacht agus staidéir theicniúla don ailtireacht (CPC 8671)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(e) Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus teicniúla don innealtóireacht (CPC 8672)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(f) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8673)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(g) Seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8674)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(h) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(i) Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta (CPC 9312)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(k) Eile - Seirbhísí reiligiúnacha (CPC 95910)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
1.B. Seirbhísí Ríomhaireachta agus Seirbhísí Gaolmhara	
(a) Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le suiteáil crua-earraí ríomhaire (CPC 841)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(b) Seirbhísí cur chun feidhme bogearraí (CPC 842)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(c) Seirbhísí próiseála sonraí (CPC 843)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(d) Seirbhísí bunachair sonraí (CPC 844)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(e) Eile (CPC 845 agus 849)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
1.C. Seirbhísí Taighde agus Forbartha (CPC 85) (seachas lárionaid taighde agus forbartha teicneolaíche)	
- Seirbhísí taighde agus forbartha turgnamhaí maidir leis an innealtóireacht agus maidir leis an teicneolaíocht (CPC 85103)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
- Seirbhísí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus maidir leis na daonnachtaí (CPC 852)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
1.D. Seirbhísí Réadmhaoine	
(a) Seirbhísí eastáit réadaigh a bhaineann le réadmhaoin an duine féin nó réadmhaoin ar léas (CPC 821) (seachas seirbhísí eastáit réadaigh a bhaineann le réadmhaoin an duine féin)	(1) Neamhcheangailte (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(b) Seirbhísí réadmhaoine ar bhonn táille nó conartha (CPC 822)	(1) Neamhcheangailte (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
1.E. Seirbhísí léasaithe nó cíosa gan oibreoir	
(a) Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le soithí gan oibreoir (CPC 83103)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(b) Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le haerárthach gan oibreoir (CPC 83104)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(c) Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le modhanna eile iompair gan oibreoir (teoranta do ghluaisteáin phríobháideacha gan oibreoir) (CPC 83101)	(1) Neamhcheangailte (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le modhanna iompair mhuirí gan oibreoir	(1) Neamhcheangailte (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(d) Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le hinnealra agus trealamh eile gan oibreoir:	
- Seirbhísí cíosa maidir le hinnealra agus trealamh talmhaíochta agus iascaigh (CPC 83106)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí cíosa maidir le trealamh leictreonach le haghaidh próiseáil sonraí (CPC 83108)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí cíosa maidir le trealamh agus troscán oifige (CPC 83108)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí cíosa maidir le hinnealra, trealamh agus troscán eile nach luaitear thuas (CPC 83109)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó).
- Seirbhísí cíosa maidir le hinnealra agus trealamh le haghaidh na hearnála tionsclaíochta (CPC 83109)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(e) Eile	
- Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le hearraí eile pearsanta nó tí (CPC 83209)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí cíosa maidir le teilifíseáin, trealamh fuaime, fístaifeadáin chaiséid agus uirlisí ceoil (CPC 83201)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí cíosa maidir le trealamh gairmiúil grianghrafadóireachta agus teilgeoirí (CPC 83209)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
1.F. Seirbhísí Gnó eile	
(a) Seirbhísí fógraíochta (CPC 871) (seachas seirbhísí craoltóireachta chomh maith le seirbhísí raidió agus teilifíse srianta)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(b) Seirbhísí taighde margaidh (CPC 8640)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(c) Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 8650)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(d) Foirmiúlachtaí riaracháin agus seirbhísí bailithe (CPC 8660)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(f) Seirbhísí a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	
- Seirbhísí a bhaineann le talmhaíocht (CPC 8811) (teoranta do sheirbhísí gairmiúla atá teagmhasach leis an talmhaíocht)	(1) agus (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, ach amháin mar a léirítear in 1.A (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí a bhaineann le feirmeoireacht ainmhithe (CPC 8812 teoranta do sheirbhísí gairmiúla atá teagmhasach le feirmeoireacht ainmhithe)	(1) agus (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, ach amháin mar a léirítear in 1.A (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
- Seirbhísí a bhaineann le foraoiseacht agus le lománaíocht (CPC 8814)	(1) agus (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, ach amháin mar a léirítear in 1.A (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(g) Seirbhísí a bhaineann le hiascaireacht (CPC 882)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(k) Socrú agus soláthar seirbhísí le haghaidh pearsanra (CPC 8720)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(l) Seirbhísí cosanta agus garda (CPC 8730)	(1) Neamhcheangailte (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, seachas na ceanglais a leagtar síos maidir le gach modh sonrach iompair. (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(n) Cothabháil agus deisiú trealaimh seachas soithí muirí, aerárthaí agus trealamh iompair eile	
- Deisiú agus cothabháil innealra agus trealaimh thionsclaíoch (CPC 8862)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Deisiú agus cothabháil trealaimh agus ionstraimí teicniúla gairmiúla (CPC 8866)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí deisiúcháin a bhaineann le táirgí, innealra agus trealamh miotail (CPC886)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
- Deisiú agus cothabháil innealra agus trealaimh le haghaidh úsáid ghinearálta, nach féidir a shannadh d'aon ghníomhaíocht shonrach (CPC 886)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(o) Seirbhísí glantacháin foirgneamh (CPC 8740)	(1) agus (3) Gan aon teorainn (2) Neamhcheangailte (*) (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(p) Seirbhísí grianghrafadóireachta	
- Seirbhísí próiseála grianghrafadóireachta agus scannán (CPC 87505 agus 87506)	(1) agus (3) Gan aon teorainn (2) Neamhcheangailte (*) (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(r) Priontáil agus foilsiú, ar bhonn táille nó conartha (CPC 88442) (teoranta d'fhoilsiú leabhar agus dá samhail; Priontáil agus ceangal, seachas nuachtpháipéar le haghaidh cúrsaíocht eisiach i gcríoch Mheicsiceo; agus tionscail chúnta agus ghaolmhara ina bhfuil eagarthóireacht agus priontáil, seachas monaraíocht le haghaidh clónna priontála a aicmítear faoi bhrainse 3811, 'teilgean agus múnlú páirteanna miotail fheiriúil agus neamhfheiriúil')	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(s) Seirbhísí coinbhinsiúin (CPC 87909 (***))	(1) Neamhcheangailte (*) (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(t) Eile	
- Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa (CPC 87901)	(1) Neamhcheangailte (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
- Seirbhísí deartha speisialtachta (CPC 87907)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí deartha thionsclaíoch (CPC 86725)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí fótachóipeála agus seirbhísí den chineál céanna (CPC 87904)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí bailithe níocháin (CPC 97011)	(1) Neamhcheangailte (*) (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
2. SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE	
2.B. Seirbhísí Cúiréireachta - Seirbhísí cúiréireachta (CPC 7512)	(1) Neamhcheangailte (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, seachas na ceanglais a leagtar síos maidir le gach modh sonrach iompair. (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
2.C. Seirbhísí teileachumarsáide (Seirbhísí teileachumarsáide a sholáthraítear le líonra teileachumarsáide poiblí saoráidbhunaithe (sreangbhunaithe agus radaileictreach) trí aon mheán teicneolaíoch, a áirítear i bhfomhíreanna (a), (b), (c), (f), (g) agus (o))	(1) Ní fhéadfar an trácht idirnáisiúnta a threorú ach trí chalafoirt idirnáisiúnta duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh ag a bhfuil lamháltas arna dheonú ag an ngníomhaireacht rialála chun líonra teileachumarsáide poiblí a shuiteáil, a oibriú nó a úsáid i gcríoch Mheicsiceo atá údaraithe chun seirbhísí fad-achair idirnáisiúnta a sholáthar. (2) Gan aon teorainn

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	(3) Forchoimeádfaidh an Coimisiún Rialála um Theileachumarsáid (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones) (dá ngairtear 'CRT' anseo feasta) 10 % den bhanda craolacháin FM a théann ó 88 go 108 MHz le haghaidh stáisiúin raidió comhphobal dúchasach FM. Deonófar an céatadán sin mar lamháltas don chuid uachtarach den bhanda dá dtagraítear. Sannfaidh CRT 90 MHz den bhanda 700 MHz go díreach chun líonra comhroinnte mórdhíola a oibriú agus a shaothrú trí lamháltas le haghaidh úsáid tráchtála. Féadfaidh athdhíoltóirí teileachumarsáide fad-achair idirnáisiúnta seirbhísí teileachumarsáide a chonrú go heisiach le lamháltóirí údaraithe. An gníomhaire eacnamaíoch ar dearbhaíodh é a bheith ina phríomhghníomhaire san earnáil teileachumarsáide nó na lamháltóirí atá mar chuid den ghrúpa eacnamaíoch lena mbaineann an príomhghníomhaire a dearbhaíodh, ní fhéadfaidh siad páirt a ghlacadh go díreach nó go hindíreach in aon athdhíoltóir. (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(a) Seirbhísí teileafóin (CPC 75211, 75212)	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(b) Seirbhísí tarchurtha sonraí paicéadlasctha (CPC 7523 (**))	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(c) Seirbhísí tarchurtha sonraí ciorcadlasctha (CPC 7523 (**))	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(f) Seirbhísí facs (CPC 7521 (**) agus 529 (**))	(1), (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(g) Seirbhísí ciorcaid phríobháidigh ar léas (CPC 7522 (**) agus 7523 (**))	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). Ní cheadaítear ciorcaid phríobháideacha ar léas a athdhíol le líonraí príobháideacha i Meicsiceo. (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
(o) Eile	
- Seirbhísí glaoireachta (CPC 75291)	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). (2) Gan aon teorainn (3) Mar a léirítear in 2.C.(3). (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí teileafóin shoghluaiste (75213 (**))	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Athdhíoltóirí ([2])	(1) Mar a léirítear in 2.C.(1). (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, cé is moite de na rialacháin is infheidhme maidir le bunú agus oibriú athdhíoltóirí. Ní eiseoidh CRT ceadanna chun athdhíoltóir a bhunú go dtí go n-eiseofar na rialacháin chomhfhreagracha (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
- Seirbhísí breisluacha (Seirbhísí a úsáideann líonra teileachumarsáide poiblí agus a dhéanann difear d'fhormáid, d'ábhar, do chód, do phrótacal, do stóráil nó do ghnéithe comhchosúla na faisnéise a tharchuireann úsáideoir agus úsáideoirí margaidh a bhfuil faisnéis bhreise acu, faisnéis atá éagsúil agus athstruchtúraithe, nó seirbhísí a bhfuil baint acu le húsáideoir idirghníomhaíochta ag a bhfuil faisnéis stóráilte) ([3])	(1) Tá clárú roimh CRT ina cheanglas chun seirbhísí breisluacha a sholáthar. Na seirbhísí breisluacha a thionscnaítear thar lear agus atá ceaptha le haghaidh chríoch Mheicsiceo, ní fhéadfar iad a thógáil agus a sheachadadh i Meicsiceo ach amháin trí bhonneagar nó trí shaoráidí lamháltais líonra teileachumarsáide poiblí (2) agus (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
- Seirbhísí tarchurtha raidió agus teilifíse (CPC 7524)	(1) agus (2) Gan aon teorainn (3) Gan aon teorainn, ach amháin mar a léirítear in 2.C.(3). (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
3. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE hINNEALTÓIREACHT	
3.A. Obair Ghinearálta Thógála le haghaidh Foirgneamh	
- Foirgnimh chónaithe (CPC 5121 agus 5122)	(1) agus (4) Neamhcheangailte (2) Neamhcheangailte (*) (3) Gan aon teorainn
- Foirgnimh neamhchónaithe (CPC 5124, 5127 agus 5128)	(1) agus (4) Neamhcheangailte (2) Neamhcheangailte (*) (3) Gan aon teorainn
3.B. Obair Ghinearálta Thógála le haghaidh Innealtóireacht Shibhialta	
- Oibreacha forbartha uirbí a thógáil (CPC 5131 agus 5135)	(1) Neamhcheangailte (2) Neamhcheangailte (*) (3) Gan aon teorainn (4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear i gCaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)
Gach earnáil	Chun críoch teacht isteach sealadach, deonóidh Meicsiceo fanacht aon bhliana amháin, agus féadfar síneadh a chur leis an bhfanacht sin trí huaire le haghaidh bliain amháin gach uair. Deonóidh Meicsiceo teacht isteach agus fanacht sealadach do chéilí infheisteoirí an Aontais Eorpaigh. Deonóidh Meicsiceo cead oibre do chéilí infheisteoirí an Aontais Eorpaigh, faoi réir tairiscint fostaíochta roimh ré i gcomhréir le dlí Mheicsiceo.

IARSCRÍBHINN V

SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. I liosta Páirtí sna foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, leagtar amach na gealltanais a thugann an Páirtí sin de bhun Airteagail 12.6 (Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha) nó 12.7 (Gairmithe Neamhspleácha).

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'CPC' uimhreacha Aicmithe Lárnaigh Táirgí faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991.

3. Tá liosta Páirtí comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

(a) an chéad cholún, ina léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina dtugtar gealltanais maidir le soláthróirí seirbhísí conarthacha nó gairmithe neamhspleácha; agus

(b) an dara colún, ina dtugtar tuairisc ar na teorainneacha is infheidhme; sonraítear le 'Neamhcheangailte' an easpa gealltanas.

4. Ní ghabhann na Páirtithe de láimh aon ghealltanas do sholáthróirí seirbhísí conarthacha ná do ghairmithe neamhspleácha i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn seo.

5. Ní bheidh feidhm ag gealltanais do sholáthróirí seirbhísí conarthacha ná do ghairmithe neamhspleácha i gcásanna inarb é aidhm nó éifeacht a láithreachta sealadaí cur isteach ar thoradh aon díospóide nó idirbheartaíochta saothair nó bainistíochta, nó difear a dhéanamh dó ar shlí eile.

6. Sa mhéid nach dtugtar gealltanais de bhun Chaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), leanfaidh dlíthe agus rialacháin na bPáirtithe maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach d'fheidhm a bheith acu, lena n-áirítear na dlíthe agus na rialacháin sin a bhaineann le tréimhse fanachta.

7. D'ainneoin Chaibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), leanann dlíthe agus rialacháin na bPáirtithe maidir le bearta fostaíochta agus slándála sóisialta d'fheidhm a bheith acu, lena n-áirítear na dlíthe agus na rialacháin sin a bhaineann le pá íosta chomh maith le comhaontuithe maidir le pá comhchoiteann.

8. Ní áirítear i liosta Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach teorannú córa náisiúnta iad de réir bhrí Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó 11.6 (Cóir Náisiúnta), ná i gcás nach srian ar rochtain ar an margadh iad de réir bhrí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Na bearta sin, amhail an ceanglas ceadúnas a fháil, na hoibleagáidí seirbhíse uiliche, an ceanglas cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith faighte, an ceanglas pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena bhféadfaí scrúduithe teanga a áireamh, agus aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna nó limistéir chosanta, beidh feidhm acu in aon chás, fiú mura liostaítear iad.

9. Sna hearnálacha ina gcuireann an tAontas Eorpach tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is é an príomhchritéar a bheidh iontu go ndéanfar measúnú ar staid ábhartha an mhargaidh sa Bhallstát nó sa réigiún ina soláthrófar an tseirbhís, lena n-áirítear maidir leis an líon soláthróirí seirbhísí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu.

10. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i Liosta an Aontais Eorpaigh:

AT an Ostair

BE an Bheilg ([1])

BG an Bhulgáir

CSS Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

LEE an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

EL an Ghréig

ES an Spáinn

AE an tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI an Fhionlainn ([2])

FR an Fhrainc

HR an Chróit

HU an Ungáir

IE Éire

IP Gairmithe Neamhspleácha

IT an Iodáil

LT an Liotuáin

LU Lucsamburg

LV an Laitvia

MT Málta

NL an Ísiltír

PL an Pholainn

PT an Phortaingéil

([1]) Chun críocha fhorchoimeádas na Beilge, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

([2]) Chun críocha fhorchoimeádas na Fionlainne, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK an tSlóvaic

11. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an oibleagáid cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear léi, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, an ceanglas an chóir chéanna a dheonaítear i mBallstát do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Bhallstáit eile, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta), a leathnú chuig daoine nádúrtha nó fiontair Mheicsiceo, nó aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

Foscríbhinn V-A

SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha (CSS)

1. Faoi réir na gcoinníollacha i mír 2 agus an liosta de na forchoimeádais i mír 9, tugann an tAontas gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 12.6 (Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha) i dtaca leis an gcatagóir sin sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha seo a leanas:

(a) seirbhísí dlí ([1]);

(b) seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta;

(c) seirbhísí comhairleacha cánach;

(d) seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;

(e) seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;

(f) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;

(g) seirbhísí taighde agus forbartha;

(h) seirbhísí fógraíochta;

(i) seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;

(j) seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta;

(k) seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla;

(l) seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla;

(m) cothabháil agus deisiú trealaimh i gcomhthéacs conartha seirbhíse iardhíola nó iar-léasa;

(n) seirbhísí aistriúcháin;

(o) seirbhísí foirgníochta;

(p) obair imscrúdaithe láithreáin;

(q) seirbhísí ardoideachais;

([1]) Maidir le forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I nó II ag Ballstát i gcás dlí náisiúnta lena gcumhdaítear dlí an Aontais agus na mBallstát, tá feidhm aige freisin maidir leis an Iarscríbhinn seo.

(r) seirbhísí comhshaoil; agus

(s) seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais.

2. Comhlíonfaidh CSS na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór do dhaoine nádúrtha a bheith i mbun seirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach mar fhostaithe de chuid fiontair a bhfuil conradh seirbhíse faighte aige, conradh nach faide ná 12 mhí;

(b) i gcás daoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas Eorpach, ní mór na seirbhísí sin a bheith á dtairiscint acu mar fhostaithe an fhiontair a sholáthraíonn na seirbhísí le linn na bliana díreach roimh an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas Eorpach ar a laghad; ina theannta sin, ní mór do na daoine nádúrtha taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad a bheith acu ([2]) san earnáil gníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas;

(c) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas an méid seo a leanas a bheith acu:

(i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach ([3]); agus

(ii) cáilíochtaí gairmiúla chun gníomhaíocht a dhéanamh i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís;

(d) níor cheart do dhaoine nádúrtha luach saothair a fháil as seirbhísí a sholáthar i gcríoch an Aontais seachas an luach saothair a íocfaidh an fiontar a fhostaíonn an duine nádúrtha; agus

(e) ní mó an líon daoine a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse ná mar is gá chun an conradh a chomhlíonadh, de réir mar a fhéadfar é a iarraidh le dlí an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís.

3. An rochtain a thugtar de bhun Airteagal 12.6 (Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha), ní bhaineann sí ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugtar teidlíocht léi chun teideal gairmiúil an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís a fheidhmiú.

4. Is tréimhse charntha nach faide ná 12 mhí in aon tréimhse 24 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, an fad incheadaithe fanachta le haghaidh soláthróirí seirbhísí conarthacha, agus is féidir síntí a chur leis faoi rogha an Aontais agus a Bhallstát.

Gairmithe Neamhspleácha (IP)

5. Faoi réir na gcoinníollacha i mír 6 agus an liosta de na forchoimeádais i mír 9, tugann an tAontas gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 12.7 (Gairmithe Neamhspleácha) i dtaca leis an gcatagóir sin sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha seo a leanas:

(a) seirbhísí dlí ([4]);

(b) seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;

([2]) A fuarthas tar éis lán-aois a bhaint amach.
([3]) Mura bhfuarthas an chéim nó an cháilíocht sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, féadfaidh an Ballstát sin a mheas an bhfuil an chéim nó an cháilíocht sin coibhéiseach le céim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.
([4]) Maidir le forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí a bhfuil tuairisc orthu in Iarscríbhinn I nó II ag Ballstát i gcás dlí náisiúnta lena gcumhdaítear dlí an Aontais agus dlí na mBallstát, tá feidhm aige freisin maidir leis an Iarscríbhinn seo.

(c) seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;

(d) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;

(e) seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;

(h) seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta; agus

(i) seirbhísí aistriúcháin.

6. Comhlíonfaidh IP na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór do dhaoine nádúrtha a bheith i mbun seirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach mar dhaoine féinfhostaithe atá bunaithe i Meicsiceo agus ní mór dóibh conradh seirbhíse a bheith faighte acu ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí;

(b) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad a bheith acu san earnáil gníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas;

(c) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas an méid seo a leanas a bheith acu:

(i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach; ([5]) agus

(ii) cáilíochtaí gairmiúla chun gníomhaíocht a dhéanamh más ceanglas é sin sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís.

7. An rochtain a thugtar de bhun Airteagal 12.7 (Gairmithe Neamhspleácha), ní bhaineann sí ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugtar teidlíocht léi chun teideal gairmiúil an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís a fheidhmiú.

8. Is tréimhse charntha nach faide ná 12 mhí in aon tréimhse 24 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, an fad incheadaithe fanachta le haghaidh gairmithe neamhspleácha, agus is féidir síntí a chur leis faoi rogha an Aontais agus a Bhallstáit.

([5]) Mura bhfuarthas an chéim nó an cháilíocht sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, féadfaidh an Ballstát sin a mheas an bhfuil an chéim nó an cháilíocht sin coibhéiseach le céim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

9. Liosta na bhforchoimeádas

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-1 AE – Gach earnáil	Fad fanachta In AT: Is tréimhse charntha nach faide ná 6 mhí in aon tréimhse 12 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh sa tréimhse fanachta uasta le haghaidh CSS agus IP. In CY: Is tréimhse 6 mhí a fhéadfar a athnuachan aon uair amháin go ceann tréimhse bhreise 6 mhí, nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh sa tréimhse fanachta uasta le haghaidh CSS agus IP. In BE, CZ, LT, MT agus PT: Is tréimhse nach faide ná 12 mhí charntha nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh sa tréimhse fanachta uasta le haghaidh CSS agus IP.
V-EU-2 Seirbhísí comhairleacha dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí eachtrach (cuid de CPC 861)	CSS: In BG, CZ, DK, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SI agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IT, LT, MT, RO, SI agus SK: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-3 Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86212 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219 agus 86220)	CSS: In BG, CZ, CY, DK, EL, FI, FR, HU, LT, LV, MT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-4 Seirbhísí cánachais (CPC 863) [1]	CSS: In BG, CY, CZ, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In PT: Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-5 Seirbhísí ailtireachta agus seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671 agus 8674)	CSS: In AT (seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BG, CZ, DE, HU, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In FI: Ní mór do dhaoine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. IP: In AT (Seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, CZ, DK, ES, HU, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.
V-EU-6 Seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8672 agus 8673)	CSS: In AT (Seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BG, CZ, DE, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In AT (Seirbhísí pleanála amháin): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, CZ, DK, ES, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-7 Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch ach amháin i gcás tréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. IP: In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, HU, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. In HR: Neamhcheangailte.
V-EU-8 Seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852 seachas seirbhísí síceolaithe [2], agus 853)	CSS: San Aontas Eorpach: Tá comhaontú óstála le heagraíocht taighde fhormheasta ina cheanglas [3]. In CZ, DK, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-9 Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	CSS: In AT, BG, CY, CZ, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-10 Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. IP: In AT, BE, BG, CZ, DK, ES, HR, HU, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-11 Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta (CPC 866)	CSS: In AT, BG, CY, CZ, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de sheirbhísí eadrána agus idir-réitigh (CPC 86602), agus sa chás sin: Neamhcheangailte.
V-EU-12 Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí.
V-EU-13 Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	CSS: In AT, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BG: Neamhcheangailte. In DE (Suirbhéirí arna gceapadh go poiblí): Neamhcheangailte. In FR: (Oibríochtaí suirbhéireachta a bhaineann le cearta réadmhaoine a bhunú agus le dlí talún): Neamhcheangailte.
V-EU-14 Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí ([4]) i gcomhthéacs conartha seirbhíse iar-dhíola nó iar-léasa (CPC 633, 7545, 8861, 8862, 8864, 8865 agus 8866)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, HU, IE, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Neamhcheangailte, ach amháin i gcomhthéacs conartha iardhíola nó iarléasa, agus sa chás sin tá fad an fhanachta teoranta do 6 mhí. Cothabháil agus deisiú earraí pearsanta agus tí (CPC 633): Tástáil riachtanas eacnamaíoch.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-15 Seirbhísí aistriúcháin (CPC 87905, seachas gníomhaíochtaí oifigiúla nó deimhnithe)	CSS: In AT, BG, CZ, DK, FI, HU, IE, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In AT, BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IE, IT, LT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HR: Neamhcheangailte.
V-EU-16 Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí a bhaineann le hinnealtóireacht (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518. BG: CPC 512, 5131, 5132, 5135, 514, 5161, 5162, 51641, 51643, 51644, 5165 agus 517)	CSS: San Aontas Eorpach: Neamhcheangailte ach amháin in BE, CZ, DK, ES, FR, NL agus SE. In CZ: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FR: Neamhcheangailte, cé is moite de theicneoirí, sa chás seo a leanas: Seachadtar an cead oibre ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí. Is gá tástáil riachtanas eacnamaíoch a chomhlíonadh.
V-EU-17 Obair imscrúdaithe láithreáin (CPC 5111)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta suas le 3 mhí.
V-EU-18 Seirbhísí ardoideachais (CPC 923)	CSS: San Aontas Eorpach ach amháin in LU, SE: Neamhcheangailte. In LU: Neamhcheangailte, cé is moite d'ollúna ollscoile, agus sa chás sin teorainn ar bith. In SE: (Soláthróirí seirbhísí oideachais arna gcistiú go poiblí agus go príobháideach agus a bhfuil tacaíocht éigin Stáit acu): Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
V-EU-19 Seirbhísí comhshaoil (CPC 9401, 9402, 9403, 9404, cuid de 94060, 9405, cuid de 9406 agus 9409)	CSS: In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, EL, HU, LT, LV, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
V-EU-20 Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (CPC 7471 lena n-áirítear bainisteoirí turais ([5]))	CSS: In BE, IE: Neamhcheangailte, cé is moite de bhainisteoirí turais, agus sa chás sin teorainn ar bith. In BG, EL, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO agus SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, cé is moite de thréimhsí fanachta suas le 3 mhí.

([1]) Ní áirítear seirbhísí comhairleacha dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí i ndáil le cúrsaí cánach, a thagann faoi sheirbhísí comhairleacha dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na tíre baile.

([2]) Cuid de CPC 85201, a thagann faoi sheirbhísí leighis agus fiaclóireachta.

([3]) I gcás na mBallstát uile seachas DK, le formheas na heagraíochta taighde agus an chomhaontaithe óstála, comhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos de bhun Threoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críoch taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (IO AE L 132, 21.5.2016, lch. 21).

([4]) Aicmítear seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin innealra agus trealaimh oifige lena n-áirítear ríomhairí (CPC 845) faoi sheirbhísí ríomhaireachta.

([5]) Soláthróirí seirbhíse a bhfuil sé d'fheidhm acu grúpa turais de 10 nduine nádúrtha ar a laghad a thionlacan, gan gníomhú ina dtreoraithe in áiteanna sonracha.

Foscríbhinn V-B

SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA

LIOSTA MHEICSICEO

Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

1. Áirítear sa chatagóir seo freisin gairmithe agus gairmithe teicneora.

2. Chun críocha na catagóire seo:

(a) ciallaíonn 'gairmí' duine nádúrtha atá ag gabháil do ghairm speisialtachta lena gceanglaítear an méid seo a leanas:

(i) cur i bhfeidhm teoiriciúil agus praiticiúil corpais saineolais; agus

(ii) baint amach céime iar-mheánscoile le haghaidh iontráil sa ghairm;

(b) ciallaíonn 'gairmí teicneora' gairmí ag a bhfuil:

(i) cur i bhfeidhm teoiriciúil agus praiticiúil corpais saineolais; agus

(ii) céim iar-mheánscoile bainte amach le haghaidh iontráil sa ghairm.

3. Liosta na bhforchoimeádas

Earnáil nó Fo-earnáil	Coinníollacha agus Teorainneacha (lena n-áirítear fad fanachta)
Gach earnáil	1. Chun críoch teacht isteach sealadach, deonóidh Meicsiceo fanacht aon bhliana amháin, agus féadfar síneadh a chur leis an bhfanacht sin trí huaire le haghaidh bliain amháin gach uair. 2. Deonóidh Meicsiceo teacht isteach sealadach agus soláthróidh sé doiciméadacht deimhniúcháin do dhuine gnó atá ag iarraidh gabháil do ghníomhaíocht ghnó ar leibhéal gairmiúil nó do ghairmí teicneora, bunaithe ar chonradh oibre, ar choinníoll go gcuirtear isteach an méid seo a leanas: (a) doiciméadacht lena léirítear go mbeidh an duine gnó ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin agus ina dtugtar tuairisc ar an gcuspóir maidir le teacht isteach; agus (b) doiciméadacht lena léirítear go bhfuil na riachtanais acadúla íosta nó céimeanna nó teastais acadúla mhalartacha ag an duine gnó. 3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní thabharfar le tuiscint le teacht isteach sealadach gairmithe nó gairmithe teicneora go n-aithneofar céimeanna nó teastais acadúla, ná go ndeonófar ceadúnais le haghaidh cleachtas gairmiúil. 4. Tá an chatagóir seo faoi réir tairiscint fostaíochta i Meicsiceo a bhfuil luach saothair ag dul léi.

Earnáil nó Fo-earnáil	Coinníollacha agus Teorainneacha (lena n-áirítear fad fanachta)
	5. I dtaca leis na gairmeacha nó leis na gníomhaíochtaí seo a leanas, deonófar teacht isteach sealadach i gcatagóir an ghairmí teicneora: (a) dearadh agus fógraíocht; (b) ailtireacht agus dearadh intí; (c) cuntasaíocht agus bainistíocht; (d) turasóireacht agus gastranamaíocht; (e) córais agus ríomhaireacht; (f) innealtóireacht; (g) sláinte (lena n-áirítear altranas teicniúil, cógaisíocht agus fisiteiripe); (h) foirgníocht; (i) leictreachas agus cumarsáid; (j) táirgeadh tionsclaíoch; agus (k) cothabháil agus deisiú innealra agus trealaimh (lena n-áirítear cothabháil agus deisiú na gcineálacha uile feithiclí, soithí agus aerárthaí), ar choinníoll nach bhfuil an gairmí teicneora mar chuid d'fhoireann aon soithigh nó aon aerárthaigh a bhfuil an bhratach ar foluain acu nó a bhfuil lógó ceannaí Mheicsiceo ar taispeáint acu. Deonóidh Meicsiceo teacht isteach agus fanacht sealadach do chéilí sholáthróirí seirbhísí conarthacha an Aontais Eorpaigh, do ghairmithe an Aontais Eorpaigh agus do ghairmithe teicneora an Aontais Eorpaigh. Deonóidh Meicsiceo cead oibre do chéilí sholáthróirí seirbhísí conarthacha an Aontais Eorpaigh, do ghairmithe an Aontais Eorpaigh agus do ghairmithe teicneora an Aontais Eorpaigh, faoi réir tairiscint fostaíochta roimh ré i gcomhréir le dlí Mheicsiceo.

IARSCRÍBHINN VI

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. I liosta Páirtí sna foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, leagtar amach an méid seo a leanas:

(a) i Roinn A, de bhun mhír 1 d'Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), bearta an Pháirtí sin atá ann cheana nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:

(i) Airteagal 18.3 (Cóir Náisiúnta);

(ii) Airteagal 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);

(iii) Airteagal 18.5 (Rochtain ar an Margadh);

(iv) Airteagal 18.6 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó

(v) Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais); agus

(b) i Roinn B, de bhun mhír 2 d'Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha ar ina leith a fhéadfaidh an Páirtí sin bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh, ar bearta iad nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:

(i) Airteagal 18.3 (Cóir Náisiúnta);

(ii) Airteagal 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);

(iii) Airteagal 18.5 (Rochtain ar an Margadh);

(iv) Airteagal 18.6 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó

(v) Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais).

2. Tá liosta Páirtí gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

3. I ngach iontráil i Roinn A de liosta an Pháirtí, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'Earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn 'Fo-earnáil' don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;

(c) sonraíonn 'Oibleagáidí lena mBaineann' na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1(a) den Iarscríbhinn seo nach bhfuil feidhm acu, de bhun mhír 1 d'Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), maidir leis na bearta a liostaítear san iontráil;

(d) le 'Leibhéal Rialtais' tagraítear don leibhéal rialtais a choinníonn na bearta sonraithe ar bun;

(e) sainaithnítear le 'Bearta' na dlíthe, na rialacháin nó na bearta eile a ndéantar an iontráil ina leith; maidir le beart a luaitear san eilimint 'bearta':

(i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh;

(ii) cuimsíonn sé aon fhobheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis an mbeart; agus

(iii) cuimsíonn sé, i gcás an Aontais Eorpaigh, treoracha agus aon dlí, aon rialachán nó aon bheart eile lena gcuirtear an treoir ábhartha chun feidhme ar leibhéal na mBallstát; agus

(f) sa 'Tuairisc' leagtar amach gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana nó tugtar tuairisc ghinearálta neamhcheangailteach ar an mbeart a ndéantar an iontráil ina leith.

4. Agus iontráil i roinn A á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Beidh forlámhas ag an eilimint 'beart' ar gach eilimint eile.

5. I ngach iontráil i Roinn B den liosta, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'Earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn 'Fo-earnáil' don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;

(c) sonraíonn 'Oibleagáidí lena mBaineann' na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír 1(b) den Iarscríbhinn seo nach bhfuil feidhm acu, de bhun mhír 2 d'Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha), maidir leis na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí a liostaítear san iontráil;

(d) le 'Leibhéal rialtais' tagraítear don leibhéal rialtais a choinníonn na bearta sonraithe ar bun;

(e) sa 'Tuairisc' leagtar amach raon feidhme na hearnála, na fo-earnála nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas; agus

(f) le 'Bearta atá ann cheana', i gcás ina sonraítear iad, sainaithnítear, chun críoch trédhearcachta, liosta neamh-uileghabhálach de bhearta atá ann cheana a bhfuil feidhm acu maidir leis an earnáil, leis an bhfo-earnáil nó leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas.

6. Agus iontráil i roinn B á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Beidh forlámhas ag eilimint na 'tuairisce' ar gach eilimint eile.

7. I dtaca le liostú forchoimeádais i Roinn A nó B, ní chiallaíonn sé nach féidir údar a thabhairt leis, ar shlí eile, mar bheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta de bhun Airteagal 18.13 (Díolmhú Stuamachta).

8. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais agus de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas.

9. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó ar leibhéal náisiúnta Ballstáit den Aontas Eorpach, tá feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.

10. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i dtaca le beart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 18.18 (Rialáil Intíre agus Trédhearcacht) a chomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 18.3 (Cóir Náisiúnta), 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), 18.5 (Rochtain ar an Margadh), 18.6 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí), nó 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais), ní gá é a liostú i liosta Páirtí.

11. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní teorainn le hAirteagal 18.5 (Rochtain ar an Margadh) iad na 'teorainneacha maidir le rannpháirtíocht caipitil eachtraigh i dtaca le teorainn uasta an chéatadáin le scairshealbhú eachtrach nó luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí aonair nó na hinfheistíochta eachtraí comhiomláine'.

12. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i liosta an Aontais Eorpaigh:

AT an Ostair

BE an Bheilg ([1])

BG an Bhulgáir

CY an Chipir

CZ an tSeicia

DE an Ghearmáin

DK an Danmhairg

EE an Eastóin

EL an Ghréig

ES an Spáinn

AE an tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI an Fhionlainn ([2])

FR an Fhrainc

HR an Chróit

HU an Ungáir

IE Éire

IT an Iodáil

LT an Liotuáin

LU Lucsamburg

LV an Laitvia

MT Málta

NL an Ísiltír

PL an Pholainn

([1]) Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

([2]) Chun críocha fhorchoimeádais na Fionlainne, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland.

PT an Phortaingéil

RO an Rómáin

SE an tSualainn

SI an tSlóivéin

SK an tSlóvaic

13. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an oibleagáid cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear léi, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, an ceanglas an chóir chéanna a dheonaítear i mBallstát do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Bhallstáit eile, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta), a leathnú chuig daoine nádúrtha nó fiontair Mheicsiceo, nó aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

14. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha liosta Mheicsiceo, is é Meicsiceo an chiall atá leis na téarmaí 'Náisiún' agus 'Stát'.

Foscríbhinn VI-A

FORCHOIMEÁDAIS LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

(infheidhme i ngach Ballstát ach amháin má shonraítear a mhalairt)

ROINN A

VI-EU-A-1

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In BG: Is mar chuideachta comhstoic atá ceadúnaithe i gcomhréir leis an gCód Árachais Shóisialta agus atá cláraithe faoin Acht um Thráchtáil nó faoi reachtaíocht Ballstáit eile (gan bhrainsí) a chuirfear árachas pinsin ar fáil.

Féadfaidh tionscnóirí agus scairshealbhóirí cuideachtaí árachais pinsin a bheith ina ndaoine dlítheanacha neamhchónaitheacha, atá cláraithe mar institiúid árachais shóisialta, árachais tráchtála nó institiúid airgeadais eile faoi dhlí Bhallstát na ndaoine dlítheanacha neamhchónaitheacha sin, má chuireann siad teistiméireachtaí bainc ar fáil ó bhanc eachtrach den chéad aicme arna ndearbhú ag Banc Náisiúnta na Bulgáire. Ní féidir le daoine nádúrtha neamhchónaitheacha a bheith ina dtionscnóirí ná ina scairshealbhóirí de chuid cuideachtaí árachais pinsin.

Maidir le hioncam chistí forlíontacha na bpinsean deonach, chomh maith le hioncam cosúil leis atá ceangailte go díreach le hárachas pinsin deonach arna chur ar fáil ag daoine atá cláraithe faoi reachtaíocht Ballstáit eile agus a fhéadfaidh, i gcomhréir leis an reachtaíocht lena mbaineann, oibríochtaí árachais pinsin dheonaigh a dhéanamh, ní bheidh an t-ioncam sin incháinithe de réir an nós imeachta a bunaíodh leis an Acht um Cháin Ioncaim Chorparáideach.

Ní mór do chathaoirleach an bhoird bainistíochta, do chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí, don stiúrthóir feidhmiúcháin agus don ghníomhaire bainistíochta seoladh buan a bheith acu nó cead cónaithe fadtéarmach a bheith acu in BG.

Bearta:

BG: Cód Árachais Shóisialta, Airteagail 120a go 162, 209 go 253 agus 260 go 310.

VI-EU-A-2

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In AT: Chun ceadúnas a fháil le hoifig brainse a oscailt, ní mór d'árachóirí eachtracha foirm dhlíthiúil a bheith acu a chomhfhreagraíonn do chuideachta comhstoic nó comhlachas árachais fhrithpháirtigh ina dtír bhaile, nó atá inchomparáide leis an gcuideachta nó comhlachas sin.

Is éard a bheidh i mbainistíocht oifige brainse beirt nádúrtha ar a laghad a bhfuil cónaí orthu in AT.

In BG: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht chun árachas a sholáthar, ní mór d'árachóir nó d'athárachóir eachtrach a bheith údaraithe chun oibriú ina thír thionscnaimh sna haicmí árachais céanna leis na haicmí árachais ar mian leis a sholáthar in BG.

Ceanglas cónaitheachta ar chomhaltaí comhlachta bainistíochta agus maoirseachta de ghnóthais (ath)árachais agus ar gach duine atá údaraithe chun bainistíocht nó ionadaíocht a dhéanamh ar an ngnóthas (ath)árachais.

Bearta:

AT: An tAcht um Maoirseacht Árachais (*Versicherungsaufsichtsgesetz, VAG*), § 5 (1) 3.

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56 go 63, 65, 66 agus mír 4 d'Airteagal 80.

VI-EU-A-3

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In ES: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht in ES, chun aicmí áirithe árachais a sholáthar, ní mór d'árachóir eachtrach a bheith údaraithe chun oibriú sna haicmí céanna árachais ina dtír thionscnaimh ar feadh 5 bliana ar a laghad.

In PT: Chun brainse nó gníomhaireacht a bhunú, ní mór do chuideachtaí árachais eachtracha taithí oibriúcháin de 5 bliana ar a laghad a léiriú.

In PT, ES agus BG: Níl brainsiú díreach ceadaithe le haghaidh idirghabháil árachais, rud atá forchoimeádta do chuideachtaí a bunaíodh i gcomhréir le dlí Ballstáit.

In SE: Is trí bhrainse amháin a fhéadfar gnóthais idirghabhála árachais nach bhfuil corpraithe san Aontas a bhunú.

Bearta:

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56 go 63, 65, 66 agus mír 4 d'Airteagal 80.

In ES: Reglamento de Ordenación, Supervisión y Solvencia de Entidades Aseguradoras y Reaseguradoras (RD 1060/2015), Airteagal 36.

PT: Dlí Foraithne 94-B/98 Airteagal 7 agus Roinn VI de Chaibidil I, Dlí Foraithne 144/2006, míreanna 6 agus 7 d'Airteagail 34 agus 7.

VI-EU-A-4

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In DE agus LT: Tá bunú agus údarú brainse ina gceanglas chun gur féidir le cuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach seirbhísí árachais dhírigh a sholáthar.

Bearta

DE: § § 67 go 69 den Acht um Maoirseacht Árachais (*Versicherungsaufsichtsgesetz, VAG*) le haghaidh na seirbhísí árachais uile a bhfuil Sócmhainneacht 2 á cur chun feidhme acu; i ndáil le § 105 de *Luftverkehrs-Zulassungs-Ordnung* (*LuftVZO*) le haghaidh árachas dliteanais aeir éigeantaigh amháin.

LT: Dlí um Árachas, an 18 Meán Fómhair 2003, Uimh. IX-1737, an leasú deireanach an 15 Nollaig 2016; agus Dlí Uimh. XIII-98.

VI-EU-A-5

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In EL: Leis an gceart bunaíochta, ní cheadaítear cruthú oifigí ionadaíocha ná láithreacht bhuan eile cuideachtaí árachais, ach amháin i gcás ina mbunaítear na hoifigí sin mar ghníomhaireachtaí, brainsí nó ceannoifigí.

In PL: Tá corprú áitiúil (gan bhrainsí) ina cheanglas le haghaidh idirghabhálaithe árachais.

Bearta:

EL: Foraithne Reachtach 400/1970.

PL: An tAcht um Ghníomhaíocht Árachais an 22 Bealtaine 2003; agus

An tAcht um Idirghabháil Árachais an 22 Bealtaine, 2003 (Iris Dlíthe 2003, Uimh. 124, mír 1154), Airteagail 16 agus 31.

VI-EU-A-6

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In IT: Chun bheith údaraithe chun an córas um shocrú urrús a oibriú nó na seirbhísí lárnacha um thaiscí urrúis a sholáthar ag a bhfuil bunaíocht in IT, ceanglaítear ar chuideachta a bheith corpraithe in IT (gan bhrainsí).

I gcás scéimeanna comhinfheistíochta seachas gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (dá ngairtear 'UCITS' anseo feasta) arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíocht an Aontais, tá sé ina cheanglas go mbeadh an t-iontaobhaí nó an taisceánach bunaithe in IT nó i mBallstát eile agus brainse a bheith aige in IT.

Tá sé ina cheanglas freisin go mbeadh fiontair bhainistíochta le haghaidh cistí infheistíochta nach bhfuil comhchuibhithe faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh corpraithe in IT (gan bhrainsí).

Ní fhéadfaidh ach bainc, fiontair árachais, fiontair infheistíochta agus gnóthais a dhéanann bainistíocht ar UCITS arna gcomhchuibhiú faoi dhlí an Aontais agus a bhfuil a gceannoifig dhlíthiúil san Aontas Eorpach, chomh maith le UCITS corpraithe in IT, bainistíocht a dhéanamh ar acmhainn ciste pinsin.

Agus an ghníomhaíocht díolta ó dhoras go doras á soláthar acu, ní mór d'idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaraithe a bhfuil cónaí orthu laistigh de chríoch Ballstáit.

Ní féidir le hoifigí ionadaíochta idirghabhálaithe nach idirghabhálaithe den Aontas iad gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar sheirbhísí infheistíochta a sholáthar, lena n-áirítear trádáil dilseánaigh agus trádáil do chuntas na gcustaiméirí, socrú agus frithghealladh ionstraimí airgeadais (brainse ina cheanglas).

Bearta:

IT: Foraithne Reachtach 58/1998, Airteagail 1, 19, 28, 30 go 33, 38, 69 agus 80;

Comhrialachán Bhanc na hIodáile agus Consob an 22 Feabhra 1998, Airteagail 3 agus 41;

Rialachán Bhanc na hIodáile an 25 Eanáir 2005, Teideal V, Caibidil VII, Roinn II;

Rialachán Consob maidir le hIdirghabhálaithe uimh. 16190 an 29.10.2007, Airteagail 17 go 21, 78 go 81, 91 go 111; agus atá faoi réir:

Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (CSDR), Airteagal 69(4).

VI-EU-A-7

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In BG: Beidh príomhghnó na hinstitiúide airgeadais ar chríoch BG.

In HU: Ní ghabhfaidh brainsí de chuideachtaí neamh-LEE um bainistíocht cistí infheistíochta do bhainistiú chistí infheistíochta an Aontais agus ní sholáthróidh siad seirbhísí bainistíochta sócmhainne do chistí pinsin príobháideacha.

Bearta:

BG: Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa, Airteagal 3a;

Cód Árachais Shóisialta, Airteagal 121e; agus

Dlí Airgeadra, Airteagal 3.

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus

Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

VI-EU-A-8

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In BG: Beirt nádúrtha ar a laghad a dhéanfaidh bainistiú agus ionadaíocht go comhpháirteach ar an mbanc, agus beidh duine amháin acu oilte sa Bhulgáiris. Beidh na daoine nádúrtha a dhéanann bainistiú agus ionadaíocht ar an mbanc i láthair go pearsanta ag a sheoladh bainistíochta.

In HU: Beidh beirt chomhaltaí ar a laghad ar bhord stiúrthóirí institiúide creidmheasa a bhfuil cónaí orthu in HU de réir na rialachán ar mhalairt eachtrach agus ar a raibh buanchónaí in HU roimhe sin ar feadh bliain amháin ar a laghad.

In SE: Beidh bunaitheoir bainc taisce ina dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air in LEE.

Bearta:

BG: Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa, Airteagal 10;

Cód Árachais Shóisialta, Airteagal 121e; agus

Dlí Airgeadra, Airteagal 3.

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus

Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

SE: An tAcht um Banc Taisce (*Sparbankslagen*) (1987:619), Caibidil 2 § 1, an dara mír.

VI-EU-A-9

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In PT: I gcás bainistíocht cistí pinsin, ní fhéadfar í a sholáthar ach amháin trí chuideachtaí speisialaithe atá corpraithe in PT don chuspóir sin agus trí chuideachtaí árachais atá bunaithe in PT agus atá údaraithe chun dul i mbun gnó árachais saoil, nó trí eintitis atá údaraithe chun bainistíocht cistí pinsin a sholáthar i mBallstáit eile. Níl brainsí díreacha ó thíortha neamh-AE ceadaithe.

In RO: Is daoine dlítheanacha arna mbunú mar chuideachtaí comhstoic iad oibreoirí margaidh i gcomhréir le forálacha an Dlí Cuideachta. Is féidir le hoibreoir córais arna chur ar bun faoi na coinníollacha a bhfuil tuairisc orthu thuas nó gnólacht infheistíochta atá údaraithe ag an gCoimisiún Náisiúnta um Urrúis (*Comisia Nationala a Valorilor Mobiliare, CNVM*) córais trádála mhalartacha a bhainistiú.

In SI: Féadfar scéim pinsin a sholáthar trí chiste frithpháirteach pinsin, nach eintiteas dlítheanach é agus a bhíonn á bhainistiú, dá bhrí sin, ag cuideachta árachais, banc nó cuideachta pinsin. Ina theannta sin, is féidir le soláthraithe scéime pinsin scéim pinsin a sholáthar a bhunaítear i gcomhréir le dlí an Bhallstáit.

Bearta:

PT: Dlí Foraithne 12/2006 arna leasú le Dlí Foraithne 180/2007;

Dlí Foraithne 357-A/2007; agus

Rialachán 7/2007-R, arna leasú le Rialachán 2/2008-R, Rialachán 19/2008-R agus Rialachán 8/2009.

RO: Dlí Uimh. 297/2004 maidir le margaí caipitil; agus CNVM (*Comisia Nationala a Valorilor Mobiliare*) Rialachán Uimh. 2/2006 maidir le margaí rialáilte agus córais trádála mhalartacha.

SI: An tAcht um Pinsean agus Árachas Míchumais (Iris Oifigiúil Uimh. 102/15).

VI-EU-A-10

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	An tAontas nó Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

In HU: Is trí bhrainse in HU amháin a fhéadfaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid LEE iad seirbhísí airgeadais a sholáthar nó gabháil do ghníomhaíochtaí cúnta do sheirbhísí airgeadais.

Bearta:

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus

Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

ROINN B

VI-EU-B-1

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Uile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.6)

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun ceangal a chur ar institiúid airgeadais, cé is moite de bhrainse, foirm dhlíthiúil shonrach a ghlacadh agus é á bunú féin i mBallstát, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

VI-EU-B-2

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

In FI: Tá soláthar seirbhísí bróicéara árachais faoi réir buanáit ghnó san Aontas Eorpach.

Ní fhéadfaidh ach árachóirí ag a bhfuil ceannoifig san Aontas nó ag a bhfuil brainse in FI seirbhísí árachais dhírigh, lena n-áirítear comhárachas, a thairiscint.

Leathchuid ar a laghad de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus an bhoird maoirseachta, chomh maith le stiúrthóir bainistíochta cuideachta árachais a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil, beidh a n-áit chónaithe acu in LEE, ach amháin má tá díolúine deonaithe dóibh ag na húdaráis inniúla. Ní féidir le hárachóirí eachtracha ceadúnas a fháil in FI mar bhrainse chun a bheith ag gabháil d'árachas pinsin reachtúil. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE.

Maidir le cuideachtaí árachais eile, tá sé ina cheanglas go mbeidh comhalta amháin den bhord stiúrthóirí, an bord maoirseachta agus an stiúrthóir bainistíochta ar a laghad ina gcónaí in LEE. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE. Ní mór do ghníomhaire ginearálta chuideachta árachais Mheicsiceo a áit chónaithe a bheith aige in FI, mura bhfuil ceannoifig na cuideachta san Aontas Eorpach.

Bearta:

An tAcht um Chuideachtaí Árachais Eachtracha (*Laki ulkomaisista vakuutusyhtiöistä*) (398/1995); An tAcht um Chuideachtaí Árachais (*Vakuutusyhtiölaki*) (521/2008);

An tAcht um Idirghabháil Árachais (*Laki vakuutusedustuksesta*) (570/2005);

An tAcht um Dháileadh Árachais (*Laki vakuutusten tarjoamisesta*) (234/2018); agus

An tAcht um Chuideachtaí a sholáthraíonn Árachas Pinsin Reachtúil) (*Laki työeläkevakuutusyhtiöistä*) (354/1997).

VI-EU-B-3

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

In DE: Cuideachta árachais eachtrach a bhfuil brainse bunaithe aici in DE, ní fhéadfaidh sí conarthaí árachais a thabhairt chun críche in DE maidir le hiompar idirnáisiúnta ach amháin tríd an mbrainse atá bunaithe in DE.

In ES: Tá cónaí ina cheanglas, é sin nó dhá bhliain de thaithí i dtaca leis an ngairm achtúireach.

In HU: Níl cead ag cuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach árachas díreach a sholáthar i gcríoch HU ach amháin trí oifig brainse atá cláraithe in HU.

In SK: Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha cuideachta árachais a bhunú i bhfoirm cuideachta comhstoic nó féadfaidh siad gnó árachais a stiúradh trína mbrainsí a bhfuil a n-oifig chláraithe in SK. Sa dá chás, tá an t-údarú faoi réir mheastóireacht an údaráis maoirseachta.

Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach nó oifig brainse na gcuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach, atá údaraithe i bPoblacht na Slóvaice, árachas aeriompair agus iompair mhuirí, lena gcumhdaítear an t-aerárthach/an soitheach agus an fhreagracht, a fhrithghealladh.

Bearta:

DE: Mír 2 de § 43 *Luftverkehrsgesetz* (LuftVG); agus

Mír 1 de § 105 *Luftverkehrszulassungsordnung* (LuftVZO).

HU: Acht LX de 2003.

SK: An tAcht 39/2015 um Árachas.

VI-EU-B-4

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann leis an árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

In HU: Níl cead ag cuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach árachas díreach a sholáthar i gcríoch HU ach amháin trí oifig brainse atá cláraithe in HU.

Bearta:

HU: Acht LX de 2003.

VI-EU-B-5

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas Eorpach an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gceanglaítear nach bhféadfaidh ach fiontair a bhfuil a n-oifig chláraithe san Aontas Eorpach gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta.

Tá bunú fiontair bainistíochta speisialaithe, ag a bhfuil a cheannoifig agus a oifig chláraithe sa Bhallstát céanna, ina cheanglas chun gníomhaíochtaí bainistíochta comhchistí a dhéanamh, lena n-áirítear iontaobhais aonad, agus i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, fiontair infheistíochta.

Bearta:

AE: Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI), arna leasú le Treoracha 2010/78/AE, 2011/61/AE, 2013/14/AE, agus 2014/91/AE; agus

Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010, arna leasú le Treoir 2013/14/AE.

VI-EU-B-6

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

In EE: Tá údarú ó Údarás Maoirseachta Airgeadais na hEastóine agus clárú faoi dhlí na hEastóine mar chuideachta comhstoic, mar fhochuideachta nó mar bhrainse ina gceanglas chun glacadh le héarlaisí.

In SK: Maidir le seirbhísí infheistíochta in SK, ní fhéadfaidh ach cuideachtaí bainistíochta iad a sholáthar, is é sin cuideachtaí a bhfuil foirm dhlíthiúil de chuideachta comhstoic acu agus ag a bhfuil caipiteal cothromais i gcomhréir leis an dlí (gan bhrainsí).

Bearta:

EE: An tAcht um Institiúidí Creidmheasa (*Krediidiasutuste seadus*) § 21 agus § 206.

SK: Acht 566/2001 maidir le hUrrúis agus Seirbhísí Infheistíochta; agus Acht 483/2001 maidir le Bainc.

VI-EU-B-7

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)

Tuairisc:

In IT: Féadfar aon bheart i dtaca le seirbhísí comhairleoirí airgeadais (*consulenti finanziari*) a ghlacadh.

Bearta:

IT: Rialachán Consob maidir le hIdirghabhálaithe (uimh. 16190 an 29 Deireadh Fómhair 2007), Airteagail 91 go 111.

VI-EU-B-8

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)

Tuairisc:

In FI: Duine amháin ar a laghad de na bunaitheoirí, de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí, de chomhaltaí an bhoird maoirseachta, chomh maith le stiúrthóir bainistíochta soláthraithe seirbhísí baincéireachta agus an duine nádúrtha atá i dteideal ainm na hinstitiúide creidmheasa a shíniú, beidh a mbuanáit chónaithe acu in LEE. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE. Le haghaidh seirbhísí íocaíochta, féadfaidh cónaí nó sainchónaí in FI a bheith ina cheanglas.

Bearta:

FI: An tAcht um Bainc Tráchtála agus Institiúidí Creidmheasa Eile i bhFoirm Cuideachta Teoranta (*Laki liikepankeista ja muista osakeyhtiömuotoisista luottolaitoksista*) (1501/2001);

An tAcht um Banc Taisce (*Säästöpankkilaki*) (1502/2001);

An tAcht um Chomharbhainc agus Institiúidí Creidmheasa Eile i bhFoirm Comharbhainc (*Laki osuuspankeista ja muista osuu skuntamuotoisista luottolaitoksista*) (1504/2001));

An tAcht um Chumainn Morgáiste (*Laki hypoteekkiyhdistyksistä*) (936/1978);

An tAcht um Institiúidí Íocaíochta (*Maksulaitoslaki*) (297/2010);

An tAcht um Oibriú Institiúide Íocaíochta Eachtraí san Fhionlainn (*Laki ulkomaisen maksulaitoksen toiminnasta Suomessa*) (298/2010); agus

An tAcht um Institiúidí Creidmheasa (*Laki luottolaitostoiminnasta*) (121/2007).

Foscríbhinn VI-B

FORCHOIMEÁDAIS LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

LIOSTA MHEICSICEO

ROINN A

VI-MX-A-1

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na gComhar Creidmheasa (*Ley de Uniones de Crédito*), Airteagal 21.
	Dlí Ginearálta na nEagraíochtaí Creidmheasa agus na nGníomhaíochtaí Cúnta (*Ley General de Organizaciones y Actividades Auxiliares del Crédito*), Airteagal 87-D.

Tuairisc:

I dtaca le rannpháirtíocht duine i stoc caipitil comhair creidmheasa nó eintitis airgeadais ilchuspóirigh rialáilte atá nasctha le comhar creidmheasa, bíodh an rannpháirtíocht sin díreach nó indíreach, ní rachaidh sí thar 15 % gan údarú ón gCoimisiún Náisiúnta Baincéireachta agus Urrús (*Comisión Nacional Bancaria y de Valores*) (dá ngairtear 'CNBV' anseo feasta).

Gan dochar don mhír roimhe seo, féadfaidh duine eachtrach, lena n-áirítear aon fhiontar eachtrach nach bhfuil aon phearsantacht dhlíthiúil aige, páirt suas le 15 % a ghlacadh go neamhdhíreach i stoc caipitil comhair creidmheasa nó eintitis airgeadais ilchuspóirigh rialáilte atá nasctha le comhar creidmheasa, ar choinníoll go gceannóidh fiontar Mheicsiceo scaireanna ábhartha an chomhair chreidmheasa, ar fiontar é ina sealbhaíonn an duine eachtrach sin rannpháirtíocht.

VI-MX-A-2

Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí chun Grúpaí Airgeadais a Rialáil (*Ley para Regular las Agrupaciones* Financieras), Airteagail 67, 68, 70, 72, 74 agus 76.
	Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa (*Ley de Instituciones de Crédito*), Airteagail 45-A, 45-B, 45-C, 45-E, 45-G agus 45-I.
	Dlí Mhargadh na nUrrús (*Ley del Mercado de Valores*), Airteagail 2, 160, 161, 163, 165 agus 167.

Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagail 2, 74, 75, 77, 78, 79 agus 81.

Dlí Ginearálta na nEagraíochtaí Creidmheasa agus na nGníomhaíochtaí Cúnta (*Ley General de Organizaciones y Actividades Auxiliares del Crédito*) Airteagail 45 Bis 1, 45 Bis 2, 45 Bis 3, 45 Bis 5, 45 Bis 7 agus 45 Bis 9.

Dlí na gCistí Infheistíochta (*Ley de Fondos de Inversión*), Airteagail 62, 63, 64, 66, 68 agus 70.

Dlí na gCóras Coigiltis Scoir (*Ley de los Sistemas de Ahorro para el Retiro*), Airteagal 21.

Rialacha maidir le Bunú Fhochuideachtaí Institiúidí Eachtracha Airgeadais (*Reglas para el establecimiento de Filiales de Instituciones Financieras del Exterior*), An Chéad Riail, an tOchtú Riail agus an Naoú Riail.

Tuairisc:

Féadfaidh institiúid airgeadais Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i stoc caipitil cuideachta sealbhaíochta de chuid grúpa airgeadais, bainc tráchtála, gnólachta urrús, institiúide urra, institiúide árachais, gnólachta malairte eachtraí, trádstórais taisce ghinearálta, cuideachta bainistíochta cistí infheistíochta, cuideachta dáileacháin scaireanna ciste infheistíochta, agus cuideachta bainistíochta cistí scoir, a eagraítear mar fhochuideachta Mheicsiceach (*filial*) d'institiúid airgeadais eachtrach, ar choinníoll go gcomhlíonann an institiúid airgeadais sin de Bhallstát na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanann sí, ar bhonn díreach nó indíreach i gcríoch an Bhallstáit sin, seirbhís airgeadais den chineál céanna a cheadaítear don fhochuideachta ábhartha a dhéanamh i Meicsiceo;

(b) corpraítear í i ndlí agus faoi dhlí an Bhallstáit sin ar choinníoll go leanfaidh an Ballstát sin de bheith ina Pháirtí sa Chomhaontú seo; agus

(c) faigheann sí réamhúdarú ó údaráis airgeadais inniúla Mheicsiceo agus comhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach sa dlí ábhartha.

Ní mór d'institiúid airgeadais Ballstáit 51 % ar a laghad de stoc caipitil na fochuideachta a bheith faoina húinéireacht.

VI-MX-A-3

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí chun Grúpaí Airgeadais a Rialáil (*Ley para Regular las Agrupaciones* Financieras), Airteagail 67.
	Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa (*Ley de Instituciones de Crédito*), Airteagal 45-A
	Dlí Mhargadh na nUrrús (*Ley del Mercado de Valores*), Airteagal 2.
	Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagal 2.

	Dlí Ginearálta na nEagraíochtaí Creidmheasa agus na nGníomhaíochtaí Cúnta (*Ley General de Organizaciones y Actividades Auxiliares del Crédito*), Airteagal 45 Bis 1.
	Dlí na gCistí Infheistíochta (*Ley de Fondos de Inversión*), Airteagal 62.
	Dlí na gCóras Coigiltis Scoir (*Ley de los Sistemas de Ahorro para el Retiro*), Airteagal 21.
	Rialacha maidir le Bunú Fhochuideachtaí na nInstitiúidí Eachtracha Airgeadais (*Reglas para el establecimiento de Filiales de Instituciones Financieras del Exterior*), An Chéad Riail.

Tuairisc:

Ní cheadaítear d'institiúidí airgeadais Ballstáit, amhail aon institiúid airgeadais eachtrach eile, brainsí a bhunú laistigh de chríoch Mheicsiceo ([1]).

VI-MX-A-4

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí chun Grúpaí Airgeadais a Rialáil (*Ley para Regular las Agrupaciones Financieras*), Airteagal 24.
	Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa (*Ley de Instituciones de Crédito*), Airteagal 13.
	Dlí Mhargadh na nUrrús (*Ley del Mercado de Valores*), Airteagail 117 agus 237.
	Dlí chun Corparáidí Faisnéise Creidmheasa a Rialáil (*Ley para Regular las Sociedades de Información Crediticia*), Airteagal 8.
	Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagal 50.
	Dlí na gCóras Coigiltis Scoir (*Ley de los Sistemas de Ahorro para el Retiro*), Airteagal 21.
	Dlí Ginearálta na nEagraíochtaí Creidmheasa agus na nGníomhaíochtaí Cúnta (*Ley General de Organizaciones y Actividades Auxiliares del Crédito*), Airteagal 8 agus 87-D.
	Dlí na gCistí Infheistíochta (*Ley de Fondos de Inversión*), Airteagal 37.
	Dlí na gComhar Creidmheasa (*Ley de Uniones de Crédito*), Airteagal 21.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gurb é atá san fhoclaíocht seo imeacht ó sheasamh Mheicsiceo i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil sé ina pháirtí iontu.

Tuairisc:

Ní cheadaítear do rialtais eachtracha a bheith rannpháirteach, go díreach nó go hindíreach, i stoc caipitil cuideachtaí sealbhaíochta de chuid grúpaí airgeadais, banc tráchtála, gnólachtaí urrús, stocmhalartán, corparáidí faisnéise creidmheasa, institiúidí urra, institiúidí árachais, cuideachtaí bainistíochta cistí scoir, gnólachtaí malairte eachtraí, eagraíochtaí cúnta creidmheasa, trádstóras taisce ghinearálta, cuideachtaí bainistíochta cistí infheistíochta, cuideachtaí dáileacháin scaireanna cistí infheistíochta, cuideachtaí measúnaithe luacha scaireanna cistí infheistíochta, comhar creidmheasa agus eintiteas airgeadais ilchuspóireach rialáilte atá nasctha le hinstitiúid creidmheasa ach amháin:

(a) i gcásanna ina ndéantar an rannpháirtíocht sin mar bheart stuamachta sealadach, amhail tacaíocht nó cabhair airgeadais; i gcás den sórt sin, ní mór do na hinstitiúidí airgeadais lena mbaineann an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha a chur faoi bhráid an údaráis airgeadais inniúil chun an staid sin a chruthú;

(b) i gcásanna ina dtugtar le tuiscint leis an rannpháirtíocht sin go nglacann an rialtas eachtrach smacht ([2]) ar na hinstitiúidí airgeadais sin agus go ndéantar é trí fhiontair oifigiúla amhail cistí ceannasacha agus eintitis forbartha poiblí, ar choinníoll gur dheonaigh an t-údarás airgeadais inniúil údarú roimhe sin, ar bhonn lánroghnach, faoi réir an choinníll go bhfuil an t-údarás sásta go gcruthaíonn na fiontair an méid seo a leanas:

(i) ní fheidhmíonn siad aon fheidhm rialtais; agus

(ii) tá a mboird bhainistíochta neamhspleách ar an rialtas eachtrach faoi seach; nó

(c) i gcásanna inar rannpháirtíocht indíreach í an rannpháirtíocht agus nach dtugtar le tuiscint léi rialú na n-institiúidí airgeadais.

VI-MX-A-5

Earnáil:

Fo-earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na nInstitiúidí Creidmheasa (*Ley de Instituciones de Crédito*), Airteagail 23, 24, 45-K agus 45-L.
	Dlí Mhargadh na nUrrús (*Ley del Mercado de Valores*), Airteagail 124, 128, 131 agus 168.
	Dlí chun Grúpaí Airgeadais a Rialáil (*Ley para Regular las Agrupaciones* Financieras), Airteagail 35, 60 agus 77.
	An Dlí Coigiltis agus Creidmheasa Coitianta (*Ley de Ahorro y Crédito Popular*) Airteagail 21, 23 agus 46 Bis.
	Dlí na gComhar Creidmheasa (*Ley de Uniones de Crédito*), Airteagal 26.
	Dlí Ginearálta na nEagraíochtaí Creidmheasa agus na nGníomhaíochtaí Cúnta (*Ley General de Organizaciones y Actividades Auxiliares del Crédito*) Airteagail 8, 8 Bis 1, 8 Bis 3, 45 Bis 11, 45 Bis 12, 45 Bis 13 agus 87-D.
	Dlí chun Gníomhaíochtaí na gCuideachtaí Comharchumainn Coigiltis agus Iasachtaí a Rialáil (*Leypara Regular las Actividades de las Sociedades Cooperativas de Ahorro y Préstamo*), Airteagal 5.

([2]) Tuigfear an téarma ‘smacht’ mar a shainmhínítear é i ngach ceann de na dlíthe a luaitear sa bheart seo.

Dlí Ginearálta na gCuideachtaí Comharchumainn (*Ley General de Sociedades Cooperativas*), Airteagal 7.

Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagail 56, 58, 60 agus 82.

Dlí na gCistí Infheistíochta (*Ley de Fondos de Inversión*), Airteagal 73.

Dlí na gCóras Coigiltis Scoir (*Ley de los Sistemas de Ahorro para el Retiro*), Airteagail 50 agus 66 Bis.

Rialacha maidir le Bunú Fhochuideachtaí na nInstitiúidí Eachtracha Airgeadais (*Reglas para el Establecimiento de Filiales de Instituciones Financieras del Exterior*), An Deichiú Riail.

Rialacha is Infheidhme maidir le Tithe Imréitigh le haghaidh Íocaíochtaí Cárta (*Reglas Aplicables a las Cámaras de Compensación para Pagos con Tarjetas*), an Dara Riail.

Rialacha Ginearálta is Infheidhme maidir le hEintitis Coigiltis agus Creidmheasa Coitianta, Eagraíochtaí Comhtháthaithe, Cuideachtaí Airgeadais Pobail agus Eagraíochtaí um Chomhtháthú Airgeadais Tuaithe, dá dtagraítear sa Dlí Coigiltis agus Creidmheasa Coitianta (*Disposiciones de carácter general aplicables a las entidades de ahorro y crédito popular, organismos de integración, sociedades financieras comunitarias y organismos de integración financiera rural, a que se refiere la Ley de Ahorro y Crédito Popular*), Airteagail 335 agus 336.

Tuairisc:

I dtaca le formhór na gcomhaltaí de bhord stiúrthóirí banc tráchtála, gnólachtaí urrús, cuideachtaí sealbhaíochta grúpaí airgeadais, cuideachtaí airgeadais coiteann, cuideachtaí airgeadais pobail agus eagraíochtaí comhtháthaithe airgeadais tuaithe, comhar creidmheasa, trádstóras taisce ghinearálta, eintiteas airgeadais ilchuspóireach rialáilte atá nasctha le hinstitiúid creidmheasa, gnólachtaí malairte eachtraí, institiúidí urra, institiúidí árachais, cuideachtaí bainistíochta cistí scoir, fochuideachtaí bainistíochta cistí infheistíochta, fochuideachtaí dáileacháin scaireanna cistí infheistíochta agus tithe imréitigh le haghaidh íocaíochtaí cárta, is náisiúnaigh Mheicsiceo a bheidh iontu nó beidh cónaí orthu i gcríoch Mheicsiceo.

I dtaca le stiúrthóirí agus bainisteoirí na gcuideachtaí comharchumainn coigiltis agus iasachtaí, is náisiúnaigh Mheicsiceo a bheidh iontu.

VI-MX-A-6

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Mhargadh na nUrrús (*Ley del Mercado de Valores*), Airteagal 167.

Tuairisc:

I gcás ina bhfaigheann gnólacht urrús atá eagraithe mar fhochuideachta (*filial*) d'institiúid airgeadais Ballstáit scaireanna i ngnólacht urrús Mheicsiceo, nach mbeidh faoi bhun 51 % dá stoc caipitil, ní mór don fhochuideachta sin cumasc leis an ngnólacht urrús.

VI-MX-A-7

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na gCóras Coigiltis Scoir (*Ley de los Sistemas de Ahorro para el Retiro*), Airteagal 26.

Tuairisc:

Ní bheidh sciar nach mó ná 20 % de mhargadh na gcóras coigiltis scoir faoi úinéireacht cuideachtaí bainistíochta cistí scoir ([3]).

Féadfaidh Coimisiún Náisiúnta an Chórais Coigiltis Scoir (*Comisión Nacional del Sistema de Ahorro para el Retiro*) teorainn os cionn 20 % a údarú, ar choinníoll nach é atá ann dochar do leasanna na n-oibrithe.

VI-MX-A-8

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Mhargadh na nUrrús (*Ley del Mercado de Valores*), Airteagal 234.

Tuairisc:

Tá eagrú stocmhalartáin faoi réir lamháltas a dheonaigh an Rialtas Cónaidhme roimhe sin ar bhonn lánroghnach. Beidh an cinneadh maidir leis an lamháltas sin a dheonú faoi réir breithnithe i dtaca le forbairt an mhargaidh.

VI-MX-A-9

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagail 20 go 24.

([3]) Tagraíonn an téarma ‘margadh’ do mhéid iomlán na gcuntas scoir aonair.

Tuairisc:

Ní dhéanfaidh aon duine conradh le heintitis eachtracha maidir le hárachas ar na nithe seo a leanas:

(a) cabhlacha muirí nó aerárthaí, agus aon chineál feithicle, le haghaidh rioscaí a bhaineann go dlúth leis na tionscail mhuirí agus iompair, ar choinníoll go bhfuil clárú Mheicsiceo ag na cabhlacha agus na feithiclí sin nó go bhfuil siad faoi úinéireacht daoine a bhfuil sainchónaí orthu i Meicsiceo;

(b) creidmheas, creidmheas tithíochta, urra agus ráthaíocht airgeadais ([4]), i gcás ina bhfuil an t-árachaí faoi réir dhlí Mheicsiceo;

(c) dliteanas tríú páirtí a dhíorthaítear ó theagmhais a d'fhéadfadh tarlú i gcríoch Mheicsiceo; nó

(d) rioscaí eile a d'fhéadfadh tarlú i gcríoch Mheicsiceo, cé is moite d'árachas a chonraítear lasmuigh den chríoch sin maidir le hearraí a iompraítear ó chríoch Mheicsiceo go críoch eachtrach nó vice versa, agus árachas arna chonrú ag neamhchónaitheoirí i Meicsiceo dá ndaoine nó dá bhfeithiclí chun rioscaí a chumhdach le linn a dteacht isteach sealadach i gcríoch Mheicsiceo.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanfaidh aon duine conradh le heintitis Bhallstáit maidir le hárachas daoine atá lonnaithe i gcríoch Mheicsiceo tráth forghníomhaithe an chomhaontaithe árachais más duine nádúrtha an duine sin, nó má tá cónaí ar an árachaí i Meicsiceo i gcás ina bhfuil an t-árachas faoi chonradh ag fiontar ([5]).

Mar eisceacht ar na toirmisc a luaitear thuas, féadfaidh an Coimisiún Náisiúnta Árachais agus Urra (*Comisión Nacional de Seguros y Fianzas*) duine a údarú chun conradh a dhéanamh maidir le haon cheann de na hárachais ar a dtugtar tuairisc thuas ar choinníoll go léiríonn an duine nach bhfuil aon cheann de na hinstitiúidí árachais atá údaraithe chun oibriú i Meicsiceo in ann dul i mbun oibríocht árachais ar leith a mholtar dó ná nach measann sé go bhfuil sé áisiúil déanamh amhlaidh.

VI-MX-A-10

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagail 34 agus 35.

Tuairisc:

Ní dhéanfaidh aon duine conradh maidir le hurraí le heintitis eachtracha chun gníomhartha daoine nádúrtha agus fiontar a bhfuil sé de cheangal orthu oibleagáidí a chomhlíonadh i gcríoch Mheicsiceo a ráthú, ach amháin i gcás athbhannaithe nó i gcás ina bhfaigheann institiúidí urra Mheicsiceo na hurraí sin mar fhrithráthaíocht ([6]).

Mar eisceacht ar na toirmisc a luaitear thuas, féadfaidh an Coimisiún Náisiúnta Árachais agus Urra (*Comisión Nacional de Seguros y Fianzas*) duine a údarú le conradh a dhéanamh maidir le haon cheann de na hurraí ar a dtugtar tuairisc thuas ar choinníoll nach bhfuil aon cheann de na hinstitiúidí árachais atá údaraithe chun oibriú i Meicsiceo in ann tabhairt faoi oibríocht urra a mholtar dó ná nach measann sé go bhfuil sé áisiúil déanamh amhlaidh, ar réamhfhíorú a fháil gur cruthaíodh na himthosca sin dó.

([4]) Níl feidhm ag an toirmeasc maidir le hárachas ráthaíochta airgeadais i gcás ina mbíonn na hurrúis nó na doiciméid atá faoi réir an árachais rannpháirteach i margaí eachtracha ar bhonn eisiach.

([5]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gurb é atá san fhoclaíocht seo imeacht ó sheasamh Mheicsiceo i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil sé ina pháirtí iontu.

([6]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar gurb é atá san fhoclaíocht seo imeacht ó sheasamh Mheicsiceo i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil sé ina pháirtí iontu.

VI-MX-A-11

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Uile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí na nInstitiúidí Árachais agus Urra (*Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas*), Airteagal 337.
	Rialáil na nGníomhairí Árachais agus Urra (*Reglamento de Agentes de Seguros y de Fianzas*), Airteagal 12.
	Rialacha maidir le húdarú agus oibriú bróicéirí athárachais (*Reglas para la autorización y operación de intermediarios de reaseguros*), an Ceathrú Riail.

Tuairisc:

Ní bheidh rialtais eachtracha ná eintitis oifigiúla eachtracha rannpháirteach i gcumainn árachais fhrithpháirtigh, i stoc caipitil na ngníomhaireachtaí árachais agus urra, ná i stoc caipitil bróicéirí athárachais, go díreach nó go hindíreach.

Ní fhéadfaidh eintitis airgeadais eachtracha a bheith rannpháirteach i stoc caipitil na ngníomhaireachtaí árachais nó urra, ná i gcumainn árachais fhrithpháirtigh.

Ní fhéadfaidh grúpaí de dhaoine nádúrtha eachtracha ná d'fhiontair, gan beann ar an bhfoirm a ghlacann siad, a bheith rannpháirteach i gcumainn árachais fhrithpháirtigh, go díreach nó go hindíreach. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh daoine nádúrtha eachtracha a bheith rannpháirteach i gcumainn árachais fhrithpháirtigh fad is a dhéanann siad amhlaidh ina n-aonar agus ní mar chuid de ghrúpa ná d'eintiteas.

VI-MX-A-12

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais	Lárnach
Bearta:	Dlí na gCistí Talmhaíochta agus Árachais Tuaithe (*Ley de Fondos de Aseguramiento Agropecuario y Rural*), Airteagal 26.

Tuairisc:

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceo nó fiontair Mheicsiceo a bhfuil clásal eisiaimh eachtrannach acu a bheith rannpháirteach i gCistí Árachais Talmhaíochta agus Tuaithe (*Fondos de Aseguramiento Agropecuario y Rural*).

ROINN B

VI-MX-B-1

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
	Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais (Airteagal 18.7)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Tuairisc:

Agus é ag díol nó ag diúscairt a cuid leasa cothromais a bhaineann le fiontar stáit atá ann cheana nó le heintiteas de chuid an rialtais atá ann cheana, nó sócmhainní an fhiontair nó eintitis sin, féadfaidh Meicsiceo toirmeasc a chur ar infheisteoirí Mheicsiceo, Ballstáit, nó tríú tír, nó a gcuid bhfiontar úinéireacht an leasa sin nó na sócmhainní sin a bheith acu. nó teorainneacha a chur léi, chomh maith le cumas úinéirí an leasa sin nó na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú.

Ina theannta sin, féadfaidh Meicsiceo teorainneacha a fhorchur ar sholáthar na seirbhísí a bhaineann leis na fiontair sin. Maidir leis an díol sin nó leis an diúscairt eile sin, féadfaidh Meicsiceo aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le náisiúntacht daoine nádúrtha a cheaptar i bpoist bainistíochta sinsearaí de chuid chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí.

Chun críocha an fhorchoimeádais seo:

(a) measfar gur beart reatha é aon bheart arna choimeád nó arna ghlacadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, lena dtoirmisctear úinéireacht ar leasanna cothromais nó ar shócmhainní nó lena bhforchuirtear teorainneacha ar an úinéireacht sin tráth an díolacháin nó tráth diúscartha eile, nó lena bhforchuirtear ceanglais náisiúntachta mar a chuirtear síos orthu san fhorchoimeádas seo; agus

(b) ciallaíonn 'fiontar stáit' fiontar faoi úinéireacht nó arna rialú trí leas úinéireachta Mheicsiceo agus áirítear leis fiontar arna bhunú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díreach chun críoch leas cothromais i bhfiontar stáit nó in eintiteas rialtais atá ann faoi láthair nó sócmhainní an fhiontair nó an eintitis sin a dhíol nó a dhiúscairt.

VI-MX-B-2

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais eile (seachas árachas)
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Tuairisc:

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena ndeonaítear buntáistí, lena n-áirítear cearta eisiacha, do bhainc forbartha, eintitis dhíláraithe nó cistí poiblí le haghaidh na forbartha eacnamaíche atá bunaithe cheana ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, chomh maith le haon bhanc forbartha, eintiteas díláraithe nó ciste poiblí nua, atheagraithe nó aistrithe le haghaidh na forbartha eacnamaíche a bhfuil feidhmeanna agus cuspóirí den chineál céanna acu i ndáil le baincéireacht forbartha.

Ar na hinstitiúidí baincéireachta forbartha, tá:

(a) An Institiúid Náisiúnta Airgeadais, S.N.C. (*Nacional Financiera,* S.N.C.);

(b) Banc Náisiúnta na nOibreacha Poiblí agus Seirbhísí, S.N.C. (*Banco Nacional de Obras y Servicios Públicos,* S.N.C.);

(c) An Banc Náisiúnta um Thrádáil Eachtrach, S.N.C. (*Banco Nacional del Comercio Exterior,* S.N.C.);

(d) An Chorparáid Fheidearálach um Morgáistí, S.N.C. (*Sociedad Hipotecaria Federal,* S.N.C.);

(e) An Banc Leasa, S.N.C. (*Banco del Bienestar,* S.N.C.);

(f) Banc Náisiúnta an Airm, an Aerfhórsa agus an Chabhlaigh, S.N.C. (*Banco Nacional del Ejército, Fuerza Aérea y Armada*, S.N.C.); nó

(g) a gcomharbaí ábhartha.

VI-MX-B-3

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir Náisiúnta (Airteagal 18.3)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Tuairisc:

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena ndeonaítear buntáistí, lena n-áirítear cearta eisiacha, do na hinstitiúidí árachais náisiúnta, d'institiúidí náisiúnta urra, do chiste pinsean náisiúnta nó d'eagraíochtaí cúnta náisiúnta creidmheasa atá ann ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, chomh maith le haon institiúid árachais náisiúnta, institiúid urra náisiúnta, ciste pinsin náisiúnta nó eagraíocht chúnta náisiúnta creidmheasa nua, atheagraithe nó aistrithe a bhfuil feidhmeanna agus cuspóirí den chineál céanna acu i ndáil le cuspóirí beartais phoiblí.

VI-MX-B-4

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
	Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 18.6)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Tuairisc:

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le haon seirbhís airgeadais a sholáthraítear le fiontar faoi chumhdach mar a shainmhínítear in Airteagal 10.1 (Sainmhínithe) nach fiontar faoi chumhdach é in institiúid airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 18.1 (Sainmhínithe), chun an t-eintiteas sin a rialáil mar institiúid airgeadais.

VI-MX-B-5

Earnáil:	Seirbhísí Airgeadais
Fo-earnáil:	Gach Seirbhís
Oibleagáidí lena mBaineann:	Rochtain ar an Margadh (Airteagal 18.5)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Tuairisc:

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun srian nó ceangal a chur ar institiúid airgeadais Ballstáit cineál sonrach foirme dlíthiúla a ghlacadh, chun seirbhís airgeadais a sholáthar, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

IARSCRÍBHINN VII

COMHTHUISCINT AR SEIRBHÍSÍ NUA NACH nAICMÍTEAR IN AICMIÚCHÁN LÁRNACH TÁIRGÍ SEALADACHA NA NÁISIÚN AONTAITHE, 1991

1. I dtaca le hAirteagail 10.6 (Rochtain ar an Margadh), 10.7 (Cóir Náisiúnta), 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta), 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí), 11.4 (Rochtain ar an Margadh), 11.5 (Láithreacht Áitiúil), 11.6 (Cóir Náisiúnta) agus 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), mar aon le Caibidil 13 (Rialáil Intíre), níl feidhm acu maidir le beart a bhaineann le seirbhís nua nach féidir a aicmiú sna Náisiúin Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991 (dá ngairtear 'CPC' anseo feasta).

2. A mhéid is féidir, tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile sula nglacfaidh sé beart a bhaineann le seirbhís nua, dá dtagraítear i mír 1, ar beart é atá ar neamhréir le hAirteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh), 10.7 (Cóir Náisiúnta), 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta), 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí), 11.4 (Rochtain ar an Margadh), 11.5 (Láithreacht Áitiúil), 11.6 (Cóir Náisiúnta), nó 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) nó Caibidil 13 (Rialáil Intíre).

3. Arna iarraidh sin do Pháirtí, rachaidh na Páirtithe i mbun caibidlíochta chun an tseirbhís nua a ionchorprú i raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag mír 1 maidir le seirbhís atá ann cheana a d'fhéadfaí a aicmiú in CPC, ach nach bhféadfaí a sholáthar roimhe sin mar gheall ar easpa indéantacht theicniúil.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE TRÁDÁIL AGUS COMHIONANNAS INSCNE ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó MHEICSICEO FAOI CHUIMSIÚ AN CHOMHAONTAITHE EATRAMHAIGH MAIDIR LE TRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS STÁIT AONTAITHE MHEICSICEO

Tá na Páirtithe,

AG MEABHRÚ DÓIBH a luachanna comhroinnte agus na naisc láidre chultúrtha, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chomhair a thugann le chéile iad,

AG MEABHRÚ DÓIBH a dtiomantas an Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, ('an Comhaontú Iltíreach'), a tugadh i gcrích in 2000, a nuachóiriú agus a ionadú, chun réaltachtaí polaitiúla agus eacnamaíocha nua a léiriú,

AG ATHDHEARBHÚ a ngealltanais chun comhar a neartú maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha, agus domhanda ar ábhair leasa choitinn,

ÓS DEIMHIN LEO go rachaidh an Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile ('an Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe') agus an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo chun tairbhe don dá Pháirtí agus go dtreiseoidh siad na naisc eatarthu,

AG CUR IN IÚL leis seo a rún comhpháirteach dul i mbun comhair maidir le cur chun feidhme na ngnéithe inbhuanaitheachta den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil agus iad á dtreorú ag na breithnithe a léirítear sa mhéid seo a leanas a mhéid a bhaineann le trádáil agus comhionannas inscne.

1. Aithníonn na Páirtithe go rannchuidíonn beartais trádála chuimsitheacha le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus le cuspóirí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le Trádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan i ndáil le Comhdháil Aireachta EDT, a tionóladh in Buenos Aires i mí na Nollag 2017. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann mná go mór leis an bhfás eacnamaíoch trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear trádáil idirnáisiúnta. Geallann na Páirtithe forálacha an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil a chur chun feidhme ar bhealach lena ndéanfar comhionannas inscne a chur chun cinn agus a fheabhsú.

2. Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe a gcaidreamh trádála agus a gcomhar a neartú ar bhealaí lena soláthraítear comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann go héifeachtach ionas gur féidir le mná agus fir tairbhiú d'fhorálacha an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil, lena n-áirítear i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta.

3. Déanfaidh gach Páirtí a oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban a bhfuil sé ina pháirtí iontu a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, agus aird á tabhairt go háirithe ar na forálacha a bhaineann le deireadh a chur le hidirdhealú in aghaidh na mban sa saol eacnamaíoch agus i réimse na fostaíochta. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi seach faoi Airteagal 26.3 (Caighdeáin agus Comhaontuithe Iltaobhacha Saothair) den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme éifeachtach Choinbhinsiúin EIS a bhaineann le comhionannas inscne agus deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha.

4. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go ndéantar foráil lena dhlíthe agus lena bheartais maidir le cearta, cóir agus deiseanna comhionanna do mhná agus d'fhir, agus iad a chur chun cinn. Féachfaidh gach Páirtí leis na dlíthe agus na beartais sin a fheabhsú, gan dochar do cheart gach Páirtí a raon feidhme agus a leibhéil chosanta féin a bhunú le haghaidh deiseanna comhionanna do mhná agus d'fhir. Beidh na dlíthe agus na beartais sin i gcomhréir le gealltanais gach Páirtí i leith na gcaighdeán agus na gcomhaontuithe arna n-aithint go hidirnáisiúnta dá dtagraítear sa Dearbhú Comhpháirteach seo.

5. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta comhionannais inscne a bhaineann le trádáil, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, amhail trí ghníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar dhálaí le haghaidh na mban, lena n-áirítear oibrithe, mná gnó agus fiontraithe, chun gur féidir leo teacht ar na deiseanna a chruthaítear leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil agus tairbhe a bhaint astu. Féadfar a chumhdach leis an gcomhar sin, i measc nithe eile, malartú faisnéise agus dea-chleachtas a bhaineann le bailiú sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de agus anailís inscnebhunaithe ar bheartais trádála.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus measúnú a dhéanamh, i gcomhréir lena nósanna imeachta intíre, ar thionchar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil i dtaca le comhionannas inscne agus comhdheiseanna do mhná i ndáil le trádáil.

7. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 26.17 (Comhairliúcháin) agus Airteagal 26.18 (Painéal Saineolaithe) den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, *mutatis mutandis*.